



2024/866

25.3.2024

Comhaontú Saothardála Idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn

CLÁR ÁBHAIR

BROLLACH

CAIBIDIL 1 – FORÁLACHA TOSAIGH

CAIBIDIL 2 – CÓIR NÁISIÚNTA AGUS ROCHTAIN AR AN MARGADH LE hAGHAIDH EARRAÍ

CAIBIDIL 3 – RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

ROINN A: RIALACHA TIONSCNAIMH

ROINN B: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

ROINN C: FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL 4 – CUSTAM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

CAIBIDIL 5 – LEIGHEASANNA TRÁDÁLA

ROINN A: FORÁLACHA GINEARÁLTA

ROINN B: DLEACHTANNA FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITHCHÚITIMH

ROINN C: BEARTA COIMIRCE DOMHANDA

ROINN D: BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

FOROINN 1: RIALACHA NÓS IMEACHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE
BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

CAIBIDIL 6 – BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

CAIBIDIL 7 – CÓRAIS BHIA INBHUANAITHE

CAIBIDIL 8 – LEAS AINMHITHE

CAIBIDIL 9 – BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

CAIBIDIL 10 – TRÁDÁIL I SEIRBHÍSÍ AGUS INFHEISTÍOCHT

ROINN A: FORÁLACHA GINEARÁLTA

ROINN B: LÉIRSCAOILEADH INFHEISTÍOCHTA

ROINN C: TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ

ROINN D: DUL ISTEACH AGUS FANACHT SEALADACH DAOINE NÁDÚRTHA
CHUN CRÍOCH GNÓ

ROINN E: CREAT RIALÁLA

FOROINN 1: RIALÁIL INTÍRE

FOROINN 2: FORÁLACHA A BHFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

FOROINN 3: SEIRBHÍSÍ SEACHADTA

FOROINN 4: SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

FOROINN 5: SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

FOROINN 6: SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR IDIRNÁISIÚNTA

CAIBIDIL 11 – GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL, ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISTRITHE

CAIBIDIL 12 – TRÁDÁIL DHIGITEACH

ROINN A: FORÁLACHA GINEARÁLTA

ROINN B: SREAFÁÍ SONRAÍ TRASTEORANN AGUS COSAINT SONRAÍ
PEARSANTA

ROINN C: FORÁLACHA SONRACHA

CAIBIDIL 13 – FUINNEAMH AGUS AMHÁBHAIR

CAIBIDIL 14 – SOLÁTHAR POIBLÍ

CAIBIDIL 15 – BEARTAS IOMAÍOCHTA

CAIBIDIL 16 — FÓIRDHEONTAIS

CAIBIDIL 17 – FIONTAIR FAOI ÚINÉIREACHT AN STÁIT

CAIBIDIL 18 – MAOIN INTLEACHTÚIL

ROINN A: FORÁLACHA GINEARÁLTA

ROINN B: CAIGHDEÁIN MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

FOROINN 1: CÓIPCHEART AGUS CEARTA GAOLMHARA

FOROINN 2: TRÁDMHARCANNA

FOROINN 3: DEARAÍ

FOROINN 4: TÁSCA GEOGRAFACHA

FOROINN 5: COSAINT FAISNÉISE NEAMHNOCHTA

FOROINN 6: CINEÁLACHA PLANDAÍ

ROINN C: CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA A FHORFHEIDHMIÚ

FOROINN 1: FORFHEIDHMIÚ SIBHIALTA AGUS RIARACHÁIN

FOROINN 2: FORFHEIDHMIÚ TEORANN

ROINN D: FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL 19 – TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

CAIBIDIL 20 – TRÁDÁIL AGUS COMHAR EACNAMAÍOCH LEIS NA MAORAIGH

CAIBIDIL 21 – FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

CAIBIDIL 22 – DEA-CHLEACHTAS RIALÁLA AGUS COMHAR RIALÁLA

CAIBIDIL 23 — TRÉDHEARCAHT

CAIBIDIL 24 – FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

CAIBIDIL 25 – EISCEACHTAÍ AGUS FORÁLACHA GINEARÁLTA

CAIBIDIL 26 — RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

ROINN A: CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

ROINN B: COMHAIRLIÚCHÁIN

ROINN C: NÓSANNA IMEACHTA AN PHAINÉIL

ROINN D: IDIRGHABHÁIL

ROINN E: FORÁLACHA COITEANNA

CAIBIDIL 27 – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

IARSCRÍBHINN 2-A: SCEIDIL UM DHÍOTHÚ TARAIFÍ

ROINN A: FORÁLACHA GINEARÁLTA

ROINN B: CUÓTAÍ RÁTA TARAIFE A RIAR

ROINN C: CUÓTAÍ RÁTA TARAIFE AN AONTAIS EORPAIGH

ROINN D: FACHTÓIRÍ COINBHÉARTACHTA

IARSCRÍBHINN 3-A: RÉAMHNÓTAÍ MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH
TÁIRGESHONRACHA

IARSCRÍBHINN 3-B: RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

FOSCRÍBHINN 3-B-1: CUÓTAÍ TIONSCNAIMH AGUS ROGHANNA MALARTACHA
AR NA RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA IN IARSCRÍBHINN 3-B
(RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA)

IARSCRÍBHINN 3-C: TÉACS AN RÁITIS MAIDIR LE TIONSCNAMH

IARSCRÍBHINN 3-D: DEARBHÚ SOLÁTHRÓRA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3.3(4)
(CARNADH TIONSCNAIMH)

IARSCRÍBHINN 3-E: DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE PRIONSACHT
ANDÓRA

IARSCRÍBHINN 3-F: DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE POBLACHT SAN
MAIRÍNE

IARSCRÍBHINN 6-A: NA hÚDARÁIS INNIÚLA

IARSCRÍBHINN 6-B: COINNÍOLLACHA RÉIGIÚNACHA LE HAGHAIDH PLANDAÍ AGUS
TÁIRGÍ PLANDA

IARSCRÍBHINN 6-C: AITHEANTAS COIBHÉISE DO BHEARTA SPS

IARSCRÍBHINN 6-D: TREOIRLÍNTE AGUS NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE
hINIÚCHADH NÓ FÍORÚ

IARSCRÍBHINN 6-E: DEIMHNIÚ

ROINN 1: TRÁCHTEARRAÍ LE COIBHÉIS A SHONRAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN 6-C
(AITHEANTAS COIBHÉISE DO BHEARTA SPS) – DEARBHUITHE

ROINN 2: TARCHUR LEICTREONACH SONRAÍ

ROINN 3: FREAGAIRT I gCÁS GÉARCHÉIME

IARSCRÍBHINN 6-F: SEICEÁLACHA ALLMHAIRÍ AGUS TÁILLÍ

IARSCRÍBHINN 9-A: GLACADH LE MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA (DOICIMÉID)

IARSCRÍBHINN 9-B: MÓTARFHEITHICLÍ AGUS TREALAMH NÓ PÁIRTEANNA DÍOBH

FOSCRÍBHINN 9-B-1: CATAGÓIRÍ FEITHICLÍ EISIATA

IARSCRÍBHINN 9-C: SOCRÚ DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (B) d' AIRTEAGAL 9.10(5)
MAIDIR LE MALARTÚ CÓRASACH FAISNÉISE I nDÁIL LE SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ
SEACHAS BIA AGUS BEARTA COISCTHEACHA, SRIANTACHA AGUS
CEARTAITHEACHA LENA mBAINEANN

IARSCRÍBHINN 9-D: SOCRÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9.10(6) MAIDIR LE MALARTÚ RIALTA FAISNÉISE MAIDIR LE BEARTA ARNA nGLACADH MAIDIR LE TÁIRGÍ NEAMH-CHOMHLÍONTACHA SEACHAS BIA, SEACHAS NA TÁIRGÍ SIN A CHUMHDAÍTEAR LE POINTE (B) d' AIRTEAGAL 9.10(5)

IARSCRÍBHINN 9-E: FÍON AGUS BIOTÁILLÍ

FOSCRÍBHINN 9-E-1: DLÍ NA NUA-SHÉALAINNE DÁ DTAGRAÍTEAR I BPOINTE (a) D' AIRTEAGAL 6(1) (SAINMHÍNITHE AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS FHÍONEOLAÍOCHA)

FOSCRÍBHINN 9-E-2: DLÍ NA NUA-SHÉALAINNE DÁ DTAGRAÍTEAR I BPOINTE (b) D' AIRTEAGAL 6(1) (SAINMHÍNITHE AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS FHÍONEOLAÍOCHA)

FOSCRÍBHINN 9-E-3: CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA NA NUA-SHÉALAINNE

FOSCRÍBHINN 9-E-4: DLÍ AN AONTAIS DÁ DTAGRAÍTEAR I BPOINTE (a) D' AIRTEAGAL 6(2) (SAINMHÍNITHE AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS FHÍONEOLAÍOCHA)

FOSCRÍBHINN 9-E-5: DLÍ AN AONTAIS DÁ DTAGRAÍTEAR I BPOINTE (b) D' AIRTEAGAL 6(2) (SAINMHÍNITHE AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS FHÍONEOLAÍOCHA)

FOSCRÍBHINN 9-E-6: CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA AN AONTAIS EORPAIGH

FOSCRÍBHINN 9-E-7: DOICIMÉAD VI-1 SIMPLITHE

FOSCRÍBHINN 9-E-8: DEIMHNIÚ SIMPLITHE

FOSCRÍBHINN 9-E-9: DEARBHUITHE

IARSCRÍBHINN 10-A: BEARTA ATÁ ANN CHEANA

IARSCRÍBHINN 10-B: BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

IARSCRÍBHINN 10-C: CUAIRTEOIRÍ GNÓ CHUN CRÍOCH BUNAÍOCHTA, AISTRITHE
IDIRCHORPARÁIDEACHA AGUS CUAIRTEOIRÍ GNÓ GEARRTHÉARMACHA

IARSCRÍBHINN 10-D: LIOSTA DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CUAIRTEOIRÍ GNÓ
GEARRTHÉARMACHA

IARSCRÍBHINN 10-E: SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE
NEAMHSPLEÁCHA

IARSCRÍBHINN 10-F: GLUAISEACHT DAOINE NÁDÚRTHA CHUN CRÍOCH GNÓ

IARSCRÍBHINN 13: LIOSTAÍ d'EARRAÍ FUINNIMH, DE HIDREACARBÓIN AGUS d'AMHÁBHAIR

IARSCRÍBHINN 14: GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

ROINN A: SCEIDEAL AN AONTAIS EORPAIGH

ROINN B: SCEIDEAL NA NUA-SHÉALAINNE

FOROINN 1: EINTITIS RIALTAIS LÁIR

FOROINN 2: EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

FOROINN 3: EINTITIS EILE

FOROINN 4: EARRAÍ

FOROINN 5: SEIRBHÍSÍ

FOROINN 6: SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

FOROINN 7: NÓTAÍ GINEARÁLTA

IARSCRÍBHINN 18-A: AICMÍ TÁIRGÍ

IARSCRÍBHINN 18-B: LIOSTAÍ NA dTÁSC GEOGRAFACH

ROINN A: LIOSTA NA dTÁSC GEOGRAFACH – AN tAONTAS EORPACH

ROINN B: LIOSTA NA dTÁSC GEOGRAFACH – AN NUA-SHÉALAINN

IARSCRÍBHINN 19: EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

IARSCRÍBHINN 24: RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE UM THRÁDÁIL

IARSCRÍBHINN 26-A: RIALACHA NÓS IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

IARSCRÍBHINN 26-B: CÓD IOMPAIR LE hAGHAIDH PAINÉALAITHE AGUS
IDIRGHABHÁLAITHE

IARSCRÍBHINN 26-C: RIALACHA NÓS IMEACHTA UM IDIRGHABHÁIL

IARSCRÍBHINN 27: DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE hAONTAIS CHUSTAIM

FOSCRÍBHINN 2-A-1: SCEIDEAL TARAIFÍ AN AONTAIS EORPAIGH

FOSCRÍBHINN 2-A-2: SCEIDEAL TARAIFÍ NA NUA-SHÉALAINNE

BROLLACH

An tAontas Eorpach, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

agus

an Nua-Shéalainn,

dá ngairtear ‘an Páirtí’ orthu ar leithligh agus ‘Páirtithe’ i gcomhpháirt anseo feasta,

Á AITHINT DÓIBH a gcomhpháirtíocht bhuan sheasta agus láidir atá bunaithe ar na prionsabail agus ar na luachanna coiteanna a léirítear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le Caidreamh agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséal an 5 Deireadh Fómhair 2016, agus an ghaolmhaireacht thábhachtach eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta atá acu;

SOCRAITHE ar a gcaidreamh eacnamaíoch a neartú agus ar thrádáil agus infheistíocht dhéthaobhach a leathnú;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá an comhar domhanda chun dul i ngleic le saincheisteanna comhleasa;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá trédhearcacht sa trádáil idirnáisiúnta agus infheistíocht chun leasa na bpáirtithe leasmhara uile;

AG FÉACHAINT le timpeallacht sheasmhach agus intuartha le rialacha soiléire, comhthairbheacha a bhunú lena rialófar trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe, agus le bacainní orthu a laghdú nó a dhíothú;

Á AITHINT DÓIBH gur doiciméad bunúsach é te Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi a bhfuil tábhacht bhunreachtúil leis don Nua-Shéalainn;

ÓS MIAN LEO caighdeáin mhaireachtála a ardú, fás agus cobhsaíocht eacnamaíoch ionchuimsitheach a chur chun cinn, deiseanna nua fostaíochta a chruthú agus feabhas a chur ar an leas ginearálta agus, chuige sin, a dtiomantas do léirscaoileadh trádála agus infheistíochta a chur chun cinn a athdhearbhú;

DIONGBHÁILTE go gcruthófar margadh méadaithe agus sábháilte le haghaidh earraí agus seirbhísí leis an gComhaontú seo, rud a chuirfidh feabhas ar iomaíochas a ngnóthas i margáí domhanda;

SOCRAITHE ar a gcuidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta a neartú i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le forbairt inbhuanaithe, ina gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, agus trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn i gcomhréir leis na haidhmeanna i ndáil le hardleibhéil chosanta comhshaoil agus saothair agus le caighdeáin agus comhaontuithe ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta ar páirtí iontu iad;

SOCRAITHE ar leas tomhaltóirí a fheabhsú trí bheartais lena n-áiríthítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, rogha tomhaltóra agus folláine eacnamaíoch;

AG ATHDHEIMHNIÚ cheart na bPáirtithe chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, amhail cosaint beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí; seirbhísí sóisialta; oideachas poiblí; sábháilteacht; an comhshaol, lena n-áirítear an t-athrú aeráide; moráltacht an phobail; cosaint shóisialta nó tomhaltóirí; leas ainmhithe; príobháideacht agus cosaint sonraí; éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint; agus, i gcás na Nua-Shéalainne, cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí na Maorach a chur chun cinn nó a chosaint;

TIOMANTA do chumarsáid a dhéanamh le gach páirtí leasmhar ábhartha ón tsochaí shibhialta, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, ceardchumainn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile;

Á AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ionchuimsitheach sa trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus ar dhúshláin eile atá ann do pháirtithe leasmhara intíre maidir le rochtain a fháil ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar dheiseanna eacnamaíocha, lena n-áirítear sa trádáil dhigiteach;

SOCRAITHE ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus iad ag cur le forbairt na trádála agus na hinfheistíochta díri eachtraí;

Á AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá an trádáil idirnáisiúnta maidir le folláine na Maorach a chumasú agus a chur chun cinn, agus á aithint dóibh na dúshláin atá ann do na Maoraigh, lena n-áirítear wāhine Māori, maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna trádála agus infheistíochta a eascraíonn as an trádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear na deiseanna agus na tairbhí a chruthaítear leis an gComhaontú seo;

AG FÉACHAINT le comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn ach tábhacht na mbeartas agus na gcleachtas atá ionchuimsitheach ó thaobh na hinscne de i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear sa trádáil idirnáisiúnta, a chur chun cinn agus iarracht á déanamh chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe inscnebhunaithe;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe arna síniú in San Francisco an 26 Meitheamh 1945 agus ag féachaint do na prionsabail a chuirtear in iúl i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948;

AG CUR lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi seach faoin gComhaontú lena mBunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh in Marrakech an 15 Aibreán 1994, agus faoi ionstraimí comhair iltaobhacha agus déthaobhacha eile ar páirtí iad an dá Pháirtí iontu;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA TOSAIGH

Airteagal 1.1

Cuspóirí an Chomhaontaithe seo

Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe seo trádáil agus infheistíocht a léirscaoileadh agus a éascú, chomh maith le gaolmhaireacht eacnamaíoch níos dlúithe a chur chun cinn idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 1.2

Sainmhínte ginearálta

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘táirge talmhaíochta’ táirge a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Talmhaíocht;
- (b) Ciallaíonn ‘CCMAA’ an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh frithpháirteach riaracháin in ábhair chustaim¹, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 3 Iúil 2017;

¹ IO AE L 101, 20.4.2018, lch. 6.

- (c) ciallaíonn ‘údarás custaim’:
- (i) i leith na Nua-Shéalainne, Seirbhís Chustaim na Nua-Shéalainne; agus
 - (ii) i leith an Aontais, seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair chustaim, nó, de réir mar is iomchuí, na riaracháin chustaim agus aon údarás eile, a bhfuil cumhacht aige sna Ballstáit, reachtaíocht custaim a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú;
- (d) ciallaíonn ‘dleacht chustaim’ aon dleacht nó muirear d’aon chineál a fhorchuirtear ar allmhairiú earra, nó i ndáil leis an allmhairiú sin, nach bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh leis:
- (i) muirear atá coibhéiseach le cáin inmheánach arna forchur go comhsheasmhach le hAirteagal III:2 de GATT 1994;
 - (ii) dleacht frithdhumpála nó frithchúitimh a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le GATT 1994, leis an gComhaontú Frithdhumpála agus leis an gComhaontú FBF; agus
 - (iii) táille nó muirear eile a fhorchuirtear ar allmhairiú, nó i ndáil le hallmhairiú, a bhfuil teorainn lena mhéid le neaschostas na seirbhísí a tugadh;
- (e) ciallaíonn ‘CPC’ an tAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach (Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 77, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta, Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, 1991);

- (f) ciallaíonn ‘lá’ lá féilire;
- (g) ciallaíonn ‘fiontar’ duine dlíthiúil nó brainse nó oifig ionadaíoch duine dhlíthiúil;
- (h) ciallaíonn ‘AE’ nó ‘an tAontas’ an tAontas Eorpach;
- (i) ciallaíonn ‘atá ann cheana’, mura sonraítear a mhalairt sa Chomhaontú seo, rud a bhfuil éifeacht aige ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;
- (j) ciallaíonn ‘earra de chuid Páirtí’ tairgí intíre de réir bhrí GATT 1994, agus áirítear leis earraí de thionscnamh an Pháirtí sin;
- (k) ciallaíonn ‘Córas Comhchuibhithe’ nó ‘HS’ an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, lena n-áirítear gach nóta dlíthiúil agus gach leasú air arna bhforbairt ag an EDC;
- (l) ciallaíonn ‘ceannteideal’ na chéad cheithre dhigit den uimhir aicmiúcháin taraiife faoin gCóras Comhchuibhithe;
- (m) ciallaíonn ‘EIS’ an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair;
- (n) ciallaíonn ‘duine dlíthiúil’ aon eintiteas dlíthiúil atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoi dhlí Páirtí, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht rialtais, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

- (o) ciallaíonn ‘beart’ aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, cinnidh, gnímh riaracháin, ceanglais nó cleachtais, nó aon fhoirm eile¹;
- (p) ciallaíonn ‘bearta Páirtí’ aon bheart arna ghlacadh nó arna chloí leis ag²:
 - (i) rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla; agus
 - (ii) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmhligean ag rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla;
- (q) ciallaíonn ‘Ballstát’ Ballstát den Aontas;
- (r) ciallaíonn ‘duine nádúrtha de chuid Páirtí’:
 - (i) i gcás an Aontais, náisiúnach de cheann de na Ballstáit de réir a dhlí³; agus
 - (ii) i gcás na Nua-Shéalainne, náisiúnach den Nua-Shéalainn de réir a dhlí⁴;

¹ Ar mhaithe le tuilleadh cinnteachta, áirítear an téarma ‘neamhghníomh’ leis an téarma ‘beart’.

² Ar mhaithe le tuilleadh cinnteachta, le ‘bearta Páirtí’ áirítear bearta a ghlactar nó a choinnítear ar bun trí iompar eintiteas eile a threorú, a stiúradh nó a rialú.

³ Áirítear freisin sa téarma ‘duine nádúrtha de chuid Páirtí’ daoine atá ina gcónaí go buan i bPoblacht na Laitvia nach saoránaigh iad de Phoblacht na Laitvia ná d’aon stát eile ach atá i dteideal, faoi dhlí Phoblacht na Laitvia, pas neamshaoránach a fháil.

⁴ Athdhearbhaíonn an tAontas a oibleagáidí maidir le cónaitheoirí buana na Nua-Shéalainne faoi GATS. Chuige sin, leis an téarma ‘duine nádúrtha de chuid Páirtí’ áirítear freisin daoine a bhfuil ceart buanchónaí acu sa Nua-Shéalainn agus nach náisiúnaigh den Nua-Shéalainn iad, a mhéid a chumhdaítear na daoine nádúrtha sin le gealltanais an Aontais faoi GATS.

- (s) Ciallaíonn ‘ECFE’ an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;
- (t) ciallaíonn ‘de thionscnamh’ cáilithe mar earra tionscnaimh faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i gCaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh);
- (u) ciallaíonn ‘earra tionscnaimh’ nó ‘earra de thionscnamh Páirtí’ earra atá cáilithe faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i gCaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh);
- (v) ciallaíonn ‘duine’ duine nádúrtha nó duine dlíthiúil;
- (w) ciallaíonn ‘cóir fhabhrach taraife’ ráta na dleachta custaim is infheidhme maidir le hearra tionscnaimh de bhun na sceideal um dhíothú taraifi in Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifi);
- (x) ciallaíonn ‘an Comhaontú Sláintíochta’ an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le bearta sláintíochta is infheidhme maidir le trádáil ainmhithe beo agus táirgí ó ainmhithe¹, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 1996;
- (y) ciallaíonn ‘beart sláintíochta nó fiteashláintíochta’ nó ‘beart SPS’ aon bheart dá dtagraítear i mír 1 d’Iarscríbhinn A ghabhann le Comhaontú SPS;
- (z) ciallaíonn ‘CTS’ ceart tarraingthe speisialta;

¹ IO AE L 57, 26.2.1997, lch. 5

- (aa) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse’ duine a sholáthraíonn seirbhís nó a fhéachann le seirbhís a sholáthar;
- (bb) ciallaíonn ‘FBM’ fiontar beag agus meánmhéide;
- (cc) ciallaíonn ‘críoch’ i leith gach Páirtí an limistéar ina bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo i gcomhréir le hAirteagal 1.4 (Cur i bhfeidhm críochach);
- (dd) ciallaíonn ‘CFAE’ an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
- (ee) Ciallaíonn ‘Comhaontú Pháras’ Comhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide¹, arna dhéanamh i bPáras an 12 Nollaig 2015;
- (ff) ciallaíonn ‘an Comhaontú Comhpháirtíochta’ an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Caidreamh agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile², arna dhéanamh sa Bhruiséil an 5 Deireadh Fómhair 2016;
- (gg) ciallaíonn ‘tríú tír’ tír nó críoch atá lasmuigh de raon feidhme críochach an Chomhaontaithe seo;
- (hh) ciallaíonn ‘EDT’ an Eagraíocht Dhomhanda Trádála; agus
- (ii) ciallaíonn ‘EDC’ an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim.

¹ IO AE L 282, 19.10.2016, lch. 4.

² IO AE L 321, 29.11.2016, lch. 3.

AIRTEAGAL 1.3

Comhaontuithe EDT

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht’ an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (b) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir le Coimircí’ an Comhaontú maidir le Coimircí, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (c) ciallaíonn ‘Comhaontú Frithdhumpála’ an Comhaontú maidir le hAirteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (d) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir le Luacháil Custaim’ an Comhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (e) ciallaíonn ‘DSU’ an Comhaontú maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta a Rialaíonn Réiteach Díospóidí, atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (f) ciallaíonn ‘GATS’ an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí, atá in Iarscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú EDT;

- (g) ciallaíonn ‘GATT 1994’ an Comhaontú Ginearálta um Tharaifi agus Thrádáil 1994, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (h) ciallaíonn ‘GPA’ an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais arna leasú leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 30 Márta 2012;
- (i) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir le Ceadúnú Allmhairí’ an Comhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (j) ciallaíonn ‘Comhaontú SCM’ an Comhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (k) ciallaíonn ‘Comhaontú SPS’ an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (l) ciallaíonn ‘Comhaontú BTT’ an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;
- (m) ciallaíonn ‘Comhaontú TRIPS’ an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú EDT; agus
- (n) ciallaíonn ‘Comhaontú EDT’ an Comhaontú lena mBunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh in Marrakech an 15 Aibreán 1994.

AIRTEAGAL 1.4

Cur i bhfeidhm críochach

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na háiteanna a leanas:
 - (a) na críocha a gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus CFAE i bhfeidhm maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin; agus
 - (b) críocha na Nua-Shéalainne agus an limistéar eacnamaíoch eisiach, an grinneall farraige agus an fho-ithir a bhfeidhmíonn an Nua-Shéalainn cearta ceannasacha orthu i leith acmhainní nádúrtha i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ach ní áirítear Tokelau leis sin.
2. A mhéid a bhaineann le forálacha an Chomhaontaithe seo a bhaineann le cóir taraife earraí, lena n-áirítear rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh, tá feidhm ag an gComhaontú seo freisin maidir leis na limistéir sin de chríoch chustam an Aontais de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nach gcumhdaítear le pointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo.
3. Tuigfear tagairtí do ‘críoch’ sa Chomhaontú seo sa chiall dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt go sainráite.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1).

AIRTEAGAL 1.5

Gaol le comhaontuithe idirnáisiúnta eile

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, ní chuirtear an Comhaontú seo in ionad na gcomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana idir an Comhphobal Eorpach, an tAontas, nó na Ballstáit, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, agus ní fhoirceantar leis an gComhaontú seo iad.
2. Beidh an Comhaontú seo ina chuid ríthábhachtach den chaidreamh déthaobhach foriomlán de réir mar a rialaítear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta é agus beidh sé ina chuid den chreat institiúideach coiteann.
3. Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu i leith a chéile faoi Chomhaontú EDT. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní cheanglaítear le haon ní sa Chomhaontú seo go ngníomhódh Páirtí ar bhealach atá ar neamhréir lena oibleagáidí faoi Chomhaontú EDT.
4. I gcás aon neamhréireacht idir an Comhaontú seo agus aon chomhaontú idirnáisiúnta seachas Comhaontú EDT ar páirtí iad an dá Pháirtí ann, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile láithreach d'fhonn réiteach sásúil a fháil don dá thaobh.
5. Mura sonraítear a mhalairt, i gcás ina ndéantar tagairt do chomhaontuithe idirnáisiúnta sa Chomhaontú seo, nó ina ndéantar iad a ionchorprú sa Chomhaontú seo, go hiomlán nó i bpáirt, tuigfear go mbeidh san áireamh leo leasuithe orthu agus a gcomhaontuithe comharba a thiocfaidh i bhfeidhm don dá Pháirtí ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo nó dá éis.

6. Má thagann aon cheist chun cinn maidir leis an gComhaontú seo a chur chun feidhme nó a chur i bhfeidhm mar thoradh ar aon leasú ar an gComhaontú sin nó aon chomhaontú comharba dá dtagraítear i mír 5, féadfaidh na Páirtithe, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, dul i gcomhairle lena chéile d'fhonn réiteach sásúil a fháil don dá thaobh maidir le ceist den sórt sin de réir mar is gá.

AIRTEAGAL 1.6

Bunú limistéir saorthrádála

Leis seo, bunaíonn na Páirtithe limistéar saorthrádála, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994 agus le hAirteagal V de GATS.

CAIBIDIL 2

CÓIR NÁISIÚNTA AGUS ROCHTAIN AR AN MARGADH LE HAGHAIDH EARRAÍ

AIRTEAGAL 2.1

Cuspóir

Déanfaidh na Páirtithe trádáil in earraí a léirscaoileadh de réir a chéile agus ar bhonn cómhalartach i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 2.2

Raon feidhme

Mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chomhaontú seo, tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an trádáil in earraí de chuid Páirtí.

AIRTEAGAL 2.3

Sainmhínte

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:

- (a) Ciallaíonn ‘carnet A.T.A.’ an doiciméad a atáirgtear i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Custaim maidir le Carnet A.T.A. um chead isteach sealadach d’earraí, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 6 Nollaig 1961;
- (b) ciallaíonn ‘idirbheart consalach’ an nós imeachta chun sonrasc consalach nó víosa chonsalach le haghaidh sonrasc tráchtála, deimhniú tionscnaimh, lastliosta, dearbhú onnmhairiúcháin loingseora nó aon doiciméad custaim eile i ndáil le hallmhairiú an earra, a fháil ó chonsal de chuid an Pháirtí is allmhaireoir i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, nó i gcríoch tríú tír;
- (c) ciallaíonn ‘nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin’ nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile, seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críocha imréitigh custaim, a chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll onnmhairiúcháin ó chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir;

- (d) ciallaíonn ‘nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin’ nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile, seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críocha imréitigh custaim, a chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll allmhairiúcháin isteach i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;
- (e) ciallaíonn ‘earra athmhonaraithe’ earra a aicmítear i gCaibidlí 84 go 90 de HS nó ceanteideal 94.02 lena mbaineann an méid a leanas:
- (i) tá sé comhdhéanta go hiomlán nó i bpáirt de pháirteanna a fuarthas ó earraí athlámhe;
 - (ii) tá coinníollacha feidhmíochta agus oibre aige atá comhchosúil le hearraí comhionanna nuair a bhíonn siad nua; agus
 - (iii) tugtar an barántas céanna dó agus a thabharfaí do hearraí comhionanna nuair a bhíonn siad nua;
- (f) ciallaíonn ‘deisiú’ nó ‘athrú’ aon oibríocht phróiseála arna déanamh ar earra, gan beann ar aon mhéadú ar luach an earra sin, chun lochtanna oibríocháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi an t-earra a fhilleadh ar a fheidhm bhunaidh nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t-earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch a bhí beartaithe dó; áirítear le hearraí a dheisiú nó a athrú, athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear oibríocht nó próiseas:
- (i) lena scriostar saintréithe bunúsacha aon earra, nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

- (ii) lena dtiontaítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó
- (iii) a úsáidtear chun feidhm earra a athrú go substaintiúil; agus
- (g) ciallaíonn ‘catagóir chéimnithe’ an tráthchlár chun dleachtanna custaim a dhíothú, is é sin idir náid bhliain agus seacht mbliana, a mbeidh earraí saor ó dhleacht chustaim ina dhiaidh sin, mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí).

AIRTEAGAL 2.4

Cóir náisiúnta ar chánachas inmheánach agus rialáil

Tabharfaidh gach Páirtí cóir náisiúnta d’earraí an Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagal III de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí léiritheacha agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal III de GATT 1994, agus na Nótaí léiritheacha agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 2.5

Díothú dleachtanna custaim

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí a dhleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh an Pháirtí eile a laghdú nó a dhíchur i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí).

2. Chun críocha mhír 1, is é a bheidh i mbunráta na ndleachtanna custaim an bunráta a shonraítear do gach earra in Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí).
3. Má laghdaíonn Páirtí taraif an náisiún barrfhabhair atá i bhfeidhm aige, beidh feidhm ag ráta dleachta den sórt sin maidir le hearraí de thionscnamh an Pháirtí eile fad a bheidh sé níos ísle ná an ráta dleachta custaim arna chinneadh de bhun Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí).
4. Dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ar iarraidh ó Pháirtí, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile chun cuimhneamh a dhéanamh ar dhlús a chur leis na dleachtanna custaim a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-A a laghdú nó a dhíchur (Sceidil um dhíothú taraifí). Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí) a leasú chun dlús a chur le laghdú nó le díothú taraifí.
5. Féadfaidh Páirtí dlús a chur go huathrialach le díothú na ndleachtanna custaim a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí) tráth ar bith ar earraí de thionscnamh an Pháirtí eile. Cuirfidh an Páirtí sin an Páirtí eile ar an eolas a luaithe is indéanta sula mbeidh feidhm ag an ráta dleachta custaim nua.
6. Má chuireann Páirtí dlús go huathrialach le díothú dleachtanna custaim i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, féadfaidh an Páirtí sin na dleachtanna custaim lena mbaineann a ardú chuig an leibhéal a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí) don bhliain faoi seach tar éis aon laghdú uathrialach.

AIRTEAGAL 2.6

Neamhghníomhaíocht

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, ní mhéadóidh Páirtí aon dleacht chustaim arna socrú mar an mbunráta in Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí) ná ní ghlacfaidh sé aon dleacht chustaim nua ar earra de thionscnamh an Pháirtí eile.

AIRTEAGAL 2.7

Dleachtanna ar onnmhairí, cánacha nó muirir eile

1. Ní dhéanfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:
 - (a) aon dleacht, cáin nó muirear eile d'aon chineál a fhorchuirtear ar onnmhairiú earra, nó i ndáil le honnmhairiú earra, chuig an bPáirtí eile; nó
 - (b) aon cháin inmheánach nó muirear eile ar earra a onnmhaireofar chuig an bPáirtí eile a bheidh níos mó ná an cháin nó an muirear a d'fhorchuirfí ar earraí comhchosúla nuair a bheadh sé beartaithe le haghaidh tomhaltas intíre.
2. Ní chuirfidh aon rud san Airteagal seo cosc ar Pháirtí táille nó muirear a cheadaítear faoi Airteagal 2.8 (Táillí agus foirmiúlachtaí) a fhorchur ar earra a onnmhairítear.

AIRTEAGAL 2.8

Táillí agus foirmiúlachtaí

1. Maidir leis na táillí agus na muirir eile de cibé cineál a fhorchuirfidh Páirtí ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earraí nó i ndáil leis sin, áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir le hAirteagal VIII:1 de GATT 1994, lena n-áirítear a Nótaí léiritheacha agus a Fhorálacha Forlíontacha, go ndéanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a rinneadh, agus ní bheidh cosaint indéireach sa mhéid sin ar earraí intíre ná cánachas ar allmhairí nó ar onnmhairí chun críocha fíoscacha.
2. Ní dhéanfaidh Páirtí na táillí agus na muirir eile de cibé cineál dá dtagraítear i mír 1 a thobhach ar bhonn *ad valorem*.
3. Foilseoidh gach Páirtí go pras gach táille agus muirear eile de cibé cineál a fhorchuirfidh sé ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earraí nó i ndáil leis sin, ar bhealach a chumasóidh do rialtais, do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile eolas a chur orthu.
4. Ní éileofar idirbheart consalach ar Pháirtí, lena n-áirítear idirbheart a bhaineann le táillí agus muirir eile de cibé cineál, i ndáil le haon earra de chuid an Pháirtí eile a allmhairiú.
5. Chun críocha an Airteagail seo, ní áirítear le táillí nó muirir eile de cibé cineál cánacha ar onnmhairí, dleachtanna custaim, muirir atá coibhéiseach le cáin inmheánach, nó muirir inmheánacha eile arna bhforchur go comhsheasmhach le hAirteagal III:2 de GATT 1994, nó dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh.

AIRTEAGAL 2.9

Earraí deisithe nó athraithe

1. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, gan beann ar a thionscnamh, arna thabhairt isteach i gcríoch an Pháirtí an athuair tar éis an t-earra sin a onnmhairiú go sealadach óna chríoch chuig críoch an Pháirtí eile lena dheisiú nó lena athrú, is cuma cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí an deisiú nó an t-athrú sin a dhéanamh i gcríoch an Pháirtí ónar onnmhairíodh an t-earra lena dheisiú nó lena athrú.
2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le hearra a allmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna, a onnmhairítear lena dheisiú nó lena athrú ansin agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna.
3. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, gan beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch an Pháirtí eile lena dheisiú nó lena athrú.

AIRTEAGAL 2.10

Earraí athmhonaraithe

1. Ní thabharfaidh Páirtí cóir is lú fabhar d'earraí athmhonaraithe de chuid an Pháirtí eile ná an chóireáil a thugann an Páirtí d'earraí coibhéiseacha, nuair a bhíonn siad nua.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Airteagal 2.11 (Srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú) maidir le toirmisc nó srianta ar allmhairiú nó ar onnmhairiú ar earraí athmhonaraithe a allmhairiú nó a onnmhairiú. Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí toirmisc nó srianta nó ar allmhairiú nó ar onnmhairiú ar earraí úsáidte a allmhairiú nó a onnmhairiú ar bun, ní chuirfidh sé na bearta sin i bhfeidhm maidir le hearraí athmhonaraithe.

3. Féadfaidh Páirtí a éileamh go ndéanfar earraí athmhonaraithe a shainaitheant amhlaidh lena ndáileadh nó lena ndíol ina chríoch agus go gcomhlíonfaidh siad gach ceanglas teicniúil is infheidhme a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí coibhéiseacha, nuair a bhíonn siad nua.

AIRTEAGAL 2.11

Srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú

1. Ní ghlacfaidh Páirtí aon toirmeasc nó srian ar allmhairiú aon earra de chuid an Pháirtí eile nó ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú aon earra atá ceaptha do chríoch an Pháirtí eile, ná ní choinneoidh sé an méid sin ar bun, ach amháin i gcomhréir le hAirteagal XI de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí léiritheacha agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal XI de GATT 1994, agus na Nótaí léiritheacha agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid de díobh, *mutatis mutandis*.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:
 - (a) ceanglais phraghsála maidir le honnmhairiú agus allmhairiú¹, seachas mar a cheadaítear i bhforfheidhmiú orduithe agus gealltanais maidir le dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála; nó
 - (b) ceadúnú allmhairiúcháin, agus comhlíonadh an cheanglais feidhmíochta mar choinníoll leis.

AIRTEAGAL 2.12

Comhartha tionscnaimh

1. Má éilíonn an Nua-Shéalainn comhartha tionscnaimh ar allmhairiú earraí ón Aontas, glacfaidh sí leis an gcomhartha tionscnaimh ‘Made in the EU’ faoi choinníollacha nach lú fabhar iad ná na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le comharthaí tionscnaimh Ballstáit.
2. Chun críocha an chomhartha tionscnaimh ‘Made in the EU’, caithfidh an Nua-Shéalainn leis an Aontas mar chríoch aonair.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl i gceist leis an bpointe seo bac a chur ar Pháirtí brath ar phraghas allmhairí chun an ráta dleachta custaim is infheidhme a chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 2.13

Nósanna imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin

1. Déanfaidh gach Páirtí aon nósanna imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin a ghlacadh agus a riar i gcomhréir le hAirteagail 1 go 3 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin. Chuige sin, déantar Airteagail 1 go 3 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid de díobh, *mutatis mutandis*.
2. Páirtí a ghlacann nós imeachta nua um cheadúnú allmhairiúcháin nó a mhodhnaíonn nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin atá ann cheana, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoin nglacadh nó faoin modhnú sin gan mhoill agus in aon chás tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dháta foilsithe an nós imeachta ábhartha. Áireofar an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin san fhógra. Measfar go bhfuil Páirtí i gcomhréir leis an oibleagáid sin maidir le fógra a thabhairt má thugann sé fógra faoi nós imeachta nua um cheadúnú allmhairiúcháin a ghlacadh, nó faoi mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin atá ann cheana, do Choiste EDT um Cheadúnú Allmhairiúcháin arna bhunú le hAirteagal 4 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin, lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú sin.
3. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile aon fhaisnéis ábhartha go pras, lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin, maidir le haon nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin a bheartaíonn sé a ghlacadh nó a choinníonn sé ar bun chomh maith le haon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin atá ann cheana.

4. Má dhiúltaíonn Páirtí iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin i leith earra de chuid an Pháirtí eile, soláthróidh sé míniú scríofa don iarratasóir maidir leis an gcúis atá leis an iarratas a shéanadh, arna iarraidh sin agus laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis an iarratas a fháil.

AIRTEAGAL 2.14

Nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin

1. Foilseoidh gach Páirtí aon nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin, nó aon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá ann cheana, ar bhealach lena bhféadfaidh rialtais, trádálaithe agus páirtithe leasmhara eile eolas a fháil orthu. Déanfar foilseachán den sórt sin, i gcás inarb indéanta, 45 lá sula dtiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nua um cheadúnú onnmhairiúcháin nó le haon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá ann cheana, agus in aon chás, tráth nach déanaí ná an dáta a thiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nua um cheadúnú onnmhairiúcháin nó le haon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá ann cheana.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh agus na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin á bhfoilsiú aige:

- (a) téacsanna a nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin, nó téacs aon mhodhnú a dhéanfaidh an Páirtí ar na nósanna imeachta sin;
- (b) na hearraí atá faoi réir gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin;

- (c) i gcás gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin, tuairisc ar an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas agus aon chritéar nach mór d'iarratasóir a chomhlíonadh le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas, amhail ceadúnas gníomhaíochta a bheith aige, infheistíocht a bhunú nó a choinneáil ar bun, nó oibriú trí chineál áirithe bunaíochta i gcríoch Páirtí;
- (d) pointe nó pointí teagmhála óna bhféadfaidh daoine leasmhara tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil;
- (e) an comhlacht nó na comhlachtaí riaracháin a bhfuil iarratas ar cheadúnas nó doiciméadacht ábhartha eile le cur faoina bhráid nó faoina mbráid;
- (f) tuairisc ar aon bheart nó bearta atá á gcur chun feidhme tríd an nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin;
- (g) an tréimhse a mbeidh gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin i bhfeidhm lena linn, mura bhfanfaidh an nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin i bhfeidhm go dtí go ndéanfar é a tharraingt siar nó a athbhreithniú, rud a mbeidh foilseachán nua ann mar thoradh air;
- (h) má bheartaíonn an Páirtí nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin a úsáid chun cuóta onnmhairiúcháin, cainníocht fhoriomlán agus, más infheidhme, luach an chuóta agus dátaí oscailte agus dúnta an chuóta a riar; agus
- (i) aon díolúine nó eisceacht a chuirtear in ionad an cheanglais maidir le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil, conas na díolúintí nó na heisceachtaí sin a iarraidh nó a úsáid, agus na critéir chun iad a dheonú.

3. Laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá aige cheana. Páirtí a ghlacann nósanna imeachta nua um cheadúnú onnmhairiúcháin, nó modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú atá ann cheana, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoin nglacadh nó faoin modhnú sin laistigh de 60 lá tar éis aon nós imeachta nua um cheadúnú onnmhairiúcháin nó aon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú atá ann cheana a fhoilsiú. Áireofar leis an bhfógra sin an tagairt don fhoinsé nó do na foinsí ina bhfoilsítear an fhaisnéis a sonraítear i mír 2 agus más iomchuí, seoladh an tsuímh nó na suíomhanna gréasáin rialtais ábhartha freisin.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear de cheangal ar Pháirtí le haon ní san Airteagal seo ceadúnas onnmhairiúcháin a dheonú, ná ní choisceann sé ar Pháirtí a ghealltanais a chur chun feidhme faoi rúin de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le faoi chórais iltaobhacha um neamhleathadh agus faoi shocruithe maidir le rialú onnmhairiúcháin, lena n-áirítear:

- (a) Comhshocraíocht Wassenaar maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin le haghaidh Gnáth-Arm agus le haghaidh Earraí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, arna déanamh sa Háig an 19 Nollaig 1995;
- (b) an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú, arna dhéanamh i bPáras an 13 Eanáir 1993;
- (c) an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-Charnadh Arm Baictéareolaíoch (Bitheolaíoch) agus Tocsaine agus maidir lena nDíothú, arna dhéanamh i Londain, Moscó agus Washington an 10 Aibreán 1972;
- (d) an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach arna dhéanamh i Londain, Moscó agus Washington an 1 Iúil 1968; agus

- (e) Grúpa na hAstráile, Grúpa na Soláthraithe Núicléacha, agus an Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán.

AIRTEAGAL 2.15

Rátaí úsáide tosaíochta

1. Chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo agus chun rátaí úsáide tosaíochta a ríomh, malartóidh na Páirtithe staidreamh cuimsitheach allmhairiúcháin go bliantúil ar feadh tréimhse a thosóidh bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deich mbliana tar éis críoch a chur leis an díothú taraifí le haghaidh gach earra i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí). Mura gcinneadh an Coiste um Thrádáil a mhalairt, cuirfear síneadh leis an tréimhse sin go huathoibríoch go ceann cúig bliana, agus ina dhiaidh sin féadfaidh an Coiste um Thrádáil a chinneadh síneadh breise a chur léi.
2. Cumhdófar le malartú an staidrimh allmhairiúcháin sonraí a bhaineann leis an mbliain is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear an luach agus, más infheidhme, an méid, ar leibhéal na líne taraife i gcás allmhairí earraí an Pháirtí eile a thairbhíonn de chóir fhabhrach dhleachta faoin gComhaontú seo agus i gcás allmhairí na n-earraí sin a fuair cóir neamhfhabhrach, lena n-áirítear faoi na córais éagsúla a úsáideann na Páirtithe agus na hearraí á n-allmhairiú. Féadfar an staidreamh sin chomh maith le rátaí úsáide tosaíochta a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil le haghaidh malartú tuairimí.

AIRTEAGAL 2.16

Cead isteach sealadach

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘cead isteach sealadach’ an nós imeachta custaim faoinar féidir earraí áirithe, lena n-áirítear modhanna iompair, a thabhairt isteach i gcríoch Pháirtí le faoiseamh coinníollach ó dhleachtanna agus cánacha ar allmhairí a íoc agus gan toirmisc ná gan srianta ar allmhairí de chineál eacnamaíoch a chur i bhfeidhm, ar an gcoinníoll go n-allmhairítear na hearraí chun críche sonraithe agus go bhfuil siad beartaithe lena n-athonnmhairiú laistigh de thréimhse shonraithe gan aon athrú a bheith déanta orthu seachas gnáth-dhímheasa mar gheall ar úsáid na n-earraí sin.
2. Deonóidh gach Páirtí cead isteach sealadach, i gcomhréir lena chuid dlíthe, rialachán nó nósanna imeachta, do na hearraí seo a leanas, gan beann ar a dtionscnamh:
 - (a) trealamh gairmiúil, lena n-áirítear trealamh don phreas nó don teilifís, bogearraí, agus trealamh craolacháin agus cineamatagrafach, ar gá leo chun gníomhaíocht ghnó, trádáil nó gairm duine a thugann cuairt ar chríoch an Pháirtí eile a dhéanamh d’fhonn cúram sonraithe a chur i gcrích;
 - (b) earraí, lena n-áirítear a gcomhphárteanna, a ngairis choimhdeacha agus gabhálais atá beartaithe lena gcur ar taispeáint nó lena n-úsáid ag taispeántais, ag aontaí, ag cruinnithe nó ag imeachtaí comhchosúla;

- (c) samplaí tráchtála agus scannáin agus taifeadtaí fógraíochta (meáin fhísiúla nó ábhair fuaime atá taifeadta, ina bhfuil íomhánna nó fuaim go bunúsach, ina dtaispeántar cineál nó oibriú earraí nó seirbhísí a thairgeann duine atá bunaithe nó a chónaíonn ar chríoch Pháirtí lena ndhíol nó lena léasú ar choinníoll go bhfuil na hábhair sin de chineál atá oiriúnach lena dtaispeáint do chustaiméirí ionchasacha ach nach bhfuil oiriúnach lena gceoladh don phobal i gcoitinne); agus
- (d) earraí a allmhairítear chun críocha spóirt, lena n-áirítear comórtais, léirithe, traenáil, rásaíocht nó imeachtaí comhchosúla.
3. Maidir le cead isteach sealadach na n-earraí a liostaítear i mír 2, glacfaidh gach Páirtí le carnets A.T.A. arna n-eisiúint sa Pháirtí eile, arna bhformhuiniú ann agus arna ráthú ag comhlachas atá ina chuid den slabhra ráthaíochta idirnáisiúnta, arna ndeimhniú ag na húdaráis inniúla agus atá bailí i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir.
4. Cinnfidh gach Páirtí an tréimhse ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach. Féadfaidh Páirtí síneadh a chur leis an tréimhse tosaigh go huathrialach.
5. Féadfaidh gach Páirtí a éileamh go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis na hearraí a thairbhíonn de chead isteach sealadach:
- (a) nach n-úsáidfeadh ach náisiúnach nó cónaitheoir de chuid an Pháirtí eile iad nó gur faoi mhaoirseacht phearsanta an duine sin amháin a d'úsáidfi iad agus an ghníomhaíocht ghnó, an trádáil, an ghairm nó an spórt á dhéanamh ag an náisiúnach nó ag an gcónaitheoir sin;
- (b) nach ndéanfaí iad a dhíol, a léasú, a dhiúscairt, ná a aistriú fad a bhíonn siad ar a chríoch;

- (c) go mbeadh urrús ag gabháil leo atá i gcomhréir le hoibleagáidí an Pháirtí is allmhaireoir faoi na coinbhinsiúin chustaim idirnáisiúnta ábhartha dár aontaigh sé;
- (d) go sainaitheofaí iad nuair a dhéantar iad a allmhairiú agus a onnmhairiú;
- (e) go ndéanfaí iad a onnmhairiú ar imeacht an náisiúnaigh nó an chónaitheora dá dtagraítear i bpointe (a) nó roimh a imeacht, nó laistigh de thréimhse a bhaineann le cuspóir an chead isteach shealadaigh a fhéadfaidh an Páirtí a bhunú, nó laistigh de bhliain amháin, mura gcuirtear síneadh leis;
- (f) nach ligfí isteach iad i gcainníocht níos mó ná atá réasúnta dá n-úsáid bheartaithe; nó
- (g) go mbeadh cead iad a thabhairt isteach ar chríoch an Pháirtí faoina dhlí murach sin.

6. Mura gcomhlíonfar aon choinníoll a fhéadfaidh Páirtí a fhorchur faoi mhír 5, féadfaidh an Páirtí an dleacht chustaim agus aon mhuirear eile a bheadh dlite de ghnáth ar an earra chomh maith le haon mhuirear nó aon phionós eile dá ndéantar foráil faoina dhlí, a chur i bhfeidhm.

7. Ceadóidh gach Páirtí earra a ligfear isteach go sealadach faoin Airteagal seo a athonnmhairiú trí phointe imeachta atá údaraithe ag custaim seachas an pointe trínar ligeadh isteach é.

8. Déanfaidh Páirtí an t-allmhaireoir nó an duine eile atá freagrach as earra arna ligean isteach go sealadach faoin Airteagal seo a shaoradh ó dhliteanas i leith loicthe maidir le hearra arna ligean isteach go sealadach faoin Airteagal seo a onnmhairiú ar chruthúnas sásúil a chur faoi bhráid an Pháirtí is allmhaireoir go ndearnadh an t-earra arna ligean isteach go sealadach faoin Airteagal seo a scriosadh nó gur cailleadh go hiomlán é, i gcomhréir le reachtaíocht chustaim an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 2.17

Samplaí tráchtála ar luach diomaibhseach
agus ábhar fógraíochta clóite a ligean isteach saor ó dhleacht

1. Déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena chuid dlíthe, rialachán nó nósanna imeachta, cead isteach saor ó dhleacht a dheonú ar shamplaí tráchtála ar luach diomaibhseach agus ar ábhar fógraíochta clóite a allmhairítear ón bPáirtí eile, gan beann ar a dtionscnamh.
2. Féadfaidh Páirtí samplaí tráchtála ar luach diomaibhseach a shainiú mar seo a leanas:
 - (a) tá luach acu nach mó ná an méid a shonraítear i ndlí Páirtí, go haonarach nó sa chomhiomlán mar a seoladh iad; nó
 - (b) tá siad marcáilte, stróicthe, pollta nó cóireáilte ar bhealach eile agus mar sin tá siad neamhoiriúnach lena ndíol nó lena n-úsáid seachas mar shamplaí tráchtála.
3. Sainítear ábhair fógraíochta chlóite mar earraí a aicmítear i gCaibidil 49 de HS, lena n-áirítear bróisiúir, paimfléid, bileoga, catalóga trádála, bliainirisí arna bhfoilsíú ag comhlachais trádála, ábhair lena gcuirtear turasóireacht chun cinn, agus póstaer, a úsáidtear chun earra nó seirbhís a chur chun cinn, iad a fhógairt agus poiblíocht a thabhairt dóibh, atá beartaithe go bunúsach chun earra nó seirbhís a fhógairt, agus a sholáthraítear saor in aisce.

AIRTEAGAL 2.18

Bearta sonracha maidir le bainistíocht na córa fabhraí

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun sáruithe ar an reachtaíocht chustaim a bhaineann leis an gcóir fhabhrach a dheonaítear faoin gCaibidil seo a chosc, a bhrath agus a chomhrac i gcomhréir le Caibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta um thionscnamh) agus Teidil I, III, IV agus V de CCMAA.
2. Féadfaidh Páirtí cóir fhabhrach ábhartha earraí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i míreanna 3 go 5 más rud é:
 - (a) go mbeidh toradh déanta ag an bPáirtí sin, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, láidir agus infhíoraithe, go ndearnadh sáruithe córasacha agus earnálacha ar an reachtaíocht chustaim a bhaineann leis an gcóir fhabhrach a dheonaítear faoin gCaibidil seo, as a n-eascaíonn cailteanas suntasach ioncaim don Pháirtí sin; agus
 - (b) go ndiúltaíonn an Páirtí eile go héagórach agus arís agus arís eile nó nach dtéann sé i gcomhar i leith na sáruithe ar an reachtaíocht chustaim dá dtagraítear i bpointe (a).
3. Tabharfaidh an Páirtí, a mbeidh toradh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 déanta aige, fógra don Choiste um Thrádáil gan moill mhíchúí agus rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí eile laistigh den Choiste um Thrádáil d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá thaobh.

4. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le réiteach inghlactha laistigh de thrí mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh an Páirtí a tháinig ar an toradh a chinneadh cóir fhabhrach ábhartha na n-earraí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach. Ní bheidh feidhm ag an bhfionraíocht shealadach ach amháin maidir leis na trádálaithe sin a shainaithin an dá Pháirtí agus a d'aontaigh siad go raibh baint ag na trádálaithe sin le sárúithe ar an reachtaíocht chustaim le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 3. Tabharfar fógra faoi fhionraíocht shealadach den sórt sin don Choiste um Thrádáil gan moill mhíchúí.

5. Más rud é gur tháinig Páirtí ar thoradh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, agus go bhfuil sé deimhnithe aige, laistigh de thrí mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 4, go raibh an fhionraíocht shealadach dá dtagraítear i mír 4 neamhéifeachtach chun sárúithe ar an reachtaíocht chustaim a bhaineann leis an gcóir fhabhrach a dheonaítear faoin gCaibidil seo a chomhrac, féadfaidh an Páirtí a chinneadh cóir fhabhrach ábhartha na n-earraí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach. Féadfaidh an Páirtí a chinneadh freisin cóir fhabhrach ábhartha na n-earraí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach más rud é nach raibh na Páirtithe in ann na trádálaithe a raibh baint acu leis na sárúithe ar an reachtaíocht chustaim a shainaithint agus nach raibh siad in ann teacht ar chomhaontú orthu le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 3. Tabharfar fógra faoin bhfionraíocht shealadach sin don Choiste um Thrádáil gan moill mhíchúí.

6. Ní bheidh feidhm ag na fionraíochtaí sealadacha dá dtagraítear san Airteagal seo ach ar feadh na tréimhse is gá chun leasanna airgeadais an Pháirtí lena mbaineann a chosaint, agus in aon chás ní bheidh feidhm acu ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí. I gcás ina mairfidh na coinniollacha as ar eascair an fhionraíocht shealadach tosaigh ag deireadh na tréimhse sé mhí, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann cinneadh a dhéanamh an fhionraíocht shealadach a athnuachan tar éis dó fógra a thabhairt don Pháirtí eile. Beidh aon fhionraíocht den sórt sin faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh den Choiste um Thrádáil.

7. Foilseoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin, fógraí d'allmhaireoirí faoi aon chinneadh a bhaineann leis na fionraíochta sealadacha dá dtagraítear san Airteagal seo.

8. D'ainneoin mhír 5, má tá allmhaireoir in ann údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a shásamh go gcomhlíonann na hearraí lena mbaineann dlí custaim an Pháirtí is allmhaireoir go hiomlán, mar aon le ceanglais an Chomhaontaithe seo agus aon choinníoll eile a bhaineann leis an bhfionraíocht shealadach arna bunú ag an bPáirtí is allmhaireoir i gcomhréir lena dhlíthe, ceadóidh an Páirtí is allmhaireoir don allmhaireoir iarratas a dhéanamh ar chóir fhabhrach agus aon dleachtanna a íocadh de bhreis ar na rátaí taraife fabhracha ab infheidhme nuair a allmhairíodh na hearraí lena mbaineann a aisghabháil.

AIRTEAGAL 2.19

Coiste um Thrádáil in Earraí

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.
2. Áireofar na nithe seo a leanas ar fheidhmeanna an Choiste um Thrádáil in Earraí i leith na Caibidle seo:
 - (a) trádáil in earraí idir na Páirtithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhairliúchán maidir le dlús a chur le díothú taraifí faoin gComhaontú seo;
 - (b) aghaidh a thabhairt go pras ar bhacainní ar thrádáil in earraí idir na Páirtithe;

- (c) gan dochar do Chaibidil 26 (Réiteach díospóidí), dul i gcomhairle maidir le haon saincheist a bhaineann leis an gCaibidil seo agus féachaint lena réiteach, lena n-áirítear difríochtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na Páirtithe i ndáil le hábhair a bhaineann le haicmiú earraí faoin gCóras Comhchuibhithe agus faoi Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí), nó le leasú ar Struchtúr Cóid an Chórais Chomhchuibhithe nó ar ainmníochtaí gach Páirtí faoi seach, chun a áirithiú nach n-athrófar oibleagáidí gach Páirtí de bhun Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí);
- (d) faireachán a dhéanamh ar rátaí agus ar staidreamh úsáide tosaíochta, a bhféadfaidh an Coiste um Thrádáil in Earraí na sonraí a thagann chun cinn a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil le haghaidh malartú tuairimí; agus
- (e) oibriú in éineacht le haon choiste speisialaithe nó le haon chomhlacht eile a bunaíodh nó ar ar deonaíodh údarás chun gníomhú faoin gComhaontú seo ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do choiste speisialaithe nó do chomhlacht eile den sórt sin, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 2.20

Pointí teagmhála

Laistigh de 90 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun an chumarsáid idir na Páirtithe maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a éascú agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an phointe teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

CAIBIDIL 3

RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

ROINN A

RIALACHA TIONSCNAIMH

AIRTEAGAL 3.1

Sainmhíithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhíithe a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘coinsíneacht’ táirge a sheoltar go comhuaineach ó choinsíneoir chuig coinsíní nó atá cumhdaithe le haon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón gcoinsíneoir chuig an gcoinsíní nó, in éagmais doiciméad den sórt sin, le sonrasc amháin;
- (b) ciallaíonn ‘onmhaireoir’ duine, atá lonnaithe i bPáirtí, a onmhairíonn nó a tháirgeann an táirge tionscnaimh agus a dhéanann amach ráiteas maidir le tionscnamh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i ndlí an Pháirtí sin;
- (c) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ duine a allmhairíonn an táirge tionscnaimh agus a éilíonn cóir fhabhrach taraiife dó;

- (d) ciallaíonn ‘ábhar’ aon substaint a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh, lena n-áirítear aon chomhábhar, amháibhar, comhpháirt nó páirt;
- (e) ciallaíonn ‘ábhar neamhthionscnaimh’ ábhar nach gcáilíonn mar ábhar tionscnaimh faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear ábhar nach féidir a stádas tionscnaimh a chinneadh;
- (f) ciallaíonn ‘táirge’ toradh an táirgthe, fiú má tá sé beartaithe é a úsáid mar ábhar chun táirge eile a tháirgeadh; agus
- (g) ciallaíonn ‘táirgeadh’ aon chineál oibríthe nó próiseála, lena n-áirítear cóimeáil.

AIRTEAGAL 3.2

Ceanglais ghinearálta maidir le táirgí tionscnaimh

1. Chun cóir fhabhrach taraife a chur i bhfeidhm arna déanamh ag Páirtí maidir le hearra tionscnaimh de chuid an Pháirtí eile i gcomhréir leis an gComhaontú seo, ar choinníoll go gcomhlíonann táirge gach ceanglas eile is infheidhme den Chaibidil seo, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí eile táirge má bhíonn an méid seo a leanas i gceist leis:

- (a) fuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin é de réir bhrí Airteagal 3.4 (Táirgí arna bhfáil go hiomlán);
- (b) táirgtear sa Pháirtí sin é as ábhair thionscnaimh agus as na hábhair sin amháin; nó

- (c) táirgtear sa Pháirtí sin é agus ionchorpraítear ábhair neamhthionscnaimh ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha Tionscnaimh Táirge-shonracha).
2. Má tá stádas tionscnaimh faighte ag táirge, ní mheasfar gur ábhair neamhthionscnaimh iad na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun an táirge sin a tháirgeadh nuair atá an táirge sin ionchorpraithe mar ábhar i dtáirge eile.
3. Déanfar éadáil an stádais tionscnaimh a chomhlíonadh gan bhriseadh sa Nua-Shéalainn ná san Aontas.

AIRTEAGAL 3.3

Carnadh tionscnaimh

1. Táirge de thionscnamh Páirtí, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí eile é má úsáidtear an táirge sin mar ábhar chun táirge eile a tháirgeadh sa Pháirtí eile sin.
2. Féadfar táirgeadh a dhéantar i bPáirtí ar ábhar neamhthionscnaimh a chur san áireamh chun a chinneadh an bhfuil táirge de thionscnamh an Pháirtí eile nó nach bhfuil.
3. Níl feidhm ag míreanna 1 ná 2 mura dtéann an táirgeadh a dhéantar sa Pháirtí eile thar cheann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3.6 (Oibriú nó próiseáil easpach).

4. Chun go gcomhlánóidh onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3.16(2) (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife) i dtaca le hábhar neamhthionscnaimh, gheobhaidh an t-onnmhaireoir, óna sholáthraí, dearbhú soláthróir dá ndéantar foráil in Iarscríbhinn 3-D (Dearbhú soláthróir dá dtagraítear in Airteagal 3.3(4) (Carnadh tionscnaimh)) nó doiciméad coibhéiseach ina bhfuil an fhaisnéis chéanna ina bhfuil tuairisc ar na hábhair neamhthionscnaimh lena mbaineann, agus é mionsonraithe go leor chun gur féidir iad a shainaithint.

AIRTEAGAL 3.4

Táirgí arna bhfáil go hiomlán

1. Measfar gur nithe arna bhfáil go hiomlán iad na nithe seo a leanas:
 - (a) mianra nó substaint arb ann di go nádúrtha a eastóscadh nó a tógadh as ithir nó ó ghrinneall farraige Páirtí;
 - (b) planda nó glasra a fásadh nó a buaineadh i bPáirtí;
 - (c) ainmhí beo a rugadh agus a tógadh i bPáirtí;
 - (d) táirge a fuarthas ó ainmhí beo a tógadh i bPáirtí;
 - (e) táirge a fuarthas ó ainmhí maraithe a rugadh agus a tógadh i bPáirtí;

- (f) táirge a fuarthas trí shealgaireacht nó trí iascaireacht a rinneadh i bPáirtí, ach nach raibh thar theorainneacha lasmuigh fharraige theorann an Pháirtí;
- (g) táirge a fuarthas de thoradh dobharshaothraithe i bPáirtí, más rud é gur rugadh nó gur tógadh orgánaigh uisceacha, lena n-áirítear éisc, moilisc, crústaigh, inveirteabraigh uisceacha agus plandaí uisceacha eile as síolstoc amhail uibheacha, eochraí, gealóga, gilidíní nó larbhaí, trí idirghabháil sna próisis tógála nó fáis chun feabhas a chur ar an táirgeadh, amhail stocáil rialta, beathú nó cosaint ó chreachadóirí;
- (h) táirge iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soitheach de chuid Páirtí as an bhfarraige lasmuigh d'aon fharraige theorann, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- (i) táirge a dhéantar ar bord loinge monarchan de chuid Páirtí as táirge dá dtagraítear i bpointe (h) agus as an táirge sin amháin;
- (j) táirge a ghlacann nó a bhaineann Páirtí nó duine de chuid Páirtí ó ghrinneall na farraige nó ón bhfo-ithir lasmuigh d'aon fharraige theorann, ar choinníoll go bhfuil an ceart ag an bPáirtí nó ag an duine den Pháirtí sin an grinneall farraige nó an fho-ithir sin a oibriú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- (k) dramhaíl nó fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraíochta a rinneadh i bPáirtí;
- (l) táirge úsáidte a bailíodh i bPáirtí agus nach bhfuil oiriúnach ach amháin chun amhábhair a aisghabháil, lena n-áirítear amhábhair den sórt sin; agus
- (m) táirge a táirgeadh i bPáirtí as na táirgí dá dtagraítear i bpointí (a) go (l) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ní thagraíonn na téarmaí ‘soitheach de chuid Páirtí’ agus ‘long mhonarchan de chuid Páirtí’ i bpointí (h) agus (i) de mhír 1 faoi seach ach do shoitheach nó do long mhonarchan:

(a) atá cláraithe i mBallstát nó sa Nua-Shéalainn;

(b) a sheolann faoi bhratach Ballstáit nó faoi bhratach na Nua-Shéailinne; agus

(c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha a leanas:

(i) a bhfuil 50 % de ar a laghad faoi úinéireacht náisiúnach de Bhallstát nó den Nua-Shéalainn; nó

(ii) tá sé faoi úinéireacht duine dlíthiúil amháin nó níos mó:

(A) a bhfuil a gceannoifig agus a bpríomháiit ghnó acu i mBallstát nó sa Nua-Shéalainn; agus

(B) a bhfuil 50 % de ar a laghad faoi úinéireacht eintiteas poiblí nó daoine de Bhallstát nó den Nua-Shéalainn.

AIRTEAGAL 3.5

Lamháltais

1. Mura gcomhlíonann ábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), measfar gur de thionscnamh Páirtí an táirge sin, ar choinníoll:
 - (a) i gcás gach táirge, cé is moite de na táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 de HS, ní mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear chun na táirgí lena mbaineann a tháirgeadh ná 10 % de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha;
 - (b) i gcás na dtáirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 de HS, tá feidhm ag na lamháltais a leagtar amach i Nótaí 7 agus 8 d'Iarscríbhinn 3-A (Réamhnótaí maidir le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha).
2. Níl feidhm ag mír 1 má tá luach nó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh arna n-úsáid chun táirge a tháirgeadh os cionn aon cheann de na céatadáin do luach uasta nó meáchan uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh mar a shonraítear iad sna ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha).
3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le táirgí arna bhfáil go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3.4 (Táirgí arna bhfáil go hiomlán). Má cheanglaítear le hIarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) nach mór do na hábhair a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh a bheith ina n-ábhair arna bhfáil go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3.4 (Táirgí arna bhfáil go hiomlán), beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2.

AIRTEAGAL 3.6

Oibriú nó próiseáil neamhleor

1. D'ainneoin phointe (c) d'Airteagal 3.2(1) Ceanglais ghinearálta maidir le táirgí tionscnaimh), ní mheasfar gur de thionscnamh Páirtí é táirge mura mbeidh ach ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí a leanas a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh mar chuid de tháirgeadh an táirge i bPáirtí:

- (a) oibríochtaí caomhnaithe amhail triomú, reo, coinneáil i sáile agus oibríochtaí comhchosúla eile i gcás gurb é an t-aon chuspóir amháin atá leo a áirithiú go bhfanfaidh an táirge i riocht maith le linn a n-iompair agus a stórála¹;
- (b) briseadh agus cóimeáil pacáistí;
- (c) ní nó glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;
- (d) iarnáil nó preasáil teicstíle agus earraí teicstíle;
- (e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;
- (f) scillgeadh agus muilleáil ríse, go páirteach nó go hiomlán; snasú agus gloiniú gránach agus ríse;

¹ De réir chomhthéacs phointe (a), meastar gur neamhleor iad oibríochtaí caomhnaithe amhail fuarú, reo nó aerú, ach meastar gur leor iad oibríochtaí amhail picilt, triomú nó deatú, ar oibríochtaí iad atá beartaithe chun saintréithe speisialta nó saintréithe éagsúla a thabhairt don táirge.

- (g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú, nó lena ndéantar cnapshiúcra, siúcra a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán;
- (h) torthaí, cnónna agus glasraí a scilligeadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;
- (i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;
- (j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú, lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh;
- (k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;
- (l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe eile den chineál sin a ghreamú den táirge nó dá phacáistíocht nó iad a phriontáil air;
- (m) táirgí a mheascadh go simplí, bídis ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídis; meascadh siúcra le haon ábhar eile;
- (n) uisce a chur leis go simplí nó caolú le huisce nó le substaint eile nach ndéanann athrú ábhartha ar shaintréithe an táirge, nó díhiodráitiú nó dínádúrúchán an táirge;
- (o) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó an táirge a dhíchóimeáil ina chodanna; nó

(p) marú ainmhithe.

2. Chun críocha mhír 1, measfar gur oibríochtaí simplí iad oibríochtaí mura bhfuil gá le scileanna speisialta ná le meaisíní, gaireas ná trealamh speisialta, arna dtáirgeadh nó arna suiteáil go speisialta, chun na hoibríochtaí sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 3.7

Aonad incháilitheachta

1. Chun críocha na Caibidle seo, is é a bheidh san aonad incháilitheachta an táirge sonracha a meastar gurb é an bunaonad é agus an táirge á aicmiú faoi HS.

2. Má bhíonn líon táirgí comhionanna i gcoinsíneacht a aicmítear faoin gceannteideal céanna de Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus an Chaibidil seo á cur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 3.8

Ábhair pacáistíochta agus coimeádáin le haghaidh loingsiú

Ní chuirfear ábhair pacáistíochta agus coimeádáin le haghaidh loingsiú, a úsáidtear chun táirge a chosaint le linn iompair, san áireamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil stádas tionscnaimh ag táirge.

AIRTEAGAL 3.9

Ábhair pacáistíochta agus coimeádáin le haghaidh miondíola

1. Ní chuirfear ábhair phacáistíochta ná coimeádáin ina bhfuil táirge pacáistithe lena mhiondíol san áireamh, má aicmítear leis an táirge sin iad, agus cinneadh á dhéanamh cibé an ndearnadh an t-athrú is infheidhme san aicmiú taraife ar na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear agus an táirge á tháirgeadh nó an ndearnadh oibríocht mhonaraíochta nó phróiseála shonrach de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) nó an táirge arna fháil go hiomlán é an táirge i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3.4 (Táirgí arna bhfáil go hiomlán).
2. I gcás táirge atá faoi réir ceanglas luacha de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), cuirfear luach na n-ábhar pacáistíochta agus na gcoimeádán ina bhfuil an táirge pacáistithe lena mhiondíol, má aicmítear leis an táirge sin iad, san áireamh mar ábhair thionscnaimh nó neamhthionscnaimh, de réir mar a bheidh, agus an ceanglas luacha á ríomh chun críocha an ceanglas luacha a chur i bhfeidhm maidir leis an táirge.

AIRTEAGAL 3.10

Gabhálaí, páirteanna spártha agus uirlisí

1. Chun críocha an Airteagail seo, cumhdaítear gabhálaí, páirteanna spártha, uirlisí agus ábhair teagaisc nó faisnéise eile táirge:
 - (a) má dhéantar iad a aicmiú, a sheachadadh agus a shonrascadh leis an táirge; agus

(b) má tá siad den chineál, den chainníocht agus den luach is coitianta don táirge lena mbaineann.

2. Nuair atá cinneadh á dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil an méid seo a leanas fíor i gcás táirge:

(a) is táirge arna fháil go hiomlán é i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3.4 (Táirgí arna bhfáil go hiomlán) nó comhlíonann sé próiseas táirgthe nó athrú ar an gceanglas maidir le haicmiú taraife de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), tabharfar neamhaird ar ghabhálaí, ar pháirteanna spártha, ar uirlisí agus ar ábhair theagaisc nó faisnéise eile a ghabhann leis an táirge sin; agus

(b) comhlíonann sé ceanglas luacha de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), cuirfear luach gabhálaí, páirteanna spártha, uirlisí agus ábhar teagaisc nó faisnéise eile a ghabhann leis an táirge sin san áireamh mar ábhair thionscnaimh nó neamhthionscnaimh, de réir mar a bheidh, sa ríomh chun an ceanglas luacha a chur i bhfeidhm ar an táirge.

AIRTEAGAL 3.11

Tacair

Measfar gur de thionscnamh Páirtí iad tacair, dá dtagraítear i Rial Ghinearálta 3, pointí (a) agus (b) de Rialacha ginearálta um léiriú ar Chóras Comhchuíbhithe, má bhíonn stádas tionscnaimh ag a gcomhpháirteanna uile. I gcás ina bhfuil idir chomhpháirteanna tionscnaimh agus chomhpháirteanna neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar de thionscnamh Páirtí an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na gcomhpháirteanna neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair sin díreach ón monarcha.

AIRTEAGAL 3.12

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh an táirge de thionscnamh Páirtí é an táirge, ní bheidh sé riachtanach stádas tionscnaimh na n-eilimintí neodracha seo a leanas a chinneadh:

- (a) fuinneamh agus breosla;
- (b) gléasra agus trealamh, lena n-áirítear táirgí a úsáidtear chun iad a chothabháil;
- (c) meaisíní, uirlisí, díslí agus múnlaí;
- (d) páirteanna spártha agus ábhair a úsáidtear chun trealamh agus foirgnimh a chothabháil;
- (e) bealaí, gréisc, ábhair chumaisc agus ábhair eile a úsáidtear sa táirgeadh nó chun trealamh agus foirgnimh a oibriú;
- (f) lámhainní, spéaclaí, coisbheart, éadaí, trealamh agus soláthairtí sábháilteachta;
- (g) trealamh, feistí agus soláthairtí a úsáidtear chun an táirge a thástáil nó chun iniúchadh a dhéanamh air;
- (h) catailígh agus tuaslagóirí; agus

- (i) ábhair eile nach bhfuil ionchorpraithe agus nach mbeartaítear a ionchorprú i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

AIRTEAGAL 3.13

Modh deighilte cuntasáochta le haghaidh ábhair idirmhalartacha agus táirgí idirmhalartacha

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘ábhair idirmhalartacha’ nó ‘táirgí idirmhalartacha’ ábhair nó táirgí ar den chineál agus den cháilíocht tráchtála céanna iad, a bhfuil na saintréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir ceann amháin a idirdhealú ó cheann eile chun críoch tionscnaimh.
2. Déanfar ábhair idirmhalartacha nó táirgí idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh a dheighilt go fisiceach le linn stórála ionas go ndéanfar a stádas tionscnaimh agus neamhthionscnaimh a choinneáil.
3. D’ainneoin mhír 2, féadfar ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh a úsáid chun táirge a tháirgeadh gan iad a bheith deighilte go fisiceach ó chéile le linn stórála ar choinníoll go n-úsáidtear modh deighilte cuntasáochta.
4. D’ainneoin mhír 2, féadfar táirgí idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh a aicmítear faoi Chaibidlí 10, 15, 27, 28, 29 faoi cheantheidil 32.01 go 32.07, nó ceantheidil 39.01 go 39.14 den Chóras Comhchuibhithe a stóráil i bPáirtí sula n-onnmhairítear iad go Páirtí eile gach iad a dheighilt go fisiceach ar choinníoll go n-úsáidtear modh deighilte cuntasáochta.

5. Cuirfear an modh deighilte cuntasáochta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 i bhfeidhm i gcomhréir le modh bainistíochta stoic faoi phrionsabail chuntasáochta a nglactar leo go ginearálta sa Pháirtí ina n-úsáidtear an modh deighilte cuntasáochta.

6. Is éard a bheidh sa mhodh deighilte cuntasáochta aon mhodh lena n-áiríteofar nach dtugtar stádas tionscnaimh do níos mó táirgí tráth ar bith ná mar a thabharfaí dá ndéanfaí na hábhair nó na táirgí sin a dheighilt go fisiceach.

AIRTEAGAL 3.14

Táirgí a thugtar ar ais

Má fhilleann táirge tionscnaimh de chuid Páirtí a onnmhairítear ón bPáirtí sin chuig tríú tír ar an bPáirtí sin, measfar gur táirge neamhthionscnaimh é mura mbíonn an méid seo a leanas i gceist leis:

- (a) tá sé mar an gcéanna leis an gceann a onnmhairíodh; agus
- (b) ní dheachaigh sé faoi aon oibríocht seachas an oibríocht ba ghá chun bail mhaith a choinneáil air le linn dó a bheith sa tríú tír chuig ar onnmhairíodh é nó le linn a onnmhairithe.

AIRTEAGAL 3.15

Neamhathrú

1. Maidir le táirge tionscnaimh atá dearbhaithe le haghaidh úsáid intíre sa Pháirtí is allmhaireoir, ní bheidh, tar éis a onnmhairithe agus sula ndearbhaítear le haghaidh úsáid intíre é, athrú ná claochlú ar aon bhealach déanta air ná ní bheidh oibríochtaí déanta air seachas chun bail mhaith a choinneáil air nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméadacht eile a chur leis nó a ghreamú air chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir.
2. Féadfar táirge tionscnaimh a stóráil nó a thaispeáint i dtríú tír mura gceadófar an táirge tionscnaimh sin chun úsáide sa stát sa tríú tír sin.
3. Gan dochar do Roinn B (Nósanna imeachta tionscnaimh) den Chaibidil seo, féadfar coinsíneachtaí a roinnt i dtríú tír mura gceadófar na coinsíneachtaí chun úsáide sa stát sa tríú tír sin.
4. I gcás ina mbeidh amhras ann an gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear i mír 1 go mír 3, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir iarraidh ar an allmhaireoir fianaise a sholáthar go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh, fianaise a fhéadfar a thabhairt ar aon mhodh, lena n-áirítear doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta nó fianaise fhíorasach nó coincreíteach atá bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí nó aon fhianaise a bhaineann leis an táirge féin.

ROINN B

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

AIRTEAGAL 3.16

Éileamh ar chóir fhabhrach taraife

1. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir, cóir fhabhrach taraife do tháirge de thionscnamh an Pháirtí eile ar bhonn éilimh ón allmhaireoir ar chóir fhabhrach taraife. Is é an t-allmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an éilimh ar chóir fhabhrach taraife agus as comhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.
2. Beidh éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar na nithe seo a leanas:
 - (a) ráiteas maidir le tionscnamh arna dhéanamh ag an onnmhaireoir gur táirge tionscnaimh é an táirge; nó
 - (b) eolas an allmhaireora gur táirge tionscnaimh é an táirge.
3. Áireofar éileamh ar chóir fhabhrach taraife agus an bonn atá leis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 2 sa dearbhú allmhairiúcháin custaim i gcomhréir le dlí an Pháirtí is allmhaireoir.

4. An t-allmhaireoir a bhfuil an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife á dhéanamh aige bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, coinneoidh sé an ráiteas maidir le tionscnamh agus, i gcás ina n-éileoidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir é, cuirfidh sé cóip de faoi bhráid an údaráis custaim sin.

AIRTEAGAL 3.17

Éileamh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin

1. I gcás nach ndearna an t-allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe, ach go raibh an táirge cáilithe do chóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe; deonóidh an Páirtí is allmhaireoir cóir fhabhrach taraife agus déanfaidh sé aon dleacht chustaim bhreise a íocadh a aisíoc nó a loghadh.
2. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal mar choinníoll chun cóir fhabhrach taraife a dheonú faoi mhír 1 go ndéanfaidh an t-allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife agus go soláthróidh sé an bonn don éileamh dá dtagraítear in Airteagal 3.16(2) (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife). Déanfar an t-éileamh sin tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta an allmhairithe nó laistigh de thréimhse níos faide má shonraítear a leithéid i ndlí an Pháirtí is allmhaireoir.

AIRTEAGAL 3.18

Ráiteas maidir le tionscnamh

1. Déanfaidh onnmhaireoir táirge ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar bhonn faisnéise lena léireofar gur táirge tionscnaimh é an táirge, lena n-áirítear faisnéis faoi stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh i dtáirgeadh an táirge sin. Is é an t-onnmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an ráitis maidir le tionscnamh agus as an bhfaisnéis a sholáthrófar.
2. Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh i gceann de na leaganacha teanga a áirítear in Iarscríbhinn 3-C (Téacs an ráitis maidir le tionscnamh) ar shonrasc nó ar aon doiciméad eile ina dtugtar tuairisc ar an táirge tionscnaimh atá mionsonraithe go leordhóthanach chun gur féidir é a shainaithint¹. Ní cheanglóidh an Páirtí is allmhaireoir ar an allmhaireoir aistriúchán ar an ráiteas maidir le tionscnamh a chur isteach.
3. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí go ceann bliana amháin ón dáta a rinneadh amach é.
4. Féadfaidh feidhm a bheith ag ráiteas maidir le tionscnamh maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) lastas amháin de tháirge amháin nó níos mó a allmhairítear isteach i bPáirtí; nó

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé nach mór don onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh a dhéanamh amach agus go mbeidh an t-onnmhaireoir freagrach as mionsonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an táirge tionscnaimh a shainaithint, ní bheidh aon cheanglas ann i ndáil le céannacht ná le háit bhunaithe an duine a eiseoidh an sonrasc nó aon doiciméad eile más féidir an t-onnmhaireoir a shainaithint go soiléir leis an doiciméad sin.

(b) il-lastais de tháirgí comhionanna isteach i bPáirtí laistigh den tréimhse nach faide ná 12 mhí a shonrófar sa ráiteas maidir le tionscnamh.

5. Arna iarraidh sin don allmhaireoir agus faoi réir ceanglas a d'fhéadfadh an Páirtí is allmhaireoir a sholáthar, ceadóidh an Páirtí is allmhaireoir ráiteas aonair maidir le tionscnamh i dtaca le táirgí neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2, pointe (a), de Rialacha ginearálta um léiriú ar Chóras Comhchuibhithe a thagann faoi chuimsiú Roinn XV go Roinn XXI de Chóras Comhchuibhithe nuair a dhéantar na táirgí sin a allmhairiú i dtráthchodanna.

AIRTEAGAL 3.19

Mionearráidí nó mion-neamhréireachtaí

Ní dhiúltóidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife de bharr mionearráidí nó mion-neamhréireachtaí sa ráiteas maidir le tionscnamh.

AIRTEAGAL 3.20

Eolas an allmhaireora

Beidh eolas an allmhaireora, gur táirge de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir é táirge, bunaithe ar fhaisnéis lena léirítear gur táirge tionscnaimh é an táirge agus go gcomhlíonann sé na ceanglais dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 3.21

Ceanglais maidir le taifid a choinneáil

1. Ar feadh 3 bliana ar a laghad tar éis an dáta a rinneadh an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife dá dtagraítear in Airteagal 3.16 (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife) nó éileamh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3.17 (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin) nó ar feadh tréimhse níos faide a d'fhéadfadh a bheith sonraithe i ndlí an Pháirtí is allmhaireoir, allmhaireoir a dhéanann an t-éileamh sin ar chóir fhabhrach taraife le haghaidh táirge nó an t-éileamh sin ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin a allmhairítear isteach sa Pháirtí is allmhaireoir, coimeádfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) más ar ráiteas maidir le tionscnamh a bunaíodh an t-éileamh, an ráiteas maidir le tionscnamh a rinne an t-onnmhaireoir; nó
 - (b) na taifid uile lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais chun stádas tionscnaimh a fháil, más ar eolas an allmhaireora a bhí an t-éileamh bunaithe.
2. Onnmhaireoir a bhfuil ráiteas maidir le tionscnamh déanta amach aige, coimeádfaidh sé cóip den ráiteas sin agus de na taifid eile lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais chun stádas tionscnaimh a fháil, ar feadh 4 bliana ar a laghad tar éis dó an ráiteas sin a dhéanamh amach nó laistigh de thréimhse níos faide dá ndéantar foráil i ndlí an Pháirtí is onnmhaireoir.
3. Murab é onnmhaireoir táirgeoir na dtáirgí, agus más rud é go raibh sé ag brath ar fhaisnéis ó sholáthróir maidir le stádas tionscnaimh na dtáirgí sin, éileofar ar an onnmhaireoir an fhaisnéis a sholáthair an soláthróir sin a choimeád.

4. Féadfar na taifid, a choinneofar i gcomhréir leis an Airteagal seo, a choinneáil i bhformáid leictreonach.

AIRTEAGAL 3.22

Ceanglais nós imeachta a tharscaoileadh

1. D'ainneoin Airteagail 3.16 go 3.21, deonóidh an Páirtí is allmhaireoir cóir fhabhrach taraife don mhéid seo a leanas:

- (a) táirge a sheoltar i bpacáiste beag ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha; nó
- (b) táirge ar cuid é de bhagáiste pearsanta taistealaí.

2. Níl feidhm ag mír 1 ach amháin maidir le táirgí a bhí faoi réir dearbhú custaim lenar dearbhaíodh a gcomhréireacht le ceanglais na Caibidle seo, agus nach bhfuil aon amhras ar údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir maidir le firinneacht an dearbhaithe sin ina leith.

3. Níl na táirgí a leanas san áireamh le cur i bhfeidhm mhír 1:

- (a) táirgí a allmhairítear trí thrádáil, cé is moite d'allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlach más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála ag na táirgí;

- (b) táirgí ar cuid iad de shraith allmhairí a bhféadfaí a mheas le réasún go ndearnadh iad ar leithligh chun na ceanglais ó Airteagal 3.16 a sheachaint (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife);
- (c) táirgí ar mó a luach iomlán ná:
 - (i) i gcás an Aontais, EUR 500 i gcás táirgí a sheoltar i bpacáistí beaga, nó EUR 1 200 i gcás táirgí ar cuid iad de bhagáiste pearsanta taistealaí. Beidh na suimeanna atá le húsáid in airgeadra náisiúnta áirithe coibhéiseach san airgeadra sin leis na suimeanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Is iad na rátaí malairte iad siúd a fhoilseoidh an Banc Ceannais Eorpach don lá sin, mura gcuirfear ráta malairte eile in iúl don Choimisiún Eorpach faoin 15 Deireadh Fómhair, agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin. Tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra don Nua-Shéalainn faoi na rátaí malairte ábhartha;
 - (ii) i gcás na Nua-Shéalainne, NZD 1 000 i gcás táirgí a sheoltar i bpacáistí beaga agus i gcás táirgí ar cuid iad de bhagáiste pearsanta taistealaí araon.

4. Is é an t-allmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an dearbhaithe custaim dá dtagraítear i mír 2. Níl feidhm ag na ceanglais maidir le coimeád taifead a leagtar amach in Airteagal 3.21 (Ceanglais maidir le coimeád taifead) maidir leis an allmhaireoir nuair a bhíonn an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 3.23

Fíorú

1. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a fhíorú an táirge tionscnaimh é táirge agus an gcomhlíontar ceanglais eile na Caibidle seo, bunaithe ar mhodhanna measúnaithe riosca, a bhféadfadh roghnú randamach a bheith san áireamh leo. Féadfar an fíorú sin a dhéanamh trí bhíthin iarraidh ar fhaisnéis chuig an allmhaireoir a rinne an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife dá dtagraítear in Airteagal 3.16 (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife), tráth a gcuirtear isteach an dearbhú allmhairiúcháin, ceachtar acu roimh nó tar éis na táirgí a scaoileadh.
2. Ní chumhdóidh an fhaisnéis a iarrfar de bhun mhír 1 ach na heilimintí a leanas ar a mhéid:
 - (a) más ar ráiteas maidir le tionscnamh a bunaíodh an t-éileamh, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3.16(2) (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife), an ráiteas sin maidir le tionscnamh;
 - (b) má tá an critéar tionscnaimh bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (i) gur táirge arna fháil go hiomlán é, an chatagóir is infheidhme (amhail buaint, mianadóireacht, iascaireacht) agus an t-ionad táirgthe;
 - (ii) athrú ar aicmiú taraifí, liosta de na hábhair neamhthionscnaimh go léir, lena n-áirítear a rangú taraife (i bhformáid 2, 4 nó 6 dhigit, ag brath ar an gcritéar tionscnaimh);

- (iii) modh luacha, luach an táirge deiridh chomh maith le luach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáideadh i dtáirgeadh an táirge deiridh sin;
- (iv) meáchan, meáchan an táirge deiridh chomh maith le meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh ábhartha a úsáideadh agus an táirge deiridh sin á tháirgeadh;
- (v) próiseas táirgthe ar leith, tuairisc shonrach ar an bpróiseas táirgthe sin.

3. Agus an fhaisnéis a iarrtar á soláthar aige, féadfaidh an t-allmhaireoir aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith ábhartha chun críocha fíoraithe a chur isteach.

4. Má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh, cuirfidh an t-allmhaireoir údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir ar an eolas nach bhfuil an ráiteas maidir le tionscnamh a iarradh dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 3.16(2) ag an allmhaireoir (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife). Sa chás sin, féadfaidh an t-allmhaireoir an t-údarás custaim a chur ar an eolas gurb é an t-onnmhaireoir a sholáthróidh an fhaisnéis a iarradh go díreach.

5. Má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 3.16(2) (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife), tar éis dó faisnéis a iarraidh ar dtús i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú iarraidh ar fhaisnéis bhreise a sheoladh chuig an allmhaireoir má mheasann sé go bhfuil gá le faisnéis bhreise chun a fhíorú an bhfuil stádas tionscnaimh ag táirge nó an gcomhlíontar ceanglais eile na Caibidle seo. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a iarraidh ar an allmhaireoir doiciméid shonracha agus faisnéis shonrach a iarraidh, más iomchuí.

6. Le linn an fhíoraithe, ceadóidh an Páirtí is allmhaireoir scaoileadh na dtáirgí lena mbaineann. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir coinníollacha a leagan síos leis an scaoileadh sin go soláthróidh an t-allmhaireoir ráthaíocht nó go ndéanfaidh sé bearta réamhchúraim iomchuí eile arna n-éileamh ag na húdaráis chustaim a chur chun feidhme. Cuirfear deireadh le haon fhionraí ar chóir fhabhrach taraife a luaithe is féidir tar éis d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dheimhniú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíontar ceanglais eile na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 3.24

Comhar riaracháin

1. Chun a áirithiú go gcuirfear an Chaibidil seo i bhfeidhm go cuí, comhoibreoidh na Páirtithe, trí údarás custaim gach Páirtí, chun a fhíorú an táirge tionscnaimh é táirge agus an bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais eile dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.
2. Más ar ráiteas maidir le tionscnamh atá an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe agus tar éis dó faisnéis a iarraidh ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 3.23(1) (Fíorú), féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a bhfuil an fíorú á dhéanamh aige faisnéis a iarraidh freisin ar údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir laistigh de thréimhse 2 bhliain tar éis an dáta a rinneadh an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3.16(2) (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife) nó an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin in Airteagal 3.17(2) (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin), má mheasann údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir go dteastaíonn faisnéis bhreise uaidh chun stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó chun a fhíorú an gcomhlíontar na ceanglais eile dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir doiciméadacht agus faisnéis shonrach a iarraidh ar údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir, más iomchuí.

3. Beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh san iarraidh ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2:

- (a) an ráiteas maidir le tionscnamh;
- (b) céannacht an údaráis custaim a d'eisigh an iarraidh;
- (c) ainm an onnmhaireora;
- (d) ábhar agus raon feidhme an fhíoraithe; agus
- (e) aon doiciméadacht iomchuí, i gcás inarb infheidhme.

4. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir, i gcomhréir lena dhlíthe, doiciméadacht nó scrúdú a iarraidh trí fhianaise a iarraidh, nó trí chuairt a thabhairt ar áitreabh an onnmhaireora, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid agus chun breathnú ar na saoráidí a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.

5. Gan dochar do mhír 6, cuirfidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir a gheobhaidh an iarraidh ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 an fhaisnéis a leanas faoi bhráid údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir:

- (a) an doiciméadacht a iarradh, má tá sí ar fáil;
- (b) tuairim maidir le stádas tionscnaimh an táirge;

- (c) tuairisc ar an táirge atá faoi réir scrúdúcháin agus an t-aicmiú taraife a bhaineann le cur i bhfeidhm na Caibidle seo;
- (d) tuairisc agus míniú ar an bpróiseas táirgthe a bheidh leordhóthanach chun tacú le stádas tionscnaimh an táirge;
- (e) faisnéis maidir leis an gcaoi a ndearnadh an scrúdú; agus
- (f) doiciméadacht tacaíochta, más iomchuí.

6. Ní sholáthróidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir faisnéis a liostaítear i mír 5 d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir gan toiliú an onnmhaireora.

7. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála a údarás custaim agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi aon mhodhnú ar na sonraí teagmhála sin laistigh de 30 lá tar éis dháta an mhodhnaithe sin. I gcás an Aontais, beidh an Coimisiún Eorpach freagrach as na fógraí dá dtagraítear sa mhír seo.

AIRTEAGAL 3.25

Cóir fhabhrach taraife a dhiúltú

1. Gan dochar do na ceanglais i mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir cóir fhabhrach taraife a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:

(a) laistigh de 3 mhí tar éis dháta na hiarrata ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3.23(1)

(Fíorú):

(i) nár thug an t-allmhaireoir aon fhreagra;

(ii) más ar ráiteas maidir le tionscnamh a bhunaítear an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife, níor soláthraíodh aon ráiteas maidir le tionscnamh; nó

(iii) más ar eolas an allmhaireora a bhunaítear an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife, ní leor an fhaisnéis a sholáthair an t-allmhaireoir chun a dheimhniú go bhfuil stádas tionscnaimh ag an táirge;

(b) laistigh de 3 mhí tar éis dháta na hiarrata ar fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 3.23(5) (Fíorú):

(i) mura mbíonn aon fhreagra soláthartha ag an allmhaireoir; nó

- (ii) ní leor an fhaisnéis a sholáthair an t-allmhaireoir chun a dheimhniú go bhfuil stádas tionscnaimh ag an táirge;
- (c) laistigh de 10 mí tar éis dháta seachadta na hiarrata ar fhaisnéis de bhun Airteagal 3.24(2) (Comhar riaracháin):
- (i) mura mbíonn aon fhreagra soláthartha ag údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir; nó
 - (ii) nach leor an fhaisnéis a sholáthair údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir chun a dheimhniú go bhfuil stádas tionscnaimh ag an táirge.
2. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir cóir fhabhrach taraife a dhiúltú do tháirge a n-éilíonn allmhaireoir cóir fhabhrach taraife ina leith i gcás nach gcomhlíonfaidh an t-allmhaireoir ceanglais na Caibidle seo seachas na ceanglais a bhaineann le stádas tionscnaimh na dtáirgí.
3. Má bhíonn údar leordhóthanach ag údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir chun cóir fhabhrach taraife a dhiúltú faoi mhír 1 den Airteagal seo, i gcásanna ina mbeidh tuairim tugtha ag údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir maidir le stádas tionscnaimh an táirge dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3.24(5) (Comhar riaracháin) lena ndeimhnítear stádas tionscnaimh na dtáirgí, tabharfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir fógra d'údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir maidir lena chúiseanna agus go bhfuil sé ar intinn aige an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú laistigh de dhá mhí tar éis dó an tuairim sin a fháil.

4. Má tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 3, tionólfar comhairliúcháin arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe, laistigh de 3 mhí tar éis dháta an fhógra sin. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse chomhairliúcháin ar bhonn cás ar chás trí chomhaontú frithpháirteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe. Déanfar na comhairliúcháin i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag an gComhoiste um Chomhar Custaim, mura gcomhaontóidh údaráis chustaim na bPáirtithe a mhalairt.

5. Ar dhul in éag don tréimhse comhairliúcháin, i gcás nach bhféadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dheimhniú gur táirge tionscnaimh é, féadfaidh sé an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú má bhíonn údar leordhóthanach aige leis sin agus tar éis dó an ceart chun éisteacht a fháil a thabhairt don allmhaireoir. Mar sin féin, nuair a dheimhneoidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir stádas tionscnaimh na dtáirgí agus nuair a thabharfaidh sé údar leis an deimhniú sin, ní dhiúltóidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir cóir fhabhrach taraife do tháirge ar an bhforas gur cuireadh Airteagal 3.24(6) (Comhar riaracháin) i bhfeidhm, agus ar an bhforas sin amháin.

6. Laistigh de 2 mhí tar éis dháta a chinnidh chríochnaithigh maidir le stádas tionscnaimh an táirge, tabharfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir fógra d'údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir a sholáthair tuairim maidir le stádas tionscnaimh an táirge dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3.24(5) (Comhar riaracháin) faoin gcinneadh críochnaitheach sin.

AIRTEAGAL 3.26

Rúndacht

1. Coimeádfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlí, rúndacht faisnéise arna soláthar ag an bPáirtí eile nó ag duine den Pháirtí sin, de bhun na Caibidle seo, agus cosnóidh sé an fhaisnéis sin ar nochtadh.
2. Ní fhéadfar úsáid a bhaint as faisnéis a gheobhaidh údaráis an Pháirtí is allmhaireoir ach amháin chun críocha na Caibidle seo. Féadfaidh Páirtí faisnéis arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid in aon imeachtaí riaracháin, breithiúnacha nó garbhreithiúnacha arna dtionscnamh de dheasca nár comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo. Tabharfaidh Páirtí fógra roimh ré don Pháirtí eile nó do dhuine den Pháirtí sin a sholáthair an fhaisnéis faoin úsáid sin.
3. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar faisnéis rúnda arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid chun críocha seachas chun cinntí agus cinntiúcháin a bhaineann le tionscnamh agus le hábhair chustaim a riaradh agus a fhorghníomhú, ach amháin le cead ón bPáirtí eile nó ó dhuine den Pháirtí sin a sholáthar an fhaisnéis den sórt sin faoi rún. Má iarrtar faisnéis rúnda le haghaidh imeachtaí breithiúnacha nach mbaineann le hábhair thionscnaimh agus chustaim chun dlí Páirtí a chomhlíonadh, agus ar choinníoll go dtugann an Páirtí sin fógra roimh ré don Pháirtí eile nó do dhuine den Pháirtí sin a sholáthair an fhaisnéis agus go sonraíonn sé an ceanglas dlíthiúil maidir leis an úsáid sin, ní éileofar go bhfaighfear cead ón bPáirtí eile nó ó dhuine den Pháirtí sin a sholáthair an fhaisnéis rúnda.

AIRTEAGAL 3.27

Bearta agus smachtbhannaí riaracháin

Déanfaidh gach Páirtí forfheidhmiú éifeachtach na Caibidle seo a áirithiú. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a údaráis inniúla, i gcomhréir lena dhlí, in ann bearta riaracháin, agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí a fhorchur i leith sáruithe ar na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo.

ROINN C

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 3.28

Ceuta agus Melilla

1. Chun críocha na Caibidle seo, níl Ceuta agus Melilla san áireamh leis an téarma 'Páirtí'.

2. Maidir le táirgí de thionscnamh na Nua-Shéalainne, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta agus Melilla iad, beidh siad faoi réir an chórais custaim chéanna ar gach slí, lena n-áirítear cóir fhabhrach taraife, leis an gcóras a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótocal 2 a bhaineann leis na hOileáin Chanáracha agus Ceuta agus Melilla d'Ionstraim Aontachais 1985¹. An córas custaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí a allmhairítear ón Aontas ar táirgí de thionscnamh an Aontais iad, cuirfidh an Nua-Shéalainn an córas céanna i bhfeidhm, lena n-áirítear cóir fhabhrach taraife, maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad.
3. Beidh feidhm ag na rialacha tionscnaimh agus na nósanna imeachta tionscnaimh is infheidhme maidir leis an Nua-Shéalainn faoin gCaibidil seo agus tionscnamh táirgí a onnmhairítear ón Nua-Shéalainn go Ceuta agus Melilla á chinneadh. Beidh feidhm ag na rialacha tionscnaimh agus na nósanna imeachta tionscnaimh is infheidhme maidir leis an Aontas faoin gCaibidil seo agus tionscnamh táirgí a onnmhairítear ó Ceuta agus Melilla chuig an Nua-Shéalainn á chinneadh.
4. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.
5. Beidh údaráis chustaim na Spáinne freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm in Ceuta agus Melilla.

¹ IO AE L 302, 15.11.1985, lch 9.

AIRTEAGAL 3.29

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh táirgí atá faoi bhealach nó táirgí atá á stóráil

Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a chomhlíonann an Chaibidil seo, agus a bheidh, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, faoi bhealach ón bPáirtí is onnmhaireoir chuig an bPáirtí is allmhaireoir nó faoi rialú custaim sa Pháirtí is allmhaireoir gan dleachtanna allmhairiúcháin ná cánacha a íoc, faoi réir éileamh a dhéanamh ar chóir fhabhrach taraife dá dtagraítear in Airteagal 3.16 (Éileamh ar chóir fhabhrach taraife) ar údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir, laistigh de 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 3.30

An Comhchoiste um Chomhar Custaim

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.
2. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Comhchoiste um Chomhar Custaim, arna bhunú faoin CCMAA, i leith na caibidle seo:
 - (a) cuimhneamh a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an gCaibidil seo, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an athbhreithniú ar an gCóras Comhchuibhithe;

- (b) nótaí míniúcháin a ghlacadh, trí chinntí, chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú; agus
- (c) cinneadh a ghlacadh chun an nós imeachta maidir le comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3.25(4) (Cóir fhabhrach taraife a dhiúltú) a bhunú.

CAIBIDIL 4

CUSTAM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

AIRTEAGAL 4.1

Cuspóirí

Is iad cuspóirí na Caibidle seo:

- (a) éascú trádála a chur chun cinn maidir le hearraí a thrádáiltear idir na Páirtithe, ag áirithiú rialuithe custaim éifeachtacha san am céanna agus treocht cleachtas trádála á cur san áireamh;
- (b) trédhearcacht dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí a bhaineann leis na ceanglais maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí agus a gcomhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme a áirithiú;

- (c) a áirithiú go ndéanann gach Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin chustaim a bhaineann leis na ceanglais maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí a chur i bhfeidhm go hintuartha, go comhsheasmhach agus neamh-idirdhealaitheach;
- (d) simpliú agus nuachóiriú nósanna imeachta agus cleachtais chustaim gach Páirtí a chur chun cinn;
- (e) teicnící bainistithe riosca a fhorbairt a thuilleadh chun trádáil dhlísteanach a éascú agus slabhra soláthair na trádála idirnáisiúnta á dhaingniú san am céanna; agus
- (f) comhar idir na Páirtithe i réimse na n-ábhar custaim agus an éascaithe trádála a fheabhsú.

AIRTEAGAL 4.2

Comhar custaim agus cúnaimh riaracháin frithpháirteach

1. Comhoibreoidh údaráis inniúla na bPáirtithe maidir le cúrsaí custaim chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4.1 (Cuspóirí).
2. De bhreis ar CCMAA, forbróidh na Páirtithe comhar, lena n-áirítear sna réimsí seo a leanas:
 - (a) faisnéis a mhalartú maidir le dlíthe agus rialacháin chustaim, a gcur chun feidhme, agus nósanna imeachta custaim, go háirithe sna réimsí seo a leanas:
 - (i) forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla ag na húdaráis chustaim;

- (ii) gluaiseachtaí idirthurais agus trasloingsiú a éascú; agus
- (iii) caidrimh leis an bpobal gnó;
- (b) an comhar eatarthu i réimse an chustaim a neartú in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDT agus EDC;
- (c) féachaint lena gceanglais sonraí le haghaidh nósanna imeachta um allmhairiú agus um onnmhairiú agus nósanna imeachta eile um chustam a chomhchuiibhiú trí chomhchaighdeáin agus comheilimintí sonraí a chur chun feidhme de réir Shamhail Sonraí EDC;
- (d) i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, catagóirí áirithe faisnéise i ndáil le custam chun feabhas a chur ar bhainistíocht riosca agus ar éifeachtacht rialuithe custaim a mhalartú trí chumarsáid struchtúrtha athfhillteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe, ag díriú ar earraí ardriosca agus ag éascú trádáil dhlísteanach. Beidh malartuithe faoin bpointe sin gan dochar do mhalartuithe faisnéise a d'fhéadfadh tarlú idir na Páirtithe de bhun fhorálacha CCMAA maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach;
- (e) an comhar eatarthu a neartú maidir le teicnící bainistithe riosca, lena n-áirítear dea-chleachtais a roinnt, agus i gcás inarb iomchuí, faisnéis faoi riosca agus torthaí rialaithe; agus
- (f) aitheantas frithpháirteach a bhunú, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, do chlár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe agus do rialuithe custaim, lena n-áirítear bearta coibhéiseacha éascaithe trádála.

3. Gan dochar d'fhoirmeacha eile comhair a bheartaítear faoin gComhaontú seo, rachaidh údaráis chustaim na bPáirtithe i gcomhar, lena n-áirítear trí fhaisnéis a mhalartú, agus tabharfaidh siad cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile sna hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo i gcomhréir le forálacha CCMAA. Beidh aon mhalartú faisnéise idir na Páirtithe faoin gCaibidil seo *mutatis mutandis* faoi réir na rúndachta agus na cosanta ceanglais faisnéise a leagtar amach in Airteagal 17 de CCMAA chomh maith le haon cheanglais rúndachta agus phríobháideachais atá le comhaontú ag na Páirtithe.

AIRTEAGAL 4.3

Forálacha agus nósanna imeachta custaim

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a bhforálacha agus a nósanna imeachta custaim bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) na hionstraimí agus na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i réimse an chustaim agus na trádála ar ghlac gach Páirtí leo, lena n-áirítear, eilimintí substainteacha Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Nósanna Imeachta Custaim a Shimpliú agus a Chomhchuibhiú, arna dhéanamh in Kyoto an 18 Bealtaine 1973, arna leasú, (Coinbhinsiún Kyoto Athbhreithnithe) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983, chomh maith leis an gCreat Caighdeán chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú agus Samhail Sonraí EDC;
 - (b) trádáil dhlísteanach a chosaint agus a éascú trí fhorfheidhmiú agus trí chomhlíontacht éifeachtach na gceanglas is infheidhme dá ndéantar foráil faoina dlí;

- (c) dlíthe agus rialacháin chustaim atá comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, lena seachnaítear ualaí neamhriachtanacha ar oibreoirí eacnamaíocha, lena ndéantar foráil maidir le héascú breise le haghaidh oibreoirí lena n-áiríthítear leibhéal arda comhlíontachta, lena n-áirítear cóir fhabhrach maidir le rialuithe custaim roimh scaoileadh earraí, agus lena n-áiríthítear coimirce in aghaidh calaoise agus gníomhaíochtaí atá aindleathach nó ar féidir díobháil a dhéanamh dóibh; agus
- (d) rialacha lena n-áiríthítear go bhfuil aon phionós a fhorchuirtear i leith sáruithe ar dhlíthe agus ar rialacháin chustaim comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach agus nach gcuirfidh forchur an phionóis sin moill mhíchúí ar scaoileadh na n-earraí.
2. Ba cheart do gach Páirtí athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar a dhlíthe, a rialacháin agus a nósanna imeachta custaim. Déanfar nósanna imeachta custaim a chur i bhfeidhm freisin ar bhealach atá intuartha, comhsheasmhach agus trédhearcach.
3. Chun feabhas a chur ar mhodhanna oibre, agus chun neamh-idirdhealú, trédhearcacht, éifeachtúlacht, sláine agus cuntasacht oibríochtaí a áirithiú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:
- (a) ceanglais agus foirmiúlachtaí a shimpliú agus a athbhreithniú aon uair is féidir d'fhonn earraí a scaoileadh agus a imríteach go tapa; agus
- (b) oibriú i dtreo tuilleadh simplithe agus caighdeánaithe ar shonraí agus ar dhoiciméadacht a éilíonn údaráis chustaim agus gníomhaireachtaí eile.

AIRTEAGAL 4.4

Scaoileadh earraí

1. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta custaim, nó cloífidh sé le nósanna imeachta custaim:
 - (a) lena ndéanfar foráil maidir le scaoileadh pras earraí laistigh de thréimhse nach faide ná mar is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar a dhlíthe agus a rialacháin agus sin a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar theacht na n-earraí;
 - (b) lena ndéanfar foráil maidir le réamhchur isteach agus réamhphróiseáil leictreonach doiciméadachta agus aon fhaisnéis eile is gá sula dtiocfaidh na hearraí isteach, chun gur féidir earraí a scaoileadh ar theacht isteach dóibh;
 - (c) lena bhféadfar earraí a scaoileadh sula gcinnfear go críochnaitheach na dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir is infheidhme, mura ndéanfar cinneadh den sórt sin roimh theacht, nó ar theacht, nó a luaithe is féidir tar éis teachta agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais rialála eile go léir. Mar choinníoll leis an scaoileadh sin, féadfaidh gach Páirtí ráthaíocht a éileamh i leith aon mhéid nár cinneadh go fóill i bhfoirm urra, taisece nó ionstraim iomchuí eile dá bhforáiltear ina dhlíthe agus ina rialacháin. Ní bheidh an ráthaíocht sin níos mó ná an méid a theastóidh ón bPáirtí chun a áirithiú go n-íocfar na dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir a bheidh dlite sa deireadh as na hearraí a chumhdaítear leis an ráthaíocht. Déanfar an ráthaíocht a urscaoileadh nuair nach mbeidh sí ag teastáil a thuilleadh; agus

- (d) ceadófar léi earraí a scaoileadh ag an bpointe teachta, gan iad a aistriú go sealadach chuig trádstórais nó chuig saoráidí eile, ar choinníoll go mbeidh na hearraí incháilithe lena scaoileadh.
2. Déanfaidh gach Páirtí, a mhéid is féidir, an doiciméadacht is gá chun earraí a scaoileadh a íoslaghdú.
3. Féachfaidh gach Páirtí lena cheadú go scaoilfear earraí ar gá iad a imréiteach go práinneach go gasta, lena n-áirítear lasmuigh de ghnáthuaireanta gnó údarás custaim agus údarás ábhartha eile.
4. Déanfaidh gach Páirtí, a mhéid is féidir, nósanna imeachta custaim a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena ndéanfar foráil maidir le scaoileadh gasta coinsíneachtaí áirithe agus rialú custaim iomchuí á gcoinneáil ar bun san am céanna, lena n-áirítear cur isteach doiciméid aonair ina gcumhdófar na hearraí uile sa loingsiú a cheadú, trí mhodhanna leictreonacha más féidir.

AIRTEAGAL 4.5

Earraí meatacha

1. Chun críocha an Airteagail seo, is éard is ‘earraí meatacha’ ann earraí a mheathann go gasta de bharr a dtréithe nádúrtha, go háirithe in éagmais coinníollacha stórála iomchuí.
2. Chun meath nó cailteanas ineachanta earraí meatacha a chosc, tabharfaidh gach Páirtí tosaíocht iomchuí d’earraí meatacha agus iad ag sceidealú agus ag déanamh aon scrúduithe a d’fhéadfaí a éileamh.

3. De bhreis ar phointe (a) d'Airteagal 4.4(1) (Scaoileadh earraí), agus arna iarraidh sin don oibreoir eacnamaíoch, déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas, i gcás inarb indéanta agus i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin:

- (a) foráil a dhéanamh maidir le coinsíneacht earraí meatacha a imréiteach lasmuigh de ghnáthuaireanta gnó údarás custaim agus údarás ábhartha eile; agus
- (b) coinsíneachtaí earraí meatacha a cheadú lena n-aistriú chuig áitreabh an oibreora eacnamaíoch agus iad a imréiteach ar an áitreabh sin.

AIRTEAGAL 4.6

Nósanna imeachta custaim simplithe

Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó cloífidh sé le nósanna imeachta, lena ligfear do thrádálaithe nó d'oibreoirí a chomhlíonann na critéir a shonraítear ina dhlíthe agus ina rialacháin tairbhe a bhaint as simpliú breise ar nósanna imeachta custaim. Féadfar na nithe a leanas a áireamh ar na bearta sin:

- (a) dearbhuithe custaim ina bhfuil tacar laghdaithe sonraí nó doiciméid tacaíochta; nó
- (b) dearbhuithe custaim tréimhsiúla maidir le dleachtanna custaim agus cánacha lena gcumhdaítear allmhairí iolracha a chinneadh agus a íoc laistigh de thréimhse áirithe, tar éis scaoileadh na n-earraí allmhairithe sin.

AIRTEAGAL 4.7

Idirthuras agus trasloingsiú

1. Áiritheoidh gach Páirtí go n-éascófar agus go ndéanfar rialú éifeachtach ar oibríochtaí trasloingsithe agus ar ghluaiseachtaí idirthurais trína chríoch féin.
2. Áiritheoidh gach Páirtí comhar agus comhordú idir na húdaráis agus na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann ina chríoch féin chun an trácht faoi bhealach a éascú.
3. Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais rialála uile, ceadóidh gach Páirtí aistriú earraí, a bhfuil sé beartaithe iad a allmhairiú, tríd a chríoch faoi rialú custaim ó oifig custaim iontrála go dtí oifig custaim eile ina chríoch óna ndéanfaí na hearraí a scaoileadh nó a imreiteach.

AIRTEAGAL 4.8

Bainistíocht riosca

1. Glacfaidh gach Páirtí córas bainistíochta riosca nó déanfaidh sé é a choinneáil ar bun le haghaidh rialú custaim.
2. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach go seachnófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar, nó srianta faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

3. Díreoidh gach Páirtí rialú custaim agus rialuithe ábhartha eile teorann ar choinsíneachtaí ardriosca agus déanfaidh sé scaoileadh coinsíneachtaí lena mbaineann riosca íseal a bhrostú. Féadfaidh gach Páirtí coinsíneachtaí a roghnú freisin, ar bhonn randamach, le haghaidh rialuithe den sórt sin mar chuid dá bhainistiú riosca.
4. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a bhunú ar mheasúnú riosca trí chritéir iomchuí roghnaíochta.

AIRTEAGAL 4.9

Iniúchadh iar-imréitigh

1. D'fhonn scaoileadh earraí a bhrostú, déanfaidh gach Páirtí iniúchadh iar-imréitigh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe custaim agus dlíthe gaolmhara agus rialacháin ghaolmhara eile.
2. Roghnóidh gach Páirtí duine nó coinsíneacht le haghaidh iniúchta iar-imréitigh ar mhodh rioscabhunaithe, lena bhféadfaí critéir iomchuí roghnaíochta a chur san áireamh ann. Déanfaidh gach Páirtí iniúchadh iar-imréitigh ar bhealach trédhearcach. I gcás ina mbeidh baint ag an duine leis an bpróiseas iniúchta agus inar baineadh torthaí dochloíte amach, cuirfidh an Páirtí na torthaí agus a chearta agus a oibleagáidí agus na cúiseanna leis na torthaí in iúl don duine, a ndearnadh iniúchadh ar a thaifead, gan mhoill.
3. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar an fhaisnéis a fhaightear san iniúchadh iar-imréitigh a úsáid in imeachtaí breise riaracháin nó breithiúnacha.

4. I gcás inar praiticiúil, bainfidh na Páirtithe úsáid as toradh an iniúchta iar-imréitigh agus bainistíocht riosca á cur i bhfeidhm acu.

AIRTEAGAL 4.10

Oibreoírí eacnamaíocha údaraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí clár comhpháirtíochta a bhunú nó a choinneáil ar bun le haghaidh oibreoírí a chomhlíonann critéir shonraithe (dá ngairtear ‘oibreoírí eacnamaíocha údaraithe’ anseo feasta).

2. Foilseofar na critéir shonraithe chun cáiliú mar oibreoír eacnamaíoch údaraithe agus bainfidh siad le comhlíontacht na gceanglas a shonraítear i ndlíthe agus i rialacháin nó nósanna imeachta na bPáirtithe faoi seach. Féadfar a áireamh ar chritéir den sórt sin:

- (a) taifead iomchuí ar chomhlíontacht chustaim agus ar chomhlíontacht dlíthe agus rialachán gaolmhar eile;
- (b) córas maidir le taifid a bhainistiú chun gur féidir na rialuithe inmheánacha is gá a dhéanamh;
- (c) sócmhainneacht airgeadais, lena n-áirítear urrús nó ráthaíocht leordhóthanach a sholáthar, i gcás inarb iomchuí; agus
- (d) slándáil an tslabhra soláthair.

3. Ní dhéanfar na critéir shonraithe chun cáiliú mar oibreoir eacnamaíoch údaraithe a cheapadh ná a chur i bhfeidhm sa tslí go gceadófar nó go gcruthófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir oibreoirí i gcás ina bhfuil na coinníollacha céanna i réim, agus ceadófar rannpháirtíocht FBManna leo.

4. Áireofar i gclár an oibreora eacnamaíoch údaraithe tairbhí sonracha le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, amhail:

- (a) ráta íseal cigireachtaí agus scrúduithe fisiceacha, de réir mar is iomchuí;
- (b) cóir thosaíochta má roghnaítear le haghaidh rialú iad;
- (c) am scoilte thapa, de réir mar is iomchuí;
- (d) íocaíocht iarchurtha dleachtanna custaim, cánacha custaim, táillí custaim agus muirir chustaim;
- (e) úsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha nó ráthaíochtaí laghdaithe;
- (f) dearbhú custaim aonair le haghaidh allmhairí nó onnmhairí uile i dtréimhse áirithe; agus
- (g) imréiteach earraí ar áitreabh an oibreora eacnamaíoch údaraithe nó in áit eile arna húdarú ag na húdaráis chustaim.

5. D'ainneoin mhíreanna 1 go 4, féadfaidh Páirtí na tairbhí eiseamláireacha a liostaítear i mír 4 a thairiscint trí nósanna imeachta custaim atá ar fáil go ginearálta do gach oibreoir, agus sa chás sin ní éilítear ar an bPáirtí sin scéim ar leith a bhunú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe.

6. D'fhéadfadh na Páirtithe comhar a chothú idir údaráis chustaim agus údaráis nó gníomhaireachtaí rialtais eile laistigh de Pháirtí i ndáil le cláir oibreoirí eacnamaíocha údaraithe. D'fhéadfaí comhar den sórt sin a bhaint amach, *inter alia*, ach ceanglais a ailíniú, rochtain ar thairbhí a éascú agus dúbláil neamhriachtanach a íoslaghdú.

AIRTEAGAL 4.11

Faisnéis a fhoilsiú agus a bheith ar fáil

1. Déanfaidh gach Páirtí, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus inrochtana go héasca agus a mhéid is féidir tríd an idirlíon, dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta custaim, a bhaineann leis na ceanglais maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí, a fhoilsiú go pras. Áireofar leis sin:

- (a) nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n-áirítear nósanna imeachta calafoirt, nósanna imeachta aerfoirt agus nósanna imeachta eile a bhaineann leis an bpointe iontrála, agus na foirmeacha agus doiciméid is gá;
- (b) rátaí feidhmeacha dleachtanna agus cánacha de gach saghas a fhorchuirtear ar allmhairiú nó onnmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú;
- (c) táillí agus muirir a fhorchuireann gníomhaireachtaí rialtais, nó a fhorchuirtear ar a son, ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras nó i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;
- (d) rialacha chun táirgí a aicmiú nó a luacháil chun críocha custaim;

- (e) dlíthe, rialacháin agus rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta a bhaineann le rialacha tionscnaimh;
- (f) srianta nó toirmisc ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;
- (g) forálacha pionóis in aghaidh sáruithe ar fhoirmiúlachtaí allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin nó idirthurais;
- (h) nósanna imeachta achomhairc;
- (i) comhaontuithe nó codanna díobh le haon tír nó tíortha a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;
- (j) nósanna imeachta a bhaineann le riaradh cuótaí taraife;
- (k) uaireanta oibriúcháin le haghaidh oifigí custaim; agus
- (l) fógraí iomchuí de chineál riaracháin.

2. Féachfaidh gach Páirtí le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta custaim nua a chur ar fáil don phobal, a bhaineann leis na ceanglais maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí sula gcuirtear i bhfeidhm iad, chomh maith le hathruithe agus léirmhínte orthu.

3. Áiritheoidh gach Páirtí, a mhéid is féidir, go mbeidh tréimhse ama réasúnta ann idir dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta custaim, táillí nó muirir atá leasaithe nó nua a fhoilsiú agus a dteacht i bhfeidhm.

4. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas a chur ar fáil agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí tríd an idirlíon:
- (a) tuairisc ar a nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n-áirítear nósanna imeachta achomhairc, faisnéis a thabhairt faoi na céimeanna praiticiúla is gá chun allmhairiú agus onnmhairiú a dhéanamh, agus le haghaidh idirthurais;
 - (b) na foirmeacha agus doiciméid is gá le haghaidh allmhairiú go críoch an Pháirtí nó onnmhairiú as nó idirthuras a dhéanamh tríd; agus
 - (c) faisnéis teagmhála maidir le pointí fiosrúcháin.
5. Déanfaidh gach Páirtí pointí fiosrúcháin a bhunú nó a choinneáil ar bun faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil aige chun freagra a thabhairt laistigh de thréimhse ama réasúnta ar fhiosrúcháin ó rialtais, ó thrádálaithe agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le hábhair a chumhdaítear le mír 1. Ní éileoidh Páirtí go n-íocfar táille chun fiosrúcháin a fhreagairt ón bPáirtí eile.

AIRTEAGAL 4.12

Réamhrialuithe

1. Déanfaidh údarás custaim gach Páirtí réamhrialuithe a eisiúint d'iarratasóir ina leagfar amach an chóir atá le cur ar na hearraí lena mbaineann, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin. Déanfar na rialuithe sin a eisiúint i scríbhinn nó i bhformáid leictreonach faoi cheangal ama agus beidh an fhaisnéis uile is gá iontu. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh iarratasóir de chuid an Pháirtí eile réamhrialú a eisiúint chuig Páirtí agus go bhféadfar é a úsáid sa Pháirtí.

2. Eiseofar réamhrialuithe maidir leis an méid a leanas:
 - (a) aicmiú earraí de réir taraife;
 - (b) tionscnamh earraí; agus
 - (c) an modh nó na critéir iomchuí, agus a gcur i bhfeidhm, a úsáidfeadh chun an luach custaim a chinneadh faoi thacar áirithe fíoras, má cheadaítear a leithéid le dlíthe agus le rialacháin Páirtí.

3. Beidh réamhrialuithe bailí ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad ó dháta a n-eisiúna nó ó dháta éigin eile má shonraítear é sin sa rialú. Féadfaidh an Páirtí eisiúna réamhrialú a mhodhnú nó a chúlghairm, a neamhbhailiú nó a neamhniú má bhí an rialú bunaithe ar fhaisnéis atá mícheart, neamhiomlán, bréagach nó míthreorach, ar earráid riaracháin nó má tá athrú sa dlí, sna fíorais ábhartha nó sna himthosca ar a bhfuil an rialú bunaithe.

4. Féadfaidh Páirtí diúltú réamhrialú a eisiúint má bhíonn an cheist a ardaítear san iarratas faoi réir athbhreithnithe riaracháin nó bhreithiúnaigh, nó mura mbaineann an t-iarratas le haon úsáid a bheartaítear a bhaint as an réamhrialú nó le haon úsáid a bheartaítear a bhaint as nós imeachta custaim. Má dhiúltaíonn Páirtí réamhrialú a eisiúint, tabharfaidh an Páirtí sin fógra i scríbhinn don iarratasóir go pras, ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh.

5. Foilseoidh gach Páirtí, ar a laghad:
 - (a) na ceanglais chun iarratas a dhéanamh ar réamhrialú, lena n-áirítear an fhaisnéis atá le soláthar agus an fhormáid;

- (b) an tréimhse ama faoina n-eiseoidh sé réamhrialú; agus
- (c) an fad ama a bhfuil an réamhrialú bailí lena linn.

6. Má dhéanann Páirtí réamhrialú a mhodhnú, a chúlghairm, a chur ó bhail nó a neamhniú, soláthróidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh. Ní féidir leis an bPáirtí réamhrialú le héifeacht chúlghabhálach a mhodhnú, a chúlghairm, a chur ó bhail ná a neamhniú mura raibh an réamhrialú bunaithe ar fhaisnéis a bhí neamhiomlán, mícheart, bréagach nó míthreorach.

7. Beidh réamhrialú arna eisiúint ag Páirtí ina cheangal ar an bPáirtí sin i leith an iarratasóra a d'iarr é. Féadfaidh an Páirtí foráil a dhéanamh go mbeidh an réamhrialú ina cheangal ar an iarratasóir.

8. Déanfaidh gach Páirtí, ar iarraidh i scríbhinn ón iarratasóir, athbheithniú ar réamhrialú nó ar chinneadh maidir leis an réamhrialú a leasú, a chúlghairm nó a neamhbhailiú a chur ar fáil.

9. Déanfaidh gach Páirtí faisnéis maidir le réamhrialuithe a chur ar fáil go poiblí, agus an gá atá le faisnéis phearsanta agus faisnéis rúnda tráchtála a chosaint á chur san áireamh.

10. Eiseoidh gach Páirtí réamhrialú gan mhoill, agus de ghnáth laistigh de 150 lá tar éis an dáta a fuarthas an fhaisnéis uile is gá. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin Páirtí, má tá gá le ham breise chun a áirithiú go n-eiseofar na réamhrialuithe ar bhealach ceart agus aonfhoirmeach. Sa chás sin, cuirfidh an Páirtí an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis an gcúis atá leis an síneadh agus fad an tsínidh.

AIRTEAGAL 4.13

Bróicéirí custaim

Ní éileofaí le forálacha agus nósanna imeachta custaim Páirtí, úsáid shainordaitheach bróicéirí custaim. Tabharfaidh gach Páirtí fógra maidir le húsáid bróicéirí custaim agus foilseoidh sé a bhearta maidir le húsáid bróicéirí custaim. Cuirfidh gach Páirtí rialacha trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha i bhfeidhm má dhéanann siad bróicéirí custaim a cheadúnú agus nuair a dhéanfaidh siad iad a cheadúnú.

AIRTEAGAL 4.14

Luacháil custaim

1. Cinnfidh gach Páirtí luach custaim earraí i gcomhréir le Cuid I den Chomhaontú maidir le Luacháil Chustaim. Chuige sin, déantar Cuid 1 den Chomhaontú maidir le Luacháil Chustaim a ionchorprú leis seo sa Chomhaontú seo agus déantar cuid de í, *mutatis mutandis*.
2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn teacht ar chur chuige coiteann i leith saincheisteanna a bhaineann le luacháil custaim.

AIRTEAGAL 4.15

Gníomhaíochtaí cigireachtaí réamhsheolta

Ní cheanglóidh Páirtí go n-úsáidfeadh go héigeantach gníomhaíochtaí cigireachta réamhsheolta de réir bhrí Airteagal 1(3) den Chomhaontú maidir le Cigireacht Réamhsheolta, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT.

AIRTEAGAL 4.16

Achomharc agus athbhreithniú

1. Soláthróidh gach Páirtí nósanna imeachta éifeachtacha, prasa, neamh-idirdhealaitheacha, a mbeidh rochtain éasca orthu, chun ráthaíocht a thabhairt i leith an ceart achomharc a dhéanamh in aghaidh gníomhaíochtaí riaracháin, rialuithe agus cinntí de chuid údarás custaim nó údarás inniúil eile a dhéanann difear d'allmhairiú nó d'onnmhairiú earraí nó d'earraí faoi bhealach.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh rochtain ag aon duine a ndéanfaidh sé gníomh riaracháin ina leith dá dtagraítear i mír 1 nó a n-eiseoidh sé rialú nó cinneadh dá dtagraítear i mír 1 chuige ar an méid seo a leanas:
 - (a) achomharc riaracháin chuig údarás riaracháin níos airde ná nó neamhspleách ar an oifigeach nó an oifig a rinne an ghníomhaíocht riaracháin nó a d'eisigh an rialú nó an cinneadh athbhreithniú de chuid údarás riaracháin dá leithéid; nó
 - (b) achomharc nó athbhreithniú breithiúnach ar an ngníomhaíocht riaracháin nó ar an rialú nó ar an gcinneadh.

3. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás nach n-eiseofar an cinneadh ar achomharc nó ar athbhreithniú riaracháin faoi phointe (a) de mhír 2 laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear ina dhlíthe agus ina rialacháin nó nach n-eiseofar é gan moill mhíchuí, go mbeidh sé de cheart ag an achainíoch achomharc breise riaracháin nó breithiúnach a dhéanamh chuig an údarás breithiúnach i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin, nó cur isteach ar athbhreithniú riaracháin nó breithiúnach breise, nó dul ar iontaoibh leis ar aon bhealach eile.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófaí na cúiseanna leis an gcinneadh riaracháin don achainíoch i scríbhinn chun go gcuirfear ar chumas an duine sin dul ar iontaoibh nósanna imeachta achomhairc nó athbhreithniúcháin i gcás inar ghá.

AIRTEAGAL 4.17

Rannpháirtíocht leis an bpobal gnó

1. Agus cuimhneamh á dhéanamh ar an ngá atá le comhairliúcháin thráthúla agus thráthrialta le hionadaithe trádála maidir le tograí reachtacha agus nósanna imeachta ginearálta a bhaineann le saincheisteanna custaim agus éascaithe trádála, reachtálfaidh riarachán custaim gach Páirtí comhairliúcháin le pobal gnó an Pháirtí sin.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, nuair is féidir, go leanfar leis na ceanglais agus nósanna imeachta custaim agus na ceanglais agus nósanna imeachta gaolmhara dá gcuid, de fhreastal ar riachtanais an chomhphobail gnó, de na cleachtais is fearr a nglactar leo go hidirnáisiúnta a leanúint, agus d'fhanacht is lú sriantach ar thrádáil agus is féidir.

AIRTEAGAL 4.18

An Comhchoiste um Chomhar Custaim

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.
2. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gComhchoiste um Chomhar Custaim i leith na gCaibidlí agus na bhforálacha a thagann faoi réim a chuid inniúlachtaí de bhun Airteagal 24.4(2) (Coistí speisialaithe), cé is moite de Chaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh):
 - (a) réimsí le feabhas a chur orthu a shainaitheint agus iad á gcur chun feidhme agus á bhfeidhmiú; agus
 - (b) bealaí agus modhanna iomchuí a lorg chun teacht ar réitigh a chomhaontófar go frithpháirteach i ndáil le haon ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
3. Féadfaidh an Comhchoiste um Chomhar Custaim cinntí a ghlacadh i ndáil leis na réimsí a liostaítear in Airteagal 4.2(2) (Comhar custaim agus cúnaimh riaracháin frithpháirteach), lena n-áirítear, i gcás ina measann sé gur gá a leithéid, chun pointí (d) agus (f) de mhír 2 den Airteagal sin a chur chun feidhme.

CAIBIDIL 5

LEIGHEASANNA TRÁDÁLA

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 5.1

Neamhfheidhm na rialacha tionscnaimh fabhracha

Chun críocha Roinne B (Dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh) den Chaibidil seo agus Roinne C (Bearta coimirce domhanda) den Chaibidil seo, níl feidhm ag na rialacha tionscnaimh fabhracha faoi Chaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh).

AIRTEAGAL 5.2

Neamhfheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach Díospóidí) maidir le Roinn B (Dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh) den Chaibidil seo agus Roinn C (Bearta coimirce domhanda) den Chaibidil seo.

ROINN B

DLEACHTANNA FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITHCHÚITIMH

AIRTEAGAL 5.3

Trédhearcacht

1. Ba cheart leigheasanna trádála a úsáid i gcomhréir iomlán le ceanglais ábhartha EDT agus ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar chóras cóir agus trédhearcach.
2. Gan dochar d'Airteagal 6.5 den Chomhaontú Frithdhumpála agus d'Airteagal 12.4 de Chomhaontú SCM, áiritheoidh gach Páirtí a luaithe is féidir tar éis aon bheart sealadach a fhorchur agus sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach go nochtfar na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha uile ar a bhfuil cinneadh chun bearta cinntitheacha a chur i bhfeidhm bunaithe go hiomlán agus ar bhealach fóinteach. Déanfar nochtadh i scríbhinn agus tabharfar am leordhóthanach do pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt.
3. Ar choinníoll nach gcuirfidh sé moill gan ghá ar dhéanamh an imscrúdaithe, tabharfar an deis do gach páirtí leasmhar a dtuairimí a chur in iúl le linn imscrúduithe a bhaineann le leigheas trádála.

AIRTEAGAL 5.4

Leas an phobail a mheas

1. Féadfaidh Páirtí staonadh ó bhearta frithdhumpála nó frithchúitimh a chur i bhfeidhm ar earraí de chuid an Pháirtí eile más rud é, ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil le linn an imscrúdaithe de bhun na gceanglas faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin, go bhféadfar an chonclúid a dhéanamh nach ar mhaithe le leas an phobail é na bearta sin a chur i bhfeidhm.
2. Agus cinneadh críochnaitheach á dhéanamh aige maidir le dleachtanna a fhorchur, déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, faisnéis arna soláthar ag páirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh, agus d'fhéadfaí a áireamh ar an bhfaisnéis sin an tionscal intíre, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí ionadaíocha agus eagraíochtaí tomhaltóra ionadaíocha.

AIRTEAGAL 5.5

Riail na dleachta is lú

Má fhorchuireann Páirtí dleacht frithdhumpála ar earraí de chuid an Pháirtí eile, ní sháróidh méid na dleachta sin an corrlach dumpála. Más leor dleacht ar lú a méid ná an corrlach dumpála chun an díobháil don tionscal intíre a bhaint, glacfaidh an Páirtí an dleacht is lú sin i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin.

ROINN C

BEARTA COIMIRCE DOMHANDA

AIRTEAGAL 5.6

Trédhearcacht

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh an Páirtí a thionscnaíonn imscrúdú coimirce domhanda nó a bheartaíonn bearta coimirce domhanda a chur i bhfeidhm fógra i scríbhinn a sholáthar láithreach maidir leis an bhfaisnéis ábhartha uile a gcuirfear tús le himscrúdú coimirce domhanda nó a bhforchuirfear bearta coimirce domhanda mar thoradh uirthi, lena n-áirítear maidir le torthaí sealadacha, más ábhartha. Tá sé sin gan dochar d'Airteagal 3.2 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta.
2. Féachfaidh gach Páirtí le bearta coimirce domhanda a fhorchur ar an mbealach is lú a dhéanann difear do thrádáil idir na Páirtithe.
3. Chun críocha mhír 2, má mheasann Páirtí go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le bearta coimirce domhanda cinntitheacha a fhorchur, tabharfaidh an Páirtí a bheartaíonn na bearta sin a chur i bhfeidhm fógra don Pháirtí eile agus féachfaidh sé le deis leordhóthanach a thabhairt le haghaidh comhairliúcháin roimh ré leis an bPáirtí sin, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis arna soláthar faoi mhír 1 agus tuairimí a mhalartú maidir leis na bearta coimirce domhanda atá beartaithe sula nglacfar cinneadh críochnaitheach.

ROINN D

BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

AIRTEAGAL 5.7

Sainmhíithe

Chun críocha na Roinne seo, tá feidhm ag na sainmhíithe a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘beart coimirce déthaobhach’ beart coimirce déthaobhach a shainítear in Airteagal 5.8 (Beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm);
- (b) ciallaíonn ‘tionscal intíre’, i leith earra a allmhairíodh, táirgeoirí na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí atá iomaíoch go díreach ina n-iomláine a oibríonn ar chríoch Páirtí, nó na táirgeoirí arb ionann comhtháirgeadh na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha agus cuid mhór de tháirgeadh intíre iomlán na n-earraí den sórt sin;
- (c) ciallaíonn ‘meath tromchúiseach’ deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear táirgí comhchosúla nó earraí atá iomaíoch go díreach;
- (d) ciallaíonn ‘mórdhíobháil’ lagú suntasach foriomlán ar sheasamh tionscail intíre;

- (e) ciallaíonn ‘bagairt meatha thromchúisigh’ go bhfuil an-seans ann go dtarlóidh meath tromchúiseach, ar bhonn fíoras agus ní ar bhonn líomhainte, tuairimíochta nó féidearthachta fánaí amháin;
- (f) ciallaíonn ‘bagairt mórdhíobhála’ go bhfuil an-seans ann go dtarlóidh mórdhíobháil, ar bhonn fíoras agus ní ar bhonn líomhainte, tuairimíochta nó féidearthachta fánaí amháin; agus
- (g) ciallaíonn ‘idirthréimhse’ tréimhse 7 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 5.8

Beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm

1. Gan dochar do chearta agus d’oibleagáidí na bPáirtithe faoi Roinn C (Bearta coimirce domhanda) den Chaibidil seo, más rud é, mar thoradh ar dhleacht chustaim faoin gComhaontú seo a laghdú nó a dhíchur, go bhfuil earra de thionscnamh Páirtí á allmhairiú isteach i gcríoch an Pháirtí eile i gcainníochtaí méadaithe, i ndearbhthearmaí nó i gcoibhneas le táirgeadh intíre, agus faoi cibé coinníollacha a mbeadh mórdhíobháil ann do thionscal intíre an Pháirtí eile dá bharr nó dá mbagrófaí a leithéid, d’fhéadfadh an Páirtí eile sin beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, le linn na hidirthréimhse agus i gcomhréir leis na coinníollacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Roinn seo amháin.
2. Ní fhéadfaidh ach an méid seo a leanas a bheith i gceist le bearta coimirce déthaobhacha a chuirtear i bhfeidhm de bhun mhír 1:
 - (a) fionraíocht aon laghdaithe breise ar an ráta dleachta custaim ar an earra lena mbaineann i gcomhréir le Caibidil 2 (Cóir náisiúnta agus rochtain ar an margadh le haghaidh earraí); nó

- (b) an ráta dleachta custaim ar an earra lena mbaineann a mhéadú go leibhéal nach mó ná an ráta is ísle díobh seo a leanas:
 - (i) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá a chuirtear an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm; nó
 - (ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 5.9

Caighdeán maidir le beart coimirce déthaobhach

1. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm:
 - (a) ach amháin a mhéid is gá, agus go ceann cibé tréimhse is gá, chun an mhórdhíobháil nó an bhagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó an meath tromchúiseach nó bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí a chosc nó a leigheas;
 - (b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain; agus
 - (c) i ndiaidh dhul in éag na hidirthréimhse.

2. Féadfar síneadh 1 bhliana a chur leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 ar choinníoll:
 - (a) go gcinneadh údarais imscrúdúcháin inniúla an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha), gur gá an beart coimirce déthaobhach i gcónaí chun an mhórdhíobháil, nó an bhagairt mórdhíobhála ar an tionscal intíre nó an meath tromchúiseach, nó bagairt meatha thromchúisigh, i gcás eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiúin is forimeallaí a chosc nó a leigheas; agus
 - (b) go bhfuil fianaise ann go bhfuil coigeartuithe ag teacht ar an tionscal intíre agus nach bhfuil tréimhse fhoriomlán chur i bhfeidhm bearta coimirce déthaobhach, lena n-áirítear tréimhse an chur i bhfeidhm tosaigh agus aon síneadh a chuirtear leis sin, níos faide ná 3 bliana.
3. Nuair a scoirfidh Páirtí de bheart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, is é an ráta a bheadh in éifeacht don earra lena mbaineann roimhe sin an ráta dleachta custaim a bheidh ann, i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí).
4. Ní chuirfeadh beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra de chuid Páirtí a bhí faoi réir beart coimirce déthaobhach den sórt sin cheana féin ar feadh tréimhse ama atá cothrom le leath fhad an bhirt coimirce dhéthaobhaigh a bhí ann roimhe sin.
5. Ní dhéanfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an earra céanna agus an tráth céanna:
 - (a) beart coimirce déthaobhach sealadach, beart coimirce déthaobhach nó beart coimirce le haghaidh na réigiúin is forimeallaí de bhun an Chomhaontaithe seo; agus

- (b) beart coimirce de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus an Comhaontú maidir le Coimircí.

AIRTEAGAL 5.10

Bearta coimirce déthaobhacha sealadacha

1. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil a bheadh deacair a dheisiú, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach sealadach a chur i bhfeidhm, de bhun réamhchinneadh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile mar thoradh ar laghdú nó ar dhíothú dleachta custaim faoin gComhaontú seo, agus go bhfuil allmhairí den sórt sin ina gcúis le mórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó le meath tromchúiseach nó bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí.
2. Ní sháróidh fad aon bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh 200 lá. Le linn na tréimhse sin, comhlíonfaidh an Páirtí na rialacha nós imeachta ábhartha a leagtar síos i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha).
3. Déanfar an dleacht chustaim a forchuireadh mar thoradh ar an mbeart coimirce déthaobhach sealadach a aisíoc go pras mura gcinnfidh an t-imscrúdú dá éis sin dá dtagraítear i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha) go bhfuil allmhairí méadaithe an earra atá faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh ina gcúis le mórdhíobháil, nó le bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó le meath tromchúiseach nó le bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí.

4. Áireofar fad aon bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh mar chuid den tréimhse a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 5.9(1) (Caighdeáin maidir le beart coimirce déthaobhach).
5. Déanfaidh an Páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach sealadach i bhfeidhm an Páirtí eile a chur ar an eolas láithreach ar bhearta coimirce déthaobhach sealadach den sórt sin a chur i bhfeidhm dó.
6. Arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfar comhairliúcháin a réachtáil díreach tar éis an beart coimirce déthaobhach sealadach a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 5.11

Na réigiúin is forimeallaí

1. I gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh na Nua-Shéalainne á allmhairiú isteach go díreach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas¹ i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a bheadh ina gcúis le meath tromchúiseach ar chás eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí lena mbaineann, nó dá mbagrófaí meath tromchúiseach, féadfaidh an tAontas, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ar bhonn eisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí lena mbaineann.

¹ Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is iad Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha na réigiúin is forimeallaí den Aontas. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le tír nó le críoch thar lear a athraíonn a stádas go réigiún is forimeallaí trí chinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 355(6) de CFAE ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin. I gcás ina n-athraíonn réigiún is forimeallaí den Aontas an stádas sin atá aige i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, scoirfidh Airteagal 5.11 (Na réigiúin is forimeallaí) d'fheidhm a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm chinneadh ábhartha na Comhairle Eorpaí. Tabharfaidh an tAontas fógra don Nua-Shéalainn faoi aon athrú maidir le stádas na gcríocha a mheastar gur na réigiúin is forimeallaí den Aontas iad.

2. Chun críocha mhír 1, beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas:
 - (a) an dearbh-mhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairí i gcomparáid leis an táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus
 - (b) éifeacht na n-allmhairí sin ar staid an tionscail ábhartha nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n-áirítear an éifeacht ar na leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht.
3. Gan dochar do mhír 1, tá feidhm ag an Roinn seo maidir le haon bheart coimirce a ghlactar faoin Airteagal seo, *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 5.12

Cúiteamh agus fionraíocht lamháltas

1. Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, soláthróidh an Páirtí a chuireann an beart sin i bhfeidhm deis chun dul i gcomhairle leis an bPáirtí eile chun comhaontú frithpháirteach a dhéanamh maidir le cúiteamh iomchuí léirscaoilte trádála i bhfoirm lamháltas a bhfuil an éifeacht trádála acu atá coibhéiseach cuid mhaith.
2. Mura mbíonn comhaontú ann mar thoradh ar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 maidir le cúiteamh léirscaoilte trádála laistigh de 30 lá tar éis chéad lá na gcomhairliúchán sin, féadfaidh an Páirtí a gcuirtear an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm ar a earra tionscnaimh cur i bhfeidhm lamháltas a bhfuil an éifeacht trádála acu atá coibhéiseach cuid mhaith a mhéid a bhaineann leis an bPáirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm a chur ar fionraí.

3. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid maidir le lamháltais dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar agus ag an gceart chun lamháltais sin a chur ar fionraí faoi mhír 2 ach amháin fad a choinnítear an beart coimirce déthaobhach ar bun.

4. D'ainneoin mhír 3, ní fheidhmeofar an ceart chun chur ar fionraí dá dtagraítear sa mhír sin ar feadh na chéad 24 mhí a mbeidh beart coimirce déthaobhach in éifeacht lena linn, ar choinníoll gur cuireadh an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm mar thoradh ar dhearbh-mhéadú ar allmhairí agus ar choinníoll go bhfuil an beart coimirce déthaobhach i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

FOROINN 1

RIALACHA NÓS IMEACHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

AIRTEAGAL 5.13

An dlí is infheidhme

Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta coimirce déthaobhacha a chumhdaítear le Roinn D (Bearta coimirce déthaobhacha) den Chaibidil seo agus arna gcur i bhfeidhm ag údarás imscrúdúcháin inniúil Páirtí. I gcásanna nach gcumhdaítear leis an bhForoinn seo, cuirfidh an t-údarás imscrúdúcháin inniúil na rialacha arna mbunú faoina reachtaíocht intíre i bhfeidhm ar choinníoll go bhfuil na rialacha sin i gcomhréir leis an Roinn seo.

AIRTEAGAL 5.14

Nósanna imeachta imscrúdúcháin

1. Ní chuirfidh Páirtí beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm ach amháin tar éis dá údarás imscrúdúcháin inniúla imscrúdú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4(2), pointí (a) agus (c), den Chomhaontú maidir le Coimircí. Chuige sin, déantar Airteagal 3 agus Airteagal 4(2), pointí (a) agus (c), den Chomhaontú maidir le Coimircí a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*.
2. Chun beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, léireoidh an t-údarás imscrúdúcháin inniúil, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gurb ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil nó bagairt mhórdhíobháil nó gurb ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an meath tromchúiseach nó bagairt meatha thromchúisigh. Scrúdóidh an t-údarás imscrúdúcháin inniúil freisin fachtóirí aitheanta seachas na hallmhairí méadaithe le háirithiú nach gcuirtear an díobháil a tharla mar thoradh ar na fachtóirí den sórt sin i leith na n-allmhairí méadaithe.
3. I ngach cás tabharfar an t-imscrúdú i gcrích laistigh d'aon bhliain amháin ón dáta tionscnaimh.

AIRTEAGAL 5.15

Fógra agus comhairliúchán

1. Tabharfaidh Páirtí fógra i scríbhinn don Pháirtí eile:
 - (a) má thionscnaíonn sé imscrúdú ar an glásal coimirce déthaobhach faoin gCaibidil seo;

- (b) má chinneann sé go bhfuil na hallmhairí méadaithe ina gcúis le mórdhíobháil, nó go bhfuil bagairt mórdhíobhála ann, nó go bhfuil siad ina gcúis le meath tromchúiseach, nó bagairt meatha thromchúisigh, i staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí;
- (c) má chinneann sé beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm go sealadach, sin nó beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm nó síneadh a chur leis; nó
- (d) má chinneann sé beart coimirce déthaobhach arna ghlacadh roimhe seo a mhodhnú.

2. Cuirfidh Páirtí cóip den leagan poiblí den ghearán ar fáil don Pháirtí eile i dteannta tuarascála a chuid údarás imscrúdúcháin inniúil a cheanglaítear le hAirteagal 3 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta.

3. Nuair a thabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile gur chinn sé beart coimirce déthaobhach dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1a chur i bhfeidhm nó síneadh a chur leis, cuirfidh an Páirtí sin an fhaisnéis ábhartha sin go léir ina fhógra, amhail:

- (a) fianaise go bhfuil, mar thoradh ar laghdú nó díothú dleachta custaim de bhun an Chomhaontaithe seo, go bhfuil allmhairí méadaithe an earra de chuid an Pháirtí ina gcúis le mórdhíobháil, nó bagairt mórdhíobhála, don tionscal intíre nó ina gcúis le meath tromchúiseach, nó i gcás baoil go bhfuil siad ina gcúis le meath tromchúiseach, ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí;
- (b) tuairisc bheacht ar an earra atá faoi réir an bhirt coimirce déthaobhaigh lena n-áirítear a cheannteideal nó a fho-cheannteideal faoi HS, ar a bhfuil Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí) bunaithe;

- (c) tuairisc bheacht ar an mbeart coimirce déthaobhach;
- (d) dáta chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, a fhad a bhfuil coinne leis agus, más infheidhme, tráthchlár um léirscaoileadh forchéimnitheach an bhirt sin; agus
- (e) i gcás go síntear an beart coimirce déthaobhach, fianaise go bhfuil an tionscal intíre lena mbaineann á choigeartú.

4. Arna iarraidh sin don Pháirtí a bhfuil a earra faoi réir imeacht coimirce déthaobhach faoin gCaibidil seo, tabharfaidh an Páirtí a stiúrfaidh an imeacht sin deis leordhóthanach le haghaidh comhairliúchán leis an bPáirtí iarratach sula nglactar cinneadh deireanach bearta coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar fhógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó ar aon fhógra poiblí nó tuarascáil a d'eisigh an t-údarás imscrúdúcháin inniúil i ndáil leis an imeacht, agus tuairimí a mhalartú ar an mbeart atá beartaithe agus teacht ar thuiscint faoi chúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 5.12 (Cúiteamh agus fionraíocht lamháltas).

CAIBIDIL 6

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

AIRTEAGAL 6.1

Sainmhínte agus forálacha ginearálta

1. Is iad cuspóirí na Caibidle seo:
 - (a) beatha nó sláinte daoine, ainmhithe agus plandaí i gcíocha na bPáirtithe a chosaint agus, san am céanna, trádáil idir Páirtithe a éascú;
 - (b) a áirithiú nach dtiocfaidh as bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta na bPáirtithe aon bhacainn gan údar ar an trádáil;
 - (c) cur chun feidhme Chomhaontú SPS a éascú, i dteannta le caighdeáin idirnáisiúnta agus téacsanna gaolmhara, agus go háirithe, réigiúnú agus coibhéis;
 - (d) comhar le comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeáin a leagan síos a choinneáil ar bun;
 - (e) trédhearcacht agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm bhearta sláintíochta agus fíteashláintíochta gach Páirtí;

- (f) feabhas a chur ar an gcomhar idir na Páirtithe agus a gcuid cuspóirí coiteanna a shainithint mar atá frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (dá ngairtear ‘AMR’ anseo feasta) a chomhrac; agus
 - (g) feabhas a chur ar chumarsáid, comhar agus réiteach saincheisteanna sláintíochta agus fiteashláintíochta a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe.
2. I dtaca leis an gComhaontú SPS, meabhraíonn na Páirtithe go háirithe:
- (a) an prionsabal go bhfuil bearta SPS Páirtí bunaithe ar mheasúnú riosca i gcomhréir le hAirteagal 5 agus forálacha ábhartha eile Chomhaontú SPS; agus
 - (b) coincheap bhearta sealadacha SPS.

AIRTEAGAL 6.2

Raon feidhme

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí féin faoin gComhaontú Sláintíochta.
2. Faoi réir mhír 3, tá feidhm ag an gCaibidil seo:
 - (a) maidir le bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta de chuid Páirtí a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe; agus

(b) maidir le comhar i leith AMR.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon bheart de chuid Páirtí nó ábhair atá cumhdaithe sa Chomhaontú Sláintíochta.

AIRTEAGAL 6.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) na sainmhínithe atá in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS;
- (b) na sainmhínithe arna nglacadh faoi choimirce Choimisiún Codex Alimentarius;
- (c) na sainmhínithe arna nglacadh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (d) na sainmhínithe arna nglacadh faoi choimirce an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (dá ngairtear ‘IPPC’ anseo feasta);
- (e) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ comhlacht rialtais a liostaítear in Iarscríbhinn 6-A (Údaráis inniúla) agus áirítear leis na heagraíochtaí náisiúnta ábhartha um chosaint plandaí; agus

- (f) ciallaíonn ‘seiceáil allmhairiúcháin’ measúnú a bhféadfadh na gnéithe seo a leanas a áireamh: cigireacht, scrúdú, sampláil nó athbhreithniú ar dhoiciméadacht, ar thástálacha nó ar nósanna imeachta lena n-áirítear doiciméadacht, tástálacha nó nósanna imeachta saotharlainne, orgánaileipteacha nó aitheantais arna ndéanamh ag teorainn Páirtí is allmhaireoir ag údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir chun a chinneadh an gcomhlíonann coinsíneacht ceanglais SPS an Pháirtí is allmhaireoir.

AIRTEAGAL 6.4

Coinníollacha sonracha i ndáil le sláinte plandaí

1. I gcomhréir le caighdeáin is infheidhme arna gcomhaontú faoin IPPC, déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú maidir lena stádas lotnaide ina gcíocha faoi seach. Ar iarraidh ó Pháirtí, cuirfidh an Páirtí eile ar fáil an réasúnú leis an aicmiú lotnaide agus le beartais ghaolmhara fiteashláintíochta.
2. Maidir le haicmiú lotnaide, bunóidh gach Páirtí liosta de lotnaidí rialáilte le haghaidh plandaí agus táirgí planda lena mbaineann ábhar inní fiteashláintíochta agus déanfaidh sé an liosta sin a nuashonrú. Beidh an méid a leanas san áireamh i liosta den sórt sin:
 - (a) na lotnaidí coraintín nach ann dóibh laistigh d’aon chuid dá chríoch;
 - (b) na lotnaidí coraintín gurb ann dóibh ach nach bhfuil dáilte go forleathan agus atá faoi rialú oifigiúil;
 - (c) lotnaidí coraintín de chríosanna cosanta; agus
 - (d) i gcás inarb infheidhme, lotnaidí neamhchoraintín rialáilte.

3. Maidir lena chuid ceanglas maidir le hallmhairiú plandaí nó táirgí cuirfidh gach Páirtí teorainn leo dóibh siúd a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú a bhaineann le lotnaidí rialáilte a thabhairt isteach. Ní bheidh feidhm ag ceanglais maidir le hallmhairiú chun an riosca ó lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta a mhaolú ach más eol go bhfuil ceann scríbe aon phlandaí nó táirgí planda laistigh de chrios cosanta.

4. Níor cheart cigireacht réamh-onnmhairiúcháin ag an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí de chuid an Pháirtí is allmhaireoir a bheith ina cheanglas ag an bPáirtí is onnmhaireoir, i gcás ina bhfuil cigireacht ar phlandaí nó táirgí planda faoi raon feidhme na heagraíochta náisiúnta oifigiúla um chosaint plandaí de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir.

AIRTEAGAL 6.5

Saoirse lotnaidí a aithint

I gcás go bhfuil réigiúnú sainmhínithe i ndáil le limistéar saor ó lotnaidí, ionad táirgthe saor ó lotnaidí, láithreán táirgthe saor ó lotnaidí, nó crios faoi chosaint i réimse na bplandaí agus na dtáirgí planda:

- (a) aithníonn na Páirtithe coincheapa na limistéar saor ó lotnaidí, na n-áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí agus na láithreán táirgthe saor ó lotnaidí mar a shonraítear i gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha IPPC maidir le Bearta Fíteashláintíochta ('ISPManna');
- (b) glacfaidh na Páirtithe leis na nithe seo a leanas óna chéile:
 - (i) limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí agus láithreán táirgthe saor ó lotnaidí; agus

- (ii) rialuithe oifigiúla maidir le limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí agus láithreáin táirgthe saor ó lotnaidí a bhunú agus a chothabháil;
- (c) Aithneoidh an Nua-Shéalainn coincheap na gcriosanna cosanta laistigh de chríoch an Aontais mar a bheith coibhéiseach le limistéar saor ó lotnaidí mar a shonraítear in IPPC ISPM 4 ('Ceanglais maidir le háiteanna saor ó lotnaidí a bhunú');
- (d) déanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir, má iarrann an Páirtí is allmhaireoir í, limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí, láithreáin táirgthe saor ó lotnaidí agus criosanna faoi chosaint a shainaithint, agus, má iarrann an Páirtí is allmhaireoir é, soláthróidh sé míniú iomlán agus sonraí tacaíochta mar a fhoráiltear dó sna ISPManna ábhartha nó mar a mheastar a bheith iomchuí ar shlí eile; agus
- (e) féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 6-B (Coinníollacha réigiúnacha le haghaidh plandaí agus táirgí planda) a leasú d'fhonn aon ábhar eile a leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haon choinníollacha speisialta rioscabhunaithe is iomchuí.

AIRTEAGAL 6.6

Coibhéis

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil aitheantas coibhéise ina mhodh tábhachtach chun trádáil a éascú.

2. Agus coibhéis á socrú maidir le beart SPS sonrath, grúpa beart SPS nó ar bhonn córas-, déanfaidh gach Páirtí treoir ábhartha Choiste EDT ar Bhearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (dá ngairtear ‘Coiste SPS EDT’ anseo feasta) a chur san áireamh chomh maith le caighdeán, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta. Féadfaidh an Coiste cinneadh a ghlacadh chun treoir agus nósanna imeachta breise a leagan amach d’fhonn coibhéis a chinneadh, a shaináithint agus a choimeád in Iarscríbhinn 6-C (Aitheantas coibhéise do bhearta SPS).
3. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, laistigh de thréimhse réasúnta ama, míneoidh an Páirtí is allmhaireoir cuspóir a bhirt SPS agus an réasúnaíocht leis agus déanfaidh sé an riosca a shaináithint go soiléir a bhfuil an beart SPS beartaithe sin chun dul i ngleic leis.
4. Saináithneoidh an Páirtí is allmhaireoir coibhéise bheart SPS má léiríonn an Páirtí is onnmhaireoir go hoibiachtúil go mbaineann a bheart SPS amach an leibhéal iomchuí cosanta (dá ngairtear ‘ALOP’ anseo feasta) don Pháirtí is allmhaireoir i ndáil le sláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí.
5. Mura gcinntear coibhéise ag an bPáirtí is allmhaireoir tar éis dó measúnú coibhéise a dhéanamh, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir an réasúnaíocht lena chinneadh don Pháirtí is onnmhaireoir.
6. Gan dochar d’Airteagal 6.8(6) (Deimhniú), féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 6-C a leasú (Aitheantas coibhéise do bhearta SPS) chun:
 - (a) na cineálacha tráchtearra de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir a leagan amach a shaináithníonn an Páirtí is allmhaireoir mar bheith cumhdaithe ag beart SPS atá i gcoibhéis lena bheart féin nó rialuithe oifigiúla de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir a leagan amach a shaináithníonn an Páirtí is allmhaireoir mar bheith coibhéiseach lena chuid rialuithe féin; agus

- (b) aon choinníollacha speisialta rioscabhunaithe iomchuí nó aon stádas comhaontaithe lotnaide nó galair a shonrú.
7. Má leasaíonn Páirtí beart SPS ar bhealach a mheasann sé nach mbíonn éifeacht aige ar chinneadh i leith coibhéise atá sonraithe sa Chaibidil seo, beidh feidhm ag an gcinneadh maidir leis an leagan is deireanaí den dlí nó rialachán ábhartha lena leasaítear an beart SPS sin.
8. Má mheasann Páirtí go ndéantar difear do chinneadh i leith coibhéise arna dhéanamh roimhe sin, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoin mheas sin.
9. Má leasaíonn Páirtí is allmhaireoir beart SPS agus má mheasann sé go bhféadfadh go ndéanfaí difear do chinneadh i leith coibhéise arna shonrú sa Chaibidil seo a leanas a dhéanfaidh sé:
- (a) measfaidh sé go hoibiachtúil cibé acu nach leor an cinneadh coibhéise roimhe chun a ALOP a chomhlíonadh; agus
- (b) rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí is onnmhaireoir agus ansin cinnfidh sé cibé acu an féidir leanúint ar aghaidh leis an gcinneadh coibhéise le coinníollacha speisialta nó gan iad.

AIRTEAGAL 6.7

Coinníollacha trádála agus nósanna imeachta formheasta

1. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir a chuid ceanglas sláinte allmhairiúcháin maidir le fiteashláintíocht ar fáil don phobal chomh maith leis na nósanna imeachta arna n-úsáid chun na ceanglais sin a bhunú.

2. Má shainaitníonn na Páirtithe go comhphárteach planda nó táirge planda sonracha mar thosaíocht, bunóidh an Páirtí is allmhaireoir ceanglais shonracha maidir le hallmhairí le haghaidh an táirge sin, gan moill mhíchúí seachas i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo.
3. I gcás ina bhfaightear iarraidh allmhairiúcháin i ndáil le planda sonracha nó táirge sonracha planda a rinneadh a fhorghnó roimhe sin le hallmhairí ón bPáirtí is onnmhaireoir, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar an bpróifíl riosca agus, má chinntear gurb ionann é, cuirfidh sé an nós imeachta formheasta i gcrích gan moill mhíchúí, seachas i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo.
4. Áiríteoidh gach Páirtí go dtabharfar faoi agus go gcuirfear i gcrích gan moill mhíchúí nósanna imeachta arna n-úsáid chun allmhairí ón bPáirtí eile a fhorghnó, lena n-áirítear más gá, iniúchtaí agus na bearta reachtacha nó riaracháin is gá chun an nós imeachta formheasta a chur i gcrích. Seachnóidh gach Páirtí ach go háirithe iarrataí ar fhaisnéis atá neamhriachtanach nó ró-dhian, a bheidh teoranta don mhéid atá riachtanach agus lena chuirfear san áireamh faisnéis atá ar fáil cheana don Pháirtí is allmhaireoir, amhail faisnéis faoi na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus tuarascálacha iniúcháireachta an Pháirtí is onnmhaireoir.
5. Seachas mar a fhoráiltear in Airteagal 6.5 (Saoirse lotnaidí a aithint), cuirfidh gach Páirtí a choinníollacha fiteashláintíochta onnmhairiúcháin i bhfeidhm ar chríoch iomlán an Pháirtí eile ina bhfuil an stádas céanna lotnaide i réim.
6. Gan dochar d'Airteagal 6.10 (Bearta éigeandála), sainaitheoidh gach Páirtí mar choibhéseach na rialuithe oifigiúla arna gcur i bhfeidhm ag an bPáirtí eile le haghaidh trádála ar choinníoll, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, nach mbeidh aon athrú suntasach ar chórais rialaithe oifigiúil an Pháirtí is onnmhaireoir a d'ísleodh an leibhéal dearbhaithe don Pháirtí is allmhaireoir.

7. Gan dochar d'Airteagal 6.10 (Bearta éigeandála) ní dhiúltóidh an Páirtí is allmhaireoir nó ní stadfaidh sé allmhairiú earra de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir de bharr go bhfuil an Páirtí is allmhaireoir ag tabhairt faoi athbhreithniú ar a chuid beart SPS agus ar an gcúis sin amháin, má chheadaigh an Páirtí is allmhaireoir allmhairiú an earra sin ón bPáirtí eile nuair a tionscnaíodh an t-athbhreithniú.
8. Gan aon phróiseas formheasa, glacfaidh na Páirtithe óna chéile liostaí na mbunaíochtaí atá faoi réir bhearta SPS maidir le trádáil.
9. Cuirfidh gach Páirtí liostaí na mbunaíochtaí dá dtagraítear i mír 8 ar fáil dá chéile arna iarraidh sin.

AIRTEAGAL 6.8

Deimhniú

1. I ndáil le deimhniúchán sláinte le haghaidh plandaí agus táirgí planda cuirfidh na húdaráis inniúla na prionsabail i bhfeidhm a leagtar síos le ISPM 7 an IPPC ('Córas Deimhniúcháin Onnmhairiúcháin') agus ISPM 12 an IPPC ('Treoirínte le haghaidh Deimhnithe Fíteashláintíochta').
2. Déanfaidh gach Páirtí cur chun feidhme deimhniúcháin leictreonaigh agus teicneolaíochtaí eile a chur chun cinn chun an trádáil a éascú.
3. Gan dochar d'Airteagail 6.2 (Raon Feidhme) agus 6.10 (Bearta éigeandála), ní cheanglófar deimhniúchán sábháilteachta bia le haghaidh bianna próiseáilte atá cumhdaithe leis an gCaibidil seo ach má tá sé tacaithe ag anailís riosca.

4. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 6-E (Deimhniú) a leasú d'fhonn treoir, nósanna imeachta agus ceanglais bhreise a shonrú i ndáil le deimhniúchán.
5. Má tá beart SPS i leith tráchtearra de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir glactha ag an bPáirtí is allmhaireoir mar bheith coibhéiseach lena bheart féin, féadfaidh an Páirtí is onnmhaireoir an samhail-fhianú sláinte a leagtar amach le Roinn 1 d'Iarscríbhinn 6-E (Deimhniú) a chur san áireamh ar an deimhniú sláinte oifigiúil.
6. Má tá sé cinnte ag Páirtí is allmhaireoir, i gcomhréir le hAirteagal 6.6(7) (Coibhéise) nó Airteagal 6.6(8) (Coibhéise) go bhfuil coibhéise coimeáda, sonrúfar dlíthe agus rialacháin tosaigh an Pháirtí is allmhaireoir ar cinneadh coibhéis ar a mbonn sa deimhniú sláinte allmhairí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 6-E (Deimhniúchán) i gcás inar praiticiúil déanamh amhlaidh agus más infheidhme é.
7. Má chinneann Páirtí is allmhaireoir nach gá a thuilleadh coinníoll speisialta atá le fáil in Iarscríbhinn 6-C (Aitheantas coibhéise do bhearta SPS), ní cheanglófar a thuilleadh ráthaíochtaí don choinníoll speisialta sin agus glacfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh chun Iarscríbhinn 6-C (Aitheantas coibhéise do bhearta SPS) a leasú dá réir laistigh de thréimhse réasúnta.

AIRTEAGAL 6.9

Trédhearcacht, malartú faisnéise agus comhairliúchán teicniúil

1. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas go pras faoi aon cheann de na nithe suntasacha seo a leanas:
 - (a) torthaí a bhfuil tábhacht eipidéimeolaíoch ag baint leo a d'fhéadfadh baint a bheith acu le táirge atá á thrádáil idir na Páirtithe;

- (b) ábhair sábháilteachta bia i ndáil le táirge atá á thrádáil idir na Páirtithe; nó
- (c) faisnéis eile atá ábhartha chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm go sásúil.
2. I gcás inar cuireadh an fhaisnéis a liostaítear mír 1 ar fáil trí fhógra a thabhairt do EDT nó don chomhlacht ábhartha idirnáisiúnta um chaighdeán a shocrú, i gcomhréir lena rialacha ábhartha, nó ar shuíomh gréasáin atá inrochtana ag an bpobal, measfar gur comhlíonadh an oibleagáid i mír 1.
3. Má tá inní thromchúiseach ar cheachtar Páirtí i ndáil le riosca sláintíochta nó fiteashláintíochta, déanfar comhairliúcháin theicniúla maidir leis an riosca sláintíochta nó fiteashláintíochta sin, ar iarraidh, a luaithe is féidir agus in aon chás, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.
4. Má bhíonn inní mhór ar Pháirtí maidir le beart SPS atá molta nó curtha chun feidhme ag an bPáirtí eile, féadfaidh an Páirtí sin comhairliúcháin theicniúla leis an bPáirtí eile a iarraidh. Tabharfaidh an Páirtí a ndírítear an iarraidh sin air freagra laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.
5. Maidir le míreanna 3 agus 4, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar chun cur isteach ar an trádáil a sheachaint agus chun cur ar chumas na bPáirtithe teacht ar chomhaontú maidir le réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach agus lena mbainistítear go héifeachtach aon riosca sláintíochta nó fiteashláintíochta.

6. Féachfaidh na Páirtithe chuig aon ábhair inní a réiteach a eascróidh ó chur chun feidhme na Caibidle seo trí chomhairliúcháin theicniúla de bhun an Airteagail seo ¹ sula dtionscnaítear réiteach díospóidí de bhun Chaibidil 26 (Réiteach Díospóidí).

AIRTEAGAL 6.10

Bearta éigeandála

1. Má ghlacann Páirtí beart éigeandála atá riachtanach chun beatha nó sláinte duine, ainmhí nó planda a chosaint, tabharfaidh údarás inniúil an Pháirtí sin fógra d'údarás inniúil an Pháirtí eile laistigh de 24 uair an chloig. Má iarrann Páirtí comhairliúcháin theicniúla chun aghaidh a thabhairt ar bheart éigeandála sláintíochta agus fiteashláintíochta, tionólfar na comhairliúcháin theicniúla laistigh de 14 lá ó dháta seachadta an fhógra faoin mbeart éigeandála SPS. Déanfaidh na Páirtithe breithniú ar aon fhaisnéis a sholáthrófar sna comhairliúcháin theicniúla.

2. Déanfaidh an Páirtí a bhfuil an beart éigeandála á chur i bhfeidhm aige breithniú ar aon fhaisnéis arna soláthar go tráthúil ag an bPáirtí is onnmhaireoir nuair a dhéanfaidh sé cinneadh uaidh i leith aon coinsíneacht atá á hiompar idir na Páirtithe tráth a ghlactar an beart éigeandála sláintíochta agus fiteashláintíochta.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bheidh comhairliúcháin theicniúla de bhun an Airteagail seo in ionad comhairliúchán faoi Airteagal 26.3 (Comhairliúcháin) ach má aontaíonn na Páirtithe ar a mhalairt.

3. I gcás go gcuirtear isteach go mór ar thrádáil nó go gcuirtear ar fionraí í mar thoradh ar bheart éigeandála, aisghairfidh an Páirtí is allmhaireoir an beart éigeandála sin a luaithe is féidir nó soláthróidh sé údar eolaíoch agus teicniúil ábhartha le leanúint ar aghaidh leis.

AIRTEAGAL 6.11

Iniúchtaí

1. Chun muinín as cur chun feidhme na Caibidle seo a choimeád, tá sé de cheart ag gach Páirtí iniúchadh bunaithe ar chórais a dhéanamh ar an gcóras rialaithe go léir de chuid údarás inniúil an Pháirtí eile chun a chinneadh go bhfuil sé ag feidhmiú mar atá beartaithe.
2. Agus iniúcháireacht á déanamh aige, cuirfidh Páirtí san áireamh treoir ábhartha Choiste SPS EDT i dteannta le caighdeáin, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta.
3. Maidir le cinneadh nó aon ghníomh arna ghlacadh ag an bPáirtí iniúcháireachta a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don trádáil mar thoradh ar an iniúchadh, cuirfear san áireamh leis agus beidh sé i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
 - (a) an riosca arna mheasúnú, agus é tacaíte ag fianaise agus sonraí oibiachtúla is féidir a fhíorú; agus
 - (b) eolas an Pháirtí iniúcháireachta ar, a thaithí ábhartha leis agus a mhuinín as an bPáirtí iniúchta.

4. Cuirfidh an Páirtí iniúcháireachta faisnéis agus sonraí oibiachtúla ar fáil don Pháirtí iniúchta arna iarraidh sin.
5. Íocfaidh an Páirtí iniúcháireachta a chostais féin a bhaineann leis na hiniúchtaí.
6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh faisnéise rúnda a chosc ar faisnéis í a fhaightear le linn iniúchta ar údarais inniúla an Pháirtí eile, lena n-áirítear nósanna imeachta chun aon fhaisnéis rúnda a bhaint de thuarascáil iniúcháireachta a chuirtear ar fáil go poiblí.
7. Measfaidh an Páirtí iniúcháireachta aon bharúil i leith na tuarascála ag an bPáirtí iniúchta agus cinnfidh sé cibé acu an gcuirfean an tuarascáil nó cuid di ar fáil go poiblí nó an gcuirfean ar fáil ar bhealach níos teoranta í.
8. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 6-D (Treoirlínte agus nósanna imeachta maidir le hiniúchadh nó fíorú) a leasú d'fhonn treoirlínte agus nósanna imeachta iniúcháireachta a bhunú nó a shonrú.

AIRTEAGAL 6.12

Seiceálacha agus táillí allmhairiúcháin

1. Beidh sé de cheart ag an bPáirtí is allmhaireoir seiceálacha allmhairiúcháin a dhéanamh ar bhonn na rioscaí sláintíochta nó fiteashláintíochta a ghabhann leis na hallmhairí. Déanfar seiceálacha den sórt sin gan moill mhíchuí agus leis an éifeacht is lú ar thrádáil.

2. Má nochtar i seiceálacha allmhairiúcháin nár comhlíonadh na ceanglais ábhartha maidir le hallmhairiú, ní mór an gníomh a dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir a bheith ag cloí le caighdeáin idirnáisiúnta, a bheith bunaithe ar mheasúnú ar an riosca lena mbaineann agus níor cheart é a bheith níos sriantaí ó thaobh trádála de ná is gá chun ALOP an Pháirtí is allmhaireoir a bhaint amach.
3. Tabharfaidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir fógra d'údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir sa chás go bhfuil aon neamh-chomhlíonadh ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí.
4. Tabharfaidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir fógra d'allmhaireoir aon choinsíneacht neamh-chomhlíontach nó d'ionadaí dá chuid lena n-áirítear an chúis le neamh-chomhlíonadh agus tabharfaidh sé deis don allmhaireoir sin nó dá ionadaí athbhreithniú a iarraidh ar an gcinneadh. Measfaidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir aon fhaisnéis ábhartha arna tíolacadh d'fhonn cuidiú le hathbhreithniú den sórt sin.
5. Ní bheidh aon táillí arna bhforchur as nósanna imeachta i leith táirgí allmhairithe níos airde ná aon táillí arna muirearú as seiceálacha inchomparáide ar tháirgí intíre comhchosúla agus ní bheidh siad níos airde ná costas iarbhír na seirbhíse.
6. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 6-F (Seiceálacha agus táillí allmhairiúcháin) a leasú d'fhonn rátaí minicíochta agus táillí a leagan amach le haghaidh seiceálacha allmhairiúcháin i leith tráchtearraí áirithe atá laistigh de raon feidhme na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 6.13

Stóinseacht eolaíochta agus trédhearcacht i bpróisis údaraithe shonraithe¹

1. Aithneoidh na Páirtithe go mbeidh próisis údaraithe bunaithe ar eolaíocht stóinseach agus go gcuirfear i gcrích ar bhealach trédhearcach iad d'fhonn iontaoibh agus muinín phoiblí a chothú agus a choinneáil. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir le stóinseacht agus trédhearcacht na bpróiseas údaraithe sin a mhéadú.
2. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil a gcuid próiseas údaraithe féin beartaithe chun torthaí inchomparáide a bhaint amach agus gurb inmhianaithe comhar sa réimse sin.
3. Maidir le duine atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais chun údarú margaíochta a fháil ag an ngnólacht atá faoina smacht, má dhéanann siad staidéir eolaíochta a choimisiúnú in institiúid eolaíochta² atá suite i bPáirtí d'fhonn tacú le hiarratas ar údarú i gcomhthéacs próisis údaraithe sonraithe áirithe sa Pháirtí eile, agus má tharraingítear aird an Pháirtí ina bhfuil an institiúid eolaíochta suite ar an méid sin, féachfaidh an dá Pháirtí chuig an bhfaisnéis sin a roinnt lena chéile.

¹ Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma 'próisis údaraithe' gach údarú réamh-mhargaidh i réimse an tslabhra bia: i.e. saothrú orgánach géinmhodhnaithe nó bia agus beatha ghéinmhodhnaithe, breiseáin bheatha, breiseáin, einsímí, blastáin bia, blastáin deataigh, táirgí cosanta plandaí, bianna núíosacha, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, éilimh sláinte agus vitimíní agus mianraí chomh maith le substaintí eile a chur i mbianna.

² Chun críocha an Airteagail seo, áirítear leis an téarma 'institiúid eolaíochta' institiúidí a dhéanann staidéir eolaíochta ar a ngearrtar táille, mar shampla, ollscoileanna, saotharlanna agus saoráidí tástála nó taighde.

4. Féadfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú freisin maidir lena gcuid próiseas údaraithe.
5. Féadfaidh Páirtí cuairt aimsithe fíoras a iarraidh faoin Airteagal seo ar institiúid eolaíochta atá suite sa Pháirtí eile chun faisnéis a bhailiú i ndáil le caighdeáin ábhartha a chur i bhfeidhm ag an institiúid eolaíochta i gcás ina dhéanann sé staidéar eolaíoch chun críoch próiseas údaraithe sonraithe áirithe sa Pháirtí a iarrann cuairt aimsithe fíoras.
6. Má fhéachann Páirtí le cuairt aimsithe fíoras a dhéanamh, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile tráth nach déanaí ná 60 lá roimh an gcuart sin.
7. Má fhéachann Páirtí le cuairt aimsithe fíoras a dhéanamh agus má thoilíonn an institiúid eolaíochta don chuairt sin, féadfaidh oifigigh de chuid an Pháirtí eile oifigigh an Pháirtí cuairte a thionlacan le linn na cuairte aimsithe fíoras.
8. Cuirfear an tuarascáil chríochnaitheach ar aon chuairt aimsithe fíoras ar fáil d'údaráis inniúla an dá Pháirtí. Cuirfear na codanna ábhartha den tuarascáil dheireanach ar fáil freisin don institiúid eolaíochta ar ar tugadh cuairt.
9. Is é an Páirtí a iarrann cuairt aimsithe fíoras a íocfaidh na costais as an gcuart aimsithe fíoras.
10. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun rialacha mionsonraithe cur chun feidhme agus aon treoir riachtanach a bhunú i ndáil le míreanna 3 go 9.

AIRTEAGAL 6.14

Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha

1. Aithníonn na Páirtithe gur bagairt thromchúiseach ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe í AMR.
2. I gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, comhoibreoidh na Páirtithe agus éascóidh siad malartú faisnéise, lena n-áirítear i ndáil le rialacháin, treoirlínte, pleananna náisiúnta, caighdeáin, saineolas agus eispéiris i réimse an AMR, agus aithneoidh siad tuairimí, leasanna, tosaíochtaí agus beartais choiteanna sa réimse sin.
3. Aithníonn na Páirtithe an méid seo a leanas:
 - (a) go mbaintear amach rialuithe agus torthaí sláinte inchomparáide lena gcuid caighdeán rialála, treoirlínte agus córas faireachais frithmhiocróbach féin;
 - (b) go ndírítear go príomha ina gcuid straitéisí AMR féin ar oibreáin fhrithmhiocróbacha atá ríthábhachtach do chóireáil agus sláinte an duine agus ainmhithe; agus
 - (c) go nglactar tionscnaimh ar an dá thaobh, laistigh dá gcuid straitéisí agus beartas féin, chun cur chun cinn a dhéanamh maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid oibreán antaibheathach chun an fás a chothú, go háirithe iad siúd lena ngabhann tábhacht míochaine, agus chun úsáid oibreán frithmhiocróbach i dtáirgeadh ainmhithe a laghdú.

4. Anuas air sin, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:
 - (a) comhoibreoidh siad i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha maidir le cóid, treoirlínte, caighdeáin, moltaí agus tionscnaimh a fhorbairt don todhchaí;
 - (b) comhoibreoidh siad i leith pleananna gníomhaíochta idirnáisiúnta, go háirithe maidir le hoibreáin fhrithmhiocróbacha a úsáid go freagrach agus go stuama d'fhonn AMR a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí; agus
 - (c) i gcomhthéacs a gcuid straitéisí agus beartas féin tacóidh siad le cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta idirnáisiúnta agus straitéisí comhaontaithe maidir le AMR.
5. Ní úsáidfear aon rialacháin, treoirlínte, pleananna straitéiseacha ná tionscnaimh eile i leith AMR chun bearta a chruthú nó a chur chun feidhme a dhéanfaidh difear do thrádáil ach má tá na bearta sin ag teacht leis an gComhaontú SPS agus le forálacha ábhartha na Caibidle seo.
6. Féadfaidh an Coiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta meitheal oibre teicniúil ar AMR a bhunú.

AIRTEAGAL 6.15

Calaois i dtráchtarraí trádáilte

1. Aithníonn na Páirtithe maidir le gníomhaíochtaí calaoiseacha ag oibreoirí tráchtála a ghabhann don trádáil idirnáisiúnta:
 - (a) go bhféadfaidh siad difear a dhéanamh do shláinte an duine, ainmhithe, plandaí agus don chomhshaol dá bharr sin; agus

(b) go mbaineann siad an bonn de chleachtas cothrom tráchtála agus de mhuinín na dtomhaltóirí.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis ábhartha agus comhoibreoidh siad chun cleachtais a dhíspreagadh atá, nó go bhfuil an chuma air go bhfuil siad, neamh-chomhlíontach lena gcuid beart SPS féin nó a chuireann tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar míthreoir.

AIRTEAGAL 6.16

Cur chun feidhme agus acmhainní

Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na hacmhainní is gá ag a údaráis inniúla chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme go héifeachtach.

AIRTEAGAL 6.17

An Coiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.

2. Déanfaidh an Coiste Speisialaithe Trádála um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta cur chun feidhme agus oibriú na Caibidle seo a mhaoirsiú agus beidh na feidhmeanna seo a leanas aige:

(a) fóram a sholáthar chun faisnéis a mhalartú faoi chóras rialála gach Páirtí, lena n-áirítear an bonn eolaíoch agus measúnaithe riosca dá chuid bearta SPS;

- (b) deiseanna don chomhar a shainaithe, lena n-áirítear tionscnaimh éascaithe trádála agus obair bhreise chun bacainní gan údar ar thrádáil idir na Páirtithe a dhíchur;
- (c) comhar a chur chun cinn i bhfóiraim iltaobhacha, lena n-áirítear i gCoiste SPS EDT agus comhlachtaí idirnáisiúnta a leagann caighdeán síos, de réir mar is iomchuí;
- (d) meithleacha *ad hoc* a bhunú;
- (e) fóram a sholáthar do na Páirtithe chun gur féidir leo a chéile a choinneáil ar an eolas ag céim luath faoi shaincheisteanna rialála i ndáil le bearta SPS;
- (f) gan dochar do Chaibidil 26 (Réiteach Díospóidí), a bheith mar fhóram chun ábhair inní shonracha i leith na trádála a réiteach i gcás nach raibh na Páirtithe in ann teacht ar réiteach atá inghlactha ag an dá thaobh trí chomhairliúcháin theicniúla de bhun Airteagal 6.9 (Trédhearcacht, malartú faisnéise agus comhairliúchán teicniúil);
- (g) aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe; agus
- (h) aon ábhar eile maidir leis an gCaibidil seo a mheas.

3. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, beidh cruinniú ag an gCoiste agus socróidh sé a chlár oibre tráth nach déanaí ná aon bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

CAIBIDIL 7

CÓRAIS BHIA INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 7.1

Cuspóirí

1. Aontaíonn na Páirtithe, agus iad ag aithint a thábhachtaí is atá beartais a neartú agus fadhbanna a shainiú a chuireann le córais bhia inbhuanaithe, chuimsitheacha, shláintiúla agus athléimneacha a fhorbairt, dlúthchomhar a bhunú chun tabhairt go comhpháirteach faoin aistriú i dtreo córas bia inbhuanaithe (dá ngairtear ‘SFS’ anseo feasta).
2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo i dteannta leis, agus gan dochar do, na Caibidlí eile sa Chomhaontú seo i ndáil le córais bhia nó inbhuanaitheacht, go háirithe Caibidil 6 (Bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta), Caibidil 9 (Bacainní teicniúla ar an trádáil) agus Caibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe).

AIRTEAGAL 7.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an gcomhar idir na Páirtithe chun inbhuanaitheacht a gcuid córas bia féin a fheabhsú.
2. Leagtar amach sa Chaibidil seo forálacha le haghaidh comhair i réimsí inar féidir córais bhia níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tá réimsí táscaha le haghaidh comhair liostaithe in Airteagal 7.4 (Comhar chun inbhuanaitheacht córas bia a fheabhsú).
3. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh go n-athrófar tosaíochtaí le haghaidh comhair le himeacht ama de réir mar a fhorbróidh a dtuiscint féin agus an tuiscint idirnáisiúnta ar chórais bhia agus an déileáil leo.

AIRTEAGAL 7.3

Sainmhíniú ar chóras bhia níos inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe go mbíonn córais bhia éagsúil agus sonrath don chomhthéacs, go gcuimsítear leo réimse gníomhairí agus a gcuid gníomhaíochtaí idirnasctha i ngach réimse den chóras bia, lena n-áirítear táirgí bia a tháirgeadh, a bhaint, a phróiseáil, a mhonarú, a iompar, a stóráil, a dháileadh, a dhíol, a thomhailt agus a dhiúscairt.

2. Chun críocha na Caibidle seo, agus é aitheanta go bhféadann an sainmhíniú ar SFS a fhorbairt le himeacht ama, measann na Páirtithe gurb é atá in SFS córas bhia lena n-áirithítear rochtain ar bhia sábháilte, cothaitheach agus leordhóthanach ar feadh na bliana ar bhealach nach ndéantar dochar do na boinn eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil chun slándáil bia agus cothú a ghiniúint le haghaidh glúnta amach anseo.

AIRTEAGAL 7.4

Comhar chun inbhuanaitheacht córas bia a fheabhsú

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí is atá comhar mar mheicníocht chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme agus iad ag neartú a gcaidreamh trádála agus infheistíochta.
2. Ag cur a gcuid tosaíochtaí agus imthosca féin san áireamh, comhoibreoidh na Páirtithe chun aghaidh a thabhairt ar ábhair leasa choitinn i ndáil leis an gCaibidil seo a chur chun feidhme. Féadfaidh an comhar sin a tharlú go déthaobhach agus i bhfóraim idirnáisiúnta.
3. Féadfaidh comhar malartú faisnéise, saineolas agus eispéireas a áireamh, chomh maith le comhar sa taighde agus nuálaíocht.
4. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair amhail:
 - (a) modhanna agus cleachtais táirgthe bia atá dírithe ar inbhuanaitheacht a fheabhsú, lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach agus talmhaíocht athghiniúnach, i measc eile;

- (b) úsáid éifeachtach acmhainní nádúrtha agus ionchuir talmhaíochta, lena n-áirítear úsáid lotnaidí agus leasacháin cheimiceacha, agus an baol a bhaineann leo, a laghdú, i gcás inarb iomchuí;
- (c) an tionchar comhshaoil agus aeráide atá ag táirgeadh bia, lena n-áirítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht, slogaidí carbóin agus cailiteanas na bithéagsúlachta;
- (d) pleananna teagmhais chun slándáil agus athléimneacht slabhraí soláthair bia agus trádála a áirithiú in aimsir géarchéime idirnáisiúnta;
- (e) seirbhísí inbhuanaithe próiseála bia, iompair, mórdhíola, miondíola agus bia;
- (f) aistí bia sláintiúla, inbhuanaithe agus cothaitheacha;
- (g) lorg charbóin an tomhaltais;
- (h) cailiteanas agus cur amú bia, ar aon dul le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe Sprioc 12.3;
- (i) laghdú ar éifeachtaí díobhálacha beartas agus beart atá nasctha leis an gcóras bia ar an gcomhshaol; agus
- (j) eolas agus ceannaireacht ar agus rannpháirtíocht dhúchasach i gcórais bhia, ar aon dul le cúinsí na bPáirtithe féin.

AIRTEAGAL 7.5

Forálacha breise

1. Ní dhéanfaidh na gníomhaíochtaí comhair faoin gCaibidil seo difear do neamhspleáchas gníomhaireachtaí gach Páirtí, gníomhaireachtaí réigiúnacha Páirtí san áireamh.
2. Agus ceart gach Páirtí chun rialála á urramú go hiomlán, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo go gcuirtear oibleagáid ar Pháirtí:
 - (a) a chuid ceanglas maidir le hallmhairiú a leasú;
 - (b) imeacht óna nósanna imeachta baile chun bearta rialála a ullmhú nó a ghlacadh;
 - (c) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bearta rialála, nó lena ndéanfaí iad a bhac, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó
 - (d) aon bheart rialála ar leith a ghlacadh.

AIRTEAGAL 7.6

Coiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.

2. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gCoiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe, i ndáil leis an gCaibidil seo:
 - (a) tosaíochtaí don chomhar a shocrú chomh maith le pleananna oibre chun na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme;
 - (b) comhar a chur chun cinn i bhfóiraim iltaobhacha; agus
 - (c) aon fheidhm eile a chomhlíonadh maidir leis an gCaibidil seo a chur chun feidhme nó a fheidhmiú.
3. Agus cuspóirí na Caibidle seo á mbaint amach, agus chun faireachán a dhéanamh ar na torthaí arna mbaint amach óna cur chun feidhme, bunóidh an Coiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe gach bliain plean oibre bliantúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus cuspóirí chomh maith le clocha míle le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.
4. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe meithleacha oibre a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe sainleibhéil ar gach Páirtí.
5. Beidh cruinniú ag an gCoiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus ina dhiaidh sin, mar a chomhaontófar go frithpháirteach.
6. Féadfaidh an Coiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe rialacha a bhunú chun coinbhleachtaí leasa féideartha a mhaolú le haghaidh na saineolaithe a fhéadfaidh páirt a ghlacadh ina chuid cruinnithe agus saineolaithe aon mheitheal oibre a thuairiscíonn dó.

AIRTEAGAL 7.7

Pointí teagmhála

Laistigh de 90 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun an chumarsáid idir na Páirtithe maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a éascú agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an phointe teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

CAIBIDIL 8

LEAS AINMHITHE

AIRTEAGAL 8.1

Cuspóir

Is é cuspóir na Caibidle seo comhar a fheabhsú idir na Páirtithe maidir le leas ainmhithe feirmshaothraithe d'fhonn trádáil a éascú idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 8.2

Forálacha ginearálta agus comhar

1. Aithníonn na Páirtithe gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe¹.
2. Aithníonn na Páirtithe gur mór an difríocht idir a gcuid cleachtas feirmeoireachta ach aithníonn siad go mbaintear amach torthaí inchomparáide do leas na n-ainmhithe lena gcuid caighdeán agus córas um leas ainmhithe faoi seach.
3. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall comhoibriú i bhfóraim idirnáisiúnta chun forbairt na gcaighdeán um leas ainmhithe atá bunaithe ar an eolaíocht agus a gcur chun feidhme a chur chun cinn. Go háirithe, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun raon feidhme chaighdeáin leasa ainmhithe na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, chomh maith lena gcur chun feidhme, a threisiú agus a leathnú, ag díriú ar ainmhithe feirmshaothraithe.
4. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis, saineolas agus taithí i réimse leas na n-ainmhithe a mhalartú i ndáil leis an mbealach a gcaitear le hainmhithe ar an bhfeirm, le linn iompair agus tráth a maraithe.
5. Leanfaidh na Páirtithe lena gcomhar maidir le taighde i réimse leas na n-ainmhithe chun caighdeán um leas na n-ainmhithe atá bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt i ndáil leis an mbealach a gcaitear le hainmhithe ar an bhfeirm, le linn iompair agus tráth a mharaithe.

¹ Mar a shainmhínítear i ndlíthe agus rialacháin gach Páirtí maidir le leas ainmhithe.

AIRTEAGAL 8.3

Meitheal teicniúil ar leas na n-ainmhithe

Comhaontaíonn na Páirtithe leis seo meitheal teicniúil ar leas na n-ainmhithe a bhunú. Tuairisceoidh an mheitheal theicniúil ar leas na n-ainmhithe don Choiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta agus tabharfaidh sí faoi ghníomhaíochtaí arna sonrú ag an gCoiste.

CAIBIDIL 9

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 9.1

Cuspóirí

Is iad cuspóirí na Caibidle seo trádáil in earraí idir na Páirtithe a éascú trí bhacainní teicniúla nach bhfuil gá leo ar thrádáil a chosc, a shainaithint agus a dhíchur agus comhar a fheabhsú idir na Páirtithe maidir leis na hábhair atá cumhdaithe leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 9.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na rialacháin, na caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta uile a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 leis an gComhaontú BTT lena bhféadfar difear a dhéanamh don trádáil in earraí idir na Páirtithe a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.
2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid a leanas:
 - (a) sonraíochtaí ceannaigh arna n-ullmhú ag comhlachtaí rialtais le haghaidh ceanglais táirgthe nó tomhaltais de chuid na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag Caibidil 14 (Soláthar poiblí) maidir leo; nó
 - (b) bearta SPS a bhfuil feidhm ag Caibidil 6 (Bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta) maidir leo.

AIRTEAGAL 9.3

Ceangal le Comhaontú BTT

1. Déantar Airteagail 2 go 9 d'Iarscríbhinní 1 agus 3 a ghabhann le Comhaontú BTT a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid de *mutatis mutandis*.

2. Beidh an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear sa Chaibidil seo, lena n-áirítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCaibidil seo, agus atá leo i gComhaontú BTT.

AIRTEAGAL 9.4

Rialacháin theicniúla

1. De bhreis ar Airteagal 22.8 (Measúnú tionchair) déanfaidh gach Páirtí a dhícheall measúnú tionchair a dhéanamh ar rialacháin theicniúla bheartaithe a thagann laistigh de raon feidhme beart rialála mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 22.2 (Sainmhínte), a bhféadfaidh tionchar suntasach a bheith acu ar an trádáil, i gcomhréir lena chuid rialacha agus nósanna imeachta. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag an mír seo freisin maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá ina gcuid de na rialacháin theicniúla sin.
2. Má dhéantar measúnú tionchair de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ansin, de bhreis ar phointe (b) d'Airteagal 22.8(2) (Measúnú tionchair) déanfaidh gach Páirtí measúnú ar na roghanna malartacha rialála agus neamhrialála is indéanta agus is iomchuí atá ar fáil in ionad an rialacháin theicniúil atá beartaithe a d'fhéadfadh cuspóirí dlisteanacha an Pháirtí a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 2.2 den Chomhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag oibleagáid den sórt sin chun measúnú a dhéanamh freisin maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá ina gcuid de na rialacháin theicniúla sin.
3. De bhreis ar Airteagail 2.3 agus 2.4 den Chomhaontú TBT, déanfaidh gach Páirtí athbhreithniú ar a chuid rialachán teicniúil ó am go chéile. Agus athbhreithniú den sórt sin á dhéanamh aige, dearcafaidh gach Páirtí, *inter alia*, le hintinn fhabhrach ar a gcóineasú le caighdeán idirnáisiúnta ábhartha a mhéadú, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar aon fhorbairt nua sna caighdeán idirnáisiúnta ábhartha nó cibé acu gurb ann fós d'imhosca is cúis le héagsúlachtaí ó aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha.

4. Gan dochar do Chaibidil 22, (Dea-chleachtais rialála agus comhar rialála), i gcás ina mbeidh mór-rialacháin theicniúla á bhforbairt a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an trádáil, ceadóidh gach Páirtí, mar a cheanglaítear lena chuid rialacha agus nósanna imeachta, do dhaoine ó na Páirtithe ionchur a thabhairt trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn. Ceadóidh gach Páirtí do dhaoine de chuid an Pháirtí eile páirt a ghlacadh sna chomhairliúcháin sin faoi théarmaí nach mbeidh níos neamhfhábhraí ná na téarmaí a thabharfar dá chuid daoine féin, agus cuirfidh sé torthaí na bpróiseas comhairliúcháin sin ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 9.5

Caighdeáin idirnáisiúnta

1. Measfar na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil (dá ngairtear 'IEC' anseo feasta), an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) agus an Coimisiún Codex Alimentarius (Codex), mar na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha de réir bhrí Airteagal 2 agus Airteagal 5 de, agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann le, Comhaontú TBT ar choinníoll go gcomhlíontar leo na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Caighdeán arna fhorbairt ag eagraíocht idirnáisiúnta eile, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1, féadfar a mheas freisin gur caighdeán ábhartha idirnáisiúnta é de réir bhrí Airteagal 2 agus Airteagal 5 de, agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann le, Comhaontú TBT, ar choinníoll:

(a) go bhfuil sé forbartha ag comhlacht caighdeánaithe a dhéanann iarracht comhthoil a bhunú:

(i) i measc thoscaireachtaí náisiúnta na gComhaltaí rannpháirteacha EDT a dhéanann ionadaíocht ar na comhlachtaí náisiúnta caighdeán ar fad sa chríoch ina bhfuil caighdeáin glactha acu, nó ina bhfuil coinne leis go nglacfar iad, le haghaidh an ábhair lena mbaineann an ghníomhaíocht idirnáisiúnta caighdeánaithe; nó

(ii) i measc comhlachtaí rialtais de chuid Chomhaltaí rannpháirteacha EDT; agus

(b) go bhfuil sé forbartha i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoiste EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil a bunaíodh le hAirteagal 13 de Chomhaontú TBT i dtaca le Prionsabail chun Caighdeáin, Treoirínte agus Moltaí Idirnáisiúnta a Fhorbairt i ndáil le hAirteagal 2 agus Airteagal 5 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Comhaontú TBT.

3. I gcás nár úsáid Páirtí caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn dá rialacháin theicniúla agus dá chuid nósanna imeachta gaolmhara um measúnú comhréireachta, déanfaidh Páirtí, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, aon athrú substaintiúil ón gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha a shainnithint agus míneoidh sé na fáthanna gur measadh gur míchuí nó gur neamhéifeachtach iad caighdeáin den sórt sin chun an aidhm atáthar a shaothrú a bhaint amach, agus soláthróidh sé an fhianaise ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe, i gcás ina bhfuil an fhianaise sin ar fáil.

AIRTEAGAL 9.6

Caighdeán

1. D'fhonn caighdeán a chomhchuiibhiú ar an mbonn is leithne agus is féidir, agus i dteannta le hAirteagal 4.1 den Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil, spreagfaidh gach Páirtí na comhlachtaí um chaighdeánú arna mbunú laistigh dá chríoch agus na comhlachtaí réigiúnacha um chaighdeánú a bhfuil an Páirtí nó na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh dá chríoch ina gcomhaltaí díobh, na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar chaighdeán náisiúnta agus réigiúnacha nach bhfuil bunaithe ar chaighdeán ábhartha idirnáisiúnta, d'fhonn cóineasú na gcaighdeán náisiúnta agus réigiúnacha sin le caighdeán ábhartha idirnáisiúnta a mhéadú, chomh maith le nithe eile;
 - (b) comhoibriú leis na comhlachtaí ábhartha caighdeánaithe de chuid an Pháirtí eile i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú, lena n-áirítear trí chomhar sna comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú nó ar an leibhéal réigiúnach; agus
 - (c) comhar déthaobhach le comhlachtaí caighdeánaithe an Pháirtí eile a chothú.
2. Ba cheart do na Páirtithe faisnéis a mhalartú maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) an úsáid a bhaineann siad faoi seach as caighdeán chun tacú le rialacháin theicniúla; agus
 - (b) a bpróisis caighdeánaithe faoi seach, agus an méid úsáide a bhaineann siad as caighdeán idirnáisiúnta, caighdeán réigiúnacha nó fhoréigiúnacha mar bhonn dá gcaighdeán náisiúnta.

3. I gcás ina mbeidh caighdeán éigeantach trína chorprú nó trí thagairt a dhéanamh dóibh i ndrúacht-rialachán teicniúil nó i nós imeachta um measúnú comhréireachta, beidh feidhm ag na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 9.8 (Trédhearcacht) agus in Airteagal 2 nó Airteagal 5 den Chomhaontú BTT, a mhéid a cheadaítear leis an gcóipcheart is infheidhme.

AIRTEAGAL 9.7

Measúnú comhréireachta

1. I gcás ina n-éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta mar dhearbhu dearfach go bhfuil táirge i gcomhréir le rialachán teicniúil, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú atá comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann;
- (b) glacadh le húsáid dearbhaithe comhréireachta soláthróra (dá ngairtear ‘SDoC’ anseo feasta), i gcás inarb iomchuí; agus
- (c) má iarrann an Páirtí eile é, an réasúnaíocht le roghnú nósanna imeachta um measúnú comhréireachta ar leith a mhíniú le haghaidh táirgí sonracha.

2. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil raon leathan sásraí ann chun glacadh le torthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a éascú. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na sásraí sin:

- (a) SDoC;

- (b) aitheantas ó Pháirtí ar thorthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta arna seoladh i gcríoch an Pháirtí eile;
- (c) socruithe comhoibritheacha agus socruithe deonacha idir comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá suite i gcríocha na bPáirtithe;
- (d) comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do thorthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i dtaca le rialacháin theicniúla shonracha arna ndéanamh ag comhlachtaí atá suite i gcríoch an Pháirtí eile;
- (e) creidiúnú a úsáid chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú; agus
- (f) ainmniú comhlachtaí um measúnú comhréireachta ag rialtais.

3. I gcás ina n-éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta tríú páirtí mar dhearbhu dearfach go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil, agus nach bhfuil an cúram sin tugtha aige d'údarás rialtais mar a shonraítear i mír 4, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) tosaíocht a thabhairt do chreidiúnú a úsáid mar rogha chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú;
- (b) caighdeáin idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh creidiúnaithe agus measúnú comhréireachta;
- (c) más indéanta, úsáid a bhaint as comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe na bPáirtithe, mar shampla trí shásraí an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (dá ngairtear 'ILAC' anseo feasta) agus an Fhóraitm Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (dá ngairtear 'IAF' anseo feasta);

- (d) úsáid comhaontuithé nó socruithe feidhmiúla idirnáisiúnta maidir le comhchuibhiú, nó glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta a éascú a spreagadh;
- (e) a áirithiú nach gcuirfidh a rialacha agus a nósanna imeachta srian gan ghá leis an rogha d'oibreoirí eacnamaíochta i measc na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta arna n-ainmniú ag a údaráis i leith táirge nó sraith áirithe táirgí;
- (f) a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí a chomhlachtaí creidiúnaithe comhsheasmhach le caighdeáin idirnáisiúnta um chreidiúnú agus, chuige sin, nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa idir comhlachtaí creidiúnaithe agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta maidir lena ngníomhaíochtaí comhréireachta, lena n-áirítear pearsanra;
- (g) a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta a gcuid gníomhaíochtaí ar bhealach a chuireann cosc ar choinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do thoradh an mheasúnaithe comhréireachta;
- (h) a cheadú do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta úsáid a bhaint as fochonraitheoirí chun tástáil nó cigireachtaí a dhéanamh i ndáil leis an measúnú comhréireachta, lena n-áirítear fochonraitheoirí atá suite i gcríoch an Pháirtí eile. Ní fhorléireofar sa phointe seo mar ní a chuireann toirmeasc ar Pháirtí a cheangal ar fhochonraitheoirí na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus a cheanglófaí ar an gcomhlacht um measúnú comhréireachta dá bhfuil sé faoi chonradh a chomhlíonadh chun na tástálacha ar conradh nó an chigireacht féin a dhéanamh; agus
- (i) a áirithiú go ndéanfar mionsonraí, lena n-áirítear raon feidhme an tsonrúcháin, na gcomhlachtaí atá ainmnithe chun measúnú comhréireachta den sórt sin a dhéanamh, a fhoilsiú ar líne.

4. Ní chuirfidh aon rud san Airteagal seo bac ar Pháirtí a cheangal go ndéanfaidh údaráis rialtais faoi leith an Pháirtí measúnú comhréireachta i ndáil le táirgí sonracha. Má éilíonn Páirtí go ndéanfaidh a údaráis shonracha rialtais measúnú comhréireachta, déanfaidh an Páirtí sin an méid seo a leanas:

- (a) teorainn a chur leis na táillí a bhaineann le measúnú comhréireachta do neaschostas na seirbhísí a tugadh agus, arna iarraidh sin d'iaratasóir ar mheasúnú comhréireachta, míneoidh sé an chaoi a bhfuil aon táille a fhorchuirfidh sé le haghaidh measúnú comhréireachta den sórt sin teoranta do neaschostas na seirbhísí a tugadh; agus
- (b) a áirithiú go mbeidh na táillí um measúnú comhréireachta ar fáil ach iad a iarraidh, i gcás nach bhfoilsítear iad.

5. D'ainneoin mhír 1, mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo, sna réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn 9-A (Glacadh le measúnú comhréireachta (doiciméid)) a nglacann an tAontas le SDoC ina leith, déanfaidh an Nua-Shéalainn, má mheasann sí go bhfuil gá le measúnú comhréireachta nach measúnú céadpháirtí é, mar dhearbhú go gcomhlíonann táirge ceanglais rialacháin theicniúla na Nua-Shéalainne, déanfaidh sé na nithe seo a leanas a ghlacadh:

- (a) deimhnithe agus tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá suite i gcríoch an Aontais agus atá creidiúnaithe ag comhalta de chomhlacht creidiúnaithe na socrúithe idirnáisiúnta maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don ILAC nó don IAF, nó gcomhlachtaí comharbais, nó atá creidiúnaithe ar shlí eile aitheanta de bhun rialacháin theicniúla na Nua-Shéalainne; nó
- (b) maidir le sábháilteacht leictreach agus gnéithe a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, deimhnithe agus tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá suite i gcríoch an Aontais agus faoin gCóras IEC um Scéimeanna Measúnaithe Comhréireachta do Threalamh Leictreicniúil agus Comhpháirteanna (IECEE) Scéim an Chomhlachta Deimhnithe (CB).

6. Is éard atá i SDoC ná fianú comhréireachta céadpháirtí arna eisiúint¹ ag an monaróir nó ag céad páirtí údaráithe eile faoi fhreagracht an mhonaróra nó an pháirtí sin amháin, ar bhonn na dtorthaí gníomhaíochta de mheasúnú comhréireachta de chineál iomchuí agus gan measúnú éigeantach tríú páirtí a áireamh.

7. Comhoibreoidh na Páirtithe le chéile i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh i gcomhréir leis an gComhaontú i dtaca le haitheantas frithpháirteach maidir le measúnú comhréireachta idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn², arna dhéanamh in Wellington an 25 Meitheamh 1998. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh freisin, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chomhaontaithe sin, a raon feidhme a leathnú maidir leis na táirgí, na ceanglais rialála is infheidhme nó na comhlachtaí aitheanta um measúnú comhréireachta.

AIRTEAGAL 9.8

Trédhearcacht

1. Ach amháin i gcás ina dtagann fadhbanna práinneacha maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta chun cinn nó ina bhfuil bagairt ann go dtiocfaidh siad chun cinn, ceadóidh gach Páirtí don Pháirtí eile barúlacha i scríbhinn a sholáthar maidir le rialacháin theicniúla beartaithe agus nósanna imeachta beartaithe um measúnú comhréireachta, ar tugadh fógra ina leith, laistigh de thréimhse 60 lá ar a laghad ón dáta a ndéanfar an fógra maidir le rialacháin nó nósanna imeachta den sórt sin a tharchur chuig Clárlann Lárnach Fógraí EDT. Dearcfaidh Páirtí le hintinn fhabhrach ar iarraidh réasúnta ar shíneadh ama a chur leis an tréimhse barúla sin.

¹ De bhun rialacháin theicniúla gach Páirtí.

² IO EU L 229, 17.8.1998, lch. 62.

2. I gcás nach bhfuil an téacs ar tugadh fógra ina leith i gceann de theangacha oifigiúla EDT, cuirfidh gach Páirtí tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar fáil maidir le hinneachar an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe i bhformáid fógartha EDT.
3. Má fhaigheann Páirtí barúlacha i scríbhinn ón bPáirtí eile maidir lena rialachán teicniúil nó lena nós imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) má iarrann an Páirtí eile air é, na barúlacha i scríbhinn a phlé le rannpháirtíocht a údaráis rialála inniúil, nuair is féidir, tráth inar féidir na barúlacha sin a chur san áireamh; agus
 - (b) freagra a thabhairt i scríbhinn ar na saincheisteanna substaintiúla a cuireadh i láthair sna barúlacha tráth nach déanaí ná dáta foilsithe an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnacht chomhréireachta.
4. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí, trí fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin más féidir, a chuid freagraí ar shaincheisteanna suntasacha nó substainteacha a thíolacfar i mbarúlacha a gheofar ó Chomhaltaí eile de chuid an EDT maidir lena fhógra BTT dá dtagraítear i mír 1 den togra le haghaidh an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta.
5. Ar iarraidh sin don Pháirtí eile, soláthróidh Páirtí faisnéis maidir leis na cuspóirí, an réasúnaíocht atá le rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha ag an bPáirtí nó a bhfuil sé beartaithe ag an bPáirtí é a ghlacadh.
6. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha aige a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin agus go bhfuil rochtain orthu saor in aisce.

7. Trí aguisín a ghabhann leis an bhfógra bunaidh chuig EDT, soláthróidh gach Páirtí faisnéis maidir le glacadh agus teacht i bhfeidhm rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an téacs críochnaitheach arna nglacadh.
8. De bhun Airteagal 2.12 den Chomhaontú BTT, beidh le tuiscint leis an téarma ‘eatramh réasúnta’ tréimhse nach gairide ná 6 mhí, ach amháin i gcás nach mbeadh sin éifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a bhaint amach.
9. Dearcfaidh Páirtí le hintinn fhabhrach ar iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile, a gheofar roimh dheireadh na tréimhse tuairime dá dtagraítear i mír 1 tar éis tharchur chuig Clárann Lárnach Fógraí EDT ar shíneadh a chur leis an tréimhse ama idir glacadh an rialacháin theicniúil agus a theacht i bhfeidhm, ach amháin i gcás ina mbeadh sí seo neamhéifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 9.9

Marcáil agus lipéadú

1. D’fhéadfadh ceanglais marcála nó lipéadaithe agus na ceanglais sin amháin a bheith san áireamh le rialachán teicniúil Páirtí nó d’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na ceanglais sin agus ar na ceanglais sin amháin leis. I gcásanna den sórt sin, tá feidhm ag prionsabail ábhartha Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT maidir leis na rialacháin theicniúla sin.
2. I gcás ina n-éilíonn Páirtí comharthú nó lipéadú éigeantach táirgí, déanfaidh sé an méid a leanas:
 - (a) sa mhéid gur féidir ní éileoidh sé ach faisnéis atá ábhartha do thomhaltóirí nó d’úsáideoirí an táirge nó faisnéis lena léirítear comhréireacht an táirge leis na ceanglais theicniúla éigeantacha;

- (b) ní éileoidh sé aon fhormheas, clárú ná deimhniú roimh ré maidir leis na marcálacha ná lipéid ar tháirgí, ná aon eisíocaíocht táillí, mar réamhchoinníoll chun táirgí a chur ar a mhargadh a chomhlíonann a cheanglais theicniúla éigeantacha seachas sin ach amháin i gcás gur gá sin i bhfianaise riosca na dtáirgí nó riosca an mhéid a mhaítear ar na marcálacha agus lipéid sin do shláinte nó do bheatha daoine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó don tslándáil náisiúnta;
- (c) i gcás ina gceanglóidh sé ar oibreoirí eacnamaíocha uimhir aitheantais uathúil a úsáid, eiseoidh sé an uimhir sin d'oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile gan moill mhíchúí agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;
- (d) ar choinníoll go gcomhlíonann marcáil agus lipéadú táirge ceanglais rialála an Pháirtí is allmhaireoir agus nach bhfuil siad míthreorach, frithráiteach nó mearbhlach a mhéid a bhaineann le ceanglais rialála an Pháirtí is allmhaireoir,¹ ceadóidh sé an méid seo a leanas:
- (i) faisnéis i dteangacha eile i dteannta na teanga a éilítear sa Pháirtí is allmhaireoir;
 - (ii) ainmníochtaí, picteachraim, siombailí nó grafaicí a nglactar leo go hidirnáisiúnta; agus
 - (iii) faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis sin a éilítear sa Pháirtí is allmhaireoir;

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, tagraíonn an pointe seo don Pháirtí is allmhaireoir.

- (e) glacfaidh sé leis go ndéantar lipéadú, lena n-áirítear lipéadú forlíontach nó ceartúcháin ar lipéadú, i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir lena rialacháin agus nósanna imeachta ábhartha mar mhalairt ar lipéadú sa Pháirtí is onnmhaireoir, ach amháin má tá gá le lipéadú den sórt sin i bhfianaise na gcuspóirí dlisteanacha dá dtagraítear in Airteagal 2.2 de Chomhaontú TBT; agus
- (f) más rud é go measann sé nach gcuirfear cuspóirí dlisteanacha dá dtagraítear in Airteagal 2.2 de Chomhaontú TBT i mbaol, déanfaidh sé gach iarracht glacadh le lipéid neamhbhuana nó inbhainte, nó le marcáil nó lipéadú sna doiciméid a ghabhann leis, seachas a cheangal go mbeidh marcáil nó lipéadú ceangailte go fisiciúil den táirge.
3. Níl feidhm ag mír 2 den Airteagal seo maidir le marcáil nó lipéadú táirgí íocshláinte agus feistí leighis, mar atá sainmhínithe i ndlíthe agus i rialacháin Páirtí.

AIRTEAGAL 9.10

Comhar maidir le faireachas margaidh agus maidir le sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí seachas bia

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘faireachas margaidh’ gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanann údarais phoiblí, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar i gcomhar le hoibreoirí eacnamaíocha, ar bhonn nósanna imeachta de chuid Páirtí a chuirfidh ar chumas an Pháirtí sin faireachán a dhéanamh nó aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht táirgí nó a gcomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar amach ina dhlíthe agus ina rialacháin.

2. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar maidir le faireachas margaidh, le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí seachas bia chun trádáil a éascú agus chun tomhaltóirí agus úsáideoirí eile a chosaint, agus an tábhacht a bhaineann le hiontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt bunaithe ar fhaisnéis chomhroinnte.

3. Áiritheoidh gach Páirtí:

- (a) go mbeidh feidhmeanna faireachais margaidh neamhchlaonta agus neamhspleách ar fheidhmeanna um measúnú comhréireachta chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint¹; agus
- (b) easpa aon leasa a dhéanfaidh difear do neamhchlaontacht na n-údarás um fhaireachas margaidh agus rialú nó maoirseacht á déanamh ar oibreoirí eacnamaíocha.

4. Féadfaidh na Páirtithe comhoibriú le chéile agus faisnéis a mhalartú maidir le faireachas margaidh, sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí seachas bia, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí agus bearta faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin;
- (b) modhanna measúnúcháin riosca agus tástáil táirgí;
- (c) aisghairmeacha comhordaithe táirg nó gníomhaíochtaí comhchosúla eile;

¹ Áiritheoidh gach páirtí é go ndéanfar na coimirce is gá a chur i bhfeidhm chun neamhchlaontacht agus easpa coinbhleachta leasa a áirithiú má chuirtear feidhmeanna faireachais margaidh agus feidhmeanna um measúnú comhréireachta ar iontaoibh eintitis aonair.

- (d) ábhair eolaíocha, teicniúla agus rialála, chun sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí seachas bia a fheabhsú;
- (e) saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhfuil ábharthacht shuntasach sláinte poiblí agus sábháilteachta ag baint leo;
- (f) gníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú; agus
- (g) malartú oifigeach.

5. Féadfaidh an tAontas faisnéis roghnaithe óna Córas Mear-rabhaidh um tháirgí contúirteacha seachas bia a sholáthar don Nua-Shéalainn maidir le táirgí tomhaltais dá dtagraítear i dTreoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó lena chóras comharba, agus féadfaidh an Nua-Shéalainn faisnéis roghnaithe a sholáthar don Aontas maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais seachas bia agus maidir le bearta coiscitheacha, sriantacha agus ceartaitheacha a glacadh, maidir le táirgí tomhaltais dá dtagraítear i reachtaíocht ábhartha na Nua-Shéilainne. Féadfaidh an malartú faisnéise a bheith i bhfoirm:

- (a) malartú *ad hoc*, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo; nó
- (b) malartú córasach, bunaithe ar shocrú arna bhunú le cinneadh ón gCoiste um Thrádáil de bhun Iarscríbhinn 9-C (Socrú dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 9.10(5) maidir le malartú córasach faisnéise i ndáil le sábháilteacht táirgí seachas bia agus bearta coiscitheacha, sriantacha agus ceartaitheacha lena mbaineann).

¹ Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO AE L 11, 15.1.2002, lch. 4).

6. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh de bhun Iarscríbhinn 9-D (Socrú dá dtagraítear in Airteagal 9.10(6) chun faisnéis a mhalartú go rialta maidir le bearta arna nglacadh i dtaca le táirgí seachas bia neamh-chomhlíontacha seachas na táirgí sin a chumhdaítear le pointe (b) d'Airteagal 9.10. (5)) socrú maidir le malartú rialta faisnéise, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, maidir le bearta arna nglacadh i ndáil le táirgí seachas bia neamh-chomhlíontacha, seachas na táirgí sin a chumhdaítear le pointe (b) de mhír 5 den Airteagal seo.

7. Is chun tomhaltóirí, sláinte, sábháilteacht nó an comhshaol a chosaint agus chun na críche sin amháin a úsáidfidh gach Páirtí an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 4, 5 agus 6.

8. Is mar fhaisnéis rúnda a láimhseálfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 4, 5 agus 6.

9. Sonrófar leis na socruithe dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 5 agus i mír 6 an cineál faisnéise atá le malartú, na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

10. Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh chun socruithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn 9-C (Socrú dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 9.10(5) a chinneadh nó a leasú chun faisnéis a mhalartú go córasach maidir le sábháilteacht táirgí seachas bia agus maidir le bearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha lena mbaineann) agus 9-D (Socrú dá dtagraítear in Airteagal 9.10(6) maidir le malartú rialta faisnéise maidir le bearta arna nglacadh maidir le táirgí neamh-chomhlíontacha seachas bia, seachas na táirgí sin a chumhdaítear le pointe (b) d'Airteagal 9.10(5)).

AIRTEAGAL 9.11

Idirphlé teicniúil agus comhairliúcháin

1. Má mheasann Páirtí go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag dréacht nó ag rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta de chuid an Pháirtí eile ar thrádáil idir na Páirtithe, féadfaidh sé pléití ar an ábhar a iarraidh. Déanfar an t-iarraidh sin i scríbhinn agus sainaithneofar ann:

- (a) an beart atá i gceist;
- (b) na forálacha den Chaibidil seo lena mbaineann na hábhair inmí; agus
- (c) na cúiseanna atá leis an iarraidh, lena n-áirítear tuairisc ar ábhair inmí an Pháirtí iarrataigh maidir leis an mbeart.

2. Déanfaidh Páirtí a iarraidh a sheachadadh chuig comhordaitheoir Chaibidil BTT an Pháirtí eile arna ainmniú de bhun Airteagal 9.14. (Comhordaitheoir Chaibidil BTT).

3. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, tiocfaidh na Páirtithe le chéile chun na hábhair inmí a ardaítear san iarraidh a phlé, go pearsanta nó trí aon mhodh cumarsáide, lena n-áirítear teileafón, físchomhdháil nó modhanna leictreonacha cumarsáide eile laistigh de 60 lá ó dháta na hiarrata agus féachfaidh siad le teacht ar réiteach a luaithe is féidir. Má chreideann Páirtí iarratach go bhfuil práinn leis an gcás, féadfaidh sé a iarraidh go mbeidh aon chruinniú ann laistigh de thréimhse ama níos giorra. I gcásanna den sórt sin, dearcfaidh an Páirtí is freagróir le hintinn fhabhrach ar iarraidh den sórt sin.

4. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir le haon ábhar a eascróidh faoin gCaibidil seo ach iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig comhordaitheoir Chaibidil BTT an Pháirtí eile. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht chun teacht ar réiteach ar an ábhar sin a bheidh chun sástacht a chéile.
5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar do Chaibidil 26 (Réiteach Díospóidí).

AIRTEAGAL 9.12

Comhar

1. Féadfaidh na Páirtithe comhoibriú le chéile i leith réimsí leasa fhrithpháirtigh áirithe, d'fhonn deireadh a chur le bacainní teicniúla ar thrádáil nó na bacainní sin a laghdú nó a sheachaint agus d'fhonn trádáil idir na Páirtithe a éascú, lena n-áirítear trí réitigh dhigiteacha.
2. Féadfaidh na Páirtithe comhoibriú maidir le haon saincheistanna a bhaineann le hIarscríbhinn 9-A (Glacadh le measúnú comhréireachta (doiciméid)), lena n-áirítear cur chun feidhme na hIarscríbhinne sin, agus faisnéis a mhalartú ina leith.

AIRTEAGAL 9.13

Toirmeasc ar an tástáil ar ainmhithe

1. Leanfaidh gach Páirtí de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do thaighde, d'fhorbairt, do bhailíochtú agus do ghlacadh rialála maidir le modhanna malartacha ar an tástáil ar ainmhithe, agus leanfaidh siad dá gcur chun cinn.

2. Glacfaidh gach Páirtí, chun críche measúnú sábháilteachta ar tháirgí a thagann faoin sainmhíniú ar an téarma ‘táirge cosmaideach’ ina ndlínse, torthaí tástála arna nginiúint ó mhodhanna bailíochtaithe malartacha ar an tástáil ar ainmhithe.
3. Ní cheanglóidh Páirtí go ndéanfar táirge a thagann faoin sainmhíniú ar an téarma ‘táirge cosmaideach’ ina dhlínse a thástáil ar ainmhithe chun sábháilteacht táirge den sórt sin a chinneadh.

AIRTEAGAL 9.14

Comhordaitheoir chaibidil BTT

1. Ainmneoidh gach Páirtí comhordaitheoir Chaibidil BTT agus tabharfaidh sé fógra don Páirtí eile maidir lena sonraí teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.
2. Oibreoidh na comhordaitheoirí Chaibidil BTT le chéile chun cur chun feidhme na Caibidle seo agus an comhar idir na Páirtithe i ngach ábhar a bhaineann le BTT a éascú. Chuige sin agus faoi réir nósanna imeachta inmheánacha gach Páirtí, beidh na freagrachtaí seo a leanas, go háirithe, ar chomhordaitheoirí na Caibidle BTT:
 - (a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus riarachán na Caibidle seo, aghaidh a thabhairt go pras ar aon saincheist a ardaíonn ceachtar Páirtí a bhaineann le forbairt, glacadh, cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú, rialachán teicniúil, caighdeán, agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus ar iarraidh sin do cheachtar Páirtí, dul i gcomhairle maidir le haon ní a éireoidh faoin gCaibidil seo;

- (b) cur leis an gcomhar maidir le rialacháin theicniúla, caighdeáin agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt agus a fheabhsú;
 - (c) an idirphlé teicniúil nó na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9.11 (Idirphlé teicniúil agus comhairliúchán) a shocrú;
 - (d) bunú meithleacha¹ a shocrú, nuair is ábhartha; agus
 - (e) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí i bhfóirneamhrialtais, réigiúnacha agus iltaobhacha a bhaineann le rialacháin theicniúla, caighdeáin, agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.
3. Déanfaidh comhordaitheoirí Chaibidil BTT cumarsáid lena chéile trí aon mhodh comhaontaithe a bheidh iomchuí chun a bhfreagrachtaí a dhéanamh.

¹ Ar mháithe le cinnteacht níos fearr, ní fhéadfaidh an Coiste um Thrádáil a chinneadh meithleacha a bhunú ach amháin de bhun pointe (a) d'Airteagal 24.2(2) (Feidhmeanna an Choiste um Thrádáil).

CAIBIDIL 10

TRÁDÁIL I SEIRBHÍSÍ AGUS INFHEISTÍOCHT

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 10.1

Cuspóirí

1. Leagann na Páirtithe síos leis seo, agus a dtiomantas do thimpeallacht níos fearr a chruthú d'fhorbairt na trádála agus na hinfheistíochta eatarthu á dhearbhu acu, na socruithe is gá chun an trádáil i seirbhísí agus infheistíocht a léirscaoileadh go comhleanúnach.
2. Athdheimhníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcóiríochta chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte an duine, ainmhithe nó planda, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol lena n-áirítear an t-athrú aeráide, agus an mhoráltacht phoiblí a chosaint, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, leas ainmhithe, príobháideacht agus cosaint sonraí, éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, agus, i gcás na Nua Shéilainne, cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí na Maorach a chur chun cinn nó a chosaint.

AIRTEAGAL 10.2

Raon feidhme

1. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a dhéanann difear do dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí atá ag iarraidh rochtain a fháil ar mhargadh fostaíochta an Pháirtí eile ná maidir le bearta a bhaineann le náisiúntacht, saoránacht, cónaí nó fostaíocht ar bhonn buan.
2. Ní choiscfidh an Chaibidil seo ar Pháirtí bearta a chur i bhfeidhm chun rialú a dhéanamh ar theacht isteach daoine nádúrtha ina chríoch, nó fanacht daoine nádúrtha go sealadach ina chríoch, lena n-áirítear na bearta sin atá riachtanach chun sláine a theorainneacha a chosaint agus gluaiseacht ordúil daoine nádúrtha trasna a theorainneacha a áirithiú, ar choinníoll nach gcuirfear bearta den sórt sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfar neamhniú nó lagú ar na sochair a fhabhraíonn don Pháirtí eile faoin gCaibidil seo¹.
3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid a leanas:
 - (a) aersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara mar thaca le haersheirbhísí², seachas an méid a leanas:
 - (i) seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála aerárthaí;

¹ An fíoras go gceanglaítear víosa a bheith ag daoine nádúrtha de thíortha áirithe agus nach gceanglaítear víosa a bheith ag daoine nádúrtha de thíortha eile, ní fhéachfar air ann féin mar chúis le neamhniú nó lagú a dhéanamh ar shochair a fhabhraíonn faoin gCaibidil seo.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, leis an téarma ‘aersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara mar thaca le haersheirbhísí’, áirítear na seirbhísí seo a leanas: an t-aeriompar; seirbhísí a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aerárthach nach é is príomhchuspóir dó earraí nó paisinéirí a iompar, amhail oiliúint eitilte maidir le haerchomhrac dóiteáin, fámaireacht, spraeáil, suirbhéireacht, mapáil, grianghrafadóireacht, léim pharaisiúit, tarraingt faoileoirí, ardú le héileacaptar chun lománaíocht agus tógáil a dhéanamh, agus aersheirbhísí talmhaíochta, tionsclaíochta agus cigireachta eile; aerárthaí le criú a fháil ar cíos; agus seirbhísí oibriúcháin aerfoirt.

- (ii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí (CRS);
 - (iii) seirbhísí láimhseála ar an talamh;
 - (iv) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú; agus
 - (v) na seirbhísí seo a leanas a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aerárthach le foireann, nach é iompar earraí ná paisinéirí a phríomhchuspóir: aerchomhrac dóiteáin; oiliúint eitilte; spraeáil; suirbhéireacht; mapáil; grianghrafadóireacht; seirbhísí eachtraíochta eitlíochta¹; agus aersheirbhísí talmhaíochta, tionsclaíochta agus cigireachta eile;
- (b) seirbhísí closamhairc; agus
- (c) cabatáiste muirí náisiúnta².

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn an téarma ‘seirbhísí eachtraíochta eitlíochta’ seirbhísí a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aerárthach foireannaithe ina mbíonn úsáideoirí ag gabháil d’oibríocht san aer chun críche spórt nó áineasa, amhail turas in aerárthach ar aerárthach míleata a bhí ann roimhe sin, in aerárthach macasamhlach nó i sean-aerárthaigh, turas i mbalún aer te nó turais chleaseitilte.

² Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a fhéadfar a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, chun críocha na Caibidle seo cuimsíonn an téarma ‘cabatáiste muirí náisiúnta’ na nithe seo a leanas:

- (i) i gcás an Aontais, paisinéirí nó earraí a iompar idir calafort nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982, (dá ngairtear ‘UNCLOS’ anseo feasta), agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach;
- (ii) i gcás na Nua-Shéalainne, iompar ar muir paisinéirí nó lasta idir calafort nó pointe atá suite sa Nua-Shéalainn agus calafort nó pointe eile atá suite sa Nua-Shéalainn, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite sa Nua-Shéalainn. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gur cabatáiste muirí náisiúnta seirbhísí friothálacha, mar a shainmhínítear iad i bpointe (d) d’Airteagal 10.70(2) (Raon feidhme agus sainmhínithe), agus athshuíomh coimeádán folamh, nach bhfuil á n-iompar mar lasta, chun críocha na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 10.3

Sainmhíithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhíithe a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘gníomhaíocht a dhéantar le linn údarás rialtais a fheidhmiú’ gníomhaíocht, lena n-áirítear aon seirbhís a sholáthraítear, nach ndéantar ar bhonn tráchtála ná in iomaíocht le hoibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó;
- (b) ciallaíonn ‘seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála aerárthaí’ na gníomhaíochtaí sin a dhéantar le haerárthach nó le cuid de le linn dó a bheith tarraingthe siar ó sheirbhís, agus ní áirítear leo an ní ar a dtugtar gnáthchothabháil;
- (c) ciallaíonn ‘seirbhísí córais áirithinte ar ríomhaire (CRS)’ seirbhís a sholáthraítear le córais ríomhairithe ina bhfuil faisnéis faoi sceidil, infhaighteacht, táillí agus rialacha táillí aeriompróirí, ar córais iad trínar féidir áirithintí a dhéanamh nó ticéid a eisiúint;
- (d) ciallaíonn ‘fiontar cumhdaithe’ fiontar i gcríoch Páirtí a bhunaíonn infheisteoir de chuid an Pháirtí eile i gcomhréir le pointe (g), de réir an dlí is infheidhme, ar ann dó cheana ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó arna bhunú ina dhiaidh sin;

- (e) ciallaíonn ‘trádáil trasteorann i seirbhísí’ seirbhís a sholáthraítear:
- (i) ó chríoch Páirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó
 - (ii) i gcríoch Páirtí chuig tomhaltóir seirbhíse an Pháirtí eile;
- (f) ciallaíonn ‘gníomhaíocht eacnamaíoch’ aon ghníomhaíocht de chineál tionsclaíoch, tráchtála nó gairmiúil nó aon ghníomhaíocht a dhéanann ceardaí, lena n-áirítear soláthar seirbhísí, ach amháin gníomhaíocht a dhéantar agus údarás rialtasach á fheidhmiú;
- (g) ciallaíonn ‘bunaíocht’ duine dlíthiúil a bhunú nó a fháil, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht chaipitil, nó brainse nó oifig ionadaíoch a chruthú i gcríoch Páirtí, d’fhonn naisc eacnamaíocha mharthanacha a chruthú nó a chothabháil;
- (h) ciallaíonn ‘seirbhísí láimhseála ar an talamh’ na seirbhísí seo a leanas a chuirtear ar fáil ag aerfort ar bhonn táille nó conartha: ionadaíocht na n-aerlíne; riarachán agus maoirseacht; láimhseáil paisinéirí; láimhseáil bagáiste; seirbhísí rampa; lónadóireacht; láimhseáil aerlasta agus poist; breoslú aerárthaí; seirbhísíú agus glanadh aerárthaí; iompar de mhuir agus de thír; agus oibríochtaí eitilte, riar foirne agus pleanáil eitiltí. Ní áirítear na seirbhísí seo a leanas leis an téarma ‘seirbhísí láimhseála ar an talamh’: féinseirbhís láimhseála; an tslándáil; deisiú agus cothabháil aerárthaí; nó bonneagar láraithe aerfoirt, atá fíor-riachtanach, a bhainistiú nó a oibriú, amhail saoráidí dí-oighrithe, córais dáilte breosla, córais láimhseála bagáiste agus córais iompair fhosaithe laistigh den aerfort;

- (i) ciallaíonn ‘infheisteoir de chuid Páirtí’ duine nádúrtha nó dlíthiúil de chuid Páirtí, lena n-áirítear Páirtí a fhéachann le fiontar a bhunú, a bhfuil fiontar á bhunú aige nó a bhunaigh fiontar i gcomhréir le pointe (g) i gcríoch an Pháirtí eile;
- (j) ciallaíonn ‘duine dlíthiúil de chuid Páirtí’¹:
- (i) thar ceann an Aontais:
- (A) duine dlíthiúil atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí ceann amháin de na Ballstáit ar a laghad agus atá i mbun oibríochtaí substainteacha gnó² san Aontas; agus
- (B) cuideachtaí loingseoireachta atá bunaithe lasmuigh den Aontas, agus atá á rialú ag daoine nádúrtha de Bhallstát, a bhfuil a soithí cláraithe i mBallstát den Aontas agus a bhfuil bratach an Bhallstáit ar foluain acu;
- (ii) i gcás na Nua-Shéalainne:
- (A) duine dlíthiúil atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí na Nua-Shéalainne agus atá ag gabháil d’oibríochtaí substainteacha gnó i gcríoch na Nua-Shéalainne; agus

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheastar gur daoine dlíthiúla de chuid Páirtí iad na cuideachtaí loingseoireachta a luaitear sa phointe seo ach amháin i leith a ngníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí múiriompair a sholáthar.

² I gcomhréir lena fhógra faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh don EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint ag an Aontas gurb ionann an coincheap ‘nasc éifeachtach agus leanúnach’ le geilleagar Ballstáit den Aontas atá cumhdaithe in Airteagal 54 den CFAE coibhéseach agus an coincheap ‘oibríochtaí gnó substaintiúla’.

- (B) cuideachtaí loingseoireachta atá bunaithe lasmuigh den Nua-Shéalainn, agus atá á rialú ag daoine nádúrtha de chuid na Nua-Shéalainne, a bhfuil a soithí cláraithe sa Nua-Shéalainn agus a bhfuil bratach na Nua-Shéalainne ar foluain acu;
- (k) ciallaíonn ‘oibriú’ seoladh, bainistiú, cothabháil, úsáid, teachtadh, nó díol nó cineál eile diúscartha fiontair;
- (l) ciallaíonn ‘díol agus margáocht seirbhísí aeriompair’ na deiseanna atá ag an aeriompróir lena mbaineann a chuid seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú faoi shaoirse, lena n-áirítear gach gné den mhargaíocht, amhail taighde margaidh, fógraíocht agus dáileadh, ach ní áirítear leo praghsáil seirbhísí aeriompair ná na coinníollacha is infheidhme;
- (m) ciallaíonn ‘seirbhís’ aon seirbhís in aon earnáil, seachas seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais; agus
- (n) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse’ aon duine nádúrtha nó dlíthiúil a fhéachann le seirbhís a sholáthar nó a sholáthraíonn seirbhís.

ROINN B

LÉIRSCAOILEADH INFHEISTÍOCHTA

AIRTEAGAL 10.4

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann dífead do bhunú agus d'oibriú chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh trí:

- (a) infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile;
- (b) fiontair chumhdaithe; agus
- (c) chun críocha Airteagal 10.9 (Ceanglais feidhmíochta), aon fhiontar i gcríoch an Pháirtí a ghlacann an beart, nó a chloíonn leis.

2. Níl feidhm ag an Roinn seo maidir le haon bheart de chuid Páirtí maidir le soláthar poiblí earra nó seirbhíse a cheannaítear chun críocha rialtais agus nach gceannaítear ar mhaithe lena n-athdhíol tráchtála nó ar mhaithe lena n-úsáid chun earra nó seirbhís a sholáthar lena ndíol in idirbheart tráchtála, gan beann ar cé acu is soláthar cumhdaithe é an soláthar sin nó nach ea de réir bhrí Airteagal 14.1(4) (Forálacha áirithe de CSR a ionchorprú).

3. Níl feidhm ag Airteagail 10.5 (Rochtain ar an margadh), 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) agus 10.8 (Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí) maidir le fóirdheontais nó deontais arna soláthar ag na Páirtithe, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

AIRTEAGAL 10.5

Rochtain ar an margadh

Maidir le rochtain ar an margadh trí infheisteoir de chuid an Pháirtí eile nó trí fhiontair chumhdaithe a bhunú nó a oibriú, cibé acu ar bhonn a chríche uile nó ar bhonn foroinn críche, ní dhéanfaidh Páirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:

(a) bearta lena gcuirfear teorainneacha le¹:

- (i) líon na bhfiontar a fhéadfaidh gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach a dhéanamh, bíodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó cearta eisiacha nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;
- (ii) luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

¹ Ní chumhdaítear le pointí (a)(i), (a)(ii) agus (a)(iii) bearta a dhéantar chun táirgeadh táirge talmhaíochta nó iascaigh a theorannú.

- (iii) líon iomlán na n-oibríochtaí nó cainníocht iomlán an aschuir arna shloinneadh mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;
 - (iv) rannpháirtíocht an chaipitil eachtraigh i dtaca leis an teorainn chéatadánach uasta ar scairshealbhú eachtrach nó luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí aonair nó na hinfheistíochta eachtraí comhiomláine; nó
 - (v) líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil ar leith nó a fhéadfar a fhostú i bhfiontar agus atá riachtanach le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch, agus atá bainteach go díreach leis an ngníomhaíocht sin; nó
- (b) lena ndéanfar cineálacha sonracha eintiteas dlítheanach nó comhfhiontair trínar féidir le hinfheisteoir de chuid an Pháirtí eile gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh a shrianadh nó lena ndéanfar riachtanach iad.

AIRTEAGAL 10.6

Cóir náisiúnta

Tabharfaidh gach Páirtí d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus d'fhiontair chumhdaithe cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, dá infheisteoirí féin agus dá bhfiontair, maidir lena mbunú agus lena n-oibriú ina chríoch.

AIRTEAGAL 10.7

Cóir an náisiúin barrfhabhair

1. Déanfaidh gach Páirtí cóir a thabhairt d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus d'fhiontair chumhdaithe, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, d'infheisteoirí de chuid tríú tír agus dá bhfiontair, maidir lena mbunú agus lena n-oibriú ina chríoch.
2. Ní fhorléireofar mír 1 mar mhír a chuireann d'oibleagáid ar Pháirtí cóir a thabhairt d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile ná d'fhiontair chumhdaithe ar cóir í a eascraíonn ó chomhaontú nó socrú atá ann cheana nó ó chomhaontú nó socrú a bheidh ann amach anseo lena ndéantar foráil maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí, do cheadúnais nó do bhearta stuamachta dá dtagraítear in Airteagal VII de GATS nó i mír 3 den Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS.
3. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní áirítear na nósanna imeachta um réiteach díospóidí dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile leis an gcóir dá dtagraítear i mír 1.
4. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní 'cóir' dá dtagraítear i mír 1 atá i bhforálacha substainteacha i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile arna dtabhairt i gcrích ag Páirtí le tríú tír. Féadfaidh bearta Páirtí de bhun na bhforálacha sin a bheith ina gcóir den sórt sin agus, dá bhrí sin, féadfaidh sárú ar an Airteagal seo eascairt astu. Níl ach trasuí na bhforálacha substainteacha i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile arna dtabhairt i gcrích ag Páirtí le tríú tír sa dlí náisiúnta, a mhéid is gá chun iad a ionchorprú sa dlí chóras náisiúnta, nach gcáilíonn ann féin mar an gcóir dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 10.8

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ní cheanglóidh Páirtí ar fhiontar cumhdaithe daoine nádúrtha d'aon náisiúntacht ar leith a cheapadh i bpost ardbhainistíochta, nó mar chomhaltaí de bhoird stiúrthóirí.

AIRTEAGAL 10.9

Ceanglais feidhmíochta

1. Ní dhéanfaidh Páirtí aon cheanglas a fhorchur ná a fhorfheidhmiú, ná aon ghealltanais ná gnóthas a fhorfheidhmiú, i ndáil le haon fhiontar a bhunú nó a oibriú ina chríoch:
 - (a) chun leibhéal nó céatadán ar leith earraí nó seirbhísí a onnmhairiú;
 - (b) chun leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;
 - (c) chun fabhar a cheannach, a úsáid nó a thabhairt i leith earraí a tháirgtear nó seirbhísí a sholáthraítear ina chríoch nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó daoine dlíthiúla nó ó aon eintiteas eile ina chríoch;

- (d) chun méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar aon bhealach le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreafaí malairte eachtraí atá bainteach leis an bhfiontar sin;
- (e) chun srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an fiontar sin nó a sholáthraíonn sé trí dhíolacháin den sórt sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a insreafaí malairte eachtraí ar aon bhealach;
- (f) chun teicneolaíocht, próiseas táirgthe nó faisnéis dílseánaigh eile a aistriú chuig duine nádúrtha nó duine dlíthiúil nó aon eintiteas eile ina chríoch;
- (g) chun earra a tháirgeann nó seirbhís a sholáthraíonn an fiontar a sholáthar go heisiach ó chríoch an Pháirtí sin chuig margadh réigiúnach ar leith nó chuig an margadh domhanda;
- (h) chun an ceanncheathrú a shuí le haghaidh réigiún sonrath den domhan nó le haghaidh an mhargaidh dhomhanda ina chríoch;
- (i) chun líon nó céatadán áirithe daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí sin a fhostú;
- (j) chun leibhéal nó luach áirithe taighde agus forbartha a bhaint amach ina chríoch;
- (k) chun srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú; nó

- (l) maidir le haon chonradh ceadúnais¹ a bheidh ann tráth a fhorchuirfear nó a fhorfheidhmeofar an ceanglas, nó aon ghealltanais nó gnóthas a fhorfheidhmeofar, nó maidir le haon chonradh ceadúnais amach anseo a dhéanfar faoi shaoirse idir an fiontar agus duine nádúrtha nó duine dlíthiúil nó aon eintiteas eile ina chríoch, má fhorchuirfear nó má fhorfheidhmeofar an ceanglas nó má fhorfheidhmeofar an gealltanais nó an gnóthas, ar bhealach arb ionann é agus cur isteach go díreach ar chonradh ceadúnais den sórt sin trí údarás rialtasach neamhbhreithiúnach de chuid Páirtí² a fheidhmiú, chun na nithe seo a leanas a ghlacadh:
- (i) ráta nó méid áirithe ríchíosa faoi chonradh ceadúnais; nó
- (ii) fad áirithe téarma maidir le conradh ceadúnais.
2. I dtaca le fiontar a bhunú nó a oibriú ina chríoch, ní chuirfidh Páirtí comhlíonadh aon cheann de na ceanglais seo a leanas mar choinníoll le buntáiste³ a fháil nó leanúint de bhuntáiste a fháil:
- (a) chun leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;
- (b) fabhar a cheannach, a úsáid nó a thabhairt i leith earraí a tháirgtear nó seirbhísí a sholáthraítear ina chríoch, nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó daoine dlíthiúla nó ó aon eintiteas eile ina chríoch;

¹ Ciallaíonn an téarma ‘conradh ceadúnais’ aon chonradh a bhaineann le ceadúnú teicneolaíochta, próiseas táirgthe, nó faisnéis dílseánaigh eile.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, níl feidhm ag pointe (l) nuair a thugtar an conradh ceadúnais i gcrích idir an fiontar agus an Páirtí.

³ Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní ceanglas ná gealltanais ná gnóthas chun críoch mhír 1 coinníoll chun buntáiste dá dtagraítear i mír 2 a fháil nó leanúint den bhuntáiste sin a fháil.

- (c) chun méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar aon bhealach le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreafaí malairte eachtraí atá bainteach leis an bhfiontar sin;
 - (d) chun srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an fiontar sin nó a sholáthraíonn sé trí dhíolacháin den sórt sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a insreafaí malairte eachtraí ar aon bhealach; nó
 - (e) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú.
3. Ní fhorléireofar mír 2 mar mhír lena geuirtear cosc ar Pháirtí comhlíonadh ceanglais chun táirgeadh a lonnú, seirbhís a sholáthar, oiliúint a chur ar oibrithe nó iad a fhostú, saoráidí áirithe a thógáil nó a fhairsingiú, nó taighde agus forbairt a dhéanamh ina chríoch a chur mar choinníoll chun buntáiste a fháil nó leanúint de bhuntáiste a fháil, i ndáil le haon fhiontar a bhunú nó a oibriú ina chríoch.
4. Ní bheidh feidhm ag pointí (f) ná (l) de mhír 1 sna cásanna seo a leanas:
- (a) nuair a fhorchuirtear nó nuair a fhorfheidhmítear an ceanglas, nó nuair a chuireann cúirt, binse riaracháin, údarás iomaíochta de bhun dhlí iomaíochta an Pháirtí an gealltanais nó an gnóthas i bhfeidhm chun cleachtas a leigheas a chinntear tar éis próiseas breithiúnach nó riaracháin a bheith ina shárú ar dhlí na hiomaíochta; nó
 - (b) nuair a údaraíonn Páirtí ceart maoine intleachtúla a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31 nó le hAirteagal 31*bis* de Chomhaontú TRIPS, nó nuair a ghlacann nó nuair a choinníonn sé bearta lena ndéantar den riachtanas é go nochtar sonraí nó faisnéis dílseánaigh eile a thagann faoi raon feidhme Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS, agus atá comhsheasmhach léi.

5. Níl feidhm ag pointí (a), (b) ná (c) de mhír 1 ná ag pointí (a) ná (b) de mhír 2 maidir le ceanglais cháilíochta le haghaidh earraí nó seirbhísí i ndáil le rannpháirtíocht i gcláir chun onnmhairiú a spreagadh ná i gcláir um chúnamh eachtrach.
6. Níl feidhm ag pointí (a) ná (b) de mhír 2 maidir le ceanglais arna bhforchur ag Páirtí is allmhaireoir maidir leis an ábhar nach mór a bheith le fáil in earra chun go gcáileoidh sé le haghaidh taraifi fabhracha nó cuótaí fabhracha.
7. Níl feidhm ag pointe (l) de mhír 1 i gcás ina bhforchuireann nó ina bhforfheidhmíonn binse an ceanglas, nó ina bhforfheidhmíonn binse an gealltanais nó an gnóthas mar luach saothair cothromasach faoi dhlíthe cóipchirt an Pháirtí.
8. Tá an tAirteagal seo gan dochar oibleagáidí Páirtí faoi Chomhaontú EDT.
9. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir le haon tiomantas, gealltanais nó ceanglas seachas na cinn a leagtar amach sna míreanna sin.¹
10. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le bunú soláthróra seirbhísí airgeadais nó le hoibriú an tsoláthróra sin.
11. Maidir le ceanglais feidhmíochta a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais, déanfaidh na Páirtithe disciplíní a chaibidil maidir le ceanglais feidhmíochta i ndáil le soláthróirí seirbhíse airgeadais a bhunú nó a oibriú.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí cead a thabhairt seirbhís ar leith a sholáthar ar bhonn trasteorann más rud é go nglacann nó go gcoinníonn an Páirtí sin srianta nó toirmisc ar sholáthar na seirbhíse atá comhsheasmhach lena srianta in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana) nó Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo).

12. Laistigh de 180 lá ó dháta na caibidlíochta rathúla ag na Páirtithe ar na disciplíní i ndáil le ceanglas feidhmíochta de bhun mhír 11 den Airteagal seo, leasóidh an Coiste um Thrádáil mír 1 den Airteagal seo trí bhíthin cinneadh na disciplíní i ndáil leis an gceanglas feidhmíochta sin a chomhtháthú san Airteagal seo agus féadfaidh sé, de réir mar is iomchuí, bearta neamh-chomhréireacha gach Páirtí in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana) agus Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo) a leasú. Beidh feidhm ag an Airteagal seo ansin maidir le soláthróir seirbhíse airgeadais a bhunú agus a oibriú.

AIRTEAGAL 10.10

Bearta neamh-chomhréireacha

1. Níl feidhm ag Airteagail 10.5 (Rochtain ar an margadh), 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair), 10.8 (Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí) agus 10.9 (Ceanglais feidhmíochta) maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana de chuid Páirtí ar:

(i) thar ceann an Aontais:

(A) an tAontas, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana);

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana);

- (C) rialtas réigiúnach Ballstáit, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó
 - (D) leibhéal rialtais áitiúil, seachas an beart dá dtagraítear i bpointe (C); agus
- (ii) i gcás na Nua-Shéalainne:
- (A) an rialtas láir, mar a shonraítear i Sceideal na Nua-Shéalainne in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó
 - (B) rialtas áitiúil;
- (b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana dá dtagraítear i bpointe (a), nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh; nó
- (c) modhnú nó leasú ar aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), a mhéid nach laghdaítear ar chomhréireacht bhirt den sórt sin dá bharr, mar a bhí sé díreach roimh an modhnú nó an leasú, le hAirteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh), Airteagal 10.6 (Cóir náisiúnta), Airteagal 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair), 10.8 (Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí) agus Airteagal 10.9 (Ceanglais feidhmíochta).
2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 10.5 (Rochtain ar an margadh), 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair), 10.8 (Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí) agus 10.9 (Ceanglais feidhmíochta) maidir le beart de chuid Páirtí maidir le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis in Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo).

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, faoi aon bheart arna ghlacadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chumhdaítear leis an Sceideal a ghabhann leis in Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo), a cheangal ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, mar gheall ar a náisiúntacht, infheistíocht atá ann tráth a dtiocfaidh an beart i bhfeidhm a dhíol nó fáil réidh léi ar shlí eile.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 10.6 (Cóir náisiúnta) ná Airteagal 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) maidir le haon bheart arb eisceacht é le hAirteagal 3 nó Airteagal 4 de Chomhaontú TRIPS, nó ar maolú orthu é, mar a fhoráiltear go sonrach in Airteagail 3 go 5 den Chomhaontú sin.

AIRTEAGAL 10.11

Ceanglais faisnéise

D'ainneoin Airteagail 10.6 (Cóir náisiúnta) agus 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair), féadfaidh Páirtí a cheangal ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile nó ar a fhiontar cumhdaithe faisnéis a sholáthar maidir leis an bhfiontar cumhdaithe sin chun críocha faisnéise nó staidrimh agus chuige sin amháin. Cosnóidh an Páirtí pé faisnéis atá rúnda ar aon nochtadh lena ndéanfaí dochar do staid iomaíoch an infheisteora nó an fhiontair chumhdaithe. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo a choiscfidh ar Pháirtí ar shlí eile faisnéis a fháil nó a nochtadh i ndáil lena dhlí a chur i bhfeidhm go cothromasach de mheon macánta.

AIRTEAGAL 10.12

Diúltú sochar

Féadfaidh Páirtí sochair na Roinne seo a dhiúltú d'infheisteoir den Pháirtí eile, nó d'fhiontar cumhdaithe, má ghlacann nó má choinníonn an Páirtí diúltaithe bearta a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil, lena n-áirítear cearta an duine a chosaint, ar bearta iad:

- (a) lena ndéantar idirbhearta leis an infheisteoir, leis an bhfiontar cumhdaithe sin a thoirmeasc; nó
- (b) a shárófaí nó a rachfaí timpeall orthu más rud é gur tugadh sochair na Roinne seo don infheisteoir nó don fhiontar cumhdaithe, lena n-áirítear i gcás ina dtoirmisctear leis na bearta idirbhearta le duine nádúrtha nó dlíthiúil ar leis an infheisteoir nó an fiontar cumhdaithe nó a bhfuil an t-infheisteoir nó an fiontar cumhdaithe faoina rialú.

ROINN C

TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ

AIRTEAGAL 10.13

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear don trádáil trasteorann i seirbhísí ag soláthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile.

2. Níl feidhm ag an Roinn seo maidir leis na nithe a leanas:
- (a) aon bheart de chuid Páirtí maidir le soláthar poiblí earra nó seirbhíse a cheannaítear chun críocha rialtais agus nach gceannaítear ar mhaithe lena n-athdhíol tráchtála nó ar mhaithe lena n-úsáid chun earra nó seirbhís a sholáthar lena ndíol in idirbheart tráchtála, gan beann ar cé acu is soláthar cumhdaithe é an soláthar sin nó nach ea de réir bhrí Airteagal 14.1(4) (Forálacha áirithe de GPA a ionchorprú); nó
 - (b) fóirdheontais ná deontais arna soláthar ag na Páirtithe, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

AIRTEAGAL 10.14

Rochtain ar an margadh

Ní dhéanfaidh Páirtí, ar bhonn a chríche iomláine nó ar bhonn foroinn críche, beart a ghlacadh ná a choimeád ar bun:

- (a) lena gcuirtear teorainneacha ar:
 - (i) an líon soláthróirí seirbhísí, biodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó soláthróirí seirbhísí eisiacha nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;
 - (ii) luach iomlán na n-idirbheart seirbhíse nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch; nó

- (iii) an líon iomlán oibríochtaí seirbhíse nó cainníocht iomlán an aschuir sheirbhíse a shloinntear mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch; nó
- (b) lena ndéanfar cineálacha sonracha eintiteas dlíthiúil nó comhfhiontar trínar féidir le soláthróir seirbhíse seirbhís a sholáthar a shrianadh nó lena ndéanfar riachtanach iad.

AIRTEAGAL 10.15

Láithreacht áitiúil

Ní cheanglóidh Páirtí ar sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile oifig ionadaíoch nó aon sórt fiontair a bhunú nó a choinneáil ar bun nó cónaí a bheith air i gcríoch Páirtí mar choinníoll le soláthar trasteorann seirbhíse.

AIRTEAGAL 10.16

Cóir náisiúnta

1. Déanfaidh gach Páirtí cóir a thabhairt do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhísí dá chuid féin¹.

¹ Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí cúiteamh a thabhairt i leith míbhuntáistí dúchasacha iomaíocha a eascraíonn as gné eachtrach na seirbhísí nó na soláthróirí seirbhíse iomchuí.

2. Féadfaidh Páirtí ceanglas mhír 1 a chomhlíonadh trí chóir atá comhionann go foirmiúil nó cóir atá éagsúil go foirmiúil leis an gcóir a thugann sé dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhísí féin a thabhairt do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhísí an Pháirtí eile.

3. Cóir atá comhionann go foirmiúil nó cóir atá éagsúil go foirmiúil, measfar nach bhfuil sí chomh fabhrach sin más rud é go modhnaítear na coinníollacha iomaíochta léi i bhfabhar seirbhísí nó soláthróirí seirbhísí an Pháirtí i gcomparáid le seirbhísí nó soláthróirí seirbhísí an Pháirtí eile.

AIRTEAGAL 10.17

Cóir an náisiúin barrfhabhair

1. Tabharfaidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí agus seirbhísí de chuid an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, do sholáthróirí seirbhísí agus seirbhísí de chuid tríú tír.

2. Ní fhorléireofar mír 1 mar mhír a chuireann d'oibleagáid ar Pháirtí cóir a thabhairt d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile ná d'fhiontair chumhdaithe ar cóir í a eascraíonn ó chomhaontú nó socrú atá ann cheana nó ó chomhaontú nó socrú a bheidh ann amach anseo lena ndéantar foráil maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí nó do cheadúnais nó do bhearta stuamachta dá dtagraítear in Airteagal VII de GATS nó i mír 3 don Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní cóir dá dtagraítear i mír 1 atá i bhforálacha substainteacha i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile arna dtabhairt i gcrích ag Páirtí le tríú tír. Féadfaidh bearta Páirtí, de bhun na bhforálacha sin, a bheith ina gcóir den sórt sin agus, dá bhrí sin, féadfaidh sárú ar an Airteagal seo eascairt astu.

AIRTEAGAL 10.18

Bearta neamh-chomhréireacha

1. Níl feidhm ag Airteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh), Airteagal 10.15 (Láithreacht áitiúil), Airteagal 10.16 (Cóir náisiúnta), agus Airteagal 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana de chuid Páirtí ar an leibhéal seo a leanas:

(i) i gcás an Aontais:

(A) an tAontas, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana);

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana);

(C) rialtas réigiúnach Ballstáit, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó

(D) leibhéal rialtais áitiúil, seachas an beart dá dtagraítear i bpointe (C); agus

(ii) i gcás na Nua-Shéalainne:

(A) an rialtas láir, mar a shonraítear i Sceideal na Nua-Shéalainne in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó

(B) rialtas áitiúil;

- (b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana dá dtagraítear i bpointe (a), nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh; nó
- (c) modhnú nó leasú ar aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), a mhéid nach laghdaítear ar chomhréireacht bhirt den sórt sin dá bharr, mar a bhí sé díreach roimh an modhnú nó an leasú, le hAirteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh), Airteagal 10.15 (Láithreacht áitiúil), Airteagal 10.16 (Cóir náisiúnta), agus Airteagal 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair).

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh), Airteagal 10.15 (Láithreacht áitiúil), Airteagal 10.16 (Cóir náisiúnta), agus Airteagal 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) maidir le beart de chuid Páirtí i dtaca le hearnálacha, fo-earnálacha, nó gníomhaíochtaí a shonraítear ina Sceideal in Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo).

AIRTEAGAL 10.19

Diúltú sochar

Féadfaidh Páirtí sochair na Roinne seo a dhiúltú d'infheisteoir nó do sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile má ghlacann nó má ghlacann an Páirtí diúltaithe bearta a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine a chosaint, nó má choimeádann sé na bearta sin ar bun, ar bearta iad:

- (a) lena ndéantar idirbhearta leis an soláthróir seirbhíse sin a thoirmeasc; nó

- (b) a shárófaí nó a rachfaí timpeall orthu más rud é gur tugadh sochair na Roinne seo don soláthróir seirbhíse sin, lena n-áirítear i gcás ina dtoirmiscear leis na bearta idirbhearta le duine nádúrtha nó dlíthiúil ar leis an soláthróir seirbhíse sin.

ROINN D

DUL ISTEACH AGUS FANACHT SEALADACH DAOINE NÁDÚRTHA CHUN CRÍOCHA GNÓ

AIRTEAGAL 10.20

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Faoi réir mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 10.2 (Raon feidhme) de Roinn A, tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach ina chríoch a dhéanann daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile chun críoch gnó, ar daoine iad a thagann faoi raon feidhme na gcatagóirí seo a leanas: cuairteoirí gnó gearrthéarmacha, cuairteoirí gnó chun críocha bunaíochta, soláthróirí seirbhísí conarthacha, gairmithe neamhspleácha agus aistrithe ionchorparáideacha.
2. Níl feidhm ag gealltanais maidir le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó i gcásanna inarb é is aidhm nó is éifeacht don dul isteach agus don fhanacht sealadach cur isteach ar thoradh aon díospóidí nó caibidlíochta saothair nó bainistíochta nó ar fhostaíocht aon duine nádúrtha a bhfuil baint aige le díospóid nó caibidlíocht den sórt sin, nó tionchar a imirt ar shlí eile ar an toradh sin.

3. Chun críocha na Roinne seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:
- (a) ciallaíonn ‘cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta’ duine nádúrtha atá ag obair i bpost sinsearach laistigh de dhuine dlíthiúil de chuid Páirtí, ar duine é:
- (i) atá freagrach as fiontar de chuid an duine dhlíthiúil sin a chur ar bun nó a fhoirceannadh i gcríoch an Pháirtí eile;
- (ii) nach ndéanann seirbhísí a thairiscint ná a sholáthar nó nach ndéanann aon ghníomhaíocht eacnamaíoch seachas an ghníomhaíocht sin is gá chun an fiontar sin a bhunú; agus
- (iii) nach bhfaigheann luach saothair ó fhoinsé atá suite laistigh den Pháirtí eile;
- (b) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse conarthach’ duine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlíthiúil Páirtí, seachas duine a fostaíodh trí ghníomhaireacht le haghaidh seirbhísí chun pearsanra a lonnú agus a sholáthar, nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile agus a bhfuil Conradh seirbhíse¹ *bona fide* tugtha i gcrích aige chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile lena gceanglaítear go mbeidh a fhostaí i láthair go sealadach, fostaí:
- (i) a bhfuil na seirbhísí sin tairgthe aige ina cháil mar fhostaí an duine dhlíthiúil ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin díreach roimh dháta iarratais an fhostaí sin ar dhul isteach agus fanacht sealadach;

¹ Comhlíonfaidh an Conradh seirbhíse ceanglais dhlí an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an Conradh.

- (ii) a bhfuil an taithí ghairmiúil¹ is gá aige ar dháta iarratais an fhostaí sin ar dhul isteach agus fanacht sealadach, in earnáil na gníomhaíochta is cuspóir don chonradh, a bhfuil céim ollscoile acu nó cáilíocht aige lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach² agus an cháilíocht ghairmiúil is gá de réir dlí chun an ghníomhaíocht sin a dhéanamh sa Pháirtí eile; agus
 - (iii) nach bhfaigheann luach saothair ó fhoinse atá suite laistigh den Pháirtí eile;
- (c) ciallaíonn ‘gairmí neamhspleách’ duine nádúrtha atá ag gabháil do sheirbhís a sholáthar agus atá bunaithe mar dhuine féinhostaithe i gcríoch Páirtí ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
- (i) níl sé bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile;
 - (ii) tá conradh seirbhíse *bona fide*³, seachas trí ghníomhaireacht le haghaidh seirbhísí chun pearsanra a lonnú agus a sholáthar, tugtha i gcrích aige ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile, lena gceanglaítear ar an duine sin a bheith i láthair ar bhonn sealadach; agus

¹ Tá an taithí ghairmiúil a theastaíonn ó gach Páirtí leagtha amach in Iarscríbhinn 10-E (Soláthróirí seirbhíse conarthacha agus gairmithe neamhspleácha).

² Tá leibhéal na céime a theastaíonn ó gach Páirtí leagtha amach in Iarscríbhinn 10-E (Soláthróirí seirbhíse conarthacha agus gairmithe neamhspleácha). I gcás nach sa Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Páirtí sin a mheas an bhfuil an chéim nó an cháilíocht sin coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

³ Comhlíonfaidh an conradh seirbhíse ceanglais dhlí an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh seirbhíse sin.

- (iii) ar dháta iarratas an duine sin ar dhul isteach agus fanacht sealadach, a bhfuil taithí ghairmiúil sé bliana ar a laghad aige, in earnáil na gníomhaíochta is cuspóir don chonradh, céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach¹ agus an cháilíocht ghairmiúil is gá de réir dlí chun an ghníomhaíocht sin a dhéanamh sa Pháirtí eile;
- (d) ciallaíonn ‘aistrí ionchorparáideach’ duine nádúrtha:
- (i) a bhí fostaithe ag duine dlíthiúil de chuid Páirtí nó a bhí ina chomhpháirtí i nduine den sórt sin, ar feadh tréimhse nach gairide ná 1 bhliain amháin díreach roimh dháta iarratas an duine sin ar theacht isteach sa Pháirtí eile agus fanacht go sealadach ann²;
- (ii) a bhfuil cónaí air, tráth iarratas an duine sin ar dhul isteach agus fanacht sealadach, lasmuigh de chríoch an Pháirtí eile;
- (iii) a aistrítear go sealadach chuig fiontar an duine dhlíthiúil i gcríoch an Pháirtí eile ar comhalta é de ghrúpa an duine dhlíthiúil tionscnaimh, lena n-áirítear a oifig ionadaíoch, a fhochuideachta, a bhrairse nó a cheannchuideachta; agus
- (iv) a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí a leanas:
- (A) bainisteoir nó feidhmeannach; nó

¹ I gcás nach sa Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Páirtí sin a mheas an bhfuil an chéim nó an cháilíocht sin coibhéiseach leis an gcéim ollscoile nó cáilíocht atá ag teastáil ina chríoch.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, d’fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhainisteoirí agus ar speisialtóirí a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí gairmiúla agus an taithí is gá acu sa duine dlíthiúil a n-aistrítear chuige iad.

(B) speisialtóir;

- (e) ciallaíonn ‘bainisteoir’ nó ‘feidhmeannach’ duine nádúrtha a oibríonn i bpost sinsearach, a stiúránn go príomha bainistíocht an fhiontair nó cuid shubstaintiúil de sa Pháirtí eile, a fhaigheann maoirseacht ghinearálta nó treoir ghinearálta go príomha ó fheidhmeannaigh ardleibhéal nó ón mbord stiúrthóirí nó ó stocshealbhóirí an ghnó nó óna gcothrom agus a n-áirítear ar a fhreagrachtaí:
- (i) an fiontar nó roinn nó foroinn de a stiúradh;
 - (ii) maoirseacht agus rialú ar obair fostaithe eile maoirseachta, gairmiúla nó bainistíochta. Ní áirítear leis seo maoirseoir céadlíne ach amháin i gcás inar gairmithe iad na fostaithe a ndéantar maoirsiú orthu, ná ní áirítear leis sin fostaí a dhéanann go príomha cúraimí is gá chun seirbhís a sholáthar nó chun infheistíocht a oibriú; agus
 - (iii) a bhfuil an t-údarás aige fruiliú, dífhostú nó gníomhaíochtaí eile a bhaineann le pearsanra a mholadh; agus
- (f) ciallaíonn ‘speisialtóir’ duine nádúrtha a bhfuil eolas speisialaithe ar ardleibhéal saineolas teicniúil aige, atá fíor-riachtanach do réimsí gníomhaíochta, teicnící nó bainistíochta an fhiontair, agus atá le measúnú ní hamháin agus an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an bhfiontar á chur san áireamh ach á chur san áireamh freisin má tá ardleibhéal cáilíochta ag an duine, lena n-áirítear taithí ghairmiúil leordhóthanach, a bhaineann le cineál oibre nó gníomhaíochta a dteastaíonn eolas teicniúil sonrach ina leith, lena n-áirítear ballraíocht fhéideartha i ngairm chreidiúnaithe.

AIRTEAGAL 10.21

Cuartheoirí gnó chun críocha bunaíochta agus aistrithe ionchorparáideacha

1. Faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a shonraítear in Iarscríbhinn 10-C (Cuartheoirí gnó chun críocha bunaíochta, aistrithe ionchorparáideacha agus cuairteoirí gnó gearrthéarmacha):

(a) ceadóidh Páirtí na nithe a leanas:

(i) dul isteach agus fanacht sealadach cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta agus aistrithe ionchorparáideacha; agus

(ii) fostú aistrithe ionchorparáideacha an Pháirtí eile ina chríoch;

(b) ní dhéanfaidh Páirtí teorainneacha a choinneáil ná a ghlacadh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó tástálacha riachtanas eacnamaíoch ar an líon iomlán daoine nádúrtha, in earnáil shonrach, a cheadaítear dóibh dul isteach mar chuairteoirí gnó chun críocha bunaíochta, nó a fhéadfaidh infheisteoir a fhostú mar aistrithe ionchorparáideacha, ar bhonn foroinnt chríochach nó ar bhonn a chríche ar fad; agus

(c) maidir le bearta a dhéanann dífear dá ngníomhaíochtaí gnó le linn dóibh fanacht go sealadach ina chríoch, tabharfaidh gach Páirtí do chuairteoirí gnó chun críocha bunaíochta agus d'aistrithe ionchorparáideacha an Pháirtí eile, cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, dá dhaoine nádúrtha féin.

2. Is ar feadh tréimhse suas le trí bliana a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe i gcás bainisteoirí nó feidhmeannaigh agus speisialtóirí.
3. Is ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 6 mhí a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe do chuartheoirí gnó chun críoch bunaíochta i gcás an Aontais agus 90 lá in aon tréimhse 12 mhí i gcás na Nua-Shéalainne.

AIRTEAGAL 10.22

Cuartheoirí gnó gearrthéarmacha

1. Faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a shonraítear in Iarscríbhinn 10-C (forchoimeádais maidir le haistrithe ionchorparáideacha, cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta agus cuairteoirí gnó gearrthéarmacha), ceadóidh Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach cuairteoirí gnó gearrthéarmacha de chuid an Pháirtí eile chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh a liostaítear in Iarscríbhinn 10-C (liosta gníomhaíochtaí cuairteoirí gnó gearrthéarmacha), faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (a) nach bhfuil na cuairteoirí gnó gearrthéarmacha ag gabháil dá n-earraí a dhíol ná do sheirbhísí a sholáthar don phobal i gcoitinne;

- (b) nach bhfaigheann na cuairteoirí gnó gearrthéarmacha luach saothair ó eintiteas i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil siad ag fanacht go sealadach; agus
 - (c) nach bhfuil na cuairteoirí gnó gearrthéarmacha ag gabháil do sheirbhís a sholáthar faoi chuimsiú conartha arna thabhairt i gcrích idir duine dlíthiúil nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil siad ag fanacht go sealadach, agus tomhaltóir i gcríoch den sórt sin, ach amháin mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn 10-C (Cuirteoirí gnó chun críoch bunaíochta, aistrithe ionchorparáideacha agus cuairteoirí gnó gearrthéarmacha).
2. Mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn 10-C (cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta, aistrithe ionchorparáideacha agus cuairteoirí gnó gearrthéarmacha), ceadóidh Páirtí dul isteach do chuirteoirí gnó gearrthéarmacha gan gá le tástáil riachtanas eacnamaíoch nó nósanna imeachta eile den chineál céanna um fhormheas roimh ré.
3. Is ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 12 mhí a bheidh san fhad fanachta incheadaithe.

AIRTEAGAL 10.23

Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha

1. Sna hearnálacha, sna fo-earnálacha agus sna gníomhaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn 10-E (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha) agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a shonraítear inti, déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas:
- (a) dul isteach agus fanacht sealadach soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha a cheadú ina chríoch;

- (b) gan teorainneacha a ghlacadh ná a choimeád ar bun ar líon iomlán na soláthróirí seirbhíse conarthacha agus na ngairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile a gceadaítear dul isteach sealadach dóibh, i bhfoirm cuótaí uimhriúla ná tástála riachtanas eacnamaíocha, ar bhonn foroinnt chríochach nó ar bhonn a chríche ar fad; agus
- (c) cóir a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse conarthacha agus do ghairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile, maidir leis na bearta a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí ina chríoch, cóir nach lú fabhar ná an chóir a dhéanann sé, i gcásanna den chineál céanna, dá sholáthróirí seirbhíse féin.
2. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní bhaineann rochtain a thugtar faoin Airteagal seo ach leis an tseirbhís is ábhar don chonradh agus ní thugtar léi teidlíocht chun teideal gairmiúil an Pháirtí a fheidhmiú nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.
3. Is ar feadh tréimhse charnach 12 mhí, nó ar feadh ré an chonartha, a bheidh san fhad fanachta incheadaithe, cibé acu is lú.

AIRTEAGAL 10.24

Bearta neamh-chomhréireacha

1. Ní bheidh feidhm ag pointí (b) agus (c) d'Airteagal 10.21(1) (Cuairteoirí gnó chun críocha bunaíochta agus aistrithe ionchorparáideacha), ná pointí (b) agus (c) d'Airteagal 10.23(1) (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha) sna cásanna seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhlíontach atá ann cheana a dhéanann difear d'fhanacht shealadach daoine nádúrtha chun críocha gnó agus a choinnítear ar bun ar leibhéal:

(i) thar ceann an Aontais:

(A) an tAontas, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana);

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana);

(C) rialtas réigiúnach Ballstáit, mar a shonraítear i Sceideal an Aontais in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó

(D) leibhéal rialtais áitiúil, seachas an beart dá dtagraítear i bpointe (C); agus

- (ii) i gcás na Nua-Shéalainne:
- (A) an rialtas láir, mar a shonraítear i Sceideal na Nua-Shéalainne in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó
- (B) rialtas áitiúil;
- (b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana dá dtagraítear i bpointe (a), nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh; nó
- (c) maidir le modhnú, nó leasú ar aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a mhéid nach laghdaítear comhréireacht bhirt den sórt sin dá bharr, mar a bhí sé díreach roimh an modhnú nó an leasú, le pointí (b) agus (c) d’Airteagal 10.21(1) (Cuartheoirí gnó chun críoch bunaíochta agus aistrithe ionchorparáideacha) nó pointí (b) agus (c) d’Airteagal 10.23(1) (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha).
2. Ní bheidh feidhm ag pointí (b) agus (c) d’Airteagal 10.21(1) (Cuartheoirí gnó chun críoch bunaíochta agus aistrithe ionchorparáideacha), nó pointí (b) agus (c) d’Airteagal 10.23(1) soláthróirí (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha) maidir le aon bheart a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun a dhéanann difear d’fhanacht shealadach daoine nádúrtha chun críocha gnó maidir le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin ina Sceideal in Iarscríbhinn-10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo).

AIRTEAGAL 10.25

Trédhearcacht

1. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí, más féidir trí fhaisnéis a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin maidir lena bhearta a dhéanann difear do dhul isteach agus d'fhanacht shealadach ina chríoch ag daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile dá dtagraítear in Airteagal 10.20(1) (Raon feidhme agus sainmhíthe).
2. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis seo a leanas is ábhartha maidir le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha, nuair is ann don fhaisnéis sin:
 - (a) coinníollacha maidir le dul isteach;
 - (b) liosta táscach doiciméadachta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le dul isteach a fhíorú;
 - (c) am próiseála táscach;
 - (d) táillí is infheidhme;
 - (e) nósanna imeachta achomhairc; agus
 - (f) dlíthe ábhartha a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhaineann le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha.

ROINN E

CREAT RIALÁLA

FOROINN 1

RIALÁIL INTÍRE

AIRTEAGAL 10.26

Raon feidhme agus sainmhínte

1. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta de chuid Páirtí a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnaithe, le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, agus le caighdeáin theicniúla¹ a mbíonn tionchar acu ar na nithe seo a leanas:

- (a) trádáil trasteorann i seirbhísí;
- (b) bunú nó oibriú; nó
- (c) seirbhís a sholáthar trí dhuine nádúrtha Páirtí a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí eile de chatagóirí daoine nádúrtha mar a shainmhínítear in Airteagal 10.20(3) (Raon feidhme agus sainmhínte);

¹ A mhéid a bhaineann le bearta a bhaineann le caighdeáin theicniúla, níl feidhm ag an bhForoinn seo ach amháin maidir le bearta a dhéanann difear do thrádáil trasteorann i seirbhísí. Ní áirítear leis an téarma “caighdeáin theicniúla” caighdeáin theicniúla rialála ná caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh seirbhísí airgeadais.

2. Níl feidhm ag an Roinn seo maidir le ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin, le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, le foirmiúlachtaí agus le caighdeáin theicniúla de bhun birt nach gcomhlíonann Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh), 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.14 (Rochtain ar an margadh) nó 10.16 (Cóir náisiúnta), agus dá dtagraítear in Airteagal 10.10(1) nó (2) (Bearta neamh-chomhlíontacha), nó in Airteagal 10.18(1) nó (2) (Bearta neamh-chomhlíontacha).
3. Chun críocha na Foroinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘údarú’ an cead chun aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) (b) agus (c) de mhír 1 a thagann as nós imeachta a chur i gcrích, nach mór do dhuine nádúrtha nó dlíthiúil cloí leis d’fhonn a thaispeáint go gcomhlíontar ceanglais cheadúnúcháin, ceanglais cháilíochta nó caighdeáin theicniúla; agus
 - (b) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ rialtas nó údarás láir, réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht neamhrialtasach a fheidhmíonn cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla, agus atá i dteideal cinneadh a dhéanamh maidir leis an údarú.

AIRTEAGAL 10.27

Iarratais a chur isteach

Seachnóidh gach Páirtí, a mhéid is indéanta, a cheangal ar iarratasóir dul i dteagmháil le níos mó ná údarás inniúil amháin i dtaca le gach iarratas ar údarú. I gcás ina bhfuil gníomhaíocht, a n-iarrtar údarú ina leith, laistigh de dhlínse an iliomad údarás inniúil, féadtar go n-éileofar iarratais iomadúla.

AIRTEAGAL 10.28

Amchláir na n-iarratas

Má tá údarú de dhíth ar Pháirtí, áiritheoidh sé go gceadóidh a údaráis inniúla, a mhéid is indéanta, go gcuirfear iarratas isteach tráth ar bith i rith na bliana. Má shocraítear tréimhse shonrach ama chun iarratas a dhéanamh ar údarú, áiritheoidh an Páirtí go gceadóidh na húdaráis inniúla tréimhse réasúnta ama chun iarratas a chur isteach.

AIRTEAGAL 10.29

Iarratais leictreonacha agus glacadh le cóipeanna

Má tá údarú de dhíth ar Pháirtí, áiritheoidh sé go ndéanfaidh a údaráis inniúla an méid a leanas:

- (a) féachaint le glacadh le hiarratais agus iad a phróiseáil i bhformáid leictreonach; agus
- (b) glacadh le cóipeanna de dhoiciméid, atá fíordheimhnithe de réir dhlí an Pháirtí, in ionad doiciméad bunaidh, mura rud é go gceanglaíonn na húdaráis inniúla doiciméid bhunaidh chun sláine an phróisis údarúcháin a chosaint.

AIRTEAGAL 10.30

Próiseáil iarratas

1. Má tá údarú de dhíth ar Pháirtí, áiritheoidh sé go ndéanfaidh a údaráis inniúla an méid a leanas:
 - (a) a mhéid is indéanta, clár ama tascach a sholáthar le haghaidh iarratas a phróiseáil;
 - (b) arna iarraidh sin don iarratasóir, faisnéis maidir le stádas an iarratais a sholáthar gan moill mhíchuí;
 - (c) a mhéid is indéanta, iomláine iarratais ar phróiseáil faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí a chinneadh gan moill mhíchuí;
 - (d) má mheasann siad go bhfuil iarratas iomlán chun críoch próiseála¹ faoi dhlíthe agus rialacháin náisiúnta an Pháirtí, laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis an t-iarratas a chur isteach, áiritheoidh siad:
 - (i) go ndéanfar próiseáil an iarratais a chur i gcrích; agus

¹ Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go cuirfear gach faisnéis isteach i bhformáid shonraithe chun a mheas go bhfuil sé iomlán chun críoch próiseála.

- (ii) go gcuirfear an cinneadh maidir leis an iarratas in iúl don iarratasóir,¹ a mhéid is indéanta i scríbhinn²;
- (e) má mheasann siad nach bhfuil iarratas iomlán go leor lena phróiseáil faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí, laistigh de thréimhse réasúnta ama ón dáta a chinn an t-údarás inniúil ábhartha go raibh an t-iarratas neamhiomlán, agus a mhéid a atá indéanta:
- (i) cuirfidh sé in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán;
- (ii) arna iarraidh sin don iarratasóir, sainaitheoidh sé an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú nó soláthróidh sé ar shlí eile treoraíocht maidir leis an gcúis a meastar an t-iarratas a bheith neamhiomlán; agus
- (iii) tabharfaidh sé deis don iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar chun an t-iarratas a chomhlánú³;

mura bhfuil na céimeanna i bpointí (i) go (iii) indéanta, agus má dhiúltaítear don iarratas mar gheall ar é bheith neamhiomlán, a áirithiú go gcuireann siad an t-iarratasóir ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta ama; agus

¹ Féadfaidh údarás inniúla an ceanglas sin a chomhlíonadh trína chur in iúl roimh ré i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear trí bheart foilsithe, mura bhfaightear freagairt laistigh de thréimhse ama sonraithe ó dháta chur isteach an iarratais, gur tásca é sin go bhfuil glactha leis an iarratas.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ba cheart a thuiscint go gcuimsítear ‘i bhfoirm leictreonach’ le ‘i scríbhinn’.

³ Ní rud é an deis sin a chuireann ceangal ar údarás inniúil síneadh a chur leis na sprioc-amanna.

- (f) má dhiúltaíonn siad d'iarratas, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin don iarratasóir, cuirfidh siad in iúl don iarratasóir na cúiseanna leis an diúltú agus an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin agus, más infheidhme, na nósanna imeachta chun iarratas a chur isteach an athuair. Níor cheart cosc a chur ar iarratasóir iarratas eile a chur isteach ar an mbonn gur diúltaíodh iarratais roimhe sin agus ar an mbonn sin amháin.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfaidh a údaráis inniúla údarú a luaithe a shuifear, i bhfianaise scrúdú iomchuí, go bhfuil na coinníollacha chun údarú a fháil á gcomhlíonadh ag iarratasóir.
3. Áiritheoidh gach Páirtí go n-áiritheoidh a údaráis inniúla go dtiocfaidh an t-údarú i bhfeidhm, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme.

AIRTEAGAL 10.31

Táillí

1. Maidir le gach gníomhaíocht eacnamaíoch a chumhdaítear faoin bhForoinn seo, seachas seirbhísí airgeadais, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na táillí údarúcháin¹ a ghearrfaidh a údaráis inniúla réasúnta agus trédhearcach agus nach gcuirfidh siad srian iontu féin ar sholáthar na seirbhíse ábhartha ná ar shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile.

¹ Ní áirítear sna táillí údarúcháin táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná ranníocaíochtaí sainordaithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar.

2. Maidir le seirbhísí airgeadais, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis inniúil, maidir le táillí údarúcháin a ghearrann siad, sceideal táillí nó faisnéis a sholáthar d'iarratasóirí i dtaobh an dóigh a gcinntear méideanna na dtáillí, agus nach n-úsáidfidh siad na táillí mar mhodh chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí a sheachaint.

AIRTEAGAL 10.32

Measúnú cáilíochtaí

Má éilíonn Páirtí scrúdú le haghaidh údarú, áiritheoidh sé go ndéanfaidh a údaráis inniúla scrúdú den sórt sin a sceidealú ag eatraimh réasúnta minic agus soláthróidh sé tréimhse réasúnta ama chun a chumasú d'iarratasóirí a iarraidh go ndéanfar an scrúdú. A mhéid is indéanta, breithneoidh gach Páirtí glacadh le hiarrataí i bhformáid leictreonach ar scrúduithe den sórt sin a dhéanamh agus le húsáid meán leictreonach i ngnéithe eile den phróiseas scrúdaithe.

AIRTEAGAL 10.33

Oibiachtúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas

Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí ar bun beart a bhaineann le húdarú, áiritheoidh sé go bpróiseálfaidh a údaráis inniúla iarratais a bhaineann le húdarú agus go ndéanfaidh agus go riarfaidh siad a gcuid cinntí, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar bhealach atá neamhspleách ar aon duine a dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil údarú ag teastáil ina leith.

AIRTEAGAL 10.34

Foilseachán agus faisnéis atá ar fáil

Má theastaíonn údarú ó Pháirtí, foilseoidh an Páirtí go pras¹ an fhaisnéis is gá do sholáthróirí seirbhíse, lena n-áirítear iad siúd atá ag féachaint le seirbhís a sholáthar, agus do dhaoine atá i mbun na gníomhaíochta lena n-éilítear an ceadúnas nó an t-údarú nó atá ag féachaint leis an ngníomhaíocht sin a dhéanamh, na ceanglais agus nósanna imeachta a chomhlíonadh maidir leis an gceadúnas nó údarú sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú agus a athnuachan. Áireofar ar an bhfaisnéis sin, i gcás inarb ann di:

- (a) na ceanglais agus na nósanna imeachta;
- (b) sonraí teagmhála na n-údarás inniúil ábhartha;
- (c) táillí údarúcháin;
- (d) caighdeáin theicniúla is infheidhme;
- (e) nósanna imeachta um achomharc nó athbhreithniú ar chinntí a bhaineann le hiarratais;
- (f) nósanna imeachta um fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas nó na gcáilíochtaí;

¹ Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn ‘foilsíú’ rud a chur san áireamh i bhfoilseachán oifigiúil, amhail iris oifigiúil, nó ar shuíomh gréasáin oifigiúil. Moltar do pháirtithe foilseacháin leictreonacha a chomhdhlúthú in aon tairseach amháin.

- (g) deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, amhail trí éisteachtaí nó tuairimí; agus
- (h) cláir ama tháscacha chun iarratas a phróiseáil.

AIRTEAGAL 10.35

Caighdeáin theicniúla

Spreagfaidh Páirtí a údaráis inniúla, agus caighdeáin theicniúla á nglacadh acu, chun caighdeáin theicniúla arna bhforbairt trí phróisis oscailte thrédhearcacha a ghlacadh, agus spreagfaidh sé na daoine agus eintitis uile, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, atá ainmnithe chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt, é sin a dhéanamh trí phróisis oscailte thrédhearcacha.

AIRTEAGAL 10.36

Forbairt beart

Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí bearta a bhaineann le húdarú, áiritheoidh sé:

- (a) go bhfuil bearta den sórt sin bunaithe ar chritéir atá soiléir, oibiachtúil agus trédhearcach¹;

¹ Féadfar a áireamh ar na critéir sin, inniúlacht agus an cumas seirbhís a sholáthar nó aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a dhéanamh, lena n-áirítear déanamh amhlaidh i mbealach atá comhsheasmhach le ceanglais rialála Páirtí, amhail ceanglais sláinte agus comhshaoil. Féadfaidh na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tábhacht atá le tabhairt do gach critéar.

- (b) go bhfuil na nósanna imeachta neamhchlaonta, go bhfuil rochtain éasca ag na hiarratasóirí uile orthu agus go bhfuil siad leordhóthanach chun a léiriú go gcomhlíonann siad na ceanglais, nuair is ann do cheanglais; agus
- (c) nach gcuireann na nósanna imeachta, iontu féin, cosc dochosanta ar chomhlíonadh na gceanglas.

AIRTEAGAL 10.37

Líon teoranta ceadúnas

I gcás ina bhfuil teorainn le líon na gceadúnas atá ar fáil i leith gníomhaíocht áirithe mar gheall ar ghanntanas na n-acmhainní nádúrtha nó na hinniúlachta teicniúla atá ar fáil, cuirfidh Páirtí, de réir a dhlíthe agus a rialacháin, nós imeachta roghnúcháin i bhfeidhm maidir le hiarrthóirí ionchasacha lena soláthrófar ráthaíochtaí iomlána i dtaobh neamhchlaontachta agus trédhearcachta, lena n-áirítear, go háirithe, poiblíocht leordhóthanach faoi sheoladh, déanamh agus tabhairt i gcrích an nós imeachta. Agus na rialacha maidir leis an nós imeachta roghnúcháin á mbunú, féadfaidh Páirtí cuspóirí beartais dlisteanacha a chur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le sláinte, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha.

AIRTEAGAL 10.38

Nósanna imeachta athbhreithniúcháin i leith cinntí riaracháin

Coinneoidh Páirtí ar bun binsí nó nósanna imeachta athbhreithniúcháin, eadrána nó riaracháin a dhéanann foráil, arna iarraidh d'infheisteoir nó do sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile dá ndéantar difear, chun athbhreithniú pras a dhéanamh ar chinntí riaracháin agus, i gcás ina bhfuil bonn cuí leo, leigheasanna iomchuí, a dhéanann difear do bhunú nó d'oibriú, don trádáil trasteorann i seirbhísí nó do sholáthar seirbhíse trí dhuine nádúrtha Páirtí a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí eile. Mura mbíonn na nósanna imeachta sin neamhspleách ar an údarás inniúil a bhfuil de chúram air an cinneadh riaracháin lena mbaineann a dhéanamh, áiritheoidh Páirtí go ndéanfar foráil, leis na nósanna imeachta sin, maidir le hathbhreithniú oibiachtúil neamhchlaonta go hiarbhír.

FOROINN 2

FORÁLACHA A BHFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

AIRTEAGAL 10.39

Aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma 'cáilíochtaí gairmiúla' cáilíochtaí foirmiúla, taithí ghairmiúil, clárú gairmiúil nó fianú inniúlachta eile.

2. Ní choiscfidh aon ní san Airteagal seo ar Pháirtí a cheangal go mbeidh ag daoine nádúrtha na cáilíochtaí gairmiúla is gá a shonraítear sa chríoch ina ndéantar an tseirbhís a sholáthar, don earnáil gníomhaíochta lena mbaineann.
3. I gcás inarb iomchuí, spreagfaidh na Páirtithe idirphlé idir a saineolaithe ábhartha, rialtóirí agus comhlachtaí tionscail chun tuiscint ar a gcáilíochtaí gairmiúla, a gceanglais chlárúcháin agus a bpróisis faoi seach a roinnt agus a éascú, agus rachaidh siad i gcomhar lena chéile chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint go frithpháirteach.
4. Spreagfaidh na Páirtithe na comhlachtaí nó na húdaráis ghairmiúla ábhartha ina gcríocha faoi seach chun moladh comhpháirteach maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla a fhorbairt agus a sholáthar don Choiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha arna bhunú de bhun Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe). Beidh fianaise maidir leis na nithe seo a leanas mar thaca leis an moladh comhpháirteach sin:
 - (a) luach eacnamaíoch ionstraime atá beartaithe maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint go frithpháirteach (dá ngairtear ‘ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh’ anseo feasta); agus
 - (b) comhoiriúnacht na réimeas faoi seach, is é sin, a mhéid atá na critéir arna gcur i bhfeidhm ag gach Páirtí chun gairmithe a údarú, a cheadúnú, a oibriú agus a dheimhniú ag teacht lena chéile.

5. Tar éis di moladh comhpháirteach dá dtagraítear i mír 4a fháil, déanfaidh an Coiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha athbhreithniú ar chomhsheasmhacht an mholta chomhpháirtigh leis an gCaibidil seo laistigh de thréimhse réasúnta ama. Tar éis an athbhreithnithe sin, féadfaidh an Coiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh a fhorbairt¹ agus féadfaidh an Coiste um Thrádáil í a ghlacadh trí chinneadh mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo.

FOROINN 3

SEIRBHÍSÍ SEACHADTA

AIRTEAGAL 10.40

Raon feidhme agus sainmhínte

1. Leagtar amach san Fhoroinn seo prionsabail an chreata rialála maidir le soláthar seirbhísí seachadta agus tá feidhm aici maidir le bearta Páirtí a dhéanann dífear do sholáthar seirbhísí airgeadais.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní dhéanfar cáilíochtaí a aithint go huathoibríoch mar thoradh ar na hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh sin ach, ar mhaithe le leas frithpháirteach an dá Pháirtí, leagfar síos na coinníollacha le haghaidh na n-údarás inniúil a dheonaíonn an t-aitheantas.

2. Chun críocha na Foroinne seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
- (a) ciallaíonn ‘seirbhísí seachadta’ seirbhísí poist, seirbhísí cúiréireachta, seirbhísí mearsheachadta nó seirbhísí mearphoist, lena n-áirítear ítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh;
 - (b) ciallaíonn ‘seirbhísí mearsheachadta’ ítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh ar luas brostaithe agus ar iontaofacht agus féadfaidh eilimintí breisluacha a bheith ar áireamh iontu amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú, an fhéidearthacht an ceann scríbe agus an seolaí a athrú agus na hítimí faoi bhealach, nó deimhniú go bhfuarthas iad;
 - (c) ciallaíonn ‘seirbhísí mearphoist’ seirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta arna soláthar trí Chomharchumann EMS, ar comhlachas deonach é d’oibreoirí poist ainmnithe faoin Aontas Poist Uilechoiteann;
 - (d) ciallaíonn ‘ceadúnas’ údarú a fhéadfaidh údarás rialála Páirtí a cheangal ar sholáthróir aonair chun go dtairgfidh an soláthróir sin seirbhísí poist agus cúiréireachta;
 - (e) ciallaíonn ‘ítim poist’ ítim suas le 31.5 kg, ar a bhfuil seoladh agus é san fhoirm dheiridh ina bhfuil sé le hiompar ag aon chineál soláthróra seirbhísí seachadta, poiblí nó príobháideach, agus féadfaidh ítimí amhail litreacha, beartáin, nuachtáin nó catalóga a bheith san áireamh ann;
 - (f) ciallaíonn ‘monaplacht phoist’ an ceart eisiach chun seirbhísí seachadta sonrath a sholáthar laistigh de chríoch Páirtí nó laistigh d’fhoroinn den chríoch sin de bhun beart reachtach; agus

- (g) ciallaíonn ‘seirbhís uilíoch’ buansoláthar seirbhíse seachadta de cháilíocht shonraithe ag gach pointe i gcríoch Páirtí nó i bhforoinn de Pháirtí ar phraghsanna inacmhainne do gach úsáideoir.

AIRTEAGAL 10.41

Seirbhís uilíoch

1. Tá an ceart ag gach Páirtí an cineál oibleagáide seirbhíse uilíche is mian leis a choinneáil ar bun a shainiú agus raon feidhme agus cur chun feidhme oibleagáide den sórt sin a chinneadh. Déanfar gach Páirtí aon oibleagáid seirbhíse uilíche a riar ar bhealach trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neodrach i leith gach soláthróir a bheidh faoi réir na hoibleagáide seirbhíse uilíche.
2. Má éilíonn Páirtí go soláthrófar seirbhísí mearphoist isteach ar bhonn seirbhíse uilíche, ní thabharfaidh sé cóir fhabhrach do na seirbhísí mearphoist sin thar sheirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta eile.

AIRTEAGAL 10.42

Maoiniú seirbhíse uilíche

Ní fhorchuirfidh Páirtí táillí ná muirir eile ar sholáthar seirbhíse seachadta nach seirbhís uilíoch í chun soláthar seirbhíse uilíche a mhaoiniú¹.

¹ Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le bearta cánachais ná táillí riaracháin is infheidhme go ginearálta.

AIRTEAGAL 10.43

Cleachtais saofa margaidh a chosc

Áiritheoidh gach páirtí nach rachaidh soláthróirí seirbhísí seachadta atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplachtaí poist i mbun cleachtais a shaobhann an margadh amhail:

- (a) úsáid a bhaint as ioncam a fhaightear ó sholáthar na seirbhíse atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó ón monaplacht chun soláthar seirbhíse mearsheachadta nó aon seirbhíse seachadta nach bhfuil faoi réir oibleagáide seirbhíse uilíche a thras-fhóirdheonú; nó
- (b) difreáil gan údar i measc custaiméirí i ndáil le taraifí nó téarmaí agus coinníollacha eile chun seirbhís atá faoi réir oibleagáide seirbhíse uilechoitinne nó monaplachta poist a sholáthar.

AIRTEAGAL 10.44

Ceadúnais

1. Má éilíonn Páirtí ceadúnas chun seirbhísí seachadta a sholáthar, déanfaidh sé an méid a leanas a chur ar fáil go poiblí:

- (a) na ceanglais cheadúnúcháin uile agus an tréimhse ama is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas; agus

(b) téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta, oibleagáidí agus ceanglais ceadúnais trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

3. Áiritheoidh gach Páirtí, má dhiúltaíonn údarás inniúil d'iarratas ar cheadúnas, go gcuirfidh an t-údarás inniúil na cúiseanna leis an diúltú in iúl i scríbhinn don iarratasóir. Bunóidh gach Páirtí nós imeachta achomhairc trí chomhlacht neamhspleách le bheith ar fáil d'iarratasóirí ar diúltaíodh a n-iarratas ar cheadúnas. Féadfaidh comhlacht den sórt sin a bheith ina chúirt.

AIRTEAGAL 10.45

Neamhspleáchas an chomhlachta rialála

1. Bunóidh gach Páirtí, nó coinneoidh sé ar bun, comhlacht rialála a bheidh leithleach go dlíthiúil ó aon soláthróir seirbhísí seachadta agus neamhspleách, ó thaobh feidhme de, orthu. Páirtí a bhfuil soláthróir seirbhísí seachadta faoina úinéireacht aige nó á rialú aige, áiritheoidh sé go mbeidh dealú struchtúrach éifeachtach ann idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le húnéireacht nó le rialú.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh an comhlacht rialála a gcúraimí ar bhealach trédhearcach agus tráthúil agus go mbeidh acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha aige chun an cúram a shanntar dóibh a chur i gcrích agus go mbeidh cinntí an chomhlachta rialála neamhchlaonta maidir le gach rannpháirtí sa mhargadh.

FOROINN 4

SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

AIRTEAGAL 10.46

Raon feidhme

1. Leagtar amach san Fhoroinn seo prionsabail an chreata rialála a dhéanann difear do líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide agus tá feidhm aici maidir le bearta Páirtí a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí teileachumarsáide.
2. Níl feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta a dhéanann difear do na nithe seo a leanas:
 - (a) seirbhísí craolacháin mar atá sainmhínithe i ndlíthe agus i rialacháin gach Páirtí; agus
 - (b) seirbhísí a sholáthraíonn inneachar a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an inneachar sin.
3. D'ainneoin phointe (a) de mhír 2, measfar gur soláthróir seirbhísí teileachumarsáide poiblí é soláthróir seirbhísí craolacháin, agus measfar gur líonraí poiblí teileachumarsáide iad líonraí an tsoláthróra seirbhísí teileachumarsáide nuair a úsáidtear, agus a mhéid a úsáidtear, na líonraí teileachumarsáide poiblí sin freisin chun seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar.

4. Ní fhorléireofar le haon ní san Fhoroinn seo go gceanglófar ar Pháirtí:
- (a) soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile a údarú chun líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a bhunú, a thógáil, a fháil, a léasú, a fheidhmiú nó a sholáthar, seachas mar a fhoráiltear sa Chomhaontú seo; nó
 - (b) líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide nach dtairgtear don phobal i gcoitinne iad a bhunú, a thógáil, a fháil, a léasú, a fheidhmiú nó a sholáthar nó ceangal a chur ar sholáthróir seirbhíse faoina dhlínse déanamh amhlaidh.

AIRTEAGAL 10.47

Sainmhínte

Chun críocha na Foroinne seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘saoráidí gaolmhara’ seirbhísí, bonneagar fisiceach agus saoráidí eile atá comhlachaithe le líonra teileachumarsáide nó le seirbhís teileachumarsáide a chumasaíonn soláthar seirbhísí nó a thacaíonn leo tríd an líonra nó tríd an tseirbhís sin nó a bhfuil an cumas iontu déanamh amhlaidh;
- (b) ciallaíonn ‘saoráidí fíor-riachtanacha’ saoráidí de chuid líonra teileachumarsáide nó seirbhís teileachumarsáide poiblí:
 - (i) nach bhfuil á soláthar, ina n-iomláine nó den chuid is mó, ach ag soláthróir amháin nó ag líon teoranta soláthróirí; agus

- (ii) nach féidir saoráidí eile a chur ina n-ionad ar bhonn eacnamaíoch nó ar bhonn teicniúil chun seirbhís a sholáthar;
- (c) ciallaíonn ‘idirnascadh’ nascadh líonraí teileachumarsáide poiblí a úsáideann na soláthróirí céanna líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide nó soláthróirí éagsúla líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide chun go bhféadfaidh úsáideoirí soláthróra amháin cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile an tsoláthróra sin nó úsáideoirí soláthróra eile nó rochtain a fháil ar sheirbhísí a sholáthraíonn soláthróir eile. Féadfaidh na soláthróirí lena mbaineann nó aon soláthróir eile a bhfuil rochtain aige ar an líonra seirbhísí a sholáthar;
- (d) ciallaíonn ‘ciorcad léasa’ seirbhísí nó saoráidí teileachumarsáide, lena n-áirítear seirbhísí de chineál fíorúil, lena gcuirtear cumas i leataobh le haghaidh úsáid thiomnaithe úsáideora, nó infhaighteacht úsáideora, idir dhá phointe ainmnithe nó níos mó;
- (e) ciallaíonn ‘mórsholáthróir’ soláthróir líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide a bhfuil sé ar a chumas difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta (ag féachaint do phraghas agus do sholáthar) i margadh ábhartha do líonraí teileachumarsáide nó do sheirbhísí teileachumarsáide de thoradh rialú a bheith aige ar shaoráidí riachtanacha nó ar a staid i margadh den sórt sin a úsáid;
- (f) ciallaíonn ‘eilimint líonra’ saoráid nó trealamh a úsáidtear chun seirbhís teileachumarsáide a sholáthar, lena n-áirítear gnéithe, feidhmeanna agus cumais arna soláthar trí bhíthin saoráide nó trealaimh den sórt sin;
- (g) ciallaíonn ‘iniomparthacht uimhreach’ cumas rannpháirtithe, a iarrann amhlaidh, na huimhreacha teileafóin céanna a choimeád, ar an suíomh céanna i gcás líne fosaithe, gan lagú ar cháilíocht, ar iontaofacht ná ar áisiúlacht agus iad ag aistriú idir an chatagóir chéanna soláthróirí teileachumarsáide poiblí;

- (h) ciallaíonn ‘líonra poiblí teileachumarsáide’ aon líonraí teileachumarsáide a úsáidtear go hiomlán nó go formhór le haghaidh soláthar seirbhísí teileachumarsáide poiblí idir críochphointí líonra;
- (i) ciallaíonn ‘seirbhís teileachumarsáide phoiblí’ aon seirbhís teileachumarsáide a thairgtear don phobal i gcoitinne;
- (j) ciallaíonn ‘rannpháirtí’ aon duine nádúrtha nó dlíthiúil ar páirtí é i gconradh le soláthróir seirbhísí teileachumarsáide phoiblí i dtaca leis na seirbhísí teileachumarsáide poiblí sin;
- (k) ciallaíonn ‘teileachumarsáid’ comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodh leictreamaighnéadach;
- (l) ciallaíonn ‘líonra teileachumarsáide’ córais tarchuir, agus i gcás inarb infheidhme, trealamh lasctha nó ródúcháin agus acmhainní eile, lena n-áirítear eilimintí neamhghníomhacha líonra, a cheadaíonn iompar comharthaí ar shreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile;
- (m) ciallaíonn ‘údarás rialála teileachumarsáide’ an comhlacht nó na comhlachtaí a gcuireann Páirtí de chúram air nó orthu rialú a dhéanamh ar líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide eile a chumhdaítear faoin bhForoinn seo;
- (n) ciallaíonn ‘seirbhís teileachumarsáide’ seirbhís, a bhaineann go hiomlán nó go príomha le hiompar agus glacadh comharthaí, lena n-áirítear comharthaí craolacháin, ar líonraí teileachumarsáide, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear le haghaidh craolacháin, ach lena n-eisiatar seirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide, nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin;

- (o) ciallaíonn ‘seirbhís uilíoch’ an tacar íosta de cháilíocht a shonraítear nach mór a chur ar fáil do gach úsáideoir, nó do thacar úsáideoirí, i gcríoch Páirtí, nó i bhforoinn Páirtí, gan beann ar a suíomh geografach, agus ar phraghas inacmhainne; agus
- (p) ciallaíonn ‘úsáideoir’ aon duine a úsáideann seirbhís teileachumarsáide poiblí.

AIRTEAGAL 10.48

Cur chuige maidir le rialáil

1. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhaineann le margáí iomaíocha chun rogha leathan a sholáthar maidir le soláthar seirbhísí teileachumarsáide agus chun leas tomhaltóirí a fheabhsú, agus go bhféadfadh sé nach mbeadh gá le rialáil eacnamaíoch má bhíonn iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe ann. Dá réir sin, aithníonn na Páirtithe go mbíonn difríocht idir riachtanais agus cineálacha cur chuige rialála ó mhargadh go margadh, agus go bhféadfaidh Páirtí a chinneadh conas a oibleagáidí faoin bhForoinn seo a chur i bhfeidhm.
2. Chuige sin, aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh gach Páirtí:
 - (a) gabháil do rialáil dhíreach in oirchill faidhbe a bhfuil súil ag an bPáirtí go bhféadfadh sí teacht chun cinn nó chun fadhb atá tagtha chun cinn sa mhargadh cheana féin a réiteach;
 - (b) dul i muinín an róil atá ag fórsaí an mhargaidh, go háirithe maidir le deighleoga den mhargadh atá iomaíoch nó a bhfuil bacainní móra ar iontráil acu, amhail seirbhísí a sholáthraíonn soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide nach bhfuil ina n-úinéirí ar shaoráidí líonra; nó

- (c) dul i muinín rialacha maidir le struchtúr an mhargaidh lena gcuirtear srian ar ghníomhaíochtaí roinnt soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide atá ina n-úinéirí ar shaoráidí líonra, mar shampla trí sholáthar seirbhísí mórdhíola a éileamh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach nó trí rannpháirtíocht i margadh miondíola a thoirmeasc, chun iompar margaidh a áirithiú atá coibhéiseach le rannpháirtithe i margadh iomaíoch.
3. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, beidh Páirtí a staonfaidh ó bheith ag gabháil do rialáil i gcomhréir le pointe (b) de mhír 2 den Airteagal seo fós faoi réir na n-oibleagáidí faoin bhForoinn seo. Ní choiscfidh aon ní san Airteagal seo ar Pháirtí seirbhísí teileachumarsáide a rialáil.

AIRTEAGAL 10.49

Údarás rialála teileachumarsáide

1. Bunóidh gach Páirtí, nó coinneoidh sé ar bun, comhlacht rialála:
- (a) atá leithleach go dlíthiúil ó aon soláthróir líonraí teileachumarsáide, seirbhísí teileachumarsáide nó trealaimh teileachumarsáide, agus atá neamhspleách ó thaobh feidhme de ar aon cheann de na soláthróirí sin;
- (b) a bhaineann úsáid as nósanna imeachta agus a dhéanann cinntí atá neamhchlaonta i ndáil le rannpháirtithe uile an mhargaidh;

- (c) gníomhú go neamhspleách agus nach lorgáíonn sé ná ní ghlacann sé teoracha ó aon chomhlacht eile maidir le feidhmiú na gcúraimí a shanntar dó le dlí chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 10.51 (Idirnascadh), 10.52 (Rochtain agus úsáid), 10.53 (Díospóidí teileachumarsáide a réiteach), 10.55 (Idirnascadh le mórsholáthróirí) agus 10.56 (Rochtain ar shaoráidí riachtanacha soláthróirí);
- (d) a bhfuil go leor cumhachta aige chun na cúraimí dá dtagraítear i bpointe (c) a chur i gcrích;
- (e) an chumhacht a bheith aige a áirithiú go ndéanfaidh soláthróirí líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide, an fhaisnéis go léir¹ a sholáthar dó, go pras arna iarraidh sin, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais, is gá chun na cúraimí sin dá dtagraítear i bpointe (c) a chur i gcrích; agus
- (f) a ghníomhaíonn a chumhachtaí go trédhearcach tráthúil.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar na cúraimí atá le déanamh ag an údarás rialála teileachumarsáide a chur in iúl go poiblí i bhfoirm inrochtana shoiléir, go háirithe i gcás ina sannfar na tascanna sin do níos mó ná comhlacht amháin.

3. Páirtí a choinníonn úinéireacht nó ceannas ar sholáthróirí líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide, áiritheoidh sé go mbeidh deighilt struchtúrach éifeachtach ann idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le húnéireacht nó le ceannas.

¹ Áiritheoidh gach Páirtí go ndéileálfadh a údarás rialála teileachumarsáide le faisnéis a iarrtar i gcomhréir le ceanglais na rúndachta.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh ceart ag soláthróir nó úsáideoir líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide a ndéantar difear dó le cinneadh ag a údarás rialála teileachumarsáide chun achomharc a dhéanamh os comhair comhlacht achomhairc atá neamhspleách ar an údarás rialála agus aon pháirtithe eile a ndéanfar difear dóibh. Go dtí go bhfaighfear toradh an achomhairc, beidh feidhm ag an gcinneadh mura ndeonófar bearta idirthréimhseacha i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann.

AIRTEAGAL 10.50

Údarú chun líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar

1. Má éilíonn Páirtí údarú chun líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, cuirfidh sé ar fáil go poiblí na cineálacha seirbhísí teileachumarsáide a dteastaíonn údarú uathu, mar aon leis na critéir údaraithe go léir, na nósanna imeachta is infheidhme, agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann go ginearálta leis an údarú.
2. Féachfaidh gach Páirtí le soláthar líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide a údarú gan nós imeachta foirmiúil agus ceadóidh sé don soláthróir tús a chur le soláthar a líonraí teileachumarsáide nó a sheirbhísí teileachumarsáide gan fanacht ar chinneadh óna údarás rialála teileachumarsáide. Más rud é go n-éilíonn Páirtí cinneadh údarúcháin foirmiúil, luafaidh sé tréimhse ama réasúnta a theastaíonn de ghnáth chun cinneadh den sórt sin a fháil agus cuirfidh sé é sin in iúl ar mhodh trédhearcach. Féachfaidh an Páirtí lena áirithiú go ndéanfar an cinneadh laistigh den tréimhse ama shainráite.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh aon chritéir údaraithe nó nós imeachta is infheidhme, agus aon oibleagáid nó coinníoll a fhorchuirtear maidir le húdarú nó a bhaineann le húdarú, ina gcritéir oibiachtúla, trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha, a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthraítear agus nach mbeidh ualach níos mó ná mar is gá don chineál seirbhíse i gceist leo a chuirtear ar fáil.
4. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfaighidh iarratasóir i scríbhinn na cúiseanna a bhaineann le húdarú a dhiúltú nó a chúlghairm nó le coinníollacha a fhorchur a bhaineann go sonrach le soláthróir. Sna cásanna sin, beidh an ceart chun achomhairc ag aon iarratasóir os comhair comhlacht achomhairc.
5. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na táillí riaracháin a fhorchuirfear ar sholáthróirí oibiachtúil trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ar comhréir leis na costais riaracháin a thabhaítear go réasúnta i mbainistiú, rialú agus i bhforfheidhmiú na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Fhoroinn seo¹.

AIRTEAGAL 10.51

Idirnascadh

1. Aithníonn na Páirtithe gur cheart idirnascadh a chomhaontú i bprionsabal ar bhonn caibidlíochta tráchtála idir na soláthróirí líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí lena mbaineann.

¹ Ní áirítear i dtáillí riaracháin íocaíochtaí le haghaidh ceart chun acmhainní ganna a úsáid agus ranníocaíochtaí sainordaitheach le soláthar seirbhíse uilíche.

2. Chuige sin, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag soláthróir líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ina chríoch agus, nuair a iarrfaidh soláthróir eile líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí sin air, d’oibleagáid air caibidlíocht a dhéanamh maidir le hidirnasc chun críche líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar.

AIRTEAGAL 10.52

Rochtain agus úsáid

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar, d’aon fhiontar nó soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile a chumhdaítear, rochtain ar líonraí teileachumarsáide poiblí nó ar sheirbhísí teileachumarsáide poiblí nó cead iad a úsáid ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha¹. Cuirfear an oibleagáid sin i gcrích, *inter alia*, i gcomhréir le míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh rochtain ag fiontair chumhdaithe nó ag soláthróirí seirbhíse an Pháirtí eile ar aon líonra teileachumarsáide poiblí nó ar aon seirbhís teileachumarsáide poiblí a thairgtear laistigh dá theorainn nó thar theorainn an Pháirtí eile, lena n-áirítear ciorcaid phríobháideacha léasa, agus chun na críche sin, faoi réir mhír 5, go gceadófar do na fiontair agus do na soláthróirí sin:
 - (a) trealamh teirminéil nó trealamh eile a cheannach, a léasú nó a cheangal, a théann i gcomhéadan leis an líonra teileachumarsáide poiblí agus is gá chun a n-oibríochtaí a dhéanamh;

¹ Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘neamh-idirdhealaitheach’ cóir náisiúnta agus cóir an náisiúin barrfhabhair dá dtagraítear in Airteagail 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair), 10.16 (Cóir náisiúnta), agus 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) é sin agus faoi théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná iad sin a bhronntar ar aon úsáideoirí eile a úsáideann líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí comhchosúla i gcásanna comhchosúla.

- (b) ciorcaid phríobháideacha atá léasaithe nó faoi úinéireacht a idirascadh le líonraí teileachumarsáide poiblí nó le ciorcaid atá léasaithe nó faoi úinéireacht fiontar nó soláthróir seirbhíse cumhdaithe eile; agus
- (c) a rogha prótacal oibríochta a úsáid ina gcuid oibríochtaí, seachas mar is gá chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí teileachumarsáide poiblí ar fáil.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh fiontair chumhdaithe nó soláthróirí seirbhísí de chuid an Pháirtí eile líonraí teileachumarsáide poiblí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí a úsáid chun faisnéis a aistriú laistigh dá theorainneacha nó thar a theorainneacha, lena n-áirítear cumarsáid ionchorparáideach de chuid na bhfiontar sin, agus i gcomhair rochtain ar fhaisnéis atá i mbunachair sonraí nó a stóráiltear ar shlí eile i bhfoirm atá inléite ag meaisín i gcríoch ceachtar den dá Pháirtí.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh Páirtí cibé bearta is gá a ghlacadh chun slándáil agus rúndacht chumarsáide a áirithiú, faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach a bheadh ina shrian ceilte ar an trádáil i seirbhísí ar shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile a chumhdaítear leis an gCaibidil seo nó idirdhealú treallach nó dochosanta.

5. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear aon choinníoll maidir le rochtain ar líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus maidir le húsáid a bhaint astu seachas mar is gá chun:

- (a) na freagrachtaí seirbhíse poiblí atá ar sholáthróirí líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint, go háirithe a gcumas i dtaobh a gcuid seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chur ar fáil; nó

- (b) sláine theicniúil líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint.

AIRTEAGAL 10.53

Réiteach díospóidí teileachumarsáide

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás díospóidí idir soláthróirí líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide i ndáil le cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as an bhForoinn seo, agus arna iarraidh sin ag ceachtar den dá pháirtí sa díospóid, go ndéanfaidh an t-údarás rialála teileachumarsáide cinneadh ceangailteach laistigh de thréimhse ama réasúnta chun an díospóid a réiteach.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear cinneadh óna údarás rialála teileachumarsáide ar fáil don phobal, ag féachaint do cheanglais rúndachta gnó, agus go dtabharfar ráiteas iomlán do na páirtithe lena mbaineann maidir leis na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe agus beidh ceart achomhairc acu dá dtagraítear in Airteagal 10.49(4) (Údarás rialála teileachumarsáide).
3. Maidir leis an nós imeachta a shonraítear i míreanna 1 agus 2, áiritheoidh gach Páirtí nach gcuirfidh sé cosc ar cheachtar páirtí lena mbaineann caingean a thabhairt os comhair údarás breithiúnach, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí.

AIRTEAGAL 10.54

Coimircí iomaíochta ar mhórsholáthróirí

Glacfaidh nó coimeádfaidh gach Páirtí bearta iomchuí lena gcoisctear ar sholáthróirí líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide, arb é atá iontu, ina n-aonar nó in éindí, mórsholáthróir, cleachtais fhrithiomaíocha a dhéanamh nó leanúint díobh. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna cleachtais fhrithiomaíocha:

- (a) tras-fhóirdheonú frithiomaíoch a dhéanamh;
- (b) faisnéis a fhaightear ó iomaitheoirí a úsáid agus torthaí frithiomaíocha a bheith air sin; agus
- (c) gan faisnéis theicniúil faoi shaoráidí fíor-riachtanacha ná faisnéis atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhísí eile, ar bhonn tráthúil, ar faisnéis í a bhfuil gá acu léi chun seirbhísí a sholáthar.

AIRTEAGAL 10.55

Idirascadh le mórsholáthróirí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh mórsholáthróirí líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, go ndéanfaidh siad idirascacht a sholáthar ag aon phointe is indéanta go teicniúil sa líonra. Soláthrófar an t-idirascadh sin:
 - (a) faoi théarmaí agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, lena n-áirítear maidir le rátaí, caighdeáin theicniúla, sonraíochtaí, lena n-áirítear cáilíocht agus cothabháil, agus de cháilíocht nach lú fabhar ná an t-idirascadh a sholáthraítear do sheirbhísí comhchosúla an mhórsholáthóra sin féin, nó do sheirbhísí comhchosúla a fhochuideachtaí nó a chuideachtaí comhlacha eile;
 - (b) go tráthúil, ar théarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear maidir le rátaí, caighdeáin theicniúla, sonraíochtaí, lena n-áirítear cáilíocht agus cothabháil, atá trédhearcach, réasúnta, ag féachaint d'indéantacht eacnamaíoch, agus díchuachta a ndóthain ionas nach gá don soláthróir íoc as comhpháirteanna nó saoráidí líonra nach bhfuil gá aige leo i leith na seirbhísí atá le soláthar; agus
 - (c) arna iarraidh sin, ag pointí de bhreis ar na críochphointí líonra a chuirtear ar fáil do thromlach na n-úsáideoirí, faoi réir muirir lena léirítear costas tógála na saoráidí breise is gá.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfeadh ar fáil go poiblí na nósanna imeachta is infheidhme maidir le hidirascadh le mórsholáthróirí.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfidh mórsholáthróir ar fáil go poiblí a chomhaontuithe maidir le hidirnascadh nó a thairiscint tagartha maidir le hidirnascadh más iomchuí sin.

AIRTEAGAL 10.56

Rochtain ar shaoráidí riachtanacha mórsholáthróirí

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh mórsholáthróir ina chríoch a shaoráidí riachtanacha a chur ar fáil do sholáthróirí líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chun seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar, ach amháin nuair nach gá sin chun iomaíocht éifeachtach a bheith ann ar bhonn na bhfíricí a bhailítear agus ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanann an t-údarás rialála teileachumarsáide.

AIRTEAGAL 10.57

Acmhainní tearca

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar cearta úsáide acmhainní ganna, lena n-áirítear speictream raidió-mhnicíochta, uimhreacha agus cearta slí, a leithdháileadh agus a dheonú agus leas á bhaint as nósanna imeachta atá oibiachtúil, tráthúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach agus nach gcruthaíonn dídhreasacht maidir le cearta acmhainní ganna a úsáid.

2. Féachfaidh gach Páirtí le leas an phobail a chur san áireamh, lena n-áirítear cur chun cinn na hiomaíochta, agus dul i muinín cineálacha cur chuige atá bunaithe ar an margadh, lena n-áirítear meicníochtaí amhail ceantanna, agus ceartha úsáide speictrim raidió-mhinicíochta á leithdháileadh agus á ndeonú do sheirbhísí teileachumarsáide poiblí.
3. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear ar fáil go poiblí úsáid reatha na mbandaí minicíochta leithdháilte, ach ní gá sainaitheint mhionsonraithe a dhéanamh ar an speictream raidió a leithdháiltear d'úsáidí sonracha rialtais.
4. Níl bearta Páirtí a dhéanann speictream a leithdháileadh agus a shannadh agus minicíocht a bhainistiú ar neamhréir *per se* le hAirteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh) agus 10.14 (Rochtain ar an margadh). Coinníonn gach Páirtí an ceart bearta bainistithe speictrim agus minicíochta a bhunú agus a chur i bhfeidhm a bhféadfadh sé go mbeadh d'éifeacht acu líon na soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide a theorannú, ar choinníoll go ndéanfaidh sé amhlaidh ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an gComhaontú seo. Áirítear leis sin an cumas bandaí minicíochta a leithdháileadh, ag cur san áireamh riachtanais reatha agus todhchaí agus infhaighteacht speictrim.

AIRTEAGAL 10.58

Seirbhís uilíoch

1. Tá an ceart ag gach Páirtí an cineál oibleagáidí seirbhíse uilíche is mian leis a choinneáil ar bun a shainiú agus a raon feidhme agus a chur chun feidhme a chinneadh.

2. Déanfaidh gach Páirtí na hoibleagáidí seirbhíse uilíocha a riar ar bhealach trédhearcach oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach a bheidh neodrach i leith iomaíochta agus nach mbeidh níos troime ná mar is gá don chineál seirbhíse uilíche a shainmhíniú an Páirtí.
3. Má ainmníonn Páirtí soláthróir seirbhíse uilechoitinne, déanfaidh sé amhlaidh ar mhodh atá éifeachtach, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus oscailte do gach soláthróir líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí.
4. Má shocraíonn Páirtí cúiteamh a thabhairt do sholáthróir seirbhíse uilíche áiritheoidh sé nach rachaidh an cúiteamh sin thar an nglanchostas arbh é an oibleagáid seirbhíse uilíche ba chúis leis.

AIRTEAGAL 10.59

Inaistritheacht uimhreach

Áiritheoidh gach Páirtí go soláthróidh soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí inaistritheacht uimhreach ar théarmaí agus coinníollacha réasúnacha.

AIRTEAGAL 10.60

Rúndacht faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróir a fhaigheann faisnéis ó sholáthróir eile agus é i mbun socrúithe a chaibidliú de bhun Airteagail 10.51 (Idirnascadh), 10.52 (Rochtain agus úsáid), 10.55 (Idirnascadh le mórsholáthróirí agus 10.56 (Rochtain ar shaoráidí riachtanacha mórsholáthróirí), go mbainfidh an soláthróir sin úsáid as faisnéis den sórt sin chun na críche ar soláthraíodh í agus chun na críche sin amháin agus urraim á tabhairt aige gach tráth do rúndacht na faisnéise a tharchuirtear nó a stóráiltear¹.
2. Déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun rúndacht na cumarsáide agus na sonraí tráchta lena mbaineann a tharchuirtear in úsáid líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint, ar mhodh atá neamh-idirdhealaitheach agus nach gcuireann srian míchuí ar sholáthar seirbhísí teileachumarsáide.

AIRTEAGAL 10.61

Nascacht teileachumarsáide

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hinfhaighteacht agus glacadh líonraí fíor-ardacmhainneachta agus seirbhísí teileachumarsáide ar ardchaighdeán, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta, mar mhodh chun daoine agus gnólachtaí a chumasú rochtain a fháil ar thairbhí trádála.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí an oibleagáid seo a chomhlíonadh trí chomhaontuithe um neamhnochtadh idir soláthróirí a chumasú.

FOROINN 5

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 10.62

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an bhforoinn seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí airgeadais. Níl feidhm ag an bhforoinn seo maidir le gnéithe neamh-chomhréireacha beart arna nglacadh nó arna gcoimeád ar bun i gcomhréir le hAirteagal 10.10 (Bearta neamh-chomhlíontacha) nó le hAirteagal 10.18 (Bearta neamh-chomhlíontacha).
2. Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn an téarma gníomhaíochtaí a dhéantar le linn údarás rialtasach a fheidmiú a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 10.3 (Sainmhínithe), an méid seo a leanas:
 - (a) gníomhaíocht a dhéanann banc ceannais nó údarás airgeadaíochta nó aon eintiteas poiblí eile d'fhonn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a shaothrú;
 - (b) gníomhaíocht ar cuid de chóras reachtúil slándála sóisialaí nó pleananna scoir poiblí í; agus
 - (c) gníomhaíochtaí eile a dhéanann eintiteas poiblí ar chuntas nó i dteannta ráthaíochta nó acmhainní airgeadais an Pháirtí nó a eintiteas poiblí, nó úsáid á mbaint astu sin.

3. Má cheadaíonn Páirtí aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (b) nó (c) de mhír 2 den Airteagal seo atá le déanamh ag a sholáthraithe seirbhíse airgeadais in iomaíocht le heintiteas poiblí nó le soláthróir seirbhíse airgeadais, áireofar le seirbhís a shainmhínítear i bpointe (m) d'Airteagal 10.3 (Sainmhínithe) na gníomhaíochtaí sin.
4. Níl feidhm ag pointe (a) d'Airteagal 10.3 (Sainmhínithe) maidir le seirbhísí airgeadais a chumhdaítear faoin bhForoinn seo.

AIRTEAGAL 10.63

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo agus Foranna B (Léirscaoileadh infheistíochta), C (Trádáil trasteorann i seirbhísí), D (Dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó) agus Foroinn 1 (Rialáil intíre) de Roinn E (Creat rialála) den Chaibidil seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ aon seirbhís de chineál airgeadais a thairgeann soláthróir seirbhíse do Pháirtí. Áirítear le seirbhísí airgeadais gach seirbhís árachais agus gach seirbhís a bhaineann le hárachas, agus gach seirbhís baincéireachta agus airgeadais eile (seachas árachas). Áirítear le seirbhísí airgeadais na gníomhaíochtaí a leanas:
 - (i) seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas:
 - (A) árachas díreach (lena n-áirítear comhárachas):
 - (1) árachas saoil; agus

- (2) árachas neamhshaoil;

- (B) athárachas agus aisghéilleadh;

- (C) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht; agus

- (D) seirbhísí atá tánaisteach i leith árachais, amhail sainchomhairleoireacht, seirbhísí aachtúireacha, measúnú riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú;

- (ii) seirbhísí baincéireachta agus seirbhíse airgeadais eile (seachas árachas):
 - (A) glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal;

 - (B) iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú;

 - (C) léasú airgeadais;

 - (D) gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil agus dréachtaí baincéireachta;

 - (E) ráthaíochtaí agus gealltanais;

- (F) na nithe seo a leanas a thrádáil ar a chuntas féin nó ar chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile a dhéantar é:
- (1) ionstraimí margaidh airgid (lena n-áirítear seiceanna, billí agus deimhnithe taisce);
 - (2) malairt eachtrach;
 - (3) táirgí díorthacha, lena n-áirítear todhchaíochtaí agus roghanna;
 - (4) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n-áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;
 - (5) urrúis inaistrithe; agus
 - (6) ionstraimí agus sócmhainní airgeadais soshanta eile, lena n-áirítear builleán;
- (G) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;
- (H) bróicéireacht airgid;

- (I) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta ar infheistíocht chomhchoiteann, bainistíocht ciste pinsin, seirbhísí coinneála, seirbhísí taisclainne, agus seirbhísí iontaobhais;
 - (J) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshanta eile;
 - (K) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus
 - (L) seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí airgeadais cúntacha eile i dtacar leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí (A) go (K), lena n-áirítear teistiméireacht chreidmheasa agus anailís airgeadais, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna agus comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúru corparáideach agus maidir le straitéisí corparáideacha;
- (b) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse airgeadais’ aon duine nádúrtha nó dlíthiúil de chuid Páirtí a fhéachann le seirbhísí airgeadais a sholáthar nó a dhéanann iad a sholáthar agus ní chuimsítear ann eintiteas poiblí;
- (c) ciallaíonn ‘eintiteas poiblí’:
- (i) rialtas, banc ceannais nó údarás airgeadaíochta Páirtí, nó aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Páirtí, a bhíonn ag gabháil go príomha d’fheidhmeanna rialtais a dhéanamh nó do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun críoch rialtais, ach ní áirítear leis eintiteas a bhíonn ag gabháil go príomha do sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar théarmaí tráchtála; nó

- (ii) eintiteas príobháideach, a dhéanann feidhmeanna, a bhíonn á ndéanamh de ghnáth ag banc ceannais nó údarás airgeadaíochta, agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú aige;
- (d) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais nua’ seirbhís de chineál airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le táirgí atá ann cheana agus táirgí nua, nó an chaoi ina ndéantar táirge a sheachadadh, nach ndéantar a sholáthar ag an soláthróir seirbhíse airgeadais i gcríoch Páirtí ach a sholáthraítear i gcríoch an Pháirtí eile; agus
- (e) ciallaíonn ‘eagraíocht féinrialála’ aon chomhlacht neamhrialtasach, lena n-áirítear malartán urrús nó todhchaíochtaí nó margadh, gníomhaireacht imréitigh, eagraíocht nó comhlachas eile a bhfuil údarás rialála nó maoirseachta aige ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais le dlí nó le tarmligean ó rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla, i gcás inarb infheidhme.

AIRTEAGAL 10.64

Eisceacht stuamachta

1. Ní choiscfidh aon ní sa Chomhaontú seo Páirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta, amhail:
 - (a) infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach ar sholáthróir seirbhísí airgeadais acu a chosaint; nó
 - (b) sláine agus cobhsaíocht córais airgeadais Páirtí a áirithiú.

2. I gcás nach mbeidh na bearta sin i gcomhréir leis an gComhaontú seo, ní úsáidfear iad chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí faoin gComhaontú seo a sheachaint.

AIRTEAGAL 10.65

Nochtadh faisnéise

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí faisnéis a bhaineann le gnóthaí agus cuntais custaiméirí aonair nó aon fhaisnéis rúnda nó dílseánaigh atá i seilbh eintitis phoiblí a nochtadh.

AIRTEAGAL 10.66

Caighdeán idirnáisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar a áirithiú go gcuirfear chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm ina gcóir na caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le rialáil agus maoirseacht in earnáil na seirbhísí airgeadais agus do chomhrac na himghabhála cánach agus na seachanta cánach in earnáil na seirbhísí airgeadais. Áirítear i measc na gcaighdeán sin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta iad siúd a ghlac G20, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, go háirithe Croíphrionsabail do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach, an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais, go háirithe Croíphrionsabail Árachais, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús, go háirithe Cuspóirí agus Prionsabail an Rialacháin Urrús, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, agus an Fóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach.

2. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe comhoibriú lena chéile agus faisnéis a mhalartú maidir le forbairt caighdeán idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 10.67

Seirbhísí airgeadais ar nuatheachtaithe iad i gcríoch Páirtí

1. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróir seirbhíse airgeadais de chuid an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch aon seirbhís airgeadais nua a sholáthar a cheadódh sé dá sholáthróirí seirbhíse airgeadais féin a sholáthar de réir a dhlí féin i gcásanna comhchosúla, ar choinníoll nach gá dlí atá ann cheana a leasú ná dlí nua a ghlacadh chun an tseirbhís airgeadais nua a thabhairt isteach. Ní bheidh feidhm ag an méid seo maidir le brainsí soláthróirí seirbhísí airgeadais an Pháirtí eile atá bunaithe i gcríoch Páirtí.
2. Féadfaidh Páirtí an fhoirm institiúideach agus dlí trína bhféadfar an tseirbhís airgeadais nua a sholáthar a chinneadh agus údarú a cheangal maidir le seirbhís den sórt sin a sholáthar. I gcás ina mbíonn gá leis an údarú sin, déanfar cinneadh laistigh de thréimhse réasúnta ama agus ní fhéadfar an t-údarú a dhiúltú ach amháin ar chúiseanna stuamachta.

AIRTEAGAL 10.68

Eagraíochtaí féinrialála

I gcás ina gceanglóidh Páirtí comhaltas d'aon eagraíocht féinrialála, nó rannpháirtíocht in aon eagraíocht nó rochtain ar an eagraíocht sin, d'fhonn seirbhísí airgeadais de chuid an Pháirtí eile a sholáthar chun seirbhísí airgeadais a sholáthar i gcríoch an chéad Pháirtí, áiritheoidh an Páirtí go gcomhlíonfaidh an eagraíocht fhéinrialaitheach sin na hoibleagáidí faoi Airteagail 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.7 (Cóir barrfhabhair), agus 10.16 (Cóir náisiúnta), agus 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair).

AIRTEAGAL 10.69

Córais imréitigh agus íocaíochta

Faoi théarmaí agus coinníollacha lena dtugtar Cóir náisiúnta, tabharfaidh gach Páirtí rochtain do sholáthróirí seirbhísí airgeadais an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch rochtain ar chórais íocaíochta agus imréitigh atá á n-oibriú ag eintitis phoiblí, agus ar shaoráidí oifigiúla cistiúcháin agus athmhaoiniúcháin atá ar fáil i ngnáthchúrsa an ghnáthghnó. Ní thabharfar rochtain faoin Airteagal seo ar iasachtóir rogha deiridh an Pháirtí.

FOROINN 6

SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 10.70

Raon feidhme agus sainmhíthe

1. Leagtar amach san Fhoroinn seo prionsabail an chreata rialála maidir le soláthar seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de bhun Roinn B (Léirscaoileadh infheistíochta), C (Trádáil trasteorann i seirbhísí) agus D (Dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó) den Chaibidil seo agus tá feidhm aici maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta. Níl feidhm ag an bhForoinn seo maidir le gnéithe neamh-chomhréireacha bearta arna nglacadh nó arna gcoimeád ar bun i gcomhréir le hAirteagal 10.10 (Bearta neamh-chomhlíontacha) nó le hAirteagal 10.18 (Bearta neamh-chomhlíontacha).
2. Chun críocha na Foroinne seo agus Foroinn B (Léirscaoileadh infheistíochta), C (Trádáil tras-teorann i seirbhísí), D (Dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó) den Chaibidil seo, tá feidhm ag na sainmhíthe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta’ gníomhaíochtaí arb é atá iontu coimeádáin a stóráil, bíodh sin i limistéir chalafoirt nó go hintíre d’fhonn iad a phacáil, a dhíphacáil nó a nochtadh, a dheisiú agus iad a chur ar fáil lena loingsiú;

- (b) ciallaíonn ‘imréiteach custaim’ gníomhaíochtaí arb é atá iontu foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh, thar ceann páirtí eile, cinn a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó tré-iompar lastas, gan beann ar cibé arb í an tseirbhís sin príomhghníomhaíocht nó gníomhaíocht thánaisteach an tsoláthróra seirbhíse;
- (c) ciallaíonn ‘oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó oibríochtaí iompair ilmhódacha’ lasta a iompar trí úsáid a bhaint as níos mó ná modh iompair amháin, lena mbaineann céim farraige idirnáisiúnta, faoi dhoiciméad iompair aonair;
- (d) ciallaíonn ‘seirbhísí friothálacha’ lasta idirnáisiúnta a réamhsheoladh agus a sheoladh ar aghaidh ar muir, lena n-áirítear i gcoimeádán, lasta ginearálta agus bulclasta tirim nó leachtach, idir calafóirt atá suite i gcríoch Páirtí, lasta idirnáisiúnta atá faoi bhealach agus atá dírithe ar cheann scríbe, nó ag teacht ó chalafort luchtaithe atá lasmuigh de chríoch an Pháirtí sin;
- (e) ciallaíonn ‘seirbhísí seolta lasta’ an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingseoireachta a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoladóirí, trí iompar a shealbhú agus seirbhísí gaolmhara a shocrú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar;
- (f) ciallaíonn ‘lasta idirnáisiúnta’ lasta a iompraítear idir calafort Páirtí amháin agus calafort de Pháirtí eile nó de thríú tír, nó idir calafóirt Ballstát éagsúil;
- (g) ciallaíonn ‘seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta’ paisinéirí nó lasta a iompar ar shoithí-farraige idir calafort Páirtí agus calafort de chuid Pháirtí eile nó tríú tír, lena n-áirítear Conradh díreach le soláthróirí seirbhísí iompair eile, d’fhonn oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó oibríochtaí iompair ilmhódacha a chumhdach faoi dhoiciméad iompair amháin, ach ní an ceart na seirbhísí iompair eile a sholáthar;

- (h) ciallaíonn ‘seirbhísí gníomhaireachta muirí’ gníomhaíochtaí lena ndéantar ionadaíocht, mar ghníomhaire, laistigh de limistéar geografach ar leith, ar leasanna gnó líne loingseoireachta amháin nó níos mó nó cuideachta loingseoireachta amháin nó níos mó, chun na gcríoch seo a leanas:
- (i) margáíocht agus díolachán a dhéanamh ar sheirbhísí muiriompair agus seirbhísí gaolmhara, ó luachan go heisiúint sonrasc, billí luchtá a eisiúint thar ceann na gcuideachtaí, na seirbhísí gaolmhara is gá a fháil agus a athdhíol, doiciméadacht a ullmhú, agus faisnéis ghnó a sholáthar;
 - (ii) gníomhú thar ceann na gcuideachtaí a eagraíonn glao na loinge nó a ghlacfaidh lastaí nuair is gá;
- (i) ciallaíonn ‘seirbhísí cúnta muirí’ seirbhísí láimhseála lasta mhuirí, seirbhísí imrétigh custaim, seirbhísí stáisiúin coimeádta agus seirbhísí iosta, seirbhísí gníomhaireachtaí muirí agus seirbhísí seolta lasta mhuirí; agus
- (j) ciallaíonn ‘seirbhísí láimhseála lasta mhuirí’ gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stíobheadóra, lena n-áirítear oibreoirí críochfoirt ach nach ndéanann gníomhaíochtaí díreacha dugairí a áireamh nuair a dhéantar na hoibrithe a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stíobheadóra nó ar na cuideachtaí oibritheora críochfoirt. Ar na seirbhísí a chumhdaítear tá eagrú agus maoirseacht na nithe a leanas:
- (i) lasta a luchtú ar shoitheach nó a dhíluchtú as soitheach;
 - (ii) lasta a cheangal nó a dhícheangal; agus

- (iii) glacadh le lasta nó é a sheachadadh agus é a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

AIRTEAGAL 10.71

Oibleagáidí

1. Cuirfidh gach Páirtí rochtain neamhshrianta ar na margaí muirí idirnáisiúnta i bhfeidhm ar bhonn tráchtála agus neamh-idirdhealaitheach trí na nithe seo a leanas:

- (a) cóir a thabhairt do longa, a bhfuil bratach an Pháirtí eile ar foluain acu, nó longa atá á bhfeidhmiú ag soláthróirí seirbhísí an Pháirtí eile, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar dá longa féin, i dtaca leis an méid a leanas:
 - (i) rochtain ar chalafoirt;
 - (ii) bonneagar agus seirbhísí calafoirt a úsáid;
 - (iii) úsáid seirbhísí cúnnta muirí;
 - (iv) na táillí agus na muirir lena mbaineann; agus
 - (v) saoráidí custaim, agus sannadh beartanna agus saoráidí le haghaidh luchtú agus díluchtú;

- (b) a cheadú do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile fiontar a bhunú agus a oibriú ar a chríoch faoi choinníollacha nach lú fabhar ná na coinníollacha mar a thugann sé dá sholáthróirí seirbhíse féin;
- (c) na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil ag a gcalafoirt do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha: píolótaíocht; cúnamh tuála agus tarraingthe; soláthar; breoslú agus uisciú; bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola; seirbhísí captaein calafoirt; áiseanna loingseoireachta; saoráidí éigeandála deisiúcháin; ancaireacht; seirbhísí cur i mbeart agus calaithe; agus seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d'oibríochtaí long lena n-áirítear cumarsáid, uisce agus soláthairtí leictreacha;
- (d) ceadú do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta an Pháirtí eile, faoi réir údarú ón údarás inniúil i gcás inarb infheidhme, suíomh coimeádán folamh dá gcuid féin nó coimeádán folamh atá ar léas acu nach bhfuil á n-iompar mar lasta le haghaidh íocaíochta a athrú idir calafoirt na Nua-Shéalainne nó idir calafoirt Ballstáit; agus
- (e) cead a thabhairt do sholáthróirí idirnáisiúnta seirbhísí muiriompair de chuid an Pháirtí eile seirbhísí friothála a sholáthar idir calafoirt na Nua-Shéalainne nó idir calafoirt Bhallstáit den Aontas, faoi réir údarú ón údarás inniúil i gcás inarb infheidhme.

2. I gcásanna dá dtagraítear faoi phointí (a) agus (b) de mhír 1, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

- (a) staonadh ó shocruithe maidir le comhroinnt lasta a thabhairt isteach i gcomhaontuithe a bheidh ann amach anseo le tríú tíortha maidir le seirbhísí muiriompair, lena n-áirítear an trádáil bulclasta tirim nó leachtach agus línéir;

- (b) deireadh a chur, laistigh de thréimhse réasúnta ama, leis na socruithe atá ann cheana maidir le comhroinnt lasta dá dtagraítear i bpointe (a) agus atá ann i gcomhaontuithe roimhe seo; agus
- (c) staonadh ó aon bhearta riaracháin, teicniúla agus eile a thabhairt isteach nó a choimeád ar bun a d'fhéadfadh a bheith ina srian faoi cheilt nó a bhféadfadh éifeachtaí idirdhealaitheacha a bheith acu ar shaorsholáthar seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta.

CAIBIDIL 11

GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL, ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISTRITHE

AIRTEAGAL 11.1

Íocaíochtaí agus aistrithe

Ceadóidh gach Páirtí, in airgeadra innhalartaithe go héasca agus i gcomhréir le forálacha ábhartha Airteagail Chomhaontú an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, aon íocaíocht agus aistriú i leith idirbheart ar chuntas reatha an chomhardaithe íocaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 11.2

Gluaiseachtaí Caipitil

Ceadóidh gach Páirtí, i dtaca le hidirbhearta ar chuntas caipitil agus airgeadais an chomhardaithe íocaíochtaí, saorghluaiseacht chaipitil chun infheistíochtaí agus idirbhearta eile a léirscaoileadh dá bhforáiltear faoi Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht).

AIRTEAGAL 11.3

Cur i bhfeidhm dlíthe agus rialachán a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí agus aistrithe

1. Ní dhéanfar aon ní in Airteagail 11.1 (Íocaíochtaí agus aistrithe) agus 11.2 (Gluaiseachtaí caipitil) a fhorléiriú chun cosc a chur ar Pháirtí a dhlíthe agus a rialacháin a chur i bhfeidhm, ar dlíthe agus riaracháin iad a bhaineann le:

- (a) féimheacht, dócmhainneacht nó cosaint chearta na gcreidiúnaithe;
- (b) déileáil nó trádáil in urrúis, i ndíorthaigh amhail todhchaíochtaí nó roghanna nó in ionstraimí airgeadais eile nó iad a eisiúint;
- (c) tuairisciú airgeadais nó taifeadadh maidir le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe, i gcás ina bhfuil sé riachtanach chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí nó le húdaráis rialála airgeadais;
- (d) cionta coiriúla nó pionósacha, cleachtais mheabhlacha nó chalaoiseacha;

- (e) comhlíonadh orduithe nó breithiúnas in imeachtaí riaracháin nó breithiúnais a áirithiú; nó
- (f) slándáil shóisialta, scéimeanna scoir nó scéimeanna coigiltis éigeantacha.

2. Ní chuirfidh Páirtí na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm go treallach ná go hidirdhealaitheach, ná ar bhealach ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar ghluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe.

CAIBIDIL 12

TRÁDÁIL DHIGITEACH

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 12.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta Páirtí a dhéanann difear do thrádáil a chumasaítear ar bhealaí leictreonacha.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid a leanas:
- (a) seirbhísí closamhairc;
 - (b) faisnéis atá á coinneáil nó arna próiseáil ag Páirtí nó thar a cheann, nó bearta a bhaineann le faisnéis den sórt sin, lena n-áirítear bearta a bhaineann le bailiú na faisnéise sin; agus
 - (c) bearta arna nglacadh nó arna gcoimeád ar bun ag an Nua-Shéalainn a mheasann sí a bheith riachtanach chun cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí na Maorach a chosaint nó a chur chun cinn¹ i leith nithe a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear bearta arna ndéanamh chun oibleagáidí na Nua-Shéalainne faoi Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi a chomhlíonadh, ar choinníoll nach n-úsáidtear bearta den sórt sin le haghaidh idirdhealú treallach nó gan bonn cirt i gcoinne daoine den Pháirtí eile nó chun srian faoi cheilt a dhéanamh ar thrádáil arna cumasú go leictreonach. Níl feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach díospóidí) maidir le léiriú ar Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi, lena n-áirítear cineál na gceart agus na n-oibleagáidí a thiochfaidh chun cinn faon gconradh sin.

AIRTEAGAL 12.2

Sainmhínte

1. Tá feidhm ag na sainmhínte atá leagtha amach in Airteagal 10.3 (Sainmhínte) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht) maidir leis an gCaibidil seo.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí na Maorach na cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí sin a bhaineann le mātauranga Māori.

2. Tá feidhm ag an sainmhíniú ar an téarma ‘seirbhís teileachumarsáide poiblí’ i bpointe (i) d’Airteagal 10.47 (Sainmhínithe) maidir leis an gCaibidil seo.
3. Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ aon duine nádúrtha a úsáideann seirbhís teileachumarsáide phoiblí le haghaidh cuspóirí nach cuspóirí gairmiúla iad;
 - (b) ciallaíonn ‘soláthar digiteach’ soláthar trí mheán leictreonach;
 - (c) ciallaíonn ‘cumarsáid mhargaíochta dhíreach’ aon chineál fógraíochta tráchtála trína ndéanann duine teachtaireachtaí margaíochta a chur in iúl go díreach d’úsáideoir trí bhíthin seirbhís teileachumarsáide, lena n-áirítear ríomhphoist agus teachtaireachtaí téacs agus ilmheán (SMS agus MMS);
 - (d) ciallaíonn ‘fíordheimhniú leictreonach’ próiseas leictreonach nó gníomh um fhíorú lena gcumasaítear deimhniú na nithe seo a leanas:
 - (i) sainaitheint leictreonach duine; nó
 - (ii) foinse agus sláine sonraí i bhfoirm leictreonach;
 - (e) ciallaíonn ‘ríomhshonrascadh’ sonraisc a chruthú, a mhalartú agus a phróiseáil go huathoibríoch idir soláthróirí agus ceannaitheoirí trí bhíthin formáid dhigiteach struchtúrtha a úsáid;

- (f) ciallaíonn ‘ríomhshéala’ sonraí i bhfoirm leictreonach, a mbaineann duine dlíthiúil úsáid astu, atá ceangailte de shonraí eile i bhfoirm leictreonach, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, chun foinse agus sláine na sonraí eile a áirithiú;
- (g) ciallaíonn ‘ríomhshíniú’ sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte de shonraí eile i bhfoirm leictreonach, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo:
- (i) ar féidir iad a úsáid chun an sínitheoir a shainaithint i dtaca le sonraí eile i bhfoirm leictreonach; agus
- (ii) a úsáideann sínitheoir chun comhaontú ar na sonraí eile i bhfoirm leictreonach¹;
- (h) ciallaíonn ‘seirbhís rochtana ar an idirlíon’ seirbhís teileachumarsáide phoiblí lena soláthraítear rochtain ar an idirlíon agus, dá bhrí sin, nascacht le beagnach gach pointe deiridh ar an idirlíon, gan beann ar an teicneolaíocht líonra agus ar an trealamh teirminéil a úsáidtear;
- (i) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ faisnéis a bhaineann le duine nádúrtha atá aitheanta nó inaitheanta;
- (j) ciallaíonn ‘doiciméad maidir le riarachán trádála’ foirm arna eisiúint nó arna rialú ag Páirtí nach mór é a chomhlánú ag allmhaireoir nó onnmhaireoir nó ar a son agus a bhaineann le hallmhairiú nó le honnmhairiú earraí; agus
- (k) ciallaíonn ‘úsáideoir’ aon duine a úsáideann seirbhís teileachumarsáide poiblí.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní choisceann aon ní sa sainmhíniú seo ar Pháirtí éifeacht dhlíthiúil níos mó a thabhairt do ríomhshíniú a shásaíonn ceanglais áirithe, amhail a chur in iúl nár athraíodh na sonraí nó céannacht an tsínitheora a fhíorú.

AIRTEAGAL 12.3

An ceart chun rialála

Athdheimhníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte an duine, ainmhithe nó planda, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol lena n-áirítear athrú aeráide, agus an mhoráltacht phoiblí a chosaint, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, leas ainmhithe, príobháideacht agus cosaint sonraí, éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, agus, i gcás na Nua Shéalainne, cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí na Maorach a chur chun cinn nó a chosaint.

ROINN B

SREAFÁÍ SONRAÍ TRASTEORANN AGUS COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

AIRTEAGAL 12.4

Sreafaí sonraí trasteorann

1. Tá na Páirtithe tiomanta maidir le sreabha sonraí trasteorann a áirithiú chun trádáil sa gheilleagar digiteach a éascú agus aithníonn siad go bhféadfadh a cheanglais rialála féin a bheith ag gach Páirtí maidir leis an méid sin.

2. Chuige sin, ní chuirfidh Páirtí srian ar shreabha sonraí trasteorann a tharlaíonn idir na Páirtithe i gcomhthéacs gníomhaíocht atá faoi raon feidhme na Caibidle seo, ar gníomhaíocht í lena ndéantar na nithe seo a leanas:

- (a) a cheangal go n-úsáidfeadh áiseanna ríomhaireachta nó eilimintí líonra i gcríoch an Pháirtí le haghaidh sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear trí úsáid áiseanna ríomhaireachta nó eilimintí líonra a éileamh atá deimhnithe nó ceadaithe i gcríoch an Pháirtí;
- (b) a cheangal go ndéanfar sonraí a logánu ar chríoch an Pháirtí;
- (c) stóráil nó próiseáil sonraí i gcríoch an Pháirtí eile a thoirmeasc; nó
- (d) aistriú trasteorann sonraí a dhéanamh ag brath ar úsáid saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra i gcríoch an Pháirtí nó ar cheanglais logánaithe i gcríoch an Pháirtí.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, tuigeann na Páirtithe nach bhfuil aon ní san Airteagal seo a choisceann ar na Páirtithe bearta a ghlacadh nó a choimeád ar bun i gcomhréir le hAirteagal 25.1 (Eisceachtaí ginearálta) chun na cuspóirí beartais phoiblí dá dtagraítear san Airteagal seo a bhaint amach, ar cuspóirí iad a dhéanfar a léirmhíniú, chun críocha an Airteagail seo, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach a chuireann nádúr éabhlóideach na dteicneolaíochtaí digiteacha san áireamh. Ní dhéanann an abairt roimhe seo difear do chur i bhfeidhm eisceachtaí eile sa Chomhaontú seo a ghabhann leis an Airteagal seo.

4. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar chur chun feidhme an Airteagail seo laistigh de thrí bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus déanfaidh siad feidhmiú an Airteagail seo a mheas, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Féadfaidh Páirtí tráth ar bith a mholadh don Pháirtí eile an tAirteagal seo a athbhreithniú. Tabharfar breithniú comhbhách do mholadh den sórt sin.

5. I gcomhthéacs an athbheithnithe dá dtagraítear i mír 4, agus tar éis fhoilsiú na tuarascála Wai 2522 ó Bhinse Waitangi dar dáta an 19 Samhain 2021, déanann an Nua-Shéalainn na nithe seo a leanas:

- (a) athdhearbhaíonn sí a cumas leanúnach chun tacú le leasanna na Maorach agus iad a chur chun cinn faoin gComhaontú seo; agus
- (b) dearbhaíonn sí a rún chun Maoraigh a fhostú chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh san athbheithniú dá dtagraítear i mír 4 an gá leanúnach atá ag an Nua-Shéalainn tacaíocht a thabhairt do Mhaoraigh chun a gcearta agus a leasanna a fheidhmiú, agus a freagrachtaí faoi Te Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi agus faoi na prionsabail sa chonradh sin a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 12.5

Sonraí pearsanta agus príobháideacht a chosaint

1. Aithníonn gach Páirtí gur ceart bunúsach í cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais agus go gcuireann ardchaighdeán maidir leis sin le muinín sa gheilleagar digiteach agus le forbairt trádála.
2. Féadfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a chothabháil ar bearta iad a mheasann sé a bheith iomchuí chun cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachta a áirithiú, lena n-áirítear trí rialacha a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm maidir le sonraí pearsanta a aistriú ar bhonn tras-teorann. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo difear do chosaint sonraí pearsanta agus príobháideachta a thugtar le bearta na bPáirtithe faoi seach.

3. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas faoi aon bheart dá dtagraítear i mír 2 a ghlacfaidh sé nó a choinneoidh sé.
4. Foilseoidh gach Páirtí faisnéis maidir le cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachta a sholáthraíonn sé d'úsáideoirí na trádála digití, lena n-áirítear:
 - (a) conas is féidir le daoine aonair leigheas a lorg maidir le sárú ar chosaint sonraí pearsanta nó príobháideachta a eascraíonn as trádáil dhigiteach; agus
 - (b) treoir agus faisnéis eile maidir le comhlíonadh na gceanglas dlí is infheidhme lena gcosnaítear sonraí pearsanta agus príobháideacht gnólachtaí.

ROINN C

FORÁLACHA SONRACHA

AIRTEAGAL 12.6

Dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha idir duine de Pháirtí amháin agus duine den Pháirtí eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní chuirfear bac le mír 1 ar Pháirtí cánacha inmheánacha, táillí nó muirir eile a fhorchur ar tharchuir leictreonacha, ar choinníoll go bhforchuirfear na cánacha, na táillí nó na muirir eile sin ar mhodh atá i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 12.7

Gan réamhúdarú

1. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall gan údarú roimh ré nó aon cheanglas eile a mbeidh éifeacht chomhionann aige a fhorchur ar sholáthar seirbhísí go leictreonach.
2. Beidh mír 1 gan dochar do scéimeanna údarúcháin nach bhfuil dírithe go sonrach ná go heisiach ar sheirbhísí a sholáthraítear go leictreonach, agus do rialacha i réimse na teileachumarsáide.

AIRTEAGAL 12.8

Conarthaí a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach

Mura bhforáiltear a mhalairt faoina dhlíthe agus faoina rialacháin, áiritheoidh gach Páirtí na nithe seo a leanas:

- (a) go bhféadfar conarthaí a thabhairt i gcrích go leictreonach;

- (b) nach bhfágtar nach bhfuil éifeacht dhlíthiúil, bailíocht nó in-fhorfheidhmitheacht ag conarthaí ar an aon fhoras amháin gur tugadh an Conradh i gcrích trí mheán leictreonach; agus
- (c) nach gcruthaítear ná nach gcoimeádtar aon bhacainní eile ar úsáid conarthaí leictreonacha.

AIRTEAGAL 12.9

Ríomh-fhíordheimhniú

1. Ach amháin in imthosca dá bhforáiltear a mhalairt faoina dhlíthe agus faoina rialacháin, ní dhiúltoídís Páirtí éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht ríomhdhoiciméad in imeachtaí dlíthiúla, ríomhshíniú, ríomhshéala ama ná na sonraí fíordheimhnithe a eascraíonn as ríomh-fhíordheimhniú, ar an aon fhoras amháin gur i bhfoirm leictreonach atá siad.
2. Ní dhéanfaidís Páirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:
 - (a) lena gcuirfís toirmeasc ar pháirtithe in idirbheart leictreonach na modhanna fíordheimhnithe leictreonacha iomchuí dá n-idirbheart leictreonach a chinneadh go frithpháirteach; nó
 - (b) cosc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach é a bheith ar a gcumas a chruthú d'údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin go mbeadh an úsáid a bhainfís as ríomh-fhíordheimhniú san idirbheart leictreonach sin i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí a cheangal, i dtaca le catagóir áirithe idirbheart leictreonach, go ndéanfar an fíordheimhniú leictreonach:
 - (a) a dheimhniú ag údarás creidiúnaithe i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin; nó
 - (b) go gcomhlíonann sé caighdeáin áirithe feidhmíochta a bheidh oibiachtúil, trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus nach mbainfidh sé ach le saintréithe sonracha na catagóire idirbheart leictreonach lena mbaineann.

4. A mhéid dá bhforáiltear faoina dhlíthe nó faoina rialacháin, cuirfidh Páirtí míreanna 1 go 3 i bhfeidhm maidir le próisis leictreonacha eile nó modhanna leictreonacha eile chun idirbhearta leictreonacha a éascú nó a chumasú, amhail ríomhstampaí ama nó ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe.

AIRTEAGAL 12.10

Ríomhshonrascadh

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá caighdeáin maidir le ríomhshonrascadh mar phríomhghné de chórais soláthair dhigitigh chun tacú le hidir-inoibritheacht agus le trádáil dhigiteach agus gur féidir córais den sórt sin a úsáid freisin le haghaidh idirbhearta leictreonacha idir gnóthaí agus idir gnóthaí agus tomhaltóirí.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil cur chun feidhme na mbearta a bhaineann le ríomhshonrascadh ina dhlínse ceaptha chun tacú le hidir-inoibritheacht trasteorann. Agus bearta á bhforbairt a bhaineann le ríomhshonrascadh, cuirfidh gach Páirtí san áireamh, de réir mar is iomchuí, creataí, treoirlínte nó moltaí idirnáisiúnta, i gcás ina bhfuil creataí, treoirlínte nó moltaí idirnáisiúnta ann.

3. Féachfaidh na Páirtithe le dea-chleachtais a roinnt maidir le ríomhshonrascadh agus maidir le córais soláthair dhigitigh.

AIRTEAGAL 12.11

Cód foinseach a aistriú nó rochtain air

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht shóisialta agus eacnamaíoch atá ag dul i méid agus a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha, agus an tábhacht a bhaineann le forbairt agus úsáid shábháilte fhreagrach teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear maidir le cód foinse bogearraí chun muinín an phobail a chothú.
2. Ní dhéanfaidh Páirtí ceanglas maidir le haistriú cóid foinse bogearraí, ná rochtain air, atá in úinéireacht ag duine de chuid an Pháirtí eile mar choinníoll chun na bogearraí sin, nó táirgí ina bhfuil na bogearraí sin, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dháileadh, a dhíol nó a úsáid, ina chríoch nó óna chríoch¹.
3. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, níl feidhm ag mír 2:
 - (a) maidir le haistriú deonach cóid foinse bogearraí, nó rochtain a dheonú air, ar bhonn tráchtála ag duine den Pháirtí eile, mar shampla i gcomhthéacs idirbheart soláthair phoiblí nó conartha a chaibidlítear go neamhshrianta; agus

¹ Ní choisceann an tAirteagal seo ar Pháirtí a éileamh go soláthrófar rochtain ar bhogearraí a úsáidtear le haghaidh bonneagar criticiúil, a mhéid is gá chun feidhmiú éifeachtach an bhonneagair chriticiúil a áirithiú, faoi réir coimircí in aghaidh nochtadh neamhúdaraíthe.

- (b) ní dhéanann sé difear do cheart comhlachtaí rialála, riaracháin, forfheidhmithe dlí nó breithiúnacha de chuid Páirtí chun a cheangal go ndéanfar cód foinse bogearraí a mhodhnú chun go gcomhlíonfar leo a dhlíthe agus a rialacháin nach bhfuil ar neamhréir leis an gComhaontú seo.
4. Ní dhéanfaidh aon ní dá bhfuil san Airteagal seo difear:
- (a) an ceart atá ag údarás rialála, údarás forfheidhmithe dlí, comhlachtaí breithiúnacha nó comhlachtaí um measúnú comhréireachta de chuid Páirtí rochtain a fháil ar chód foinse bogearraí, sula ndéantar iad a allmhairiú, a onnmhairiú, a dháileadh, a dhíol nó a úsáid chun críocha imscrúduithe, cigireachta nó scrúdaithe, gníomhaíochta forfheidhmiúcháin nó imeachtaí breithiúnacha chun comhlíonadh a dhlíthe agus a rialacháin a chinneadh, lena n-áirítear na dlíthe agus na rialacháin sin a bhaineann le neamh-idirdhealú agus chun claonadh a chosc, faoi réir coimircí i gcoinne nochtadh neamhúdaráithe;
- (b) ceanglais ag údarás iomaíochta nó ag comhlacht ábhartha eile de chuid Páirtí chun sárú ar dhlí na hiomaíochta a leigheas;
- (c) do chosaint agus d'fhorfheidhmiú ceart maoine intleachtúla; nó
- (d) ceart Páirtí bearta a dhéanamh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 14.1(2) (Forálacha áirithe den Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais a ionchorprú) faoina ndéantar Airteagal III den Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais a ionchorprú sa Chomhaontú seo, *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 12.12

Muinín tomhaltóirí ar líne

1. Agus an tábhacht a bhaineann le muinín tomhaltóirí sa trádáil dhigiteach a fheabhsú á haithint, déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena áirithiú go dtabharfar cosaint éifeachtach do thomhaltóirí a bhíonn ag gabháil d'idirbhearta ríomhthráchtála, lena n-áirítear bearta:
 - (a) cleachtais tráchtála mhealltacha agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha a thoirmeasc, cleachtais tráchtála mhíthreoracha san áireamh;
 - (b) a cheangal ar sholáthróirí earraí agus seirbhísí feidhmiú de mheon maith agus cloí le cleachtais chothroma tráchtála, lena n-áirítear trí chearta na dtomhaltóirí maidir le hearraí agus seirbhísí gan iarraidh a urramú; agus
 - (c) rochtain a dheonú do thomhaltóirí ar shásamh mar gheall ar sháruithe ar a gcearta, lena n-áirítear ceart chun leigheasanna i gcásanna ina n-íoctar as earraí agus seirbhísí agus nach ndéantar iad a sheachadadh nó a sholáthar de réir mar a aontaíodh.
2. Soláthróidh gach Páirtí leibhéal cosanta do thomhaltóirí a bheidh ag gabháil d'idirbhearta ríomhthráchtála atá coibhéseach ar a laghad leis an leibhéal a sholáthraítear do thomhaltóirí tráchtála a dhéantar ar mhodhanna neamhleictreonacha faoina dhlíthe, faoina rialacháin agus faoina bheartais.
3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cumhachtaí forfheidhmithe leordhóthanacha a chur de chúram ar ghníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí nó ar chomhlachtaí ábhartha eile agus aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le comhar idir na gníomhaireachtaí d'fhonn tomhaltóirí a chosaint agus muinín tomhaltóirí ar líne a fheabhsú.

4. Aithníonn na Páirtithe na buntáistí a bhaineann le meicníochtaí chun réiteach éileamh a bhaineann le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann a éascú. Chuige sin, breathnóidh na Páirtithe eatarthu féin ar roghanna chun sásraí den sórt sin a chur ar fáil i dtaca le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann.

AIRTEAGAL 12.13

Cumarsáid maidir le margáiocht dhíreach gan iarraidh

1. Déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena áirithiú go dtabharfar cosaint éifeachtach do thomhaltóirí in éadan cumarsáide maidir le margáiocht dhíreach gan iarraidh.
2. Áiritheoidh gach Páirtí nach seolfar cumarsáidí margáiochta dírí chuig úsáideoirí ar daoine nádúrtha iad mura mbeidh a dtoiliú tugtha i gcomhréir le dlíthe cumarsáidí margáiochta den sórt sin a fháil. Saineofar toiliú i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann.
3. D'ainneoin mhír 2, maidir le daoine a bhailigh, i gcomhréir le dlí an Pháirtí, sonraí teagmhála úsáideora i gcomhthéacs soláthar earraí nó seirbhísí, ceadóidh Páirtí dóibh cumarsáidí maidir le margáiocht dhíreach a chur chuig an úsáideoir sin i dtaca lena n-earraí ná a seirbhísí féin, ar earraí agus seirbhísí dá samhail iad.
4. Áiritheoidh gach Páirtí gur féidir cumarsáidí margáiochta dírí a aithint go soiléir, go nochtfar leo cé dó a ndéantar iad agus go mbeidh iontu an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a chumas do thomhaltóirí scor a iarraidh saor in aisce tráth ar bith.

5. Soláthróidh gach Páirtí rochtain ar shásamh d'úsáideoirí in aghaidh soláthróirí cumarsáide maidir le cumarsáidí margaíochta díri gan iarraidh nach bhfuil i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh nó arna gcoimeád de bhun mhíreanna 1 go 4.

AIRTEAGAL 12.14

Comhar maidir le cúrsaí rialála i ndáil le trádáil dhigiteach

1. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na cúrsaí rialála seo a leanas i gcomhthéacs na trádála digítí:
 - (a) seirbhísí iontaoibhe agus fíordheimhnithe leictreonacha idir-inoibritheacha a aithint agus a éascú;
 - (b) láimhseáil cumarsáide maidir le margaíocht dhíreach;
 - (c) cosaint tomhaltóirí ar líne, lena n-áirítear modhanna sásaimh do thomhaltóirí agus modhanna chun muinín na dtomhaltóirí a chothú;
 - (d) na dúshlán atá roimh FBManna maidir le húsáid na tráchtála leictreonaí;
 - (e) ríomh-rialtas; agus
 - (f) ábhair eile ábhartha maidir le trádáil dhigiteach a fhorbairt.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le rialacha ná coimircí Páirtí chun sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint, lena n-áirítear maidir le haistrithe trasteorann sonraí pearsanta.
3. Comhoibreoidh na Páirtithe lena chéile, i gcás inarb iomchuí, agus beidh siad rannpháirteach go gníomhach i bhfórait idirnáisiúnta chun forbairt na trádála digití a chur chun cinn.
4. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar maidir le hábhair chibearshlándála a bhaineann leis an trádáil dhigiteach.

AIRTEAGAL 12.15

Trádáil in earraí gan pháipéar

1. Chun timpeallacht teorann gan pháipéar a chruthú do thrádáil in earraí, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le foirmeacha páipéir agus le doiciméid a theastaíonn chun earraí a allmhairiú, a onnmhairiú nó a iompar. Chuige sin, spreagtar na Páirtithe deireadh a chur le foirmeacha páipéir agus doiciméid, de réir mar is cuí, agus aistriú i dtreo foirmeacha agus doiciméid a úsáid i bhformáidí atá bunaithe ar shonraí.
2. Féachfaidh gach Páirtí le doiciméid riaracháin trádála a eisiúint sé nó a rialaíonn sé, nó doiciméad atá riachtanach i ngnáthchúrsa trádála, a chur ar fáil don phobal i bhformáid leictreonach. Chun críocha na míre seo, folaíonn an téarma ‘formáid leictreonach’ formáidí atá oiriúnach do léirmhíniú uathoibrithe agus do phróiseáil leictreonach gan idirghabháil ag an duine, chomh maith le híomhánna digiteacha agus foirmeacha digiteacha.

3. Féachfaidh gach Páirtí le glacadh leis na leaganacha leictreonacha de dhoiciméid riaracháin trádála mar choibhéis dhlíthiúil de leaganacha páipéir de dhoiciméid riaracháin trádála.
4. Féachfaidh na Páirtithe le comhoibriú go déthaobhach agus i bhfórait idirnáisiúnta chun glacadh le leaganacha leictreonacha de dhoiciméid riaracháin trádála a fheabhsú.
5. Agus tionscnaimh á bhforbairt lena bhforáiltear d'úsáid na trádála in earraí gan pháipéar, déanfaidh gach Páirtí a dhícheall na modhanna arna gcomhaontú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur san áireamh.

AIRTEAGAL 12.16

Rochtain oscailte ar an idirlíon

Aithníonn na Páirtithe na buntáistí a bhaineann le hacmhainneacht úsáideoirí ina gcríocha faoi seach na nithe seo a leanas a dhéanamh, faoi réir bheartais, dhlíthe agus rialacháin infheidhme gach Páirtí:

- (a) seirbhísí agus feidhmchláir dá rogha féin atá ar fáil ar an idirlíon a rochtain, a dháileadh agus a úsáid, faoi réir bainistíocht líonra réasúnta nach gcuirtear bac nó moill léi ar thrácht ar chúiseanna tráchtála;
- (b) a rogha feistí a nascadh leis an idirlíon, ar choinníoll nach ndéanann na feistí sin dochar don líonra; agus

- (c) rochtain a bheith acu ar fhaisnéis faoi chleachtais maidir le bainistíocht líonra a soláthróir seirbhísí rochtana idirlín.

CAIBIDIL 13

FUINNEAMH AGUS AMHÁBHAIR

AIRTEAGAL 13.1

Cuspóirí

Is iad cuspóirí na Caibidle seo trádáil agus infheistíocht a éascú idir na Páirtithe chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus táirgeadh inbhuanaithe amhábhair a chur chun cinn, a fhorbairt agus a mhéadú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí glasa.

AIRTEAGAL 13.2

Prionsabail

1. Coimeádann gach Páirtí an ceart ceannasach chun a chinneadh an bhfuil limistéir laistigh dá chríoch, agus ina uiscí oileánda agus teorainn, ina chrios eacnamaíoch eisiach agus ina scairbh ilchríochach, ar fáil chun earraí agus amhábhair fuinnimh a thaiscéaladh agus a tháirgeadh.

2. Forchoimeádan gach Páirtí a cheart bearta a ghlacadh, a choinneáil agus a fhorfheidhmiú atá riachtanach chun soláthar earraí fuinnimh agus amhábhair a dhaingniú agus atá i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 13.3

Sainmhínte

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘údarú’ an cead, an ceadúnas, an lamháltas nó an ionstraim riaracháin nó chonarhach chomhchosúil lena dtugann údarás inniúil Páirtí cead d’eintiteas gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe a fheidhmiú ina chríoch;
- (b) ciallaíonn ‘cothromú’ gníomhaíochtaí agus próisis, i ngach amlíne, faoina n-áirithíonn oibreoirí líonra go leanúnach, go gcoinnítear minicíocht an chórais laistigh de raon cobhsaíochta réamshainithe agus go gcomhlíontar le méid na gcúlchistí atá de dhíth i ndáil leis an gcáilíocht is gá;
- (c) ciallaíonn ‘earraí fuinnimh’ na hearraí as a ngintear fuinneamh agus a liostaítear leis an gcód HS comhfhreagrach in Iarscríbhinn 13 (Liostaí d’earraí fuinnimh, de hidreacarbóin agus d’amhábhair)¹;
- (d) ciallaíonn ‘hidreacarbóin’ na hearraí a liostaítear leis an gcód HS comhfhreagrach in Iarscríbhinn 13 (Liostaí d’earraí fuinnimh, de hidreacarbóin agus d’amhábhair);

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear earraí talmhaíochta, foraoiseachta nó iascaigh seachas bithghás nó bithbhreoslaí sa téarma ‘earraí fuinnimh’.

- (e) ciallaíonn ‘amhábhair’ ábhair a úsáidtear i monarú earraí tionscail a liostaítear leis an gcód HS comhfhreagrach in Iarscríbhinn 13 (Liostaí d’earraí fuinnimh, de hidreacarbóin agus d’amhábhair)¹;
- (f) ciallaíonn ‘leictreachas in-athnuaite’ leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh;
- (g) ciallaíonn ‘fuinneamh in-athnuaite’ fuinneamh a ghintear ó fhoinsí gréine, gaoithe, uisce, ó fhoinsí geoteirmeacha, bitheolaíocha agus aigéin agus ó fhoinsí comhthimpeallacha eile chomh maith i gcás inar foinse in-athnuaite í foinse bhunaidh an fhuinnimh;
- (h) ciallaíonn ‘caighdeán’ caighdeán mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (TBT); agus
- (i) ciallaíonn ‘rialachán teicniúil’ rialachán teicniúil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú TBT.

AIRTEAGAL 13.4

Monaplachtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin

Ní dhéanfaidh Páirtí monaplacht allmhairiúcháin ná onnmhairiúcháin a ainmniú ná monaplacht allmhairiúcháin ná onnmhairiúcháin ainmnithe a choinneáil ar bun. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin’ ceart eisiach údaráis nó deonú eiseach údaráis a thabharfadh Páirtí d’eintiteas chun earraí fuinnimh nó amhábhair a allmhairiú ón bPáirtí eile nó chun earraí fuinnimh nó amhábhair a onnmhairiú chuige².

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear earraí talmhaíochta, foraoiseachta nó iascaigh sa téarma ‘amhábhair’.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar do Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht) agus ní áirítear leis ceart a eascraíonn as ceart maoine intleachtúla a dheonú.

AIRTEAGAL 13.5

Pragsáil onnmhairiúcháin

Ní fhorchuirfidh Páirtí praghas ar earraí fuinnimh nó amhábhair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile, praghas atá níos airde ná an praghas a ghearrtar ar na hearraí fuinnimh nó na hamhábhair sin nuair a bhíonn siad le cur ar an margadh intíre, trí bhíthin aon bheart amhail ceadúnais nó ceanglais maidir le praghas íosta.

AIRTEAGAL 13.6

Pragsáil intíre

Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go léireoidh praghsanna mórdhíola fuinnimh leictrigh agus gáis nádúrtha an soláthar agus an t-éileamh iarbhír. Má chinneann Páirtí praghas an tsoláthair intíre d'earraí fuinnimh agus d'amhábhair (dá ngairtear 'praghas rialáilte' anseo feasta) a rialáil, ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh ach amháin chun cuspóir beartais phoiblí dhlisteanáigh a bhaint amach, agus trí phraghas rialáilte a bheidh sainithe go soiléir, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach a fhorchur agus chuige sin amháin.

AIRTEAGAL 13.7

Údarú le haghaidh taiscéalaíocht nó táirgeadh
earraí fuinnimh agus amhábhair

1. Má cheanglaíonn Páirtí údarú i leith leictreachas, hidreacarbóin nó amhábhair a thaiscéaladh nó a tháirgeadh, déanfaidh an Páirtí sin:

- (a) údarú den sórt sin a dheonú i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 10.33 (Oibiachtúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas) agus 10.34 (Foilsíú agus faisnéis atá ar fáil); agus
- (b) próiseas trédhearcach a áirithiú maidir le údaruithe a dheonú agus cineál an údaraithe ar a laghad agus an limistéar ábhartha nó an chuid ábhartha den limistéar sin a fhoilsíú, ar bhealach lena gcuirfí ar chumas do na hiarratasóirí a bhféadfadh spéis a bheith acu ann iarratais a chur isteach.

2. Féadfaidh Páirtí údaruithe a dheonú gan na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 10.34 (Foilsíú agus faisnéis atá ar fáil) agus i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas a bhaineann le hidreacarbóin:

- (a) bhí an limistéar faoi réir nós imeachta a bhí ann roimhe sin a chomhlíon Airteagal 10.34 (Foilsíú agus faisnéis atá ar fáil) agus pointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo ach níor eascair deonú údaraithe as;
- (b) tá an limistéar ar fáil ar bhonn buan le haghaidh taiscéalaíocht nó táirgeadh; nó

(c) tarraingíodh siar an t-údarú a deonaíodh roimh a dháta éaga.

3. Féadfaidh gach Páirtí a cheangal ar eintiteas ar deonaíodh údarú dó ranníocaíocht airgeadais nó ranníocaíocht chomhchineáil a íoc¹. Socrófar an ranníocaíocht airgeadais nó an ranníocaíocht chomhchineáil ar bhealach nach gcuirfear isteach leis ar bhainistíocht agus próiseas cinnteoireachta an eintitis sin.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar na cúiseanna leis an diúltú dá iarratas don iarratasóir chun go gcuirfear ar chumas an iarratasóra sin dul ar iontaoibh nósanna imeachta le haghaidh achomharc nó athbhreithniú. Cuirfear na nósanna imeachta maidir le hachomharc nó athbhreithniú ar fáil go poiblí roimh ré.

AIRTEAGAL 13.8

Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol

1. Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí fuinnimh nó amhábhar, áiritheoidh gach Páirtí go gceanglóidh sé measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol lena chuid dlíthe agus rialachán, i gcás ina bhféadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin tionchar suntasach a imirt ar an gcomhshaol.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear leis na téarmaí ‘ranníocaíocht airgeadais’ agus ‘ranníocaíocht chomhchineáil’ sa mhír seo aon urrús ná íocaíocht is gá d’eintiteas chun oibleagáid maidir le cistiú a chomhlíonadh agus díchoimisiúnú nó aon urrús nó íocaíocht is gá le haghaidh gníomhaíochtaí iar-dhíchoimisiúnaithe a dhéanamh.

2. Maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas, de réir mar a cheanglaítear leis na dlíthe agus na rialacháin dá chuid:
- (a) áiritheoidh sé go mbeidh deis luath agus éifeachtach agus tréimhse ama iomchuí ag gach duine leasmhar, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun a bheith rannpháirteach sa mheasúnú tionchair ar an gcomhshaol chomh maith le tréimhse ama iomchuí chun barúlacha a sholáthar maidir leis an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol;
 - (b) sula dheonóidh sé an t-údarú cuirfidh sé torthaí an mheasúnaithe tionchair ar an gcomhshaol san áireamh a bhaineann leis an éifeacht ar an gcomhshaol;
 - (c) cuirfidh sé torthaí an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol ar fáil go poiblí; agus
 - (d) sainaitheoidh sé agus déanfaidh sé measúnú ar éifeacht shuntasach tionscadail, de réir mar is iomchuí, ar:
 - (i) an daonra agus sláinte an duine;
 - (ii) bithéagsúlacht;
 - (iii) an talamh, an ithir, an aer, agus an aeráid; agus
 - (iv) ar oidhreacht chultúrtha agus tírdhreach, lena n-áirítear éifeacht a bhfuil coinne léi ó leochaileacht an tionscadail ó thaobh rioscaí timpistí nó tubaistí de ar ábhartha iad maidir leis an tionscadal lena mbaineann.

AIRTEAGAL 13.9

Riosca agus sábháilteacht eischósta

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar feidhmeanna rialála a bhaineann le sábháilteacht agus cosaint comhshaoil le haghaidh oibríochtaí ola agus gás amach ón gcósta neamhspleách ar fheidhmeanna rialála a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus ceadúnú oibríochtaí ola agus gás amach ón gcósta, amhail trí eintitis dhlítheanacha ar leithligh a choinneáil ar bun.
2. Leagfaidh gach Páirtí síos, nuair is infheidhme, na coinníollacha is gá le haghaidh taiscéalaíocht agus táirgeadh ola amach ón gcósta ar a chríoch a bhunú a bheidh sábháilte chun go gcosnófar an mhuirthimpeallacht agus na pobail chósta in aghaidh truaillithe. Beidh coinníollacha den sórt sin bunaithe ar ardchaighdeán sábháilteachta agus cosanta comhshaoil le haghaidh oibríochtaí ola agus gás amach ón gcósta.
3. Comhoibreoidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, chun ardchaighdeán sábháilteachta agus chosanta comhshaoil a chur chun cinn go hidirnáisiúnta le haghaidh oibríochtaí ola agus gás amach ón gcósta trí fhaisnéis a mhalartú agus trédhearcacht a mhéadú maidir le feidhmíocht sábháilteachta agus comhshaoil.

AIRTEAGAL 13.10

Rochtain ar bhonneagar fuinnimh ag táirgeoirí leictreachais in-athnuaite

1. Gan dochar d'Airteagal 13.7 (Údarú le haghaidh taiscéalaíocht agus táirgeadh earraí fuinnimh agus amhábhar), áiritheoidh gach Páirtí go ndeónófar rochtain ar an mbonneagar tarchuir agus dáilte leictreachais ar a chríoch do tháirgeoirí leictreachais in-athnuaite ar a chríoch ar théarmaí a bheidh neamh-idirdhealaitheach, réasúnta agus a léireofar an costas iontu agus go ndéanfar sin laistigh de thréimhse ama réasúnta tar éis don iarraidh ar rochtain a bheith curtha isteach agus faoi choinníollacha lena gceadófar an bonneagar sin a úsáid go hiontaofa.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfoilseoidh úinéirí nó oibreoirí bonneagar tarchur agus dáilte leictreachais ar a chríoch na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus go ndéanfaidh siad bearta iomchuí chun laghdú ar tháirgeadh leictreachais in-athnuaite a íoslaghdú.
3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh margáí comhardaithe ar bun ar a mbeidh táirgeoirí fuinnimh in-athnuaite in ann earraí agus seirbhísí a fháil faoi théarmaí réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha.
4. Tá an tAirteagal seo gan dochar don cheart a bheidh ag gach Páirtí maoluithe a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ina chuid dlíthe agus rialachán ar maoluithe iad ar an gceart chun rochtain a fháil ar a bhonneagar tarchuir agus dáilte leictreachais bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, ar choinníoll go bhfuil maoluithe den sórt sin riachtanach chun cuspóir dlisteanach beartais a chomhlíonadh, amhail an gá atá le cobhsaíocht an chórais leictreachais a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 13.11

Comhlacht rialála

Déanfaidh gach Páirtí comhlacht rialála neamhspleách a choinneáil ar bun nó a bhunú nó aon chomhlacht neamhspleách eile a bheidh:

- (a) leithleach uathu ó thaobh an dlí de agus ar leithligh uathu ó thaobh feidhme de, agus gan a bheith cuntasach do:
 - (i) údaráis eile; nó
 - (ii) oibreoirí nó eintitis a sholáthraíonn an bonneagar tarchuir agus dáilte leictreachais, nó a bhfuil rochtain acu air; agus
- (b) ar cuireadh ar iontaoibh iad chun go réiteoidh siad, laistigh de thréimhse ama réasúnta, conspóidí a bhaineann le téarmaí, coinníollacha agus taraifí le haghaidh rochtain a fháil ar bhonneagar tarchuir agus dáilte leictreachais agus le haghaidh a n-úsáid.

AIRTEAGAL 13.12

Comhar maidir le caighdeán, rialacháin theicniúla,
agus nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta

1. I gcomhréir le hAirteagail 9.5 (Caighdeán idirnáisiúnta) agus 9.6 (Caighdeán), déanfaidh na Páirtithe comhar a chur chun cinn idir na rialálaithe nó na comhlachtaí um chaighdeánú atá lonnaithe laistigh dá gcríocha faoi seach i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe, d'fhonn rannchuidiú leis an mbeartas fuinnimh inbhuanaithe agus aeráide.
2. Chun críocha mhír 1, féachfaidh na Páirtithe le tionscnaimh ábhartha lena mbaineann leas frithpháirteach a shainaithe maidir le caighdeán, rialacháin theicniúla, agus nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe.

AIRTEAGAL 13.13

Taighde, forbairt agus nuálaíocht

Déanfaidh na Páirtithe an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite agus na n-amhábhar a chur chun cinn, agus rachaidh siad i mbun comhair, de réir mar is iomchuí, chun an méid seo a leanas a dhéanamh, ar a n-áirítear:

- (a) scaipeadh faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le beartais atá fóinteach ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de a bhaineann le hearraí fuinnimh agus amhábhair, agus cleachtas agus teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh costas de sna réimsí éifeachtúlachta fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus amhábhar, ar bhealach atá comhsheasmhach le cearta maoinne intleachtúla a chosaint go leordhóthanach agus go héifeachtach; agus

- (b) taighde, forbairt agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí, cleachtas agus próiseas atá éifeachtúil ó thaobh fuinneamh de agus fóinteach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn sna réimsí éifeachtúlachta fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus amhábhar, rud lena ndéanfaí tionchair chomhshaoil dhíobhálacha a íoslaghdú sna slabhraí uile earraí fuinnimh agus amhábhar.

AIRTEAGAL 13.14

Comhar maidir le hearraí fuinnimh agus amhábhair

Rachaidh na Páirtithe i mbun comhair, de réir mar is iomchuí, i réimse na n-earraí fuinnimh agus na n-amhábhar d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh, *inter alia*:

- (a) bearta saofa trádála agus infheistíochta a laghdú nó a dhíothú i dtríú tíortha a ndéantar difear leo d'earraí fuinnimh agus amhábhair;
- (b) an seasamh dá gcuid i bhfóraim idirnáisiúnta a chomhordú i gcás ina ndéantar idirphlé ar shaincheisteanna trádála agus infheistíochta a bhaineann le hearraí fuinnimh agus amhábhair agus cláir idirnáisiúnta i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite agus na n-amhábhar a chaomhnú;
- (c) malartú sonraí margaidh a chaomhnú i réimse:
- (i) na n-earraí fuinnimh ar a n-áirítear faisnéis faoi eagrú na margáí fuinnimh, cur chun cinn teicneolaíochtaí nua fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh; agus

- (ii) amhábhair;
- (d) freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Treoraíocht ECFE um Dhícheall Cuí i dtaca le hIompar Gnó Freagrach;
- (e) luachanna foinsithe fhreagraigh agus mianadóireachta freagraí a chur chun cinn ar bhonn domhanda chomh maith le huasmhéadú a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn a n-earnálacha amhábhair agus na slabhraí luacha comhlachaithe tionsclaíocha le comhlíonadh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe;
- (f) taighde, forbairt, nuálaíocht agus oiliúint a chur chun cinn i réimsí ábhartha leasa choitinn i réimse na n-earraí fuinnimh agus na n-amhábhair;
- (g) malartú faisnéise agus dea-chleachtas a chaomhnú maidir leis an méid a thiteann amach i ndáil le beartas intíre;
- (h) úsáid éifeachtúil acmhainní a chur chun cinn (i.e. próisis táirgthe a fheabhsú chomh maith le marthanacht, indeisitheacht, ceapadh le haghaidh dí-chóimeála, éascaíocht athúsáide agus athchúrsáil earraí); agus
- (i) ardchaighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur chun cinn t le haghaidh oibríochtaí ola, gáis agus mianadóireachta amach ón gcósta, trí fhaisnéis a chomhroinnt agus trédhearacht a mhéadú maidir le feidhmíocht sábháilteachta agus comhshaoil.

CAIBIDIL 14

SOLÁTHAR POIBLÍ

AIRTEAGAL 14.1

Forálacha áirithe den Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais (GPA) a ionchorprú

1. Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi GPA.
2. Ionchorpraítear na forálacha seo a leanas de GPA sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*, a mbeidh feidhm acu maidir leis an soláthar a chumhdaítear le hIarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) a ghabhann leis an gComhaontú seo:
 - (a) Airteagail I go IV, Airteagail VI go XV, Airteagail XVI(1) go XVI(3), agus Airteagail XVII agus XVIII; agus
 - (b) Foscríbhinní II go IV de réir mar a bhaineann siad le gach Páirtí.
3. D'ainneoin Airteagal 1.5(5) (An gaol le comhaontuithe idirnáisiúnta eile), má leasaítear aon cheann de na forálacha de GPA dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, ní ionchorprófar na leasuithe sin go huathoibríoch isteach sa Chaibidil seo, ach rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin d'fhonn an Chaibidil seo a leasú, de réir mar is iomchuí.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, déanfar tagairtí don téarma ‘soláthar cumhdaithe’ sna forálacha a ionchorpraítear sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*, i gcomhréir le mír 2 mar thagairtí do sholáthar a chumhdaítear faoi Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí).

AIRTEAGAL 14.2

Disciplíní breise

1. Tá feidhm ag forálacha an Airteagail seo de bhreis ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 14.1 ((Ionchorprú forálacha áirithe an Chomhaontaithe maidir le Soláthar Rialtais (GPA)).
2. A mhéid a bhaineann le modhanna leictreonacha a úsáid chun fógraí a sholáthar agus a fhoilsiú, gach fógra a bhaineann le soláthar cumhdaithe de réir bhrí Airteagal 14.1(4) (Forálacha áirithe de GPA a ionchorprú), lena n-áirítear fógraí faoi sholáthar beartaithe, fógraí achoimre, fógraí faoi sholáthar pleanáilte agus fógraí faoi dhámhachtain conarthaí:
 - (a) beidh siad inrochtana go díreach trí mheán leictreonach, saor in aisce, trí phointe aonair rochtana ar an idirlíon; agus
 - (b) féadfar iad a fhoilsiú freisin i meán páipéir iomchuí.

Maidir le doiciméadacht tairisceana, cuirfear ar fáil trí mheán leictreonach í agus úsáidfidh na Páirtithe meán leictreonach a mhéid is féidir nuair a chuirfidh siad tairiscintí isteach.

3. A mhéid a bhaineann le córais chlárúcháin agus nósanna imeachta cáilíochta, de bhun Airteagal IX(1) de GPA, i gcás ina gcoinníonn Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, nó ina gcoinníonn aon údarás inniúil eile córas clárúcháin soláthróirí ar bun, áiritheoidh sé go mbeidh rochtain ar fhaisnéis atá ar chóras clárúcháin soláthróirí trí mheán leictreonach agus go bhféadfaidh soláthróirí leasmhara clárú a iarraidh tráth ar bith. Má chomhlíonann soláthróir na coinníollacha le haghaidh cláraithe, clárófar é laistigh de thréimhse ama réasúnta. Mura gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha le haghaidh cláraithe, cuirfear ar an eolas é agus soláthrófar cúiseanna i scríbhinn dó laistigh de thréimhse ama réasúnta.

4. A mhéid a bhaineann le tairiscint roghnaíoch, de bhun Airteagal IX(5) GPA, má úsáideann eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana ar cuireadh, ní chuirfidh sé teorainn le líon na soláthróirí a n-iarrfar orthu tairiscint a chur faoina bhráid agus é ar intinn aige leis sin iomaíocht éifeachtach a sheachaint.

5. A mhéid a bhaineann le ceisteanna comhshaoil, sóisialta agus saothair, féadfaidh Páirtí:

(a) a cheadú d'eintitis soláthair breithnithe comhshaoil, sóisialta, agus saothair a chur san áireamh a bhaineann le hábhar an tsoláthair, ar na coinníollacha seo a leanas:

(i) beidh siad neamh-idirdhealaitheach; agus

- (ii) cuirfear in iúl san fhógra faoi sholáthar beartaithe iad, nó sa doiciméadacht tairisceana;
- (b) bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht na ndlíthe, na rialachán, na n-oibleagáidí agus na gcaighdeán comhshaoil, shóisialta, agus saothair dá chuid féin agus idirnáisiúnta a áirithiú ar choinníoll nach bhfuil na dlíthe, na rialacháin, na hoibleagáidí agus na caighdeáin sin idirdhealaitheach.

6. A mhéid a bhaineann le coinníollacha maidir le rannpháirtíocht, cé go bhféadfaidh eintiteas soláthair de chuid Páirtí, agus na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta á suí aige, taithí ábhartha roimh ré a cheangal i gcás inar fíor-riachtanach sin chun ceanglais an tsoláthair a chomhlíonadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal VIII(2) de GPA, ní cheanglóidh an t-eintiteas soláthair Pháirtí sin go mbeidh taithí roimh ré i gcríoch an Pháirtí ina choinníoll i dtaca leis an soláthar.

AIRTEAGAL 14.3

Malartú staidrimh

Gach 2 bhliain, cuirfidh gach Páirtí staidreamh déthaobhach maidir le soláthar poiblí ar fáil don Pháirtí eile, faoi réir sin a bheith ar fáil sna córais soláthair oifigiúla ar líne de chuid gach Páirtí.

AIRTEAGAL 14.4

Modhnuithe agus ceartúcháin ar chumhdach

1. Féadfaidh Páirtí a ghealltanais a mhodhnú ina Roinn faoi seach d'Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) i gcomhréir le míreanna 3 go 5 agus mír 9 den Airteagal seo. Féadfaidh Páirtí a ghealltanais a cheartú ina Roinn faoi seach d'Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) i gcomhréir le míreanna 6 go 9 den Airteagal seo
2. Má éiríonn modhnú nó ceartú Iarscríbhinní de chuid Páirtí a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann le GPA éifeachtach de bhun Airteagal XIX de GPA, éireoidh sé éifeachtach agus infheidhme go huathoibríoch chun críoche an Chomhaontaithe seo, *mutatis mutandis*.
3. Páirtí a bhfuil sé ar intinn aige a ghealltanais sa Roinn faoi seach d'Iarscríbhinn 14 a mhodhnú, (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile; agus
 - (b) áireoidh sé san fhógra togra le haghaidh coigeartuithe cúiteacha iomchuí le haghaidh an Pháirtí eile chun leibhéal cumhdaigh a choinneáil ar bun atá inchomparáide leis an leibhéal sin a bhí ann roimh an modhnú.
4. D'ainneoin pointe (b) de mhír 3, ní cheanglaítear ar Pháirtí coigeartuithe cúiteacha a sholáthar don Pháirtí eile má chumhdaítear eintiteas leis an modhnú ar dhíothaigh an Páirtí go héifeachtach a rialú nó an tionchar a bhíodh aige air.

5. Féadfaidh an Páirtí eile agóid a dhéanamh in aghaidh modhnú dá dtagraítear i mír 3, má mheasann sé:

- (a) nach bhfuil coigeartú cúiteach a moladh faoi phointe (b) de mhír 3 leordhóthanach chun go gcoimeádfaí ar bun leibhéal cumhdaigh a comhaontaíodh go frithpháirteach; nó
- (b) nach gcumhdaítear leis an modhnú eintiteas, a bhfuil an rialú nó an tionchar a bhíodh aige díorthaithe ag an bPáirtí nach mór, faoi mar a fhoráiltear i mír 4.

Déanfaidh an Páirtí eile agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 nó measfar gur ghlac sé leis an gcoigeartú cúiteach nó leis an modhnú, lena n-áirítear chun críocha Theideal I de Chaibidil 26 (Réiteach díospóidí).

6. Measfar gur ceartúchán de chineál foirmiúil amháin iad na hathruithe seo a leanas ar an Roinn faoi seach de chuid Páirtí d'Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí), ar choinníoll nach ndéanfaidh na hathruithe sin difear don chumhdach arna chomhaontú go frithpháirteach dá bhforáiltear sa Chaibidil seo:

- (a) athrú ar ainm eintitis;
- (b) cumasc dhá eintiteas nó níos mó a liostaítear sa Roinn sin; agus
- (c) deighilt eintitis a liostaítear sa Roinn sin ina dhá eintiteas nó níos mó agus a chuirtear leis na heintitis a liostaítear sa Roinn chéanna.

7. I gcás ceartúcháin bheartaithe ar Roinn faoi seach de chuid Páirtí d'Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí), tabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile gach 2 bhliain, i gcomhréir le timthriall na bhfógraí dá bhforáiltear faoi GPA.
8. Laistigh de 45 lá tar éis dháta sheachadadh an fhógra, féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi agóid in aghaidh ceartúchán beartaithe. Má chuireann Páirtí agóid isteach, leagfaidh sé amach na cúiseanna a gcreideann sé nach ceartúchán de chineál foirmiúil amháin é dá dtagraítear i mír 6 é an ceartúchán beartaithe, agus tabharfaidh sé tuairisc ar éifeacht an cheartúcháin bheartaithe ar an gcumhdach arna chomhaontú go frithpháirteach dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo. Mura gcuirfeadh aon agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá tar éis an dáta a fhaightear an fógra, measfar go bhfuil an Páirtí eile sásta leis an gceartúchán beartaithe.
9. Má dhéanann an Páirtí eile agóid in aghaidh an mhodhnaithe nó an cheartúcháin bheartaithe, féachfaidh na Páirtithe leis an gceist a réiteach trí chomhairliúcháin. Mura dtiocfar ar aon chomhaontú laistigh de 60 lá ón dáta a sheachadtar an agóid, an Páirtí atá ag féachaint lena Roinn faoi seach d'Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) a mhodhnú nó a cheartú, féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chuig lucht an nós imeachta um réiteach díospóidí i gcomhréir le Caibidil 26 (Réiteach Díospóidí). Ní bheidh éifeacht ag modhnú nó ceartú Roinn ábhartha Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) ach amháin nuair a bheidh cinneadh críochnaitheach ó phainéal comhaontaithe ag an dá Pháirtí nó ar bhonn cinneadh den sórt sin, arna bhunú faoi Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú).

AIRTEAGAL 14.5

Caibidlíocht bhreise

Rachaidh na Páirtithe i mbun caibidlíochta maidir le rochtain ar an margadh d'fhonn feabhas a chur ar an gcumhdach dá bhforáiltear faoi Fhoroinn 2 (Eintitis Rialtais Fo-Láir) agus Fhoroinn 3 (Eintitis eile) de Roinn B (Sceideal na Nua-Shéalainne) d'Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí) a luaithe is féidir tar éis d'údaráis áitiúla, seirbhísí stáit nó eintitis na hearnála stáit de chuid na Nua Shéalainne a bheith:

- (a) cumhdaithe ag an Nua-Shéalainn i gcomhaontú trádála idirnáisiúnta eile; nó
- (b) faoi cheangal Rialacha Soláthair Rialtas na Nua-Shéalainne a leanúint¹ tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo².

¹ Is iad Rialacha Soláthair Rialtas na Nua-Shéalainne príomhionstraim na Nua-Shéalainne i dtaca le soláthar rialtais a rialáil. Ceanglaíodh ar aicmithe áirithe eintiteas le 'A Whole of Government Direction' a eisíodh ar an 22 Aibreán 2014 faoi Roinn 107 den 'Crown Entities Act 2004' na Rialacha Soláthair Rialtais a leanúint.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bheadh feidhm ag an bpointe seo dá mba rud é gur ceanglaíodh ar cheann amháin nó níos mó de na heintitis lena mbaineann Rialacha Soláthair Rialtas na Nua-Shéalainne a leanúint ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

CAIBIDIL 15

BEARTAS IOMAÍOCHTA

AIRTEAGAL 15.1

Prionsabail na hiomaíochta

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá iomaíocht shaor gan saobhadh ina gcaidreamh trádála agus infheistíochta. Admhaíonn na Páirtithe go bhféadfadh cleachtais ghnó frithiomaíochta agus idirghabhálacha ón Stát saobhadh a dhéanamh ar fheidhmiú cuí margaí agus dochar a dhéanamh do shochair an léirscaoilte trádála agus infheistíochta.

AIRTEAGAL 15.2

Neodracht iomaíoch

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach fiontar, poiblí nó príobháideach.

AIRTEAGAL 15.3

Gníomhaíocht eacnamaíoch

Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair ach amháin a mhéid a fheidhmíonn na fiontair gníomhaíocht eacnamaíoch. Chun críocha na Caibidle seo, baineann an téarma ‘gníomhaíocht eacnamaíoch’ le hearraí agus seirbhísí a thairiscint ar mhargadh.

AIRTEAGAL 15.4

Creat reachtach

1. Glacfaidh gach Páirtí dlí na hiomaíochta nó coinneoidh sé ar bun é agus beidh an méid seo a leanas fíor ina leith:

- (a) tá feidhm aige maidir le gach fiontar;
- (b) tá feidhm aige i ngach earnáil den gheilleagar¹; agus

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, de bhun Airteagal 42 CFAE, tá feidhm ag rialacha iomaíochta an Aontais maidir le hearnáil na talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO AE L 347, 20.12.2013, lch 671).

- (c) tugtar aghaidh leis, ar bhealach éifeachtach, ar na cleachtais seo a leanas ar fad:
- (i) comhaontuithe cothrománacha agus ingearacha idir fiontair, cinntí ó chomhlachais fiontar, agus comhar neamhfhoirmiúil idir fiontair a ndéantar ionadaíocht leis ar rioscaí na hiomaíochta, arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh;
 - (ii) mí-úsáid ceannasachta ag fiontar amháin nó níos mó; agus
 - (iii) comhchruinnithe idir fiontair lena gcuirfí bac suntasach ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de thoradh cruthú nó neartú ceannasachta.

2. Áiritheoidh na Páirtithe gur faoi réir na rialacha sa Chaibidil seo a bheidh fiontair a gcuirtear ar a n-iontaoibh cúraimí leasa phoiblí a oibriú, a mhéid nach gcuirtear bac le cur i bhfeidhm na rialacha sin ar fheidhmíocht, le dlí ná le fíoras, na gcúraimí áirithe leasa phoiblí a shanntar d'fhiontair den sórt sin. Cúraimí leasa phoiblí a shanntar, beidh siad trédhearcach agus ní bhainfidh aon teorannú le cur i bhfeidhm na rialacha sa Chaibidil seo ná aon imeacht uaidh sin dóibh nach bhfuil fíorghá leis chun na cúraimí sannta a bhaint amach.

AIRTEAGAL 15.5

Cur chun feidhme

1. Déanfaidh gach Páirtí údarás iomaíochta a choinneáil ar bun, ar údarás é a bheidh neamhspleách go hoibríochtúil agus a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm iomlán agus forfheidhmiú éifeachtach an dlí iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 15.4(1) (Creat dlíthiúil), agus ag a mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní iomchuí atá riachtanach chun an méid sin a áirithiú.
2. Déanfaidh gach Páirtí a dhlí iomaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach, agus prionsabail na cothroime nóis imeachta á n-urramú, lena n-áirítear cearta cosanta na bhfiontar lena mbaineann, go háirithe an ceart chun éisteacht a fháil agus an ceart chun athbhreithniú breithiúnach a fháil.
3. Cuirfidh gach Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin iomaíochta ar fáil go poiblí, agus aon treoirlínte a úsáidtear i ndáil lena bhforfheidhmiú ach amháin nósanna imeachta oibríochtúla inmheánacha.
4. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfeadh a dhlíthe agus a rialacháin iomaíochta i bhfeidhm agus chun feidhme ar bhealach nach mbeidh idirdhealaitheach ar bhonn náisiúntachta.
5. Áiritheoidh gach Páirtí, sula bhforchuirtear smachtbhanna nó leigheas i nós imeachta forfheidhmithe, go dtabharfar an deis don fhreagraí éisteacht a fháil agus fianaise a sholáthar ina chosaint. Go háirithe, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh deis réasúnta ag an bhfreagraí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a bhfuil forchur an smachtbhanna nó an leighis bunaithe uirthi agus chun cur ina haghaidh.

6. Faoi réir aon atheagrú ar gá é chun faisnéis rúnda a chosaint, áiríteoidh gach Páirtí go gcuirfear an foras le haghaidh aon smachtbhanna a fhorchuirtear nó le haghaidh aon leigheas a chuirtear i bhfeidhm i dtaobh sárú a dhlíthe iomaíochta ar fáil don chosantóir i nós imeachta lena ndéantar dlíthe nó rialacháin iomaíochta an Pháirtí a fhorfheidhmiú.

7. Áiríteoidh gach Páirtí go dtabharfar an deis dóibh siúd a ndéantar cinneadh ina leith smachtbhanna nó leigheas a fhorchur i dtaobh a dhlí iomaíochta féachaint le hathbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh sin a fháil.

AIRTEAGAL 15.6

Ceart príobháideach chun gníomh a dhéanamh

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘ceart príobháideach chun gníomh a dhéanamh’ an ceart atá ag duine féachaint le cúiteamh a fháil, lena n-áirítear leigheasanna urghaire, airgeadaíochta nó eile, trí chúirt nó trí bhinse neamhspleách eile i ngeall ar dhíobháil a rinneadh do ghnó nó do mhaoin an duine sin de dheasca sárú dlí iomaíochta Pháirtí, go neamhspleách nó tar éis d’údarás nó údaráis iomaíochta an Pháirtí cinneadh a dhéanamh gur sáraíodh an dlí sin.

2. Ag aithint dó gur forlíonadh tábhachtach d’fhorfheidhmiú poiblí dlí iomaíochta Pháirtí é ceart príobháideach chun gníomh a dhéanamh, glacfaidh gach Páirtí nó coinneoidh sé ar bun dlíthe nó bearta eile lena soláthraítear ceart príobháideach chun gníomh a dhéanamh.

AIRTEAGAL 15.7

Comhar

1. Admhaíonn na Páirtithe gur chun a leasa choitinn é comhar a chur chun cinn maidir le beartas iomaíochta agus forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta.
2. Chun an comhar dá dtagraítear i mír 1 a éascú, féadfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe faisnéis a mhalartú, faoi réir na rialacha rúndachta i ndlí gach Páirtí.
3. Féachfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe le comhordú a dhéanamh, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann leis an iompar nó leis na cásanna céanna nó gaolmhara.

AIRTEAGAL 15.8

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach díospóidí) maidir leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 16

FÓIRDHEONTAIS

AIRTEAGAL 16.1

Prionsabail

D'fhéadfadh fordheontais a bheith deonaithe ag Páirtí nuair atá fóirdheontais riachtanach chun cuspóir beartais phoiblí a bhaint amach. Admhaíonn na Páirtithe, áfach, go bhféadfadh fordheontais áirithe feidhmiú ceart na margaí a shaobhadh, an bonn a bhaint de shochair an léirscaoilte trádála agus díobháil a dhéanamh don chomhshaol. I bprionsabal, níor cheart do Pháirtí fóirdheontais a dheonú nuair a bhíonn éifeacht dhiúltach acu ar iomaíocht nó trádáil nó ar dócha go mbeidh éifeacht dhiúltach acu orthu siúd, nó nuair a dhéanann siad díobháil shuntasach don chomhshaol.

AIRTEAGAL 16.2

Sainmhínithe agus raon feidhme

1. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn an téarma 'fóirdheontas':
 - (a) beart lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1.1 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh (SCM), gan beann ar cibé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear an fóirdheontas d'fhiontar, a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí¹; agus

¹ Tá an tAirteagal seo gan dochar do thoradh aon idirphlé a dhéanfar amach anseo in EDT maidir le sainmhíniú ar fhóirdheontais le haghaidh seirbhísí. Ag brath ar dhul chun cinn an idirphlé a dhéanfar amach anseo ag EDT, féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a leasú ina leith sin.

- (b) fóirdheontas mar a shainmhínítear i bpointe (a) den mhír seo atá sonrach de réir bhrí Airteagal 2 de Chomhaontú SCM. Aon fhóirdheontas a thagann faoi Airteagal 16.7 (Fóirdheontais atá faoi thoirmeasc) measfar mar fhóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 2 de Chomhaontú sin.
2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontair a mhéid a fheidhmíonn na fiontair sin gníomhaíocht eacnamaíoch. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach fiontar poiblí nó príobháideach.. Chun críocha na Caibidle seo, baineann an téarma 'gníomhaíocht eacnamaíoch' le hearraí agus seirbhísí a thairiscint ar mhargadh.
3. Baineann an Chaibidil seo le fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontair ar cuireadh ról nó cúraimí leasa phoiblí áirithe ar a n-iontaoibh, a mhéid nach gcuirtear bac, le cur i bhfeidhm na Caibidle seo, le dlí nó le fíoras, ar fheidhmíocht na ról nó na gcúraimí áirithe leasa phoiblí ar cuireadh ar iontaoibh na bhfiontar sin iad. Na ról nó na cúraimí áirithe leasa phoiblí sin, cuirfear ar iontaoibh roimh ré ar bhealach trédhearcach iad sin agus ní rachaidh aon teorannú le cur i bhfeidhm na Caibidle seo ná aon imeacht uaidh sin thar a bhfuil riachtanach chun na ról nó na cúraimí leasa phoiblí sin a bhaint amach. Chun críocha na míre seo, áirítear leis an bhfoclaíocht 'ról nó cúraimí áirithe leasa phoiblí' oibleagáidí seirbhíse poiblí.
4. Níl feidhm ag Airteagail 16.6 (Comhairliúcháin) agus 16.7 (Fóirdheontais a bhfuil toirmeasc orthu) maidir le fóirdheontais a dheonaíonn leibhéal fo-láir rialtais de chuid gach Páirtí. Agus a chuid oibleagáidí faoin gCaibidil seo á gcomhlíonadh ag gach Páirtí, chun a áirithiú go n-urramóidh leibhéal fo-láir rialtas an Pháirtí sin an Chaibidil seo, déanfaidh gach Páirtí na bearta réasúnacha sin a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dó.

5. Níl feidhm ag Airteagal 16.6 (Comhairliúcháin) agus 16.7 (Fóirdheontais a bhfuil toirmeasc orthu) maidir leis an earnáil closamhairc.
6. Níl feidhm ag Airteagal 16.7 (Fóirdheontais a bhfuil toirmeasc orthu) maidir le fóirdheontais a dheonaítear:
 - (a) chun an damáiste a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla neamheacnamaíocha eile a chúiteamh, ar choinníoll go bhfuil fóirdheontais den sórt sin sealadach; agus
 - (b) chun freagairt do ghéarchéim náisiúnta nó dhomhanda nó do ghéarchéim eacnamaíoch, ar choinníoll go bhfuil fóirdheontais den sórt sin sealadach, spriocdhírthe agus comhréireach, ag féachaint don díobháil a tharlaíonn de dheasca na géarchéime nó a eascraíonn aisti.

AIRTEAGAL 16.3

Ceangal le Comhaontú EDT

Ní dhéanfaidh aon ní sa Chaibidil seo difear do chearta agus oibleagáidí cheachtar Páirtí faoin gComhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh (SCM), an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht, Airteagal XVI de GATT 1994 nó Airteagal XV de GATS.

AIRTEAGAL 16.4

Fóirdheontais iascaigh

Staonfaidh gach Páirtí ó fhóirdheontais dhíobhálacha a dheonú nó a choinneáil ar bun. Chun na críocha sin, rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Sprioc 14.6 ('SDGanna') a chomhlíonadh;
- (b) Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh a chur chun feidhme, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 17 Meitheamh 2022, trína gcuirtear toirmeasc ar fhóirdheontais lena rannchuidítear le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, i measc nithe eile (dá ngairtear 'iascaireacht NNN' anseo feasta); agus
- (c) caibidlíocht a shaothrú, faoi chuimsiú EDT, le haghaidh glacadh disciplíní cuimsitheacha maidir leis an toirmeasc ar fhoirmeacha áirithe d' fhordeontais iascaigh lena rannchuidítear le ró-thoilleadh agus ró-iascaireacht.

AIRTEAGAL 16.5

Trédhearcacht

1. Maidir le haon fhóirdheontas a dheonaítear nó a choinnítear ar bun ar a chríoch, poibleoidh gach Páirtí, laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) bunús dlí agus cuspóir an fhóirdheontais;

- (b) foirm an fhóirdheontais;
- (c) méid an fhóirdheontais nó an méid arna bhuiséadú don fhóirdheontas; agus
- (d) más féidir, ainm fhaighteoir an fhóirdheontais.

2. Comhlíonfaidh gach Páirtí na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach i mír 1 trí bhíthin an mhéid seo a leanas:

- (a) fógra a chur isteach de bhun Airteagal 25 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh (SCM);
- (b) fógra a chur isteach de bhun Airteagal 18 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht; nó
- (c) foilsiú sonraí ag an bPáirtí féin nó foilsiú ar a shon, ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

3. D'ainneoin na gceanglas trédhearcachta a leagtar amach i mír 1, féadfaidh Páirtí (dá ngairtear 'Páirtí iarratach' anseo feasta) faisnéis bhreise a iarraidh ar an bPáirtí eile (dá ngairtear 'Páirtí is freagróir' anseo feasta) faoi fhóirdheontas a dheonaigh an Páirtí is freagróir, ar a n-áireofar:

- (a) bunús dlí agus cuspóir nó cuspóir beartais an fhóirdheontais;
- (b) an méid iomlán nó an méid bliantúil arna bhuiséadú le haghaidh an fhóirdheontais;
- (c) más féidir, ainm fhaighteoir an fhóirdheontais;
- (d) dátaí agus fad an fhóirdheontais agus aon teorainn ama eile a ghabhann leis;

- (e) na ceanglais incháilitheachta le haghaidh an fhóirdheontais;
- (f) aon bhearta a dhéantar chun éifeacht shaofa fhéideartha ar an iomaíocht, an trádáil nó ar an gcomhshaol a theorannú; agus
- (g) aon fhaisnéis eile lena gceadaítear measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí díobhálacha an fhóirdheontais.

4. Soláthróidh an Páirtí is freagróir an fhaisnéis arna hiarraidh de bhun mhír 3 don Pháirtí iarratach i scríbhinn tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dháta sheachadadh na hiarrata. I gcás nach soláthraíonn an Páirtí is freagróir, ina hiomláine nó ina cuid, an fhaisnéis a d'iarr an Páirtí iarratach air, míneoidh an Páirtí is freagróir na fáthanna nár sholáthair sé an fhaisnéis sin ina fhreagra i scríbhinn mar a cheanglaítear leis an mír seo.

AIRTEAGAL 16.6

Comhairliúcháin

1. Má mheasann Páirtí iarratach, tráth ar bith tar éis dó faisnéis bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 16.5(3) (Trédhearcacht) go bhfuil éifeacht dhiúltach á himirt ag fóirdheontas a dheonaigh an Páirtí iarratach ar a chuid leasanna, nó gur dócha go n-imreofar tionchar diúltach ar a chuid leasanna, féadfaidh sé a ábhar inní a chur in iúl i scríbhinn don Pháirtí is freagróir agus faisnéis bhreise a iarraidh air maidir leis an ábhar. Comhairliúcháin idir na Páirtithe chun idirphlé a dhéanamh ar na hábhair inní arna n-ardú, réachtálfar iad laistigh de 60 lá tar éis dáta sheachadadh na hiarrata.

2. I gcás ina mheasann an Páirtí iarratach, tar éis na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 1, go bhfuil an fóirdheontas i gceist ag imirt éifeacht dhiúltach ar a chuid leasanna, ar bhealach díréireach, nó gur dócha go n-imreofar éifeacht dhiúltach orthu:
- (a) i gcás fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontar a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí, féachfaidh an Páirtí is freagróir le haon éifeachtaí diúltacha atá á n-imirt ag an bhfóirdheontas ar leasanna an Pháirtí iarrataigh a dhíothú nó a íoslaghdú; nó
- (b) i gcás fóirdheontais a dheonaítear i ndáil le hearraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Talmhaíocht, agus forálacha ábhartha an Chomhaontaithe sin á gcur san áireamh aige, fearfaidh an Páirtí is freagróir breithniú tuisceanach maidir le hábhair inní an Pháirtí iarrataigh agus Airteagal 16.3 á urramú aige mar is cuí (An Ceangal le Comhaontú EDT).
3. Chun críocha phointe (a) de mhír 2, déanfaidh na Páirtithe gach iarracht chun teacht ar réiteach ar an ábhar, a bheidh chun sástacht a chéile.

AIRTEAGAL 16.7

Fóirdheontais a bhfuil toirmeasc orthu

1. Toirmiscfear na fóirdheontais seo a leanas a bhfuil nó a bhféadfadh éifeacht dhiúltach shuntasach a bheith acu ar thrádáil idir na Páirtithe:

- (a) fóirdheontais trína ráthaíonn rialtas fiachais nó dliteanais fiontar áirithe gan aon teorannú i dtaca le méid na bhfiachas agus na ndliteanas sin nó i dtaca le fad thréimhse na ráthaíochta sin; agus
- (b) fóirdheontais d'fhiontar dócmhainneach, nó d'fhiontar atá ar tí a dhócmhainneachta ar bhonn gearrthéarmach go meántéarmach, in éagmais an fhóirdheontais, sna cásanna seo:
 - (i) ní ann d'aon phlean athstruchtúrúcháin inchreidte, atá bunaithe ar thoimhdí réalaíocha atá dírithe ar áirithiú go bhfillfear ar inmharthanacht fhadtéarmach an fhiontair laistigh de thréimhse ama réasúnta; nó
 - (ii) ní rannchuidíonn an fiontar, nach Fiontar Beag nó Meánmhéide é, leis na costais athstruchtúrúcháin.

2. Níl feidhm ag pointe (b) de mhír 1 maidir le fóirdheontais a sholáthraítear d'fhiontair mar thacaíocht leachtachta shealadach i bhfoirm ráthaíochtaí iasachta nó iasachtaí le linn na tréimhse is gá chun plean athstruchtúrúcháin a ullmhú. Beidh an tacaíocht leachtachta shealadach sin teoranta don mhéid is gá chun an fiontar a choimeád i ngnó agus chuige sin amháin. Chun críocha na míre seo, áirítear tacaíocht sócmhainneachta i bhfoclaíocht 'tacaíocht leachtachta shealadach i bhfoirm ráthaíochtaí iasachta nó iasachtaí'.

3. Ní bheidh toirmeasc ar fhóirdheontais a dheonaítear chun imeacht ordúil fiontar ó mhargadh a áirithiú.
4. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le fóirdheontais a bhfuil a méideanna carnacha nó a mbuiséid charnacha níos lú ná EUR 160 000 in aghaidh an fhiontair thar thréimhse 3 bliana as a chéile.

AIRTEAGAL 16.8

Úsáid fóirdheontas

Áiritheoidh gach Páirtí nach n-úsáidfídh fiontair fóirdheontais ach le haghaidh an chuspóra beartais ar lena aghaidh a deonaíodh na fóirdheontais.

AIRTEAGAL 16.9

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Airteagal 26 (Réiteach díospóidí) maidir le hAirteagal 16.6 (Comhairliúcháin).

CAIBIDIL 17

FIONTAIR FAOI ÚINÉIREACHT AN STÁIT

AIRTEAGAL 17.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht an stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe, a ghabhann do ghníomhaíocht tráchtála a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe¹. I gcás ina ngabhann na fiontair sin faoi úinéireacht an Stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe do ghníomhaíochtaí tráchtála agus-neamhthráchtála araon, ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo ach a ngníomhaíochtaí tráchtála.
2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht an stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplachtaí ainmnithe ar na leibhéil rialtais uile².

¹ Tá eintitis a chruthaítear nó a rialaítear faoi New Zealand Kiwifruit Export Regulations 1999 nó faoi New Zealand Kiwifruit Industry Restructuring Act 1999 eisiata ó chur i bhfeidhm na Caibidle seo, ach amháin Airteagail 17.3 di (Ceangal le Comhaontú EDT) agus 17.7 di (Malartú faisnéise). Le hAirteagal 17.7 (Malartú faisnéise) sonraítear cur i bhfeidhm Airteagal 17.3 (Ceangal le Comhaontú EDT) chun críocha na Caibidle seo.

² Níl an méid seo a leanas faoi raon feidhme na Caibidle seo:

- (a) comhairlí áitiúla agus eintitis a chumhdaítear le Caibidil 14 (Soláthar poiblí) agus le hIarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair poiblí); agus
- (b) fiontair dar deonaíodh cearta agus pribhléidí speisialta, agus monaplachtaí ainmnithe atá ainmnithe ag na comhairlí áitiúla dá dtagraítear i bpointe (a).

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontar faoi úinéireacht an stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe más amhlaidh i gceann de na 3 bliana fhioscacha as a chéile roimhe sin ba lú ná SDR 100 milliún an t-ioncam bliantúil a díorthaíodh ó ghníomhaíochtaí tráchtála fiontair atá faoi úinéireacht an stáit, ag fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó ag monaplacht ainmnithe . Le linn na chéad trí bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh an tairseach sin ionann is SDR 200 milliún.

4. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le staideanna ina ngníomhaíonn fiontair faoi úinéireacht an stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplachtaí ainmnithe mar eintitis soláthair a dhéanann soláthar ar mhaithe le críocha rialtais agus ní d'fhonn athdhíol a dhéanamh ar bhonn tráchtála nó d'fhonn úsáide i dtáirgeadh earra nó i soláthar seirbhíse le haghaidh díol tráchtála.¹

5. Níl feidhm ag Airteagal 17.5 (Neamh-idirdhealú agus breithnithe tráchtála) agus Airteagal 17.7 (Malartú faisnéise) maidir le gníomhaíocht a dhéantar i bhfeidhmiú údaráis rialtais.

6. Níl feidhm ag Airteagal 17.5 (Neamh-idirdhealú agus breithnithe tráchtála) maidir le soláthar seirbhísí airgeadais ag fiontar atá faoi úinéireacht an stáit de bhun sainordú rialtais, más rud é:

- (a) go dtacaíonn an soláthar seirbhísí airgeadais sin le honnmhairí nó allmhairí, ar choinníoll:
 - (i) nach mbeartaítear na seirbhísí sin chun maoiniú tráchtála a chur as áit; nó

¹ Tá sin gan dochar do na gealltanais a rinne na Páirtithe i gCaibidil 14 (Soláthar poiblí), lena n-áirítear, go háirithe, in Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí).

- (ii) go dtairgtear na seirbhísí sin faoi théarmaí atá níos fabhraí ná na téarmaí a d'fhéadfaí a fháil le haghaidh seirbhísí airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála; nó
- (b) go dtacaíonn na seirbhísí airgeadais sin le hinfheistíocht phríobháideach lasmuigh de chríoch an Pháirtí, ar choinníoll:
 - (i) nach mbeartaítear na seirbhísí sin chun maoiniú tráchtála a chur as áit; nó
 - (ii) go dtairgtear na seirbhísí sin faoi théarmaí atá níos fabhraí ná na téarmaí a d'fhéadfaí a fháil le haghaidh seirbhísí airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála; nó
- (c) go dtairgtear é ar théarmaí atá comhsheasmhach leis an Socrú shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 17.2 (Sainmhínithe), ar choinníoll go dtagann sé faoi raon feidhme an tSocraithe sin.

7. Níl feidhm ag Airteagal 17.5 (Neamh-idirdhealú agus breithnithe tráchtála) maidir leis na seirbhísí in earnálacha nach dtagann faoi raon feidhme Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht) i gcomhréir le hAirteagal 10.2(3) (Raon feidhme).

8. Níl feidhm ag Airteagal 17.5 (Neamh-idirdhealú agus breithnithe tráchtála) a mhéid a dhéanann fiontar atá faoi úinéireacht an stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe de chuid Páirtí earra nó seirbhís a cheannach nó a dhíol de bhun:

- (a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10.10 (Bearta neamh-chomhréireacha) a dhéanfaidh an Páirtí a choinneáil ar bun, a leanúint, a athnuachan nó a leasú de réir mar a leagtar amach ina Sceideal faoi seach in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana); nó

- (b) aon bheart neamh-chomhréireach, ar beart é a ghlacfaidh nó a choinneoidh an Páirtí ar bun, i dtaca le hearnálacha, fo-earnálacha, nó gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 10.10 (Bearta neamh-chomhréireacha) mar a leagtar amach ina Sceideal faoi seach in Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo).

AIRTEAGAL 17.2

Sainmhínte

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘gníomhaíocht a dhéantar le linn údarás rialtais a fheidhmiú’ gníomhaíocht, lena n-áirítear aon seirbhís a sholáthraítear, nach ndéantar ar bhonn tráchtála ná in iomaíocht le hoibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó;
- (b) ciallaíonn ‘socrú’ an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, a forbraíodh faoi chuimsiú ECFE nó faoi chuimsiú gnóthas comharba, bíodh sé forbartha laistigh nó lasmuigh de chreat ECFE a ghlac 12 Bhall bunaidh de EDT ar a laghad ar Rannpháirtithe sa Socrú iad ón 1 Eanáir 1979;
- (c) ciallaíonn ‘gníomhaíocht tráchtála’ gníomhaíocht a ghabhann fiontar de láimh, arb é a toradh deiridh earra a tháirgeadh nó seirbhís a sholáthar a bheidh le díol sa mhargadh ábhartha i gcainníochtaí agus de réir praghsanna a chinnfidh an fiontar sin, agus a ngabhtar de láimh í le treoshuíomh i leith brabús a dhéanamh¹;

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, gníomhaíocht a ghabhann fiontar de láimh a oibríonn ar bhonn neamhbhrabúsach nó ar bhonn gnóthaithe costas, ní gníomhaíocht tráchtála í.

- (d) ciallaíonn ‘cúrsaí tráchtála’ praghas, cáilíocht, infhaighteacht, indíoltacht, iompar agus téarmaí agus coinníollacha ceannaigh nó díolacháin eile, nó tosca eile a gcuirfí san áireamh de ghnáth i gcinntí tráchtála fiontair atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibríonn de réir phrionsabail an gheilleagair mhargaidh sa ghnó nó sa tionscal ábhartha;
- (e) ciallaíonn ‘monaplacht a ainmniú’ monaplacht a bhunú nó a údarú, nó raon feidhme monaplachta a leathnú chun earra nó seirbhís bhreise a chumhdach;
- (f) ciallaíonn ‘monaplacht ainmnithe’ eintiteas, lena n-áirítear cuibhreannas nó gníomhaireacht rialtais a ainmnítear i margadh ábhartha i gcríoch Páirtí mar sholáthróir nó ceannaitheoir aonair earra nó seirbhíse, ach ní áirítear leis sin eintiteas ar deonaíodh ceart eisiach maoiné intleachtúla dó mar gheall an deontas den sórt sin amháin;
- (g) ciallaíonn ‘fiontar ar deonaíodh cearta nó príobhléidí speisialta dó’ fiontar, poiblí nó príobháideach, ar dheonaigh Páirtí, le dlí nó le fíoras, cearta nó príobhléidí speisialta dó¹; deonaíonn Páirtí cearta nó príobhléidí speisialta nuair a ainmníonn sé nó nuair a dteorannaíonn sé go dhá cheann nó níos mó líon na bhfiontar atá údaraithe chun earra nó seirbhís a sholáthar, seachas iad a sholáthar de réir critéir oibiachtúla, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha, rud lena ndéanfaí difear suntasach do chumas aon fhiontair eile an t-earra nó an tseirbhís chéanna a sholáthar sa limistéar geografach céanna faoi choinníollacha coibhéiseacha;

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir le deonú leithdháilte cuóta, ceadúnais nó ceada i ndáil le hacmhainn thearc nó le dáileadh táirgí onnmhairithe ar mhargaí ina bhfuil cuótaí taraife, fabhair a bhaineann go sonrach le tír faoi leith nó bearta eile i bhfeidhm, ní bheidh an deonú sin, é féin agus as a stuaim féin, ina cheart nó ina phríobhléid speisialta.

- (h) ciallaíonn ‘fiontar faoi úinéireacht an Stáit’ inar fíor an méid seo a leanas maidir le Páirtí:
- (i) tá níos mó ná 50 % den scairchaipiteal faoina úinéireacht dhíreach;
 - (ii) rialaíonn sé feidhmiú os cionn 50 % de na cearta vótála;
 - (iii) tá an chumhacht aige tromlach de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí nó aon chomhlachta bainistíochta choibhéisigh eile a cheapadh;
 - (iv) tá an chumhacht aige cinntí an fhiontair a rialú trí aon leas úinéireachta eile, lena n-áirítear úinéireacht ag mionlach; nó
 - (v) tá an chumhacht aige gníomhaíochtaí an fhiontair a threorú nó leibhéal coibhéiseach rialaithe a fheidhmiú ar bhealach eile i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 17.3

Ceangal le Comhaontú EDT

Ionchorpraítear isteach sa Chomhaontú seo agus déantar cuid de iad: Airteagal XVII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994, an Tuiscint ar Léirmhíniú Airteagal XVII GATT 1994, Airteagal VIII GATS, agus míreanna 18 go 21 de Chinneadh Aireachta ETD an 19 Nollaig 2015 maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin, (WT/MIN(15)/45 – WT/L/980) *mutatis mutandis*¹.

AIRTEAGAL 17.4

Forálacha ginearálta

1. Gan dochar do chearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoin gCaibidil seo, ní choisctear, le haon ní sa Chaibidil seo, Páirtí fiontair faoi úinéireacht an stáit a bhunú ná a choinneáil ar bun, cearta nó pribhléidí speisialta a dheonú d'fhiontair ná monaplachtaí a ainmniú ná a choinneáil ar bun.
2. Ní chuirfidh Páirtí de cheangal ar fhiontar faoi úinéireacht an stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta ná dar ainmníodh monaplacht gníomhú ar bhealach atá ar neamhréir leis an gCaibidil seo, ná ní spreagfaidh Páirtí é ná í déanamh amhlaidh.

¹ Sonraítear in Airteagal 17.7 (Malartú faisnéise), idir na Páirtithe agus chun críocha an Chomhaontuithe seo amháin, an tuiscint atá ag na Páirtithe ar an mbealach nach mór na hoibleagáidí faoi Airteagal XVII:4 GATT 1994 a chomhlíonadh chun críocha na míre seo.

AIRTEAGAL 17.5

Cóir neamh-idirdhealaitheach agus cúrsaí tráchtála

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh gach ceann dá fhiontair faoi úinéireacht an stáit, dá fhiontair dar deonaidh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplachtaí ainmnithe an méid seo a leanas agus é ag gabhail do ghníomhaíochtaí tráchtála:
 - (a) go ngníomhóidh siad i gcomhréir le cúrsaí tráchtála le linn dó earra nó seirbhís a cheannach nó a dhíol, seachas chun aon téarma sainordaithe seirbhíse poiblí, nach bhfuil ar neamhréir le pointí (b) nó (c), a chomhlíonadh;
 - (b) agus earra nó seirbhís á ceannach aige:
 - (i) go dtugtar d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná an méid a thugann sé d'earra dá shamhail nó do sheirbhís dá samhail a sholáthraíonn fiontair an Pháirtí; agus
 - (ii) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar cumhdaithe mar a shainmhínítear i bpointe (d) d'Airteagal 10.3 (Sainmhínithe) ná an méid a thugann sé d'earra nó seirbhís dá shamhail a sholáthraíonn fiontair d'infheisteoirí dílse an Pháirtí sin sa Pháirtí sa mhargadh ábhartha; agus
 - (c) agus earra nó seirbhís á díol aige:
 - (i) go dtugtar d'fhiontar an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná an méid a thugann sé d'fhiontair an Pháirtí; agus

- (ii) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'fhiontar cumhdaithe mar a shainmhínítear i bpointe (d) d'Airteagal 10.3 (Sainmhínithe) ná an méid a thugann sé d'fhiontair infheisteoirí dílse an Pháirtí sa mhargadh ábhartha sa Pháirtí.

2. Ar choinníoll go ndéantar téarmaí nó coinníollacha éagsúla nó diúltú den sórt sin i gcomhréir le breithnithe tráchtála, ní chuirfear bac, le pointí (b) agus (c) de mhír 1 ar fhiontar atá faoi úinéireacht an stáit, ar fhiontar dar deonaidh cearta nó pribhléidí speisialta ná ar mhonaplacht ainmnithe ó thaobh an mhéid seo a leanas:

- (a) earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar de réir téarmaí nó coinníollacha éagsúla, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le praghas; nó
- (b) diúltú earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar.

AIRTEAGAL 17.6

Creat rialála

1. Urramóidh gach Páirtí na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Treoirlínte ECFE maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht an Stáit, agus bainfidh sé an úsáid is fearr is féidir astu.
2. Maidir le haon chomhlacht rialála atá bunaithe nó coinnithe ar bun ag an bPáirtí, nó aon chomhlacht eile a bhfuil feidhm rialála á feidhmiú aige, áiritheoidh gach Páirtí:
 - (a) go mbeidh sé neamhspleách ar aon cheann de na fiontair atá faoi rialú an chomhlachta sin, agus nach mbeidh sé cuntasach dó; agus

- (b) go gníomhóidh sé go neamhchlaonta¹ maidir leis na fiontair uile a rialaíonn an comhlacht sin, lena n-áirítear fiontair faoi úinéireacht an stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe².
3. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar a dhlíthe a fhorfheidhmiú maidir le fiontair faoi úinéireacht an stáit, fiontair ar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta dóibh agus monaplachtaí ainmnithe, ar bhealach comhsheasmhach agus neamh--idirdhealaitheach.

AIRTEAGAL 17.7

Malartú faisnéise

1. Aon Pháirtí a mbeidh cúis aige chun a chreidiúint go bhfuil difear díobhálach á dhéanamh dá leasanna faoin gCaibidil seo ag gníomhaíochtaí tráchtála fiontair atá faoi úinéireacht an stáit, ag fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó ag monaplacht ainmnithe an Pháirtí eile, (dá dtagraítear ‘an t-eintiteas’ anseo feasta san Airteagal seo), féadfaidh sé a iarraidh i scríbhinn ar an bPáirtí eile faisnéis a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí tráchtála an eintitis, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann le cur i gcrích oibleagáidí faoin gCaibidil seo i gcomhréir le mír 2.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an neamhchlaontacht lena bhfeidhmíonn an comhlacht rialála nó aon chomhlacht eile a fheidhmíonn feidhm rialála a bhunaíonn nó a choinníonn an Páirtí ar bun, tá measúnú le déanamh uirthi faoi threoir patrún nó cleachtas ginearálta de chuid comhlachta rialála den sórt sin.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haghaidh na n-earnálacha sin inar chomhaontaigh na Páirtithe i gCaibidilí eile le hoibleagáidí sonracha a bhaineann le comhlacht rialála, nó le haon chomhlacht eile a fheidhmíonn feidhm rialála a bhunaíonn an Páirtí nó a choinníonn sé ar bun, beidh forlámhas ag forálacha ábhartha na gCaibidilí sin.

2. Soláthróidh an Páirtí a fhreagraíonn d'iarraidh an fhaisnéis seo a leanas, ar choinníoll go n-áireofar san iarraidh míniú ar conas a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí an eintitis difear a dhéanamh do leasanna an Pháirtí iarrataigh faoin gCaibidil seo, agus go gcuirfear in iúl san iarraidh an méid den fhaisnéis seo a leanas a sholáthrófar:

- (a) úinéireacht agus struchtúr vótála an eintitis, lena léirítear céatadán na scaireanna atá faoi úinéireacht charnach an Pháirtí is freagróir, a fhiontar faoi úinéireacht an stáit, a fhiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, agus céatadán na gceart vótála atá ina seilbh go carnach, san eintiteas;
- (b) tuairisc ar aon scair speisialta nó ceart vótála speisialta nó ceart eile a shealbhaíonn an Páirtí is freagróir, a fhiontair faoi úinéireacht an stáit, a fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, i gcás ina mbeidh na cearta sin éagsúil leo sin a ghabhann le scaireanna coiteanna ginearálta an eintitis;
- (c) tuairisc ar struchtúr eagraíochtúil an eintitis agus ar chomhdhéanamh an bhoird stiúrthóirí dá chuid nó comhdhéanamh aon chomhlachta bainistíochta choibhéisigh eile;
- (d) tuairisc ar cé acu de na ranna rialtais nó comhlachtaí poiblí a rialaíonn an t-eintiteas nó a dhéanann faireachán air, tuairisc ar na ceanglais tuairiscithe a fhorchuireann na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí sin air, agus ar chearta agus cleachtais na ranna rialtais sin nó comhlachtaí poiblí maidir le feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí de bhord stiúrthóirí nó aon chomhlachta bainistíochta choibhéisigh an eintitis a cheapadh, a bhriseadh as a phost nó luach a saothair a thabhairt dóibh;

- (e) ioncam bliantúil agus sócmhainní iomlána an eintitis thar an tréimhse 3 bliana is déanaí a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith;
- (f) aon díolúintí agus bearta gaolmhara as a dtairbhíonn an t-eintiteas faoi dhlíthe an Pháirtí is freagróir;
- (g) maidir le heintitis a chumhdaítear faoi (New Zealand Local Government Act 2002) nó faoi aon reachtaíocht chomharba, aon fhaisnéis a bhfuil sé d'oibleagáid ar eintitis den sórt sin í a sholáthar faoin nGníomh sin nó faoi aon reachtaíocht chomharba; agus
- (h) aon fhaisnéis bhreise maidir leis an eintiteas atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais bliantúla agus iniúchtaí tríú páirtithe.

3. Gan dochar d'Airteagal 25.7 (Nochtadh faisnéise) ní cheanglófar ar Pháirtí, le míreanna 1 agus mír 2 den Airteagal seo, faisnéis rúnda a nochtadh, a mbeadh a nochtadh ar neamhréir lena dhlíthe.

4. Mura mbeidh an fhaisnéis a iarradh ar fáil don Pháirtí is freagróir, soláthróidh an Páirtí is freagróir na cúiseanna atá leis sin i scríbhinn don Pháirtí iarrataigh.

CAIBIDIL 18

MAOIN INTLEACHTÚIL

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 18.1

Cuspóirí

Is iad cuspóirí na Caibidle seo:

- (a) cruthú, táirgeadh, scaipeadh agus tráchtáilú táirgí nuálacha cruthaitheacha earraí agus seirbhísí nuálacha agus cruthaitheacha sna Páirtithe agus ina measc a chur chun cinn, rud a rannchuideoidh le geilleagar níos inbhuanaithe agus ní ba ionchuimsithí a bheith ag na Páirtithe;
- (b) trádáil idir na Páirtithe a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt di agus í a rialú, chomh maith le saobhadh agus bacainní ar thrádáil den sórt sin a laghdú; agus
- (c) leibhéal leordhóthanach éifeachtach cosanta agus forfheidhmithe a áirithiú i dtaobh cearta maoine intleachtúla.

AIRTEAGAL 18.2

Raon feidhme

1. Leis an gCaibidil seo comhlánófar agus sonrúfar a thuilleadh cearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoi Chomhaontú TRIPS agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eile i réimse na maoine intleachtúla a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.
2. Cuirfidh gach Páirtí éifeacht leis an gCaibidil seo. Beidh gach Páirtí saor chun modh cur chun feidhme iomchuí na Caibidle seo a chinneadh laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas féin.
3. Ní chuirtear bac leis an gCaibidil seo ar Pháirtí cosaint agus forfheidhmiú níos láidre na gceart maoine intleachtúla a sholáthar ná mar a cheanglaítear leis an gCaibidil seo, ar choinníoll nach sáraíonn an chosaint agus an forfheidhmiú sin an Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 18.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘cearta maoine intleachtúla’ gach catagóir maoine intleachtúla a chumhdaítear le hAirteagail 18.8 (Údair) go 18.45 (Cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint) den Chaibidil seo nó Ranna 1 go 7 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS. Áirítear le cosaint maoine intleachtúla cosaint in aghaidh iomaíocht éagórach dá dtagraítear in Airteagal 10^{bis} de Choinbhinsiún Pháras;

- (b) ciallaíonn ‘náisiúnta’, i dtaca leis an gceart maoin intleachtúla ábhartha, duine nó Páirtí a chomhlíonfadh na critéir le haghaidh incháilitheachta chun cosaint a fháil dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS agus i gcomhaontuithe iltaobhacha a tugadh i gcrích agus a riartar faoi choimirce EDMI, a bhfuil Páirtí ina pháirtí conarthach iontu;
- (c) ciallaíonn ‘Coinbhinsiún Pháras’ Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint an 20 Márta 1883, arna athbhreithniú i Stócólm an 14 Iúil 1967;
- (d) ciallaíonn ‘EDMI’ an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil; agus
- (e) ciallaíonn ‘WPPT’ Conradh EDMI um Thaibhithe agus Fónagraim arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996.

AIRTEAGAL 18.4

Comhaontuithe idirnáisiúnta

1. Comhlíonfaidh gach Páirtí a ghealltanais faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta seo a leanas:
 - (a) Comhaontú TRIPS (an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil);
 - (b) Conradh EDMI (an Biúró Idirnáisiúnta um Maoin Intleachtúil) um Chóipcheart, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996;

- (c) Conradh EDMÍ um Thaibhithe agus Fónagraim (WPPT);
- (d) Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, arna dhéanamh in Marrakech an 27 Meitheamh 2013; agus
- (e) An Conradh um an Dlí Trádmharcanna, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 27 Deireadh Fómhair 1994.

2. Déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnta na comhaontuithe idirnáisiúnta a leanas a dhaingniú nó aontú dóibh:

- (a) Conradh Bhéising maidir le Taibhithe Closamhairc, arna dhéanamh i mBéising an 24 Meitheamh 2012;
- (b) Conradh Shingepór ar Dhlí na dTrádmharcanna, arna dhéanamh i Singepór an 27 Márta 2006; agus
- (c) Acht na Ginéive (1999) de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 2 Iúil 1999.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta a leanas ar fáil ar a chríoch:

- (a) Prótacal a bhaineann le Comhaontú Mhaidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta Marcanna arna ghlacadh i Maidrid an 27 Meitheamh 1989, arna leasú go deireanach an 12 Samhain 2007; agus
- (b) An Conradh Comhair Paitinní, arna dhéanamh i Washington an 19 Meitheamh 1970, arna leasú an 3 Deireadh Fómhair 2001.

AIRTEAGAL 18.5

Ídiú

Ní chuirtear bac le haon ní sa Chomhaontú seo ar Pháirtí ó thaobh a chinneadh cibé an bhfuil feidhm ag ídiú na gceart maoin intleachtúla faoi dhlí an Pháirtí sin, agus cé na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag an ídiú sin.

AIRTEAGAL 18.6

Cóir náisiúnta

1. Maidir leis na catagóirí uile de chearta maoin intleachtúla a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, déanfaidh gach Páirtí cóir nach lú fabhar a thabhairt do náisiúnaigh an Pháirtí eile ná mar a thugann sé dá náisiúnaigh féin maidir le maoin intleachtúil¹ a chosaint, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear cheana, faoi seach, i gCoinbhinsiún Pháras, i gCoinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint an 9 Meán Fómhair 1886, mar a athbhreithníodh i bPáras an 24 Iúil 1971 é, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Taibheoirí, Léiritheoirí Fónagram agus Eagraíochtaí Craolacháin arna dhéanamh sa Róimh an 26 Deireadh Fómhair 1961, WPPT nó an Conradh um Maoin Intleachtúil i leith Ciorcaid Chomhtháite, arna dhéanamh i Washington, an 26 Bealtaine 1989. I dtaca le taibheoirí, táirgeoirí fónagram agus eagraíochtaí craolacháin, níl feidhm ag an oibleagáid seo ach amháin i leith na gceart dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo.

¹ Chun críocha na míre seo, áireofar leis an téarma ‘cosaint’ ábhair a dhéanann difear d’infhaighteacht, éadail, raon feidhme, coinneáil ar bun agus forfheidhmiú ceart maoin intleachtúla chomh maith le hábhair a dhéanann difear d’úsáid ceart maoin intleachtúla a dtugtar aghaidh go sonrach orthu sa Chaibidil seo, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil leordhóthanach ar dhul timpeall ar bhearta éifeachtacha teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 18.17 (Cosaint beart teicneolaíoch) agus bearta a bhaineann le faisnéis faoi bhainistiú ceart dá dtagraítear in Airteagal 18.18 (Oibleagáidí maidir le faisnéis faoi bhainistiú ceart).

2. Féadfaidh Páirtí leas a bhaint as na heisceachtaí a cheadaítear faoi mhír 1 i ndáil lena nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin, lena n-áirítear a cheangal ar náisiúnach de chuid an Pháirtí eile seoladh a ainmniú le haghaidh seirbheáil próisis ina chríoch, nó gníomhaire a cheapadh ina chríoch, ar choinníoll, maidir le maolú den sórt sin:

(a) gur gá é lena áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin an Pháirtí nach bhfuil ar neamhréir leis an gCaibidil seo; agus

(b) nach gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil.

3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le nósanna imeachta dá bhforáiltear i gcomhaontuithe iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích faoi choimirce EDMÍ maidir le cearta maoine intleachtúla a fháil nó a choinneáil.

AIRTEAGAL 18.7

An Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS)
agus an tsláinte phoiblí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an Dearbhú ar Chomhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí, arna ghlacadh in Doha an 14 Samhain 2001 ag Comhdháil Aireachta EDT. Léireofar agus cuirfear chun feidhme an Chaibidil seo comhsheasmhach leis an Dearbhú sin.

2. Déanfaidh gach Páirtí Airteagal 31*bis* de Chomhaontú TRIPS a chur chun feidhme, chomh maith leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú TRIPS, lena n-áirítear an Fhoscríbhinn a ghabhann le Comhaontú TRIPS, a tháinig i bhfeidhm an 23 Eanáir 2017.

ROINN B

CAIGHDEÁIN MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

FOROINN 1

CÓIPCHEART AGUS CEARTA GAOLMHARA

AIRTEAGAL 18.8

Údair

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'údair chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

- (a) atáirgeadh díreach nó indíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar a gcuid saothar;

- (b) aon chineál dáilte ar an bpobal tríd an leagan bunaidh dá gcuid saothar, nó cóipeanna de, a dhíol, sin nó a n-úinéireacht a aistriú ar bhealach eile;
- (c) aon chás ina gcuirtear a gcuid saothar in iúl don phobal trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus
- (d) bunleaganacha nó cóipeanna dá gcuid saothar a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal maidir le, ar a laghad, ríomhchláir¹ agus saothair cineamatagraif.

AIRTEAGAL 18.9

Taibheoirí

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do thaibheoirí chun na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

- (a) fosú a² dtaibhithe;
- (b) atáirgeadh díreach nó indíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar fhosú a dtaibhithe;

¹ Féadfaidh Páirtí ríomhchláir a eisiáimh i gcás nach ábhar fíor-riachtanach den ligean ar cíos é an ríomhchlár féin.

² Ciallaíonn an téarma ‘fosú’ corprú fuaimeanna, nó corprú léirithe orthu, óna bhféadtar iad a bhrath, a atáirgeadh nó a chur in iúl trí ghaireas.

- (c) aon fhoirm d'fhosú a dtaibhithe a dháileadh ar an bpobal, trí dhíol nó trí aistriú eile úinéireachta;
- (d) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;
- (e) a dtaibhithe a chraoladh ar mhodh gan sreang leis an bpobal, ach amháin i gcás inar taibhiú craolta cheana féin an taibhiú nó ina ndéantar é ó fhosú; agus
- (f) fosú a dtaibhithe a ligean ar cíós ar bhonn tráchtála don phobal.

AIRTEAGAL 18.10

Táirgeoirí fónagram

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do tháirgeoirí fónagram chun na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

- (a) atáirgeadh díreach nó indíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar a gcuid fónagram;

- (b) aon fhoirm de dháileadh a gcuid fónagram ar an bpobal, trína ndíol nó trí aistriú úinéireachta eile;
- (c) a gcuid fónagram a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus
- (d) a gcuid fónagram a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

AIRTEAGAL 18.11

Eagraíochtaí craoltóireachta

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'eagraíochtaí craoltóireachta chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

- (a) fosú a gcraoltaí, cibé acu a tharchuirfear na craoltaí sin de shreang nó thar an líonra, lena n-áirítear cábla nó satailít;
- (b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar fhosú a gcraoltaí, cibé acu a tharchuirfear na craoltaí sin de shreang nó ar an aer, lena n-áirítear cábla nó satailít;

- (c) fosuithe dá gcuid craoltaí a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang ar an aer, trí fhosuithe a gcrailtaí, cibé acu a tharchuirtear na craoltaí trí shreang nó ar an aer lena n-áirítear ar chábla nó satailít ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;
- (d) fosuithe, lena n-áirítear cóipeanna díobh, trína ndíol nó ar shlí eile, a scaipeadh ar an bpobal cibé acu a tharchuirtear na craoltaí sin de shreang nó ar an aer, lena n-áirítear cábla nó satailít; agus
- (e) a gcrailtaí a athchraoladh trí mheán gan sreang, chomh maith lena gcrailtaí a chur in iúl don phobal má dhéantar an chumarsáid sin in áiteanna a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar tháille iontrála a íoc.

AIRTEAGAL 18.12

Fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal¹

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le ceart chun a áirithiú go n-íocfaidh an t-úsáideoir luach saothair cothromasach aonair le taibhithe agus táirgeoirí fónagram², má úsáidtear fónagram a fhoilsítear chun críocha tráchtála, nó atáirgeadh ar fhónagram den sórt sin, le haghaidh craoladh nó cumarsáid leis an bpobal³.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go roinnfear an luach saothair cothromasach aonair idir na taibheoirí ábhartha agus na táirgeoirí fónagram. Féadfaidh gach Páirtí reachtaíocht a achtú a dhéanfaidh, in éagmais comhaontú idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram, na téarmaí a shocrú a gcomhroinnfidh taibheoirí agus táirgeoirí fónagram an luach saothair cothromasach aonair dá réir.

¹ Féadfaidh gach Páirtí an tAirteagal seo a chomhlíonadh trí chearta eisiacha a dheonú do thaibheoirí agus do léiritheoirí fónagram le haghaidh craoladh agus cumarsáid leis an bpobal.

² Féadfaidh gach Páirtí cearta níos fairsinge, amhail cearta eisiacha, i dtaca le fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal, a dheonú do thaibheoirí agus do tháirgeoirí fónagram.

³ Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh nach n-áirítear leis an téarma ‘cumarsáid leis an bpobal’ fónagram a chur ar fáil don phobal, trí bhíthin sreang nó gan sreang, ar bhealach trína bhféadfaidh comhalta an phobail rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin ar bhonn aonarach.

AIRTEAGAL 18.13

Téarma cosanta¹

1. Mairfidh cearta údair saothair ar feadh a shaoil agus go ceann 70 bliain tar éis a bháis, gan beann ar an dáta a chuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal.
2. I gcás saothar ag a bhfuil comhúdair, ríomhfar an téarma cosanta a shonraítear i mír 1 ó bhás an údair mharthanaigh deiridh.
3. I gcás saothair gan ainm nó saothair a bhfuil ainm cleite leo, mairfidh an téarma cosanta 70 bliain tar éis an dáta ar a gcuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal. Mura bhfuil aon amhras ann, áfach, faoi chéannacht an údair a bhuí leis an ainm cleite a ghlac sé, nó má nochtann an t-údar a chéannacht le linn na tréimhse dá dtagraítear sa chéad abairt den mhír seo, is é an téarma cosanta a bheidh infheidhme an téarma a leagtar síos i mír 1.
4. Má dhéanann Páirtí foráil do théarma cosanta saothair cineamatagraif nó closamhairc a ríomh ar bhonn seachas ar bhonn beatha duine nádúrtha, téarma cosanta nach lú ná 70 bliain ó dháta an chéad fhoilsithe dhleathaigh nó na chéad chumarsáide dleathaí leis an bpobal, nó, in éagmais foilsíú dhleathach nó cumarsáid dhleathach don phobal den sórt sin laistigh de 70 bliain ó dhéanamh an tsaothair, 70 bliain ó dhéanamh an tsaothair.

¹ Mura bhforáiltear le dlíthe agus rialacháin Pháirtí do na téarmaí cosanta a leagtar amach san Airteagal seo ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin amháil ón dáta a bheidh éifeacht ag dlíthe agus rialacháin den sórt sin sa Pháirtí sin, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoin dáta ar a mbeidh éifeacht ag na dlíthe agus na rialacháin sin, má tá an dáta sin níos luaithe ná 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

5. Rachaidh cearta eagraíochtaí craoltóireachta in éag 50 bliain i ndiaidh céadchraoladh craolacháin, bíodh an craolachán sin craolta le sreang nó ar an aer, lena n-áirítear le cábla nó satailít.
6. Rachaidh cearta taibheoirí in éag 50 bliain i ndiaidh dháta fhosú an taibhithe. Má dhéantar fosú an taibhithe i bhfónagram a fhoilsiú go dlíthiúil nó a chur in iúl go dlíthiúil don phobal taobh istigh den tréimhse sin, áfach, rachaidh na cearta in éag 70 bliain ó dháta an chéad fhoilsithe den sórt sin nó ón dáta ar a gcuirfear in iúl don phobal é den chéad uair, cibé acu is túisce.
7. Rachaidh cearta táirgeoirí fónagram in éag 50 bliain tar éis dóibh an fosú a dhéanamh. Má dhéantar an fónagram a fhoilsiú go dlíthiúil nó a chur in iúl go dlíthiúil don phobal laistigh den tréimhse sin, áfach, rachaidh na cearta in éag 70 bliain ó dháta an chéad fhoilsithe den sórt sin nó ón dáta ar cuireadh in iúl don phobal é den chéad uair, cibé acu is túisce. Féadfaidh gach Páirtí bearta éifeachtacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena áirithiú go ndéanfar an brabús a ghintear le linn na 20 bliain cosanta tar éis na 50 bliain a chomhroinnt go cothrom idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram.
8. Ríomhfar na téarmaí cosanta a leagtar síos san Airteagal seo ón gcéad lá de mhí Eanáir sa bhliain i ndiaidh an imeachta as a n-eascraíonn siad.
9. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir le téarmaí cosanta is faide ná na téarmaí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

AIRTEAGAL 18.14

Ceart athdhíola¹

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil, ar mhaithe le húdar bunsaothair ealaíne grafaice nó plaistí, maidir le ceart athdhíola, a bheidh le sainmhíniú mar cheart doshannta, nach féidir a tharscaoileadh, fiú roimh ré, maidir le ríchíos a fháil bunaithe ar an bpraghas díola a fhaightear ar aon athdhíol ar an obair sin, tar éis an chéad uair a d'aistrigh an t-údar an saothar.
2. Beidh feidhm ag an gceart athdhíola dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na gníomhaíochtaí athdhíola ar fad lena bhfuil baint ag gairmithe sa mhargadh ealaíne, amhail seomraí díolachán, dánlanna agus, go ginearálta, aon déileálaí i saothair ealaíne amhail díoltóirí, ceannaithe nó idirghabhálaithe.
3. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag an gceart athdhíola dá dtagraítear i mír 1 maidir le gníomhartha athdhíola ina bhfuair an díoltóir an saothar go díreach ón údar níos lú ná 3 bliana roimh an athdhíol sin agus nuair nach mó ná íosmhéid áirithe an praghas athdhíola.
4. Is ábhar a bheidh le cinneadh faoi dhlí gach Páirtí é an nós imeachta chun an luach saothair a bhailiú agus méid an luacha saothair sin.

¹ Mura bhforáiltear don chosaint a leagtar amach san Airteagal seo le dlíthe agus rialacháin Pháirtí ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin amhail ón dáta ar a mbeidh éifeacht ag na dlíthe agus na rialacháin sin sa Pháirtí sin ach in aon chás tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoin dáta ar a raibh éifeacht ag na dlíthe agus na rialacháin sin, má tá an dáta sin níos luaithe ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 18.15

Bainistiú ar chearta comhchoiteann

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar idir a n-eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne, agus féachfaidh siad leis an gcomhar sin a chur chun cinn, chun infhaighteacht saothar agus ábhar cosanta eile ina gcríocha féin a chothú chomh maith le haistriú ioncaim ó chearta idir na heagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne ina gcríocha féin i dtaca leis na saothair sin agus ábhar cosanta eile.
2. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne agus féachfaidh siad le hí a chur chun cinn, go háirithe i dtaca leis an ioncam ó chearta arna bhailiú acu, na hasbhaintí a chuireann siad i bhfeidhm maidir leis an ioncam ó chearta arna bhailiú acu, an úsáid a bhaintear as an ioncam ó chearta arna bhailiú, an beartas dáilte agus an raon atá acu.
3. I gcás ina ndéanann eagraíocht bainistíochta comhchoitinne atá bunaithe i gcríoch Páirtí amháin ionadaíocht ar eagraíocht bainistíochta comhchoitinne atá bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile trí bhíthin comhaontú ionadaíochta, aithníonn na Páirtithe go bhfuil sé tábhachtach nach ndéanfaidh an eagraíocht bainistíochta comhchoitinne a dhéanann ionadaíocht:
 - (a) idirdhealú in aghaidh sealbhóirí chearta na heagraíochta bainistíochta comhchoitinne a ndéantar ionadaíocht uirthi;
 - (b) go n-íocfaidh sé na méideanna atá dlite ag an eagraíocht bainistíochta comhchoitinne go cruinn, go tráthrialta agus go dícheallach; agus

- (c) go soláthróidh sé do na heagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne faisnéis faoin méid ioncaim ó chearta arna mbailiú thar a ceann agus faoi aon asbhaintí ón méid sin ioncaim ó chearta.

AIRTEAGAL 18.16

Teorainneacha agus eisceachtaí

Déanfaidh gach Páirtí foráil do theorainneacha nó eisceachtaí i dtaobh na gceart a leagtar amach in Airteagail 18.8 (Údair) go 18.12 (Fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal), i gcásanna speisialta áirithe amháin nach bhfuil i gcoimhlint le gnáth-shaothrú na hoibre nó an ábhair eile agus nach ndéantar dochar go neamhréasúnach leo do leasanna dlisteanacha shealbhóir an chirt.

AIRTEAGAL 18.17

Bearta teicneolaíoch a chosaint¹

1. Cuirfidh na Ballstáit cosaint dlí leordhóthanach ar fáil in aghaidh imchéimniú aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a dhéanann an duine lena mbaineann agus a fhios aige, nó forais réasúnacha aige, go bhfuil sé ag gabháil do chuspóir den sórt sin.

¹ Mura bhforáiltear le dlíthe agus rialacháin Pháirtí don chosaint a leagtar amach san Airteagal seo ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin amháin ón dáta a bheidh éifeacht ag dlíthe agus rialacháin den sórt sin sa Pháirtí sin, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoin dáta ar a mbeidh éifeacht ag na dlíthe agus na rialacháin sin, má tá an dáta sin níos luaithe ná 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leordhóthanach in aghaidh:

(a) duine a mhonaraíonn, a allmhairíonn, a dháileann, a dhíolann, a lígean ar cíos aon ghaireas, táirge nó comhpháirt nó a fhógraíonn go bhfuil siad ar díol nó ar cíos agus a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith siúd:

(i) níl ach cuspóir nó úsáid teoranta acu seachas dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch; nó

(ii) dearadh, táirgeadh, cuireadh in oiriúint nó feidhmíodh iad go príomha chun críocha dul timpeall ar aon bhearta teicneolaíocha éifeachtacha a chumasú nó a éascú; agus

(b) duine a sholáthraíonn aon seirbhís a chuirtear chun cinn, a fhógraítear nó a mhargaítear chun críocha dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch a éascú nó cuidiú leis an dul timpeall sin.

3. Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn an téarma ‘bearta teicniúla’, aon teicneolaíocht, aon ghaireas, nó aon chomhpháirt a cheaptar, arna oibriú sa ghnáthchúrsa, chun gníomhartha a chosc nó a shrianadh, i dtaca le saothair nó ábhar cosanta eile, nach bhfuil údaráithe ag úinéir cirt aon chóipcheart nó aon cheart gaolmhar, mar a chumhdaítear leis an bhForoinn seo.

4. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, de réir mar is gá, chun a áirithiú nach gcuirfear bac leis an gcosaint dhlíthiúil leordhóthanach de bhun mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo ar dhaoine is tairbhíthe ó thaobh na dteorainneacha agus na n-eisceachtaí a theachtadh dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 18.16 (Teorainneacha agus eisceachtaí).

AIRTEAGAL 18.18

Oibleagáidí maidir le faisnéis faoi bhainistiú na gceart

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leordhóthanach ar aon duine a dhéanann, go feasach gan údarú, aon cheann de na gníomhartha a leanas:

- (a) faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart a bhaint nó a choigeartú; nó
- (b) aon saothar nó ábhar eile a chosnaítear de bhun na Foroinne seo, ar baineadh faisnéis maidir le bainistíocht ceart leictreonach díobh nó ar athraíodh an fhaisnéis sin gan údarás, a dháileadh, nó a allmhairiú lena dháileadh, a chraoladh, a chur in iúl nó a chur ar fáil don phobal gan údarú;

más eol do dhuine den sórt sin, nó má tá foras réasúnacha aige chun a bheith ar an eolas go bhfuil sé, tríd an méid sin a dhéanamh, ag spreagadh, ag cumasú, ag éascú nó ag ceilt sárú ar aon chóipcheart nó cearta gaolmhara dá bhforáiltear le dlí Páirtí.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘faisnéis faoi chearta a bhainistiú’ aon fhaisnéis a sholáthraíonn sealbhóirí cirt lena shainnítear an saothar nó an t-ábhar eile dá dtagraítear san Airteagal seo, an t-údar nó aon sealbhóir cirt eile, nó faisnéis faoi théarmaí agus coinníollacha úsáid an tsaothair nó an ábhair eile, agus aon uimhreacha nó cóid lena léirítear an fhaisnéis sin.

3. Beidh feidhm ag mír 2 má bhíonn baint ag aon cheann de na hítimí faisnéise dá dtagraítear i mír 2 le cóip de shaothar, nó ábhar eile dá dtagraítear san Airteagal seo, nó má thagann sé chun cinn agus an saothar nó an t-ábhar sin á chur in iúl don phobal.

FOROINN 2

TRÁDMHARCANNA

AIRTEAGAL 18.19

Aicmiú trádmarcanna

Coinneoidh gach Páirtí ar bun córas aicmithe trádmarcanna atá comhsheasmhach le Comhaontú Nice maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna, arna dhéanamh ag Nice an 15 Meitheamh 1957, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979.

AIRTEAGAL 18.20

Comharthaí trádmarc

Is éard a fhéadfaidh a bheith i dtrádmharc aon chomharthaí, go háirithe focail, lena n-áirítear ainmneacha pearsanta, nó dearáí, litreacha, uimhreacha, dathanna, cruth na n-earraí nó phacáistíocht na n-earraí, nó fuaimneanna, ar choinníoll gur féidir leis na comharthaí sin:

- (a) earraí nó seirbhísí de chuid gnóthais amháin a idirdhealú ó earraí nó seirbhísí de chuid gnóthais eile; agus

- (b) a bheith léirithe i gclár trádmarcanna gach Páirtí faoi seach ar bhealach lena gcumasaítear na húdaráis inniúla agus an pobal chun ábhar soiléir agus beacht na cosanta a thugtar dá dhílseánach a chinneadh.

AIRTEAGAL 18.21

Na cearta a thugtar le trádmarc

1. Forálfaidh gach Páirtí go dtabharfar cearta eisiacha don dílseánach le clárú trádmarc. Beidh an dílseánach i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí, nach bhfuil cead an dílseánaigh aige, i gcomhthéacs gníomhaíochta tráchtála ar úsáid a bhaint as na nithe a leanas:
- (a) aon chomhartha atá comhionann leis an trádmarc cláraithe i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmarc cláraithe ina leith; agus
- (b) aon chomhartha más rud é, i ngeall ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis an trádmarc cláraithe agus ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis na hearraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ag an trádmarc cláraithe sin agus an comhartha, gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal lena n-áirítear an dóchúlacht go mbeadh comhthiomsaitheacht ann idir an comhartha agus an trádmarc cláraithe.

2. Beidh dílseánach trádmhairc chláráithe i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí ó earraí a thabhairt isteach, agus iad i mbun ghníomhaíocht tráchtála, i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil an trádmharc cláráithe, gan a bheith scaoilte le haghaidh saorchúrsaíochta ansin, i gcás ina dtagann na hearraí sin, lena n-áirítear pacáistíocht, ó thríú tíortha agus ina mbíonn trádmharc acu, gan údarú, atá comhionann leis an trádmharc a cláraíodh i leith earraí den sórt sin, nó nach féidir a sainghnéithe a idirdhealú ón trádmharc cláráithe sin¹.

3. Rachaidh teidlíocht dhílseánach an trádmhairc cláráithe dá dtagraítear i mír 2 in éag más rud é, le linn na n-imeachtaí chun a chinneadh cé acu a sáraíodh an trádmharc nó nár sáraíodh, go soláthraíonn dearbhóir nó sealbhóir na n-earraí fianaise nach bhfuil dílseánach an trádmhairc chláráithe i dteideal toirmeasc a chur ar na hearraí sin a chur ar an margadh i dtír an chinn scríbe.

AIRTEAGAL 18.22

Nós imeachta clárúcháin

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le córas chun trádmharcanna a chlárú ina ndéanfar gach cinneadh críochnaitheach diúltach a dhéanann an riarachán trádmhairc ábhartha, lena n-áirítear diúltú páirteach chun clárú a dhéanamh, a chur in iúl i scríbhinn don pháirtí ábhartha, agus é réasúnaithe go hiomchuí agus faoi réir achomhairc.

¹ Féadfaidh Páirtí bearta breise iomchuí a dhéanamh d'fhonn idirthuras rianúil cógas cineálach a áirithiú.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis an deis ag tríú páirtithe cur in aghaidh iarratas ar thrádmharc nó, i gcás inarb iomchuí, in aghaidh clárúcháin trádmharcanna. Beidh na himeachtaí freasúracha sin ina n-imeachtaí sáraíochta.
3. Cuirfidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach ar fáil go poiblí ina bhfuil iarratais ar thrádmharc agus clárúcháin trádmhairc.

AIRTEAGAL 18.23

Trádmharcanna aitheanta

Chun éifeacht a thabhairt do chosaint trádmharcanna aitheanta, dá dtagraítear in Airteagal 6^{bis} de Choinbhinsiún Pháras agus Airteagal 16(2) agus (3) de Chomhaontú TRIPS, cuirfidh gach Páirtí i bhfeidhm an Moladh Comhpháirteach maidir le Cosaint Marcanna Aitheanta, a ghlac Comhthionól Aontas Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint agus Comhthionól Ginearálta EDM I ag an 34ú sraith de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDM I idir an 20 agus an 29 Meán Fómhair 1999.

AIRTEAGAL 18.24

Eisceachtaí ar na cearta a thugtar le trádmharc

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le heisceachtaí teoranta ar na cearta a thugtar le trádmharc amhail úsáid chóir téarmaí tuairisciúla, lena n-áirítear tásca geografacha, agus féadfaidh sé foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí teoranta eile ar choinníoll go gcuirtear san áireamh leis na heisceachtaí teoranta sin leasanna dlisteanacha dhílseánach an trádmhairc agus leasanna tríú páirtithe.

2. Ní bheidh an dílseánach an trádmhairc i dteideal, mar gheall ar an trádmharc, toirmeasc a chur ar thríú páirtí úsáid a bhaint as an méid seo a leanas i gcúrsa trádála:

- (a) ainm nó seoladh an tríú páirtí;
- (b) tásca a bhaineann le cineál, cáilíocht, cainníocht, úsáid bheartaithe, luach, tionscnamh geografach, tráth táirgthe earraí nó soláthair seirbhíse, nó saintréithe eile earraí nó seirbhísí; nó
- (c) an trádmharc, i gcás ina bhfuil gá le cuspóir beartaithe earra nó seirbhíse a chur in iúl, go háirithe mar ghabhálaí nó páirteanna spártha,

ar choinníoll go n-úsáideann an tríú páirtí iad i gcomhréir le cleachtais mhacánta i gcúrsaí tionsclaíochta nó tráchtála.

3. Ní thabharfaidh an trádmharc teideal don dílseánach an trádmhairc tríú páirtí a thoirmeasc, i gcúrsa na trádála, ar cheart níos luaithe a úsáid nach bhfuil feidhm aige ach amháin i limistéar áirithe má tá an ceart sin aitheanta ag dlí an Pháirtí i gceist agus má úsáidtear é laistigh de theorainneacha na críche ina n-aithnítear é.

AIRTEAGAL 18.25

Forais le cúlghairm a dhéanamh

1. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil go ndlífear trádmharc a chúlghairm, más rud é, laistigh de thréimhse leanúnach ama a chinnefar le dlí gach Páirtí¹, nár baineadh fíorúsáid as an trádmharc sa chríoch ábhartha i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, agus nach ann do chúiseanna cuí maidir le neamhúsáid. Ní fhéadfaidh aon duine a mhaíomh, áfach, gur cheart cearta dílseánaigh i dtrádmharc a chúlghairm i gcás inar tosaíodh nó inar atosáíodh ar fhíorúsáid a bhaint as an trádmharc le linn na hidirlinne idir dul in éag na tréimhse ama leanúnaí dá dtagraítear sa chéad abairt agus comhdú an iarratais ar chúlghairm. Maidir le tosú nó atosú úsáide laistigh de thréimhse ama a chinntear ag dlí gach Páirtí² sula gcuirtear isteach an t-iarratas ar chúlghairm, a thosaigh tráth nach luaithe ná éag na tréimhse leanúnaí neamh-úsáide, déanfar neamhaird de sin, áfach, i gcás nach dtarlaíonn ullmhúcháin le haghaidh an tosaithe nó an atosaithe go dtí go bhfuil an dílseánach feasach go bhféadfaí an t-iarratas ar chúlghairm a chur isteach.

2. Dlífear trádmharc a chúlghairm freisin más rud é, tar éis an dáta a cláraíodh é:

(a) más rud é, mar thoradh ar ghníomhartha nó neamhghníomhaíocht dhílseánach an trádmhairc, gur éirigh an trádmharc ina ainm coiteann sa trádáil ar earra nó seirbhís ar cláraíodh ina leith é; nó

¹ Chun críocha na habairte seo, is é 3 bliana ar a laghad an tréimhse ama a chinnefar le dlí gach Páirtí.

² Chun críocha na habairte seo, is é 1 mhí amháin ar a laghad an tréimhse ama a chinnefar le dlí gach Páirtí.

- (b) mar thoradh ar an úsáid a bhain dílseánach an trádmarc as an trádmarc nó ar an úsáid a baineadh as le toiliú an dílseánaigh i leith na n-earraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, go bhféadfadh sé go gcuirfeadh an trádmarc an pobal amú, go háirithe maidir le cineál, cáilíocht nó tionscnamh geografach na n-earraí nó na seirbhísí sin.

AIRTEAGAL 18.26

Iarratais de mheon mímhacánta

Féadfar trádmarc a dhearbhu a bheith neamhbhailí más de mheon mímhacánta a rinne an t-iarratasóir an t-iarratas ar an trádmarc a chlárú. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh freisin nach ndéanfar trádmarc den sórt sin a chlárú.

FOROINN 3

DEARAÍ

AIRTEAGAL 18.27

Cosaint dearaí cláraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le cosaint dearaí nua nó nuachumtha a cruthaíodh go neamhspleách. Is le clárú a chuirfear an chosaint sin ar fáil agus a bhronnfar ceart eisiach ar shealbhóirí dearaí den sórt sin i gcomhréir leis an bhForoinn seo. Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh Páirtí a mheas gur dearadh nuachumtha é dearadh a bhfuil tréith shainiúil aige.
2. Beidh an ceart ag sealbhóir dearaí chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe, nach bhfuil toiliú an tsealbhóra acu ar a laghad, an táirge ar a bhfuil an dearadh cláraithe, agus ina n-ionchorpraítear an dearadh, é a dhéanamh, a thairiscint lena dhíol, a dhíol, a allmhairiú, a onnmhairiú, a stocáil nó úsáid a bhaint as earraí ar a bhfuil an dearadh faoi chosaint agus ina n-ionchorpraítear é i gcás ina ndéantar na gníomhartha sin chun críoch tráchtála¹.

¹ Féadfaidh Páirtí Airteagal 18.27 (Cosaint dearaí cláraithe) a shásamh, a mhéid a bhaineann le honnmhairiú agus stocáil, trí cheart a thabhairt do shealbhóir an dearaí chláraithe chun tríú páirtithe a chosc ó aon earra ar a bhfuil an dearadh cláraithe nó ina gcorpraítear an dearadh cláraithe sin a thairiscint lena dhíol nó lena ligean ar cíos, nó earra den sórt sin a dhíol nó a ligean ar cíos, ar bhealach as a leanfadh onnmhairiú nó stocáil an earra sin.

3. Féadfaidh Páirtí a fhoráil maidir le dearadh a úsáidtear ar tháirge nó a ionchorpraítear i dtáirge atá ina chomhpháirt de tháirge casta, nach measfar gur táirge nua ná bunaidh é:

(a) ach amháin má bhíonn an chomhpháirt, tar éis í a chur isteach sa táirge ilchasta, fós le feiceáil le linn gnáthúsáid an táirge ilchasta sin; agus

(b) ach amháin a mhéid a chomhlíonann na gnéithe infheicthe den chomhpháirt dá dtagraítear i bpointe (a) iontu féin na ceanglais ó thaobh úrnuachta agus sainiúlachta de.

4. Chun críocha phointe (a) de mhír 3, ciallaíonn an téarma ‘gnáthúsáid’ an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh as earra, gan cothabháil, seirbhísiú nó obair dheisiúcháin a áireamh.

AIRTEAGAL 18.28

Fad na cosanta

Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh sealbhóir cirt an dearaidh chláráithe an téarma cosanta a athnuachan ar feadh tréimhse amháin nó níos mó ná tréimhse amháin, ar tréimhse 5 bliana gach ceann de na tréimhsí sin. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh téarma iomlán 15 bliana ó dháta comhdaithe an iarratais ar chlárú san fhad cosanta a bheidh ar fáil le haghaidh dearáí cláráithe.

AIRTEAGAL 18.29

Cosaint arna tabhairt do dhearaí neamhchláraithe

1. Tabharfaidh gach Páirtí do shealbhóirí dearaidh neamhchláraithe an ceart chun cosc a chur ar úsáid an dearaidh neamhchláraithe ag aon tríú páirtí nach mbeidh toiliú an tsealbhóra aige, is é sin agus sin amháin, má thagann an úsáid atá faoi chonspóid as an dearadh neamhchláraithe a chóipeáil i gcríoch an tríú páirtí sin. Is é a bheidh san úsáid sin ar a laghad an táirge a thairiscint lena dhíol, a chur ar an margadh, a allmhairiú nó a onnmhairiú¹.
2. Is é an fad cosanta a bheidh ar fáil le haghaidh dearadh neamhchláraithe 3 bliana ar a laghad ón dáta ar cuireadh an dearadh ar fáil don phobal i gcríoch an Pháirtí i gceist den chéad uair.

AIRTEAGAL 18.30

Eisceachtaí agus eisiaimh

1. Féadfaidh gach Páirtí eisceachtaí teoranta a sholáthar ó chosaint dearaí, lena n-áirítear dearaí neamhchláraithe, ar choinníoll nach bhfuil na heisceachtaí sin ar neamhréir go míréasúnta le gnáthshaothrú dearaí cosanta agus nach ndéantar leo dochar míréasúnta do leasa dlisteanacha shealbhóir an dearaidh chosanta agus cearta dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh.

¹ Féadfaidh Páirtí Airteagal 18.29 (Cosaint arna tabhairt do dhearaí neamhchláraithe) a shásamh, a mhéid a bhaineann le honnmhairiú, trí cheart a thabhairt do shealbhóir an dearaidh neamhchláraithe chun tríú páirtithe a chosc ón táirge ar a bhfuil an dearadh neamhchláraithe nó lena gcorpraítear an dearadh neamhchláraithe a dhíol, a chur ar an margadh nó a allmhairiú ar bhealach as a leanfadh onnmhairiú táirge den sórt sin.

2. Ní bheidh feidhm ag cosaint dearaidh maidir le dearaí a bheidh faoi réir a cúinsí teicniúla agus feidhmiúla amháin. Ní bhronnfar le dearadh cearta i ndáil le gnéithe den chuma is gá a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge a bhfuil an dearadh ionchorpraithe ann, nó a bhfuil sé le cur i bhfeidhm air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó ina aghaidh, ionas gur féidir le ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a chur de.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18.27(1) (Cosaint dearaí cláraithe), beidh dearadh ar marthain ar dhearadh lenar féidir táirgí so-chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach.

AIRTEAGAL 18.31

Nasc le cóipcheart

Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh dearadh, lena n-áirítear dearadh neamhchláraithe, incháilithe do chosaint faoina dhlí maidir le cóipcheart freisin ón dáta ar ar cruthaíodh nó ar ar fosaíodh an dearadh in aon fhoirm amach. Cinnfidh gach Páirtí a mhéid a thabharfar cosaint den sórt sin, lena n-áirítear an leibhéal úrnuachta is gá, agus na coinníollacha faoina dtabharfar cosaint den sórt sin.

FOROINN 4

TÁSCA GEOGRAFACHA

AIRTEAGAL 18.32

Raon feidhme, nósanna imeachta agus sainmhíthe

1. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le tásca geografacha, le haghaidh fíona, biotáillí agus táirgí bia de thionscnamh na bPáirtithe, a aithint agus a chosaint.
2. Chun críocha na Foroinne seo, tá feidhm ag na sainmhíthe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘tásc geografach’ tásc lena saináithnítear earra mar earra de thionscnamh Páirtí, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair sa Pháirtí sin, i gcás ina mbeidh cáilíocht, clú nó saintréith áirithe an earra sin inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh;
 - (b) ciallaíonn ‘aicme táirgí’ aicme táirgí a shonraítear in Iarscríbhinn 18-A (Aicmí táirgí); agus
 - (c) ciallaíonn ‘sonraíocht táirge’, a mhéid a bhaineann leis an earra ábhartha le haghaidh tásc geografach, na ceanglais a formheasadh maidir le húsáid an tásc gheografaigh sin i margaíocht an earra sin.

3. Tar éis nós imeachta freasúra a thabhairt chun críche, chomh maith le scrúdú ar na tásca geografacha, cosnóidh an Nua-Shéalainn tásca geografacha an Aontais a liostaítear i Roinn A (Liosta na dtásc geografach – an tAontas Eorpach) d'Iarscríbhinn 18-B (Liosta na dtásc geografach) i gcomhréir leis an leibhéal cosanta a leagtar síos san Fhoroinn seo ar a laghad.

4. Tar éis nós imeachta freasúra a thabhairt chun críche, chomh maith le scrúdú ar na tásca geografacha, cosnóidh an tAontas Eorpach tásca geografacha na Nua-Shéalainne a liostaítear i Roinn B (Liosta na dtásc geografach – an Nua-Shéalainn) d'Iarscríbhinn 18-B (Liosta na dtásc geografach) i gcomhréir leis an leibhéal cosanta a leagtar síos san Fhoroinn seo ar a laghad.

AIRTEAGAL 18.33

Leasú ar liosta na dtásc geografach

1. Féadfar an liosta aicmí táirgí in Iarscríbhinn 18-A (Aicmí táirgí) agus liosta na dtásc geografach in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach) a leasú le cinneadh ón gCoiste um Thrádáil, lena n-áirítear trí thásca geografacha a chur leis, an liosta aicmí táirgí a thabhairt cothrom le dáta nó tásca geografacha a bhaint uaidh nach gcosnaítear a thuilleadh ina n-áit tionscnaimh.

2. Maidir le tásca a chur leis an liosta in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach), ní shárófar 30 tásca geografach ag gach Páirtí gach 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Cuirfear tásca geografacha nua leis na liostaí tar éis don nós imeachta freasúra a bheith tugtha chun críche i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar na tásca geografacha nua chun sástacht an dá Pháirtí.

3. Forálfaidh gach Páirtí go bhféadfaí agóidí a dhéanamh in aghaidh iarraidh ar chosaint le haghaidh tásc geografach faoin nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 18.32(3) agus (4) (Raon feidhme, nósanna imeachta agus sainmhínte), agus go bhféadfaí aon iarraidh ar chosaint den sórt sin a dhiúltú nó nach dtabharfar í ar chaoi eile. Is mar seo a leanas a bheidh na forais le haghaidh in aghaidh iarraidh ar chosaint le haghaidh tásc geografach:

- (a) tá an tásc geografach mar an gcéanna le trádmarc, nó cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a cláraíodh, nó ar cuireadh iarratas isteach lena chlárú, de mheon macánta sa Pháirtí, i leith an earra céanna nó earra comhchosúil, nó le trádmarc a bhfuarthas cearta ina leith sa Pháirtí trí é a úsáid de mheon macánta i leith an earra céanna nó earra comhchosúil;
- (b) tá an tásc geografach mar an gcéanna nó cosúil le trádmarc i leith aon earra nach bhfuil cosúil leis an earra a bhfuil an trádmarc cláraithe ina leith, i gcás ina bhfuil aithne mhaith ar an trádmarc sa Pháirtí agus go dtabharfadh úsáid an táisc gheografaigh le fios go bhfuil nasc idir an t-earra agus úinéir an trádmarc agus gur dócha go ndéanfaí dochar do leasanna úinéir an trádmarc dá n-úsáid ar an mbealach sin é;
- (c) is gnáth-théarma é tásc geografach sa teanga choiteann a úsáidtear mar an ngnáthainm le haghaidh an earra ábhartha sa Pháirtí;
- (d) is téarma é tásc geografach a úsáidtear sa Pháirtí mar ainm cineál planda nó ainm pór ainmhithe agus dá dheasca sin is dóigh go gcuirfí tomhaltóirí ar míthreoir maidir le fíorthionscnamh an earra;

(e) is tásca geografach comhainmneach nó comhainmneach i bpáirt é an tásca geografach; agus

(f) is dócháil go mbeadh sé maslach an tásca geografach a úsáid nó a chlárú sa Pháirtí.

4. Chun críocha na Foroinne seo, agus cinneadh á dhéanamh maidir le téarma a bheith ina ghnáth-théarma sa teanga choiteann a úsáidtear mar an ngnáthainm le haghaidh an earra ábhartha sa Pháirtí, féadfaidh an Páirtí an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an téarma sa Pháirtí sin a chur san áireamh. D'fhéadfaí a áireamh leis na fachtóirí atá ábhartha do thuiscint sin na dtomhaltóirí, fianaise ar cibé an úsáidtear nó nach n-úsáidtear an téarma chun tagairt don chineál céanna earra is atá i gceist, mar a léirítear ó fhoinsí ábhartha, agus an chaoi a ndéantar an t-earra dá dtagraíonn an téarma a mhargú agus a úsáid i dtrádáil sa Pháirtí sin.

5. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag Páirtí ar na hagóidí in aghaidh cosanta arna gcur isteach ag duine in aghaidh aon cheann de na forais a liostaítear i mír 3, bunóidh sé a mheasúnú ar an gcás sa Pháirtí sin amháin.

AIRTEAGAL 18.34

Tásca geografacha a chosaint

1. Déanfaidh gach Páirtí, i leith thásca geografacha an Pháirtí eile atá liostaithe in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach), na modhanna dlíthiúla a sholáthar do pháirtithe leasmhara chun an méid a leanas a chosc ina chríoch:
 - (a) úsáid tráchtála táisc gheografaigh lena n-aithnítear earra mar earra comhchosúil¹ nach gcomhlíonann sonraíochtaí táirge is infheidhme an táisc gheografaigh fiú amháin má tá an méid a leanas i gceist:
 - (i) léirítear bunús iarbhír an earra;
 - (ii) úsáidtear an tásc geografach in aistriúchán² nó i dtraslitríú³; nó
 - (iii) tá téarmaí amhail ‘saghas’, ‘cineál’, ‘stíl’, ‘táirge aithrise’, nó a leithéidí in éineacht leis an tásc geografach;
 - (b) úsáid aon mhodh chun earra a ainmniú nó a chur i láthair lena léirítear nó lena dtugtar le fios go bhfuil an t-earra atá i gceist de thionscnamh limistéar geografach seachas an fhíoráit tionscnaimh, ar bhealach a chuireann an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra; agus

¹ Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn an téarma ‘earra comhchosúil’ earra a thagann faoin aicme táirgí céanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn 18-A (Aicmí táirgí).

² Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, tuigtear go ndéanfar measúnú air sin ar bhonn cás ar chás. Níl feidhm ag an bhforáil seo nuair a sholáthraítear fianaise nach bhfuil aon nasc idir an tásc geografach agus an téarma arna aistriú..

³ Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn an téarma ‘traslitríú’ carachtair a aistriú de réir fhoghraíocht na bunteanga nó theangacha an táisc gheografaigh ábhartha.

(c) aon úsáid eile a bhaintear as tásc geografach arb é atá inti gníomh iomaíoch éagórach de réir bhrí Airteagal 10^{bis} de Choinbhinsiún Pháras, ar a bhféadfar a áireamh úsáid tráchtála a bhaint as tásc geografach ar chaoi a saothraíonn clú an táisce gheografaigh sin, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear an t-earra mar chomhábhar.

2. Níl feidhm ag an bhForoinn seo i leith tásc geografach Páirtí a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach) nach gcosnaítear a thuilleadh de bhun dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí eile.

3. Mura bhfuil tásc geografach Páirtí a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach) faoi chosaint a thuilleadh i gcríoch an Pháirtí tionscnaimh, tabharfaidh an Páirtí tionscnaimh fógra don Pháirtí eile go pras agus iarrfaidh sé go gcealófaí an chosaint do thásc geografach den sórt sin.

4. Ní dhéanfaidh aon rud san Fhoroinn seo dochar do cheart aon duine úsáid a bhaint, i gcúrsa na trádála, as ainm an duine sin nó ainm réamhtheachtaí gnó an duine sin, ach amháin i gcás ina n-úsáidfear an t-ainm sin ar shlí a chuirfeadh an pobal amú.

5. Níl aon ní san Fhoroinn seo a cheanglaíonn ar Pháirtí forálacha na Foroinne seo a chur i bhfeidhm i leith tásc geografach de chuid an Pháirtí eile maidir le hearra dá bhfuil an tásc ábhartha comhionann nó comhchosúil le:

(a) gnáthainm cineál planda nó pór ainmhithe, agus dá dheasca sin is dóigh go gcuirfí an tomhaltóir ar míthreoir maidir le fíorthionscnamh an earra; nó

(b) gnáth-théarma sa teanga choiteann a úsáidtear mar an ngnáthainm le haghaidh earra den sórt sin sa Pháirtí sin.

6. Níl aon ní san Fhoroinn seo a cheanglaíonn ar Pháirtí forálacha na Foroinne seo a chur i bhfeidhm i leith aon chomhpháirt aonair i dtásc geografach il-chomhpháirte de chuid an Pháirtí eile maidir le hearra dá bhfuil an tásc ábhartha combhionann nó comhchosúil le:

(a) gnáthainm cineál planda nó pór ainmhithe, agus dá dheasca sin is dóigh go gcuirfí an tomhaltóir ar míthreoir maidir le fíorthionscnamh an earra; nó

(b) gnáth-théarma sa teanga choiteann a úsáidtear mar an ngnáthainm le haghaidh earra den sórt sin sa Pháirtí sin.

7. Níl aon ní san Fhoroinn seo a cheanglaíonn ar Pháirtí forálacha na Foroinne seo a chur i bhfeidhm maidir le haon fhocal, nó aistriúchán nó traslitríú ar aon fhocal, atá i dtásc geografach de chuid an Pháirtí eile, i gcás gur gnáthfhocal Béarla é an focal, nó an t-aistriúchán sin nó an traslitríú sin amhail ‘sliabh’, ‘na hAlpa’ nó ‘abhainn’.

AIRTEAGAL 18.35

Dáta na cosanta

1. Forálfaidh gach Páirtí go gcosnófar tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach) agus dá dtagraítear in Airteagal 18.32 (Raon feidhme agus sainmhíniú), ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le hAirteagal 18.34 (Tásca geografacha a chosaint).

2. Maidir le tásca geografacha a chuirtear le hIarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach), tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, forálfaidh gach Páirtí go gcosnófar tásca geografacha den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 18.34 (Tásca geografacha a chosaint) ón dáta ar foilsíodh na hainmneacha chun críocha an nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 18.33(2) (Leasú ar liosta na dtásc geografach).

AIRTEAGAL 18.36

Ceart úsáide na dtásc geografach

1. Aon oibreoir a chuireann táirge ar an margadh atá i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach, féadfaidh sé tásca geografach atá cosanta faoin bhForoinn seo a úsáid.
2. Ní chuireann Mír 1 srian ar chumas Páirtí chun táirgeadh nó margú earraí a rialú, ar earraí iad lena mbaineann tásca geografach i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 18.37

Nasc le trádmarcanna

1. Maidir le clárú trádmarc ina bhfuil tásc geografach de chuid an Pháirtí eile a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach), nó ar tásc geografach den sórt sin é, diúltófar é nó déanfar neamhbhailí é, *ex officio*, má cheadaítear é sin faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí nó ar iarraidh sin do pháirtí leasmhar, maidir le táirge a thagann faoi réim na haicme táirgí a shonraítear in Iarscríbhinn 18-A (Aicmí táirgí) i leith an táisc gheografaigh sin agus nach de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 18-B iad (Liostaí na dtásc geografach) i gcás an táisc gheografaigh sin.
2. Más rud é go ndearnadh iarratas ar thrádmharc nó gur cláraíodh é de mheon macánta, nó más rud é go bhfuarthas cearta chun trádmarc de mheon macánta trí bhíthin úsáide, i bPáirtí roimh dáta cosanta an táisc gheografaigh sin i gcomhréir le hAirteagal 18.35 (Dáta na cosanta), ní bheidh sé ina thoradh ar bhearta arna nglacadh chun an Fhoroinn seo a chur chun feidhme sa Pháirtí sin go ndéanfar dochar d'incháilitheacht nó bailíocht chlárú an trádmarc, nó don cheart chun an trádmarc a úsáid, ar an mbonn go bhfuil an trádmarc comhionann le tásc geografach, nó cosúil leis. Féadfar leanúint de thrádmharc den sórt sin a úsáid agus a athnuachan chuige sin, d'ainneoin chosaint an táisc gheografaigh, ar choinníoll nach ann d'fhorais le neamhbhailíocht ná cúlghairm an trádmarc i ndlí an Pháirtí maidir le trádmarcanna.
3. Féadfar foráil a dhéanamh i ndlí Páirtí, maidir le haon iarraidh a dhéanfar i ndáil le trádmarc a úsáid nó a chlárú, nach mór an iarraidh sin a chur i láthair laistigh de 5 bliana tar éis é a theacht chun bheith ar eolas i gcoitinne sa Pháirtí sin go bhfuil úsáid dhíobhálach á baint as an tásc faoi chosaint nó tar éis an dáta ar cláraíodh an trádmarc sa Pháirtí sin ar choinníoll gur foilsíodh an trádmarc faoin dáta sin, más luaithe an dáta sin ná an dáta ar tháinig an úsáid dhíobhálach chun bheith ar eolas i gcoitinne sa Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 18.38

An chosaint a fhorfheidhmiú

Forálfaidh gach Páirtí go ndéanfar tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásca geografach) a fhorfheidhmiú *ex officio* nó arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar, i gcomhréir lena dhlí de réir céimeanna riaracháin agus breithiúnacha iomchuí.

AIRTEAGAL 18.39

Rialacha ginearálta

1. I gcás tásca geografacha comhainmneacha, a n-iarrtar cosaint ina leith i gcomhréir le hAirteagal 18.33 (Leasú ar liosta na dtásca geografach), le haghaidh earraí a thagann faoin aicme táirgí chéanna, glacfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh chun na coinníollacha praiticiúla faoina ndéanfar na tásca comhainmneacha atá i gceist a dhifreáil óna chéile, agus aird á tabhairt ar an ngá lena áirithiú go gcaithfear go comhionann leis na tomhaltóirí lena mbaineann agus nach gcuirfear tomhaltóirí amú.
2. I gcás go ndéanann Páirtí, i gcomhthéacs caibidlíochta i leith comhaontú idirnáisiúnta le tríú tír, breithniú ar an bhféidearthacht de thásca geografach a chosaint lena n-aithnítear earra de thionscnamh na tríú tír sin, ní mór dó an Páirtí eile a chur ar an eolas agus an deis a thabhairt don Pháirtí sin a bharúil a chur in iúl sula gcosnófar an tásca geografach sin, má tá an méid seo a leanas i gceist:
 - (a) tá an tásca geografach atá á bhreithniú sa chaibidlíocht leis an tríú tír comhainmneach le tásca geografach de chuid an Pháirtí eile a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásca geografach); agus

- (b) tagann na hearraí lena mbaineann faoin aicme táirgí a shonraítear in Iarscríbhinn 18-A (Aicmí táirgí) i gcomhair thásc geografach comhainmneach an Pháirtí eile.
3. Is éard a bheidh i sonraíocht táirge táisc gheografaigh a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach) an tsonraíocht táirge arna formheas ag údaráis ábhartha an Pháirtí sa chríoch ina dtionscnaítear an t-earra, lena n-áirítear aon leasú uirthi arna bhformheas freisin.
4. An chosaint ar thásc geografach de chuid Páirtí a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach), ní fhéadfaidh ach an Páirtí ina dtionscnaítear an táirge an chosaint sin a chealú.
5. Féadfar earraí a chur ar an margadh agus a dhíol go dtí go n-ídeofar na stoic, más rud é gur tugadh tuairisc orthu go dlíthiúil agus gur cuireadh i láthair iad ar bhealach arna dtoirmeasc leis an bhForoinn seo ar na dátaí seo a leanas:
- (a) ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (b) ar an dáta a nglactar leasú ar liosta na dtásc geografach, le cinneadh an Choiste um Thrádáil, i gcomhréir le hAirteagal 18.33 (Leasú ar liosta na dtásc geografach); nó
- (c) an dáta ar a dtagann deireadh le hidirthréimhse ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach).

AIRTEAGAL 18.40

Córais um thásca geografacha a chosaint

1. Bunóidh gach Páirtí nó coinneoidh sé ar bun córas chun tásca geografacha a chlárú agus a chosaint ina chríoch.
2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa chóras dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) modh oifigiúil chun liosta na dtásca geografach cláraithe a chur ar fáil don phobal;
 - (b) ciallaíonn ‘tásca geografach’ tásca lena saináithnítear earra mar earra de thionscnamh Páirtí, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair sa Pháirtí sin, i gcás ina mbeidh cáilíocht, clú nó saintréith áirithe an earra sin inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh;
 - (c) nós imeachta freasúra lena bhféadfaí leasanna dlisteanacha tríú páirtithe a chur san áireamh; agus
 - (d) nós imeachta maidir le cosaint tásca gheografaigh a chealú lena gcuirtear san áireamh leasanna dlisteanacha tríú páirtithe agus úsáideoirí na dtásca geografach cláraithe i gceist.

FOROINN 5

COSAINN FAISNÉISE NEAMHNOCHTA

AIRTEAGAL 18.41

Raon feidhme cosanta na rún ceirde agus na sainmhíthe

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le nósanna imeachta sibhialta agus leigheasanna iomchuí le haghaidh aon sealbhóir rún ceirde chun fáil, úsáid nó nochtadh rún ceirde a chosc, nó sásamh a fháil maidir leis an méid sin nuair a dhéantar é ar bhealach atá ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta.
2. Chun críocha na Foroinne seo, tá feidhm ag na sainmhíthe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘rún ceirde’ faisnéis ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
 - (i) is rún í sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a dhéileálann de ghnáth leis an gcineál faisnéise i gceist ar an eolas go ginearálta fúithi ná nach bhfuil rochtain acu uirthi, ina hiomláine nó i gcumraíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna;
 - (ii) tá luach tráchtála uirthi toisc gur rún í; agus
 - (iii) bhí sí faoi réir bearta réasúnta, i bhfianaise na staide, a bhí déanta ag an duine a bhí i gceannas go dleathach ar an bhfaisnéis chun í a choinneáil faoi rún; agus

(b) ciallaíonn ‘sealbhóir rúin ceirde’ aon duine a rialaíonn rún ceirde go dleathach.

3. Chun críocha na Foroinne seo, measfar an iompraíocht seo a leanas a bheith ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta:

- (a) rún ceirde a fháil gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, má fhaightear é de bharr rochtain neamhúdaraíthe ar aon doiciméad, earra, ábhar, substaint, nó comhad leictreonach, nó iad a leithreasú nó a chóipeáil, is é sin doiciméid, earraí, ábhair, substaintí, nó comhaid leictreonacha atá go dleathach faoi rialú an tsealbhóra rúin ceirde, ina bhfuil an rún ceirde nó ónar féidir an rún ceirde a oibriú amach;
- (b) rún ceirde a úsáid nó a nochtadh aon uair a dhéanann duine é gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, duine a bhfaightear amach ina leith go gcomhlíonann sé aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) a bhfuil an rún ceirde faighte aige ar bhealach dá dtagraítear i bpointe (a);
- (ii) a bhfuil aon chomhaontú rúndachta sáraithe aige nó aon dualgas gan an rún ceirde a nochtadh; nó
- (iii) a bhfuil aon dualgas conarthach sáraithe aige nó aon dualgas eile maidir le húsáid an rúin ceirde a theorannú; agus
- (c) fáil, úsáid nó nochtadh rúin ceirde aon uair a dhéanann duine é arbh eol dó, ag an am a rinneadh an rún ceirde a fháil, a úsáid nó nochtadh, nó go mba cheart gurbh eol dó, sna cásanna sin, go bhfuarthas an rún ceirde go díreach nó go neamhdhíreach ó dhuine eile a bhí ag úsáid nó ag nochtadh an rúin ceirde go neamhdhleathach de réir bhrí phointe (b).

4. Níl aon ní san Fhoroinn seo a dtuigfear go gceanglaíonn sé ar cheachtar Páirtí a bhreith go bhfuil an t-iompar seo a leanas ina shárú ar chleachtais tráchtála mhacánta:
- (a) fionnachtain nó cruthú neamhspleách;
 - (b) ais-innealtóireacht ar tháirge ag duine a bhfuil an táirge ina sheilbh aige go dleathach agus atá saor ó aon dualgas atá bailí go dlíthiúil chun teorainn a chur le fáil na faisnéise ábhartha;
 - (c) fáil, úsáid nó nochtadh na faisnéise a cheanglaítear nó a cheadaítear le dlí gach Páirtí; agus
 - (d) úsáid a bheith á baint ag fostaithe as an taithí agus na scileanna a fuair siad go macánta i ngnáthchúrsa a bhfostaíochta.
5. Níl aon ní san Fhoroinn seo a thuigfear mar shrian a chur ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse na meán mar a chosnaítear i ngach Páirtí.

AIRTEAGAL 18.42

Nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta agus leigheasanna a mhéid a bhaineann le rúin trádála

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine atá rannpháirteach sna himeachtaí breithiúnacha sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 18.41(1) (Raon feidhme cosanta rún ceirde agus sainmhínithe) nó a bhfuil rochtain aige ar dhoiciméid ar cuid de na himeachtaí breithiúnacha sibhialta sin iad, nach gceadófar don duine sin rún ceirde nó rún ceirde líomhnaithe a úsáid nó a nochtadh atá sainaitheanta ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, mar fhreagairt ar iarratas atá réasúnaithe go hiomchuí ag páirtí leasmhar go bhfuil na doiciméid sin rúnda agus go bhfuair sé eolas orthu de bharr na rannpháirtíochta nó na rochtana sin.

2. Sna himeachtaí breithiúnacha sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 18.41(1) (Raon feidhme cosanta rún ceirde agus sainmhíthe), déanfaidh gach Páirtí foráil go mbeidh údarás ag a údaráis bhreithiúnacha an méid seo a dhéanamh ar a laghad:
- (a) bearta sealadacha a ordú, i gcomhréir le dlí an Pháirtí chun cosc a chur ar fháil, úsáid nó nochtadh an rún ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta;
 - (b) faoiseamh urghaire a ordú chun cosc a chur ar fháil, úsáid nó nochtadh an rún ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta;
 - (c) ordú a thabhairt do na daoine arbh eol dóibh nó ar cheart gurbh eol dóibh go raibh rún ceirde á fháil, á úsáid nó á nochtadh acu ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta chun damáistí iomchuí a íoc leis an sealbhóir rún ceirde a oireann don dochar a d'fhulaing sé de thoradh fháil, úsáid nó nochtadh an rún ceirde;
 - (d) bearta sonracha a ghlacadh chun rúndacht aon rún ceirde nó aon rún ceirde líomhnaithe arna gcur i láthair i nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta a chaomhnú ar rún ceirde nó rún ceirde líomhnaithe é a bhaineann le fáil, úsáid agus nochtadh líomhnaithe rún ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta. D'fhéadfaí a chuimsiú leis na bearta sonracha sin, i gcomhréir le dlí Páirtí, an deis rochtain ar dhoiciméid áirithe a shrianadh go hiomlán nó i bpáirt, rochtain a shrianadh ar éisteachtaí agus ar a dtaifid chomhfhreagracha agus a dtras-scríobh, agus leagan neamhrúnda den chinneadh breithiúnach a chur ar fáil ina bhfuil na sleachta maidir le rún ceirde bainte amach nó folaithe; agus

(e) smachtbhannaí a fhorchur ar pháirtithe nó ar aon duine atá rannpháirteach sna himeachtaí dlíthiúla agus nach ndéanann nó a dhiúltaíonn orduithe cúirte a chomhlíonadh a bhaineann le cosaint an rúin ceirde nó an rúin ceirde líomhnaithe.

3. Ní cheanglófar ar gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir leis na nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta agus leigheasanna dá dtagraítear in Airteagal 18.41(1) nuair a dhéantar iompraíocht a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, i gcomhréir le dlí ábhartha Páirtí, chun mí-iompar, éagóir nó gníomhaíocht neamhdhleathach a nochtadh nó chun leas dlisteanach a aithnítear lena dhlí a chosaint.

AIRTEAGAL 18.43

Cosaint sonraí a chuirtear isteach d'fhonn
údarú a fháil chun táirge cógaisíochta a chur¹ ar an margadh

1. Déanfaidh gach Páirtí faisnéis rúnda tráchtála a chuirtear isteach chun údarú a fháil chun táirgí íocshláinte a chur ar an margadh (dá ngairtear 'údarú margaíochta' anseo feasta) a chosaint ar a nochtadh do thríú páirtithe, mura ndéantar bearta chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí sin a chosaint ar úsáid tráchtála éagórach nó seachas i gcás inar gá an nochtadh ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail.

¹ Chun críocha an Airteagail seo, sainmhíneofar an téarma 'táirge cógaisíochta' de réir dhlí gach Páirtí. I gcás an Aontais, ciallaíonn an téarma 'táirge cógaisíochta' 'táirge íocshláinte'.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad ó dháta an chéad údaraithe margáiochta sa Pháirtí lena mbaineann (dá ngairtear ‘an chéad údarú margáiochta’ anseo feasta) agus i gcomhréir le haon choinníoll a leagtar amach ina dhlí féin, nach nglacfaidh an t-údarás atá freagrach as údarú margáiochta a dheonú le haon iarratas ina dhiaidh sin ar údarú margáiochta a bhíonn ag brath ar thástálacha réamhchliniciúla nó ar thrialacha cliniciúla a cuireadh isteach san iarratas ar an gcéad údarú margáiochta, gan chomhthoiliú sainráite shealbhóir an chéad údaraithe margáiochta, mura bhforáiltear dá mhalairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna n-aithint ag an dá Pháirtí.

AIRTEAGAL 18.44

Cosaint sonraí a chuirtear isteach chun údarú margáiochta a fháil
i leith táirgí ceimiceacha talmhaíochta¹

1. Aithneoidh gach Páirtí go mbeidh ceart sealadach ag úinéir tuarascáil tástála nó tuarascáil staidéir a chuirfear isteach den chéad uair chun údarú margáiochta a fháil le haghaidh táirge ceimiceach talmhaíochta. Le linn na tréimhse ina mbíonn an ceart sealadach sin i gceist, ní úsáidfean an tuarascáil tástála ná an tuarascáil staidéir chun tairbhe aon duine eile a bheidh ag féachaint le húdarú margáiochta a fháil do tháirge ceimiceach talmhaíochta, ach amháin i gcás ina gcruthaítear comhthoiliú sainráite an chéad úinéara. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaítear ‘cosaint sonraí’ leis an téarma ‘ceart sealadach’.

¹ Chun críocha an Airteagail seo, sainmhíneofar an téarma ‘táirge ceimiceach talmhaíochta’ de réir dhlí gach Páirtí. I gcás an Aontais, ciallaíonn an téarma ‘táirge ceimiceach talmhaíochta’ ‘táirge cosanta planda’.

2. Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh leis an tuarascáil tástála nó tuarascáil staidéir dá dtagraítear i mír 1:

- (a) í a bheith riachtanach chun údarú a fháil nó chun leasú a dhéanamh ar údarú ionas go gceadófaí é a úsáid ar bhealaí eile; agus
- (b) í a bheith aitheanta mar thuarascáil a chomhlíonann prionsabail an dea-chleachtais saotharlainne nó an dea-chleachtais thurgnamhaigh, i gcomhréir le dlí gach Páirtí.

3. Deich mbliana ar a laghad ón dáta a deonóidh údarás ábhartha an chéad údarú i gcríoch Páirtí a bheidh sa tréimhse cosanta sonraí.

4. Féadfaidh gach Páirtí rialacha a shuí chun tástáil dhúblach ar ainmhithe veirteabracha a sheachaint.

FOROINN 6

CINEÁLACHA PLANDAÍ

AIRTEAGAL 18.45

Cearta chun cineálacha plandaí a chosaint¹

Beidh córas ar bun ag gach Páirtí² chun cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV), arna athbheithniú sa Ghinéiv an 19 Márta 1991.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, tuigeann na Páirtithe go bhféadfaí a áireamh leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 25.6(1) (Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi) bearta i leith ábhar arna gcumhdach leis an bhForoinn seo a mheasann an Nua-Shéalainn go bhfuil gá leo chun cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí na Maorach a chosaint chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi te Tiriti o Waitangi/Chonradh Waitangi, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 25.6 (Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi).

² Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, chun críocha na Foroinne seo, féadfar córas *sui generis* a úsáid.

ROINN C

CEARTA MAOINE INTLEACTHÚLA A FHORFHEIDHMIÚ

FOROINN 1

FORFHEIDHMIÚ SIBHIALTA AGUS RIARACHÁIN

AIRTEAGAL 18.46

Oibleagáidí ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi Chomhaontú TRIPS agus go háirithe faoi Chuid III de, agus déanfaidh siad foráil maidir leis na bearta comhlántacha, nósanna imeachta agus leigheasanna is gá chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar cearta maoiní intleachtúla¹.
2. Beidh an méid seo a leanas fíor maidir leis na bearta, nósanna imeachta agus leigheasanna sin:
 - (a) beidh siad cothrom cothromasach;

¹ Chun críocha na Roinne seo, ní áirítear leis an téarma ‘cearta maoiní intleachtúla’ cearta a chumhdaítear le Foroinn 5 (Cosaint Faisnéise Neamhnochtá) de Roinn B (Caighdeáin maidir le cearta maoiní intleachtúla).

- (b) ní bheidh siad róchasta ná róchostasach agus ní bheidh teorainneacha ama míréasúnta ná moilleanna gan údar ag gabháil leo;
- (c) beidh siad éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach; agus
- (d) agus cuirfear i bhfeidhm iad ar shlí a seachnóidh bacainní ar thrádáil dhlísteanach agus lena soláthrófar coimircí in aghaidh a mí-úsáide.

AIRTEAGAL 18.47

Daoine atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbearta,
na nósanna imeachta agus na leigheasanna

Aithneoidh na Ballstáit gur daoine atá i dteideal a éileamh go gcuirfí i bhfeidhm na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear sa Roinn seo atá sna daoine seo a leanas:

- (a) sealbhóirí ceart maoine intleachtúla i gcomhréir le dlí an Pháirtí;
- (b) gach duine eile atá údaraithe chun na cearta sin a úsáid, ceadúnaithe go háirithe, a mhéid a cheadaítear é le dlí Páirtí agus i gcomhréir leis;
- (c) comhlachtaí bainistíochta ceart comhchoiteann maoine intleachtúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear le dlí an Pháirtí agus i gcomhréir leis sin; agus

- (d) comhlachtaí cosanta gairmiúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear le dlí an Pháirtí agus i gcomhréir leis sin.

AIRTEAGAL 18.48

Bearta chun fianaise a chaomhnú

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, fiú roimh thosach feidhme na n-imeachtaí ar fhiúntais an cháis, ar iarratas ó pháirtí a chuir i láthair fianaise atá ar fáil go réasúnta chun tacú lena mhaíomh go ndearnadh sárú ar a cheart maoine intleachtúla nó go bhfuil an ceart sin ar tí a shárú, a ordú go ndéanfar bearta sealadacha atá pras agus éifeachtach chun fianaise ábhartha a chaomhnú i leith an tsáraithe a líomhnaítear, faoi réir coimircí iomchuí agus cosaint faisnéise faoi rún.
2. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis na bearta sealadacha dá dtagraítear i mír 1 tuairisc mhionsonraithe, agus samplaí á dtógáil nó gan iad á dtógáil, ar na hearraí a líomhnaítear gur earraí sáraitheacha iad, nó iad a urghabháil go fisiceach, agus, i gcásanna iomchuí, tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh chun earraí den sórt sin a tháirgeadh nó a dháileadh chomh maith leis na doiciméid a bhaineann leo, nó iad a urghabháil go fisiceach.

AIRTEAGAL 18.49

Fianaise

1. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun a chumasú dá údaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, arna iarraidh sin do pháirtí a chuir fianaise i láthair atá ar fáil go réasúnta chun tacú lena mhaíomh agus, le linn dó bunús a thabhairt dá mhaíomh, a thug fianaise ar aird, fianaise atá faoi réir ag an bpáirtí freasúrach, go soláthródh an páirtí freasúrach an fhianaise sin, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.
2. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá freisin chun a chur ar chumas do na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, i gcás inarb iomchuí, i gcásanna ina sárófar ceart maoine intleachtúla ar scála tráchtála, faoi ná coinníollacha céanna a leagtar síos i mír 1, a ordú doiciméid bhaincéireachta, airgeadais, nó tráchtála atá faoi rialú an pháirtí fhreasúraigh a chur in iúl, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

AIRTEAGAL 18.50

An ceart chun faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhthéacs imeachtaí sibhialta a bhaineann le sárú ar cheart maoine intleachtúla agus mar fhreagairt ar iarraidh chuí-údaraithe, chomhréireach ón éilitheoir, go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú don sáraitheoir, nó don sáraitheoir líomhnaithe nó d'aon duine eile, faisnéis ábhartha atá faoi rialú an duine sin, nó ina sheilbh, a sholáthar maidir le tionscnamh agus líonraí dáileacháin na n-earraí nó na seirbhísí lena ndéantar sárú ar cheart maoine intleachtúla.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘aon duine eile’ duine lena mbaineann an méid seo a leanas, ar a laghad:

- (a) a fuarthas agus na hearraí sáraitheacha ar seilbh aige ar scála tráchtála;
- (b) a fuarthas go raibh na seirbhísí sáraitheacha á n-úsáid aige ar scála tráchtála;
- (c) a fuarthas go raibh seirbhísí arna n-úsáid i ngníomhaíochtaí sáraitheacha á soláthar aige ar scála tráchtála; nó
- (d) a chuir an duine dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) in iúl go raibh sé páirteach i dtáirgeadh, monarú nó dáileadh na n-earraí nó i soláthar na seirbhísí.

3. Cuimseofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, de réir mar is iomchuí, an méid a leanas:

- (a) ainmneacha agus seoltaí tháirgeoirí, mhonaróirí, dháileoirí, sholáthróirí agus iarshealbhóirí eile na n-earraí nó na seirbhísí, chomh maith leis na mórdhíoltóirí agus na miondhíoltóirí atá beartaithe; agus
- (b) faisnéis ar na cainníochtaí a táirgeadh, a monaraíodh, a seachadadh, a fuarthas nó a ordaíodh, chomh maith leis an bpraghas a fuarthas ar na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist.

4. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 gan dochar do dhlíthe eile de chuid Páirtí:

- (a) lena ndeonaítear do shealbhóir na gceart maoine intleachtúla chun faisnéis níos iomláine a fháil;

- (b) lena rialaítear úsáid na faisnéise a cuireadh in iúl de bhun an Airteagail seo in imeachtaí sibhialta nó coiriúla;
- (c) lena rialaítear an fhreagracht as mí-úsáid an chirt chun faisnéise;
- (d) lena dtugtar an deis chun diúltú faisnéis a sholáthar lena gcuirfí iallach ar aon duine eile dá dtagraítear i mír 1 a admháil go raibh sé féin nó garghaolta leis rannpháirteach i sárú ar cheart maoine intleachtúla; nó
- (e) lena rialaítear cosaint rúndacht foinsí faisnéise nó próiseáil sonraí pearsanta.

AIRTEAGAL 18.51

Bearta sealadacha agus bearta réamhchúraim

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don iarratasóir, urghaire idirbhreitheach, a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora líomhnaithe lena mbeartaítear cosc a chur ar aon sárú atáthar ar tí a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, nó a thoirmeasc, ar bhonn sealadach agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, íocaíocht pionóis athfhillteach sa chás ina ndéantar foráil maidir leis sin i ndlí an Pháirtí, go leanfar ar aghaidh leis na sáruithe líomhnaithe ar an gceart sin, nó leanúint ar aghaidh amhlaidh a chur faoi réir ráthaíochtaí a thaisceadh atá beartaithe lena áirithiú go ndéanfar an sealbhóir cirt a chúiteamh. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin, faoi na coinníollacha céanna, in aghaidh idirghabhálaí a bhfuil a chuid seirbhísí á n-úsáid ag tríú páirtí chun ceart maoine intleachtúla a shárú.

2. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin chun cosc a chur ar earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoinne intleachtúla, dul isteach sna bealaí tráchtála nó gluaiseacht iontu.
3. I gcás sárú líomhnaithe arna dhéanamh ar scála tráchtála, áiríteoidh gach Páirtí, má léiríonn an t-iarratasóir gurb ann do chúinsí a fhágann gur dócha go gcuirfear i mbaol aisghabháil na ndamáistí, go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha a ordú go gcuirfear stop réamhchúraim le maoin shochorraithe agus dhochorraithe an tsáraitheora líomhnaithe a aistriú nó a dhéileáil, agus, i gcás ina bhforáiltear dá leithéid le dlí an Pháirtí, go ndéanfar maoin shochorraithe agus dhochorraithe an tsáraitheora líomhnaithe a urghabháil, lena n-áirítear a chuid cuntas bainc agus sócmhainní eile dá chuid a bhacadh. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a ordú go gcuirfear faisnéis ábhartha bhainc, airgeadais nó tráchtála in iúl, nó go dtabharfar rochtain iomchuí ar an bhfaisnéis ábhartha.
4. Áiríteoidh gach Páirtí go mbeidh údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha, i leith na mbeart a shonraítear i míreanna 1 go 3, a cheangal ar an iarratasóir aon fhianaise atá ar fáil go réasúnta a sholáthar chun a dheimhniú dó féin ar leibhéal leordhóthanach cinnteachta gurb é an t-iarratasóir an sealbhóir cirt agus go bhfuil sárú á dhéanamh ar cheart an iarratasóra, nó go bhfuiltear ar tí an sárú sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 18.52

Bearta ceartaitheacha

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha a ordú, ar iarraidh ón iarratasóir agus gan dochar d'aon damáistí atá dlite don sealbhóir cirt mar gheall ar an sárú, agus gan cúiteamh d'aon sórt, go ndéanfaí earraí a dhíothú nó a bhaint go cinntitheach as na bealaí tráchtála earraí ar chinn siad a bhfuil sárú á dhéanamh acu ar cheart maoinne intleachtúla. Ar na coinníollacha céanna féadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha a ordú, más iomchuí, go ndíothófar ábhair agus uirlisí a úsáidtear go príomha chun earraí den sórt sin a chruthú nó a mhonarú.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha a ordú gur ar chostas an tsáraitheora a dhéanfar na bearta a shonraítear i mír 1, mura ndéanfar cúiseanna ar leith a agairt gan é sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 18.53

Urghairí

Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, i gcás ina ndéanfar cinneadh breithiúnach gur sáraíodh ceart maoinne intleachtúla, urghaire a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora atá ceaptha chun a thoirmeasc go leanfar ar aghaidh leis an sárú. Áiritheoidh gach Páirtí freisin go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha urghaire a eisiúint in aghaidh idirghabhálaí a n-úsáideann tríú páirtí a chuid seirbhísí chun ceart maoinne intleachtúla a shárú.

AIRTEAGAL 18.54

Bearta malartacha

Féadfaidh gach Páirtí a fhoráil, i gcásanna iomchuí agus arna iarraidh don duine a d'fhéadfaí a chur faoi réir na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 18.52 (Bearta ceartaitheacha) nó Airteagal 18.53 (Urghairí), go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú go n-íocfar cúiteamh airgid leis an bpáirtí díobháilthe seachas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 18.52 (Bearta ceartaitheacha) nó Airteagal 18.53 (Urghairí) a chur i bhfeidhm, más rud é gur ghníomhaigh an duine go neamhbheartaithe agus gan faillí, dá mba rud é go ndéanfadh forfheidhmiú na mbeart atá i gceist dochar doleigheasta dó agus dá ndealródh sé go mbeadh cúiteamh airgid don pháirtí díobháilthe réasúnta sásúil.

AIRTEAGAL 18.55

Damáistí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go n-ordóidh a údaráis bhreithiúnacha ar iarratas ón bpáirtí díobháilthe, don sáraitheoir a bhí ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht sháraitheach nó a bhí ag gabháil di agus forais réasúnta aige a bheith feasach ina leith, damáistí a íoc leis an sealbhóir cirt ar damáistí iad is iomchuí don díobháil iarbhír a d'fhulaing sé mar gheall ar an sárú.

2. Áiríteoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis bhreithiúnacha an méid seo a leanas agus na damáistí dá dtagraítear i mír 1 á socrú acu:
- (a) gach gné iomchuí a chur san áireamh, amhail na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha, lena n-áirítear brabúis chailte, a d'fhulaing an páirtí díobhálaíthe, aon bhrabús éagórach a rinne an duine a rinne an sárú agus, i gcásanna iomchuí, gnéithe seachas tosca eacnamaíocha, amhail an dochar morálta a rinneadh don sealbhóir cirt de bharr an tsáraithe; nó mar rogha ar an méid sin
- (b) féadfaidh siad, i gcásanna iomchuí, na damáistí a shocrú mar chnapshuim ar bhonn gnéithe amhail ar a laghad méid na ríchíosanna nó na dtáillí a bheadh dlite dá mba rud é gur iarr an sáraitheoir údarú chun leas a bhaint as an gceart maoine intleachtúla a bhí i gceist.
3. I gcás nach raibh an sáraitheoir ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht sháraitheach nó nach raibh sé ag gabháil di agus forais réasúnacha aige a bheith feasach ina leith, féadfaidh gach Páirtí a leagan síos go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha ordú a dhéanamh i bhfabhar an pháirtí dhíobhálaíthe, go ndéanfaí brabús a aisghabháil nó damáistí a d'fhéadfadh a bheith réamhbhunaithe a íoc.

AIRTEAGAL 18.56

Costais dlí

Áiríteoidh gach Páirtí, mar riail ghinearálta, gur ar an bpáirtí nár éirigh leis a thitfidh costais dlí réasúnacha, comhréireacha agus speansais eile a thabhóidh an páirtí ar éirigh leis, mura rud é nach mbeadh sé sin cothrom.

AIRTEAGAL 18.57

Cinntí breithiúnacha a fhoilsiú

Déanfaidh gach Páirtí foráil, in imeachtaí dlí arna dtionscnamh i leith sárú ar cheart maoine intleachtúla, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don iarratasóir agus ar chostas an duine a rinne an sárú, bearta iomchuí a ordú chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh a scaipeadh, lena n-áirítear an cinneadh a chur ar taispeáint agus é a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach.

AIRTEAGAL 18.58

Toimhde i dtaobh an údair nó an úinéara

Aithníonn na Páirtithe chun na bearta, nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear i Roinn C (Cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú) a chur i bhfeidhm:

- (a) i gcás údair saothair litríochta nó ealaíne, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt, gur leor ainm an té sin a bheith le feiceáil ar an saothar ar an ngnáthbhealach ionas go measfar gurb é an t-údar é agus dá dhroim sin go mbeidh sé i dteideal imeachtaí sáraithe a thionscnamh; agus
- (b) beidh feidhm ag an bhforáil faoi phointe (a) maidir le sealbhóirí ceart a bhaineann le cóipcheart i ndáil leis an ábhar dá gcuid atá faoi chosaint *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 18.59

Nósanna imeachta riaracháin

A mhéid is féidir aon leigheas sibhialta a ordú de bharr nósanna imeachta riaracháin ar fhiúntais cháis, beidh nósanna imeachta riaracháin i gcomhréir le prionsabail atá coibhéiseach ó thaobh substainte de leis na prionsabail a leagtar amach san Fhoroinn seo.

FOROINN 2

FORFHEIDHMIÚ TEORANN

AIRTEAGAL 18.60

Bearta teorann

1. Maidir le hearraí faoi rialú custaim, glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó coinneoidh sé nósanna imeachta ar bun trína bhféadfaidh sealbhóir cirt iarratais a chur isteach chuig údaráis chustaim Páirtí ag iarraidh orthu scaoileadh earraí a chur ar fionraí, nó na hearraí sin a choinneáil, ar earraí iad a bhfuil amhras fúthu go ndéantar sárú leo ar thrádmharcanna, cóipchearta agus cearta gaolmhara, tásca geografacha agus dearáí tionsclaíocha (dá ngairtear ‘earraí faoi amhras’ anseo feasta).
2. Beidh córais leictreonacha ar bun ag gach Páirtí le go ndéanfaidh a údaráis chustaim na hiarratais dá dtagraítear i mír 1 a bhainistiú.

3. Forálfaidh gach Páirtí, i gcás ina n-iarrann na húdaráis chustaim, go mbeidh d'oibleagáid ar shealbhóir an iarratais a deonaíodh nó a taifeadadh na costais a thabhaigh na húdaráis chustaim, nó páirtithe a ghníomhaíonn thar ceann na n-údarás custaim, ón uair a choimeádtar na hearraí nó a chuirtear a scaoileadh ar fionraí, lena n-áirítear stóráil, láimhseáil agus aon chostas a bhaineann leis na hearraí a scriosadh nó a dhiúscairt, na costais sin a chúiteamh.
4. Forálfaidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis chustaim cinneadh maidir le hiarratais dá dtagraítear i mír 1 a dheonú nó a thaifeadadh laistigh de thréimhse réasúnta ama.
5. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis an iarratas a deonaíodh nó a taifeadadh go mbeidh feidhm aige maidir le hil-lastais.
6. I dtaca leis na hearraí faoi rialú custaim, déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfaidh a údaráis chustaim gníomhú ar a thionscnamh féin chun scaoileadh earraí faoi amhras a chur ar fionraí nó iad a choinneáil.
7. Áiritheoidh gach Páirtí go mbainfidh a údaráis chustaim úsáid as anailís riosca chun earraí faoi amhras a shainaithint.
8. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach Páirtí lena gceadófar earraí faoi amhras a scriosadh, gan aon ghá a bheith ann roimh ré le himeachtaí riaracháin nó breithiúnacha chun na sárúithe a chinneadh go foirmiúil, i gcás ina gcomhthoílíonn na daoine i gceist leis an scriosadh nó nach bhfuil siad ina choinne. Mura ndéantar earraí den sórt sin a dhíothú, áiritheoidh gach Páirtí, ach amháin in imthosca eisceachtúla, go ndiúscrófar na hearraí sin lasmuigh de na bealaí tráchtála, ar bhealach lena seachnófar aon díobháil don sealbhóir cirt.

9. Féadfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige lena gceadaítear trádmharc góchumtha agus earraí bradacha a sheoltar i gcoinsíneachtaí poist nó mearchúiréirí a scriosadh go pras.
10. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earraí a cuireadh ar an margadh i dtír eile ag na sealbhóirí cirt nó lena dtoiliú. Féadfaidh Páirtí earraí de chineál neamhthráchtála i mbagáiste pearsanta daoine atá ag taisteal a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo.
11. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis chustaim idirphlé tráthrialta a choinneáil ar bun agus comhar a chur chun cinn leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus, i gcás inar gá, le húdaráis¹ eile a bhfuil baint acu le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú.
12. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí faoi amhras cearta maoine intleachtúla a shárú. Go háirithe, déanfaidh na Páirtithe faisnéis a chomhroinnt, a mhéid is féidir agus i gcás inar gá, maidir le trádáil in earraí faoi amhras cearta maoine intleachtúla a shárú a dhéanann difear do Pháirtí.
13. Gan dochar do chineálacha comhair eile beidh feidhm ag an gcúnamh riaracháin frithpháirteach dá ndéantar foráil in CCMAA, i ndáil le sárúithe ar an reachtaíocht maidir le cearta maoine intleachtúla a bhfuil údaráis chustaim Páirtí inniúil chun iad a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní chuimsítear údaráis bhreithiúnacha leis an téarma ‘údaráis eile’.

AIRTEAGAL 18.61

Comhsheasmhacht le GATT 1994 agus Comhaontú TRIPS

Agus bearta teorann á gcur chun feidhme acu i dtaca le forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla ag údaráis chustaim an Pháirtí, má chumhdaítear sin leis an bhForoinn seo nó mura gcumhdaítear, áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht lena n-oibleagáidí faoi GATT 1994 agus Comhaontú TRIPS agus, go háirithe le hAirteagal V de GATT 1994, Airteagal 41 agus Roinn 4 de Chuid III de Chomhaontú TRIPS.

ROINN D

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 18.62

Módúlachtaí comhair

1. Comhaontóidh na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn tacú le cur chun feidhme na ngealltanais agus na n-oibleagáidí ar tugadh fúthu faoin gCaibidil seo.
2. Maidir le comhar na bPáirtithe i ndáil le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus cúrsaí forfheidhmithe, féadfar na gníomhaíochtaí seo a leanas a áirithiú i gcás inar gá sin agus de réir mar is iomchuí:
 - (a) malartú faisnéise faoin gcreat dlíthiúil maidir le cearta maoine intleachtúla agus rialacha ábhartha cosanta agus forfheidhmiúcháin;

- (b) malartú taithí ar an dul chun cinn reachtach;
- (c) malartú taithí ar fhorfheidhmiú cearta maoine intleachtúla;
- (d) taithí a mhalartú maidir le forfheidhmiú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal folárnach ag lucht custaim, póilíní agus comhlachtaí riaracháin agus breithiúnacha;
- (e) comhordú, le tríú tíortha san áireamh, chun onnmhairiú earraí góchumtha a chosc;
- (f) cúnamh teicniúil, forbairt inniúlachta agus malartú agus oiliúint pearsanra;
- (g) cearta maoine intleachtúla a chosaint agus faisnéis i leith an mhéid sin a scaipeadh *inter alia* ar chiorcail ghnó agus an tsochaí shibhialta;
- (h) feasacht i measc an phobail a chur chun cinn maidir le tomhaltóirí agus sealbhóirí cirt;
- (i) feabhas a chur ar an gcomhar institiúideach, go háirithe idir oifigí maoine intleachtúla na bPáirtithe;
- (j) feasacht a chur chun cinn agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas i dtaca le beartais maidir le cosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla;

- (k) cosaint agus forfheidhmiú ceart maoin intleachtúla a chur chun cinn trí bhíthin comhar poiblí-príobháideach lena mbaineann fiontair bheaga agus mheánmhéide;
- (l) straitéisí éifeachtacha agus cláir chumarsáide a fhoirmiú chun lucht éisteachta/féachana agus cláir chumarsáide a shainathint chun méadú a dhéanamh ar fheasacht tomhaltóirí agus na meán ar an éifeacht a bhíonn ag sárúithe maoin intleachtúla, lena n-áirítear an riosca do shláinte agus do shábháilteacht agus an nasc leis an gcoireacht eagraithe; agus
- (m) malartú faisnéise agus taithe maidir le gnéithe d'acmhainní géiniteacha, eolas traidisiúnta agus léirithe cultúir a bhaineann le maoin intleachtúil.

3. Féadfaidh gach Páirtí sonraíochtaí táirgí, nó achoimre orthu, a chur ar fáil go poiblí, agus pointí teagmhála ábhartha chun tásca geografacha an Pháirtí a chosnaítear de bhun Fhoroinn 4 (Tásca geografacha) a rialú nó a bhainistiú.

4. Coinneoidh na Páirtithe teagmháil ar bun maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú na Caibidle seo, go díreach nó tríd an gCoiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha.

AIRTEAGAL 18.63

Tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara

Féachfaidh gach Páirtí le tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara a éascú chun sárú ar chearta maoiné intleachtúla a laghdú, lena n-áirítear sárú ar líne agus i margaí eile a dhíríonn ar fhadhbanna coinchréiteacha agus ar réitigh phraiticiúla atá réadúil, comhréireach agus cóir do gach duine lena mbaineann, ar na bealaí seo a leanas san áireamh:

- (a) féachfaidh gach Páirtí le páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile go toiliúil ina chríoch chun tionscnaimh dheonacha a éascú d'fhonn teacht ar réitigh agus easaontais a réiteach i dtaca le cearta maoiné intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus sárú a laghdú;
- (b) féachfaidh na Páirtithe le faisnéis a mhalartú lena chéile maidir le hiarrachtaí tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara ina gcríocha féin a éascú; agus
- (c) féachfaidh na Páirtithe le hidirphlé oscailte agus comhar a chur chun cinn i measc pháirtithe leasmhara na bPáirtithe, agus páirtithe leasmhara na bPáirtithe a spreagadh chun teacht ar réitigh i gcomhpháirt agus chun easaontais a réiteach maidir le cearta maoiné intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus maidir le sárú a laghdú.

AIRTEAGAL 18.64

An Coiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais
agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.
2. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gCoiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha, i leith na Caibidle seo:
 - (a) faisnéis agus eispéireas a mhalartú i leith saincheistanna a bhaineann le maoin intleachtúil, lena n-áirítear i réimse na dtásc geografach, lena n-áirítear forbairtí reachtacha agus beartais, agus aon ábhar leasa choitinn eile a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú na Caibidle seo;
 - (b) bheith freagrach as faisnéis a mhalartú maidir le tásca geografacha chun a gcosaint a mheas i gcomhréir le hAirteagal 18.34 (Tásca geografacha a chosaint); agus
 - (c) mar thoradh ar Airteagal 18.39(2) (Rialacha ginearálta), déileáil le haon ábhar a eascraíonn as sonraíochtaí táirge tásca geografach faoi chosaint an Pháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn 18-B (Liostaí na dtásc geografach).

CAIBIDIL 19

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 19.1

Comhthéacs agus cuspóirí

1. Meabhraíonn na Páirtithe Clár 21 agus Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaoil agus Forbairt, arna ghlacadh ag Rio de Janeiro an 14 Meitheamh 1992, Plean Cur Chun Feidhme an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe 2002, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008 ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 97^ú Seisiún, (dá ngairtear ‘Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom ’ anseo feasta), an Doiciméad deiridh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe dar teideal ‘The Future We Want’ a formhuiníodh le Rún A/RES/66/288 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 27 Iúil 2012, agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe ‘Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development’ , a glacadh le Rún A/RES/70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 (dá ngairtear ‘Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe’ anseo feasta) agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis.
2. Sa chomhthéacs sin, aithníonn na Páirtithe go bhfuil forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil ina gcomhpháirteanna den fhorbairt inbhuanaithe atá idirspiléach agus a threisiúnn a chéile.

3. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais chun forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach is go rannchuideofar le cuspóir na forbartha inbhuanaithe.
4. Aithníonn na Páirtithe an géarghá aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, mar a léirítear i dTuarascáil Speisialta ar Théamh Domhanda 1.5 °C an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide, chun cuidiú leis na cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil i ndáil le forbairt inbhuanaithe.
5. Is é cuspóir na Caibidle seo comhtháthú na forbartha inbhuanaithe a fheabhsú, go háirithe na gnéithe comhshaoil agus sóisialta di (go háirithe na gnéithe saothair), sa chaidreamh trádála agus infheistíochta idir na Páirtithe, lena n-áirítear trí idirphlé agus comhar a neartú.

AIRTEAGAL 19.2

An ceart chun rialáil agus leibhéil chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí:
 - (a) chun a bheartais agus tosaíochtaí um fhorbairt inbhuanaithe a chinneadh;
 - (b) na leibhéil chosanta comhshaoil agus saothair intíre, lena n-áirítear cosaint shóisialta, a mheasann sé a bheith iomchuí a shuí; agus

(c) chun a dhlí agus a bheartais ábhartha a ghlacadh nó a mhodhnú.

Ní mór leibhéil, dlíthe agus beartais den sórt sin a bheith i gcomhréir le tiomantas gach Páirtí do na comhaontuithe agus na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

3. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall a áirithiú go ndéanfar foráil ina dhlí agus ina bheartais ábhartha do leibhéil arda chosanta comhshaoil agus saothair, agus spreagfaidh sé a leithéid, agus déanfaidh sé gach iarracht chun feabhas a chur ar na leibhéil, na dlíthe agus na beartais sin.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlí comhshaoil nó saothair a lagú nó a laghdú chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

5. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlí comhshaoil nó saothair a tharscaoileadh ná maolú uaidh ar bhealach eile, ná ní dhéanfaidh sé a leithéid a thairiscint, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

6. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlí comhshaoil nó a dhlí saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach a bhealach a dhéanfaidh difear do thrádáil nó infheistíocht.

7. Ní bhunóidh agus ní úsáidfídh Páirtí a dhlí comhshaoil nó saothair nó bearta eile comhshaoil nó saothair ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil nó ar infheistíocht.

AIRTEAGAL 19.3

Caighdeán agus comhaontuithe iltaobhacha saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad forbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a gcuideoidh le hobair chuibhiúil do chách, mar a cuireadh in iúl i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom.
2. Ag tabhairt chun cuimhne Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dhlísteanach agus nár cheart caighdeán saothair a úsáid chun críoche caomhnaitheachta trádála.
3. I gcomhréir le Bunrecht na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag an 86ú Seisiún di sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998 agus leis an méid a lean as, , ní mór do gach Páirtí na prionsabail maidir le cearta bunúsacha ag an obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm atá mar ábhar choinbhinsiúin bhunúsacha de EIS, arb iad:
 - (a) an tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtacht a thabhairt don cheart cómhargála;
 - (b) gach cineál saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíchur¹;

¹ Dearbhaíonn na Páirtithe an tábacht a bhaineann le daingniú Phrótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, a glacadh sa Ghinéiv an 11 Meitheamh 2014 ag an gComhdháil Saothair Idirnáisiúnta ag a 103^ú Seisiún.

(c) cealú éifeachtach saothair leanaí; agus

(d) idirdhealú a dhíchur i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

4. Fáiltíonn na Páirtithe roimh chinneadh na 110^ú Comhdhála Saothair Idirnáisiúnta lena gcuirtear timpeallacht shábháilte shláintiúil oibre leis na prionsabail bhunúsacha agus na cearta bunúsacha ag an obair. Tráth nach déanaí ná a chéad chruinniú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun mír 3 a leasú dá réir chun na nithe breise sin a léiriú.

5. Déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha seasta chun Coinbhinsiúin bhunúsacha de EIS a dhaingniú mura bhfuil sé sin déanta acu go fóill¹.

6. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tréimhsiúil ar bhealach iomchuí maidir lena ndul chun cinn faoi seach i ndáil le coinbhinsiún EIS nó prótacail a dhaingniú.

7. Cuirfidh gach Páirtí coinbhinsiúin EIS chun feidhme atá daingnithe ag an Nua-Shéalainn agus na Ballstáit faoi seach agus a tháinig i bhfeidhm.

8. Déanfaidh gach Páirtí, agus aird chuí á tabhairt ar dhálaí agus coinníollacha náisiúnta, cuspoirí straitéiseacha EIS a chur chun cinn trína dhlíthe agus trína chleachtais féin, lena ndéantar Clár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS a léiriú, mar a leagtar amach i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom EIS, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le, *inter alia*, pá agus tuilleamh, uaireanta oibre, dálaí oibre eile agus cosaint shóisialta; agus

¹ Tugann na Páirtithe faoi deara gur dhaingnigh na Ballstáit go léir coinbhinsiún bhunúsacha de EIS.

(b) idirphlé sóisialta ar chúrsaí saothair idir páirtithe sóisialta agus údaráis rialtais ábhartha.

9. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) sláinte agus sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear gortú ceirde nó breoiteacht cheirde a chosc agus cúiteamh i gcás gortú nó breoiteacht den sórt sin; agus

(b) coinnigh córas cigireachta saothair éifeachtach ar bun.

10. Meabhraíonn gach Páirtí a oibleagáidí faoi mhír 7, i gcás inar dhaingnigh sé Coinbhinsiún EIS ábhartha a bhaineann le pointe (a) nó (b) de mhír 9.

11. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bhearta saothair agus beartais saothair a bhaineann le trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear in EIS. Féadfaidh comhar den sórt seo an méid a leanas a chumhdach *inter alia*:

(a) cur chun feidhme choinbhinsiúin bhunúsacha EIS, Choinbhinsiúin tosaíochta EIS agus Choinbhinsiúin EIS eile atá cothrom le dáta;

(b) obair chuibhiúil, lena n-áirítear na hidirnaisc idir trádáil agus fostaíocht iomlán agus tháirgiúil, coigeartú an mhargaidh shaothair, croíchaighdeáin saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta agus comhionannas inscne;

(c) cosaint cearta saothair grúpaí leochaileacha gach Páirtí a neartú; agus

- (d) tionchar an dlí saothair agus na gcaighdeán saothair ar thrádáil agus ar infheistíocht; nó tionchar an dlí trádála agus infheistíochta ar an saothar.

AIRTEAGAL 19.4

Trádáil agus comhionannas inscne

1. Aithníonn na Páirtithe an gá le comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a fheabhsú agus le gné inscne a chur chun cinn i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe. Thairis sin, aithníonn siad an méid tábhachtach a chuireann agus a chuirfidh mná leis an bhfás eacnamaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear trádáil idirnáisiúnta. Dá réir sin, cuireann na Páirtithe i dtábhacht a rún chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach a gcothaítear agus a bhfeabhsaítear comhionannas inscne.
2. Aithníonn na Páirtithe gur féidir le beartais trádála chuimsitheacha cuidiú chun cumhachtú eacnamaíoch na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn, i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i Sprioc 5 agus cuspóirí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ar Thrádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan arna ghlacadh ag Comhdháil Aireachta EDT in Buenos Aires an 12 Nollaig 2017.
3. Tarraingíonn na Páirtithe aird ar a thábhachtaí atá sé gné inscne a ionchorprú i bhfás eacnamaíoch cuimsitheach a chur chun cinn, agus ar an bpríomhról atá ag beartais inscne-fhreagrúla agus ag príomhshruthú inscne ina leith sin. Áirítear le beartais inscne-fhreagrúla agus le príomhshruthú inscne rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar agus i dtrádáil idirnáisiúnta a fheabhsú, lena n-áirítear trí chearta comhionanna agus rochtain chothrom ar dheiseanna rannpháirtíochta a sholáthar do mhná sa mhargadh saothair.

4. Cuirfidh gach Páirtí feasacht phoiblí chun cinn, mar aon le trédhearcacht a dhlíthe, a rialacháin agus a bheartais maidir le comhionannas inscne, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn acu ar fhás eacnamaíoch cuimsitheach agus ar bheartas trádála agus a n-ábharthacht ina leith.
5. D'athdhearbhaigh na Páirtithe a ngealltanais faoi Airteagal 19.2 (An ceart chun rialála agus leibhéil chosanta) i ndáil lena ndlíthe faoi seach atá dírithe ar chomhionannas inscne agus deiseanna comhionanna do mhná agus fir a áirithiú.
6. Cuirfidh gach Páirtí a oibleagáidí chun feidhme faoi choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe a bhfuil sé ina pháirtí iontu, a thugann aghaidh ar chomhionannas inscne nó ar chearta na mban, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, agus aird á tabhairt go háirithe ar a fhorálacha a bhaineann le hidirdhealú in aghaidh na mban a dhíothú sa saol eacnamaíoch agus i réimse na fostaíochta. Ina leith sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi seach faoi Airteagal 19.3 (Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair), lena n-áirítear na gealltanais sin a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach choinbhinsiúin EIS maidir le comhionannas inscne agus deireadh a chur le hidirdhealú i leith fostaíochta agus gairm bheatha.
7. Oibreoidh na Páirtithe le chéile ar ghnéithe de bhearta agus beartais um chomhionannas inscne a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí do mhná, agus oibríthe, mná gnó agus fiontraithe san áireamh, chun rochtain a thabhairt dóibh ar na deiseanna a chruthófar leis an gComhaontú seo agus chun tairbhiú de na deiseanna sin. Chuiige sin, éascóidh na Páirtithe comhar idir páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear wāhine Māori¹ i gcás na Nua-Shéalainne.

¹ Tagraíonn an téarma 'wāhine Māori' do mhná dúchasacha na Nua-Shéalainne.

8. Cumhdófar réimsí comhleasa, *inter alia*, leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 7:
- (a) malartú faisnéise agus dea-chleachtas a bhaineann le sonraí imdhealaithe de réir gnéis a bhailiú agus anailís bunaithe ar inscne a dhéanamh ar bheartais trádála;
 - (b) taithí agus dea-chleachtais a bhaineann le dearadh agus cur chun feidhme beartas agus clár, faireachán a dhéanamh orthu, meastóireacht a dhéanamh orthu agus iad a threisiú, ar bheartais agus clár iad atá dírithe ar rannpháirtíocht na mban i ngníomhaíocht eacnamaíoch a fheabhsú, lena n-áirítear trádáil idirnáisiúnta;
 - (c) rannpháirtíocht, ceannaireacht agus oideachas na mban a chur chun cinn, go háirithe i réimsí ina ndéantar tearcionadaíocht ar mhná go traidisiúnta, amhail eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM), chomh maith le nuálaíocht, ríomhthráchtáil agus aon réimse eile a bhaineann le trádáil;
 - (d) cuimsiú airgeadais, litearthacht airgeadais agus rochtain ar oideachas agus maoiniú trádála a chur chun cinn; agus
 - (e) malartú faisnéise agus taithí i ndáil le bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin, ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, nó caighdeáin theicniúla a bhaineann le húdarú maidir le seirbhís a sholáthar nach ndéanann idirdhealú bunaithe ar inscne.

9. Agus an tábhacht a bhaineann leis an obair ar thrádáil agus inscne a dhéanamh ar leibhéal iltaobhach á haithint, comhoibreoidh na Páirtithe i bhfórait idirnáisiúnta agus iltaobhacha, lena n-áirítear ag EDT agus ECFE, chun saincheistanna trádála agus inscne agus an tuiscint orthu a chur chun cinn, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí thuairisciú deonach mar chuid dá dtuarascálacha náisiúnta le linn a nAthbhreithnithe ar Bheartas Trádála EDT.

AIRTEAGAL 19.5

Comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus rialachas comhshaoil idirnáisiúnta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialachas idirnáisiúnta comhshaoil, go háirithe ról Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear ‘UNEP’ anseo feasta) agus a chomhlacht rialachais is airde, Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear ‘UNEA’ anseo feasta), agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil (dá ngairtear ‘MEAnna’ anseo feasta) mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshlám chomhshaoil domhanda nó réigiúnacha agus leagann siad béim ar an ngá atá ann an chomhthacaíocht fhrithpháirteach idir beartais chomhshaoil a fheabhsú.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí MEAnna, a bprótacail agus a leasuithe atá daingnithe aige agus a tháinig i bhfeidhm cheana féin a chur chun feidhme go héifeachtach.
3. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú go tréimhsiúil, agus ar bhealach iomchuí, ar a staideanna faoi seach a mhéid a bhaineann le bheith ina bpáirtithe i MEAnna, a bprótacail agus a leasuithe.

4. Dearbhaíonn na Páirtithe ceart gach Páirtí bearta a dhéanamh nó a choinneáil ar bun chun cuspóirí MEAnna ar páirtí iontu é a chur chun cinn. Meabhraíonn na Páirtithe go bhféadfadh údar cuí a thabhairt le bearta arna nglacadh nó arna bhforfheidhmiú chun MEAnna den sórt sin a chur chun feidhme faoi Airteagal 25.1 (Eisceachtaí ginearálta).

5. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta comhshaoil a bhaineann leis an trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóram idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, UNEP, UNEA, MEAnna, ECFE, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear ‘FAO’ anseo feasta) agus EDT. Féadfaidh comhar den sórt seo an méid a leanas a chumhdach *inter alia*:

- (a) beartais agus bearta a chothaíonn tacaíocht fhrithpháirteach do thrádáil agus an comhshaoil, lena n-áirítear:
 - (i) faisnéis a chomhroinnt maidir le beartais agus cleachtais chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a spreagadh; agus
 - (ii) tionscnaimh a chuireann le geilleagar ciorclach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhacainní ar thrádáil agus infheistíocht a bhaint;
- (b) tionscnaimh maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, lena n-áirítear na tionscnaimh sin arb é is aidhm dóibh fás glas agus laghdú ar thruailliú a chur chun cinn;
- (c) tionscnaimh chun trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí comhshaoil a spreagadh, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní gaolmhara taraife agus neamhtharaife;

- (d) tionchar an dlí saothair agus na gcaighdeán saothair ar thrádáil agus ar infheistíocht; nó tionchar an dlí trádála agus infheistíochta ar an gcomhshaol; agus
- (e) gnéithe eile de MEAnna a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear cur chun feidhme.

AIRTEAGAL 19.6

Trádáil agus athrú aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide agus a thionchar a chomhrac, agus aithníonn siad ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú, rud atá comhsheasmhach le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a rinneadh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 (dá ngairtear ‘UNFCCC’ anseo feasta), le cuspóir agus spriocanna Chomhaontú Pháras, le MEAnna eile agus le hionstraimí iltaobhacha eile i réimse an athraithe aeráide.
2. I bhfianaise mhír 1, cuirfidh gach Páirtí UNFCCC agus Comhaontú Pháras chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear gealltanais i ndáil le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta.
3. Le gealltanais gach Páirtí chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach faoi mhír 2 áirítear oibleagáid chun staonadh ó aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanfadh cuspóir agus críoch Chomhaontú Pháras a shárú go hábhartha.

4. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
- (a) déanfaidh sé tacaíocht fhrithpháirteach a chur chun cinn i gcás beartas agus beart trádála agus aeráide agus, ar an gcaoi sin, cuirfidh leis an aistriú i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa, i dtreo geilleagar atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus i dtreo forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de;
 - (b) éascóidh sé baint bacainní ar thrádáil agus ar infheistíocht in earraí agus i seirbhísí, ar earraí agus seirbhísí iad a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, amhail fuinneamh in-athnuaite, táirgí agus seirbhísí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, mar shampla trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní taraife agus neamhtharaife nó trí chreataí beartais a ghlacadh a chuideoidh leis na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a úsáid; agus
 - (c) trádáil astaíochtaí a chur chun cinn mar uirlis beartais éifeachtach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go héifeachtúil, agus sláine comhshaoil a chur chun cinn agus margadí carbóin idirnáisiúnta á bhforbairt.

5. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta don athrú aeráide a bhaineann le trádáil go déthaobhach agus go réigiúnach, lena n-áirítear le tríú tíortha agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear in UNFCCC (Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide), i gComhaontú Pháras, saEDT, i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózón, a rinneadh i Montréal an 16 Meán Fómhair 1987 (dá ngairtear ‘Prótacal Montréal’ anseo feasta), an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (dá ngairtear ‘ICAO’ anseo feasta) agus an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (dá ngairtear ‘IMO’ anseo feasta). Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach le comhar den sórt seo, *inter alia*:

- (a) idirphlé beartais agus comhar maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear maidir le bealaí lena gcuirfear chun cinn athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide, fuinneamh in-athnuaite, teicneolaíochtaí ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe, forbairt bonneagair atá inbhuanaithe agus aeráidseasmhach, faireachán ar astaíochtaí, agus gníomhaíochtaí maidir le hastaíochtaí i ndáil le tríú tíortha de réir mar is iomchuí;
- (b) malartuithe beartais agus teicniúla maidir le praghsáil carbóin intíre agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trádáil astaíochtaí agus caighdeáin éifeachtacha sláine comhshaoil a chur chun cinn agus iad á gcur chun feidhme;
- (c) tacóidh sé le IMO bearta chun laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh uailmhianach agus éifeachtach a ghlacadh agus a fhorbairt, ar bearta iad a bheidh le cur chun feidhme ag longa atá i mbun trádáil idirnáisiúnta, agus ar son na long sin; agus

- (d) tacú le plean uailmhianach chun deireadh a chur le substaintí ídithe ózóin agus hidreafluoracarbóin a laghdú de réir a chéile faoi Phrótacal Montréal trí bhearta chun a dtáirgeadh, a dtomhaltas agus a dtrádáil a rialú, táirgí malartacha nach ndéanann díobháil don chomhshaol a thabhairt isteach, sábháilteacht agus caighdeáin ábhartha eile a thabhairt cothrom le dáta agus trí thrádáil neamhdhleathach substaintí atá rialaithe ag Prótacal Montréal a chomhrac.

AIRTEAGAL 19.7

Fóirdheontas trádála agus breosla iontaise a athchóiriú

1. Meabhraíonn na Páirtithe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i Sprioc 12.C chun fóirdheontais breosla iontaise neamhéifeachtúla a chuíchóiriú lena spreagtar tomhaltas diomailteach, lena n-áirítear fóirdheontais breosla iontaise dhíobhálacha a chéimniú amach, Comhshocrú Aeráide Ghlaschú, a glacadh i nGlaschú an 13 Samhain 2021, agus Ráiteas Airí EDT maidir le Fóirdheontais Breosla Iontaise, a glacadh sa Ghinéiv an 14 Nollaig 2021 lena spreagtar iarrachtaí i dtreo an Sprioc sin a bhaint amach.
2. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh fóirdheontais breosla iontaise margaí a shaobhadh, fuinneamh in-athnuaite agus glan a chur faoi mhíbhuntáiste, agus a bheith neamhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras.
3. I bhfianaise mhíreanna 1 agus 2, tá sprioc choiteann ag na Páirtithe d'fhóirdheontais breosla iontaise a athchóiriú agus a laghdú agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanas oibriú chun an sprioc sin a chomhlíonadh i gcomhréir le dálaí náisiúnta, agus riachtanais shonracha na ndaonraí lena mbaineann á gcur san áireamh go hiomlán.

4. Déanfaidh na Páirtithe a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus bearta a bhaineann leis an trádáil i leith fóirdheontais bhreosla iontaise, go déthaobhach, agus i bhfóiraim idirnáisiúnta. Oibreoidh na Páirtithe le chéile, ag tabhairt faoi deara gur féidir ról lárnach a bheith ag EDT sa chlár oibre um breoslaí iontaise a athchóiriú, agus spreagfaidh siad Comhaltaí eile EDT chun an t-athchóiriú a chur chun cinn agus disciplíní fóirdheontais bhreosla iontaise nua a shaothrú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, lena n-áirítear trí trédhearcacht agus tuairisciú níos fearr lena gcumasófar meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí trádála, eacnamaíocha agus comhshaoil na gclár um fhóirdheontais bhreosla iontaise.

AIRTEAGAL 19.8

Trádáil agus bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir leis na MEAnna ábhartha ar páirtí iontu iad, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 (dá ngairtear ‘an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht’ anseo feasta agus na Prótacail a ghabhann leis, agus an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, a rinneadh in Washington an 3 Márta 1973 (dá ngairtear ‘CITES’ anseo feasta), agus na cinntí arna nglacadh faoi na Coinbhinsiúin sin.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
 - (a) cuirfidh sé bearta éifeachtacha chun feidhme chun trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, lena n-áirítear i leith tríú tíortha, de réir mar is iomchuí;

- (b) caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe speiceas atá liostaithe in CITES a chur chun cinn, agus na speicis ainmhithe agus plandaí sna Foscíbhinní a ghabhann le CITES a chuimsiú i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir lena liostú, agus athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh, as a bhféadfaí moladh a dhéanamh chun na Foscíbhinní a ghabhann le CITES a leasú, chun a áirithiú go léirítear go hiomchuí iontu riachtanais chaomhnaithe na speiceas atá faoi réir trádáil idirnáisiúnta;
 - (c) trádáil i dtáirgí a chur chun cinn, i ndáil le táirgí a fhaightear ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha chun rannchuidiú le caomhnú na bithéagsúlachta; agus
 - (d) gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú nuair atá sí faoi réir brúnna atá nasctha le trádáil agus infheistíocht, go háirithe chun cosc a chur ar leathadh speiceas coimhthíoch ionrach.
3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé meas a léiriú ar eolas, nuálaíochtaí agus cleachtais pobal dúchasach agus pobal áitiúil lena gcorpraítear stíleanna maireachtála traidisiúnta, agus iad a chaomhnú agus a choinneáil ar bun, rud a chuireann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, chomh maith le ról na trádála idirnáisiúnta chun tacú leis sin.
4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bhearta agus beartais bithéagsúlachta a bhaineann le trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóiraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus in CITES. Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach le comhar den sórt sin, *inter alia*:
- (a) tionscnaimh agus dea-chleachtais maidir le trádáil táirgí agus seirbhísí arna ndíorthú ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha agus é mar aidhm acu an bhithéagsúlacht a chaomhnú;

- (b) trádáil agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n-áirítear caipiteal nádúrtha agus modhanna cuntasáiochta éiceachórais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, luacháil a dhéanamh ar éiceachórais agus ar a seirbhísí agus ionstraimí eacnamaíocha gaolmhara;
- (c) rachaidh sé i ngleic le trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra, lena n-áirítear trí thionscnaimh chun an t-éileamh ar tháirgí neamhdhleathacha fiadhúlra a laghdú agus trí thionscnaimh chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar;
- (d) rochtain ar acmhainní géiniteacha, agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as a n-úsáid, i gcomhréir le cuspóirí an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht; agus
- (e) faisnéis agus taithí bainistíochta a chomhroinnt maidir le speiceas coimhthíoch ionrach a ghluaiseacht, a chosc, a bhrath, a rialú agus a dhíothú, d'fhonn feabhas a chur ar iarrachtaí chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus drochthionchair na speiceas coimhthíoch ionrach agus aghaidh a thabhairt orthu.

AIRTEAGAL 19.9

Trádáil agus foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le bainistiú inbhuanaithe foraoisí chun feidhmeanna comhshaoil agus deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a sholáthar don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht, agus aithníonn siad ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
 - (a) an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac, lena n-áirítear maidir le tríú tíortha, trí ghníomhaíocht reachtach nó eile;
 - (b) caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí, agus trádáil táirgí foraoise a lománaíodh de réir dhlí thír na lománaíochta agus a lománaíodh ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe, a chur chun cinn; agus
 - (c) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh a bhaineann le trádáil maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, rialachas foraoisí agus caomhnú cumhdaigh foraoise, agus oibriú i gcomhar chun tionchar agus tacaíocht fhrithpháirteach a mbeartas leasa choitinn faoi seach a uasmhéadú.
3. Ag aithint dóibh go bhfuil dífhoraoisiú ina phríomhchúis le téamh domhanda agus cailliúint na bithéagsúlachta, déanfaidh na Páirtithe eolas agus taithe a mhalartú ar bhealaí chun tomhaltas agus trádáil táirgí ó shlabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a spreagadh, chun an riosca a íoslaghdú go gcuirfear táirgí a thagann ó dhífhoraoisiú nó ó dhíghrádú foraoise ar an margadh.
4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann leis an trádáil i leith bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a íoslaghdú, caomhnú foraoisí, lománaíocht neamhdhleathach, agus ról na bhforaoisí agus táirgí atá bunaithe ar adhmaid maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus sna geilleagair chiorclacha agus sna bithgheilleagair, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 19.10

Trádáil agus bainistiú inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothrú

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon leis an ról atá ag an trádáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
2. Aithníonn na Páirtithe go mbíonn bainistiú neamhleor iascaigh, foirmeacha d'fhóirdheontais iascaigh a chuireann le róthuilleadh agus ró-iascaireacht, agus iascaireacht NNN ina mbagairt ar stoic éisc, ar shlite beatha na ndaoine a théann i mbun cleachtas iascaireachta freagrach agus ar inbhuanaitheacht na trádála i dtáirgí iascaigh, agus deimhníonn siad an gá le gníomhaíocht chun deireadh a chur le cleachtais den sórt sin.

3. I bhfianaise mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:
- (a) bearta caomhnaithe agus bainistíochta factéarmacha a chur chun feidhme chun úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní muirí a áirithiú bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is fearr atá ar fáil, cur i bhfeidhm an chur chuige réamhchúraim mar aon le dea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta i gcomhréir le comhaontuithe ábhartha na Náisiún Aontaithe agus FAO¹, chun:
- (i) ró-iascaireacht agus róthoilleadh a chosc;
- (ii) foghabháil speiceas nach spriocspeicis iad agus iasc óg a íoslaghdú; agus
- (iii) athshlánú stoc a ndearnadh ró-iascaireacht orthu a chur chun cinn;
- (b) páirt dhearfach a ghlacadh in obair na neagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (dá ngairtear ‘ERBInna’ anseo feasta) a bhfuil siad ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí, nó ina bpáirtithe neamhchonarthacha comhoibríocha díobh, ar mhaithe le dea-rialachas ar iascaigh agus iascaigh inbhuanaithe, amhail trí thaighde eolaíoch a chur chun cinn agus bearta caomhnaithe a ghlacadh bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil, sásraí comhlíontachta a neartú, athbhreithnithe feidhmíochta tréimhsiúla a dhéanamh agus rialú, faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar bhainistiú ERBInna; agus

¹ I measc chomhaontuithe ábhartha na Náisiún Aontaithe agus FAO tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraiige 1982 UNCLoS, Comhaontú FAO chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn, arna dhéanamh sa Róimh an 24 Samhain 1993, Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraiige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme, arna ghlacadh an 4 Lúnasa 1995, an Comhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, arna dhéanamh sa Róimh an 22 Samhain 2009, agus Cód Iompair FAO d’Iascaigh Fhreagracha, arna ghlacadh trí bhíthin Rún 4/95 ó Chomhdháil FAO an 31 Deireadh Fómhair 1995 (dá ngairtear ‘Cód Iompair FAO d’Iascaigh Fhreagracha’ anseo feasta).

- (c) cur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur chun feidhme maidir le bainistiú iascaigh chun a áirithiú go ndéantar tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar an éiceachóras muirí a íoslaghdú, agus caomhnú fadtéarmach turtar mara, éanlaithe mara, mamach farraige agus speiceas eile a aithnítear mar faoi bhagairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha ar páirtí iontu é a chur chun cinn.
4. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil iascaireacht NNN ina bagairt ar stoic iascaigh agus ar shlite beatha iascairí freagracha, agus aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht chomhbheartaithe náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar iascaireacht NNN i gcomhréir le hionstraimí réigiúnacha agus idirnáisiúnta¹ agus trí úsáid a bhaint as creataí iltaobhacha agus idirnáisiúnta ábhartha.
5. Chun tacú le hiarrachtaí chun dul i ngleic le hiascaireacht NNN agus chun cuidiú le trádáil earraí a thagann ó speicis arna mbuain le hiascaireacht NNNa chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, tacóidh gach Páirtí le córais faireacháin, rialaithe, faireachais, comhlíonta agus forfheidhmithe, lena n-áirítear trí bhearta éifeachtacha a ghlacadh, a athbhreithniú nó a leasú, de réir mar is iomchuí, chun:
- (a) soithí faoina mbratacha agus a náisiúnaigh a dhíspreagadh ó thacú le hiascaireacht NNN agus ó bheith páirteach in iascaireacht NNN, agus freagairt ar iascaireacht NNN nuair a tharlaíonn sé nó nuair a thacaítear leis; agus

¹ Áirítear leis na hionstraimí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, an Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuaisricithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, 2001, Dearbhú na Róimhe maidir le hIascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuaisricithe agus Neamhrialáilte 2005, arna ghlacadh sa Róimh an 12 Márta 2005, an Comhaontú ar Bhearta Stát an Chalafóirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuaisricithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, arna dhéanamh sa Róimh, an 22 Samhain 2009, Taifead Domhanda FAO de Shoithí Iascaireachta, Soithí Iompair Cuisnithe agus Soithí Soláthair, chomh maith le hionstraimí lena mbunaítear ERBInna agus arna nglacadh ag ERBInna, a shainítear mar shocruithe nó eagraíochtaí iascaigh idir-rialtasacha, de réir mar is iomchuí, atá inniúil chun bearta caomhnaithe agus bainistíochta a bhunú.

- (b) inrianaitheacht a spreagadh, inrianaitheacht leictreonach agus deimhniú a éascú chun táirgí ó iascaireacht NNN a eisiamh ó shreabha trádála, agus comhar agus malartú faisnéise a spreagadh.
6. Cuirfidh na Páirtithe forbairt do bharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh chun cinn, agus na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, cultúir agus comhshaoil de á gcur san áireamh, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair d'Iascaigh Fhreagraigh den Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta.
7. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le trádáil i mbeartais agus bearta iascaigh agus do bharshaothraithe, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear EDT, san Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, in ECFE, i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, in ERBI agus ionstraimí iltaobhacha eile sa réimse sin, agus é mar aidhm acu cleachtais inbhuanaithe iascaireachta agus trádáil i dtáirgí éisc a chur chun cinn ó iascaigh a bhainistítear go hinbhuanaithe.

AIRTEAGAL 19.11

Trádáil agus infheistíocht a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe gur féidir leis an méid seo a leanas cuidiú go suntasach leis an bhforbairt inbhuanaithe:
- (a) trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó a chuireann le dálaí sóisialta a fheabhsú; agus

- (b) úsáid a bhaint as scéimeanna inbhuanaitheachta trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach nó tionscnaimh dheonacha eile.
2. Chuige sin, meabhraíonn na Páirtithe a ngealltanas faoi Airteagal 2.5 (Díothú dleachtanna custaim) chun dleachtanna custaim ar earraí comhshaoil de thionscnamh an Pháirtí eile a dhíchur. Cuireann earraí comhshaoil den sórt sin le spriocanna comhshaoil agus aeráide a bhaint amach trí dhamáiste comhshaoil d’uisce, aer agus ithir a chosc, a theorannú, a íoslaghdú nó a leigheas agus trí chuidiú le scaipeadh teicneolaíochtaí a chuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú. Soláthraítear liosta léiritheach d’earraí comhshaoil den sórt sin¹ i Liosta A d’Iarscríbhinn 19 (Earraí agus seirbhísí comhshaoil).
3. Thairis sin, meabhraíonn na Páirtithe a ngealltanais maidir le seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta faoi Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus in infheistíocht), lena n-áirítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCaibidil sin. Cuireann na seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta sin le spriocanna comhshaoil agus aeráide a bhaint amach trí dhamáiste comhshaoil d’uisce, aer agus ithir a chosc, a theorannú, a íoslaghdú nó a leigheas agus trí chuidiú leis an aistriú go dtí geilleagar ciorclach. Soláthraítear liosta léiritheach de sheirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta den sórt sin² i Liosta B d’Iarscríbhinn 19 (Earraí agus seirbhísí comhshaoil).
4. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí trádáil agus infheistíocht sa mhéid seo a leanas a chur chun cinn agus a éascú:
- (a) earraí agus seirbhísí comhshaoil;

¹ Tá liosta na n-earraí comhshaoil in Iarscríbhinn 19 (Earraí agus seirbhísí comhshaoil) neamhchuimsitheach agus gan dochar don chur chuige i leith earraí comhshaoil a liostú a bhféadfaidh an Nua-Shéalainn nó an tAontas a ghlacadh i gcaibidlíocht eile.

² Tá liosta na seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta neamhchuimsitheach agus gan dochar don chur chuige i leith seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta a liostú a bhféadfaidh an Nua-Shéalainn nó an tAontas a ghlacadh i gcaibidlíocht eile.

- (b) earraí a chuireann le dálaí sóisialta feabhsaithe; agus
- (c) earraí atá faoi réir scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach amhail scéimeanna trádála córa agus eiticiúla agus éicilipéid.

5. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na gníomhaíochtaí chun trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn agus a éascú dá dtagraítear i mír 4:

- (a) gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus faisnéis agus feachtais oideachais phoiblí;
- (b) creataí beartais a ghlacadh atá fabhrach do na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a chur in úsáid;
- (c) glacadh scéimeanna trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach a spreagadh, go háirithe le haghaidh FBManna;
- (d) aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaife lena mbaineann; agus
- (e) tagairt do chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, amhail treoirlínte agus coinbhinsiún EIS nóMEAnna.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe trádála de shaincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta agus iltaobhacha de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise, dea-chleachtas agus tionscnamh for-rochtana.

AIRTEAGAL 19.12

Trádáil agus iompar gnó freagrach agus bainistiú an tslabhra soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hiompar gnó freagrach agus cleachtais um fhreagracht shóisialta chorparáideach, lena n-áirítear slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach, agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
 - (a) ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacú lena scaipeadh agus lena n-úsáid, amhail Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta ó EIS, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine ‘Cur chun feidhme Chreat na Náisiún Aontaithe “Cosaint, Meas agus Leigheas”, arna fhorghuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine ina Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011, (dá ngairtear ‘Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine’ anseo feasta); agus
 - (b) freagracht shóisialta chorparáideach agus iompar freagrach gnó a chur chun cinn, lena n-áirítear slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach, trí chreataí beartais tacaíochta a chur ar fáil lena spreagtar gnólachtaí chun cleachtais iomchuí a ghlacadh.

3. Aithníonn na Páirtithe áirgiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí agus i réimse an iompair gnó fhreagraigh agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin. Maidir le Treoraíocht ECFE um Dhícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht nó ó Limistéir Ardriosca agus na forlíonta a bhaineann léi, cuirfidh gach Páirtí bearta chun feidhme chun glacadh Threoir ECFE um Dhícheall Cuí a chur chun cinn sin. Mar chomhaltaí de Choiste FAO maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain, músclóidh na Páirtithe feasacht ar na [Na Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus i gCórais Bhia] agus na ‘Voluntary Guidelines on Responsible Governance of Tenure of Land, Fisheries and Forests in the Context of National Food Security’ [Na Treoirlínte Deonacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándaíl Náisiúnta an tSoláthair Bia].

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe trádála de shaincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise, dea-chleachtas agus tionscnamh for-rochtana.

AIRTEAGAL 19.13

Faisnéis eolaíoch agus theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag na Páirtithe arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint, déanfaidh gach Páirtí faisnéis eolaíoch agus theicniúil, caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte nó moltaí a bheidh ar fáil a chur san áireamh.

2. I gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim¹, i gcás inarb ann do rioscaí go bhféadfaí damáiste thromchúiseach nó dhochúlaithe a dhéanamh don chomhshaol nó do shábháilteacht agus sláinte ag an obair, ní bhainfear úsáid as an easpa cinnteachta eolaíche chun cosc a chur ar Pháirtí bearta iomchuí a ghlacadh chun an damáiste sin a chosc.

3. Ní chuirfear na bearta dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm go treallach ná go hidirdhealaitheach, ná ar bhealach eile a d'fhágfadh nach mbeadh iontu ach srian faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 19.14

Trédhearcacht

Chun eolas a sholáthar le haghaidh bearta den sórt sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, soláthróidh gach Páirtí, a mhéid is féidir agus is iomchuí, deis réasúnta do dhaoine leasmhara agus páirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur in iúl maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) bearta arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint; agus
- (b) bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo i gcríoch an Aontais, ciallaíonn an téarma an cur chuige réamhchúraim do phrionsabal an réamhchúraim.

AIRTEAGAL 19.15

An Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Leis an Airteagal seo comhlánaítear agus sonraítear Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a thuilleadh.
2. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, i ndáil leis an gCaibidil seo:
 - (a) na cúraimí a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 26.13(3) (Bearta comhlíontachta);
 - (b) cuidiú le hobair an Choiste um Thrádáil maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear i ndáil le hábhair atá le plé leis na grúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile); agus
 - (c) aon ábhar eile a bhreithniú a bhaineann leis an gCaibidil seo mar a comhaontaíodh idir na Páirtithe.
3. Foilseoidh an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe tuarascáil tar éis gach ceann dá chruinnithe.
4. Tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar theachtaireachtaí agus tuairimí ón bpobal maidir le hábhair a bhaineann leis an gCaibidil seo. Féadfaidh Páirtí na grúpaí comhairleacha baile a bunaíodh faoi Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile) agus pointe teagmhála an Pháirtí eile, arna ainmniú de bhun Airteagal 19.16 (Pointí teagmhála), a chur ar an eolas faoi na teachtaireachtaí agus na tuairimí sin.

AIRTEAGAL 19.16

Pointí teagmhála

Ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo, ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid agus comhar idir na Páirtithe maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a éascú agus cuirfidh sé sonraí teagmhála an phointe teagmhála in iúl don Pháirtí eile. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

CAIBIDIL 20

COMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCH MAIDIR LEIS NA MAORAIGH

AIRTEAGAL 20.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) Ciallaíonn ‘Aotearoa an Nua-Shéalainn [Aotearoa New Zealand]’ an Nua-Shéalainn, atá ina Páirtí sa Chomhaontú seo. Is téarma Maoraise é Aotearoa a thagraíonn don Nua-Shéalainn;

- (b) ciallaíonn ‘te ao Māori’ dearcadh na Maorach ar chúrsaí an tsaoil bunaithe ar chur chuige iomlánaíoch i leith an tsaoil;
- (c) ciallaíonn ‘mātauranga Māori’ eolas traidisiúnta na Maorach a bhaineann le te ao Māori;
- (d) ciallaíonn ‘tikanga Māori’ prótacail, custaim agus gnáthchleachtas na Maorach;
- (e) ciallaíonn ‘kaupapa Māori’ cur chuige atá bunaithe go daingean ar te ao Māori ar chúrsaí an tsaoil;
- (f) tagraíonn ‘cuir chuige i leith caidreamh leis na Maoraigh’ do whakapapa nó naisc teaghlaigh, agus gaolmhaireachtaí láidre a chothú, atá ina mbunluachanna ag croílár te ao Māori ar chúrsaí an tsaoil agus atá lárnach i gcaidreamh na Maorach;
- (g) ó dhearcadh te ao Māori ciallaíonn ‘folláine’ roinnt fachtóirí a chothromú agus a idirascadh ar fhachtóirí iad atá riachtanach do dhaoine aonair agus do ghrúpaí chun a bheith sláintiúil agus folláin; lena n-áirítear taha tinana (corp), taha hinengaro (intinn), taha wairua (spiorad), whenua (talamh), whakapapa (ginealach) agus kaitiakitanga (maoirseacht). Féadfar gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha agus cultúrtha a áireamh leis an téarma ‘folláine’ freisin;
- (h) ciallaíonn ‘taonga’ rud, gné, acmhainn nádúrtha nó maoin an-luachmhar nó ansa, agus is féidir é a bheith inlámhsithe nó dolámhsithe;
- (i) is é ‘Mānuka’ an focal Maoraise a úsáidtear go heisiach i ndáil leis an gcrann *Leptospermum scoparium* a fhasann in Aotearoa Nua-Shéalainn agus i ndáil le táirgí, lena n-áirítear mil agus ola, a fhaightear ón gcrann sin; tá Mānuka (bealaí éagsúla a litrítear é, ‘Manuka’ agus ‘Maanuka’ san áireamh) tábhachtach i gcultúr na Maorach mar taonga agus leigheas traidisiúnta; agus

- (j) ciallaíonn ‘wāhine Māori’ mná dúchasacha Aotearoa na Nua-Shéalainne.

AIRTEAGAL 20.2

Comhthéacs agus cuspóir

3. Aithníonn na Páirtithe gur doiciméad bunúsach é te Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi a bhfuil tábhacht bhunreachtúil leis do Aotearoa an Nua-Shéalainn.
2. Aithníonn na páirtithe a thábhachtaí atá an trádáil idirnáisiúnta chun folláine na Maorach a chumasú agus a chur chun cinn, chomh maith leis na dúshlán atá ann do na Maoraigh maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna trádála agus infheistíochta a eascraíonn as an trádáil idirnáisiúnta.
3. Is é is cuspóir don Chaibidil seo comhar frithpháirteach a shaothrú chun cuidiú le hiarrachtaí Aotearoa na Nua-Shéalainne chun spriocanna eacnamaíocha agus folláine na Maorach a chumasú agus a chur chun cinn.
4. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar faoin gCaibidil seo a chur chun feidhme, i gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne, ar bhealach atá comhsheasmhach le te Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi agus i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar fhaisnéis ó te ao Māori, mātauranga Māori, tikanga Māori agus kaupapa Māori.

5. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhféadfadh cuir chuige na Maorach, bunaithe ar fhaisnéis ó te ao Māori, mātauranga Māori, tikanga Māori agus kaupapa Māori, a chur le dearadh agus cur chun feidhme beartas agus clár in Aotearoa/sa Nua-Shéalainn lena gcosnófar toilmhianta trádála agus eacnamaíocha na Maorach agus lena gcuirfear chun cinn iad.
6. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhaineann le rannpháirtíocht na Maorach i dtrádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear trádáil dhigiteach. Áirítear leis sin, trí chuir chuige i leith caidreamh leis na Maoraigh a chur chun cinn, bunaithe ar fhaisnéis ó te ao Māori, mātauranga Māori, tikanga Māori agus kaupapa Māori, i gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne.
7. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhaineann le naisc idir dhaoine a fheabhsú, a d'fhéadfadh tarlú de thoradh ar na deiseanna a cruthaíodh leis an gCaibidil seo don dá Pháirtí.

AIRTEAGAL 20.3

Ionstraimí idirnáisiúnta

1. Tugann na Páirtithe an méid seo a leanas faoi deara:
 - (a) Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 13 Meán Fómhair 2007 agus a suíomhanna faoi seach i leith an Dearbhaithe sin;

- (b) an Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn de chuid Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), a glacadh i bPáras an 20 Deireadh Fómhair 2005;
- (c) Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;
- (d) a gcearta agus a bhfreagrachtaí faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht; agus
- (e) na Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Cur chun feidhme Chreat na Náisiún Aontaithe.

AIRTEAGAL 20.4

Forálacha sa Chomhaontú seo chun tairbhe na Maorach

Chomh maith leis an gCaibidil seo, tá forálacha sonracha i gCaibidlí eile den Chomhaontú seo a bhfuil sé mar aidhm acu rannpháirtíocht na Maorach i ndeiseanna trádála agus infheistíochta arna ndíorthú ón gComhaontú seo a fheabhsú, a chuireann a thuilleadh, i gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne, le cumas na Maorach a gcearta agus a leasanna a fheidhmiú faoi te Tiriti o Waitangi / Chonradh Waitangi. Áirítear le forálacha den sórt sin:

- (a) Caibidil 2 (Cóir náisiúnta agus rochtain ar an margadh le haghaidh earraí), lena n-áirítear Mānuka, mil Mānuka, ola Mānuka agus earraí eile a bhfuil spéis ag na Maoraigh iontu;

- (b) Caibidil 7 (Córais bhia inbhuanaithe), lena n-áirítear comhar maidir le heolas dúchasach, rannpháirtíocht, agus ceannaireacht i gcórais bhia, i gcomhréir le cúinsí náisiúnta faoi Airteagal 7.4 (Comhar chun inbhuanaitheacht córas bia a fheabhsú);
- (c) Caibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht);
- (d) Caibidil 12 (Trádáil dhigiteach);
- (e) Caibidil 14 (Soláthar poiblí);
- (f) Caibidil 18 (Maoin intleachtúil);
- (g) Caibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), lena n-áirítear wāhine Māori faoi Airteagal 19.4 (Trádáil agus comhionannas inscne);
- (h) Caibidil 21 (Fiontair bheaga agus mheánmhéide);
- (i) Caibidil 24 (Forálacha institiúideacha), lena n-áirítear ionadaíocht na Maorach i gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne sna grúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile) agus i bhFóram na Sochaí Sibhialta faoi Airteagal 24.7 (Fóram na Sochaí Sibhialta); agus
- (j) Caibidil 25 (Eisceachtaí agus forálacha ginearálta), lena n-áirítear maidir le te Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi faoi Airteagal 25.6 (Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi).

AIRTEAGAL 20.5

Gníomhaíochtaí comhair

1. Aithníonn na Páirtithe go ndéanfar gníomhaíochtaí comhair faoin gCaibidil seo laistigh den chreat atá ann cheana féin a socraíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil do gach Páirtí¹.
2. Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chaibidil seo a bhaint amach, féadfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí comhair a chomhordú, leis na Maoraigh i gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne, agus le páirtithe leasmhara eile de réir mar is iomchuí. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh leis na gníomhaíochtaí comhair sin:
 - (a) comhoibriú chun an deis a fheabhsú d'fhiontair faoi úinéireacht na Maorach rochtain a fháil ar na deiseanna trádála agus infheistíochta a chruthófar leis an gComhaontú seo agus tairbhiú díobh;
 - (b) comhoibriú chun naisc a fhorbairt idir an tAontas agus fiontair faoi úinéireacht na Maorach, le béim ar leith ar FBManna, chun rochtain ar shlabhraí soláthair nua agus reatha a éascú, deiseanna do thrádáil dhigiteach a chumasú agus a neartú, agus comhar a éascú idir fiontair maidir le trádáil i dtáirgí de chuid na Maorach;
 - (c) tacú le naisc eolaíochta, taighde agus nuálaíochta, de réir mar is iomchuí, idir an tAontas agus pobail na Maorach, de bhun an Chomhaontaithe ar chomhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas na Nua-Shéalainne²; agus

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorchuirtear aon oibleagáid dhlíthiúil ná airgeadais leis an gCaibidil seo, lena n-éileofaí ar na Páirtithe aon ghníomhaíocht chomhair ar leith a iniúchadh, tús a chur léi ná í a thabhairt i gcrích.

² IO AE L 171, 1.7.2009, lch. 28.

(d) comhoibriú agus malartú faisnéise agus taithí maidir le tásca geografacha.

3. Agus iad ag tabhairt faoi na gníomhaíochtaí comhair dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh gach Páirtí tuairimí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha a iarraidh, agus i gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne, tuairimí agus rannpháirtíocht na Maorach a iarraidh i gcomhréir le Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi.

4. Tarlóidh an comhar uile arna iarraidh sin do Pháirtí, de réir téarmaí arna gcomhaontú go frithpháirteach i leith gach gníomhaíochta comhair.

AIRTEAGAL 20.6

Sásra institiúideach

1. I gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 24.2(1) (Feidhmeanna an Choiste um Thrádáil), déanfaidh an Coiste um Thrádáil maoirseacht ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm, *inter alia*, na Caibidle seo agus éascóidh sé é sin.

2. I gcomhréir le hAirteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile), cuirfidh grúpa comhairleach baile gach Páirtí¹ comhairle ar an bPáirtí sin maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear na saincheisteanna sin a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, agus féadfaidh sé moltaí a chur isteach maidir leis an gCaibidil seo a chur chun feidhme.

¹ I gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne, beidh ionadaithe na maorach sa ghrúpa comhairleach Baile.

3. I gcomhréir le hAirteagal 24.7 (Fóram na Sochaí Sibhialta), déanfaidh Fóram na Sochaí Sibhialta¹, ina dtagann eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta atá bunaithe i geríocha na bPáirtithe le chéile, lena n-áirítear comhaltaí de na grúpaí comhairleacha baile, idirphlé ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear ar chur chun feidhme na Caibidle seo.
4. Déanfaidh an Comhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 53(1) den Chomhaontú Comhpháirtíochta faireachán ar fhorbairt an chaidrimh chuimsithigh idir na Páirtithe agus cuirfidh siad a dtuairimí in iúl agus déanfaidh siad moltaí maidir le saincheisteanna comhleasa, lena n-áirítear saincheisteanna nach gcumhdaítear leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 20.7

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach díospóidí) maidir leis an gCaibidil seo.

¹ I gcás Aotearoa na Nua-Shéalainne, beidh ionadaithe na Maorach ar Fhóram na Sochaí Sibhialta.

CAIBIDIL 21

FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

AIRTEAGAL 21.1

Cuspóirí

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le FBManna i gcaidrimh trádála agus infheistíochta iltaobhacha na bPáirtithe agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanais chun cumas na FBManna tairbhiú den Chomhaontú seo a fheabhsú.

AIRTEAGAL 21.2

Comhroinnt faisnéise

1. Déanfaidh gach Páirtí meán digiteach a bhunú nó a choinneáil ar bun, amhail suíomh gréasáin sonracha do FBM a chuireann ar a gcumas don phobal san Aontas agus sa Nua-Shéalainn rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gComhaontú seo go héasca, lena n-áirítear:

(a) achoimre ar an gComhaontú seo; agus

- (b) faisnéis arna dearadh do FBManna lena gcuimsítear:
- (i) tuairisc ar na forálacha sa Chomhaontú seo a mheasann gach Páirtí a bheith ábhartha maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide an dá Pháirtí; agus
 - (ii) aon fhaisnéis bhreise a mheasfaidh gach Páirtí a bheadh úsáideach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar spéis leo tairbhe a bhaint as an gComhaontú seo.
2. Soláthróidh gach Páirtí rochtain tríd an meán digiteach dá dtagraítear i mír 1, ar an méid seo a leanas:
- (a) téacs an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis, go háirithe sceidil taraifí, agus rialacha tionscnaimh táirgeshonracha;
 - (b) meán digiteach coibhéiseach an Pháirtí eile; agus
 - (c) suíomhanna gréasáin a údarás féin a mheasann an Páirtí a chuirfeadh faisnéis úsáideach ar fáil do dhaoine a bhfuil suim acu i dtrádáil, in infheistiú agus i ngnó a dhéanamh ina chríoch.
3. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c), mír 2, de réir mar is iomchuí:
- (a) rialacháin chustaim agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras chomh maith le foirmeacha, doiciméid agus faisnéis ábhartha eile;

- (b) bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta de réir mar a cheanglaítear le Caibidil 6 (Bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta);
 - (c) rialacháin theicniúla agus ábhair eile de réir mar a cheanglaítear le Caibidil 9 (Bacainní teicniúla ar an trádáil);
 - (d) rialacha maidir le soláthar poiblí, bunachar sonraí ina bhfuil fógraí i ndáil le soláthar poiblí agus faisnéis ábhartha eile de bhun Chaibidil 14 (Soláthar poiblí);
 - (e) rialacháin agus nósanna imeachta maidir le cearta maoine intleachtúla de réir mar a éilítear le Caibidil 18 (Maoin intleachtúil);
 - (f) nósanna imeachta chun gnólacht a chlárú; agus
 - (g) faisnéis eile a mheasfaidh an Páirtí a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.
4. Soláthróidh gach Páirtí rochtain tríd an meán digiteach dá dtagraítear i mír 1, amhail trí nasc idirlín ar shuíomh gréasáin chuig bunachar sonraí inchoirdaithe nó a choibhéis, chuig an bhfaisnéis tháirgeshonrach agus an fhaisnéis chineálach seo a leanas, i ndáil lena mhargadh:-
- (a) rátaí dleachtanna agus cuótaí custaim, lena n-áirítear an náisiún bharrfhabhair, rátaí a bhaineann le tíortha nach náisiúin bharrfhabhair iad agus le rátaí fabhracha agus cuótaí rátaí taraife;
 - (b) dleachtanna máil;

- (c) cánacha (cáin bhreisluacha nó díolacháin);
- (d) táillí custaim nó táillí eile, lena n-áirítear táillí táirgeshonracha;
- (e) rialacha tionscnaimh dá ndéantar foráil i gCaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh);
- (f) aisíocaíocht dleachta, iarchur, nó cineálacha eile faoisimh lena ndéantar dleachtanna custaim a laghdú, a aisíoc nó a tharscaoileadh;
- (g) na critéir a úsáidtear chun luach custaim an earra a chinneadh;
- (h) bearta taraife eile;
- (i) faisnéis is gá le haghaidh nósanna imeachta allmhairiúcháin; agus
- (j) faisnéis a bhaineann le rialacháin nó bearta neamhtharaife.

5. Déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a sholáthraítear faoin Airteagal seo a nuashonrú go rialta, nó arna iarraidh sin don Pháirtí eile, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus cruinn.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfean an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo i láthair i bhfoirm atá éasca le húsáid do FBManna. Féachfaidh gach Páirtí le faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i mBéarla.

7. Ní ghearrfaidh Páirtí táille ar rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo do dhuine ó cheachtar den dá Pháirtí.

AIRTEAGAL 21.3

Pointí teagmhála FBManna

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála do FBManna a bheidh freagrach as na feidhmeanna a liostaítear san Airteagal seo a chomhlíonadh agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi na sonraí teagmhála don phointe teagmhála FBManna. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.
2. Déanfaidh pointí teagmhála FBManna na nithe seo a leanas:
 - (a) áiritheoidh siad go ndéanfar riachtanais FBManna a chur san áireamh i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo ionas go bhféadfaidh FBManna an dá Pháirtí leas a bhaint as an gComhaontú seo;
 - (b) áiritheoidh siad go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21.2 (Comhroinnt faisnéise) cothrom le dáta agus ábhartha do FBManna. Féadfaidh Páirtí, trí phointe teagmhála na FBManna, faisnéis bhreise a mholadh a fhéadfaidh an Páirtí eile a chur san áireamh leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 21.2 (Comhroinnt faisnéise);
 - (c) scrúdú a dhéanamh ar aon ábhar atá ábhartha maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide i ndáil leis an gComhaontú seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (i) faisnéis a mhalartú chun cabhrú leis an Coiste um Thrádáil lena chúram faireachán a dhéanamh ar na gnéithe sin den Chomhaontú seo a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus iad a chur chun feidhme; agus

- (ii) cúnadh a thabhairt do choistí eile, do phointí teagmhála agus do mheithleacha comhpháirteacha a bhunaítear leis an gComhaontú seo agus ábhair atá ábhartha do FBManna á mbreithniú;
 - (d) tuairisc a thabhairt go tréimhsiúil ar a ngníomhaíochtaí, i gcomhpháirt nó ar leithligh, don Choiste um Thrádáil lena mbreithniú; agus
 - (e) breithniú a dhéanamh ar aon ní eile a thiocfaidh chun cinn faoin gComhaontú seo a bhaineann le FBManna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.
3. Tiocfaidh pointí teagmhála FBManna le chéile de réir mar is gá agus déanfaidh siad a gcuid oibre duine le duine nó ar mhodhanna iomchuí eile, ar a bhféadfaí post leictreonach, físchomhdháil nó modhanna eile a áireamh.
4. Féadfaidh pointí teagmhála FBManna féachaint le dul i gcomhar le saineolaithe agus eagraíochtaí seachtracha, de réir mar is iomchuí, agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu.

AIRTEAGAL 21.4

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach díospóidí) maidir leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 22

DEA-CHLEACHTAS RIALÁLA AGUS COMHAR RIALÁLA

AIRTEAGAL 22.1

Prionsabail ghinearálta

1. Beidh gach Páirtí in ann a chur chuige i leith dea-chleachtas rialála agus comhar rialála a chinneadh faoin gComhaontú ar bhealach a bheidh i gcomhréir le leis an gcreat dlíthiúil, leis an geleachtas agus leis na prionsabail bhunúsacha¹ is bunús lena chóras rialála féin.
2. Ní fhorléireofar le haon ní sa Chaibidil seo go gceanglófar ar Pháirtí:
 - (a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;
 - (b) bearta a dhéanamh a chuirfeadh cuspóir beartais phoiblí birt rialála áirithe i mbaol nó a bhainfeadh an bonn de;
 - (c) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó iad a bhac, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó
 - (d) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

¹ I gcás an Aontais, is iad prionsabail sin na prionsabail a áirítear in CFAE agus a dhíorthaítear uaidh.

3. Beidh sé de shaoirse ag gach Páirtí a thosaíochtaí rialála a shainnithint agus bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí rialála sin agus na leibhéil cosanta a mheasann an Páirtí a bheith iomchuí a áirithiú.

AIRTEAGAL 22.2

Sainmhínte

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘údarás rialála’:
 - (i) i gcás an Aontais, an Coimisiún Eorpach; agus
 - (ii) i gcás na Nua-Shéalainne, Rialtas Feidhmiúchán na Nua-Shéalainne;
- (b) ciallaíonn ‘bearta rialála’, mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo:
 - (i) thar ceann an Aontais:
 - (A) rialacháin agus teoracha, dá bhforáiltear in Airteagal 288 CFAE; agus
 - (B) gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 290 agus Airteagal 291 CFAE, faoi seach;

(ii) i gcás na Nua-Shéalainne:

(A) Billí rialtais a fhéadfaidh a bheith ina nAchtanna Poiblí de chuid Parlaimint na Nua-Shéalainne, ach amháin chun críocha Airteagail 22.9 (Athbhreithniú tréimhsiúil ar bhearta rialála atá i bhfeidhm) agus 22.10 (Rochtain ar bhearta rialála) i gcás ina gciallaíonn sé Achtanna Poiblí Parlaimint na Nua-Shéalainne; agus

(B) rialacháin arna ndéanamh le hOrdú i gComhairle.

AIRTEAGAL 22.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta rialála a eisíonn nó a thionscnaíonn údarás rialála Páirtí i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.
2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le húdaráis rialála ná bearta, cleachtais ná cur chuige rialála na mBallstát.

AIRTEAGAL 22.4

Trédhearcacht próiseas agus sásraí

1. Cuirfidh údarás rialála gach Páirtí tuairiscí ar fáil go poiblí agus saor in aisce ar na próisis ghinearálta agus na sásraí faoina n-ullmhaíonn an t-údarás rialála a bhearta rialála, faoina bhforbraíonn sé iad agus faoina ndéanann sé meastóireacht nó athbhreithniú orthu. Déanfar sin trí mheán digiteach.
2. Na tuairiscí ar na próisis ghinearálta agus na sásraí dá dtagraítear i mír 1, tagróidh siad d'aon treoirlíne, riail nó nós imeachta ábhartha, lena n-áirítear na treoirlínte, rialacha nó nósanna imeachta sin a bhaineann le deiseanna don phobal barúlacha a thabhairt.

AIRTEAGAL 22.5

Comhordú inmheánach forbartha rialála¹

De bhreis ar Airteagal 22.4 (Trédhearcacht próiseas agus sásraí), chun bearta rialála a ullmhú nó a fhorbairt, coinneoidh údarás rialála gach Páirtí próisis nó sásraí inmheánacha ar bun le haghaidh comhordú, comhairliúchán agus athbhreithniú inmheánach. Leis na próisis nó na sásraí sin féachfar, *inter alia*, leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) dea-chleachtas rialála a chothú, amhail na cinn a leagtar amach sa Chaibidil seo;

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí Airteagail 22.5 (Comhordú inmheánach forbartha rialála) agus 22.9(1) (Athbhreithniú tréimhsiúil ar bhearta rialála atá i bhfeidhm) a chomhlíonadh trí aon mheascán de phróisis nó sásraí ar leithligh nó comhcheangailte.

- (b) dúbláil neamhriachtanach agus ceanglais neamhréireacha idir bearta rialála an Pháirtí a aithint agus a sheachaint;
- (c) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí trádála agus infheistíochta idirnáisiúnta; agus
- (d) breithniú a chur chun cinn ar éifeachtaí na mbeart rialála atá á n-ullmhú nó á bhforbairt, ar a bhféadfaí iad siúd a bhaineann le FBManna a áireamh.

AIRTEAGAL 22.6

Luathfhaisnéis maidir le bearta rialála atá beartaithe¹

1. Déanfaidh gach Páirtí, ar bhonn bliantúil ar a laghad, liosta de na mórbhearta rialála² beartaithe a bhfuil coinne réasúnta aige leis go nglacfar laistigh de bhliain iad agus an liosta nó na liostaí sin a chur ar fáil go poiblí.
2. Maidir le gach mórbheart rialála, dá dtagraítear i mír 1, ba cheart d'údarás rialála gach Páirtí na nithe seo a leanas a chur ar fáil go poiblí a luaithe is féidir:
 - (a) tuairisc ghearr ar a raon feidhme agus a chuspóirí; agus

¹ I gcás na Nua-Shéalainne, chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an tearma 'bearta rialála' rialacháin arna ndéanamh le hOrdú i gComhairle dá dtagraítear i bpointe (b)(ii)(B) d'Airteagal 22.2 (Sainmhínte).

² Chun críocha na Caibidle seo, féadfaidh údarás rialála gach Páirtí a chinneadh céard is 'mórbheart' rialála ann.

- (b) an t-am a meastar a ghlacfar é, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh comhairliúchán poiblí.

AIRTEAGAL 22.7

Comhairliúchán poiblí

1. Nuair a bheidh mórbearta rialála á n-ullmhú nó á bhforbairt acu, déanfaidh údarás rialála gach Páirtí na nithe seo a leanas, a mhéid is féidir agus is iomchuí:

- (a) mionsonraí leordhóthanacha maidir leis na mórbearta rialála sin a chur ar fáil go poiblí, trí dhréachtbhearta rialála nó doiciméid chomhairliúcháin a fhoilsiú mar shampla, chun go bhféadfaidh aon duine a mheas an ndéanfaí difear suntasach dá leasanna agus an chaoi a ndéanfaí an difear sin;
- (b) deiseanna réasúnta a chur ar fáil d'aon duine, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, barúlacha a thabhairt; agus
- (c) na barúlacha a gheofar a bhreithniú.

2. Chun faisnéis a sholáthar agus barúlacha a fháil a bhaineann le comhairliúcháin poiblí, cuirfidh údarás rialála gach Páirtí faisnéis ar fáil go poiblí ar mhodhanna digiteacha, agus b'fhearr dá ndéanfaí trí thairseach leictreonach thiomnaithe é.

3. Féachfaidh údarás rialála gach Páirtí le hachóimre ar thorthaí na gcomhairliúchán agus ar na barúlacha a fuarthas a chur ar fáil go poiblí, ach amháin a mhéid is gá chun faisnéis faoi rún a chosaint nó sonraí pearsanta nó ábhar míchuí a choimeád siar.

AIRTEAGAL 22.8

Measúnú tionchair

1. Athdhearbhaíonn údarás rialála gach Páirtí go bhfuil sé ar intinn aige measúnú tionchair a dhéanamh ar mhórbhearta rialála atá á n-ullmhú aige, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta féin.
2. Chun measúnú tionchair a dhéanamh, cuirfidh údarás rialála gach Páirtí aithint agus breithniú na nithe seo a leanas chun cinn:
 - (a) an gá atá le beart rialála, lena n-áirítear cineál agus suntas na faidhbe a bhféachtar le haghaidh a thabhairt uirthi le beart rialála;
 - (b) aon rogha rialála nó neamhrialála is indéanta agus is iomchuí lena mbainfí cuspóirí beartais phoiblí an Pháirtí amach, lena n-áirítear an rogha gan rialáil a dhéanamh;
 - (c) a mhéid is féidir agus is ábhartha, an tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag na roghanna sin, amhail aon tionchar ar thrádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta, nó an tionchar ar FBManna; agus

(d) an chaoi a mbaineann na roghanna atá á mbreithniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, más ann dóibh, lena n-áirítear an chúis atá le haon éagsúlacht, i gcás inarb iomchuí.

3. Maidir le haon mheasúnú tionchair a dhéanann údarás rialála Páirtí ar bheart rialála, déanfaidh an t-údarás rialála sin tuairisciú ar na tosca a bhreithnigh sé le linn a mheasúnaithe agus achoimre ar na torthaí ábhartha. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil go poiblí tráth nach déanaí ná an tráth a chuirtear an beart rialála lena mbaineann sé ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 22.9

Athbhreithniú tréimhsiúil ar bhearta rialála atá i bhfeidhm

1. De bhreis ar Airteagal 22.4 (Trédhearcacht próiseas agus sásraí), coinneoidh údarás rialála gach Páirtí próisis nó sásraí inmheánacha ar bun chun athbhreithniú tréimhsiúil ar bhearta rialála atá i bhfeidhm a chur chun cinn.

2. Féachfaidh údarás rialála gach Páirtí lena áirithiú go mbreithneofar le hathbhreithnithe tréimhsiúla na nithe seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:

(a) an bhfuil deiseanna ann a chuspóirí beartais phoiblí a baint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla¹; agus

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfaí a áireamh leis sin cibé acu is féidir nó nach féidir ualaí rialála neamhriachtanacha a laghdú, lena n-áirítear ualaí ar FBManna.

(b) an dócha go bhfanfaidh na bearta rialála faoi athbhreithniú oiriúnach dá bhfeidhm.

3. Déanfaidh údarás rialála gach Páirtí, a mhéid is féidir agus is iomchuí, aon phlean le haghaidh athbhreithniú tréimhsiúil ar bhearta rialála atá i bhfeidhm, agus na torthaí air, a chur ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 22.10

Rochtain ar bhearta rialála

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar bearta rialála atá i bhfeidhm a fhoilsiú i gclár ainmnithe nó trí mheán digiteach aonair atá ar fáil go poiblí, inchuardaithe, saor in aisce agus a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta.

AIRTEAGAL 22.11

Comhar rialála

1. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhaineann le sásra simplí a chruthú chun deiseanna féideartha chun dul i gcomhar rialála le chéile a aithint.
2. Féadfaidh gach Páirtí gníomhaíocht um chomhar a mholadh don Pháirtí eile. Tarchuirfidh sé a thogra chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 22.12 (Pointí teagmhála maidir le comhar rialála).

3. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith sna tograí:
 - (a) malartuithe déthaobhacha faisnéise maidir le cur chuige comhair rialála; nó
 - (b) comhar neamhfhoirmiúil idir na húdaráis rialála.
4. Freagróidh an Páirtí eile an togra laistigh de thréimhse réasúnta ama.
5. I gcás inarb iomchuí, agus má chomhaontaíonn na húdaráis rialála amhlaidh, féadfaidh rannóga, ranna nó gníomhaireachtaí ábhartha gach Páirtí cur chun feidhme gníomhaíochta comhair rialála a dhéanamh.

AIRTEAGAL 22.12

Pointí teagmhála maidir le comhar rialála

Go pras tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí comhair rialála a chomhordú faoi Airteagal 22.11 (Comhar rialála) agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an phointe teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

AIRTEAGAL 22.13

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach díospóidí) maidir leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 23

TRÉDHEARCACHT

AIRTEAGAL 23.1

Cuspóirí

1. Agus aitheantas á thabhairt don tionchar a fhéadfaidh a bheith ag a dtimpeallachtaí rialála faoi seach ar an infheistíocht agus an trádáil idir an dá Pháirtí, féachann siad le timpeallacht rialála intuartha agus nósanna imeachta éifeachtúla a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha, fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe.
2. Déanann na Páirtithe a ngealltanais i ndáil le trédhearcacht faoi Chomhaontú EDT a athdhearbhú agus cuireann siad leis na gealltanais sin sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 23.2

Sainmhíniú

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn ‘cinneadh riaracháin’ cinneadh nó gníomhaíocht lena bhfuil éifeacht dhlíthiúil a bhaineann le duine, earra nó seirbhís shonrach i gcás aonair agus cumhdaítear leis gan cinneadh riaracháin a dhéanamh i gcás ina gceanglaítear ceann a dhéanamh le dlí Páirtí.

AIRTEAGAL 23.3

Foilseachán

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar a dhlíthe, rialacháin, nósanna imeachta agus rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a fhoilsiú go pras trí mheán a ainmnítear go hoifigiúil agus, i gcás inar féidir, trí mheán leictreonach, nó go gcuirfear ar fáil iad ar dhóigh ina bhféadfadh aon duine eolas a fháil orthu.
2. A mhéid is féidir agus is iomchuí, soláthróidh gach Páirtí míniú ar chuspóir, agus ar réasúnaíocht, na ndlíthe, na rialachán, na nósanna imeachta agus na rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo dá dtagraítear i mír 1.

3. A mhéid is féidir agus is iomchuí, soláthróidh gach Páirtí tréimhse réasúnta ama idir foilsíú agus teacht i bhfeidhm dlíthe nó rialachán maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 23.4

Fiosrúcháin

1. Coinneoidh gach Páirtí sásraí iomchuí ar bun chun freagairt d'fhiosrúcháin ó aon duine maidir le haon dlí nó rialachán lena bhfuil feidhm ghinearálta i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.
2. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile faisnéis go pras agus freagróidh sé ceisteanna a bhaineann le haon dlí nó rialachán, biodh sé i bhfeidhm nó beartaithe, maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, ach amháin má leagtar síos sásra sonracha faoi Chaibidil eile den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 23.5

Nósanna imeachta riaracháin

1. Riarfaidh gach Páirtí na dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta agus rialuithe riarthacha uile a bhfuil feidhm ghinearálta leo maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo ar bhealach oibiachtúil neamhchlaonta réasúnta.

2. I gcás ina dtionscnófar imeachtaí riaracháin a bhaineann le daoine, earraí nó seirbhísí de chuid an Pháirtí eile i leith cur i bhfeidhm dlíthe, rialachán, nósanna imeachta nó rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo, dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas:

- (a) féachfaidh sé le fógra réasúnta a thabhairt do dhaoine a ndéanann imeachtaí riaracháin difear dóibh, i gcomhréir lena dhlíthe, fógra lena n-áirítear tuairisc ar chineál na n-imeachtaí, ráiteas maidir leis an údarás dlíthiúil faoina dtionscnaítear na himeachtaí agus tuairisc ghinearálta ar aon saincheist ar cúis conspóide iad; agus
- (b) tabharfaidh sé deis réasúnta do na daoine sin fíorais agus argóintí a chur i láthair mar thaca lena seasamh roimh aon chinneadh riaracháin críochnaitheach, a mhéid is féidir de réir an mhéid ama, chineál na n-imeachtaí agus an leasa phoiblí.

AIRTEAGAL 23.6

Achomharc agus athbhreithniú

1. Déanfaidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, eadrána nó riaracháin a bhunú nó a choinneáil ar bun chun críocha an athbhreithnithe phrais agus, i gcás ina bhfuil údar leis sin, cinntí riaracháin a cheartú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a bhinsí breithiúnacha, eadrána nó riaracháin nósanna imeachta achomhairc nó athbhreithnithe ar bhealach neamh-idirdhealaitheach neamhchlaonta. Beidh na binsí sin neamhchlaonta agus neamhspleách ar an údarás a gcuirtear forfheidhmiú riaracháin de chúram air.

2. Maidir leis na binsí nó nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar na nithe seo a leanas do na páirtithe os comhair binsí den sórt sin nó nósanna imeachta den sórt sin:

- (a) deis réasúnta chun tacú lena seasaimh faoi seach nó iad a chosaint; agus
- (b) cinneadh atá bunaithe ar fhianaise agus ar aighneachtaí taifid nó, i gcás ina gceanglófar faoina dhlí é, an taifead arna thiomsú ag an údarás riaracháin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh an t-údarás a bhfuil cumhachtaí forfheidhmiúcháin riaracháin curtha ar a iontaoibh an cinneadh dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 a chur chun feidhme, faoi réir achomhairc nó athbhreithniú breise dá bhforáiltear ina dhlí.

AIRTEAGAL 23.7

Gaol le Caibidlí eile

Leis na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, forlíontar na rialacha sonracha a leagtar amach i gCaibidlí eile den Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 24

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 24.1

Coiste um Thrádáil

1. Leis seo, bunaíonn na Páirtithe Coiste um Thrádáil a mbeidh ionadaithe ón dá Pháirtí ann chun maoirseacht a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh gach Páirtí aon saincheist a bhaineann le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus léiriú an Chomhaontaithe seo a tharchur chuig an gCoiste um Thrádáil.
2. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil le chéile tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh an Coiste um Thrádáil le chéile ar bhonn bliantúil, mura gcomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe a mhalairt, nó gan moill mhíchúí arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.
3. Reáchtálfar cruinnithe an Choiste um Thrádáil sa Bhruiséil nó in Wellington gach re seal, mura gcomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe a mhalairt. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil teacht le chéile duine le duine nó trí mhodh cumarsáide iomchuí eile, mar a chomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe.

4. Is iad Aire Trádála na Nua-Shéalainne agus an comhalta den Choimisiún atá freagrach as trádáil, nó a n-ainmnithe faoi seach, a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste um Thrádáil.

AIRTEAGAL 24.2

Feidhm an Choiste um Thrádáil

1. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil na nithe seo a leanas:
 - (a) breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas breise a chur ar thrádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe;
 - (b) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a mhaoirsiú agus a éascú;
 - (c) maoirseacht a dhéanamh ar obair na gcoistí speisialaithe agus gach comhlachta eile a bhunaítear leis an gComhaontú seo, agus an obair sin a threorú agus a chomhordú, agus aon ghníomhaíocht is gá a mholadh do choistí speisialaithe den sórt sin agus comhlachtaí eile;
 - (d) aon togra maidir le leasú an Chomhaontaithe seo a bhreithniú;
 - (e) gan dochar do Chaibidil 26 (Réiteach díospóidí) bealaí agus modhanna iomchuí a lorg chun fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chosc nó a réiteach, nó chun díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach;

- (f) i gcás ina dtiocfaidh tríú tír in aontachas leis an Aontas, scrúdú a dhéanamh ar aon éifeacht a bheadh ag an aontachas sin ar an gComhaontú seo agus breithniú a dhéanamh ar aon choigeartú nó aon bheart idirthréimhseach is gá, luath go leor roimh dháta an aontachais; agus
- (g) aon ábhar leasa seachas na cinn a leagtar amach i bpointí (a) go (f) a bhaineann le réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a bhreithniú agus a phlé.

2. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil:

- (a) cinneadh a dhéanamh coistí speisialaithe nó comhlachtaí eile seachas na cinn a bhunaítear de bhun Airteagal 24.4 (Coistí speisialaithe) a bhunú, aon choiste speisialaithe nó comhlacht eile den sórt sin a dhíscaoileadh agus a gcomhdhéanamh, a bhfeidhm agus a gcúraimí a chinneadh nó a athrú;
- (b) freagrachtaí a leithdháileadh ar choistí speisialaithe nó ar chomhlachtaí eile a bhunaítear faoin gComhaontú seo;
- (c) cuid dá chumhachtaí nó dá fhreagrachtaí a tharmligean chuig coiste speisialaithe, cé is moite de na cumhachtaí agus na freagrachtaí sin dá dtagraítear i bpointe (a) nó (d) den mhír seo;
- (d) aon leasú ar an gComhaontú seo a mholadh do na Páirtithe;
- (e) cinntí a ghlacadh chun léirithe ar fhorálacha an Chomhaontaithe seo a eisiúint;

- (f) seachas i ndáil leis an gCaibidil seo, go dtí deireadh an cheathrú bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cinntí a ghlacadh lena leasófar an Comhaontú seo, ar choinníoll go mbeidh gá leis na leasuithe sin chun earráidí a cheartú nó chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh nó lochtanna eile;
 - (g) cinntí a ghlacadh mar a bheartaítear sa Chomhaontú seo nó moltaí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24.5 (Cinntí agus moltaí);
 - (h) ábhair a bhaineann leis an gComhaontú seo a chur in iúl do na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí sochaí sibhialta;
 - (i) cinntí a ghlacadh chun an Comhaontú seo a leasú i gcomhréir le hAirteagal 27.1(3) (Leasuithe) sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 24.3 (Leasú ar an gComhaontú seo ag an gCoiste um Thrádáil); agus
 - (j) aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.
3. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil an Comhchoiste a bhunaítear faoi Airteagal 53(1) den Chomhaontú Comhpháirtíochta a chur ar an eolas go tráthrialta maidir lena ghníomhaíochtaí agus maidir le gníomhaíochtaí a choistí speisialaithe nó a chomhlachtaí eile, de réir mar is ábhartha, ag cruinnithe tráthrialta an Chomhchoiste sin.

AIRTEAGAL 24.3

Leasú ar an gComhaontú seo ag an gCoiste um Thrádáil

Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh chun na codanna seo a leanas den Chomhaontú seo a leasú i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a áirítear sna Caibidlí, sna hIarscríbhinní nó sna Foscríbhinní a leagtar amach thíos, i gcás inarb infheidhme, agus i gcomhréir le hAirteagal 27.1(3) (Leasuithe)¹:

- (a) Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí);
- (b) Caibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh) agus Iarscríbhinn 3-A (Réamhnótaí maidir le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), lena n-áirítear Foscríbhinn 3-B-1 di (Cuótaí tionscnaimh agus roghanna malartacha ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)), Iarscríbhinn 3-C (Téacs an ráitis maidir le tionscnamh) agus Iarscríbhinn 3-D (Dearbhú soláthróir dá dtagraítear in Airteagal 3.3(4) (Carnadh tionscnaimh));
- (c) Iarscríbhinn 6-B (Coinníollacha réigiúnacha le haghaidh plandaí agus táirgí planda), Iarscríbhinn 6-C (Aitheantas coibhéise do bhearta SPS), Iarscríbhinn 6-D (Treoirínte agus nósanna imeachta maidir le hiniúchadh nó fíorúchán), Iarscríbhinn 6-E (Deimhniúchán) agus Iarscríbhinn 6-F (Seiceálacha agus táillí allmhairiúcháin);

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, nuair a thagraítear san Airteagal seo d'Iarscríbhinní, beidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Thrádáil freisin Foscríbhinní a ghabhann leis na hIarscríbhinní sin a leasú fiú mura luaitear na Foscríbhinní sin go sainráite san Airteagal seo.

- (d) Iarscríbhinn 9-A (Glacadh le measúnú comhréireachta (doiciméid)), Iarscríbhinn 9-B (Mótarfeithiclí agus trealamh nó páirteanna díobh), Iarscríbhinn 9-C (Comhshocrú dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 9.10(5) maidir le malartú córasach faisnéise i ndáil le sábháilteacht táirgí seachas bia agus bearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha gaolmhara), Iarscríbhinn 9-D (Comhshocrú dá dtagraítear in Airteagal 9.10(6) maidir le malartú tráthrialta faisnéise i ndáil le bearta arna ndéanamh i dtaca le táirgí seachas bia neamh-chomhlíontacha seachas na bearta a chumhdaítear le pointe (b) d’Airteagal 9.10(5)) agus Iarscríbhinn 9-E (Fíon agus biotáillí);
- (e) an ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 10.39(5) (Aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht)¹;
- (f) Airteagal 10.9(1) (Ceanglais feidhmíochta) agus Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana) agus Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo), chun disciplíní maidir le ceanglais feidhmíochta a lánpháirtíú i ndáil le bunú nó oibriú soláthróra seirbhísí airgeadais arna gcaibidliú de bhun Airteagal 10.9(11) (Ceanglais feidhmíochta) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht);
- (g) Iarscríbhinn 13 (Liostaí d’earraí fuinnimh, de hidreacarbóin agus d’amhábhair);
- (h) Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí);

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Thrádáil ionstraim den sórt sin a ghlacadh trí chinneadh mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo agus í a leasú nó a chúlghairm tar éis a glactha.

- (i) Iarscríbhinn 18-A (Aicmí Táirgí) agus Iarscríbhinn 18-B (Liostaí de thásca geografacha);
- (j) Airteagal 19.3(3) agus (4) (Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair) de Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe);
- (k) Iarscríbhinn 24 (Rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil);
- (l) Iarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí) agus Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair le haghaidh painéalaithe agus idirghabhálaithe); agus
- (m) aon fhoráil, Iarscríbhinn nó Foscríbhinn eile lena bhforáiltear go sainráite sa Chomhaontú seo go bhféadfaí cinneadh den sórt sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 24.4

Coistí speisialaithe

1. Bunaítear leis seo na coistí speisialaithe a leanas:
 - (a) an Coiste um Thrádáil in Earraí, lena dtugtar aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le Caibidil 2 (Cóir náisiúnta agus rochtain ar an margadh le haghaidh earraí), Caibidil 5 (Leigheasanna trádála) agus Caibidil 9 (Bacainní teicniúla ar an trádáil);

- (b) an Coiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta, lena dtugtar aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le Caibidil 6 (Bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta) agus Caibidil 8 (Leas ainmhithe);
- (c) an Coiste um Chórais Bhia Inbhuanaithe, lena dtugtar aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le Caibidil 7 (Córais bhia inbhuanaithe);
- (d) an Coiste um Fhíon agus Biotáillí, lena dtugtar aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le hIarscríbhinn 9-E (Fíon agus biotáillí);
- (e) an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, lena dtugtar aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le Caibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe); agus
- (f) an Coiste um Infheistíocht, Seirbhísí, Trádáil Dhigiteach, Soláthar Rialtais agus Maoin Intleachtúil, lena n-áirítear Tásca Geografacha lena dtugtar aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le Caibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht), Caibidil 11 (Gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí agus aistriú), Caibidil 12 (Trádáil dhigiteach), Caibidil 14 (Soláthar poiblí) agus Caibidil 18 (Maoin intleachtúil).

2. Gníomhóidh an Comhchoiste um Chomhar Custaim faoi choimirce an Choiste um Thrádáil mar choiste speisialaithe, a thugann aghaidh ar ábhair a chumhdaítear le Caibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh), Caibidil 4 (Custam agus éascú trádála) agus leis na forálacha maidir le forfheidhmiú trasteorann agus comhar custaim i gCaibidil 18 (Maoin intleachtúil) agus le haon fhoráil eile den Chomhaontú seo a bhaineann le custam.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt leis an gComhaontú seo nó mura gcomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe a mhalairt, tiocfaidh na coistí speisialaithe le chéile uair sa bhliain, nó gan moill mhíchuí arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí nó arna iarraidh sin don Choiste um Thrádáil. Reáchtálfar na cruinnithe san Aontas nó sa Nua-Shéalainn gach re seal nó trí aon mhodh cumarsáide iomchuí eile, mar a chomhaontóidh ionadaithe na bPáirtithe. Comhaontóidh na coistí speisialaithe a sceidil cruinnithe agus socróidh siad a gcláir oibre.
4. Beidh ionadaithe ó gach Páirtí ar na coistí speisialaithe agus beidh ionadaithe ó gach Páirtí ina gcomhchathaoirligh orthu, ar an leibhéal is iomchuí.
5. Féadfaidh gach coiste speisialaithe cinneadh a dhéanamh maidir lena rialacha nós imeachta féin, agus beidh feidhm *mutatis mutandis* ag rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil ina n-éagmais.
6. Maidir le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta a liostaítear i mír 1, beidh sé de chumhacht ag na coistí speisialaithe:
 - (a) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus oibriú an Chomhaontaithe seo;
 - (b) saincheisteanna teicniúla a eascraíonn as cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a bhreithniú agus a phlé, gan dochar do Chaibidil 26 (Réiteach díospóidí);
 - (c) cinntí a ghlacadh i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú seo nó moltaí a dhéanamh;

- (d) an obair ullmhúcháin is gá chun tacú le feidhmeanna an Choiste um Thrádáil a dhéanamh, lena n-áirítear cásanna inar gá don Choiste um Thrádáil cinntí nó moltaí a ghlacadh; agus
- (e) fóram a sholáthar ionas go bhféadfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú, dea-chleachtais a phlé agus a dtaithe ar an gcur chun feidhme a roinnt.

7. Maidir le saincheistean a bhaineann lena réimse inniúlachta a liostaítear i mír 1, déanfaidh na coistí speisialaithe na nithe seo a leanas:

- (a) an Coiste um Thrádáil a chur ar an eolas maidir le sceideal agus clár oibre a gcuinnithe luath go leor roimh ré;
- (b) torthaí agus conclúidí gach ceann dá gcuinnithe a thuairisciú don Choiste um Thrádáil; agus
- (c) aon chúram a shannann an Coiste um Thrádáil dóibh agus aon fhreagracht a tharmligean sé chucu a dhéanamh.

8. Ní fhágfaidh bunú coiste speisialaithe, ná coiste speisialaithe a bheith ann, go gcoiscfear ar Pháirtí aon ábhar a thabhairt go díreach chuig an gCoiste um Thrádáil.

9. Áiritheoidh gach Páirtí, nuair a thionólfar coiste speisialaithe, go mbeidh ionadaíocht ag na húdaráis go léir atá inniúil maidir gach saincheist ar an gclár oibre, de réir mar a mheasfaidh gach Páirtí is iomchuí, agus gur féidir gach saincheist a phlé ar an leibhéal saineolais is leordhóthanach.

AIRTEAGAL 24.5

Cinntí agus moltaí

1. Na cinntí a ghlacfaidh an Coiste um Thrádáil, nó, de réir mar a bheidh, coiste speisialaithe, beidh siad ina gceangal ar na Páirtithe agus ar na comhlachtaí uile a bhunaítear faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear an painéal dá dtagraítear i gCaibidil 26 (Réiteach díospóidí). Déanfaidh na Páirtithe bearta a bhfuil gá leo chun na cinntí a ghlacann an Coiste um Thrádáil a chur chun feidhme. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí.
2. Is de chomhthoil a ghlacfaidh an Coiste um Thrádáil nó, de réir mar a bheidh, coiste speisialaithe, a chinntí agus a dhéanfaidh sé a mholtaí.

AIRTEAGAL 24.6

Grúpaí comhairleacha baile

1. Ainmneoidh gach Páirtí grúpa comhairleach baile laistigh de bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh an grúpa comhairleach baile comhairle don Pháirtí lena mbaineann maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Is éard a bheidh ann ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí chomh maith le ceardchumainn atá gníomhach faoi chúrsaí eacnamaíocha, faoin bhforbairt inbhuanaithe, faoi chúrsaí sóisialta, faoi chearta an duine, faoi chúrsaí comhshaoil agus faoi ábhair eile. I gcás na Nua-Shéalainne, beidh ionadaithe ó na Maoraigh sa ghrúpa comhairleach baile. Féadfar an grúpa comhairleach baile a thionól i bhfoirmíochtaí éagsúla chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha éagsúla an Chomhaontaithe seo.

2. Tiocfaidh gach Páirtí agus a ghrúpa comhairleach baile le chéile uair sa bhliain ar a laghad. Breithneoidh gach Páirtí tuairimí nó moltaí a chuirfidh a ghrúpa comhairleach baile faoina bhráid maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.
3. Chun feasacht an phobail ar na grúpaí comhairleacha baile a chur chun cinn, féadfaidh gach Páirtí liosta de na heagraíochtaí atá rannpháirteach ina ghrúpa comhairleach baile a fhoilsiú agus foilseoidh sé pointe teagmhála an ghrúpa chomhairligh baile sin.
4. Déanfaidh na Páirtithe idirghníomhaíocht idir a ngrúpaí comhairleacha baile faoi seach a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 24.7

Fóram na Sochaí Sibhialta

1. Déanfaidh na Páirtithe éascaíocht ar Fhóram Sochaí Sibhialta a eagrú chun idirphlé a chur sa siúl maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus comhaontóidh siad, ag an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil, treoirlínte oibríochtúla maidir le riar an Fhóraithe Sochaí Sibhialta.
2. Féachfaidh an Fóram Sochaí Sibhialta le teacht le chéile i gcomhar le cruinniú an Choiste um Thrádáil. Féadfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht san Fhóram Sochaí Sibhialta a éascú trí mhodhanna fíorúla freisin.

3. Beidh an Fóram Sochaí Sibhialta oscailte do rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta atá bunaithe i gcríocha na bPáirtithe, lena n-áirítear comhaltaí de na grúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile). Féachfaidh gach Páirtí le hionadaíocht chothrom a chur chun cinn, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn atá gníomhach faoi chúrsaí eacnamaíoch, faoi fhorbairt inbhuanaithe, faoi chúrsaí sóisialta, faoi chearta an duine, faoin gcomhshaol agus faoi nithe eile. I gcás na Nua-Shéilainne, beidh ionadaithe ó na Maoraigh san Fhóram Sochaí Sibhialta.

4. Ionadaithe na bPáirtithe a bheidh rannpháirteach sa Choiste um Thrádáil, glacfaidh siad, de réir mar is iomchuí, páirt i seisiún de chuid chruinniú den Fhóram Sochaí Sibhialta chun faisnéis maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a chur i láthair agus chun idirphlé a dhéanamh leis an bhFóram Sochaí Sibhialta. Is iad comhchathaoirligh an Choiste um Thrádáil nó a n-ainmnithe a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar sheisiún den sórt sin. Foilseoidh na Páirtithe, i gcomhpháirt nó ar leithligh, aon ráiteas foirmiúil a dhéantar ag an bhFóram Sochaí Sibhialta.

CAIBIDIL 25

EISCEACHTAÍ AGUS FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 25.1

Eisceachtaí ginearálta

1. Chun críocha Chaibidil 2 (Cóir náisiúnta agus rochtain ar an margadh le haghaidh earraí), Chaibidil 4 (Custam agus éascú trádála), Roinn B (Léirscaoileadh infheistíochta) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht), Chaibidil 12 (Trádáil dhigiteach), Chaibidil 13 (Fuinneamh agus amhábhair) agus Chaibidil 17 (Fiontair faoi úinéireacht an Stáit), déantar Airteagal XX de GATT 1994 agus na Nótaí léiritheacha agus a Fhorálacha Forlíontacha, a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus féachtar chuige go bhfuil an méid sin mar chuid den Chomhaontú seo, *mutatis mutandis*.
2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir tíortha i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar infheistíocht nó ar thrádáil i seirbhísí, aon ní dá bhfuil i gCaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht), Caibidil 11 (Gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí agus aistrithe), Caibidil 12 (Trádáil dhigiteach), Caibidil 13 (Fuinneamh agus amhábhair) ná Caibidil 17 (Fiontair faoi úinéireacht an Stáit), ní fhorléireofar é mar ní a choisceadh ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú arb amhlaidh na nithe seo a leanas ina leith:
 - (a) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun slándáil an phobail nó moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choimeád¹;

¹ Ní fhéadfar na heisceachtaí slándála poiblí agus oird phoiblí a agairt ach amháin i gcás ina mbeidh bagairt dháiríre, atá tromchúiseach a dhóthain, ar cheann de leasanna bunúsacha na sochaí.

- (b) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;
- (c) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le:
 - (i) cleachtais mhealltacha agus cleachtais chalaioiseacha a chosc nó déileáil le héifeachtaí mainneachtana ar chonarthaí;
 - (ii) príobháideachas daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil agus scaipeadh sonraí pearsanta agus rúndacht taifead agus cuntas aonair a chosaint;
 - (iii) sábháilteacht.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, a mhéid atá na bearta sin ar neamhréir ar bhealach eile le Caibidil nó Roinn dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, tuigeann na Páirtithe an méid seo a leanas:

- (a) leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal XX de GATT 1994 agus i bpointe (b) de mhír 2 den Airteagal seo áirítear bearta comhshaoil is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;
- (b) go bhfuil feidhm ag pointe (g) d'Airteagal XX de GATT 1994 maidir le bearta chun acmhainní nádúrtha neamh-in-athnuaite, idir bheo agus neamhbheo, a chaomhnú; agus

- (c) go bhféadann go dtiocfadh bearta arna ndéanamh chun MEAnna a chur chun feidhme faoi phointe (b) nó (g) d'Airteagal XX de GATT 1994 nó faoi phointe (b) de mhír 2 den Airteagal seo.

4. Sula ndéanfaidh Páirtí aon bheart dá bhforáiltear i bpointe (i) agus i bpointe (j) d'Airteagal XX de GATT 1994, soláthróidh an Páirtí sin an fhaisnéis ábhartha uile don Pháirtí eile, d'fhonn réiteach is inghlactha ag na Páirtithe a lorg. Mura dtiocfar ar chomhaontú laistigh de 30 lá ón bhfaisnéis a sholáthar, féadfaidh an Páirtí na bearta lena mbaineann a chur i bhfeidhm. In imthosca eisceachtúla géibheannacha a éilíonn gníomh láithreach a fhágann nach féidir réamhaisnéis a fháil nó scrúdú a dhéanamh roimh ré, féadfaidh an Páirtí a bhfuil sé ar intinn aige na bearta a dhéanamh na bearta réamhchúraim is gá a chur i bhfeidhm chun déileáil leis an gcás. Cuirfidh an Páirtí sin an Páirtí eile ar an eolas faoin méid sin láithreach.

AIRTEAGAL 25.2

Eisceachtaí slándála

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:

- (a) mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar aon fhaisnéis a cheadú, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó

- (b) mar ní chun Páirtí a chosc ar ghníomh a dhéanamh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:
- (i) atá nasctha le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a gháinneáil agus leis an ngáinneáil agus na hidirbhearta sin in earraí agus ábhair, seirbhísí agus teicneolaíocht eile, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, arna ndéanamh go díreach nó go hindíreach chun bunaíocht mhíleata a sholáthar;
 - (ii) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair óna bhfaightear iad; nó
 - (iii) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó
- (c) chun Páirtí a chosc ó aon ghníomh a dhéanamh de bhun a oibleagáidí faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 25.3

Cánachas

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘cánacha díreacha’ na cánacha go léir ar ioncam nó ar chaipiteal, lena n-áirítear cánacha ar ghnóthachain ó choimhthiú maoine, cánacha ar eastáit, ar oidhreachtaí agus ar bhronntanais, cánacha ar phá nó tuarastail arna n-íoc ag gnóthais agus cánacha ar luachmhéadú caipitil;

- (b) ciallaíonn ‘áit chónaithe’ áit chónaithe chun críocha cánach; agus
- (c) ciallaíonn ‘coinbhinsiún cánach’ coinbhinsiún chun cánachas dúbailte a sheachaint nó aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta eile a bhaineann go hiomlán nó go príomha le cánachas a bhfuil aon Bhallstát, an tAontas nó an Nua-Shéalainn ina bpáirtithe ann.

2. Ní dhéanfar difear le haon ní sa Chomhaontú seo do chearta agus oibleagáidí an Aontais ná na mBallstát ná na Nua-Shéalainne, faoi aon choinbhinsiún cánach. I gcás aon neamhréireacht a bheith idir an Comhaontú seo agus aon choinbhinsiún cánach den sórt sin, is ag an gcoinbhinsiún cánach a bheidh tosaíocht a mhéid atá siad ar neamhréir le chéile. A mhéid a bhaineann le coinbhinsiún cánach idir an tAontas nó na Ballstáit agus an Nua-Shéalainn, na húdaráis inniúla lena mbaineann faoin gComhaontú seo agus faoin gcoinbhinsiún cánach sin, déanfaidh siad a chinneadh go comhpháirteach an ann do neamhréireacht idir an Comhaontú seo agus an coinbhinsiún cánach¹.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 10.7 (Cóir na náisiún barrfhabhair) agus 10.17 (Cóir na náisiún barrfhabhair) maidir le buntáiste arna thabhairt ag Páirtí de bhun coinbhinsiún cánach.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá sé sin gan dochar do Chaibidil 26 (Réiteach Díospóidí).

4. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir tíortha i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil agus infheistíocht, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a choisceadh ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú arb amhlaidh na nithe seo a leanas ina leith:

- (a) ar beart é a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfar cánacha díreacha a fhorchur agus a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach¹; nó
- (b) lena ndéantar idirdhealú idir cáiníocóirí, nach bhfuil sa staid chéanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe.

¹ Maidir le bearta a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go ndéanfar cánacha díreacha a fhorchur agus a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach, áirítear leis na bearta sin bearta arna ndéanamh ag Páirtí faoina chóras cánachais:

- (i) a bhfuil feidhm acu maidir le soláthróirí seirbhísí neamhchónaitheacha mar aitheantas go ndéantar oibleagáid chánach neamhchónaitheoirí a chinneadh i ndáil le hítimí inchánacha atá foinsithe nó lonnaithe i gcríoch an Pháirtí; nó
- (ii) a bhfuil feidhm acu maidir le neamhchónaitheoirí chun a áirithiú go ndéantar cánacha a fhorchur agus a bhailiú i gcríoch an Pháirtí; nó
- (iii) a bhfuil feidhm acu maidir le neamhchónaitheoirí nó cónaitheoirí chun cosc a chur ar sheachaint nó ar imghabháil cánach, lena n-áirítear bearta comhlíontachta; nó
- (iv) a bhfuil feidhm acu maidir le tomhaltóirí seirbhísí a sholáthraítear i gcríoch an Pháirtí eile nó i gcríoch tríú tír chun a áirithiú go ndéantar cánacha a fhorchur ar thomhaltóirí den sórt sin as foinsí i gcríoch an Pháirtí; nó
- (v) lena ndéantar idirdhealú idir soláthróirí seirbhísí atá faoi réir cánach ar ítimí inchánacha domhanda agus soláthróirí seirbhísí eile, mar aitheantas ar an difríocht eatarthu maidir le cineál an bhoinn cánach; nó
- (vi) lena ndéantar ioncam, brabús, gnóthachan, cailteanas, asbhaint nó creidmheas de chuid cónaitheoirí nó brainsí, nó idir daoine nó brainsí gaolmhara den duine céanna, a chinneadh, a leithdháileadh nó a chionroinnt chun bonn cánach an Pháirtí a chosaint.

AIRTEAGAL 25.4

Srianta i gcás deacrachtaí maidir le comhardú íocaíochtaí
agus maoiniú seachtrach

1. I gcás ina mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú íocaíochtaí nó maoiniú seachtrach ag Páirtí, nó ina mbeidh an baol ann gurb ann do na deacrachtaí sin, féadfaidh an Páirtí sin bearta coimirce sealadacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe¹.
2. Aon bheart coimirce sealadach a ghlacfar nó a choinneofar ar bun faoi mhír 1, beidh na nithe seo a leanas amhlaidh ina leith:
 - (a) beidh siad comhsheasmhach le hAirteagail Chomhaontú an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta;
 - (b) ní rachaidh sé thar an méid is gá chun déileáil leis na himthosca a dtugtar tuairisc orthu i mír 1;
 - (c) beidh siad sealadach agus céimneofar amach de réir a chéile iad de réir mar a thiocfaidh feabhas ar na himthosca a dtugtar tuairisc orthu i mír 1;
 - (d) seachnófar leo go ndéanfar damáiste neamhriachtanach do leasanna tráchtála, eacnamaíochta agus airgeadais an Pháirtí eile; agus
 - (e) beidh siad neamh-idirdhealaitheach sa chaoi nach gcuirfear cóir is lú fabhar ar an bPáirtí eile ná mar a chuirfí ar aon neamh-Pháirtí i gcásanna comhchosúla.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann le beartais airgeadaíochta nó beartais ráta malairte, nó an baol gurb ann dóibh, i measc fachtóirí eile, a bheith ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú íocaíochtaí nó maoiniú seachtrach, nó an baol gurb ann dóibh.

3. Maidir le trádáil in earraí, féadfaidh Páirtí bearta coimirce sealadacha a ghlacadh chun a staid sheachtrach airgeadais nó a chomhardú íocaíochtaí a choimirciú. Aon bheart coimirce sealadach a ghlacfar nó a choinneofar ar bun faoin mír seo, beidh sé comhsheasmhach le GATT 1994 agus leis an tuiscint atá ann ar na Forálacha maidir le Comhardú Íocaíochtaí.

4. Maidir le trádáil i seirbhísí, féadfaidh Páirtí bearta coimirce sealadacha a ghlacadh chun a staid sheachtrach airgeadais nó a chomhardú íocaíochtaí a choimirciú. Aon bheart coimirce sealadach a ghlacfar nó a choinneofar ar bun faoin mír seo, beidh sé comhsheasmhach le hAirteagal XII de GATS.

AIRTEAGAL 25.5

Bearta coimirce sealadacha

1. I gcúinsí eisceachtúla inarb ann do dheacrachtaí tromchúiseacha i dtaca le haontas eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais Eorpaigh a oibriú, nó i gcás baoil gurb ann do na deacrachtaí sin, féadfaidh an tAontas bearta coimirce a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe go ceann tréimhse nach faide ná 6 mhí.

2. Aon bheart coimirce sealadach a ghlacfar nó a choinneofar ar bun faoi mhír 1, beidh sé teoranta a mhéid is fíorghá agus ní bheidh sé ina bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir an Nua-Shéalainn agus tríú tír i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim.

AIRTEAGAL 25.6

Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi

1. Ar choinníoll nach n-úsáidfear na bearta sin mar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar in aghaidh daoine den Pháirtí eile nó mar shrianadh faoi cheilt ar thrádáil in earraí ná ar thrádáil i seirbhísí agus infheistíocht, ní choiscfidh aon ní sa Chomhaontú seo ar an Nua-Shéalainn bearta a ghlacadh a mheasann sí a bheith riachtanach chun an chóir is fabhraí a chur ar na Maoraigh i leith ábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear chun a hoibleagáidí faoi te Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi a chomhlíonadh.
2. Comhaontaíonn na Páirtithe nach mbeidh léiriú te Tiriti o Waitangi / Chonradh Waitangi faoi réir fhorálacha réitigh díospóidí an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear cineál na gceart agus na n-oibleagáidí a thiocfaidh chun cinn faoi a léiriú. Beidh feidhm ag Caibidil 26 (Réiteach díospóidí) maidir leis an Airteagal seo ar aon bhealach eile. Féadfaidh an tAontas a iarraidh go mbunófaí painéal faoi Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú) chun a chinneadh an bhfuil aon bheart dá dtagraítear i mír 1 neamhréireach lena chearta faoin gComhaontú seo agus chuige sin amháin.

AIRTEAGAL 25.7

Nochtadh faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí faisnéis rúnda a chur ar fáil a d'fhágfadh nochtadh na faisnéise sin go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó lena ndéanfaí dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar ar leith, poiblí nó príobháideach, seachas i gcás ina n-éileodh painéal an fhaisnéis rúnda sin i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chaibidil 26 (Réiteach díospóidí). Sna cásanna sin, áiritheoidh an painéal go gcosnófar an rúndacht go hiomlán.
2. Is mar fhaisnéis rúnda a dhéileálfadh gach Páirtí le haon fhaisnéis arna cur ag an bPáirtí eile faoi bhráid an Choiste um Thrádáil nó coistí speisialaithe ar faisnéis í atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bPáirtí eile.

AIRTEAGAL 25.8

Tarscaoileadh EDT

Má dhéanann ceart nó oibleagáid sa Chomhaontú seo dúbláil ar cheart nó oibleagáid i gComhaontú EDT, measfar aon bheart a dhéantar i gcomhréir le cinneadh tarscaoileadh a dheonú arna ghlacadh de bhun Airteagal IX de Chomhaontú EDT a bheith i gcomhréir leis an bhforáil dhúbláilte sa Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 26

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

ROINN A

CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

AIRTEAGAL 26.1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo sásra éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú chun aon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus an Chomhaontaithe Sláintíochta a sheachaint agus a réiteach d'fhonn teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach, i gcás inár féidir.

AIRTEAGAL 26.2

Raon feidhme

3. Tá feidhm ag an gCaibidil seo, faoi réir mhír 2, maidir le haon díospóid idir na Páirtithe i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus an Chomhaontaithe Sláintíochta (dá ngairtear ‘forálacha faoi chumhdach’ anseo feasta).
2. Áireofar ar na forálacha cumhdaithe forálacha uile an Chomhaontaithe seo agus an Chomhaontaithe Sláintíochta cé is moite díobh seo a leanas:
- (a) Ranna B (Dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh) agus C (Bearta coimirce domhanda) de Chaibidil 5 (Leigheasanna trádála);
 - (b) Caibidil 15 (Beartas iomaíochta);
 - (c) Airteagal 16.6 (Comhairliúcháin);
 - (d) Caibidil 20 (Trádáil agus comhar eacnamaíoch leis na Maoraigh);
 - (e) Caibidil 21 (Fiontair bheaga agus mheánmhéide);
 - (f) Caibidil 22 (Dea-chleachtas rialála agus comhar rialála); agus

- (g) forálacha te Tiriti o Waitangi / Chonradh Waitangi maidir lena léiriú, lena n-áirítear cineál na gceart agus na n-oibleagáid a thiocfaidh chun cinn faoi a léiriú.

ROINN B

COMHAIRLIÚCHÁIN

AIRTEAGAL 26.3

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 26.2 (Raon feidhme) a réiteach trí dhul i mbun comhairliúchán de mheon macánta arb é is aidhm dó sin teacht ar réiteach a chomhaontófaí go frithpháirteach.
2. Lorgóidh Páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn arna soláthar don Pháirtí eile lena sainiúitear an beart i gceist agus na forálacha faoi chumhdach a mheasann sé is infheidhme.
3. An Páirtí a ndéantar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige (dá ngairtear ‘an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh’ anseo feasta), freagróidh sé an iarraidh ar chomhairliúcháin sin go pras, ach tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis a dáta seachadta. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, réachtálfar comhairliúcháin laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar chomhairliúcháin, agus réachtálfar iad i gcríoch an Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar chomhairliúcháin, nó laistigh de 90 lá tar éis an dáta sin i gcás díospóidí faoi Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

4. Comhairliúcháin maidir le hábhair phráinne, lena n-áirítear iad sin maidir le hearraí meatacha nó earraí nó seirbhísí séasúracha a chailleann a luach trádála go tapa, réachtálfar iad laistigh de 15 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar chomhairliúcháin. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun i gcrích laistigh de na 15 lá sin mura gcomhaontóidh na Páirtithe go leanfaidh siad ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

5. Le linn comhairliúchán, soláthróidh gach Páirtí faisnéis fhíorasach leordhóthanach chun go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbealach lena bhféadfadh an beart i gceist difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó an Chomhaontaithe Sláintíochta. Féachfaidh gach Páirtí le rannpháirtíocht phearsanra a n-údarás rialtais inniúil, ag a bhfuil saineolas san ábhar is ábhar do na comhairliúcháin, a áirithiú.

6. I ndíospóidí maidir le forálacha Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe) a bhaineann leis na comhaontuithe nó na hionstraimí iltaobhacha dá dtagraítear i gCaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), cuirfidh na Páirtithe faisnéis ó EIS nó ó eagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha arna mbunú faoi MEAnna san áireamh chun comhleanúnachas idir obair na bPáirtithe agus na n-eagraíochtaí nó na gcomhlachtaí ábhartha sin a chur chun cinn. I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh na Páirtithe comhairle ó na heagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha sin, nó ó aon saineolaí nó aon chomhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí. Féadfaidh gach Páirtí, más iomchuí, tuairimí na ngrúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile) nó comhairle ó shaineolaithe eile a lorg.

7. Is faoi rún a bheidh comhairliúcháin, agus go háirithe gach faisnéis a ainmneofar mar fhaisnéis rúnda agus seasaimh arna nglacadh ag na Páirtithe le linn chomhairliúchán, agus beidh siad gan dochar do chearta ceachtar Páirtí in aon imeacht eile.

8. Beart atá molta ag Páirtí ach nach bhfuil curtha chun feidhme go fóill, féadfaidh sé a bheith faoi réir comhairliúchán faoin Airteagal seo ach ní fhéadfaidh sé a bheith faoi réir nósanna imeachta painéil faoi Roinn C (Nósanna imeachta an phainéil) ná faoi réir idirghabhála faoi Roinn D (Idirghabháil).

ROINN C

NÓSANNA IMEACHTA AN PHAINÉIL

AIRTEAGAL 26.4

Nósanna imeachta a thionscnamh

1. An Páirtí a lorg comhairliúcháin, féadfaidh sé a iarraidh go mbunófar painéal más amhlaidh na nithe seo a leanas:
 - (a) ní thugann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh freagra ar an iarraidh ar chomhairliúcháin laistigh de 10 lá tar éis dháta a seachadta;
 - (b) ní réachtáiltear comhairliúcháin laistigh de na tréimhsí ama a leagtar amach in Airteagal 26.3(3) agus (4) (Comhairliúcháin) faoi seach;
 - (c) go gcomhaontaíonn na Páirtithe gan comhairliúcháin a bheith acu; nó

- (d) gur tugadh comhairliúcháin i gcrích agus nár thángthas ar aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach.
2. Is trí bhíthin iarraidh i scríbhinn a dhéanfar an iarraidh ar phainéal a bhunú (dá ngairtear ‘iarraidh ar phainéal’ anseo feasta), arna seachadadh chuig an bPáirtí eile, agus chuig aon chomhlacht seachtrach a gcuirtear ar a iontaoibh de bhun mhír 4, más infheidhme. Déanfaidh an Páirtí is gearánach an beart atá i gceist a shainnithint ina iarraidh ar phainéal, agus míneoidh sé conas atá an beart sin ina shárú ar na forálacha faoi chumhdach ar bhealach atá leordhóthanach chun bunús dlí an ghearáin a chur i láthair go soiléir.
3. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfean an iarraidh ar phainéal ar fáil go poiblí go pras.
4. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a dhéanamh dul ar iontaoibh comhlachta sheachtraigh chun cúnaimh a thabhairt do phainéil faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil a sholáthar. Le cinneadh an Choiste um Thrádáil, tabharfar aghaidh freisin ar na costais a eascraíonn as dul ar iontaoibh den sórt sin.

AIRTEAGAL 26.5

Painéal a bhunú

1. Triúr painéalaithe a bheidh mar chomhdhéanamh painéil.
2. Laistigh de 15 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar phainéal, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile de mheon macánta d’fhonn comhdhéanamh an phainéil a chomhaontú.

3. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 2, ceapfaidh gach Páirtí painéalai laistigh de 10 lá tar éis dhul in éag na tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 2:

- (a) ó fholiosta an Pháirtí sin a bhunaítear faoi Airteagal 26.6 (Liostaí painéalaithe); nó
- (b) i gcás díospóidí faoi Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), ó fholiosta an Pháirtí sin sa liosta trádála agus forbartha inbhuanaithe (TSD) a bhunaítear de bhun phointe (b) d'Airteagal 26.6(1) (Liostaí painéalaithe).

Mura gceapfaidh Páirtí painéalai óna fholiosta laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 3, déanfaidh comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí is gearánach an painéalai a roghnú trí chrannchur, laistigh de 10 lá tar éis dhul in éag na tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 3, ó fholiosta an Pháirtí nár cheap painéalai. Féadfaidh comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí is gearánach an roghnú sin a tharmligean trí chrannchur.

4. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le cathaoirleach an phainéil laistigh den tréimhse ama a leagtar síos i mír 2, déanfaidh comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí is gearánach cathaoirleach an phainéil a roghnú trí chrannchur, laistigh de 10 lá tar éis dhul in éag na tréimhse ama sin:

- (a) ón bhfoliosta cathaoirleach a bhunaítear faoi Airteagal 26.6(2) (Liostaí painéalaithe); nó
- (b) i gcás díospóidí faoi Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), ón bhfoliosta cathaoirleach i liosta TSD a bhunaítear de bhun phointe (b) d'Airteagal 26.6(1) (Liostaí painéalaithe).

Féadfaidh comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí is gearánach an roghnú sin a tharmligean trí chrannchur.

5. Measfar an painéal a bheith bunaithe 15 lá tar éis do na trí phainéalaí roghnaithe a gceapachán a ghlacadh i gcomhréir le Riail 10 d'Iarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí), mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Cuirfidh gach Páirtí dáta bunaithe an phainéil ar fáil go poiblí go pras.

6. Mura mbeidh aon cheann de na liostaí dá bhforáiltear in Airteagal 26.6 (Liostaí painéalaithe) bunaithe nó mura mbeidh ainmneacha leordhóthanacha iontu, nó mura mbeidh iontu ach ainmneacha daoine nach bhfuil ar fáil tráth a bheidh painéalaí le roghnú de bhun mhír 3 nó 4, déanfar na painéalaithe a roghnú trí chrannchur as ainmneacha na ndaoine aonair a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil i gcomhréir le hIarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí).

AIRTEAGAL 26.6

Liostaí painéalaithe

1. Ag a chéad chruinniú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, bunóidh an Coiste um Thrádáil na nithe seo a leanas:

(a) liosta de dhaoine aonair atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe; agus

(b) liosta ar leithligh de dhaoine aonair atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe i ndíospóidí faoi Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe) (dá ngairtear ‘Liosta TSD’ anseo feasta).

2. Beidh na foliostaí seo a leanas i ngach ceann de na liostaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1:

(a) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón Aontas;

(b) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón Nua-Shéalainn; agus

(c) foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a fheidhmeoidh mar chathaoirleach an phainéil.

3. Áireofar trí dhuine aonair ar a laghad i ngach foliosta dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 2. Ní áireofar níos mó ná sé dhuine aonair san fholiosta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2. Áiritheoidh an Coiste um Thrádáil go mbeidh an líon sin daoine aonair ar na foliostaí i gcónaí.

4. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil liostaí breise de dhaoine aonair ar a bhfuil saineolas in earnálacha sonracha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a bhunú. Faoi réir chomhaontú na bPáirtithe, úsáidfeadh na liostaí breise sin chun an painéal a chur le chéile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 26.5.

AIRTEAGAL 26.7

Ceanglais le haghaidh painéalaithe

1. Is fíor an méid seo a leanas maidir le gach painéalaí:
 - (a) beidh saineolas léirithe aige ar an dlí, ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar ábhair eile a chumhdaítear leis an gComhaontú seo;
 - (b) beidh sé neamhspleách ar gach Páirtí agus ní bheidh sé cleamhnaithe le ceachtar Páirtí ná ní ghlacfaidh sé le treoracha uathu;
 - (c) go bhfeidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta, agus nach nglacfaidh siad le treoracha ó aon eagraíocht ná aon rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid; agus
 - (d) comhlíonfaidh sé Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair le haghaidh painéalaithe agus idirghabhálaithe).
2. Ina theannta sin, beidh taithí ag an gcathaoirleach ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí.
3. D'ainneoin phointe (a) de mhír 1 agus mír 2, beidh eolas speisialaithe ag gach painéalaí ar liosta TSD ar na nithe seo a leanas, nó saineolas iontu:
 - (a) dlí an tsaothair nó an chomhshaoil;
 - (b) saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu i gCaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe); nó

(c) réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta.

4. I bhfianaise ábhar díospóidí ar leith, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go maolófar ar an gceanglas a liostaítear i bpointe (a) de mhír 1.

AIRTEAGAL 26.8

Feidhmeanna an phainéil

Maidir leis an bpainéal:

- (a) déanfaidh sé measúnú oibiachtúil ar an ábhar atá os a chomhair, lena n-áirítear measúnú oibiachtúil ar fhíorais an cháis agus infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach agus comhréireacht leis na forálacha sin;
- (b) ina chuid cinní agus tuarascálacha, leagfaidh sé amach na fíorais a fuarthas, infheidhmeacht na bhforálacha cumhdaithe agus an réasúnaíocht bhunúsach is bonn le haon chinneadh agus aon mholadh a dhéanfaidh sé; agus
- (c) ba cheart dó dul i gcomhairle go rialta leis na Páirtithe agus deiseanna leordhóthanacha a sholáthar chun réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach a fhorbairt.

AIRTEAGAL 26.9

Téarmaí tagartha an phainéil

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil, is é a bheidh i dtéarmaí tagartha an phainéil:

‘scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise na bhforálacha ábhartha faoi chumhdach dá dtagraíonn na Páirtithe, ar na ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar phainéal, torthaí a fháil maidir le hinfheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach agus maidir le comhlíontacht an bhirt i gceist leis na forálacha sin agus tuarascáil a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 26.11 (Tuarascáil eatramhach) agus 26.12 (Tuarascáil chríochnaitheach).’

2. Má chomhaontaíonn na Páirtithe téarmaí tagartha an phainéil seachas na cinn a leagtar amach i mír 1, tabharfaidh siad fógra don phainéal faoi na téarmaí tagartha an phainéil comhaontaithe laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i mír 1.

AIRTEAGAL 26.10

Cinneadh maidir le práinne

1. Má iarrann Páirtí amhlaidh, cinnfidh an painéal, laistigh de 10 lá tar éis a bhunaíochta, cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann an cás le hábhar práinne.

2. Má dhéanann an painéal cinneadh go mbaineann an díospóid le hábhair phráinne, mairfidh na tréimhsí is infheidhme a leagtar amach i Roinn C (Nósanna imeachta an phainéil) den Chaibidil seo leathfhad na tréimhse a fhorordaítear inti, cé is moite de na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú) agus Airteagal 26.9 (Téarmaí tagartha an phainéil).

AIRTEAGAL 26.11

Tuarascáil eatramhach

1. Déanfaidh an painéal tuarascáil eatramhach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 90 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir sprioc-am den sórt sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bheartaíonn an painéal a thuarascáil eatramhach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, in imthosca ar bith, a thuarascáil eatramhach a sholáthar tráth is déanaí ná 120 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil.
2. Féadfaidh gach Páirtí iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe beachta den tuarascáil eatramhach laistigh de 10 lá tar éis dháta a soláthair. Féadfaidh Páirtí barúil a thabhairt ar iarraidh i scríbhinn an Pháirtí eile laistigh de 6 lá tar éis sheachadadh iarrata den sórt sin.

AIRTEAGAL 26.12

Tuarascáil chríochnaitheach

1. Déanfaidh an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 120 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bheartaíonn an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, in imthosca ar bith, a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar tráth is déanaí ná 150 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil.
2. Áireofar sa tuarascáil chríochnaitheach plé maidir le haon iarraidh i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 26.11(2) (Tuarascáil eatramhach) agus tabharfar aghaidh go soiléir inti ar bharúlacha na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 26.13

Bearta comhlíontachta

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh aon bheart is gá chun na torthaí agus na moltaí sa tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh go pras chun é féin a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis sheachadadh na tuarascála críochnaithí, fôgra a thabhairt don Pháirtí is gearánach faoi na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh.
3. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le díospóidí faoi Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe):
 - (a) déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis sheachadadh na tuarascála críochnaithí, na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh a chur in iúl dá ghrúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile) agus do phointe teagmhála an Pháirte eile a bhunaítear de bhun Airteagal 19.16 (Pointí teagmhála); agus
 - (b) déanfaidh an Coiste um Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe faireachán ar chur chun feidhme na mbeart comhlíontachta. Féadfaidh na grúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 24.6 (Grúpaí comhairleacha baile) barúlacha a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe ina leith sin.

AIRTEAGAL 26.14

Tréimhse réasúnta ama

1. Mura mbeidh an chomhlíontacht láithreach indéanta, déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta seachadta na tuarascála críochnaithí, fôgra a thabhairt don Pháirtí is gearánach faoi fhad na tréimhse réasúnta ama a cheanglóidh sé le haghaidh na comhlíontachta sin. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le fad na tréimhse ama réasúnta chun comhlíonadh a dhéanamh.

2. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le fad na tréimhse réasúnta ama, féadfaidh an Páirtí is gearánach, 20 lá ar a luaithe tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh i scríbhinn go gcinnfidh an painéal bunaidh fad na tréimhse réasúnta ama. Soláthróidh an painéal a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 20 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.
3. Tabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra i scríbhinn chuig an bPáirtí is gearánach maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige i ndáil leis an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 30 lá roimh dhul in éag na tréimhse réasúnta ama.
4. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta ama.

AIRTEAGAL 26.15

Athbhreithniú ar chomhlíontacht

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná dáta dhul in éag na tréimhse réasúnta ama, fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí is gearánach faoi aon bheart atá déanta aige chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh.

2. I gcás ina n-easaontóidh na Páirtithe gur ann do bheart maidir le comhlíonadh, nó go bhfuil aon bheart maidir le comhlíonadh atá ann comhsheasmhach leis na forálacha cumhdaithe, féadfaidh an Páirtí a dhéanfaidh gearán iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an bpainéal bunaidh chun go ndéanfar cinneadh faoin ábhar. San iarraidh sin, sainithneofar aon ábhar i dtrácht agus míneofar an dóigh gurb ionann an beart sin agus sárú ar na forálacha cumhdaithe ar bhealach atá leordhóthanach chun bunús dlí an ghearáin a chur i láthair go soiléir. Soláthróidh an painéal a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 54 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.

AIRTEAGAL 26.16

Leigheasanna sealadacha

1. I gcás ina n-iarrfaidh an Páirtí is gearánach é, rachaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh i gcomhairliúcháin leis an bPáirtí is gearánach d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh a bheidh inghlactha go frithpháirteach a chomhaontú, más amhlaidh:

- (a) go dtabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is gearánach nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh;
- (b) i gcás nach ndéanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina choinne fógra a sheachadadh i ndáil le haon bheart maidir le comhlíonadh a rinneadh laistigh den sprioc-am dá dtagraítear in Airteagal 26.13 (Bearta comhlíontachta) nó roimh an dáta a rachaidh an tréimhse réasúnta ama in éag;
- (c) go bhfionnfaidh an painéal nach ndearnadh aon bheart comhlíontachta; nó

- (d) go bhfionnfaidh an painéal go bhfuil an beart comhlíontachta a rinneadh ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach.
2. I gcás díospóidí faoi Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), tá feidhm ag an Airteagal seo más amhlaidh:
- (a) go dtiocfaidh cás a leagtar amach i bpointe (a), (b) nó (c) de mhír 1 den Airteagal seo chun cinn agus go bhfionnfar sárú ar na nithe seo a leanas i dtuarascáil chríochnaitheach an phainéil de bhun Airteagal 26.12 (Tuarascáil chríochnaitheach):
- (i) Airteagal 19.3(3) (Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair); nó
- (ii) Airteagal 19.6(3) (Trádáil agus athrú aeráide), i gcás go bhfionnfaidh an painéal sin, ina thuarascáil chríochnaitheach, nár staon an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh ó aon ghníomh nó neamhghníomh a chuireann cuspóir agus críoch Chomhaontú Pháras ar neamhní go hábhartha; nó
- (b) go dtiocfaidh cás a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo chun cinn agus go bhfionnfar sárú ar na nithe seo a leanas le cinneadh an phainéil de bhun Airteagal 26.15 (Athbheithniú ar chomhlíontacht):
- (i) Airteagal 19.3(3) (Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair); nó
- (ii) Airteagal 19.6(3) (Trádáil agus athrú aeráide), i gcás go bhfionnfaidh an painéal, ina chinneadh, nár staon an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh ó aon ghníomh nó neamhghníomh a chuireann cuspóir agus críoch Chomhaontú Pháras ar neamhní go hábhartha.

3. Más amhlaidh, sna himthosca a leagtar amach i míreanna 1 agus 2, go roghnóidh an Páirtí is gearánach gan comhairliúcháin a iarraidh i ndáil le cúiteamh, nó nach dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú laistigh de 20 lá tar éis dul i gcomhairle le chéile maidir le cúiteamh, féadfaidh an Páirtí is gearánach fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh go bhfuil sé ar intinn aige cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí faoi na forálacha faoi chumhdach a chur ar fionraí. Sonrófar san fhógra an leibhéal atá beartaithe maidir le hoibleagáidí a chur ar fionraí.
4. Féadfaidh an Páirtí is gearánach na hoibleagáidí a chur ar fionraí 10 lá tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i mír 3, mura soláthróidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh iarraidh i scríbhinn faoi mhír 6.
5. Ní rachaidh fionraí na n-oibleagáidí thar an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó an lagú arb é an sárú is cúis leis.
6. Má mheasann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh go sáraíonn leibhéal fionraí na n-oibleagáidí faoina dtugtar fógra an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, nó nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh roimh dhul in éag na tréimhse 10 lá dá bhforáiltear i mír 4 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Déanfaidh an painéal a chinneadh maidir le leibhéal fionraí na n-oibleagáidí, nó maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 30 lá tar éis dháta na hiarrata sin. Ní chuirfear oibleagáidí ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh soláthartha ag an bpainéal. Beidh fionraí na n-oibleagáidí i gcomhréir leis an gcinneadh sin.

7. Beidh fionraí na n-oibleagáidí nó an cúiteamh dá dtagraítear san Airteagal seo sealadach agus ní chuirfear i bhfeidhm iad tar éis do na nithe seo a leanas tarlú:

- (a) tháinig na Páirtithe ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach de bhun Airteagal 26.26 (Réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach);
- (b) chomhaontaigh na Páirtithe go bhfuil an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh arna thabhairt i gcomhlíontacht leis na forálacha faoi chumhdach de dhroim an bhirt comhlíontachta; nó
- (c) aon bheart a bheith tarraingthe siar nó leasaithe, ar beart é a rinneadh chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh agus a d'fhionn an painéal a bheith ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach, ionas go dtabharfar an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha sin.

AIRTEAGAL 26.17

Athbhreithniú ar aon bheart a dhéanfar chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis leigheasanna sealadacha a ghlacadh

1. Seachadfaidh an Páirtí is freagróir fógra chuig an bPáirtí is déantóir gearáin faoi aon bheart a rinne sé chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis oibleagáidí a bheith curtha ar fionraí nó tar éis cúiteamh sealadach a chur i bhfeidhm, de réir mar a bheidh. Cé is moite de chásanna faoi mhír 2, déanfaidh an Páirtí is gearánach fionraí na n-oibleagáidí a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta an fhógra. I gcásanna ina mbeidh cúiteamh curtha i bhfeidhm, agus cé is moite de chásanna faoi mhír 2, féadfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh cur i bhfeidhm an chúitimh sin a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta an fhógra á rá go raibh sé comhlíontach.

2. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le cé acu a thugtar nó nach dtugtar an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach leis an mbeart faoina dtugtar fógra, agus sin laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta an fhógra, féadfaidh ceachtar Páirtí iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar agus, mura ndéanfar cinneadh, foirceannfar fionraí na n-oibleagáidí nó an cúiteamh, de réir mar a bheidh. Soláthróidh an painéal a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 46 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata. Má chinneann an painéal go bhfuil an beart a rinneadh chun comhlíonadh a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha cumhdaithe, cuirfear deireadh le fionraí na n-oibleagáidí nó leis an gcúiteamh, de réir mar a bheidh. I gcás inarb ábhartha, déanfaidh an Páirtí gearánach leibhéal fionraíochta na n-oibleagáidí nó an leibhéal cúitimh a choigeartú i bhfianaise chinneadh an phainéil.

3. Má mheasann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh go sáraíonn an leibhéal fionraíochta oibleagáidí arna chur chun feidhme ag an bPáirtí gearánach an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil bhunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar.

AIRTEAGAL 26.18

Painéalaithe a ionadú

Más rud é, le linn aon nós imeachta um réiteach díospóidí faoin Roinn seo, nach féidir le painéalaí a bheith rannpháirteach, go dtarraingeoidh sé siar nó gur gá é a ionadú toisc nach gcomhlíonann sé Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair le haghaidh painéalaithe agus idirghabhálaithe), tá feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú) agus beidh na cumhachtaí agus na dualgais chéanna ag an bpainéalaí athsholáthair agus atá ag na painéalaithe bunaidh. An síneadh ama is gá chun an painéalaí nua a cheapadh, cuirfear an síneadh sin leis an tréimhse ama chun an rialú nó an cinneadh a sheachadadh.

AIRTEAGAL 26.19

Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí

1. Déanfar nósanna imeachta painéil a rialú leis an Roinn seo agus le hIarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí).
2. Beidh aon éisteacht de chuid an phainéil ar oscailt go poiblí mura bhforáiltear a mhalairt in Iarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí).

AIRTEAGAL 26.20

Fionraí agus foirceannadh

1. Arna iarraidh sin ag an dá Pháirtí, cuirfidh an painéal a chuid oibre ar fionraí tráth ar bith ar feadh tréimhse arna comhaontú ag na Páirtithe, tréimhse nach mó ná 12 mhí as a chéile.
2. Fillfidh an painéal ar a chuid oibre roimh dheireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ón dá Pháirtí, nó ag deireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ó cheachtar den dá Pháirtí. Déanfaidh an Páirtí is iarratasóir fógra a sheachadadh chuig an bPáirtí eile dá réir sin. Mura n-atosóidh an painéal a chuid oibre nuair a rachaidh an tréimhse fionraíochta in éag i gcomhréir leis an mír seo, rachaidh údarás an phainéil i léig agus foirceannfar an nós imeachta um réiteach díospóidí.
3. I gcás ina gcuirfeadh obair an phainéil ar fionraí, cuirfeadh síneadh leis na tréimhsí ama ábhartha a leagtar amach sa Roinn seo a bheidh ar aon fhad leis an tréimhse ar lena haghaidh a cuireadh obair an phainéil ar fionraí.

AIRTEAGAL 26.21

An ceart chun faisnéis a lorg agus a fháil

1. Ar iarraidh ó Pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal faisnéis ábhartha a mheasann sé a bheith riachtanach agus iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Tabharfaidh na Páirtithe freagra pras agus iomlán ar aon iarraidh ón bpainéal ar an bhfaisnéis sin.
2. Arna iarraidh sin do Pháirtí nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal aon fhaisnéis a lorg ó aon fhoinsé a mheasann sé a bheith iomchuí. Tá sé de cheart ag an bpainéal freisin tuairim saineolaithe a lorg, de réir mar is iomchuí leis agus i gcás inarb infheidhme, faoi réir aon téarma agus coinníoll a chomhaontóidh na Páirtithe.
3. I ndáil le hábhair a bhaineann le comhaontuithe agus ionstraimí iltaobhacha a chomhlíonadh dá dtagraítear i gCaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe), ba cheart a áireamh i dtuairimí saineolaithe seachtracha nó i bhfaisnéis a iarrann an painéal faisnéis agus comhairle ó EIS nó ó eagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha arna mbunú faoi MEAnna.
4. Breithneoidh an painéal aighneachtaí *amicus curiae* ó dhaoine nádúrtha de Pháirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i bPáirtí i gcomhréir le hIarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí).
5. Aon fhaisnéis nó tuairim a fhaigheann an painéal de bhun an Airteagail seo, nochtfar do na Páirtithe í agus féadfaidh na Páirtithe barúlacha a thabhairt ina leith.

AIRTEAGAL 26.22

Rialacha léirmhíithe

1. Déanfaidh an painéal na forálacha faoi chumhdach a léirmhíniú i gcomhréir le rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, arna dhéanamh i Vín an 23 Bealtaine 1969.
2. Cuirfidh an painéal san áireamh freisin léirmhíithe ábhartha i dtuarascálacha ó Phainéil EDT agus ón mBuanchomhlacht Achomhairc EDT arna nglacadh ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí, agus i ndámhachtain eadrána faoi DSU.
3. Le tuarascálacha agus cinntí an phainéil, ní chuirfear le cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú seo, ná ní laghdófar na cearta ná na hoibleagáidí sin ach oiread.

AIRTEAGAL 26.23

Tuarascálacha agus cinntí an phainéil

1. Coimeádfar pléití an phainéil faoi rún. Déanfaidh an painéal gach iarracht chun tuarascálacha a dhréachtú agus cinntí a dhéanamh de chomhthoil. Mura mbeidh an méid sin indéanta, déanfaidh an painéal cinneadh trí vóta tromlaigh. Ní nochtfar, in aon chás, tuairimí leithleacha painéalaithe.
2. Glacfaidh na Páirtithe gan choinníoll le cinntí agus tuarascálacha an phainéil. Ní chruthóidh siad aon cheart ná oibleagáid i ndáil le daoine nádúrtha nó dlítheanacha.

3. Cuirfidh gach Páirtí tuarascálacha agus cinntí an phainéal agus a aighneachtaí ar fáil go poiblí, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.
4. Is mar fhaisnéis rúnda a dhéileálfaidh an painéal agus na Páirtithe le haon fhaisnéis a chuirfidh Páirtí faoi bhráid an phainéal i gcomhréir le Rialacha 34 go 36 d'Iarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí).

AIRTEAGAL 26.24

Rogha fóraim

1. I gcás ina dtiocfaidh díospóid chun cinn maidir le beart ar leith de shárú líomhnaithe ar na forálacha faoi chumhdach agus ar oibleagáid atá coibhéiseach go substaintiúil leo faoi aon chomhaontú trádála idirnáisiúnta eile ar páirtí ann an dá Pháirtí, lena n-áirítear Comhaontú EDT, is é an Páirtí a lorgaíonn sásamh a roghnóidh an fóram ina réiteofar an díospóid.
2. A luaithe a bheidh an fóram roghnaithe ag Páirtí agus a bheidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí tionscanta aige faoin Roinn seo nó faoi aon chomhaontú trádála idirnáisiúnta eile, ní thionscnóidh an Páirtí sin nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile maidir leis an mbeart ar leith dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ach amháin mura dtiocfaidh an fóram roghnaithe ar thorthaí ar chúiseanna nós imeachta nó dlínsiúla ar dtús.
3. Chun críocha an Airteagail seo:
 - (a) meastar go dtionscnófar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin Roinn seo le hiarraidh ar phainéal ó Pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 26.4 (Tionscnamh nósanna imeachta an phainéal);

- (b) meastar go dtionscnófar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chomhaontú EDT le hiarraidh ar phainéal ó Pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 6 de DSU; agus
- (c) nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile, meastar gur tionscnaíodh iad i gcomhréir le forálacha ábhartha an chomhaontaithe sin.

4. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo bac ar Pháirtí oibleagáidí a chur ar fionraí, oibleagáidí atá údaraithe ag Comhlacht um Réiteach díospóidí EDT nó atá údaraithe faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá ag aon chomhaontú trádála idirnáisiúnta eile a bhfuil na Páirtithe díospóidí ina bpáirtithe ann. Ní dhéanfaidh Páirtí Comhaontú EDT ná aon chomhaontú trádála idirnáisiúnta eile idir na Páirtithe a agairt chun bac a chur ar an bPáirtí eile oibleagáidí de bhun na Caibidle seo a chur ar fionraí.

ROINN D

IDIRGHABHÁIL

AIRTEAGAL 26.25

Idirghabháil

Féadfaidh na Páirtithe dul i muinín idirghabhála i ndáil le haon bheart a mheasann Páirtí a bheidh a dhéanamh difear díobhálach do thrádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe. Leagtar an nós imeachta maidir le hidirghabháil amach in Iarscríbhinn 26-C (Rialacha nós imeachta maidir le hidirghabháil).

ROINN E

FORÁLACHA COITEANNA

AIRTEAGAL 26.26

Réiteach a chomhaontú ar bhonn frithpháirteach

1. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach, tráth ar bith, i ndáil le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 26.2 (Raon feidhme).
2. Má thagtar ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach le linn nós imeachta an phainéil nó an nós imeachta idirghabhála, tabharfaidh na Páirtithe fógra go comhpháirteach faoin réiteach sin arna chomhaontú go frithpháirteach do chathaoirleach an phainéil nó don idirghabhálaí, de réir mar is infheidhme. Ar an bhfógra sin a thabhairt, déanfar nósanna imeachta an phainéil nó an nós imeachta idirghabhála a fhoirceannadh.
3. Aon réiteach a chomhaontóidh na Páirtithe ar bhonn frithpháirteach, cuirfear ar fáil go poiblí é.
4. Déanfaidh gach Páirtí aon bheart is gá chun an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme laistigh den tréimhse comhaontaithe.
5. Tráth nach déanaí ná dul in éag na tréimhse ama comhaontaithe, cuirfidh an Páirtí cur chun feidhme an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn faoi aon bheart atá déanta aige chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 26.27

Tréimhsí ama

1. Déantar na tréimhsí uile a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an ghnímh dá dtagraíonn siad.
2. Aon tréimhse a leagtar amach sa Chaibidil seo, féadfar í a mhodhnú le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.
3. A mhéid a bhaineann le Roinn C (Nósanna imeachta an phainéil), féadfaidh an painéal a mholadh do na Páirtithe, tráth ar bith, aon tréimhse a leagtar amach sa Chaibidil seo a mhodhnú, agus na cúiseanna leis an moladh á lua.

AIRTEAGAL 26.28

Costais

1. Seasfaidh gach Páirtí a chostais féin a dhíorthóidh óna rannpháirtíocht i nósanna imeachta an phainéil nó sa nós imeachta idirghabhála.
2. Mura bhforáiltear a mhalairt in Iarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí), comhroinnfidh na Páirtithe i gcomhpháirt agus go cothrom na costais a dhíorthóidh ó chúrsaí eagraíochtúla, lena n-áirítear luach saothair agus costais painéalaithe agus idirghabhálaithe. Beidh luach saothair na bpainéalaithe agus n-idirghabhálaithe i gcomhréir le caighdeáin EDT.

3. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun paraiméadair nó mionsonraí eile a leagan amach maidir le luach saothair agus aisíocaíocht costas painéalaithe agus idirghabhálaithe, lena n-áirítear aon chostas gaolmhar a d'fhéadfaí a thabú sna himeachtaí. Go dtí go ndéanfar an cinneadh sin, is i gcomhréir le Rial 10 d'Iarscríbhinn 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí) a chinnfear luach saothair agus aisíocaíocht costas painéalaithe agus idirghabhálaithe agus aon chostas gaolmhar.

AIRTEAGAL 26.29

Leasú ar na hIarscríbhinní

Féadfaidh an Coiste um Thrádáil Iarscríbhinní 26-A (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí) agus 26-B (Cód iompair le haghaidh painéalaithe agus idirghabhálaithe) a leasú.

CAIBIDIL 27

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 27.1

Leasuithe

1. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú, i scríbhinn, an Comhaontú seo a leasú.
2. Tiocfaidh leasuithe ar an gComhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí, nó ar dháta níos déanaí mar a chomhaontóidh na Páirtithe, tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn lena ndeimhnítear gur thug siad chun críche a gceanglais agus a nósanna imeachta dlíthiúla infheidhme féin maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe sin.
3. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil an Comhaontú seo a leasú trí chinneadh, i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin in Airteagal 24.3 (Leasuithe ar an gComhaontú seo ag an gCoiste um Thrádáil). Le cinneadh an Choiste um Thrádáil, sonrúfar dáta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar an gComhaontú seo nó, má cheanglaítear amhlaidh le córas baile Páirtí, forálfar go dtiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm tar éis fógra a bheith tugtha i scríbhinn faoi thabhairt i gcrích aon cheanglas agus nós imeachta dlíthiúil de chuid na bPáirtithe nár comhlíonadh go fóill.

AIRTEAGAL 27.2

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn lena ndeimhnítear gur thug siad chun críche a gceanglais agus a nósanna imeachta dlíthiúla infheidhme féin maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh na Páirtithe dáta eile a chomhaontú le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
2. Seolfar na fógraí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na Nua-Shéalainne.

AIRTEAGAL 27.3

Foirceannadh

1. Leanfaidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm mura bhfoirceanntar de bhun mhír 2 é.
2. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoin rún atá aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Seolfar fógra don Aontas chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus seolfar fógra don Nua-Shéalainn chuig Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na Nua-Shéalainne. Beidh éifeacht ag foirceannadh an Chomhaontaithe seo 6 mhí tar éis dháta seachadta an fhógra, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

AIRTEAGAL 27.4

Oibleagáidí a chomhlíonadh

1. Beidh gach Páirtí freagrach go hiomlán as cloí le forálacha uile an Chomhaontaithe seo.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar na bearta uile is gá chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear go gcloífear leo ar gach leibhéal rialtais agus go cloífidh daoine a fheidhmíonn údarás tarmligthe rialtais leo. Is de mheon macánta a dhéanfaidh gach Páirtí na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chomhaontú seo.
3. Is cuid den chreat institiúideach comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 52(1) den Chomhaontú Comhpháirtíochta é an Comhaontú seo. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a bhaineann leis an gComhaontú seo a dhéanamh i gcás sárú an-tromchúiseach substaintiúil ar aon cheann de na hoibleagáidí a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 2(1) nó Airteagal 8(1) den Chomhaontú Comhlachais mar ghnéithe fíor-riachtanacha, ar sárú é a chuireann an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta i mbaol ar bhealach go mbeadh gá le freagairt láithreach. Féadfaidh Páirtí na bearta iomchuí sin a bhaineann leis an gComhaontú seo a dhéanamh freisin i gcás gníomh nó neamhghníomh a chuireann cuspóir agus críoch Chomhaontú Pháras ar neamhní go hábhartha. Déanfar na bearta iomchuí sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 54 den Chomhaontú Comhpháirtíochta.

AIRTEAGAL 27.5

Údarás tarmligthe

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, i gcás ina bhfeidhmeoidh duine dlíthiúil, lena n-áirítear fiontar faoi úinéireacht an stáit, fiontar a ndeonaítear cearta nó pribhléidí speisialta dó nó monaplacht ainmnithe, aon údarás rialála, údarás riaracháin nó údarás eile rialtais ar tharmlig Páirtí chuige chun iad a dhéanamh, áiritheoidh gach Páirtí go ngníomhóidh an duine sin i gcomhréir le hoibleagáidí an Pháirtí sin faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 27.6

Gan aon éifeacht dhíreach

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena dtugtar cearta do dhaoine ná lena bhforchuirtear oibleagáidí orthu, seachas cearta agus oibleagáidí arna gcruithú idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta.
2. Ní dhéanfaidh Páirtí foráil maidir le ceart caingne faoina dhlí intíre in aghaidh an Pháirtí eile ar an bhforas go bhfuil beart de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 27.7

Dlíthe agus rialacháin agus leasuithe orthu

Mura sonraítear a mhalairt, i gcás ina ndéantar tagairt sa Chomhaontú seo do dhlíthe agus do rialacháin Páirtí, tuigfear go mbeidh leasuithe ar na dlíthe agus na rialacháin sin san áireamh leo.

AIRTEAGAL 27.8

Codanna dílse den Chomhaontú seo

1. Beidh Iarscríbhinní, Foscríbhinní, Dearbhuithe, Dearbhuithe comhpháirteacha agus fonótaí an Chomhaontaithe seo ina gcuid dhílis den Chomhaontú seo.
2. Beidh gach ceann de na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear na foscríbhinní di, ina gcuid dhílis den Chaibidil a thagraíonn don Iarscríbhinn sin nó dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó:
 - (a) Is cuid dhílis de Chaibidil 2 (Cóir náisiúnta agus rochtain ar an margadh le haghaidh earraí) í Iarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifi) agus a Foscríbhinní;

- (b) Is cuid dhílis de Chaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta maidir le tionscnamh) iad Iarscríbhinn 3-A (Réamhnótaí maidir le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) agus na Foscríbhinní di agus Iarscríbhinní 3-C (Téacs an ráitis maidir le tionscnamh), 3-D (Dearbhú soláthróir dá dtagraítear in Airteagal 3.3(4) (Carnadh tionscnaimh)), 3-E (Dearbhú comhpháirteach maidir le Prionsacht Andóra) agus 3-F (Dearbhú comhpháirteach maidir le Poblacht San Mairíne);
- (c) Is cuid dhílis de Chaibidil 6 (Bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta) iad Iarscríbhinní 6-A (Údaráis inniúla), 6-B (Coinníollacha réigiúnacha le haghaidh plandaí agus táirgí planda), 6-C (Aitheantas coibhéise do bhearta SPS), 6-D (Treoirlínte agus nósanna imeachta maidir le hiniúchadh nó fíorúchán), 6-E (Deimhniúchán) agus 6-F (Seiceálacha agus táillí allmhairiúcháin);
- (d) Is cuid dhílis de Chaibidil 9 (Bacainní teicniúla ar an trádáil) iad Iarscríbhinní 9-A (Glacadh le measúnú comhréireachta (doiciméid)), 9-B (Mótarfheithiclí agus trealamh nó páirteanna díobh), 9-C (Comhshocrú dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 9.10(5) maidir le malartú córasach faisnéise i ndáil le sábháilteacht táirgí seachas bia agus bearta coiscitheacha, sriantacha agus ceartaitheacha gaolmhara), 9-D (Comhshocrú dá dtagraítear in Airteagal 9.10(6) maidir le malartú tráthrialta faisnéise i ndáil le bearta arna ndéanamh i dtaca le táirgí seachas bia neamh-chomhlíontacha seachas na bearta a chumhdaítear le pointe (b) d'Airteagal 9.10(5)), agus 9-E (Fíon agus biotáillí) agus na Foscríbhinní di;

- (e) Is cuid dhílis de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht) iad Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana), Iarscríbhinn 10-B (Bearta a bheidh ann amach anseo), Iarscríbhinn 10-C (Cuartheoirí gnó chun críoch bunaíochta, aistrithe ionchorparáideacha agus cuairteoirí gnó gearrthéarmacha), Iarscríbhinn 10-D (Liosta de ghníomhaíochtaí cuairteoirí gnó gearrthéarmacha), Iarscríbhinn 10-E (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha) agus Iarscríbhinn 10-F (Gluaiseacht daoine nádúrtha chun críoch gnó);
- (f) Is cuid dhílis de Chaibidil 13 (Fuinneamh agus amhábhair) í Iarscríbhinn 13 (Liostaí d'earraí fuinnimh, de hidreacarbóin agus d'amhábhair);
- (g) Is cuid dhílis de Chaibidil 14 (Soláthar poiblí) í Iarscríbhinn 14 (Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh soláthair phoiblí);
- (h) Is cuid dhílis de Chaibidil 18 (Maoin intleachtúil) iad Iarscríbhinní 18-A (Aicmí Táirgí) agus 18-B (Liosta na dtásc geografach);
- (i) Is cuid dhílis de Chaibidil 19 (Trádáil agus forbairt inbhuanaithe) í Iarscríbhinn 19 (Earraí agus seirbhísí comhshaoil);
- (j) Is cuid dhílis de Chaibidil 24 (Forálacha institiúideacha) í Iarscríbhinn 24 (Rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil);
- (k) Is cuid dhílis de Chaibidil 26 (Rialacha nós imeachta maidir le réiteach díospóidí) iad Iarscríbhinní 26-A (Rialacha nós imeachta), 26-B (Cód iompair le haghaidh painéalaithe agus idirghabhálaithe) agus 26-C (Rialacha nós imeachta maidir le hidirghabháil); agus

- (l) Is cuid dhílis de Chaibidil 27 (Forálacha críochnaitheacha) í Iarscríbhinn 27 (Dearbhú comhpháirteach maidir le haontais chustaim).

AIRTEAGAL 27.9

Téacsanna barántúla

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Съставено в Брюксел на девети юли две хиляди двадесет и трета година.
Hecho en Bruselas, el nueve de julio de dos mil veintitrés.
V Bruselu dne devátého července dva tisíce dvacet tři.
Udfærdiget i Bruxelles den niende juli to tusind og treogtyve.
Geschehen zu Brüssel am neunten Juli zweitausenddreißig.
Kahe tuhande kahekümne kolmanda aasta juulikuu üheksandal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις εννέα Ιουλίου δύο χιλιάδες είκοσι τρία.
Done at Brussels on the ninth day of July in the year two thousand and twenty three.
Fait à Bruxelles, le neuf juillet deux mille vingt-trois.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá d'Iúil sa bhliain dhá mhíle fiche a trí.
Sastavljeno u Bruxellesu devetog srpnja godine dvije tisuće dvadeset treće.
Fatto a Bruxelles, addì nove luglio duemilaventitré.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit trešā gada devītajā jūlijā.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt trečių metų liepos devintą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétézer-huszonharmadik év július havának kilencedik napján.
Magħmul fi Brussell, fid-disa' jum ta' Lulju fis-sena elfejn u tlieta u għoxrin.
Gedaan te Brussel, negen juli tweeduizend drieëntwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia dziewiątego lipca roku dwa tysiące dwudziestego trzeciego.
Feito em Bruxelas, em nove de julho de dois mil e vinte e três.
Întocmit la Bruxelles la nouă iulie două mii douăzeci și trei.
V Bruseli deviateho júla dvetisícdvadsaťtri.
V Bruslju, devetega julija dva tisoč triindvajset.
Tehty Brysselissä yhdeksäntenä päivänä heinäkuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkolme.
Som skedde i Bryssel den nionde juli år tjugohundratjugotre.

За Европейския съюз
 Por la Unión Europea
 Za Evropskou unii
 For Den Europæiske Union
 Für die Europäische Union
 Euroopa Liidu nimel
 Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
 For the European Union
 Pour l'Union européenne
 Thar ceann an Aontais Eorpaigh
 Za Europsku uniju
 Per l'Unione europea
 Eiropas Savienības vārdā –
 Europos Sąjungos vardu
 Az Európai Unió részéről
 Għall-Unjoni Ewropea
 Voor de Europese Unie
 W imieniu Unii Europejskiej
 Pela União Europeia
 Pentru Uniunea Europeană
 Za Európsku úniu
 Za Evropsko unijo
 Euroopan unionin puolesta
 För Europeiska unionen

За Нова Зеландия
 Por Nueva Zelanda
 Za Nový Zéland
 For New Zealand
 Für Neuseeland
 Uus-Meremaa nimel
 Για τη Νέα Ζηλανδία
 For New Zealand
 Pour la Nouvelle-Zélande
 Thar ceann na Nua-Shéalainne
 Za Novi Zeland
 Per la Nuova Zelanda
 Jaunzēlandes vārdā –
 Naujosios Zelandijos vardu
 Új-Zéland részéről
 Għal New Zealand
 Voor Nieuw-Zeeland
 W imieniu Nowej Zelandii
 Pela Nova Zelândia
 Pentru Noua Zeelandă
 Za Nový Zéland
 Za Novo Zelandijo
 Uuden-Seelannin puolesta
 För Nya Zeeland

IARSCRÍBHINN 2-A

SCEIDIL MAIDIR LE DÍOTHÚ TARAIFE

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn ‘Bliain 0’ an tréimhse ama dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar críoch an 31 Nollaig den bhliain féilire chéanna a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm. Tosóidh ‘Bliain 1’ an 1 Eanáir tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus críochnóidh sí an 31 Nollaig sa bhliain féilire chéanna. Gabhfaidh éifeacht le gach laghdú taraife ina dhiaidh sin an 1 Eanáir gach bliain ina dhiaidh sin.
2. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, déanfaidh gach Páirtí na dleachtanna custaim uile ar earraí tionscnaimh de chuid an Pháirtí eile a laghdú nó a dhíothú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. Maidir le hearraí tionscnaimh ó Pháirtí a leagtar amach i sceidil Taraiife gach Páirtí a áirítear in Foscíbhinní 2-A-1 (Sceidil Taraiife an Aontais Eorpaigh) agus 2-A-2 (Sceideal Taraiife na Nua-Shéalainne) a ghabhann leis an Iarscír bhinn seo, tá feidhm ag na catagóirí céimnithe seo a leanas maidir le díothú dleachtanna custaim ag gach Páirtí de bhun Airteagal 2.5 (Dleachtanna custaim a dhíothú):

- (a) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe 'A' i sceideal taraiife Páirtí a dhíothú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (b) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe 'B3' i bhFoscíbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraiife an Aontais Eorpaigh) a dhíothú i gceithre chéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht an 1 Eanáir de Bhliain 3;
- (c) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe 'B5' i bhFoscíbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraiife an Aontais Eorpaigh) a dhíothú i sé chéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht an 1 Eanáir de Bhliain 5;

- (d) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘B7’ i bhFoscóirbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraipe an Aontais Eorpaigh) a dhíothú in ocht gcéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht an 1 Eanáir de Bhliain 7;
- (e) déanfar an chomhpháirt *ad valorem* de na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘A (EP)’ i bhFoscóirbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraipe an Aontais Eorpaigh) a dhíothú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, coinneofar an dleacht shonrach ar earraí tionscnaimh i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun¹ an phraghais iontrála; agus
- (f) déanfar an chomhpháirt *ad valorem* de na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir céimnithe ‘B3 (EP)’ i bhFoscóirbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraipe an Aontais Eorpaigh) a dhíothú i gceithre chéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus díothófar í an 1 Eanáir de Bhliain 3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, coinneofar an dleacht shonrach ar earraí tionscnaimh i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun an phraghais iontrála.
4. Is é ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair, arna chur i bhfeidhm ag gach Páirtí an 1 Iúil 2018, an bonnráta chun an ráta eatramhach dleachta custaim céimnithe a chinneadh le haghaidh ítime.

¹ Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/1925 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraipe agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim (IO AE L 282, 31.10.20172017, lch. 1).

5. Chun críocha dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le hAirteagal 2.5 (Dleachtanna custaim a dhíothú), déanfar rátaí dleachta céimnithe eatramhacha a chothromú síos ar a laghad go dtí an deichiú is gaire de phointe céatadáin nó, más in aonaid airgeadaíochta a shloinntear an ráta dleachta, go dtí an 0,01 ar a laghad d'aonad oifigiúil airgeadaíochta an Pháirtí.
6. Tá an Iarscríbhinn seo bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe, arna leasú an 1 Eanáir 2017.

ROINN B

CUÓTAÍ RÁTA TARAIFE A RIAR

7. Leagtar amach sa Roinn seo na Cuótaí Ráta Taraiife (dá ngairtear 'CRTanna' anseo feasta) a bhunaítear faoin gComhaontú seo agus a mbeidh i bhfeidhm ag an bPáirtí is allmhaireoir ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo maidir le hearraí tionscnaimh sonraithe de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir.
8. Déanfaidh gach Páirtí CRTanna a bhunaítear faoin gComhaontú seo a riar ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.
9. Déantar na hearraí a chumhdaítear le gach CRT a shainaithint go cineálach i dteideal na míre lena leagtar amach an CRT i Roinn C (Cuótaí ráta taraiife an Aontais Eorpaigh). Ní áirítear na teidil sin ach amháin chun cuidiú le tuiscint na hIarscríbhinne seo agus ní athróidh siad an cumhdach a bhunaítear trí línte taraiife a shonraítear le haghaidh gach CRT i Roinn C (Cuótaí ráta taraiife an Aontais Eorpaigh) a shainaithint ná ní ghabhfaidh siad ionad an chumhdaigh sin.

10. Más dáta seachas an 1 Eanáir é dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar cainníocht CRT don bhliain sin a ríomh mar chion den chainníocht bhliantúil CRT atá cothrom le líon na laethanta atá fágtha sa bhliain sin arna roinnt ar líon na laethanta sa bhliain sin. I ngach bliain ina dhiaidh sin le linn don CRT a bheith i bhfeidhm, beidh na cainníochtaí bliantúla CRTanna iomlána ar fáil ón 1 Eanáir.
11. Ní áireofar aon chainníocht earraí tionscnaimh a allmhairítear faoi CRT a bhunaítear faoin gComhaontú seo i dtreo chainníocht laistigh den chuóta d'aon CRT a sholáthraítear do na hearraí sin faoi Sceideal Tarairfe EDT an Pháirtí is allmhaireoir nó faoi aon chomhaontú trádála eile.
12. Ní dhéanfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm ná a choinneáil ar bun maidir le haon earra arna allmhairiú faoi CRT a bhunaítear faoin gComhaontú seo.
13. Chun rochtain a fháil ar CRT a bhunaítear faoin gComhaontú seo, cé is moite de na CRTanna a shonraítear i bpointe (b) de mhír 14, ní mór don allmhaireoir deimhniú bailí incháilitheachta a thíolacadh arna eisiúint ag an bPáirtí is onnmhaireoir nó ag údarás tarmligthe de chuid an Pháirtí sin, ar deimhniú é atá i bhfeidhm maidir leis na hearraí. Áiritheoidh an Páirtí is onnmhaireoir nach n-eiseofar deimhnithe incháilitheachta ach suas go dtí an chainníocht ábhartha le haghaidh gach CRT.

14. Tá feidhm ag na ceanglais allmhairiúcháin seo a leanas:
- (a) maidir le hallmhairí faoi CRT-2 Feoil Chaorach agus Ghabhair Úr/Fuaraithe, CRT-3 Feoil Chaorach agus Ghabhair Reoite, agus CRT-7 Táirgí Talmhaíochta Próiseáilte Déiríochta (dá ngairtear ‘PAPanna’ anseo feasta) agus Meadhg Ardphróitéine, beidh siad ar bhonn tagadh do sheal mar a tháinig tú féin nuair a thíolacfaidh an t-allmhaireoir deimhniú bailí incháilitheachta mar a leagtar amach i mír 19. Ní bheidh aon cheadúnais allmhairiúcháin ina gceanglais;
 - (b) riarfaidh an Páirtí is allmhaireoir allmhairí faoi CRT-8 Grán milis agus CRT-9 Eatánól, agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí go tráthúil agus go leanúnach gach faisnéis ábhartha a bhaineann le riarachán cuótaí, lena n-áirítear an méid atá ar fáil; agus
 - (c) beidh allmhairí faoi gach CRT eile a bhunaítear faoin gComhaontú seo ar bhonn ceadúnais allmhairiúcháin, arna eisiúint ar éileamh, ar choinníoll nach soláthróidh an t-allmhaireoir ach deimhniú bailí incháilitheachta mar a leagtar amach i mír 19. Eiseofar ceadúnais allmhairiúcháin gan mhoill a luaithe is féidir tar éis an deimhniú incháilitheachta a thíolacadh agus beidh siad bailí go dtí deireadh na bliana cuóta.
15. Ní bheidh allmhairí faoi CRTanna arna mbunú faoin gComhaontú seo faoi réir aon cheanglais, coinníollacha ná srianta breise ná iad sin a leagtar amach i mír 14, mura gcomhaontófar go frithpháirteach iad.

16. Cé is moite de na CRTanna a shonraítear i bpointe (a) de mhír 14, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir sásra ar fáil chun ceadúnais allmhairiúcháin nár úsáideadh a thabhairt ar ais agus a atheisiúint, go dtí deireadh na bliana cuóta, ar bhealach tráthúil trédhearcach.
17. Tabharfaidh an Páirtí is onnmhaireoir fógra gan mhoill don Pháirtí is allmhaireoir faoi chéannacht aon údaráis tarmlichte atá údaraithe chun deimhnithe incháilitheachta a eisiúint agus faoi fhormáid an deimhnithe a úsáidfear.
18. Seolfaidh údaráis eisiúna an Pháirtí is onnmhaireoir chuig an bPáirtí is allmhaireoir, gan mhoill, cóip de gach deimhniú incháilitheachta fíordheimhnithe lena n-áirítear tuairisc ar na hearraí, cainníocht iomlán na n-earraí a chumhdaítear, agus tréimhse bhailíochta (go dtí deireadh na bliana cuóta is infheidhme). I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh údaráis eisiúna an Pháirtí is onnmhaireoir fógra don Pháirtí is allmhaireoir faoi aon chealú, nó faoi aon cheartúchán nó leasú, ar dheimhniú incháilitheachta.
19. Maidir le gach deimhniú incháilitheachta:
- (a) beidh sraithuimhir ar leith air arna leithdháileadh ag an údarás eisiúna;
 - (b) ní bheidh siad bailí ach amháin má dhéanann an t-údarás eisiúna iad a chomhlánú agus a fhormhuiniú go cuí, agus sonrófar ann uimhir ordaithe nó uimhreacha ordaithe an CRT nó na CRTanna lena mbaineann; agus

- (c) measfar é a bheith formhuinthe go cuí má shonraíonn siad an dáta agus an áit eisiúna agus má tá séala clóite nó stampa an údaráis eisiúna orthu mar aon le síniú an duine nó na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu iad a shíniú.

Beidh aon cheanglais bhreise den deimhniú incháilitheachta faoi réir comhaontú frithpháirteach.

20. Má thagann ábhar chun cinn a bhaineann le CRTanna nó le haon ábhar gaolmhar, féadfaidh Páirtí iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid an Pháirtí eile:

- (a) cruinniú den Choiste um Thrádáil in Earraí a thionól;
- (b) freagra pras a thabhairt ar cheisteanna sonracha; agus
- (c) faisnéis a sholáthar go pras maidir leis an CRT nó na CRTanna lena mbaineann.

ROINN C

CUÓTAÍ RÁTA TARAIFE AN AONTAIS EORPAIGH

21. CRT-1 Cuóta ráta taraife mairteola

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-1 Mairteoil’ ag gabháil leo i bhFoscríbhinn 2-A-1 (Sceidil Taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT') – coibhéis an mheáchain conablaigh)	Taraif laistigh den chuóta
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	3 333 MT	7,5 %
Bliain 1	4 286 MT	7,5 %
Bliain 2	5 238 MT	7,5 %
Bliain 3	6 190 MT	7,5 %
Bliain 4	7 143 MT	7,5 %
Bliain 5	8 095 MT	7,5 %
Bliain 6	9 048 MT	7,5 %
Bliain 7 agus blianta dá héis	10 000 MT	7,5 %

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0201, 0202, 0206.10.95, 0206.29.91, 0210.20.10, 0210.20.90, 0210.99.51, 0210.99.59, ex 1502.10.90 (mairteoil amháin), ex 1502.90.90 (mairteoil amháin), agus 1602.50,¹ go táirge ó ainmhithe a ardaíodh faoi dhálaí feirmeoireachta tréadaí na Nua-Shéalainne. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear leis seo láithreacha beatha tráchtála.
- (c) Earraí ón Nua-Shéalainn a allmhairítear isteach san Aontas faoi chuóta tírshonrach EDT an Aontais atá ann cheana le haghaidh na Nua-Shéalainne i gcás mairteola, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún² a bhfuil an t-orduimhir cuóta 09.4454 aige, beidh siad faoi réir dleacht 7,5 % ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

¹ I gcás línte taraife ex 1502.10.90 agus ex 1502.90.90, is é 3,2 % an ráta taraife laistigh den chuóta is infheidhme a bheidh ann, an bonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscábhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh).

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO AE L 185, 12.6.2020, lch. 24).

- (d) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraipe an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.
- (e) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoi CRT-1 Mairteoil á ríomh, úsáidfean na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i Roinn D (Fachtóirí coinbhéartachta) chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain conablaigh.

22. CRT-2 Cuóta ráta taraipe feoil chaorach agus ghabhair úr/fuaraithe

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-2 Feoil Chaorach agus Ghabhair Úr/Fuaraithe’ ag gabháil leo i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraipe an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT') – coibhéis an mheáchain conablaigh)	Taraif laistigh den chuóta
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	4 433 MT	0 %
Bliain 1	5 911 MT	0 %
Bliain 2	7 389 MT	0 %
Bliain 3	8 867 MT	0 %
Bliain 4	10 344 MT	0 %
Bliain 5	11 822 MT	0 %
Bliain 6 agus blianta dá héis	13 300 MT	0 %

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0204.10.00, 0204.21.00, 0204.22.10, 0204.22.30, 0204.22.50, 0204.22.90, 0204.23.00, 0204.50.11, 0204.50.13, 0204.50.15, 0204.50.19, 0204.50.31, 0204.50.39, ex 0210.99.21 (úr/fuaraithe amháin), agus ex 0210.99.29 (úr/fuaraithe amháin).
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.
- (d) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoi CRT-2 Feoil Chaorach agus Ghabhair Úr/Fuaraithe á ríomh, úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i Roinn D (Fachtóirí coinbhéartachta) chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain conablaigh.
23. CRT-3 Cuóta ráta taraife feoil chaorach agus ghabhair reoite
- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-3 Feoil Chaorach agus Ghabhair Reoite’ ag gabháil leo i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT') – coibhéis an mheáchain conablaigh)	Taraif laistigh den chuóta
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	8 233 MT	0 %
Bliain 1	10 978 MT	0 %
Bliain 2	13 722 MT	0 %
Bliain 3	16 467 MT	0 %
Bliain 4	19 211 MT	0 %
Bliain 5	21 956 MT	0 %
Bliain 6 agus blianta dá héis	24 700 MT	0 %

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0204.30.00, 0204.41.00, 0204.42.10, 0204.42.30, 0204.42.50, 0204.42.90, 0204.43.10, 0204.43.90, 0204.50.51, 0204.50.53, 0204.50.55, 0204.50.59, 0204.50.71, 0204.50.79, ex 0210.99.21 (reoite amháin), agus ex 0210.99.29 (reoite amháin).
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúibhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.
- (d) Agus cainníochtaí a allmhairíodh faoi CRT-3 Feoil Chaorach agus Ghabhair Reoite á ríomh, úsáidfean na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i Roinn D (Fachtóirí coinbhéartachta) chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain conablaigh.

24. CRT-4 Cuóta ráta taraife púdar bainne

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-4 Púdair Bhainne’ ag gabháil leo i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT'))	Taraif laistigh den chuóta
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	5 000 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 1	6 428 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 2	7 857 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 3	9 286 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 4	10 714 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 5	12 143 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 6	13 571 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 7 agus blianta dá héis	15 000 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife de na fo-cheannteidil seo a leanas: 0402.10, 0402.21, agus 0402.29.
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnaráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.

25. CRT-5 Cuóta ráta taraife an Ime

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-5 An tIm’ ag gabháil leo i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT'))	Taraif laistigh den chuóta (céatadán de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair)
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	5 000 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 1	6 428 MT	15 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 2	7 857 MT	13.33 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 3	9 286 MT	11.64 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 4	10 714 MT	9.98 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 5	12 143 MT	8.32 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 6	13 571 MT	6.66 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 7 agus blianta dá héis	15 000 MT	5 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife de na fo-cheannteidil seo a leanas: 0405.10, 0405.20, agus 0405.90.
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.

- (d) Earraí ón Nua-Shéalainn a allmhairítear isteach san Aontas faoi chuótaí tírshonracha EDT an Aontais atá ann cheana le haghaidh na Nua-Shéalainne i gcás ime, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún a bhfuil na horduimhreacha cuóta 09.4182 agus 09.4195 acu, beidh siad faoi réir na cóireála a leagtar amach sna táblaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus beidh siad faoi réir fhorálacha riaracháin chuóta taraife breise a leagtar amach i bpointe (f):

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT'))	Taraif laistigh den chuóta (céatadán de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair)
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	21 000 MT	20 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 1	21 000 MT	15 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 2	21 000 MT	13.33 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 3	21 000 MT	11.64 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 4	21 000 MT	9.98 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 5	21 000 MT	8.32 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 6	21 000 MT	6.66 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 7 agus blianta dá héis	21 000 MT	5 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair

agus:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT'))	Taraif laistigh den chuóta (céatadán de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair)
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 1	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 2	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 3	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 4	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 5	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 6	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair
Bliain 7 agus blianta dá héis	14 000 MT	30 % de ráta taraife an náisiúin barrfhabhair

- (e) Tá feidhm ag an gcuóta EDT a shonraítear i bpointe (d) maidir le hearraí a aicmítear i línte taraife fho-cheannteideal 0405.10.
- (f) Déanfar uimhir ordaithe do chuóta EDT a shonraítear i bpointe (d) a chumasc, agus scoirfidh deighilt idir allmhaireoirí traidisiúnta agus allmhaireoirí nua d'fheidhm a bheith acu. Scoirfidh fothréimhsí cuóta d'fheidhm a bheith acu freisin.

26. CRT-6 Cuóta ráta taraife cáise

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht 'CRT-6 Cáis' ag gabháil leo i bhFoscábhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT'))	Taraif laistigh den chuóta
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	8 333 MT	0 %
Bliain 1	10 714 MT	0 %
Bliain 2	13 095 MT	0 %
Bliain 3	15 467 MT	0 %
Bliain 4	17 857 MT	0 %
Bliain 5	20 238 MT	0 %
Bliain 6	22 619 MT	0 %
Bliain 7 agus blianta dá héis	25 000 MT	0 %

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife de na fo-cheantheidil seo a leanas: 0406.10, 0406.20, 0406.30, 0406.40, agus 0406.90. Dar tús an 1 Eanáir de Bhliain 7, ní áireofar earraí tionscnaimh de chuid na Nua-Shéalainne le haghaidh línte taraife faoi fho-cheantheidil 0406.30 agus 0406.40 faoi na cainníochtaí a shonraítear i bpointe (a).
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscibhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle, cé is moite de na línte taraife i bhfo-cheantheidil 0406.30 agus 0406.40, a mbainfear dleachtanna custaim uathu i gcomhréir le forálacha chatagóir chéime 'B7'.

- (d) Earraí ón Nua-Shéalainn a allmhairítear isteach san Aontas faoi chuótaí tírshonracha EDT an Aontais atá ann cheana le haghaidh na Nua-Shéalainne i gcás cáise, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún a bhfuil an t-ordúimhir cuóta 09.4514 agus 09.4515¹ acu, beidh siad saor ó dhleacht i gcainníocht chomhiomlán bhliantúil de 6 031 MT ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

27. CRT-7 Cuóta ráta taraife PAPanna déiríochta agus Meidhg Ardphróitéine

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-7 PAPanna Déiríochta agus Meadhg Ardphróitéine’ ag gabháil leo i bhFoscúibhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad faoi réir na cóireála cuótaí seo a leanas ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

Bliain	Cainníocht chomhiomlán (tonaí méadracha ('MT'))	Taraif laistigh den chuóta
Bliain 0 (Teacht i bhfeidhm)	1 167 MT	0 %
Bliain 1	1 556 MT	0 %
Bliain 2	1 945 MT	0 %
Bliain 3	2 334 MT	0 %
Bliain 4	2 722 MT	0 %
Bliain 5	3 111 MT	0 %
Bliain 6 agus blianta dá héis	3 500 MT	0 %

¹ Déanfar an dá chuóta sin a chumasc ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus leathnófar cumhdach na dtáirgí go dtí gach líne taraife 0406.

- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0404.10.12, 0404.10.14, 0404.10.16, 0404.90.21, 0404.90.23, 0404.90.29, 0404.90.81, 0404.90.83, 0404.90.89, 1806.20.70, 1901.90.99, 2106.90.92, 2106.90.98, 3502.20.91, agus 3502.20.99.
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.
28. CRT-8 Cuóta ráta taraife grán milis
- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-8 Grán Milis’ ag gabháil leo i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad saor ó dhleacht i gcainníocht chomhiomlán bhliantúil de 800 MT ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0710.40, 00 agus 2005.80.
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.

29. CRT-9 Cuóta ráta taraife eatánóil

- (a) Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí a bhfuil an nodaireacht ‘CRT-9 Eatánól’ ag gabháil leo i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal taraife an Aontais Eorpaigh) agus a liostaítear i bpointe (b), beidh siad saor ó dhleacht i gcainníocht chomhiomlán bhliantúil de 4 000 MT ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
- (b) Tá feidhm ag pointe (a) maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 2207.10.00, 2207.20.00, agus 2208.90.99.
- (c) Earraí tionscnaimh a allmhairítear faoin gComhaontú seo de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bpointe (a), beidh siad faoi réir an bhonnráta dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscúbhinn 2-A-1 (Sceideal Taraife an Aontais Eorpaigh), nó faoi réir ráta an náisiúin barrfhabhair is infheidhme, cibé acu is ísle.

ROINN D

FACHTÓIRÍ COINBHÉARTACHTA

30. Maidir le CRT-1 Mairteoil, CRT-2 Feoil Chaorach agus Ghabhair Úr/Fuaraithe agus CRT-3 Feoil Chaorach agus Ghabhair Reoite, úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain conablaigh:

- (a) CRT-1 Mairteoil a leagtar amach i mír 21:

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
0201.10.00	Conablaigh nó leathchonablaigh bó-ainmhithe; úr nó fuaraithe	100 %
0201.20.20	Ceathrúna ‘cúitithe’ bó-ainmhithe, agus an chnámh iontu; úr nó fuaraithe	100 %
0201.20.30	Ceathrúna tosaigh deighilte nó neamhdheighilte bó-ainmhithe, agus an chnámh iontu; úr nó fuaraithe	100 %
0201.20.50	Ceathrúna deiridh deighilte nó neamhdheighilte bó-ainmhithe, agus an chnámh iontu; úr nó fuaraithe	100 %
0201.20.90	Gearrthacha bó-ainmhithe agus an chnámh iontu (gan conablaigh agus leathchonablaigh, ceathrúna ‘cúitithe’, ceathrúna tosaigh agus ceathrúna deiridh a áireamh); úr nó fuaraithe	100 %
0201.30.00	Feoil bhó-ainmhithe, gan chnámha; úr nó fuaraithe	130 %
0202.10.00	Conablaigh nó leathchonablaigh bó-ainmhithe; reoite	100 %
0202.20.10	Ceathrúna ‘cúitithe’ bó-ainmhithe, agus an chnámh iontu; reoite	100 %
0202.20.30	Ceathrúna tosaigh deighilte nó neamhdheighilte bó-ainmhithe, agus an chnámh iontu; reoite	100 %
0202.20.50	Ceathrúna deiridh deighilte nó neamhdheighilte bó-ainmhithe, agus an chnámh iontu; reoite	100 %
0202.20.90	Gearrthacha bó-ainmhithe agus an chnámh iontu (gan conablaigh agus leathchonablaigh, ceathrúna ‘cúitithe’, ceathrúna tosaigh agus ceathrúna deiridh a áireamh); reoite	100 %
0202.30.10	Ceathrúna tosaigh bó-ainmhithe gan chnámha, iomlán nó gearrtha i gcúig phíosá ar a mhéid, agus gach ceathrú mar bhloc amháin; ceathrúna ‘cúitithe’ in dhá bhloc, an ceathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, iomlán nó gearrtha i gcúig phíosá ar a mhéid, agus an ceathrú dheiridh ina iomlán, gan an luan bog a áireamh, in aon phíosá amháin sa bhloc eile; reoite	130 %

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
0202.30.50	Gearrthacha bó-ainmhithe gan chnámha barr, gearrthacha gualainne agus gearrthacha briscéid; reoite	130 %
0202.30.90	Feoil bó-ainmhithe gan chnámha (gan ceathrúna tosaigh, iomlán nó gearrtha i gcúig phíosa ar a mhéid, agus gach ceathrú mar bhloc amháin a áireamh; ceathrúna ‘cúitithe’ in dhá bhloc, an cheathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, iomlán nó gearrtha i gcúig phíosa ar a mhéid, agus an cheathrú dheiridh ina iomlán, gan an luan bog a áireamh, in aon phíosa amháin sa bhloc eile); reoite	130 %
0206.10.95	Scairteach inite bó-ainmhithe, scairt thiubh agus scairt thanaí (seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú); úr nó fuaraithe	100 %
0206.29.91	Scairteach inite bó-ainmhithe, scairt thiubh agus scairt thanaí (seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú); reoite	100 %
0210.20.10	Feoil bó-ainmhithe, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó deataithe; í ar an gcnámh	100 %
0210.20.90	Feoil bó-ainmhithe, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó deataithe; gan chnámha	135 %
0210.99.51	Scairteach inite bó-ainmhithe, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó deataithe; scairt thiubh agus scairt thanaí	100 %
0210.99.59	Scairteach inite bó-ainmhithe, shailte, faoi sháile, thriomaithe nó deataithe; seachas scairt thiubh agus scairt thanaí	100 %
ex 1502.10.90 (mairteoil amháin)	Saill bó-ainmhithe seachas iad siúd faoi cheannteideal 1503 agus geir; nach le haghaidh úsáidí tionsclaíocha (seachas monarú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine)	100 %
ex 1502.90.90 (mairteoil amháin)	Saill bó-ainmhithe seachas iad siúd faoi cheannteideal 1503 agus geir; nach le haghaidh úsáidí tionsclaíocha (seachas monarú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine)	100 %

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
1602.50.10	Ullmhóidí feola, ó bhó-ainmhithe, ó fheoil nó ó scairteach feola; ullmhaithe nó leasaithe (seachas aenna agus ullmhóidí homaiginithe); neamhchócaráilte, meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus feoil nó scairteach neamhchócaráilte	100 %
1602.50.31	Ullmhóidí feola, ó bhó-ainmhithe, ó fheoil nó ó scairteach feola; ullmhaithe nó leasaithe (seachas aenna agus ullmhóidí homaiginithe); Mairteoil leasaithe i gcoimeádáin aer-obacha	100 %
1602.50.95	Ullmhóidí feola, ó bhó-ainmhithe, ó fheoil nó ó scairteach feola; ullmhaithe nó leasaithe (seachas aenna agus ullmhóidí homaiginithe); Eile	100 %

(b) CRT-2 Feoil Chaorach agus Ghabhair Úr/Fuaraithe a leagtar amach i mír 22:

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
0204.10.00	Feoil ó uain; conablaigh agus leathchonablaigh; úr nó fuaraithe	100 %
0204.21.00	Feoil ó chaoirigh; conablaigh agus leathchonablaigh; úr nó fuaraithe	100 %
0204.22.10	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); ceathrúna tosaigh gearra; úr nó fuaraithe	100 %
0204.22.30	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); dromlaigh agus/nó scoth an mhuiníl; úr nó fuaraithe	100 %
0204.22.50	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); cosa; úr nó fuaraithe	100 %
0204.22.90	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); eile; úr nó fuaraithe	100 %
0204.23.00.11	Feoil ó uain, intíre; gan chnámha; úr nó fuaraithe	167 %
0204.23.00.19	Feoil ó chaoirigh, intíre; gan chnámha; úr nó fuaraithe	181 %

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
0204.23.00.91	Feoil ó uain, eile; gan chnámha; úr nó fuaraithe	167 %
0204.23.00.99	Feoil ó chaoirigh, eile; gan chnámha; úr nó fuaraithe	181 %
0204.50.11	Feoil ó ghabhair; conablaigh agus leathchonablaigh; úr nó fuaraithe	100 %
0204.50.13	Feoil ó ghabhair; ceathrúna tosaigh gearra; úr nó fuaraithe	100 %
0204.50.15	Feoil ó ghabhair; dromlaigh agus/nó scoth an mhuiníl; úr nó fuaraithe	100 %
0204.50.19	Feoil ó ghabhair; cosa; úr nó fuaraithe	100 %
0204.50.31	Feoil ó ghabhair; eile, gearrthacha ar an gcnámh; úr nó fuaraithe	100 %
0204.50.39	Feoil ó ghabhair; eile, gearrthacha gan chnámha; úr nó fuaraithe	167 % (meannán) 181 % (eile)
ex 0210.99.21 (úr/fuaraithe)	Caoireoil leasaithe agus scairteach inite caoireola; saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, agus plúir agus min inite ó chaoireoil nó ó scairteach caoireola; í ar an gcnámh; úr nó fuaraithe	100 %
ex 0210.99.29 (úr/fuaraithe)	Caoireoil leasaithe agus scairteach inite caoireola; saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, agus plúir agus min inite ó chaoireoil nó ó scairteach caoireola; gan chnámha; úr nó fuaraithe	167 %

(c) CRT-3 Feoil Chaorach agus Ghabhair Reoite a leagtar amach i mír 23:

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
0204.30.00	Feoil ó uain; conablaigh agus leathchonablaigh; reoite	100 %
0204.41.00	Feoil ó chaoirigh; conablaigh agus leathchonablaigh; reoite	100 %
0204.42.10	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); ceathrúna tosaigh gearra; reoite	100 %
0204.42.30	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); dromlaigh agus/nó scoth an mhuiníl; reoite	100 %

Líne taraife (Cód AC 2018)	Tuairisc na líne taraife (chun críocha léiritheacha amháin)	Fachtóir coinbhéartachta
0204.42.50	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); cosa; reoite	100 %
0204.42.90	Feoil ó chaoirigh nó ó uain; gearrthacha leis an gcnámh (gan conablaigh agus leathchonablaigh a áireamh); eile; reoite	100 %
0204.43.10	Feoil ó uain; gan chnámha; reoite	167 %
0204.43.90	Feoil ó chaoirigh; gan chnámha; reoite	181 %
0204.50.51	Feoil ó ghabhair; conablaigh agus leathchonablaigh; reoite	100 %
0204.50.53	Feoil ó ghabhair; ceathrúna tosaigh gearra; reoite	100 %
0204.50.55	Feoil ó ghabhair; dromlaigh agus/nó scoth an mhuiníl; reoite	100 %
0204.50.59	Feoil ó ghabhair; cosa; reoite	100 %
0204.50.71	Feoil ó ghabhair; eile, gearrthacha ar an gcnámh; reoite	100 %
0204.50.79	Feoil ó ghabhair; eile, gearrthacha gan chnámha; reoite	167 % (meannán) 181 % (eile)
ex 0210.99.21 (reoite)	Caoireoil leasaithe agus scairteach inite caoireola; saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, agus plúir agus min inite ó chaoireoil nó ó scairteach caoireola; í ar an gcnámh; reoite	100 %
ex 0210.99.29 (reoite)	Caoireoil leasaithe agus scairteach inite caoireola; saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, agus plúir agus min inite ó chaoireoil nó ó scairteach caoireola; gan chnámha; reoite	167 %

IARSCRÍBHINN 3-A

RÉAMHFHORÁLACHA MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

NÓTA 1

Prionsabail ghinearálta

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na rialacha ginearálta maidir leis na ceanglais is infheidhme in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) dá bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal 3.2(1) (Ceanglais ghinearálta na dtairgí tionscnaimh).
2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), is iad na ceanglais le haghaidh táirge stádas tionscnaimh a bheith aige i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 3.2(1) (Ceanglais Ghinearálta na dtairgí tionscnaimh) athrú ar aicmiú taraifí, próiseas táirgthe, luach nó meáchan uasta ábhar neamhthionscnaimh, nó aon cheanglas eile a shonraítear san Iarscríbhinn seo agus in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha).
3. Ciallaíonn tagairt do mheáchan i riail tionscnaimh táirgeshonracha an glanmheáchan, arb é meáchan ábhair nó táirge é, gan meáchan aon phacáistithe a áireamh.
4. Tá an Iarscríbhinn seo agus Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe, arna leasú an 1 Eanáir 2022.

NÓTA 2

Struchtúr liosta na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha

1. Léitear nótaí ar Ranna nó ar Chaibidlí, i gcás inarb infheidhme, i gcomhar le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha don Roinn, Caibidil, ceanteideal nó fo-cheanteideal ábhartha.
2. Beidh feidhm ag gach riail tionscnaimh táirgeshonracha a leagtar amach i gColún 2 d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) maidir leis an táirge comhfhreagrach a léirítear i gColún 1 d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha).
3. Má tá táirge faoi réir rialacha tionscnaimh táirgeshonracha malartacha, beidh an táirge sin de thionscnamh Páirtí má shásaíonn sé ceann de na roghanna malartacha. I gcásanna den sórt sin, déantar rialacha malartacha a bhaineann go sonrach le táirge ar leith a dheighilt le leathstad (;'), agus 'nó' ina dhiaidh sin.
4. Má tá táirge faoi réir riail tionscnaimh táirgeshonracha lena n-áirítear ceanglais iolracha, beidh an táirge sin de thionscnamh Páirtí ach amháin má shásaíonn sé na ceanglais go léir. I gcásanna den sórt sin, déantar rialacha carnacha a bhfuil ceanglais iomadúla acu a bhaineann go sonrach le táirge ar leith a dheighilt le leathstad (;'), agus 'agus' ina dhiaidh sin.
5. Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn 'Roinn' cuid den Chóras Comhchuibhithe;

- (b) ciallaíonn ‘Caibidil’ na chéad dhá dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;
- (c) ciallaíonn ‘ceanteideal’ na chéad ceithre dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe; agus
- (d) ciallaíonn ‘fo-cheanteideal’ na chéad sé dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe.

6. Chun críocha na rialacha tionscnaimh atá sonrath ó thaobh an táirge de bunaithe ar athrú san aicmiú taraife¹, beidh feidhm ag na giorrúcháin seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘CC’ táirgeadh ó aon ábhar neamhthionscnaimh de chuid aon Chaibidle, cé is moite den Chaibidil faoina bhfuil an táirge; ciallaíonn sé sin nach mór do gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge dul faoi athrú ar aicmiú taraife ar an leibhéal 2-dhigit (i.e. athrú ar Chaibidil) den Chóras Comhchuibhithe;
- (b) ciallaíonn ‘CTH’ táirgeadh ó aon ábhar neamhthionscnaimh de chuid aon cheanteidil, cé is moite den cheanteideal faoina bhfuil an táirge; ciallaíonn sé sin nach mór do gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge dul faoi athrú ar aicmiú taraife ar an leibhéal 4-dhigit (i.e. athrú ar cheanteideal) den Chóras Comhchuibhithe; agus
- (c) ciallaíonn ‘CTSH’ táirgeadh ó aon ábhar neamhthionscnaimh de chuid aon fho-cheanteidil, cé is moite den fho-cheanteideal faoina bhfuil an táirge; ciallaíonn sé sin nach mór do gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge dul faoi athrú ar aicmiú taraife ar an leibhéal 6-dhigit (i.e. athrú ar fho-cheanteideal) den Chóras Comhchuibhithe.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má tá feidhm ag riail thionscnaimh táirgeshonrach amháin maidir le grúpa ceanteideal nó fo-cheanteideal agus má shonraíonn an riail thionscnaimh sin athrú ar cheanteideal nó ar fho-cheanteideal, tuigfeadh go bhféadfadh an t-athrú ar cheanteideal nó ar fho-cheanteideal teacht as aon cheanteideal nó fo-cheanteideal eile, de réir mar a bheidh, lena n-áirítear ó aon cheanteideal nó fo-cheanteideal eile laistigh den ghrúpa.

NÓTA 3

Cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha

1. Beidh feidhm ag Airteagal 3.2(2) (Ceanglais Ghinearálta na dtáirgí tionscnaimh) maidir le táirge a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh táirge eile is cuma ar baineadh an stádas tionscnaimh amach laistigh den mhonarcha chéanna i bPáirtí ina mbaintear úsáid as an táirge nó nár baineadh amach é.
2. Mura n-áirítear i riail tionscnaimh táirgeshonrach ábhair neamhthionscnaimh áirithe nó má fhoráiltear leis nach sáróidh luach nó meáchan ábhair neamhthionscnaimh shonraithe tairseach shonrach, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin maidir le hábhair neamhthionscnaimh a aicmítear in aon áit eile sa Chóras Comhchuibhithe.

Sampla 1: nuair a éilítear leis an riail maidir le hollscartairí (fo-cheannteideal 8429.11): ‘CTH seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 84.31, níl úsáid a bhaint as ábhar neamhthionscnaimh a aicmítear in áit eile seachas 84.29 agus 84.31 – amhail scriúna (HS ceannteideal 73.18), sreanga inslithe agus seoltóirí leictreacha (ceannteideal 85.44) agus leictreonaic éagsúil (Caibidil 85) – teoranta.

Sampla 2: Nuair a cheanglaítear leis an riail maidir le Caibidil 19 ‘nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 10.06, 11.01 go 11.08 a úsáideadh’, níl teorainn le húsáid gránach neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10, seachas rís faoi cheannteideal 10.06.

3. Má úsáidtear i riail tionscnaimh táirgshonrach an nath ‘Táirgeadh ó (a) ábhar/ábhair áirithe (neamhthionscnaimh)’ (e.g. an riail maidir le ceannteideal 71.06 ‘táirgeadh as miotail lómhara neamhshaoirsithe neamhthionscnaimh’), ansin ceadáítear an t-ábhar neamhthionscnaimh nó na hábhair neamhthionscnaimh sin a úsáid. Ceadáítear úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh den sórt sin ag céim níos luaithe den phróiseáil (e.g. méine) ach ní cheadáítear úsáid a bhaint as na hábhair neamhthionscnaimh sin a ndearnadh tuilleadh próiseála orthu (e.g. plátaí leathchríochnaithe). Mar sin féin, ní chuireann sé seo cosc ar ábhair eile a úsáid nach bhfuil in ann an riail sin a shásamh mar gheall ar a nádúr bunúsach.

4. Má úsáidtear an nath ‘táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh faoi aon cheannteideal’ i riail thionscnaimh táirgshonrach, ciallaíonn sé sin go gceadaítear úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh a aicmítear faoin gceannteideal céanna freisin, ar choinníoll go dtéann an táirgeadh thar an táirgeadhneamhleur in Airteagal 3.6 (Oibríthe nó próiseáil leordhóthanach).

Mar shampla: Is é atá sa riail le haghaidh 09.01 (caife) ná ‘táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal’ agus ciallaíonn sé go mbronnfar tionscnamh ar phróisis amhail díchaiféiniú, nó rósta, a dhéantar astu féin nó i gcomhcheangal le chéile ar phónairí caife neamhthionscnaimh. Mar sin féin, níor leor próiseas amhail cumasc simplí chun tionscnamh a thabhairt ós rud é go meastar gur táirgeadh neamhleur é in Airteagal 3.6 (oibriú nó próiseáil neamhleur).

5. Chun críocha rialacha táirgshonracha maidir le táirge i gCaibidlí 1 go 24, agus i gcomhréir le hAirteagal 3.3 (Cumadh tionscnaimh), féadfar ábhair a fuarthas go hiomlán ó Pháirtí amháin nó ón dá Pháirtí a chomhcheangal chun riail atá bunaithe ar cheanglas ‘faighte go hiomlán’ a chomhlíonadh.

Mar shampla: Tá paicéad torthaí agus cnónna triomaithe atá aicmithe faoi cheannteideal 08.13 déanta as teaghlaim de thorthaí agus de chnónna a fhástar san Aontas agus sa Nua-Shéalainn agus, dá bhrí sin, comhlíonann sé an rialail tháirgeshonrach ‘táirgeadh ina bhfaightear ina n-iomláine na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8 agus a úsáidtear ann’.

6. Chun críocha na rialacha táirgeshonracha maidir le táirge i gCaibidilí 1 go 24, measfar táirge a chomhlíonann an rialail ‘táirgeadh ina bhfaightear na hábhair uile atá faoi Chaibidil [X] ina n-iomláine’ a bheith faighte go hiomlán agus é á úsáid mar ábhar i dtáirgeadh breise.

Mar shampla: Déantar púdar bainne agus úsáid á baint as 9 % de réir luacha de thréscailte bainne neamhthionscnaimh (0404.90) agus, dá bhrí sin, comhlíonann sé an rialail tháirgeshonrach ‘táirgeadh as ábhair a fuarthas go hiomlán agus atá faoi Chaibidil 4’ agus úsáid á baint as rialail lamháltais Airteagal 3.5 (Lamháltais). Nuair a úsáidtear an púdar bainne seo mar ábhar i dtáirgeadh púdair chothaitheacha faoi fho-cheannteideal 1901.10, meastar go bhfuarthas go hiomlán é chun críocha na rialach táirge-shonracha faoi cheannteideal 19.01.

NÓTA 4

Cur i bhfeidhm na rialacha maidir le huasluach ábhar neamhthionscnaimh

1. Chun críocha na rialacha nós imeachta seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘luach custaim’ an luach arna chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Luacháil Custaim;

- (b) ciallaíonn ‘EXW’ nó ‘praghas díreach ón monarcha’:
- (i) praghas an táirge a íoctar nó is iníoctha leis an táirgeoir ar ina ghnóthas a dhéantar an táirgeadh deireanach, ar choinníoll go bhfuil luach na n-ábhar uile ar baineadh úsáid astu agus na costais eile go léir a tabhaíodh i dtáirgeadh an táirge, lúide aon chánacha inmheánacha a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a dhéantar an táirge sin a fuarthas a onnmhairiú; nó
 - (ii) mura bhfuil aon phraghas íoctha nó iníoctha nó mura léiríonn an praghas iarbhír a íocadh na costais go léir a bhaineann le táirgeadh an táirge a thabhaítear iarbhír i dtáirgeadh an táirge, luach na n-ábhar go léir ar baineadh úsáid astu agus na costais eile go léir arna dtabhú i dtáirgeadh an táirge sa Pháirtí is onnmhaireoir:
 - (A) lena n-áirítear costais díola, ginearálta agus riaracháin, chomh maith le brabús, ar féidir iad a leithdháileadh go réasúnach ar an táirge; agus
 - (B) nach n-áirítear costas lasta, árachais, costais eile go léir a thabhaítear le linn an táirge a iompar ná aon chánacha inmheánacha de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fhaightear;
 - (iii) chun críocha phointe (i), i gcás ina bhfuil an táirgeadh deireanach curtha amach ar conradh do tháirgeoir, ciallaíonn an téarma ‘táirgeoir’ i bpointe (i) duine a d’fhostaigh an fochonraitheoir;

(c) ciallaíonn ‘VNM’ luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh an táirge arb é a luach custaim é tráth an allmhairithe lena n-áirítear lasta, árachas más iomchuí, pacáistiú agus gach costas eile a thabhaítear le linn na hábhair a iompar go dtí an calafort allmhairithe sa Pháirtí ina bhfuil táirgeoir an táirge suite. Murar eol luach na n-ábhar neamhthionscnaimh agus nach féidir é a fhionnadh, úsáidtear an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair neamhthionscnaimh san Aontas nó sa Nua-Shéalainn. Féadfar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh an táirge a ríomh ar bhonn na foirmle ualaithe meánchostais nó modh luachála fardail eile faoi phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo sa Pháirtí; agus

(d) ciallaíonn ‘MaxNOM’ uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh is féidir a úsáid i dtáirgeadh táirge, arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

2. Comhlíonann táirge riail atá bunaithe ar MaxNOM má tá VNM, arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas an táirge díreach ón monarcha (praghas díreach ón monarcha) níos lú ná nó cothrom leis an MaxNOM (%) a shonraítear don táirge sin in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), de réir na foirmle seo a leanas:

$$\frac{VNM}{EXW} * 100 \leq \text{MaxNOM} (\%)$$

NÓTA 5

Sainmhínte ar phróisis dá dtagraítear i Roinn V go Roinn VII d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)

Chun críocha na rialacha nós imeachta seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘bithphróiseas’:
- (i) saothrú bitheolaíoch nó biththeicneolaíoch (lena n-áirítear saothrán ceall), hibridiú nó modhnú géiniteach ar mhicrea-orgánaigh (baictéir, víris (lena n-áirítear baictéarafagaigh), etc.) nó cealla daonna, ainmhithe nó plandaí; agus
 - (ii) struchtúir cheallach (amhail géinte leithliseacha, géineghlise agus plasmóidí) a tháirgeadh, a leithlisiú nó a íonú, nó coipeadh;
- (b) ciallaíonn ‘athrú ar mhéid na gcáithníní’ modhnú ar mhéid cáithníní táirge d’aon ghnó agus é rialaithe, seachas trí bhrúscadh nó trí bhrú amháin, as a n-eascaíonn táirge ar a bhfuil méid na gcáithníní sainithe, dáileadh méide cáithníní sainithe nó achar dromchla sainithe, atá ábhartha maidir le críocha an táirge a thiocfaidh as agus ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha nach ionann iad agus na hábhair ionchuir;

- (c) ciallaíonn ‘imoibriú ceimiceach’ próiseas (lena n-áirítear próiseáil bhithcheimiceach) as a dtagann móilín ag a bhfuil struchtúr nua de thoradh naisc ionmhóilíneacha a bhriseadh agus naisc nua ionmhóilíneacha a fhoirmiú, nó leagan amach spásúil na n-adamh i móilín a athrú, leis an méid seo a leanas mar eisceacht, nach meastar a bheith ina n-imoibrithe ceimiceacha chun críche an tsainmhínithe seo:
- (i) tuaslagadh in uisce nó i dtuaslagóirí eile;
 - (ii) tuaslagóirí a dhíothú, lena n-áirítear uisce tuaslagach; nó
 - (iii) uisce criostalúcháin a chur leis nó a dhíothú;
- (d) ciallaíonn ‘driogadh’:
- (i) driogadh atmaisféarach: driogadh atmaisféarach: próiseas deighilte ina ndéantar olaí peitriiliam a thiontú, i dtúr driogtha, ina gcodáin de réir fiuchphointe agus ina gcomhdhlúthaítear an gal ansin ina chodáin leachtaithe éagsúla; ar an táirgí a fhéadfar a áireamh mar tháirgí a tháirgtear ó dhriogadh peitriiliam, tá gás peitriiliam leachtaithe, nafta, gásailín, ceirisín, díosal nó ola téite, olaí gáis éadroma agus ola bealaithe; agus
 - (ii) driogadh folúis: driogadh ag brú faoi bhun an atmaisféir ach gan a bheith chomh híseal sin go n-aicmeofaí é mar dhriogadh móilíneach; baintear úsáid as driogadh folúis chun ábhair le fiuchphointe ard agus ábhar teas-íogair a dhriogadh amhail driogáití troma in olaí peitriiliam chun folús-olaí gáis agus athsiduam éadrom go trom a tháirgeadh;

- (e) ciallaíonn ‘scaradh isiméirí’ isiméirí a leithlisiú nó a scaradh ó mheascán isiméirí;
- (f) ciallaíonn ‘meascadh agus cumasc’ meascadh nó cumasc (lena n-áirítear scaipeadh) ábhar d’aon ghnó agus go comhréireach, seachas caolaitheoirí a chur leis, chun a bheith i gcomhréir le sonraíochtaí réamhchinntithe amháin as a dtagann táirgeadh táirge a bhfuil tréithe fisiceacha nó ceimiceacha aige atá ábhartha maidir le críocha nó úsáidí an táirge agus nach ionann iad agus na hábhair ionchuir;
- (g) ciallaíonn ‘táirgeadh ábhar caighdeánach’(lena n-áirítear tuaslagáin chaighdeánacha) táirgeadh ullmhóide atá oiriúnach d’úsáidí anailíseacha, calabrúcháin nó tagartha a bhfuil leibhéil bheachta íonachta nó cionmhaireachtaí aici arna ndeimhniú ag an táirgeoir; agus
- (h) ciallaíonn ‘íonú’ próiseas arb é is toradh air deireadh a chur le 80 % ar a laghad d’ábhar na n-eisíontas atá ann cheana nó deireadh a chur le heisíontais a bhfuil sé mar thoradh air táirge atá oiriúnach do cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas:
 - (i) substaintí de ghrád cógaisíochta, leighis, cosmaide, tréidliachta nó bia;
 - (ii) táirgí ceimiceacha agus imoibrithe le haghaidh úsáidí anailíseacha, diagnóiseacha nó saotharlainne;
 - (iii) eilimintí agus comhpháirteanna lena n-úsáid sa mhicrileictreonaic;
 - (iv) úsáidí optúla speisialaithe;

- (v) úsáid bhith-theicniúil, mar shampla, i saothrú ceall, sa teicneolaíocht ghéiniteach, nó mar chatalaíoch;
- (vi) iompróirí a mbaintear úsáid astu i bpróiseas scartha; nó
- (vii) úsáidí de ghrád núicléach.

NÓTA 6

Sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear i Roinn XI d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh a bhaineann go sonrach le táirgí)

Chun críocha na rialacha nós imeachta seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘snáithíní stáplacha de dhéantús an duine’ barrach filiméadach sintéiseach nó saorga, snáithíní stáplacha nó dramhaíl, faoi cheannteidil 55.01 go 55.07;
- (b) ciallaíonn ‘snáithíní nádúrtha’ snáithíní seachas snáithíní sintéiseacha nó saorga, a bhfuil a n-úsáid teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile, ach nach bhfuil sníofa; áirítear le ‘snáithíní nádúrtha’ rón faoi cheannteideal 05.11, síoda faoi cheannteidil 50.02 agus 50.03, snáithíní olla agus fionnadh ainmhíoch mín nó garbh faoi cheannteidil 51.01 go 51.05, snáithíní cadáis faoi cheannteidil 52.01 go 52.03, agus snáithíní plandúla eile faoi cheannteidil 53.01 go 53.05;

- (c) ciallaíonn ‘clódóireacht’ teicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe; agus
- (d) ciallaíonn ‘clódóireacht (mar oibríocht neamhspleách)’ teicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe in éineacht le dhá oibríocht ullmhúcháin nó bhailchríche ar a laghad (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, socrú teasa, ardú, cleandráil, próiseáil friotaíochta craptha, bailchríochnú buan, coirteadh tirim, tuile, deisiú agus díshnaidhmiú, bearradh, barrloscadh, próiseas aerthriomaitheora, próiseas díshnámhaithe, muilleoireacht, gaile agus friotaíochta craptha, agus coirteadh), ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh uile, agus a mbaintear úsáid astu lena linn, ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

NÓTA 7

Lamháltais is infheidhme maidir le táirgí a bhfuil dhá ábhar teicstíle bhunúsacha nó níos mó iontu

1. Chun críocha an Nóta seo, is iad seo a leanas ábhair teicstíle bhunúsacha:

- (a) síoda;
- (b) olann;

- (c) fionnadh ainmhíoch garbh;
- (d) fionnadh ainmhíoch mín;
- (e) rón;
- (f) cadás;
- (g) ábhair déanta páipéir agus páipéar;
- (h) líon;
- (i) fíorchnáib;
- (j) siúit agus snáithíní eile cáiteoige teicstíle;
- (k) siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas *Agave*;
- (l) cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile;
- (m) filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine;
- (n) filiméid shaorga de dhéantús an duine;

- (o) filiméid seolta srutha;
- (p) snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- (q) snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;
- (r) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- (s) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrílinítríle de dhéantús an duine;
- (t) snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine;
- (u) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;
- (v) snáithíní stáplacha sintéiseacha suilfíde polaiifeiniléine de dhéantús an duine;
- (w) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaviniolclóiríde de dhéantús an duine;
- (x) snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- (y) snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- (z) snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine;

- (aa) snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bíodh;
- (bb) snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís;
- (cc) táirgí faoi cheannteideal 56.05 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach gan beann ar é a bheith brataithe le púdar alúmanaim nó gan a bheith brataithe, gan é níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin thrédhearcaigh nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach;
- (dd) táirgí eile faoi cheannteideal 56.05;
- (ee) snáithíní gloine; agus
- (ff) snáithíní miotail.

2. Nuair a dhéantar tagairt don Nóta seo in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), ní bheidh feidhm, mar lamháltas, ag na ceanglais a leagtar amach i gColún 2 d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) maidir le hábhair teicstíle bhunúsacha neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh táirge, ar choinnioll:

- (a) go bhfuil dhá ábhar teicstíle bhunúsacha nó níos mó sa táirge; agus

- (b) nach mó meáchan na n-ábhar teicstíle bunúsach neamhthionscnaimh, i dteannta a chéile, ná 10 % de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáideadh.

Mar shampla: Le haghaidh fabraic olla atá faoi cheanteideal 51.12 ina bhfuil snáth olla atá faoi cheanteideal 51.07 agus snáth cadáis atá faoi cheanteideal 52.05, snáth olla neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), nó snáth cadáis neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), nó teaghlaim den dá rud, féadfar é a úsáid, ar choinníoll nach mó ná a meáchan iomlán ná 10 % de mheáchan na n-ábhar bunúsach teicstíle uile.

Nóta: chun go mbeidh an riail lamhátais sin infheidhme, ní mór dhá ábhar teicstíle bhunúsacha nó níos mó a bheith san fhabraic.

3. D'ainneoin pointe (b) de mhír 2, is é 20 % an lamhálas uasta le haghaidh táirgí ina bhfuil 'snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bídís'. Mar sin féin, ní bheidh céatadán na n-ábhar teicstíle bunúsach neamhthionscnaimh eile níos mó ná 10 %.

4. D'ainneoin pointe (b) de mhír 2, is é 30 % an lamhálas uasta le haghaidh táirgí ina bhfuil 'stíall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach gan beann ar é a bheith brataithe le púdar alúmanaim nó gan é a bheith brataithe, gan é níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin thrédhearcaigh nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach'. Mar sin féin, ní bheidh céatadán na n-ábhar teicstíle bunúsach neamhthionscnaimh eile níos mó ná 10 %.

NÓTA 8

Lamháltais eile is infheidhme maidir le táirgí teicstíle áirithe

1. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta sin in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha), féadfar ábhair theicstíle neamhthionscnaimh (seachas líneálacha agus idirlíneálacha) nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i gColún 2 d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) le haghaidh táirge teicstíle déanta suas a úsáid, ar choinníoll go n-aicmítear iad faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é agus nach mó a luach ná 8 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
2. Má shonraítear ceanglas i gColún 2 d'Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) próiseas áirithe, féadfar ábhair neamhthionscnaimh nach bhfuil aicmithe i gCaibidlí 50 go 63 a úsáid gan srian i dtáirgeadh táirgí teicstíle a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63, bíodh teicstíl iontu nó ná bíodh.

Mar shampla: Má fhoráiltear le ceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha) go n-úsáidfear snáth, le haghaidh ítime teicstíle áirithe (amhail bríste), ní chuireann sé sin cosc ar ítimí miotail neamhthionscnaimh (ar nós cnaipí) a úsáid toisc nach n-aicmítear ítimí miotail faoi Chaibidlí 50 go 63. Níl cosc, ar an gcúis chéanna, ar fháiscíní sleamhnáin a úsáid, cé go mbíonn teicstíl i bhfáiscíní sleamhnáin de ghnáth.

3. I gcás ina leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgshonracha) ceanglas ina bhfuil MaxNOM, cuirfear VNM nach bhfuil aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63 san áireamh agus VNM á ríomh.

NÓTA 9

Táirgí talmhaíochta

Táirgí talmhaíochta a áirítear faoi réim Chaibidlí 6, 7, 8, 9, 10, 12, agus ceannteideal 24.01 a fhástar nó a bhaintear i gcríoch OCT, déileálfar leo mar earraí de thionscnamh chríoch an Pháirtí sin, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibíní, riosóim, fréamhstoc, gearrthóga, dingeacha, beangáin, péacáin, bachlóga, nó codanna beo eile de phlandaí a allmhairítear ó thrú tír eile.

IARSCRÍBHINN 3-B

RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN I	AINMHITHE BEO; TÁIRGÍ Ó AINMHITHE
Caibidil 1	Ainmhithe beo
01.01-01.06	Tá na hainmhithe go léir atá faoi Chaibidil 1 faighte go hiomlán
Caibidil 2	Feoil agus scairteach feola inite
02.01-02.10	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidilí 1 agus 2, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 3	Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile
03.01-03.09	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán ¹
Caibidil 4	Toradh déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
04.01-04.10	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 5	Táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
05.01-05.11	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal

¹ Is féidir le táirgí a aicmítear faoi fho-cheannteidil 0303.54, 0303.55, 0303.66, 0303.68, 0303.69, 0303.89, agus 0307.43 stádas tionscnaimh a fháil faoi rialacha tionscnaimh táirgeshonracha malartacha laistigh de chuótaí bliantúla mar a shonraítear i bhFoscúibhinn 3-B-1 (Cuótaí tionscnaimh agus roghanna malartacha ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha in Iarscríbhinn 3-B (Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)).

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN II	TÁIRGÍ PLANDÚLA
Caibidil 6	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibeanna, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach
06.01-06.04	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 6, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite
0701.10-0712.39	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
0712.90	CTSH, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na nglasraí neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 7 ná 30 % de mheáchan an táirge
07.13-07.14	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán
08.01-08.14	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 9	Caife, tae, maité agus spíosraí
09.01-09.10	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
Caibidil 10	Gránaigh
10.01-10.08	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 11	Táirgí an tionscail muilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta
11.01-11.09	Monarú ina bhfuil na hábhair neamhthionscnaimh uile atá faoi Chaibidlí 10 agus 11, faoi cheannteidil 07.01, 07.14, 23.02 agus 23.03, agus faoi fho-cheannteideal 0710.10, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 12	Síolta ola agus torthaí olúla; grán, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; cochán agus farae
12.01-12.14	CTH
Caibidil 13	Leaic; gumaí, roisíní agus súnna agus úisc glasraí eile
1301.20-1302.39	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
Caibidil 14	Ábhair thrilsithe glasraí; táirgí glasraí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
14.01-14.04	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
ROINN III	SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA
Caibidil 15	Sailte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha agus a dtáirgí scoilte; sailte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla
15.01-15.04	CTH
15.05-15.06	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
15.07-15.08	CTSH
15.09-15.10	Monarú ina bhfuil na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
1511.10-1515.11	CTSH
1515.19	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
1515.21-1515.50	CTSH
1515.60-1515.90	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
15.16-15.17	CTH
15.18-15.19	CTSH
15.20	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
15.21-15.22	CTSH
ROINN IV	BIA-ÁBHAI R ULLMHAITHE; DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR; TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ CEAPTHA LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ CEAPTHA LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE
Caibidil 16	Ullmhóidí feola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile nó feithidí
16.01-16.05	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2, 3 agus 16, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 17	Siúcraí agus milseoga siúcra
17.01	CTH
17.02	CTH, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheanteidil 11.01 go 11.08, 17.01 agus 17.03, a mbaintear úsáid astu ann, ná 20 % de mheáchan an táirge

Colún 1 Córas Comhchuíbhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
17.03	CTH
17.04	CTH, ar choinníoll: – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó
18.01-18.05	CTH
18.06	CTH, ar choinníoll: – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
Caibidil 19	Ullmhóidí gránach, plúir, stáirse nó bainne; táirgí taosráin
19.01	CTH, ar choinníoll: – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 10.06 agus 11.01 go 11.08 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
19.02-19.03	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; – nach mó meáchan na n-ábhar faoi Chaibidilí 2, 3 agus 16 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 10.06 agus 11.08 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh
19.04-19.05	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 10.06 agus 11.01 go 11.08 a úsáideadh lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge deiridh; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí
20.01	CTH
20.02-20.03	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
20.04-20.05	CTH
20.06-20.09	CTH, ar choinníoll nach mó meáchan na n-ábhar faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh

Colún 1 Córas Comhchuíbhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha
21.01	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh
2102.10-2103.20	CTH
2103.30	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
2103.90	CTSH
21.04	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge deiridh
2105.00-2106.10	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh
2106.90	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge deiridh

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus finéagar
22.01	CTH
22.02	CTH, ar choinníoll: – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh
22.03	CTH
22.04-22.06	CTH seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 22.07 agus 22.08, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile faoi fho-cheannteidil 0806.10, 2009.61 agus 2009.69, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán.
22.07	CTH seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 22.08, ar choinníoll go bhfaighfear ina n-iomláine na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 10, fo-cheannteidil 0806.10, 2009.61 agus 2009.69 a úsáidtear
22.08-22.09	CTH seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 22.07 agus 22.08, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile faoi fho-cheannteidil 0806.10, 2009.61 agus 2009.69, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán
Caibidil 23	Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe
23.01	CTH
23.02.10-2303.10	CTH, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10, agus a mbaintear úsáid astu ann, ná 20 % de mheáchan an táirge.
2303.20-23.08	CTH

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
23.09	CTH, ar choinníoll: <ul style="list-style-type: none"> – ina bhfaightear ina n-iomláine na hábhair uile de chuid Chaibidilí 2, 3 agus 4 a úsáidtear; – nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10 agus 11 agus faoi cheannteidil 23.02 agus 23.03, agus a mbaintear úsáid astu ann, ná 20 % de mheáchan an táirge; agus – nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáideadh lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge deiridh
Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; táirgí, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán; táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá ceaptha le nicitín a iontógáil i gcorp an duine
24.01	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile faoi cheannteideal 24.01 faighte go hiomlán, agus a mbaintear úsáid astu ann
2402.10-2402.20	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, agus nach tobac lena chaitheamh faoi fho-cheannteideal 2403.19 é, ina bhfuil ar a laghad 10 % de mheáchan na n-ábhar uile faoi cheannteideal 24.01, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán
2402.90	Táirgeadh ó ábhair neamhthionscnaimh faoi aon cheannteideal, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 24.01 a úsáideadh lena linn ná 30 % de mheáchan na n-ábhar faoi Chaibidil 24 a úsáideadh
2403.11-2404.19	CTH, ina bhfuil ar a laghad 10 % de mheáchan na n-ábhar uile faoi cheannteideal 24.01, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán
2404.91-2404.99	CTH

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN V	TÁIRGÍ MIANRACHA
Caibidil 25	Salann; sulfar; cré agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
25.01-25.30	CTH; nó MaxNOM 70 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith
26.01-26.21	CTH
Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha Nóta caibidle: le haghaidh sainmhínithe ar rialacha cothrománacha próiseála laistigh de Chaibidil 3 (Rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta tionscnaimh), féach Nóta 5 d'Iarscríbhinn 3-A (Nótaí tosaigh a ghabhann le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)
27.01-27.09	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
27.10	CTH, seachas ó bhithdhíosail neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteidil 3824.99 nó 3826.00; nó Déantar driogadh nó imoibriú ceimiceach, ar choinníoll go bhfuil bithdhíosail (lena n-áirítear ola glasraí hidreachóireáilte) faoi cheannteideal 27.10 agus faoi fho-cheannteidil 3824.99 agus 3826.00, agus a mbaintear úsáid as ann, faighte trí eistearúchán, trí thras-eistearúchán nó trí hidreachóireáil
27.11-27.16	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN VI	TÁIRGÍ Ó NA TIONSCAIL CHEIMICEACHA NÓ Ó NA TIONSCAIL GHAOLMHARA Nóta roinne: maidir le sainmhínte rialacha cothrománacha próiseála laistigh den Roinn seo, féach Nóta 5 d'Iarscríbhinn 3-A (Nótaí tosaigh a ghabhann le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)
Caibidil 28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip
28.01-28.53	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 29	Ceimiceáin orgánacha
2901.10-2905.42	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
2905.43-2905.44	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteidil 3824.60; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)
2905.45	CTSH; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi bhfo-cheannteideal céanna leis an táirge, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
2905.49-2942.00	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 30	Táirgí cógaisíochta
30.01-30.06	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 31	Leasacháin
31.01-31.04	CTH; mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de praghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)
31.05	
–Níotráit sóidiam –Cianaimíd chailciam –Sulfáit photaisiam –Maignéisiam sulfáite potaisiam	CTH; mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de praghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
–Eile	CTH; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheanteideal leis an táirge, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha, agus nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh uile, a mbaintear úsáid astu ann, ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha ann; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 32	Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainníní agus a ndíorthaigh; ruaimneanna, líocha agus ábhair dhathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúigh
32.01-32.15	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 33	Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta
3301.12-3301.90	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
3302.10	CTH; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteideal 3302.10, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3302.90	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3303	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
3304 -33.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 34	Gallúnach, oibreáin dhromchlaghniomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasúcháin nó sciúracháin, coinnle agus earraí dá samhail, taos múnlóireachta, 'déadchéaracha' agus ullmhóidí déidliachta de bhunús plástair
34.01-34.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 35	Substaintí albaimineoideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí
35.01	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 4
3502.11-3502.19	CTH
3502.20	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 4
3502.90-3504.00	CTH
35.05	CTH seachas ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 11.08
35.06-35.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 36	Pléascáin; táirgí piriteicniúla; lasáin; cóimhiotail phireafóracha; ullmhóidí indóite áirithe
36.01-36.06	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 37	Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha
37.01-37.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 38	Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha
38.01-38.08	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3809.10	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 11.08 agus 35.05
3809.91-3822.00	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
38.23	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
3824.10-3824.50	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
3824.60	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheanteidil 2905.43 agus 2905.44
3824.81-3825.90	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
38.26	Táirgeadh ina bhfaightear bithdhíosail trí thras-eistearúchán, trí eistearúchán nó trí hidreachóireáil
38.27	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN VII	PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÍOBH Nóta roinne: maidir le sainmhínithe rialacha cothrománacha próiseála laistigh den Roinn seo, féach Nóta 5 d'Iarscríbhinn 3-A (Nótaí tosaigh a ghabhann le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 39	Plaistigh agus earraí díobh
39.01-39.15	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
39.16-39.26	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 40	Rubar agus earraí díobh
40.01-40.11	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
4012.11-4012.19	CTSH; nó Atráchtadh bonn caite
4012.20-4017.00	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN VIII	SEITHÍ AGUS CRAICNE AMHA, LEATHAR, FIONNADHSHEITHÍ AGUS NITHE ASTU; DIALLATRA AGUS ÚMACHA; EARRAÍ TAISTIL, MÁLAÍ LÁIMHE AGUS COIMEÁDÁIN DÁ SAMHAIL; NITHE DÉANTA AS INNE AINMHITHE (SEACHAS INNE SEIRICEÁIN)
Caibidil 41	Seithí agus craicne amha (seachas craicne fionnaidh) agus leathar
41.01-4104.19	CTH
4104.41-4104.49	CTSH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 4104.41 go 4104.49
4105.10	CTH
4105.30	CTSH
4106.21	CTH
4106.22	CTSH
4106.31	CTH
4106.32-4106.40	CTSH
4106.91	CTH
4106.92	CTSH
41.07-41.13	CTH, ar choinníoll go ndéantar oibríocht athshúdaireachta ar ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32 agus 4106.92
4114.10	CTH
4114.20	CTH, ar choinníoll go ndéantar oibríocht athshúdaireachta ar ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32, 4106.92 agus faoi cheannteideal 4107

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
41.15	CTH
Caibidil 42	Earraí leathair; diallatra agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin dá samhail; nithe déanta as inne ainmhithe (seachas inne seiriceáin)
42.01-42.06	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 43	Craicne fionnaidh agus fionnadh saorga; earraí atá monaraithe astu
43.01-4302.20	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
4302.30	CTSH
43.03-43.04	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN IX	ADHMAD AGUS EARRAÍ ADHMAID; FIOGHUAL; CORC AGUS EARRAÍ COIRC; DÉANTÁIN (EARRAÍ MONARAITHE) DE CHOCHÁN, D'EASPARTÓ NÓ D'ÁBHAIR DUALAITHE EILE; CIS-EARRAÍ AGUS EARRAÍ CAOLADÓIREACHTA
Caibidil 44	Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual
44.01-44.21	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 45	Corc agus earraí coirc
45.01-45.04	CTH
Caibidil 46	Déantáin de chochán, d'easpartó nó d'ábhair dualaithe eile; cis-earraí agus earraí caoladóireachta
46.01-46.02	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN X	LAÍON ADHMAID NÓ ÁBHAIR SHNÁITHÍNEACHA CHEALLALÓSACHA EILE; PÁIPÉAR ATHSHLÁNAITHE NÓ CAIRTCHLÁR ATHSHLÁNAITHE (ATÁ DÉANTA AS DRAMHAÍL AGUS FUÍOLL); PÁIPÉAR AGUS CAIRTCHLÁR AGUS NITHE DÉANTA ASTU
Caibidil 47	Laíon adhmaid nó ábhair shnáithíneacha cheallalósacha eile; páipéar athshlánaithe nó cairtchlár athshlánaithe (dramhaíl agus fuíoll)
47.01-47.07	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 48	Páipéar agus cairtchlár; nithe atá déanta as laíon páipéir, as páipéar nó as cairtchlár
48.01-48.23	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 49	Leabhair chlóite, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid na tionsclaíochta clódóireachta; lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna
49.01-49.11	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN XI	TEICSTÍLÍ AGUS NITHE TEICSTÍLE Nóta roinne: maidir le sainmhínte agus rialacha lamháltais a bhaineann leis an Roinn seo, féach Nótaí 6-8 d'Iarscríbhinn 3-A (Nótaí tosaigh a ghabhann le rialacha tionscnaimh táirgeshonracha)

Colún 1 Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (HS 2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 50	Síoda
50.01-50.02	CTH
50.03	
–Cardáilte nó cíortha:	Dramhshíoda a chardáil nó a chíoradh
–Eile:	CTH
- (a) deireadh a chur le haon bhacainní teicniúla nach bhfuil gá leo ar thrádáil dhéthaobhach agus iad a chosc;
- (b) comhoiriúnacht agus cóineasú rialachán a bhunaítear ar chaighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn;

¹ ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6 an 11 Iúil 2017.

- (c) aitheantas formheasanna a chur chun cinn bunaithe, go háirithe, ar scéimeanna ceadaithe arna gcur i bhfeidhm faoi na comhaontuithe arna riar ag WP.29 faoi chuimsiú UNECE agus iad siúd atá bunaithe ar chineálcheaduithe an Aontais;
- (d) dálaí iomaíocha margaidh arna mbunú ar phrionsabail na hoscailteachta, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta a athneartú;
- (e) tiomantas frithpháirteach na bPáirtithe a chur chun cinn chun leibhéal uasta cosanta do shláinte an duine, don tsábháilteacht, don chomhshaol agus don bhonneagar iompair a áirithiú; agus
- (f) comhar a fheabhsú chun forbairt leanúnach sa trádáil agus an córas rialála lena rialáítear mótarfheithiclí a chothú, ar forbairt í a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh.

AIRTEAGAL 4

Caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta

Aithníonn na Páirtithe gurb é WP.29 an príomhchomhlacht ábhartha idirnáisiúnta um chaighdeánú agus gur caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta iad Rialacháin na Náisiún Aontaithe agus GTRanna faoi Chomhaontú 1958 agus faoi Chomhaontú 1998 maidir leis na táirgí arna gcumhdach.

AIRTEAGAL 5

Cóineasú rialála

1. (a) I réimsí a chumhdaítear le Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe nó le GTRanna, nó ina bhfuil cur i gcrích Rialachán nó GTRanna ó na Náisiúin Aontaithe ar tí tarlú, úsáidfidh gach Páirtí iad mar bhonn dá rialacháin teicniúla intíre, dá mharcálacha intíre nó dá nósanna imeachta náisiúnta um measúnú comhréireachta, ach amháin i gcás ina mbeadh Rialachán sonrath ó na Náisiúin Aontaithe nó GTR sonrath neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dá dtagraítear in Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT nó de Chomhaontú 1958 agus Comhaontú 1998 a chomhlíonadh.
- (b) Aon Pháirtí a thugann isteach nós imeachta éagsúil teicniúil náisiúnta, marcáil náisiúnta nó nós imeachta náisiúnta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír sin, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh sé aon chuid den rialachán teicniúil náisiúnta, den mharcáil nó den nós imeachta um measúnú comhréireachta a imíonn go mór ó na Rialacháin ábhartha de chuid na Náisiúin Aontaithe nó ó na GTRanna a shainithint agus tabharfaidh sé míniú ar na cúiseanna atá le himeacht den sórt sin.

2. A mhéid a bheidh rialacháin theicniúla, marcálacha nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta á dtabhairt isteach nó á gcothabháil ag Páirtí atá éagsúil ó Rialacháin na Náisiún Aontaithe nó ó GTRanna mar a cheadaítear le mír 1, déanfaidh an Páirtí sin iarracht athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin theicniúla náisiúnta, na marcálacha náisiúnta sin nó na nósanna imeachta náisiúnta um measúnú comhréireachta sin nuair is gá, d'fhonn a gcóineasú le Rialacháin ábhartha na Náisiún Aontaithe nó le GTRanna a mhéadú. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag gach Páirtí ar a rialacháin theicniúla, a marcálacha nó a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, cuirfidh sé san áireamh, inter alia, aon fhorbairtí nua sna Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe nó i GTRanna agus aon athrú ar na himthosca ba shiocair le héagsúlachtaí ó aon Rialacháin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe nó ó aon GTRanna ábhartha. Tabharfaidh an Páirtí a dhéanfaidh an t-athbhreithniú fógra don Pháirtí eile, arna iarraidh sin dó, faoi thoradh an athbhreithnithe sin, lena n-áirítear an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil a úsáidtear.

3. Staonfaidh gach Páirtí ó rialacháin theicniúla, marcálacha náisiúnta nó nósanna imeachta náisiúnta um measúnú comhréireachta a thabhairt isteach nó a chothabháil a bhfuil sé d'éifeacht acu an t-ualach a thoirmeasc, a shrianadh nó a mhéadú i ndáil le hallmhairiú, agus le cur i seirbhís ar a margadh náisiúnta, táirgí a cineálcheadaíodh faoi Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe do na réimsí a chumhdaítear leis na Rialacháin sin de chuid na Náisiún Aontaithe, mura bhforáiltear go sainráite sna Rialacháin sin de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le rialacháin theicniúla, marcálacha nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

AIRTEAGAL 6

Rochtain ar an margadh

1. Glacfaidh gach Páirtí, ar a mhargadh, le táirgí atá cumhdaithe ag deimhniú bailí ar chineálcheadú de chuid na Náisiún Aontaithe arna eisiúint ag an Aontas nó ag an Nua-Shéalainn, mar pháirtithe conarthacha i gComhaontú 1958, nó ag deimhniú bailí ar chineálcheadú AE¹, mar tháirgí a chomhlíonann a rialacháin theicniúla, a mharcálacha agus a nósanna imeachta náisiúnta um measúnú comhréireachta, gan gá le tuilleadh tástála, doiciméadachta, deimhniúcháin nó marcála a bhaineann leis na deimhnithe ar chineálcheadú sin. I gcás ceaduithe feithicle, measfar gur bailí iad cineálcheaduithe feithicle iomláine AE (EUWVTA) agus Faomhadh Uilíoch Idirnáisiúnta Cineál Feithicle Uilechoitinn na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear “U-IWVTA” anseo feasta). Ní féidir a mheas go bhfuil ach na deimhnithe sin ar chineálcheadú de chuid na Náisiún Aontaithe arna n-eisiúint ag Páirtí a d’aontaigh do na Rialacháin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe agus a deonaíodh de bhun Chomhaontú 1958, bailí.

2. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar Páirtí glacadh ach le deimhnithe bailí ar chineálcheadú de chuid na Náisiún Aontaithe arna n-eisiúint de bhun an leagain is déanaí de na Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe, má tá feidhm aige maidir leis na Rialacháin sin de chuid na Náisiún Aontaithe. Féadfaidh Páirtí breithniú a dhéanamh freisin ar dheimhnithe bailí ar chineálcheadú de chuid na Náisiún Aontaithe a ghlacadh mura gcuireann sé na Rialacháin sin de chuid na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíonann na táirgí cineálcheadaithe a gceanglais intíre uile is infheidhme.

¹ Lena n-áirítear deimhnithe cineálcheadaithe de chuid CEE, CE agus an Aontais.

3. Chun críocha mhír 1, measfar gur cruthúnas leordhóthanach an méid seo a leanas go bhfuil cineálcheadú bailí de chuid an Aontais nó de chuid na Náisiún Aontaithe ann:
- (a) i gcás feithiclí iomlána, Deimhniú comhréireachta AE¹ nó Dearbhú Comhréireachta bailí de chuid na Náisiún Aontaithe² lena ndeimhnítear go gcomhlíontar U-IWVTA;
 - (b) maidir le trealamh agus páirteanna, marc bailí cineálcheadaithe de chuid an Aontais nó de chuid na Náisiún Aontaithe a bheith greamaithe den táirge; agus
 - (c) maidir le trealamh agus páirteanna nach féidir marc cineálcheadaithe³ a ghreamú dóibh, deimhniú bailí ar chineálcheadú de chuid an Aontais nó de chuid na Náisiún Aontaithe.
4. Féadfaidh Páirtí a cheadú dá údaráis inniúla a fhíorú go gcomhlíonann na táirgí arna gcumhdach ceann díobh seo a leanas, de réir mar is iomchuí:
- (a) rialacháin theicniúla náisiúnta uile an Pháirtí; nó

¹ Lena n-áirítear Deimhnithe Comhréireachta CE agus AE.

² I gcás Dearbhú Comhréireachta ó na Náisiúin Aontaithe, tiocfaidh an oibleagáid san fhoráil seo i bhfeidhm nuair a thiocfaidh Rialachán Uimh. 0 de chuid na Náisiúin Aontaithe maidir le Cineálcheadú Idirnáisiúnta na Feithicle iomláine i bhfeidhm.

³ Lena n-áirítear marcanna chineálcheadaithe CEE, CE agus an Aontais.

- (b) na Rialacháin theicniúla ón Aontas nó ó na Náisiúin Aontaithe a bhfianaítear ina leith gur comhlíonadh iad, i gcur i bhfeidhm an Airteagail seo, le Deimhniú Comhréireachta AE nó Dearbhú Comhréireachta de chuid na Náisiúin Aontaithe lena ndeimhnítear gur comhlíonadh U-IWVTA i gcás feithiclí iomlána, nó le marc bailí ar chineálcheadú de chuid an Aontais nó de chuid na Náisiúin Aontaithe atá greamaithe den táirge nó deimhniú bailí ar chineálcheadú de chuid an Aontais nó de chuid na Náisiúin Aontaithe i gcás trealaimh agus páirteanna.

Déanfar an fíorú sin trí shampláil randamach sa mhargadh agus i gcomhréir leis na rialacháin theicniúla faoi phointe (a) nó (b), de réir mar a bheidh.

5. Féadfaidh Páirtí a cheangal ar sholáthróir táirge a tharraingt siar óna mhargadh mura gcomhlíonann an táirge lena mbaineann na rialacháin theicniúla dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 4..

AIRTEAGAL 7

Táirgí a bhfuil teicneolaíochtaí nua nó gnéithe nua acu

1. Ní chuirfidh ceachtar Páirtí cosc ná srian ar rochtain ar a mhargadh ar tháirge a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo agus a bheidh formheasta ag an bPáirtí is onnmhaireoir ar an bhforas go n-ionchorpraítear sa táirge teicneolaíocht nua nó gné nua nach bhfuil rialaithe ag an bPáirtí is allmhaireoir go fóill.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh Páirtí is allmhaireoir rochtain ar a mhargadh a shrianadh nó a cheangal táirge neamhrialaithe den sórt sin ina bhfuil teicneolaíocht nua nó gné nua a tharraingt siar óna mhargadh dá ndéanfaí an méid seo a leanas leis an teicneolaíocht nua sin nó leis an ngné nua sin:

- (a) riosca a chruthú do shláinte an duine, don tsábháilteacht, don chomhshaol nó don bhonneagar iompair; nó
- (b) beidh siad ar neamhréir leis na caighdeáin nó leis an mbonneagar comhshaoil intíre atá ann cheana.

3. Maidir le Páirtí is allmhaireoir a chuireann srian le rochtain ar a mhargadh nó a éilíonn tarraingt siar as a mhargadh de bhun mhír 2, tabharfaidh sé fógra faoina chinneadh láithreach don Pháirtí eile. Áireoidh an Páirtí san fhógra an fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil ábhartha uile a mheasfar i gcinneadh an Pháirtí.

AIRTEAGAL 8

Trealamh athmhonaraithe nó páirteanna athmhonaraithe

1. Ní thabharfaidh Páirtí cóir is lú fabhar do threalamh nó páirteanna athmhonaraithe an Pháirtí eile ná an chóir a thugann sé do threalamh nó páirteanna coibhéiseacha a bhfuil riocht nua orthu.
2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Airteagal 2.11 (Srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú) maidir le toirmisc nó srianta ar allmhairiú nó onnmhairiú trealaimh athmhonaraithe nó páirteanna athmhonaraithe. Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí toirmisc nó srianta ar allmhairiú nó ar onnmhairiú ar threalamh nó páirteanna úsáidte ar bun, ní chuirfidh sé na bearta sin i bhfeidhm maidir le trealamh nó páirteanna athmhonaraithe.

3. Féadfaidh Páirtí a éileamh go ndéanfar trealamh nó páirteanna athmhonaraithe a shainaitheant amhlaidh lena ndáileadh nó lena ndíol ina chríoch agus go gcomhlíonfaidh an trealamh nó páirteanna athmhonaraithe ceanglais choibhéiseacha fheidhmíochta leis na cinn a bhfuil feidhm acu maidir le trealamh nó páirteanna coibhéiseacha a bhfuil riocht nua orthu.

AIRTEAGAL 9

Bearta eile lena gcuirtear srian ar thrádáil

Staonfaidh gach Páirtí ó na sochair a fhabhraíonn chuig an bPáirtí eile faoin Iarscríbhinn seo a neamhniú nó a lagú trí bhearta rialála a bhaineann go sonrach leis na táirgí arna gcumhdach. Tá an méid sin gan dochar don cheart chun bearta a ghlacadh atá riachtanach do shábháilteacht ar bhóithre, do chosaintí don tsláinte, don chomhshaol agus don bhonneagar iompair, agus do chleachtais mheabhlacha a chosc.

AIRTEAGAL 10

Comhar

1. Comhoibreoidh na Páirtithe agus malartóidh siad faisnéis maidir le haon ábhar atá ábhartha do chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo sa Choiste Trádála maidir le hEarraí.
2. Oibreoidh na Páirtithe le chéile, de réir mar is iomchuí, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le réimsí leasa fhrithpháirtigh i gcomhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta um chaighdeánú.

Foscúbhinn 9-B-1CATAGÓIRÍ FEITHICLÍ EISIATA¹

Níl feidhm ag Iarscúbhinn 9-B (Mótarfeithiclí agus trealamh nó páirteanna díobh) maidir leis na feithiclí seo a leanas:

Feithiclí de chatagóir L6 mar atá sainmhínithe i Mír 2.1.6 de R.E.3.

Feithiclí de chatagóir L7 mar atá sainmhínithe i mír 2.1.7 de R.E.3.

Feithiclí i gcatagóir M2 mar atá sainmhínithe i mír 2.2.2 de R.E.3.

Feithiclí de chatagóir M3 mar a shainmhínítear i mír 2.2.3 de R.E.3.

Feithiclí i gcatagóir N2 mar atá sainmhínithe i mír 2.3.2 de R.E.3.

Feithiclí de chatagóir N3 mar a shainmhínítear i mír 2.3.3 de R.E.3.

Feithiclí de chatagóir O3 mar a shainmhínítear i mír 2.4.3 de R.E.3.

¹ Cé nach gcumhdaítear an liosta sin d'fheithiclí eisiata le hIarscúbhinn 9-B (Mótarfeithiclí agus trealamh nó páirteanna díobh), ní chiallaíonn sé sin nach féidir na feithiclí a allmhairiú má chomhlíonann siad ceanglais intíre.

Feithiclí de chatagóir O4 mar a shainmhínítear i mír 2.4.4 de R.E.3.

Feithiclí a mhonaraítear i dtoirteanna beaga a cineálcheadaíodh ina n-aonar.

Feithiclí athlámhe de chatagóirí: L1, L2, L3, L4, L5, L6, L7, M1, N1, O1 agus O2, lena n-áirítear feithiclí a úsáideadh chun críche taispeána i dtaca le feithiclí dá samhail a dhíol, atá, tráth ar bith sula ndéantar iad a thairiscint nó a thaispeáint lena ndíol, i gcomhréir leis an Riail um Iompar ar Thalamh: Comhlíonadh Chaighdeán Feithicle 2002.¹

¹ Maidir le feithiclí den sórt sin, beidh siad:

- (a) cláraithe faoi:
 - (i) an tAcht Iompair 1962;
 - (ii) an tAcht Iompair (Feithiclí agus Tiománaithe a Chlárú agus a Cheadúnú) 1986 nó Cuid 17 den Acht Iompair ar Thalamh 1998; nó
 - (iii) aon reachtaíocht chomhfhreagrach in aon tír eile; nó
- (b) in úsáid chun críche nach bhfuil bainteach lena mhonarú ná lena díol.

IARSCRÍBHINN 9-C

SOCRÚ DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) d' AIRTEAGAL 9.10(5) MAIDIR LE FAISNÉIS A MHALARTÚ GO CÓRASACH MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ NEAMHBHIA AGUS MAIDIR LE BEARTA COISCTHEACHA, SRIANTACHA AGUS CEARTAITHEACHA
LENA mBAINNEANN

Leis an Iarscríbhinn seo, bunófar socrú maidir le malartú córasach faisnéise idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn i ndáil le sábháilteacht táirgí tomhaltais neamhbhíia agus bearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha gaolmhara.

I gcomhréir le hAirteagal 9.10(9) agus (10) (Comhar maidir le faireachas margaidh, le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí neamhbhíia), sonrúfar leis an socrú dá dtagraítear sa chéad mhír den Iarscríbhinn seo an cineál faisnéise atá le malartú, na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

IARSCRÍBHINN 9-D

SOCRÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9.10(6) LE hAGHAIDH FAISNÉIS A MHALARTÚ GO TRÁTHRIALTA MAIDIR LE BEARTA A DHÉANTAR I LEITH TÁIRGÍ NEAMHCHOMHLÍONTACHA NEAMH-BHIA, SEACHAS NA BEARTA SIN A CHUMHDAÍTEAR LE POINTE (b) d' AIRTEAGAL 9.10(5)

Leis an Iarscríbhinn seo, bunófar socrú maidir le malartú tráthrialta faisnéise, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú trí mheán leictreonach idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn, i ndáil le bearta a dhéanfar maidir le táirgí neamhbhia neamhchomhlíontacha, seachas na bearta sin a chumhdaítear le pointe (b) d' Airteagal 9.10(5) (Comhar maidir le faireachas margaidh, le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí neamhbhia).

I gcomhréir le hAirteagal 9.10(9) agus (10) (Comhar maidir le faireachas margaidh, le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí neamhbhia), sonrófar leis an socrú dá dtagraítear sa chéad mhír den Iarscríbhinn seo an cineál faisnéise atá le malartú, na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

IARSCRÍBHINN 9-E

FÍON AGUS BIOTÁILLÍ

AIRTEAGAL 1

Cuspóir

Is é cuspóir na hIarscríbhinne seo, ar bhonn an neamh-idirdhealaithe agus na cómhalartachta, trádáil fíona agus biotáillí a tháirgtear i gcóir gach Páirtí a éascú.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme agus cumhdach

Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le fíonta a aicmítear faoi cheannteideal HS 22.04 den Chóras Comhchuibhithe agus maidir le biotáillí a aicmítear faoi cheannteideal HS 22.08 den Chóras Comhchuibhithe.

AIRTEAGAL 3

Eisceacht ginearálta

Ní fhorléireofar aon ní san Iarscríbhinn seo mar ní a choiscfidh ar cheachtar Páirtí na bearta is gá a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú chun beatha nó sláinte an duine nó plandaí a chosaint faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir tíortha ina bhfuil na coinníollacha céanna, nó a bheadh ina srian faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 4

Sainmhínte

Chun críocha na hIarscríbhíne seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘lipéad’ aon bhranda, aon mharc, aon ábhar pictiúrtha nó aon ábhar tuairisciúil eile a dhéantar a scríobh, a chló, a stionsalú, a mharcáil, a chabhradh, nó a bhrú anuas ar choimeádán fíona, nó a ghreamú go daingean de choimeádán fíona;
- (b) ciallaíonn ‘cleachtais fhíoneolaíocha’ próisis, cóireálacha agus teicnící déanta fíona amhail breiseáin fíona agus aidiúvaigh theicneolaíocha, ach ní áirítear leo lipéadú, buidéalú ná pacáistiú le haghaidh díol deiridh;

- (c) ciallaíonn ‘réimse radhairc aonair’ aon chuid de dhromchla coimeádáin, seachas a bhun agus a chaipín, is féidir a fheiceáil gan an coimeádán a chasadh;
- (d) ciallaíonn ‘cineál’ an saothróg fionchaoire óna ndéantar fion, mar a chuirtear in iúl i dtéarmaí atá intuigthe go coitianta agus a bhfuil glacadh leo go coitianta agus a cheadaítear lena úsáid sa Pháirtí is onnmhaireoir;
- (e) ciallaíonn ‘bliain’ bliain bainte na bhfionchaor a úsáidtear chun fion a dhéanamh; agus
- (f) ciallaíonn ‘fion’ an táirge a fhaightear go heisiach ó choipeadh alcólach iomlán nó páirteach fionchaor úr, cibé acu atá siad brúite nó nach bhfuil, nó d’úrfhíon fionchaor.¹

AIRTEAGAL 5

Riail ghinearálta

Mura sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, déanfar fion agus biotáillí a allmhairiú agus a mhargú² i gcomhréir le dlí an Pháirtí is allmhaireoir.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘fion’ úrfhíon fionchaor tiubhaithe agus úrfhíon fionchaor tiubhaithe coigeartaithe a cheadaítear chun críoch saibhrithe agus mílsithe chomh maith le codáin fiona a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar theicnící deighilte ceadaithe.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn an téarma ‘margú’ ‘le cur ar an margadh lena dhíol’.

AIRTEAGAL 6

Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha

1. Údaróidh an tAontas allmhairiú agus margú fiona ina críoch lena chaitheamh ag an duine ar fíon é a tháirgtear sa Nua-Shéalainn i gcomhréir le:

- (a) sainmhínte ar na táirgí atá údaraithe sa Nua-Shéalainn faoina dlí a liostaítear i bhFoscábhinn 9-E-1 (dlí na Nua-Shéalainne dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 6(1) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha)¹;
- (b) cleachtais fhíoneolaíocha atá údaraithe sa Nua-Shéalainn faoina dlí a liostaítear i bhFoscábhinn 9-E-2 (dlí na Nua-Shéalainne dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 6(1) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha), a mhéid a mholann agus a fhoilsíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fíniúin agus um Fhíon (dá ngairtear ‘OIV’ anseo feasta) na cleachtais fhíoneolaíocha sin;² agus
- (c) cleachtais fhíoneolaíocha agus srianta a nglacann na Páirtithe leo go comhpháirteach ar shlí eile dá bhforáiltear i bhFoscábhinn 9-E-3 (cleachtais fhíoneolaíocha na Nua-Shéalainne).³

¹ Tá an pointe seo gan dochar do na ceanglais shonracha maidir le hainm an táirge ‘fíon’ in Airteagal 9(1) (Sonraíochtaí faisnéise sainordaitheacha maidir le lipéadú — ainm an táirge, neart alcóil iarbhír de réir toirte, sainathint baiseanna) den Iarscríbhinn seo.

² D’ainneoin an phointe seo, údaróidh an tAontas fíon a allmhairiú agus a mhargú ina chríoch ar fíon é a tháirgtear sa Nua-Shéalainn trí phróisis táirgthe fiona fhisiciúla a úsáid i gcomhréir le dlí na Nua-Shéalainne a liostaítear i bhFoscábhinn 9-E-2 (dlí na Nua-Shéalainne dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 6(1) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha)).

³ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag pointí (b) agus (c) den mhír seo ina n-aonar nó go carnach, ag brath ar na cleachtais fhíoneolaíocha a chuirtear i bhfeidhm maidir le fíon a tháirgtear sa Nua-Shéalainn.

2. Údaróidh an Nua-Shéalainn allmhairiú agus margú fiona ina críoch lena chaitheamh ag an duine ar fion é a tháirgtear san Aontas Eorpach i gcomhréir le:
- (a) sainmhínithe ar na táirgí atá údaraithe san Aontas faoin dhlí a liostaítear in bhFoscúbhinn 9-E-4 (dlí an Aontais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6(2) (Sainmhínithe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha));
 - (b) cleachtais fhíoneolaíocha agus srianta atá údaraithe san Aontas faoi dhlí a liostaítear i bhFoscúbhinn 9-E-5 (dlí an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 6(2) (Sainmhínithe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha)), a mhéid a mholann agus a fhoilsíonn OIV cleachtais fhíoneolaíocha den sórt sin;¹² agus
 - (c) cleachtais fhíoneolaíocha agus srianta a nglacann na Páirtithe leo go comhpháirteach ar shlí eile dá bhforáiltear i bhFoscúbhinn 9-E-6 (Cleachtais fhíoneolaíocha an Aontais Eorpaigh).³

¹ De mhaolú ar an bpointe seo, féadfar fion a tháirgtear san Aontas trí úsáid a bhaint as mannapróitéiní giosta nó potaisiam fearóiciainíde a allmhairiú agus a mhargú i gcríoch na Nua-Shéalainne ar choinníoll go gcomhlíonann an fion sin na teorainneacha forordaithe a leagtar síos i gCód um Chaighdeáin Bia na hAstráile-na Nua-Shéalainne maidir le substaintí den sórt sin fad agus atá na teorainneacha forordaithe a leagtar síos i gCód um Chaighdeáin Bia na hAstráile-na Nua-Shéalainne éagsúil ó mholtaí bunaithe OIV mar a foilsíodh iad.

² D'ainneoin an phointe seo, údaróidh an Nua-Shéalainn fion a allmhairiú agus a mhargú ina críoch ar fion é a tháirgtear san Aontas i gcomhréir le próisis táirgthe fiona fhisiciúla agus le coinníollacha agus teorainneacha a n-úsáide mar a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus i dTábla 1 de Chuid A d'Iarscúbhinn I, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún.

³ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag pointí (b) agus (c) den mhír seo ina n-aonar nó go carnach, ag brath ar na cleachtais fhíoneolaíocha a chuirtear i bhfeidhm maidir le fion a tháirgtear san Aontas.

3. Féadfaidh Páirtí (dá ngairtear ‘an Páirtí iarratach’ anseo feasta) modhnú a mholadh don Pháirtí eile (dá ngairtear ‘an Páirtí iarrata’ anseo feasta) ar liosta cleachtas fhíoneolaíoch an Pháirtí iarrataigh i bhFoscúbhinn 9-E-3 (Cleachtas fhíoneolaíoch na Nua-Shéalainne) nó i bhFoscúbhinn 9-E-6 (Cleachtas fhíoneolaíoch an Aontais Eorpaigh) trí iarraidh i scríbhinn, a bhfuil comhad teicniúil ag tacú léi, a sheachadadh chuig an bPáirtí iarrtha trína phointe teagmhála don Iarscríbhinn seo.
4. Pléifidh na Páirtithe an modhnú atá beartaithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo sa Choiste um Fhíon agus um Biotáillí agus beidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh chun Foscúbhinn 9-E-3 (Cleachtas fhíoneolaíoch na Nua-Shéalainne) nó Foscúbhinn 9-E-6 (Cleachtas fhíoneolaíoch an Aontais Eorpaigh) a leasú dá réir.
5. Má thagann aon ábhar chun cinn maidir le cur chun feidhme nó cur i bhfeidhm Airteagal 6 (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtas agus próisis fhíoneolaíoch) mar thoradh ar fhorbairtí in eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil na Ballstáit, an tAontas, nó an Nua-Shéalainn ina comhalta di, pléifidh na Páirtithe an t-ábhar sa Choiste um Fhíon agus um Biotáillí d’fhonn teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh.
6. Déanfaidh an Coiste um Fhíon agus um Biotáillí athbhreithniú ginearálta ar oibriú Airteagal 6 (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtas agus próisis fhíoneolaíoch) agus ar na Foscúbhinní ábhartha laistigh de 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus uair amháin ar a laghad gach 5 bliana ina dhiaidh sin, mura gcomhaontóidh comhchathaoirligh an Choiste um Fhíon agus um Biotáillí a mhalairt.

AIRTEAGAL 7

Ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú

1. Féadfaidh Páirtí is allmhaireoir a cheangal go mbeidh an fhaisnéis uile ar lipéad soiléir, cruinn agus fírinneach, gur féidir bunús a thabhairt léi agus nach mbeidh sí míthreorach don tomhaltóir.
2. Féadfaidh Páirtí is allmhaireoir a cheangal go mbeidh faisnéis lipéadaithe le feiceáil i gceann de na teangacha in úsáid oifigiúil i gcríoch an Pháirtí sin de réir mar a fhoráiltear ina dhlí.
3. Féadfaidh Páirtí is allmhaireoir a cheangal go gcuirfear faisnéis shainordaitheach i láthair i gcarachtair dhoscrista agus go scríobhfar nó go leagfar amach í go soléite soiléir, lena n-áirítear ionas go mbeidh an fhaisnéis i gcodarsnacht ar bhealach soiléir leis an gcúlra agus leis an téacs nó na grafaicí thart timpeall uirthi.
4. Ceadóidh Páirtí is allmhaireoir faisnéis ar lipéad a athrá ar an gcoimeádán, bíodh sí san fhoirm chéanna nó ná bíodh.
5. Féadfaidh Páirtí is allmhaireoir toirmeasc a chur ar mháimh áirithe ar lipéid a úsáid i gcás ina bhfónann toirmeasc den sórt sin do chuspóir dlisteanach maidir le sláinte agus sábháilteacht an duine.
6. Ceadóidh gach Páirtí faisnéis shainordaitheach a thaispeáint ar lipéad forlíontach a bheidh greamaithe de choimeádán. Féadfar lipéid fhorlíontacha a ghreamú de choimeádán tar éis é a allmhairiú ach sula gcuirfear an táirge ar díol i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis shainordaitheach a éilíonn an Páirtí is allmhaireoir ar taispeáint go hiomlán agus go cruinn.

AIRTEAGAL 8

Suíomh faisnéise lipéadaithe sainordaithe

1. Ní chuirfidh aon ní san Iarscríbhinn seo cosc ar Pháirtí is allmhaireoir a cheangal go sonrúfaí faisnéis lipéadaithe shainordaitheach ar choimeádán.
2. Ní fhorchuirfidh Páirtí is allmhaireoir ceanglais nua bheachta maidir le suíomh le haghaidh faisnéis lipéadaithe shainordaitheach ar fhíon a tháirgtear sa Pháirtí eile.
3. D'ainneoin mhír 2:
 - (a) féadfaidh Páirtí is allmhaireoir a cheangal go dtaispeánfar ítim amháin nó níos mó d'fhaisnéis lipéadaithe shainordaitheach nó d'fhaisnéis lipéadaithe roghnach, nó iad araon, sa réimse céanna radhairc, nó i gcomhar le chéile, nó i ngaireacht áirithe dá chéile; agus
 - (b) féadfaidh Páirtí is allmhaireoir a cheangal nach dtaispeánfar faisnéis lipéadaithe shainordaitheach ar an mbonn nó ar an gcaipín, nó ar chuid eile de choimeádán nach bhfuil infheicthe ag an tomhaltóir.

AIRTEAGAL 9

Sonraíochtaí le haghaidh faisnéis lipéadaithe shainordaitheach — ainm an táirge, neart alcóil iarbhír de réir toirte, sainithint baisce

1. Ceadóidh an tAontas an téarma ‘fion’ a úsáid mar ainm táirge le haghaidh fiona a tháirgtear sa Nua-Shéalainn agus a allmhairítear agus a mhargaítear san Aontas ar choinníoll go bhfuil neart alcóil iarbhír nach lú ná 7 % de réir toirte agus neart alcóil iomlán nach mó ná 20 % de réir toirte ag an bhfion.
2. Ceadóidh Páirtí is allmhaireoir an méid alcóil iarbhír de réir toirte a léiriú ar an lipéad i dtéarmaí céatadáin go pointe deachúlach amháin ar a mhéad (mar shampla, 12 %, 12,0 %, 12,1 %, 12,2 %).
3. Ceadóidh Páirtí is allmhaireoir an méid alcóil iarbhír de réir toirte a shloinneadh le alc/toirte (mar shampla, 12 % alc/toirte, alc 12 % toirte, 12 % toirte).
4. Gan dochar do na lamhátais a leagtar síos don mhodh anailíse tagartha a úsáidtear, ceadóidh Páirtí is allmhaireoir an neart alcóil iarbhír de réir toirte atá ag fionta a allmhairítear ón bPáirtí is onnmhaireoir agus a léirítear ar an lipéad a bheith éagsúil ón neart a thugtar trí anailís suas le 0,8 % toirte nó suas le 0,5 % toirte d’fhionta treisithe.
5. Féadfaidh Páirtí is allmhaireoir a cheangal go soláthrófar sainithint baisce ar lipéid fiona.

6. Cuirfidh Páirtí is allmhaireoir toirmeasc ar aghlot¹ faisnéise sainathinte baisce, seachas má cheadóidh údarás ábhartha an Pháirtí is allmhaireoir a mhalairt.
7. Ní cheadóidh Páirtí táirgí pacáistithe a chur ar an margadh lena ndíol ina chríoch nach gcomhlíonann an ceanglas dá bhforáiltear i mír 6.

AIRTEAGAL 10

Faisnéis lipéadaithe roghnach

1. Faoi réir Airteagal 7 (Ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú), ceadóidh Páirtí is allmhaireoir faisnéis seachas faisnéis shainordaitheach a bheith ar lipéid i gcomhréir lena dhlí.
2. D'ainneoin phointe (a) d'Airteagal 8(3) (Suíomh faisnéise lipéadaithe sainordaithe), ní chuirfidh Páirtí ia allmhaireoir srian le suíomh faisnéise roghnaí.

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an téarma 'aghot', athrú, baint, scrios, folú, agus doiléiriú.

AIRTEAGAL 11

Faisnéis roghnach — Bliain agus cineál

1. Ceadóidh Páirtí is allmhaireoir allmhairiú agus díol fiona atá lipéadaithe le bliain más rud é:
 - (a) go bhfuil an fion i gcomhréir le dlí an Pháirtí is onnmhaireoir i leith bliana; agus
 - (b) go dtagann 85 % ar a laghad den fhíon ó fhíonchaora na bliana sin.
2. I gcás fionta a tháirgtear san Aontas a fhaightear go traidisiúnta ó fhíonchaora a bhaintear i mí Eanáir nó i mí Feabhra, féadfaidh sé gurb í an bhliain féilire roimhe sin bliain an fhíona a bheidh le feiceáil ar an lipéad.
3. Ceadóidh Páirtí is allmhaireoir allmhairiú agus díol fiona atá lipéadaithe mar fhíona atá déanta d'aon cineál fíniúna amháin más rud é:
 - (a) go bhfuil an fion i gcomhréir le dlí an Pháirtí is onnmhaireoir i leith comhdhéanamh cineáil; agus
 - (b) go dtagann 85 % ar a laghad den fhíon ar a bhfuil an lipéad sin ó fhíonchaora den chineál sin.

4. Ceadóidh Páirtí is allmhaireoir allmhairiú agus díol fíona atá lipéadaithe mar fhíona atá déanta de roinnt cineálacha fíniúna más rud é:
- (a) go bhfuil an fíon i gcomhréir le dlí an Pháirtí is onnmhaireoir i leith comhdhéanamh cineáil;
 - (b) go dtagann 85 % ar a laghad den fhíon ar a bhfuil an lipéad sin ó fhíonchaora de na cineálacha sin;
 - (c) gur mó an coibhneas de gach cineál atá liostaithe san fhíon ná aon chineál nach bhfuil liostaithe; agus
 - (d) go bhfuil na cineálacha atá liostaithe in ord íslitheach dá gcoibhneas san fhíon agus, más éilíonn an Páirtí is allmhaireoir é, i gcarachtair den mhéid chéanna.

AIRTEAGAL 12

Deimhniú

1. Seachas más gá chun sláinte agus sábháilteacht an duine a chosaint, ní dhéanfaidh Páirtí allmhairiúcháin fíona a tháirgtear sa Pháirtí eile a chur faoi bhráid córas deimhniúcháin níos sriantaí ná ceanglais deimhniúcháin níos déine ná na ceanglais sin dá bhforáiltear ina dhlí atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Údaróidh an tAontas allmhairiú fiona a tháirgtear sa Nua-Shéalainn i gcomhréir le doiciméad VI-1 simplithe, doiciméad a shonraítear a fhormáid agus an fhaisnéis a éilítear ann i bhFoscúbhinn 9-E-7 (Doiciméad VI-1 Simplithe), nó i gcomhréir leis an deimhniú simplithe a shonraítear i bhFoscúbhinn 9-E-8 (Deimhniú simplithe).

3. I gcás ceiste i ndáil le torthaí tástála, cuirfidh gach Páirtí i bhfeidhm na modhanna anailíse tagartha a mholann agus a fhoilsíonn OIV nó, i gcás nach ann do na modhanna tagartha sin, modh anailíse a chomhlíonann na caighdeáin atá molta ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú, mura rud é go gcomhaontaíonn údaráis inniúla ábhartha gach Páirtí a mhalairt.

AIRTEAGAL 13

Faisnéis bhia

1. Ní cheanglóidh Páirtí go mbeidh aon cheann de na dátaí seo a leanas ar an gcoimeádán, ar an lipéad nó ar an bpacáistiú fiona:

- (a) an dáta pacáistithe;
- (b) an dáta buidéalaithe;
- (c) an dáta táirgthe nó monaraíochta;

- (d) an dáta éaga;
- (e) an dáta íosmharthanachta; nó
- (f) an spriocdháta díola.

2. De mhaolú ar phointí (d) agus (e), féadfaidh Páirtí a cheangal go dtaispeánfaí dáta éaga nó dáta íosmharthanachta ar tháirgí a bhféadfadh dáta éaga nó dáta íosmharthanachta níos giorra a bheith acu, mar gheall ar an bpacáistiú nó mar gheall ar chomhábhair meatacha a bheith curtha leo, ná mar a bheadh ag súil leis ag an tomhaltóir de ghnáth.

3. Féadfaidh Páirtí a cheangal freisin go dtaispeánfar dáta íosmharthanachta ar fhíon a ndearnadh cóireáil díalcólúcháin air agus ar lú ná 10 % a neart alcóil iarbhír de réir toirte.

AIRTEAGAL 14

Cur i láthair agus tuairisc ar bhiotáillí

Beidh feidhm *mutatis mutandis* maidir le cur i láthair agus tuairisc ar biotáillí ag Airteagal 7 (Ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú), Airteagal 9(5), (6) agus (7) (Sonraíochtaí le haghaidh faisnéis lipéadaithe shainordaitheach — ainm an táirge, neart alcóil iarbhír de réir toirte, sainathint baisce), agus Airteagal 13(1) agus (2) (Faisnéis bhia) den Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 15

Stoic atá ann cheana

Táirgí a táirgeadh nó a lipéadaíodh, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir le dlí Páirtí agus oibleagáidí Páirtithe i leith a chéile, ach ar bhealach nach gcomhlíonann an Iarscríbhinn seo, féadfar iad a chur ar an margadh sa Pháirtí eile lena ndíol go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

AIRTEAGAL 16

An Coiste um Fhíon agus um Biotáillí

1. Déanann an tAirteagal seo Airteagal 24(4) (Coistí speisialaithe) a chomhlánú agus a shonrú tuilleadh.
2. Tiocfaidh an Coiste um Fhíon agus um Biotáillí le chéile laistigh de bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus ina dhiaidh sin arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí. Tionólfar cruinnithe ar dháta agus ar am a chomhaontóidh comhchathaoirligh an Choiste um Fhíon agus um Biotáillí, ach tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis na hiarrata.
3. Beidh na feidhmeanna seo a leanas, maidir leis an Iarscríbhinn seo, ag an gCoiste um Fhíon agus um Biotáillí aon uair is gá:
 - (a) a bheith mar ardán chun faisnéis a mhalartú idir na Páirtithe chun feidhmiú na hlarscríbhinne seo a bharrfheabhsú;
 - (b) a bheith mar fhóram do na Páirtithe chun na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus (6) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha) a phlé, chomh maith le haon ábhar leasa choitinn in earnáil an fhíona agus na mbiotáillí; agus
 - (c) athbheithniú ginearálta a dhéanamh ar fheidhmiú Airteagal 6 (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha) agus Foscríbhinní ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 6(7) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha); agus

4. Féadfaidh an Coiste um Fhíon agus um Biotáillí cinneadh a dhéanamh maidir le módúlachtaí sonracha amhail nósanna imeachta agus critéir chun measúnú a dhéanamh ar aon mhodhnú a bheartaítear a dhéanamh ar Fhoscríbhinn 9-E-3 (Cleachtais fhíoneolaíocha na Nua-Shéalainne) nó ar Aguisín 9-E-6 (Cleachtais fhíoneolaíocha an Aontais Eorpaigh).

AIRTEAGAL 17

Pointí teagmhála

Laistigh de 60 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid idir na Páirtithe maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo a éascú agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an phointe teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile go pras i gcás aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

Foscúbhinn 9-E-1

DLÍ NA NUA-SHÉALAINNE DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (a) D' AIRTEAGAL 6(1)
(SAINMHÍNITHE AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS
FHÍONEOLAÍOCHA)

Dlí na Nua-Shéalainne dá dtagraítear i bpointe (a) d' Airteagal 6(1) (Sainmhínithe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha):

- (i) Wine Act 2003 (An tAcht Fíona 2003) agus an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar; agus
- (ii) Australia New Zealand Food Standards Code (Cód um Chaighdeán Bia na hAstráile-na Nua-Shéalainne) arna ghlacadh faoin Acht Bia 2014.

Foscúbhinn 9-E-2

DLÍ NA NUA-SHÉALAINNE DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) D' AIRTEAGAL 6(1)
(SAINMHÍNITHE AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS
FHÍONEOLAÍOCHA)

Dlí na Nua-Shéalainne dá dtagraítear i bpointe (b) d' Airteagal 6(1) (Sainmhínithe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha):

- (i) Wine Act 2003 (An tAcht Fíona 2003) agus an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar; agus
- (ii) Australia New Zealand Food Standards Code (Cód um Chaighdeán Bia na hAstráile-na Nua-Shéalainne) arna ghlacadh faoin Acht Bia 2014.

Foscúbhinn 9-E-3

CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHTA NA NUA-SHÉALAINNE

Cleachtais fhíoneolaíocha na Nua-Shéalainne dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 6(1) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha) i gcás fiona a tháirgtear sa Nua-Shéalainn agus a allmhairítear isteach san Aontas:

Úsáid i gcomhréir le dlí na Nua-Shéalainne:

- sulfáit amóiniam;
- fosfáit dé-amóiniam;
- hidreaclóiríd tiaimín;
- carbónáit chailciam;
- carbónáit photaisiam;
- tartráit chailciam;

- úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis lena mhilsíú;
- próitéiní plandaí;
- einsímí atá formheasta le haghaidh táirgeadh bia;
- lísisím;
- guma arabach;
- carbón fíoneolaíoch/carbón gníomhachtaithe;
- ciotráit chopair;
- siúcros, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis chun neart alcóil nádúrtha fíonchaor, úrfhíona fíonchaor nó fíona a mhéadú;
- crotail ghiosta;
- giostaí díghníomhaithe ag a bhfuil leibhéal ghlútaitiúin ráthaithe;

- carbónáit hidrigine potaisiam;
- tartráití potaisiam;
- ceallalós carbocsaimeitile sóidiam;
- aigéad fúmarach; agus
- snáithíní plandúla roghnaíocha.

Eisiatar uisce a chur le fionsaothrú, ach amháin nuair is gá sin mar gheall ar riachtanas teicniúil sonrach.

Úsáid na nithe seo a leanas le haghaidh gach cineál fionta súilíneacha:

- Licéar dáileogachta nach bhfuil ann ach siúcros, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe, fíon agus driogáit fíona.

Cleachtais atá faoi réir dhlí an Pháirtí is allmhaireoir:

- dé-ocsaíd sulfair agus suilfití a úsáid i bhfíon;

- liqueur de tirage a úsáid; agus
- moirt úr a úsáid.

Comhaontaithe le teorainneacha sonrath:

- sárocsaíd hidrigine a úsáid suas le 5 mg/kg; agus
- ceadaítear aigéad L-ascorbach nó aigéad eireatorbach a úsáid i bhfíon suas le huasleibhéal 300 mg/L sa táirge deiridh arna mhargú.

Foscúbhinn 9-E-4**DLÍ AN AONTAIS DÁ DTAGRAÍTEAR I bPOINTE (a) D' AIRTEAGAL 6(2) (SAINMHÍNITHE
AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS FHÍONEOLAÍOCHA)**

Dlí an Aontais dá dtagraítear i bpointe (a) d' Airteagal 6(2) (Sainmhínithe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha):

- (i) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, go háirithe rialacha táirgthe in earnáil an fhíona, i gcomhréir le hAirteagail 75, 81 agus Airteagal 91 de, agus Cuid IV d'Iarscúbhinn II agus Cuid II d'Iarscúbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin; agus
- (ii) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún², go háirithe Airteagail 47 agus 52 go 54 de, agus Iarscúbhinní III, V agus VI a ghabhann leis an Rialachán sin.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

² Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2).

Foscúbhinn 9-E-5**DLÍ AN AONTAIS DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) D' AIRTEAGAL 6(2) (SAINMHÍNITHE
AR NA TÁIRGÍ AGUS CLEACHTAIS AGUS PRÓISIS FHÍONEOLAÍOCHA)**

Dlí an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) d' Airteagal 6(2) (Sainmhínithe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha) :

- (i) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, go háirithe cleachtais fhíoneolaíocha agus srianta fhíoneolaíochta i gcomhréir le hAirteagail 80 agus 83 de, agus Iarscúbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin; agus
- (ii) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún¹.

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin inar féidir neart alcóil a mhéadú, cleachtais agus srianta fhíoneolaíocha údaraithe is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí finiúna, an t-íoschéatadán alcóil le haghaidh fotháirgí agus a ndiúscairt, agus foilsíú comhad OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1).

Foscúbhinn 9-E-6

CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA AN AONTAIS EORPAIGH

Cleachtais fhíoneolaíocha an Aontais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 6(2) (Sainmhínte ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha) i gcás fíona a tháirgtear san Aontas agus a allmhairítear isteach sa Nua-Shéalainn:

- féadfar úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe agus siúcros a úsáid chun saibhriú agus milsiú a dhéanamh faoi na coinníollacha sonracha agus teoranta faoi seach i gCuid I d'Iarscúbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gCuid D d'Iarscúbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún, faoi réir úsáid na dtáirgí sin i bhfoirm athdhéanta i bhfíonta a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a eisiadh;
- eisiatar uisce a chur le fionsaóthru, ach amháin nuair is gá sin mar gheall ar riachtanas teicniúil sonracha; agus
- féadfar moirt úr a úsáid faoi na coinníollacha sonracha agus teoranta a leagtar amach i ítim líne 11.2 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscúbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún.

Cleachtais atá faoi réir dhlí an Pháirtí is allmhaireoir:

- dé-ocsaíd sulfair agus suilfítí a úsáid i bhfion; agus
- liqueur de tirage a úsáid.

Foscíbhinn 9-E-7

DOICIMÉAD VI-1 SIMPLITHE

Teimpléad an deimhnithe arna eisiúint ag an Aireacht um Thionscail Bhunaidh le haghaidh fíon a tháirgtear sa Nua Shéalainn agus a allmhairítear isteach san Aontas⁽¹⁾

1. Onnmhaiseoir (ainm agus seoladh)	TRÍÚ TÍR EISIÚNA: AN NUA-SHÉALAINN VI-1 Simplithe Sraithuimhir: DOICIMÉAD LE hAGHAIDH FÍON A ALLMHAIRIÚ ISTEACH SAN AONTAS EORPACH
2. Coinsíní (ainm agus seoladh)	3. Stampa custaim (d'úsáid oifigiúil an Aontais amháin)
4. Cóir iompair agus sonraí iompair	5. Ionad díluchtaithe (más éagsúil ó 2)
6. Tuairisc ar an táirge allmhairithe	7. Cainníocht i l/hl/kg ⁽²⁾
	8. An líon coimeádán ⁽³⁾

9. DEIMHNIÚ

Tá an táirge a bhfuil tuairisc air thuas ceaptha lena chaitheamh go díreach ag an duine agus comhlíonann sé na sainmhínte ar na táirgí agus na cleachtais fhíoneolaíocha atá údaraithe i gcomhréir le téarmaí Iarscríbhinn 9-E (Fíon agus biotáillí) a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.

Ainm agus seoladh iomlán an chomhlachta inniúil:

Stampa:

Áit agus dáta:

Síniú, ainm agus teideal an oifigigh:

10. TUARASCÁIL ANAILÍSE (ina dtugtar tuairisc ar shaintréithe anailiseacha an táirge a dtugtar tuairisc air thuas)

- Neart alcóil iarbhír:
- Dé-ocsaíd sulfair iomlán:
- Aigéadacht iomlán:

Ainm agus seoladh iomlán an chomhlachta nó na roinne (saotharlann) ainmnithe:

Stampa:

Áit agus dáta:

Síniú, ainm agus teideal an oifigigh:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 12 (Deimhniú) d'Iarscríbhinn 9-E (Fíon agus biotáillí) a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.
- (2) Scríos mar is iomchuí.
- (3) Ciallaíonn coimeádán coimeádán le haghaidh fíona is lú ná 60 lítear. Féadfaidh líon na gcoimeádán a bheith mar líon na mbuidéal.

Sannadh (teacht i saorchúrsaíocht agus eisiúint eastóscáin)

Cainníocht	11. Uimhir agus dáta an doiciméid chustaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus maidir leis an eastóscán	12. Ainm agus seoladh iomlán an choinsíní (eastóscán)	13. Stampa an údaráis inniúil
Ar fáil			
Sannta			
Ar fáil			
Sannta			
Ar fáil			
Sannta			
Ar fáil			
Sannta			
14. Barúlacha eile			

Foscíbhinn 9-E-8

DEIMHNIÚ SIMPLITHE

Teimpléad an deimhnithe arna eisiúint ag an Aireacht um Thionscail Bhunaidh le haghaidh fion a tháirgtear sa Nua-Shéalainn agus a allmhairítear isteach san Aontas

1. Onnmhaireoir (ainm agus seoladh)	TRÍÚ TÍR EISIÚNA: AN NUA-SHÉALAINN Sraithuimhir ⁽²⁾ : DOICIMÉAD LE hAGHAIDH FÍON A ALLMHAIRIÚ ISTEACH SAN AONTAS EORPACH
2. Coinsíní (ainm agus seoladh)	3. Stampa custaim (d'úsáid oifigiúil an Aontais amháin)
4. Cóir iompair agus sonraí iompair ⁽³⁾	5. Ionad díluchtaithe (más éagsúil ó 2)
6. Tuairisc ar an táirge allmhairithe ⁽⁴⁾	7. Cainníocht i l/hl/kg ⁽⁵⁾
	8. An líon coimeádán ⁽⁶⁾

9. Deimhniú

Tá an táirge a bhfuil tuairisc air thuas ceaptha lena chaitheamh go díreach ag an duine agus comhlíonann sé na sainmhínithe ar na táirgí agus na cleachtais fhíoneolaíocha atá údaraithe i gcomhréir le téarmaí Iarscríbhinn 9-E (Fíon agus biotáillí) a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.

Ainm agus seoladh iomlán an chomhlachta inniúil:

Stampa:

Áit agus dáta:

Síniú, ainm agus teideal an oifigigh:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 12 (Deimhniú) d'Iarscríbhinn 9-E (Fíon agus biotáillí) a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.
- (2) Is í seo uimhir inrianaitheachta na baisece arna leithdháileadh ag comhlacht inniúil na Nua-Shéalainne.
- (3) Sonraigh: an modh iompair a úsáidtear don seachadadh chuig an pointe isteach san Aontas (long, aeriompar, etc.), sonraigh ainm an mhodha iompair (ainm na loinge, uimhir na heitilte, etc).
- (4) Sonraigh an fhaisnéis seo a leanas:
 - Sonrúchán díolacháin (mar atá sé ar an lipéad, amhail ainm an táirgeora, ainm an limistéir fionsaothrúcháin, ainm branda, etc.);
 - Ainm na tíre tionscnaimh: [sonraigh 'an Nua-Shéalainn'];
 - Ainm an táisc gheografaigh, ar choinníoll go bhfuil an fíon incháilithe do thásc geografach den sórt sin (e.g. sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint);
 - Neart alcóil iarbhír de réir toirte;
 - Dath an táirge (luaigh 'dearg', 'rosé', 'bándearg' nó 'bán' amháin);
 - Cód Ainmníochta Comhcheangailte (Cód AC).
- (5) Scríos mar is iomchuí.
- (6) Ciallaíonn coimeádán coimeádán le haghaidh fiona is lú ná 60 lítear. Féadfaidh líon na gcoimeádán a bheith mar líon na mbuidéal.

Sannadh (teacht i saorchúrsaíocht agus eisiúint eastóscáin)

Cainníocht	10. Uimhir agus dáta an doiciméid chustaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus maidir leis an eastóscán	11. Ainm agus seoladh iomlán an choinsíní (eastóscán)	12. Séala an údaráis inniúil
Ar fáil			
Sannta			
Ar fáil			
Sannta			
Ar fáil			
Sannta			
Ar fáil			
Sannta			
13. Barúlacha eile			

Foscúbhinn 9-E-9

DEARBHUITHE

Dearbhú maidir le mannpróitéiní giosta agus fearóiciainíd photaisiam

1. Foráiltear le fonóta 1 a ghabhann le pointe (b) d'Airteagal 6(2) (Sainmhíthe ar na táirgí agus cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha) go gcomhlíonfaidh fíon a tháirgtear san Aontas agus a allmhairítear isteach sa Nua-Shéalainn na teorainneacha a fhorordaítear i ndlí na Nua-Shéalainne maidir le mannpróitéiní giosta agus fearóiciainíd photaisiam a úsáid fad agus nach ionann na teorainneacha sin agus na teorainneacha a mholtar i rúin ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona mar a foilsíodh iad. Faoi réir mhír 2 den Dearbhú seo, féachfaidh an Nua-Shéalainn le deireadh a chur leis na teorainneacha forordaithe le haghaidh mannpróitéiní giosta agus fearóiciainí potaisiam gCód um Chaighdeán Bia na hAstráile-na Nua-Shéalainne.
2. Ní féidir leis an Nua-Shéalainn teacht roimh thoradh nó tráthchláir an phróisis dá dtagraítear i mír 1, toisc go bhfuil na teorainneacha forordaithe leagtha síos ag Caighdeán Bhia na hAstráile-na Nua-Shéalainne mar chuid den Chomhchóras Bia leis an Astráil.

Dearbhú comhphárteach maidir le lipéadú ailléirgin ar fhíon agus ar bhíotáillí

1. Aithníonn gach Páirtí ceart an Pháirtí eile rialú a dhéanamh ar fhaisnéis lipéadaithe a bhaineann le hailléirginí le haghaidh fíona agus bíotáillí.
2. Gan dochar d'Airteagal 8 (Suíomh faisnéise lipéadaithe sainordaithe) d'Iarscríbhinn 9-E (Fíon agus bíotáillí), aithníonn na Páirtithe:
 - (a) go bhféadfaidh an tAontas a cheangal go n-áireofar sonraí sainordaitheacha a bhaineann le hailléirginí mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún sa tuairisc agus sa chur i láthair ar fhíon agus ar bhíotáillí; agus
 - (b) i gcás na Nua-Shéalainne, go bhfuil lipéadú ailléirgin faoi réir chóras rialála comhphárteach na Nua-Shéalainne leis an Astráil faoi Chaighdeán Bia 1.2.3 de Chód um Chaighdeán Bia na hAstráile-na Nua-Shéalainne.
3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus é mar aidhm acu, más féidir, toradh a bheidh inghlactha go frithphárteach a bhaint amach i ndáil le ceanglais maidir le lipéadú ailléirginí.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

Dearbhú maidir le húsáid na dtéarmaí ‘brut nature’ agus ‘extra brut’
maidir le fionta súilíneacha a tháirgtear san Aontas

Féadfar cur síos a dhéanamh ar fhionta súilíneacha a tháirgtear san Aontas agus a allmhairítear isteach sa Nua-Shéalainn leis na téarmaí ‘brut nature’ agus ‘extra brut’ sa Nua-Shéalainn ar choinníoll nach bhfuil an úsáid sin bréagach ná míthreorach do thomhaltóirí sa Nua-Shéalainn faoin Fair Trading Act 1986 (An tAcht Cóirtrádála 1986) agus ar choinníoll go gcomhlíonann an úsáid sin ceanglais faoin Food Act 2014 (An tAcht Bia 2014).

IARSCRÍBHINN 10-A

BEARTA ATÁ ANN CHEANA

Príomhnótaí

1. Leagtar amach i sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais, faoi Airteagal 10.10 (Bearta neamh-chomhréireacha) nó Airteagal 10.18 (Bearta neamh-chomhréireacha), na bearta atá ann cheana sa Nua-Shéalainn agus san Aontais nach gcomhlíonann na hoibleagáidí arna bhforchur leis na hAirteagail seo a leanas:
 - (a) Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh) nó 10.14 (Rochtain ar an margadh);
 - (b) Airteagal 10.6 (Cóir náisiúnta) nó 10.16 (Cóir náisiúnta);
 - (c) Airteagal 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) nó 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair);
 - (d) Airteagal 10.8 (Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí);
 - (e) Airteagal 10.9 (Ceanglais feidhmíochta); nó
 - (f) Airteagal 10.15 (Láithreacht áitiúil).

2. Tá forchoimeádais Páirtí gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi GATS.
3. I ngach iontráil leagtar amach na heilimintí seo a leanas:
 - (a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;
 - (b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;
 - (c) tagraíonn ‘aicmiú tionscail’, i gcás inarb infheidhme, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an iontráil de réir CPC, ISIC Rev. 3.1, nó mar a shonraítear go sainráite ar bhealach eile san iontráil sin;
 - (d) le ‘oibleagáidí lena mbaineann’ sonraítear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a bhfuil iontráil á déanamh ina leith;
 - (e) léiríonn ‘leibhéal rialtais’ an leibhéal rialtais a choinníonn an beart liostaithe ar bun;

- (f) sainaitnítear le ‘bearta’ an dlí, an rialachán nó an beart eile a bhfuil an iontráil á déanamh ina leith. Maidir le ‘beart’ a luaitear san eilimint ‘bearta’:
- (i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
 - (ii) folaíonn sé aon fhobheart arna ghlacadh nó arna chothabháil faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis; agus
 - (iii) maidir le sceideal an Aontais, folaíonn sé aon dlí, rialachán nó bearta eile lena gcuirtear treoir chun feidhme ar leibhéal na mBallstát; agus
- (g) leagtar amach le ‘cur síos’ gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a ndéantar iontráil ina leith.

4. Agus iontráil á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den iontráil a bhreithniú. Déanfar iontráil a léirmhíniú i bhfianaise oibleagáidí ábhartha na Ranna nó na bhFo-ranna a ndéantar an iontráil ina gcoinne. I gcás ina bhfuil neamhréireacht idir eilimint na ‘beart’ agus na heilimintí eile d’iontráil, is ag eilimint na mbeart a bheidh an tosaíocht.

5. Chun críocha sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais:
- (a) Ciallaíonn ‘ISIC Rev. 3.1’ an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC Rev. 3.1, 2002;
 - (b) Ciallaíonn ‘CPC’ an tAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach (Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 77, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta Idirnáisiúnta, Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, 1991).
6. Chun críocha sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais, glactar iontráil maidir le ceanglas láithreach áitiúil a bheith i gcríoch an Aontais nó na Nua-Shéalainne i gcoinne Airteagal 10.15 (Láithreach áitiúil), agus ní i gcoinne Airteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh) nó 10.16 (Cóir náisiúnta). Thairis sin, ní dhéantar ceanglas den sórt sin mar iontráil i gcoinne Airteagal 10.56 (Rochtain ar shaoráidí riachtanacha mórsholáthróirí).

7. Maidir le hiontráil a dhéantar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais, maidir le beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an iontráil. Maidir le hiontráil le haghaidh Ballstáit, beidh feidhm aici maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den Bhallstát sin. Chun críocha iontrálacha na Beilge, clúdaíonn an leibhéal lárnach rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla inniúla ag gach ceann acu. Chun críocha iontrálacha an Aontais agus na Ballstáit, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland. Tá feidhm ag iontráil a dhéantar ar leibhéal na Nua-Shéalainne maidir le beart de chuid an rialtais láir nó an rialtais áitiúil.

8. Ní áirítear ar liosta na n-iontrálacha san Iarscríbhinn seo bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháilíochtaí, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach ionann iad agus teorannú de réir bhrí Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh), 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.14 (Rochtain ar an margadh), 10.15 (Láithreacht áitiúil) nó 10.16 (Cóir náisiúnta). Leis na bearta sin, féadtar a chur san áireamh an gá atá le ceadúnas a fháil, le hoibleagáid seirbhíse uilíoch a chomhlíonadh, le cáilíocht aitheanta in earnáil rialáilte a bheith gnóthaithe, le pas i scrúdú sonracha a ghnóthú, lena n-áirítear scrúdú teanga, le ceanglas ballraíochta i ngairm áirithe a chomhlíonadh, amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil, le gníomhaire áitiúil a bheith ann le haghaidh seirbhíse, nó le seoladh áitiúil a choinneáil, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó limistéir chosanta. Cé nach liostaítear iad, leanann na bearta sin d'fheidhm a bheith acu.

9. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, don Aontas Eorpach, ní bheidh ceanglas i gceist leis an oibleagáid cóir náisiúnta a thabhairt do ón Nua-Shéalainn an chóir a thugtar i mBallstát, le cur i bhfeidhm CFAE, nó de bhun aon bheart arna ghlacadh de bhun CFAE, lena n-áirítear a chur chun feidhme sna Ballstáit, a leathnú chuig:

- (a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de chuid Ballstáit eile; nó
- (b) daoine dlíthiúla atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais agus a bhfuil a n-oifig chláráithe, riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas.

10. Maidir le cóir a dheonaítear do dhaoine dlíthiúla a bhunaíonn infheisteoirí Páirtí i gcomhréir le dlí an Pháirtí eile (lena n-áirítear, i gcás an Aontais, dlí Ballstáit) agus a bhfuil a n-oifig chláráithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Pháirtí eile sin, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid atá i gcomhréir le Roinn B (Léirscaoileadh infheistíochta) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht), a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ar an duine dlíthiúil sin nuair a bunaíodh é sa Pháirtí eile sin, agus a leanfaidh de bheith infheidhme.

11. Níl feidhm ag sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais ach maidir le críocha na Nua-Shéalainne agus an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 1.4 (Cuir i bhfeidhm críochach) agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an tAontas, na Ballstáit agus an Nua-Shéalainn. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

12. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní hionann bearta neamh-idirdhealaitheacha agus teorannú de réir bhrí Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh) nó Airteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh) d'aon bheart:

- (a) lena gceanglaítear go scarfaí úinéireacht an bhonneagair ó úinéireacht na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear tríd an mbonneagar sin chun iomaíocht chóir a áirithiú, mar shampla i réimse an fhuinnimh, i réimse an iompair agus i réimse na teileachumarsáide;
- (b) lena sriantar tíúchan na húinéireachta chun iomaíocht chóir a áirithiú;
- (c) a bhfuil mar aidhm leis caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear teorainn a chur le hinfhaighteacht, líon agus raon feidhme na lamháltas arna ndeonú, agus moratóir nó toirmeasc a fhorchur;

- (d) lena dteorannaítear an líon údaruithe a dheonófar de bharr srianta teicniúla nó fisiceacha, mar shampla speictrim agus minicíochtaí teileachumarsáide; nó
- (e) lena gceanglaítear gur daoine cáilithe a bheidh i gcéatadán áirithe de scairshealbhóirí, úinéirí, comhpháirtithe nó stiúrthóirí fiontair nó go geleachtfaidh siad gairm áirithe, mar shampla gairm mar dhlíodóir nó mar chuntasóir.

13. I ndáil le seirbhísí ríomhaire, measfar gur seirbhísí ríomhaire agus seirbhísí gaolmhara iad na seirbhísí seo a leanas, cuma an seachadtar trí líonra iad, lena n-áirítear an t-idirlíon:

- (a) an chomhairleoireacht, an t-oiriúnú, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhairí nó córas ríomhaireachta nó bainistiú le haghaidh ríomhairí nó córais ríomhaireachta;
- (b) na cláir ríomhaireachta a shainmhínítear mar na tacair treoracha is gá chun ríomhairí a chur ag obair agus cumarsáid a dhéanamh (ina measc féin), chomh maith leis an gcomhairliúchán, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an t-oiriúnú, an chothabháil, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhchláir nó bainistiú le haghaidh ríomhchláir nó a n-úsáid;
- (c) seirbhísí próiseála sonraí, stóráil sonraí, óstáil sonraí nó bunachar sonraí;

- (d) seirbhísí cothabhála agus deisithe le haghaidh innealra agus trealamh oifige, lena n-áirítear ríomhairí; agus
- (e) seirbhísí oiliúna le haghaidh baill foirne cliant, a bhaineann le ríomhchláir, ríomhairí nó ríomhchórais, seirbhísí nach bhfuil aicmithe áit ar bith eile.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gur seirbhísí ríomhaireachta ná seirbhísí gaolmhara iontu féin iad seirbhísí arna gcumasú ag ríomhaire agus ag seirbhísí gaolmhara, seachas na seirbhísí a liostaítear i bpointí (a) go (e).

14. I ndáil le seirbhísí airgeadais, murab ionann agus fochuideachtaí eachtracha, maidir le brainsí a bhunaítear go díreach i mBallstát ag institiúid airgeadais nach de chuid an Aontais í, níl na brainsí sin, ach i gcás eisceachtaí teoranta áirithe, faoi réir rialacháin stuamachta atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais a chuireann ar chumas na bhfochuideachtaí sin tairbhiú de shaoráidí feabhsaithe chun bunaíochtaí nua a chur ar bun agus seirbhísí trasteorann a sholáthar ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, faigheann na brainsí sin údarú oibriú i gcóir Ballstáit faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí airgeadais baile an Bhallstáit sin, agus féadtar go mbeidh roinnt ceanglas sonracha stuamachta le comhlíonadh acu, amhail, i gcás baincéireachta agus urrús, caipitliú ar leithligh agus ceanglais eile maidir le sócmhainneacht, nó ceanglais maidir le tuairisciú agus cuntais a fhoilsiú nó, i gcás árachais, ceanglais shonracha maidir le ráthaíocht agus taise, caipitliú ar leithligh, agus logánú sa Bhallstát lena mbaineann na sócmhainní arb iad na cúlchistí teicniúla agus an tríú cuid ar a laghad den chorrach sócmhainneachta.

15. Maidir le hAirteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh), daoine dlíthiúla a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais agus atá comhdhéanta faoi dhlíthe na Nua-Shéalainne nó faoi dhlíthe an Aontais nó faoi dhlíthe ceann amháin de na Ballstáit ar a laghad, tá siad faoi réir srianta neamh-idirdhealaitheacha ar fhoirm dhlíthiúil.¹

16. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sa liosta forchoimeádas atá san Iarscríbhinn seo:

AE An tAontas Eorpach, lena n-áirítear na Ballstáit

AT an Ostair

BE an Bheilg

BG an Bhulgáir

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

¹ Mar shampla, ní foirmeacha dlíthiúla inghlactha iad comhpháirtíochtaí ná dílseánachtaí aonair d'institiúidí airgeadais sa Nua-Shéalainn agus san Aontas. Níl sé i gceist leis an gceann-nóta sin ann féin difear a dhéanamh do rogha ag institiúid airgeadais de chuid an Pháirtí eile idir brainsí nó fochuideachtaí, ná teorainn a chur leis an rogha sin ar shlí eile.

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

EL an Ghréig

ES an Spáinn

FI an Fhionlainn

FR an Fhrainc

HR an Chróit

HU an Ungáir

IE Éire

IT an Iodáil

LT an Liotuáin

LU Lucsamburg

LV an Laitvia

MT Málta

NL an Ísiltír

PL an Pholainn

PT an Phortaingéil

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK Poblacht na Slóvaice

Sceideal an Aontais

1. Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil
2. Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla (ach amháin gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)
3. Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla (a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol táirgí cógaisíochta)
4. Forchoimeádas Uimh. 4 - Seirbhísí taighde agus forbraíochta
5. Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí eastáit réadaigh
6. Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó
7. Forchoimeádas Uimh. 7 – Seirbhísí cumarsáide
8. Forchoimeádas Uimh. 8 – Seirbhísí tógála
9. Forchoimeádas Uimh. 9 – Seirbhísí dáileacháin
10. Forchoimeádas Uimh. 10 – Seirbhísí oideachais

11. Forchoimeádas Uimh. 11 – Seirbhísí comhshaoil
12. Forchoimeádas Uimh. 12 – Seirbhísí airgeadais
13. Forchoimeádas Uimh. 13 – Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta
14. Forchoimeádas Uimh. 14 – Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal
15. Forchoimeádas Uimh. 15 – Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt
16. Forchoimeádas Uimh. 16 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar
17. Forchoimeádas Uimh. 17 – Seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht agus fuinneamh
18. Forchoimeádas Uimh. 18 – An talmhaíocht, an iascaireacht agus an mhonaraíocht

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Earnáil: Gach earnáil

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

(a) Cineál bunáochta

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

An tAontas: Maidir le cóir a dheonaítear de bhun CFAE do dhaoine dlíthiúla arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháiit ghnó acu laistigh den Aontas, lena n-áirítear na cinn sin atá bunaithe san Aontas ag infheisteoirí de chuid na Nua-Shéalainne, ní thugtar an chóir sin do dhaoine dlíthiúla atá bunaithe lasmuigh den Aontas, ná do bhrainsí nó oifigí ionadaíocha na ndaoine dlíthiúla sin, lena n-áirítear brainsí nó oifigí ionadaíocha de chuid daoine dlíthiúla den Nua-Shéalainn.

Féadfar cóir is lú fabhar a dheonú do dhaoine dlíthiúla arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nach bhfuil acu san Aontas ach a n-oifig chláraithe, mura féidir a thaispeáint go bhfuil nasc éifeachtach leanúnach acu leis an ngeilleagar i gceann amháin de na Ballstáit.

Bearta:

An tAontas: CFAE

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

Níl feidhm ag an bhforchoimeádas seo ach amháin maidir le seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais:

An tAontas (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Féadfaidh aon Bhallstát, agus é ag díol nó ag diúscairt a chuid leasanna cothromais nó na sócmhainní a bhaineann le fiontar stáit atá ann cheana nó le heintiteas de chuid an rialtais atá ann cheana agus a sholáthraíonn seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais (CPC 93, 92), féadfaidh sé cosc a chur ar úinéireacht na leasanna nó na sócmhainní sin nó teorainneacha a chur léi, nó srian a chur le cumas úinéirí na leasanna agus na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú, i dtaca le hinfheistíochtaí de chuid na Nua-Shéalainne nó a gcuid bhfiontar. Maidir le díolachán nó diúscairt eile den sórt sin, féadfaidh aon Bhallstát aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le náisiúntacht na mbainistíochtaí sinsearach nó náisiúntacht bhaill na mbord stiúrthóirí, chomh maith le haon bheart a chuirfeadh teorainn le líon na soláthróirí.

Chun críoche an fhorchoimeádais seo:

- (i) measfar gur beart reatha é aon bheart arna choimeád nó arna ghlacadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, a choisceann úinéireacht ar leasanna cothromais nó ar shócmhainní nó a fhorchuireann teorainneacha ar an úinéireacht sin ag am an díolacháin nó an diúscartha eile, nó a fhorchuireann ceanglais náisiúntachta nó a fhorchuireann teorainneacha ar líon na soláthróirí a thuairiscítear i bhforchoimeádas seo; agus
- (ii) ciallaíonn ‘fiontar stáit’ fiontar faoi úinéireacht nó arna rialú trí leasanna úinéireachta de chuid aon Bhallstáit agus áirítear leis fiontar arna bhunú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díreach chun críoch leasanna cothromais i bhfiontar stáit nó in eintiteas rialtais atá ann faoi láthair nó sócmhainní an fhiontair nó an eintitis sin a dhíol nó a dhiúscairt.

Bearta:

An tAontas: Mar a leagtar amach san eilimint maidir le cur síos mar a luaitear thuas.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In AT: Chun brainse a oibriú, ní mór do chorparáidí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (dá ngairtear ‘neamh-LEE’ anseo feasta) duine amháin ar a laghad a cheapadh atá freagrach as ionadaíocht an bhrainse sin agus a bhfuil cónaí air san Ostair. Ní mór go mbeadh sainchónaí san Ostair ar fheidhmeannaigh (stiúrthóirí bainistíochta, daoine nádúrtha) atá freagrach as cloí le hAcht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung).

In BG: Daoine dlíthiúla eachtracha, ach amháin sa chás inar bunaíodh faoi reachtaíocht Ballstáit den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (dá ngairtear ‘LEE’ anseo feasta) iad, féadfaidh siad gnó a stiúradh agus gníomhaíochtaí a shaothrú má tá siad bunaithe i bPoblacht na Bulgáire i bhfoirm cuideachta atá cláraithe sa Chlár Tráchtála. Tá bunú brainsí faoi réir údaraithe. Ní mór oifigí ionadaíochta d’fhiontair eachtracha a bheith cláraithe le Comhlachas Gnó agus Tionscail na Bulgáire agus ní fhéadfaidh siad gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ach níl sé i dteideal acu ach gníomhú mar ionadaithe nó ghníomhairí dá n-úinéirí agus ní féidir leo seirbhísí a sholáthar.

In EE: Murar í an Eastóin áit chónaithe de ar a laghad leath de chomhaltáí an bhoird bainistíochta i gcuideachta phríobháideach theoranta nó i gcuideachta phoiblí theoranta nó an bhainse de chuideachta eachtrach, í sin nó Ballstát LEE eile nó i gCónaidhm na hEilvéise, déanfaidh an chuideachta phríobháideach theoranta, an chuideachta phoiblí theoranta nó an chuideachta eachtrach duine teagmhála a cheapadh ar féidir a sheoladh Eastónach a úsáid le haghaidh sheachadadh dhoiciméid nós imeachta an ghnóthais agus na ndearbhuithe intinne a dhírítear ar an ngnóthas (i.e. an bainse de chuideachta eachtrach).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Ní mór cónaí in LEE a bheith ar dhuine amháin ar a laghad de na comhpháirtithe i gcomhpháirtíocht ghinearálta nó de chomhpháirtithe ginearálta i gcomhpháirtíocht theoranta nó, más duine dlíthiúil é an comhpháirtí, ní mór sainchónaí a bheith air (ní cead brainsí) in LEE. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí a dheonú.

Chun gabháil do cheird mar fhiontraí príobháideach, tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas.

Má tá sé ar intinn ag eagraíocht eachtrach as tír lasmuigh de LEE gabháil do ghnó nó cheird trí bhrairse a bhunú san Fhionlainn, tá cead trádála ina cheanglas.

Tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas ar dhuine amháin de ghnáthbhaill agus duine amháin de bhaill ionaid an bhord stiúrthóirí ar a laghad agus ar an stiúrthóir bainistíochta. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí cuideachta a dheonú.

In SE: Maidir le cuideachta eachtrach nach bhfuil eintiteas dlítheanach bunaithe aici sa tSualainn nó atá ag déanamh a gnó trí ghníomhaire tráchtála, déanfaidh sí a cuid oibríochtaí tráchtála trí bhrairse, atá cláraithe sa tSualainn, ag a bhfuil bainistíocht neamhspleách agus cuntais ar leithligh. Ní mór cónaí a bheith ar stiúrthóir bainistíochta agus leas-stiúrthóir bainistíochta an bhrairse, má cheaptar iad, in LEE. Ní mór do dhuine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in LEE, a dhéanann oibríochtaí tráchtála sa tSualainn, ionadaí cónaitheach a cheapadh agus a chlárú a bheidh freagrach as na hoibríochtaí sa tSualainn. Coinneofar cuntais ar leithligh le haghaidh na n-oibríochtaí sa tSualainn. I gcásanna aonair féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí a dheonú ó na ceanglais maidir le brainse agus cónaitheacht. Tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná bliain a dhéanann cuideachta atá lonnaithe lasmuigh de LEE nó duine nádúrtha a bhfuil cónaí air lasmuigh de LEE, díolmhaítear iad ó na ceanglais maidir le brainse a bhunú nó ionadaí cónaitheach a cheapadh.

I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha, ní mór cónaí in LEE a bheith ar 50 % ar a laghad de bhaill boird stiúrthóirí, 50 % ar a laghad de bhaill an bhoird ionaid, an stiúrthóir bainistíochta, an leas-stiúrthóir bainistíochta agus ar a laghad duine amháin de na daoine atá údaraithe chun síniú thar ceann na cuideachta, más ann dóibh. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú. Mura bhfuil cónaí ar ionadaí ar bith de chuid na cuideachta nó an chumainn sa tSualainn, ní mór don bhord duine a bhfuil cónaí air sa tSualainn a cheapadh agus a chlárú, duine a bhfuil a sheirbheáil thar ceann na cuideachta nó an chumainn údaraithe.

Tá coinníollacha comhfhreagracha i gceist chun gach cineál eile eintitis dhlíthiúil a bhunú.

In SK: Duine nádúrtha eachtrach a mbeidh a ainm le clárú sa chlár iomchuí (clár tráchtála, fiontraíochta nó clár gairmiúil eile) agus a údarófar chun gníomhú thar ceann fiontraí, tá ceangal ar an duine sin cead cónaithe sa tSlóvaic a chur isteach.

Bearta:

AT: Aktiengesetz, BGBl. Uimh. 98/1965, § 254 (2);

GmbH-Gesetz, RGBl. Uimh. 58/1906, § 107 (2); agus

Gewerbeordnung, BGBl. Uimh. 194/1994, § 39 (2a).

BG: An Dlí Tráchtála, Airteagal 17a; agus

Dlí chun Infheistíochtaí a Spreagadh, Airteagal 24.

EE: Äriseadustik (Cód Tráchtála) § 631 (1, 2 agus 4).

FI: Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht maidir leis an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), s. 1;

Osuuskuntalaki (Acht na gComharchumann) 1488/2001;

Osakeyhtiölaki (Acht na gCuideachtaí faoi Dhliteanais Teoranta) (624/2006); agus

Laki luottolaitostoiminnasta (An tAcht um Institiúidí Creidmheasa) (121/2007).

SE: Lag om utländska filialer m.m (An tAcht um Oifigí Brainse Eachtracha) (1992:160);

Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551);

An tAcht um Chomhlachas Eacnamaíoch Comhoibritheach (2018:672); agus An tAcht um Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (1994:1927).

SK: Acht 513/1991 maidir le Cód Tráchtála (Airteagal 21); Acht 455/1991 maidir le Ceadúnú Trádála; agus Acht uimh. 404/2011 maidir le Cónaí Eachtrannach (Airteagail 22 agus 32).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Riachtanais feidhmíochta:

In BG: Féadfaidh fiontair bhunaithe náisiúnaigh tríú tír a fhostú le haghaidh poist nach bhfuil aon cheanglas maidir le náisiúntacht Bhulgárach ina leith. Maidir le líon iomlán na náisiúnach tríú tír atá fostaithe ar conradh fostaíochta i bhfiontar bunaithe thar thréimhse de na 12 mhí roimhe sin, ní rachaidh an líon sin thar 20 % (35 % i gcás FBManna) de mheánlíon na náisiúnach Bulgárach, náisiúnaigh na mBallstát eile, náisiúnaigh na stát is páirtí i gComhaontú LEE nó náisiúnaigh Chónaidhm na hEilvéise. Ina theannta sin, ní mór don fhostóir a thaispeáint nach bhfuil aon oibrí Bulgárach, de chuid an Aontais, de chuid LEE nó Eilvéiseach oiriúnach don phost trí thástáil a dhéanamh ar an margadh saothair roimh náisiúnach tríú tír a fhostú.

I dtaca le hoibrithe ardcháilithe, séasúracha agus ar postú, agus i dtaca le fostaithe a aistrítear go hionchorparáideach, taighdeoirí agus mic léinn ní ann d'aon teorainn leis an líon náisiúnach tríú tír a oibríonn i gcomhair aon fhiontar amháin. Ní cheanglaítear tástáil margaidh saothair i gcás náisiúnaigh tríú tír sna catagóirí sin a fhostú.

Bearta:

BG: Acht um Imirce an Lucht Saothair agus um Shoghluaisteacht an Lucht Saothair.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In PL: Ní fhéadfaidh a chuimsiú leis an raon feidhme oibríochtaí de chuid oifige ionadaíche ach fôgraíocht agus cur chun cinn na máthairchuideachta eachtraí a ndéanann an oifig ionadaíocht di. Le haghaidh gach earnála cé is moite de sheirbhísí dlí, ní fhéadfaidh infheisteoirí nach infheisteoirí den Aontas iad agus a bhfiontair bunú a dhéanamh ach i bhfoirm comhpháirtíocht theoranta, comhpháirtíocht theoranta comhstoic, cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta comhstoic, agus, san am céanna, tá rochtain ag infheisteoirí agus fiontair baile freisin ar na cineálacha cuideachtaí comhpháirtíochta neamhthráchtála (comhpháirtíocht ghinearálta agus comhpháirtíocht dliteanais theoranta).

Bearta:

PL:Acht an 6 Márta 2018 maidir le rialacha i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch fiontraithe eachtracha agus daoine eachtracha eile i gcríoch Phoblacht na Polainne.

(b) Éadail eastáit réadaigh

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá údarú ag na húdaráis réigiúnacha inniúla (Länder) ina cheanglas um éadail, ceannach agus cíos nó léasú réadmhaoine ag daoine nádúrtha agus fiontair nach daoine nádúrtha nó fiontair den Aontas iad. Ní dheonófar údarú ach má mheastar go bhfuil an éadail chun leas an phobail (leas eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha go háirithe).

In CY: Ceadáitear do Chipirigh nó daoine de bhunús na Cipire, chomh maith le náisiúnaigh de Bhallstát, réadmhaoine a éadail sa Chipir gan srianta. Ní fhéadfaidh aon eachtrannach aon réadmhaoine a fháil, seachas *mortis causa*, gan cheadúnas a fháil ó Chomhairle na nAirí. Le haghaidh eachtrannach, i gcás ina sháraíonn éadail réadmhaoine dochorraithe an méid is gá chun áitribh a thógáil do theach nó díon gairmiúil, nó má sháraíonn sé ar bhealach eile méid dhá donum (2 676 méadar cearnach), beidh aon cheadúnas arna dheonú ag Comhairle na nAirí faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha, na gcoinníollacha agus na gcritéar atá socraithe ag Rialacháin arna ndéanamh ag Comhairle na nAirí agus arna bhfaomhadh ag Teach na nIonadaithe. Is é atá in eachtrannach aon duine nach saoránach de Phoblacht na Cipire é, lena n-áirítear cuideachta faoi rialú eachtrach. Ní chuimsítear leis an téarma sin eachtrannaigh de bhunús na Cipire nó céilí neamh-Chipireacha shaoránaigh Phoblacht na Cipire.

In CZ: Baineann rialacha sonracha leis talamh talmhaíochta faoi úinéireacht an stáit. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Sheiceacha, náisiúnaigh de Bhallstáit eile, nó de na Stáit is páirtí i gComhaontú LEE nó náisiúnaigh de Chónaidhm na hEilvéise talamh talmhaíochta stáit a fháil. Ní fhéadfaidh daoine dlíthiúla talamh talmhaíochta stáit a fháil ón stát ach amháin más fiontraithe talmhaíochta sa tSeicia iad nó daoine a bhfuil stádas combhionann acu i mBallstáit eile den Aontas Eorpach, nó i stáit is páirtí i gComhaontú LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise.

In DK: Maidir le daoine nádúrtha nach bhfuil cónaí orthu sa Danmhairg, agus nach raibh cónaí orthu roimhe sa Danmhairg ar feadh tréimhse 5 bliana san iomlán, ní mór do na daoine sin i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Éadail cead a fháil ón Aireacht Dlí agus Cirt chun teideal réadmhaoine a fháil sa Danmhairg. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le daoine dlíthiúla nach bhfuil cláraithe sa Danmhairg. I dtaca le daoine nádúrtha, ceadófar réadmhaoín a fháil má tá an t-iarratasóir chun an réadmhaoín a úsáid mar a phríomháit chónaithe.

I dtaca le daoine dlíthiúla nach bhfuil cláraithe sa Danmhairg, ceadófar réadmhaoín a fháil i gcoitinne, i gcás inar réamhriachtanas le haghaidh ghníomhaíochtaí gnó an cheannaitheora atá san éadail. Tá cead de dhíth freisin má tá an t-iarratasóir chun an réadmhaoín a úsáid mar theaghais thánaisteach. Ní thabharfar an céad sin ach amháin i gcás ina meastar, tar éis measúnú foriomlán nithiúil a dhéanamh, go bhfuil naisc láidre ar leith ag an iarratasóir leis an Danmhairg.

Ní dheonaítear cead faoin Acht um Éadáil ach chun réadmhaoín shonrach a fháil. Rialaítear éadáil talún talmhaíochta le hAcht na Danmhairge um Ghabháltas Talmhaíochta, acht ina bhforchuirtear srianta ar gach duine, bíodh sé ina Dhanmhargach nó ina eachtrannach, agus maoin talmhaíochta á fáil. Dá réir sin, ní mór d'aon duine ar mian leis réadmhaoín talmhaíochta a fháil, na ceanglais san Acht sin a chomhlíonadh. Go ginearálta, ciallaíonn sin go bhfuil feidhm ag ceanglas cónaithe teoranta ar an ngabháltas talmhaíochta. An ceanglas cónaithe, ní ceanglas pearsanta é. Ní mór eintitis dhlítheanacha a bheith de na cineálacha a liostaítear in §20 agus §21 den Acht um Ghabháltas Talmhaíochta agus ní mór iad a bheith cláraithe san Aontas nó in LEE.

In EE: Tá an ceart ag duine dlíthiúil de chuid Bhalltír ECFE réadmhaoín a fháil ina bhfuil an méid seo a leanas:

- (i) níos lú ná deich heicteár de thalamh talmhaíochta, talamh foraoise nó talamh talmhaíochta agus foraoise san iomlán gan srianta;
- (ii) deich heicteár nó níos mó de thalamh talmhaíochta má bhí an duine dlíthiúil ag gabháil, ar feadh 3 bliana díreach roimh an mbliain a ndearnadh idirbheart chun seilbh a fháil ar mhaoín dhochorraithe, de tháirgeadh na dtáirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an CFAE, cé is moite de tháirgí iascaigh agus de chadás (dá ngairtear 'táirgí talmhaíochta' anseo feasta);

- (iii) 10 heicteár nó níos mó de thalamh foraoise má bhí an duine dlíthiúil ag gabháil, ar feadh 3 bliana díreach roimh an mbliain ina ndearnadh an t-idirbheart chun an réadmhaoin a fháil, do bhainistiú foraoisí de réir bhrí an Achta Foraoise (dá ngairtear ‘bainistiú foraoisí’ anseo feasta) nó do tháirgeadh táirgí talmhaíochta; agus
- (iv) níos lú ná 10 heicteár de thalamh talmhaíochta agus níos lú ná deich heicteár de thalamh foraoise, ach deich heicteár nó níos mó de thalamh talmhaíochta agus foraoise san iomlán, má bhí an duine dlíthiúil ag gabháil, ar feadh 3 bliana díreach roimh an mbliain ina ndearnadh an t-idirbheart chun an réadmhaoin a fháil, do tháirgeadh táirgí talmhaíochta nó do bhainistiú foraoisí.

Mura gcomhlíonann duine dlíthiúil na ceanglais dá bhforáiltear i bpointí (ii) go (iv), ní fhéadfaidh an duine dlíthiúil réadmhaoin a fháil ina bhfuil deich heicteár nó níos mó de thalamh talmhaíochta, talamh foraoise nó talamh talmhaíochta agus foraoise san iomlán ach amháin le húdarú ó chomhairle rialtas áitiúil na háite ina bhfuil an réadmhaoin le fáil.

Maidir le náisiúnaigh neamh-LEE, tá srianta ar réadmhaoin a fháil i limistéir gheografacha áirithe.

In EL: Maidir le daoine a bhfuil a náisiúntacht nó a mbunáit lasmuigh de na Ballstáit nó de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, tá toirmeasc orthu réadmhaoín a fháil nó dul i mbun tionóntachta sna réigiúin cois teorann. Féadfar an cosc sin a fhuascailt le cinneadh lánroghnach a dhéanfaidh coiste den Riaracháin Dhíláráithe iomchuí (nó an tAire Cosanta Náisiúnta i gcás inar leis an gCiste um Maoín Phoiblí Phríobháideach a Shaorshaothrú an mhaoín atá le saothrú).

In HR: Ní cheadaítear do chuideachtaí eachtracha réadmhaoín a fháil chun seirbhísí a sholáthar ach má tá siad bunaithe agus corpraithe sa Chróit mar dhaoine dlíthiúla. Tá faomhadh ón Aireacht Dlí agus Cirt ina cheanglas um éadail na réadmhaoine is gá chun seirbhísí a sholáthar ag brainsí. Ní fhéadfaidh eachtrannaigh talamh talmhaíochta a fháil.

In MT: Ní fhéadfaidh daoine nach náisiúnaigh de Bhallstát iad réadmhaoín a fháil chun críoch tráchtála. Ní mór do chuideachtaí ag a bhfuil 25 % (nó níos mó) de scairsheilbh nach scairsheilbh den Aontas í údarú a fháil ón údarás inniúil (an tAire atá freagrach as Airgeadas) chun réadmhaoín a cheannach chun críoch tráchtála nó gnó. Socróidh an t-údarás inniúil an é atá san éadail atá beartaithe glantairbhe do gheilleagar Mhálta.

In PL: Tá ceadúnas ina cheanglas um éadail réadmhaoine, idir éadail dhíreach agus indíreach, ag eachtrannaigh. Eisítear ceadúnas trí chinneadh riaracháin ag aire atá inniúil i ngnóthaí inmheánacha, le cead an Aire Cosanta Náisiúnta, agus i gcás réadmhaoín talmhaíochta, le cead an Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe freisin.

Bearta:

AT: Burgenländisches Grundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 25/2007;

Kärntner Grundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 9/2004;

NÖ- Kärntner Grundverkehrsgesetz, LGBl. 6800;

OÖ- Grundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 88/1994;

Salzburger Grundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 9/2002;

Steiermärkisches Grundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 134/1993;

Tiroler Grundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 61/1996; Voralberger Grundverkehrsgesetz,
LGBl. Uimh. 42/2004; agus

Wiener Ausländergrundverkehrsgesetz, LGBl. Uimh. 11/1998.

CY: An Dlí maidir le Fáil Réadmhaoine (Eachtrannaigh) (Caibidil 109), arna leasú.

CZ: Acht Uimh. 503/2012, Coll. ar an Oifig Talún Stáit, arna leasú.

DK: Acht na Danmhairge um Fháil Réadmhaoine (Acht Comhdhlúite Uimh. 265 an 21 Márta 2014 um Fháil Réadmhaoine);

An tOrdú Feidhmiúcháin um Éadail (Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 764 an 18 Meán Fómhair 1995); agus

An tAcht um Ghabháltais Talmhaíochta (Acht Comhdhlúite Uimh. 27 an 4 Eanáir 2017).

EE: Kinnisasja omandamise kitsendamise seadus (An tAcht um Shrianta ar Éadail Luacha Réadmhaoine) Caibidil 2 § 4, Caibidil 3§ 10, 2017.

EL: Dlí 1892/1990, mar atá sé inniu, i gcomhar, a mhéid a bhaineann leis an iarratas, leis an gcinneadh ón aire F.110/3/330340/S.120/7-4-14 ón Aire Cosanta Náisiúnta agus ón Aire Cosanta Saoránach.

HR: An tAcht um Úinéireacht agus Cearta Dílseánaigh eile (OG 91/96, 68/98, 137/99, 22/00, 73/00, 129/00, 114/01, 79/06, 141/06, 146/08, 38/09, 143/12, 152/14), Airteagail 354 go 358.b);

An tAcht um Thalamh Talmhaíochta (OG 20/18, 115/18, 98/19), Airteagal 2; agus

An tAcht um Nós Imeachta Riaracháin Ginearálta.

HU: Foraithe Rialtais Uimh. 251/2014 (X. 2.) ar Éadail an mhéid seo ag Náisiúnaigh Eachtracha Eastát réadach seachas Talamh a Úsáideadh chun Críocha Talmhaíochta nó Foraoiseachta; agus

Acht LXXVIII 1993 (Mír 1/A).

MT: An tAcht um Réadmhaoín (Éadail ag Neamhchónaitheoirí) (Cap. 246); agus Prótacal Uimh. 6 de Chonradh Aontachais AE maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a fháil i Málta.

PL: Dlí an 24 Márta 1920 ar Éadail Réadmhaoine ag Eachtrannaigh (Iris Dlíthe 2016, mír 1061 arna leasú).

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In HU: Tá ceannach réadmhaoine ag neamhchónaitheoirí faoi réir údarú a fháil ón údarás riaracháin iomchuí atá freagrach as ionad geografach na réadmhaoine.

Beartha:

HU: Foraithe Rialtais Uimh. 251/2014 (X. 2.) ar Éadail an mhéid seo ag Náisiúnaigh Eachtracha Eastát réadach seachas Talamh a Úsáideadh chun Críocha Talmhaíochta nó Foraoiseachta; agus

Acht LXXVIII 1993 (Mír 1/A).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In LV: Ceadaítear éadail talún uirbí ag náisiúnaigh den Nua-Shéalainn trí dhaoine dlíthiúla atá cláraithe sa Laitvia nó i mBallstáit eile:

- (i) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais faoi úinéireacht náisiúnach de Bhallstáit, rialtas na Laitvia nó bardais, ar leithligh nó san iomlán;
- (ii) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais faoi úinéireacht daoine nádúrtha agus cuideachtaí tríú tíre lena bhfuil comhaontú déthaobhach tugtha i gcrích ag an Laitvia faoi thionscain agus chosaint chómhalartach infheistíochtaí agus a d'fhaomh Parlaimint na Laitvia roimh an 31 Nollaig 1996;
- (iii) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais i seilbh daoine nádúrtha agus cuideachtaí tríú tíre lena bhfuil comhaontú déthaobhach tugtha i gcrích ag an Laitvia faoi thionscain agus chosaint chómhalartach infheistíochtaí tar éis an 31 Nollaig 1996; má socraíodh sa chomhaontú sin cearta daoine nádúrtha agus cuideachtaí Laitviacha maidir le héadail talún sa tríú tír lena mbaineann;

- (iv) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais i gcomhsheilbh daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iii); nó
- (v) ar cuideachtaí comhstóic poiblí iad, má tá luachanna a gcuid scaireanna inti tugtha sa stocmhalartán.

I gcás ina gceadaíonn an Nua-Shéalainn do náisiúnaigh agus d'fhiontair de chuid na Laitvia réadmhaoín uirbeach a cheannach ina críoch, ceadóidh an Laitvia do náisiúnaigh agus d'fhiontair na Nua-Shéalainne réadmhaoín uirbeach a cheannach sa Laitvia faoi na coinníollacha céanna agus a bhaineann le náisiúnaigh na Laitvia.

Bearta:

LV: Dlí maidir le hathchóiriú talún i gcathracha Phoblacht na Laitvia, Ranna 20 agus 21.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In DE: Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha áirithe cómhalartachta maidir le héadail réadmhaoine.

In ES: Tá údarú riaracháin ó Chomhairle Airí na Spáinne ina cheanglas le haghaidh infheistíocht eachtrach i ngníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le hinfeistíochtaí réadmhaoine le haghaidh misean taidhleoireachta ag stáit nach Ballstáit iad, mura bhfuil comhaontú cómhalartach um léirscaoileadh i bhfeidhm.

In RO: Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha, daoine gan stát agus daoine dlíthiúla (seachas náisiúnaigh agus daoine dlíthiúla de Bhallstát LEE) cearta réadmhaoine chun talún a shealbhú, faoi na coinníollacha arna rialáil ag conarthaí idirnáisiúnta, bunaithe ar chómhalartacht. Ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha, daoine gan stát ná daoine dlíthiúla eachtracha an ceart réadmhaoine chun talún a shealbhú, faoi choinníollacha atá níos fabhraí ná na cinn is infheidhme maidir le daoine nádúrtha nó dlíthiúla an Aontais Eorpaigh.

Bearta:

DE: Einführungsgesetz zum Bürgerlichen Gesetzbuch (EGBGB); An Dlí Réamhráiteach a ghabhann leis an gCód Sibhialta.

ES: Forairne Ríoga 664/1999 an 23 Aibreán 1999 a bhaineann le hinfeistíocht eachtrach.

RO: Dlí 17/2014 maidir le bearta áirithe lena rialaítear díol agus ceannach talún talmhaíochta atá lonnaithe lasmuigh den bhaile agus lena leasaítear; agus

Dlí Uimh. 268/2001 maidir le príobháidiú cuideachtaí ar leo talamh faoi úinéireacht phoiblí agus faoi bhainistíocht phríobháideach an stáit le haghaidh talmhaíochta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Fearann an Stáit, agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla (ach amháin gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

Earnáil – fo-earnáil: Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí dlí; gníomhaire paitinní, gníomhaire maoiné tionsclaíche, aturnae maoiné intleachtúla; cuntasáíocht agus leabharchoimeád; iniúchóireacht; comhairleoireacht chánachais; ailtireacht agus pleanáil uirbeach; an innealtóireacht agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite.

Aicmiú tionscail: CPC 861, 862, 863, 8671, 8672, 8673, 8674, cuid de 879

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

(a) Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861)¹

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis na Príomhnótaí, go háirithe mír 8, d'fhéadfadh a bheith sna ceanglais maidir le clárú le Barra ceanglas maidir le céim sa dlí a bheith bainte amach sa dlínse óstach nó a coibhéis, nó ceanglas maidir le roinnt oiliúna a bheith déanta faoi mhaoirseacht dlíodóra cheadúnaithe, nó oifig nó seoladh poist a bheith suite laistigh de dhlínse Barra shonraigh chun bheith incháilithe chun cur isteach ar bhallaíocht sa Bharra sin. Féadfaidh roinnt Ballstát ceanglas a fhorchur ar na daoine nádúrtha sin a bhfuil poist áirithe acu laistigh de ghnólacht, cuideachta nó fiontar dlí nó ar scairshealbhóirí, maidir leis an gceart a bheith acu dlí an dlínse óstaigh a chleachtadh.

¹ Chun críocha an fhorchoimeádais seo:

- (a) ciallaíonn ‘dlí baile’ dlí an Bhallstáit shonraigh agus dlí an Aontais;
- (b) eisiatar le ‘dlí idirnáisiúnta poiblí’ dlí an Aontais agus áirítear leis an dlí arna bhunú le conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, chomh maith le dlí idirnáisiúnta an ghnáis;
- (c) áirítear i ‘comhairleoireacht dhlíthiúil’ comhairle a sholáthar do chliaint agus dul i gcomhairle leo maidir le hábhair, lena n-áirítear idirbhearta, caidrimh agus díospóidí, lena mbaineann cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an dlí; rannpháirtíocht le cliaint nó thar ceann cliant in idirbheartaíocht agus déileálacha eile le tríú páirtithe maidir leis na hábhair sin; agus ullmhú doiciméad a rialaítear go hiomlán nó go páirteach leis an dlí; agus fíorú doiciméad d’aon chineál chun críocha an dlí agus i gcomhréir le ceanglais an dlí;
- (d) áirítear i ‘ionadaíocht dhlíthiúil’ doiciméid a ullmhú a bheartaítear a chur faoi bhráid gníomhaireachtaí riaracháin, na gcúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta mar is cuí; agus láithriú os comhair gníomhaireachtaí riaracháin, na gcúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta mar is cuí; agus
- (e) ciallaíonn ‘eadráin dhlíthiúil, idir-réiteach dlíthiúil agus idirghabháil dhlíthiúil’ doiciméid a ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid eadránaí, comhréiteora nó idirghabhálaí, nó ullmhúchán lena n-aghaidh agus láithriú os a gcomhair, in aon díospóid lena mbaineann cur i bhfeidhm agus léiriú an dlí. Ní áirítear seirbhísí eadránaí idir-réitigh agus idirghabhálaí i ndíospóidí nach bhfuil cur i bhfeidhm ná léirmhíniú an dlí i gceist leo, a thagann faoi sheirbhísí a ghabhann le comhairliúchán bainistíochta. Ní áirítear leis ach oiread gníomhú mar eadránaí, mar chomhréiteoir ná mar idirghabhálaí. Mar fhochatagóir, tagraíonn seirbhísí eadránaí dlíthiúla idirnáisiúnta, seirbhísí idir-réitigh dlíthiúla idirnáisiúnta nó seirbhísí idirghabhálaí dlíthiúla idirnáisiúnta do na seirbhísí céanna nuair a bhaineann an díospóid le páirtithe ó dhá thír nó níos mó.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

San Aontas: Tá feidhm ag ceanglais shonracha maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach i ngach Ballstát.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas: Ní fhéadfaidh ach cleachtóirí dlí atá cáilithe i gceann de Bhallstáit LEE agus a bhfuil a n-áit ghnó laistigh de LEE acu ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar dhaoine os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘EUIPO’ anseo feasta), a mhéid atá sé de cheart acu, laistigh den Bhallstát sin, gníomhú mar ionadaithe i gcúrsaí trádmaire nó in ábhair a bhaineann le maoin thionsclaíoch, agus ar ionadaithe gairmiúla iad a bhfuil a n-ainmneacha ar an liosta a choinníonn EUIPO chun na críche sin. (Cuid de CPC 861).

In AT: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chomh maith le cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí a bhfuil náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach acu agus iad siúd amháin seirbhísí dlí a sholáthar trí láithreacht tráchtála. Ní cheadaítear cleachtadh seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus le dlí na tíre baile ach ar bhonn Trasteorann. Cheadaítear suas le 25 % de rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtoradh oibriúcháin aon dlíghnólachta ag dlíodóirí eachtracha (nach mór dóibh a bheith láncháilithe ina ndlíchóras baile); ní mór do dhlíodóirí LEE nó dlíodóirí na hEilvéise atá cáilithe go hiomlán an chuid eile a bheith acu agus ní fhéadfaidh ach dlíodóirí de chuid na hEilvéise atá cáilithe go hiomlán tionchar cinntitheach a imirt i gcinnteoireacht an ghnólachta dlí.

In BE (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Tá cónaitheacht ina ceanglas le haghaidh glaoch iomlán chun an Bharra, agus tá sí riachtanach chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí baile na Beilge, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. 6 bliana ar a laghad atá sa cheanglas cónaithe d’aturnae eachtrach chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil, is é sin 6 bliana ón dáta ar a ndéantar iarratas ar chlárú, sin nó 3 bliana faoi réir coinníollacha áirithe. Tá gá le cómhalartacht.

Féadfaidh dlíodóir eachtrach cleachtadh mar shainchomhairleoirí dlí. Dlíodóir ar comhalta é de Bharra eachtrach (nach Barra den Aontais é) agus ar mian leis a bhunú sa Bheilg ach nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh clárú ar Liosta na ndlíodóirí láncháilithe, ar liosta an Aontais nó ar Liosta na nDlíodóirí faoi Oiliúint, féadfaidh sé clárú a iarraidh ar ‘B-Liosta’ mar a thugtar air. Is ag Barra na Bruiséile amháin atá B-Liosta. Tá cead ag dlíodóir ar an B-Liosta comhairle a thabhairt. Tá ionadaíocht os comhair ‘an Cour de Cassation’ faoi réir ainmniúchán ar liosta sonrath.

In BG (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Forchoimeáda do náisiúnaigh de Bhallstát, nó de chuid Stáit eile is páirtí i gComhaontú LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise, ar deonaíodh údarú dóibh gairm an dlíodóra a chleachtadh de réir reachtaíocht de chuid aon cheann de na tíortha réamhluaithe. Féadfaidh náisiúnach eachtrach (seachas an méid atá luaite thuas) ar údaraíodh dó gairm an dlíodóra a chleachtadh i gcomhréir le reachtaíocht a thír féin, teacht os comhair comhlachtaí breithiúnacha Phoblacht na Bulgáire mar chomhlacht cosanta nó mansonraíocht náisiúnaigh dá thír féin, ag gníomhú dó ar chás sonrath, in éineacht le haturnae faoi dhlí na Bulgáire, i gcás ina bhfuil sé beartaithe é sin a dhéanamh i gcomhaontú idir an Bhulgáir agus an stát eachtrach lena mbaineann, nó ar bhonn an fhrithpháirteachais ar réamhiarraidh chuige sin a chur faoi bhráid Chathaoirleach Chomhairle an Bharra Uachtaraigh. Ainmneoidh an tAire Dlí agus Cirt tír a bhfuil frithpháirteachas ann ina leith, arna iarraidh sin do Chathaoirleach Chomhairle an Bharra Uachtaraigh. Chun idirghabháil dhlíthiúil a sholáthar, ní mór cead cónaithe fadtéarmaigh nó buanchónaithe i bPoblacht na Bulgáire a bheith ag náisiúnach eachtrach agus é a bheith curtha isteach i gClár Aonfhoirmeach na nIdirghabhálaithe leis an Aire Dlí agus Cirt. Sa Bhulgáir, an chóir náisiúnta iomlán i leith bunú agus oibriú cuideachtaí, chomh maith le soláthar seirbhísí, féadfaidh í a leathnú chuig cuideachtaí atá bunaithe i dtíortha a bhfuil comhaontú déthaobhach maidir le cúnaimh frithpháirteach dlí tugtha i gcrích leo nó a dtabharfar comhaontú den chineál sin i gcrích leo, agus chuig saoránaigh de chuid na tíortha sin, agus chuig na cuideachtaí agus na saoránaigh sin amháin.

In CY: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chomh maith le cónaitheacht (láithreacht thráchtálach). Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra a bheith ina gcomhpháirtithe, ina scairshealbhóirí nó ina mbaill den bhord stiúrtóirí i gcuideachta dlí sa Chipir.

In CZ: Ní mór glaoch iomlán chun an Bharra a bheith ag duine. Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Le haghaidh gach seirbhís dlí, tá cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) ag teastáil.

In DE: Ní féidir ach dlíodóirí a bhfuil cáilíocht LEE nó na hEilvéise acu a ghlaoch chun an Bharra agus dá bhrí sin tá siad i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an dlí baile. Tá gá le láithreacht thráchtálach chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Féadfaidh an comhlachas barra inniúil díolúintí a dheonú.

I gcomhair dlíodóirí eachtracha (a bhfuil cáilíochtaí acu nach cáilíochtaí LEE nó Eilvéiseacha iad), d'fhéadfadh srianta a bheith ar scaireanna a shealbhú i gcuideachta dlí a chuireann seirbhísí dlí sa dlí baile ar fáil. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha nó gnólachtaí dlí seirbhísí dlí a thairiscint sa dlí eachtrach agus sa dlí idirnáisiúnta poiblí má chruthaíonn siad a saineolas.

Ní fhéadfaidh cuideachta ghairmiúil a bheith ina scairshealbhóir i ghnólacht dlí Gearmánach ach amháin má ghlaoitear chun Bharra na Gearmáine í agus má ghlacann sí ceann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Airteagal 59b d'Acht na nDlíodóirí Cónaidhme. Ní mór do scairshealbhóir páirt ghníomhach a ghlacadh sa ghnólacht dlí. Féadfaidh brainsí gnólachtaí dlí eachtracha seirbhísí dlí a sholáthar má glaodh chun an Bharra iad. Ceanglaítear le glaoch chun an Bharra gur dlíodóirí nó gníomhairí paitinní cáilithe iad scairshealbhóirí, agus iad cáilithe i stát ina n-aithnítear le rialú ó Aireacht Dlí agus Cirt na Gearmáine (roinn 206 Acht na nDlíodóirí Cónaidhme agus roinn 157 Acht na nGníomhairí Paitinní Cónaidhme) go bhfuil stádas oideachais agus gairmiúil inchomparáide ag an ngairm dlí chomhfhreagrach. Ní mór bainistíocht ar leithligh ag a bhfuil cumhacht gníomhaireachta sa Ghearmáin a bheith ag an mbrainse agus ní mór bainisteoir amháin ar a laghad den bhrainse a bhfuil cumhacht aturnaice aige a bheith glaoite chun Bharra na Gearmáine.

In DK: Tá seirbhísí dlí a sholáthraítear faoin teideal 'advokat' (abhcóide) nó aon teideal comhchosúil, mar aon le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna, forchoimeáda d'abhcóidí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun cleachtadh a dhéanamh. Féadfaidh abhcóidí an Aontais, LEE agus na hEilvéise cleachtadh faoi theideal a dtíre tionscnaimh.

Gan dochar don fhorchoimeádas AE thuas, ní fhéadfaidh scaireanna gnólachta dlí a bheith faoi úinéireacht ach ag na ndaoine nó a gnólachtaí seo a leanas: abhcóidí a chleachtann an dlí go ghníomhach sa ghnólacht, ina máthairchuideachta nó ina fochuideachta; fostaithe eile sa ghnólacht; nó gnólacht dlí eile atá cláraithe sa Danmhairg. Maidir le fostaithe eile sa chuideachta, ní fhéadtar úinéireacht a bheith acu ach ar níos lú ná 10 % de na scaireanna agus na cearta vótála agus chun gur scairshealbhóirí iad ní mór dóibh pas a fháil i scrúdú ar na rialacha a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le cleachtadh dlí.

Ní féidir ach abhcóidí a chleachtann an dlí go gníomhach i ngnólacht dlí, ina máthairchuideachta nó ina fochuideachta, chomh maith le scairshealbhóirí eile agus ionadaithe fostaithe, a bheith ina mbaill de bhord gnólachta. Caithfidh tromlach bhaill an bhoird a bheith ina n-abhcóidí a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht, ina máthairchuideachta nó ina fochuideachta. Ní fhéadann ach abhcóidí a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht dlí, ina máthairchuideachta nó ina fochuideachta, nó scairshealbhóirí eile a fuair pas sa scrúdú a luaitear thuas, a bheith ina stiúrthóirí den ghnólacht dlí.

In EE: Teastaíonn cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), agus chun bheith rannpháirteach in ionadaíocht in imeachtaí coiriúla os comhair na Cúirte Uachtaraí.

In EL: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

In ES: Ceanglaítear náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh an dlí baile, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh na húdaráis inniúla tarscaoiltí náisiúntachta a dheonú. Tá seoladh gnó ag teastáil chun aon seirbhís dlí a sholáthar.

In FI: Tá cónaitheacht in LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise agus ballraíocht den Bharra ina gceanglas le haghaidh úsáid an teidil ghairmiúil ‘abhcóide’ (san Fhionlainnis ‘asianajaja’ nó sa tSualainnis ‘advokat’). Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bharra iad seirbhísí dlí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le dlí baile na Fionlainne, a sholáthar freisin.

In FR: Tá cónaitheacht nó bunaíocht in LEE ina ceanglas le haghaidh gloch iomlán chun an Bharra, agus tá sí riachtanach chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh an dlí baile, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá an ionadaíocht roimh ‘an Cour de Cassation’ agus ‘Conseil d’Etat’ faoi réir cuótaí agus forchoimeáda do náisiúnaigh na Fraince agus an Aontais. Féadfaidh comhaltaí Bharra na Nua-Shéalainne clárú mar shainchomhairleoir dlí eachtrach sa Fhrainc chun seirbhísí áirithe dlí a thairiscint sa Fhrainc ar bhonn sealadach nó ar bhonn buan, i dtaca le dlí na Nua-Shéalainne agus leis an dlí idirnáisiúnta poiblí. Ceanglaítear seoladh gnó laistigh de dhlínse Bharra na Fraince nó clárú nó bunaíocht in LEE chun cleachtadh ar bhonn buan.

In HR: Teastaíonn náisiúntacht de chuid an Aontais chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. In imeachtaí a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta poiblí, féadfaidh dlíodóir eachtrach ar chomhalta é de chomhlachas barra a thír baile ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtithe os comhair cúirteanna eadrána agus cúirteanna *ad hoc*. Ní féidir ach le dlíodóir a bhfuil an teideal dlíodóir de chuid na Cróite aige gnólacht dlí a bhunú (féadfaidh gnólachtaí na Nua-Shéalainne brainse a bhunú, nach bhféadfaidh dlíodóirí na Cróite a fhostú).

In HU: Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheachta (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha comhairle dlí a chur ar fáil maidir le dlí na tíre baile agus leis an dlí idirnáisiúnta poiblí i gcomhpháirtíocht le haturnae Ungárach nó le gnólacht dlí. Tá gá le Conradh Comhair a thugtar i gcrích le haturnae de chuid na hUngáire (ügyvéd) nó le gnólacht dlí (ügyvédi iroda). Ní féidir le comhairleoir dlí eachtrach a bheith ina chomhalta de ghnólacht dlí Ungárach. Níl dlíodóir eachtrach údaraithe chun doiciméid a ullmhú atá le cur faoi bhráid eadránaí, comhréiteora nó idirghabhálaí in aon díospóid, nó chun gníomhú mar ionadaí dlíthiúil an chliant os a gcomhair.

In LT (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Ní féidir le haturnaetha as tíortha eachtrannacha cleachtadh a dhéanamh mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

In LU (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Féadfaidh Comhairle an Oird, ar bhonn na cómhálartachta, aontú an ceanglas náisiúntachta a tharscaoileadh do náisiúnach eachtrach.

In LV (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Ceanglaítear náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chun an dlí baile a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní féidir le haturnaetha as tíortha eachtrannacha cleachtadh a dhéanamh mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontú déthaobhach ar chúnamh dlí frithpháirteach.

Le haghaidh abhcóidí as Ballstáit an Aontais nó abhcóidí eachtracha, tá ceanglais speisialta i gceist. Mar shampla, níl rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte i gcásanna coiriúla ceadaithe ach i dteannta le habhcóid as Collegium Laitviach na nAbhcóidí faoi bhrí Mionna.

In MT: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chomh maith le cónaitheacht (láithreach thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

In NL: Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí atá cláraithe go háitiúil i gclárlann na hÍsiltíre an teideal ‘advocate’ a úsáid. In áit an téarma iomláin ‘advocate’ a úsáid, ní mór do dhlíodóirí eachtracha (neamhchláraithe) eagraíocht ghairmiúil a dtíre baile a lua chun críocha a gcuid gníomhaíochtaí san Ísiltír.

In PT (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): ceanglaítear cónaitheacht (láithreach thráchtálach) chun dlí baile na Portaingéile a chleachtadh. Maidir le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna, tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas. Féadfaidh eachtrannaigh a bhfuil dioplóma acu a bhronn aon Dámh Dlí sa Phortaingéil, clárú le Barra na Portaingéile (Ordem dos Advogados), faoi na téarmaí céanna le náisiúnaigh na Portaingéile, má thugann a dtír sin cóir chómhalartach do náisiúnaigh na Portaingéile.

Féadfaidh eachtrannaigh eile a bhfuil Céim sa Dlí acu atá aitheanta ag Dámh Dlí sa Phortaingéil clárú mar chomhalta de Chumann an Bharra ar choinníoll go dtéann siad faoin oiliúint a cheanglaítear agus go bhfaigheann pas sa scrúdú measúnaithe agus iontrála deiridh. Ní fhéadfaidh ach le gnólachtaí dlí ar le dlíodóirí a glaodh chun Barra na Portaingéile na scaireanna uile iontu, agus na gnólachtaí sin amháin, cleachtadh sa Phortaingéil.

Ceadaítear comhairliúchán dlíthiúil in aon réimse den dlí idirnáisiúnta eachtrach agus poiblí ag dlí-eolaithe a bhfuil fiúntas aitheanta acu, máistrí agus dochtúirí sa dlí (fiú mura dlíodóirí iad agus más ollúna neamh-ollscoile iad), ar choinníoll go bhfuil a n-áit chónaithe ghairmiúil acu (domiciliação) in PT, go bhfaigheann siad pas i scrúdú iontrála agus go bhfuil siad cláraithe sa Bharra.

In RO: Ní fhéadfaidh dlíodóir eachtrach conclúidí béil ná scríofa a dhéanamh os comhair na gcúirteanna ná comhlachtaí breithiúnacha eile, ach amháin le haghaidh eadrána idirnáisiúnta.

In SE (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Tá cónaitheacht in LEE nó san Eilvéis ina cheanglas le haghaidh glaoch chun an Bharra agus úsáid an teidil ‘advokat’. Féadfaidh Comhlachas Bharra na Sualainne díolúintí a dheonú. Gan dochar don fhorchoimeádas AE thuas, ní gá glaoch chun an Bharra chun dlí baile na Sualainne a chleachtadh. Ní fhéadfaidh comhalta de Chomhlachas Bharra na Sualainne a bheith fostaithe ag aon duine seachas ball den Bharra nó cuideachta a dhéanann gnó thar ceann comhalta Barra. Féadfaidh comhalta den Bharra a bheith fostaithe ag cuideachta eachtrach a dhéanann gnó abhcóide, áfach, ar choinníoll go bhfuil sainchónaí ar an gcuideachta atá i gceist i dtír laistigh den Aontas Eorpach nó de LEE, nó san Eilvéis. Faoi réir díolúine ó Bhord Chomhlachas Bharra na Sualainne, féadfar comhalta de Chomhlachas Bharra na Sualainne a bheith fostaithe freisin ag gnólacht dlí nach gnólacht dlí de chuid an Aontais é.

Ní fhéadfaidh comhaltaí Barra a dhéanann a gcuid gnó i bhfoirm cuideachta nó comhpháirtíochta aon chuspóir eile a bheith acu agus ní fhéadfaidh siad aon ghnó eile a dhéanamh seachas cleachtas abhcóide. Ceadaítear comhoibriú le gnólachtaí abhcóide eile; ach tá cead ó Bhord Chomhlachas Bharra na Sualainne ina cheanglas chun comhoibriú le gnólachtaí eachtracha. Ní fhéadfaidh ach comhalta den Bharra cleachtadh mar abhcóid go díreach nó go hindíreach, nó trí mheán cuideachta, a bheith ina úinéir scaireanna sa chuideachta nó a bheith ina chomhpháirtí. Ní fhéadfaidh ach comhalta den Bharra a bheith ina chomhalta nó ina chomhalta ionaid den Bhord nó ina leas-stiúrthóir bainistíochta, nó ina shínitheoir údaraithe nó rúnaí de chuid cuideachta nó comhpháirtíochta.

In SI (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Braitheann ionadaíocht a dhéanamh do chliaint os comhair cúirte i gcoinne focaíochta ar láithreachth thráchtálach i bPoblacht na Slóivéine. Féadfaidh dlíodóir eachtrach a bhfuil sé de cheart aige an dlí a chleachtadh i dtír eachtrach seirbhísi dlí a sholáthar nó an dlí a chleachtadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34a den Acht Aturnaetha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníoll na cómhálartachta iarbhíre.

Gan dochar d'fhorchoimeádas an Aontais maidir le ceanglais i ndáil le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach, tá láithreachth thráchtálach le haghaidh aturnaetha atá ceaptha ag Cumann Barra na Slóivéine teoranta do dhílseánacht aonair, do ghnólachtaí dlí ag a bhfuil dliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólachtaí dlí ag a bhfuil dliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht). Is go cleachtadh an dlí a bheidh gníomhaíochtaí gnólachta dlí srianta. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí.

In SK (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Teastaíonn náisiúntacht LEE agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) i bPoblacht na Slóvaice chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. I gcomhair dlíodóirí nach dlíodóirí den Aontas iad tá cómhalartacht iarbhir ina cheanglas.

Bearta:

An tAontas: Airteagal 120 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;

Airteagal 78 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001².

AT: Rechtsanwaltsordnung (Acht na nDlíodóirí) - RAO, RGBI. Uimh. 96/1868, Airteagal 1 agus Airteagal 21c.; Rechtsanwaltsgesetz – EIRAG, BGBl. Uimh. 27/2000 arna leasú; § 41 EIRAG.

BE: Cód Breithiúnach na Beilge (Airteagail 428-508); Forairithne Ríoga an 24 Lúnasa 1970.

BG: Dlí Aturnae; An Dlí maidir le hIdirghabháil; agus an Dlí le haghaidh na Nótaireí agus na Gníomhaíochta Nótaire.

CY: Dlí Abhcóidí (Caibidil 2), arna leasú.

CZ: Acht Uimh. 85/1996 Coll., an tAcht maidir leis an nGairm Dlí.

¹ Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearáí Comhphobail (IO AE L 3, 5.1.2002, lch. 1).

DE: Bundesrechtsanwaltsordnung (BRAO; Acht na nDlíodóirí Cónaidhme);

Gesetz über die Tätigkeit europäischer Rechtsanwälte in Deutschland (EuRAG); agus

§ 10 Rechtsdienstleistungsgesetz (RDG).

DK: Retsplejeloven (An tAcht um Riaradh Ceartais) Caibidlí 12 agus 13 (Acht Comhdhlúite Uimh. 1284 an 14 Samhain 2018).

EE: Advokatuuriseadus (An tAcht um Chomhlachas Barra);

Tsiviilkohtumenetluse seadustik (Cód an Nós Imeachta Shibhialta);

halduskohtumenetluse seadustik (Cód Nós Imeachta na Cúirte Riaracháin);

kriminaalmenetluse seadustik (Cód an Nós Imeachta Choiriúil); agus

väärteomenetluse seadustik (Cód an Nóis Imeachta Oilghnímh).

EL: An Cód Nua Dlíodóirí Uimh. 4194/2013.

ES: Real Decreto 135/2021, de 2 de marzo, por el que se aprueba el Estatuto General de la Abogacía Española, Airteagal 9.1.a.

FI: Laki asianajajista (Acht na nAbhcóidí) (496/1958), ss. 1 agus 3; agus Oikeudenkäymiskaari (4/1734) (Cód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh).

FR: Loi 71-1130 du 31 décembre 1971, Loi 90- 1259 du 31 décembre 1990 and Ordonnance du 10 septembre 1817 modifiée.

HR: An tAcht um Ghairm an Dlí (OG 9/94, 117/08, 75/09, 18/11).

HU: Acht LXXVIII de 2017 maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla aturnaetha ag an dlí.

LT: Dlí maidir le Barra Phoblacht na Liotuáine an 18 Márta 2004 Uimh. IX-2066 arna leasú go deireanach an 12 Nollaig 2017 le dlí Uimh. XIII-571.

LU: Loi du 16 décembre 2011 modifiant la loi du 10 août 1991 sur la profession d’avocat.

LV: Dlí maidir le Nós Imeachta Coiriúil, s. 79; agus Dlí Abhcóideachta Phoblacht na Laitvia, s. 4.

MT: An Cód Eagrúcháin agus Nós Imeachta Shibhialta (Cap. 12).

NL: Advocatenwet (Acht maidir le hAbhcóidí).

PT: Dlí 145/2015, 9 set., alterada p/ Lei 23/2020, 6 jul. (art.º 194 substituído p/ art.º 201.; e a.º 203.º substituído p/ art.º 213.);

Reacht Bharra na Portaingéile (Estatuto da Ordem dos Advogados) agus Dlí Foraithe 229/2004, Airteagail 5, 7 – 9; Dlí Foraithe 88/2003, Airteagail 77 agus 102; Solicitadores Public Professional Association Statute (Estatuto da Câmara dos Solicitadores), arna leasú le Dlí 49/2004, mas alterada p/ Lei 154/2015, 14 set.; le Dlí 14/2006 agus le Dlí Foraithe Uimh.º 226/2008 alterado p/ Lei 41/2013, 26 jun; agus

Dlí 78/2001, Airteagail 31, 4 Alterada p/ Lei 54/2013, 31 jul.; Rialáil ar idirghabháil teaghlaigh agus saothair (Ordanás 282/2010), alterada p/ Portaria 283/2018, 19 out; Dlí 21/2007 ar idirghabháil chóiriúil, Airteagal 12; Dlí 22/2013, 26 fev., alterada p/ Lei 17/2017, 16 maio, alterada pelo Decreto-Lei 52/2019, 17 abril.

RO: Dlí Aturnae; An Dlí maidir le hIdirghabháil; agus an Dlí le haghaidh na Nótairí agus Gníomhaíochta Nótaire.

SE: Rättegångsbalken (Cód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh sa tSualainnis) (1942:740); agus

Cód Iompair Chomhlachas Bharra na Sualainne a glacadh 29 Lúnasa 2008.

SI: Zakon o odvetništvu (Neuradno prečiščeno besedilo-ZOdv-NPB8 Državnega Zbora RS z dne 7 junij 2019 (Acht na nAturnaetha) téacs comhdhlúite neamhoifigiúil arna ullmhú ag Parlaimint na Slóivéine an 7 Meitheamh 2019).

SK: Acht 586/2003 ar Abhcóideacht, Airteagail 2 agus 12.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In PL: Ní fhéadfaidh dlíodóirí eachtracha iad féin a bhunú ach i bhfoirm comhpháirtíocht chláraithe, comhpháirtíocht theoranta, nó comhpháirtíocht theoranta comhstoic.

Bearta:

PL: Acht an 5 Iúil 2002 ar sholáthar cúnamh dhlíthiúil i bPoblacht na Polainne ag dlíodóirí eachtracha, Airteagal 19; An Dlí um Chomhairle Cánach.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In IE, IT: Teastaíonn cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

IE: Na hAchtanna Aturnaetha 1954-2011.

IT: Forairthne Ríoga 1578/1933, Airteagal 17 dlí maidir le gairm an dlí.

- (b) Gníomhairí paitinní, gníomhairí maoine tionsclaíche, gníomhairí maoine intleachtúla (cuid de CPC 879, 861, 8613)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DE: Ní fhéadfar ach dlíodóirí paitinní a bhfuil cáilíochtaí LEE nó Eilvéiseach acu a ghlaoch chun an Bharra agus dá bhrí sin a bheith i dteideal faoin dlí baile seirbhísí gníomhaire paitinní a sholáthar sa Ghearmáin. Tá gá le láithreacht thráchtálach chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Féadfaidh an comhlachas Barra díolúintí a dheonú. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha seirbhísí sa dlí eachtrach a sholáthar nuair a chruthaíonn siad go bhfuil saineolas acu. Ní mór clárú chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Ghearmáin. Ní fhéadann dlíodóirí paitinní eachtracha (is é sin dlíodóirí paitinní a bhfuil cáilíocht acu seachas cáilíocht LEE nó Eilvéiseach) gnólacht a bhunú in éineacht le dlíodóirí paitinní baile.

Is i bhfoirm Patentanwalts-GmbH nó Patentanwalts-AG agus san fhoirm sin amháin a fhéadfaidh dlíodóirí paitinní eachtracha (nach dlíodóirí LEE nó Eilvéiseacha iad) a láithreacht thráchtálach a bheith acu trí scair mhionlaigh a fháil.

Ón 1 Lúnasa 2022 ar aghaidh, ní fhéadfaidh cuideachta ghairmiúil a bheith ina scairshealbhóir i ngnólacht dlí paitinne Gearmánach ach amháin má ghlaoitear chun Bharra na Gearmáine í an chuideachta ghairmiúil sin agus má ghlacann sí ceann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Airteagal 52b d'Acht na nGníomhairí Paitinní. Féadfaidh gnólachtaí eachtracha dlí paitinne seirbhísí a sholáthar más rud é gur ligeadh isteach i gComhlachas Paitinní na Gearmáine iad. Éilítear le glaoch den sórt sin scairshealbhóir a bheith cáilithe mar dhlíodóir, mar chuntasóir cánach, mar iniúchóir nó mar ghníomhaire paitinní agus i gcás brainsí, ina bhainisteoir a bhfuil cumhacht ghníomhaireachta aige sa Ghearmáin.

In FR: Le bheith cláraithe ar an liosta seirbhísí gníomhaire maoinne tionsclaíche, tá bunaíocht nó cónaitheacht in LEE ina gceanglas. Tá náisiúntacht LEE ina cheanglas ar dhaoine nádúrtha. Chun ionadaíocht a dhéanamh ar chliant os comhair na hoifige náisiúnta maoinne intleachtúla, tá bunaíocht in LEE ina ceanglas. Ní fhéadfar seirbhísí a sholáthar ach trí "société civile professionnelle" (SCP), "société d'exercice libéral" (SEL) nó aon fhoirm dhlíthiúil eile, faoi choinníollacha áirithe. Gan beann ar an bhfoirm dhlíthiúil, ní mór leath na scaireanna agus na gceart vótála a bheith faoi úinéireacht gairmithe LEE. Féadfar go mbeidh gnólachtaí dlí i dteideal seirbhísí gníomhaire maoinne tionsclaíche a sholáthar (féach an forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreachaí áitiúil:

In AT: Tá náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh.

In BG agus CY: Tá náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh. In CY, tá cónaitheacht ina ceanglas.

In EE: Tá náisiúntacht Eastónach nó an Aontais chomh maith le buanchónaitheacht ina cheanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh.

In ES: Tá bunáíocht i mBallstát, láithreach thráchtálach agus buanchónaitheacht ina gceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In PT: Tá náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta maoine tionsclaíche a chleachtadh.

In LV: Tá náisiúntacht an Aontais ina ceangal do ghníomhairí paitinní.

I ndáil le trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreach áitiúil:

In FI agus HU: Tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh.

In SI: Tá cónaitheacht sa tSlóivéin ina ceanglas le haghaidh sealbhóir ceart cláraithe nó iarratasóir ar chearta cláraithe (paitinní, trádmharcanna, cosaint dearaidh). De mhálairt air sin, tá gníomhaire paitinní nó gníomhaire trádmharcanna agus dearaí atá cláraithe sa tSlóivéin ina cheanglas chun príomhchríoch seirbhísí a sholáthar, amhail próisis, tabhairt fógra.

Bearta:

AT: An tAcht um Ghníomhairí Paitinní, BGBl. 214/1967 arna leasú, §§ 2 agus 16a.

BG: Caibidil 8b den Acht um Paitinní agus um Chlárú Deimhnithe Áisiúlachta.

CY: Dlí Abhcóidí (Caibidil 2), arna leasú.

DE: Patentanwaltsordnung (PAO). Gesetz über die Tätigkeit europäischer Patentanwälte in Deutschland (EuPAG) agus § 10 Rechtsdienstleistungsgesetz (RDG).

EE: Patendivoliniku seadus (An tAcht um Ghníomhairí Paitinní) § 2, § 14.

ES: Ley 24/2015, de 24 de julio, de Patentes, Airteagail 175, 176 agus 177. Ley 17/2009, de 23 de noviembre, sobre el libre acceso a las actividades de servicios y su ejercicio, Airteagal 3.2.

FI: Tavaramerkkilaki (An tAcht um Thrádmharcanna) (7/1964);

Laki auktorisoiduista teollisoikeusasiatietä (An tAcht um Aturnaetha Maoine Tionsclaíche Údaraithe) (22/2014);

Laki kasvinjalostajanoikeudesta (An tAcht um Cheart Póraitheora Plandaí) 1279/2009; agus

Mallioikeuslaki (An tAcht um Dhearaí Cláraithe) 221/1971.

FR: Code de la propriété intellectuelle.

HU: Acht XXXII 1995 ar Ghníomhairí Paitinní.

LV: An Dlí maidir le hInstitiúidí agus Nósanna Imeachta Maoine Tionsclaíche Caibidil XVIII (Airteagail 119-136).

PT: Dlí Forairne 15/95, arna leasú le Dlí 17/2010, le Portaria 1200/2010, Airteagal 5, agus le Portaria 239/2013; agus Dlí 9/2009.

SI: Zakon o industrijski lastnini (An tAcht um Mhaoin Thionsclaíoch), Uradni list RS, št. 51/06 – uradno prečiščeno besedilo in 100/13 agus 23/20 (Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine, Uimh. 51/06 – téacs comhdhlúite oifigiúil 100/13 agus 23/20).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In IE: I dtaca le bunaíocht, ní mór duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí, comhpháirtithe, bainisteoirí nó fostaithe gnólachta a bheith cláraithe mar aturnae paitinní nó maoine intleachtúla in Éirinn. D'fhonn seirbhísí a sholáthar ar bhonn Trasteorann, tá náisiúntacht LEE agus láithreacht thráchtálach, príomháit gnó i mBallstát LEE agus cáilíocht faoi dhlí Ballstáit LEE ina gceanglas.

Bearta:

IE: Ranna 85 agus 86 d'Acht na dTrádmharcanna, 1996, arna leasú;

Rialacha 51, 51A agus 51B de Rialacha na dTrádmharcanna 1996, arna leasú; Ranna 106 agus 107 d'Acht na bPaitinní, 1992, arna leasú; agus Clár Rialacha na nGníomhairí Paitinní I.R. 580 de 2015.

- (c) Seirbhísí cuntasáíochta agus leabharchoimeádta (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúcháireachta, 86213, 86219, 86220)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála cuntasóirí agus leabharchoimeádaithe eachtracha, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná 25 % i bhfiontar de chuid na hOstaire. Ní mór oifig nó suíochán gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE (CPC 862).

In FR: Tá bunaíocht nó cónaitheacht ina ceanglas. Féadfar seirbhísí a sholáthar trí aon fhoirm cuideachta seachas "société en nom collectif" (SNC) agus "société en commandite simple" (SCS). Specific conditions apply to "société d'exercice liberal" (SEL), "association de gestion et comptabilité" (AGC) agus "société pluri-professionnelle d'exercice" (SPE) (CPC 86213, 86219, 86220).

In IT: Tá cónaitheacht nó sainchónaí gnó ina cheanglas le haghaidh clárú sa chlár gairmiúil, rud atá riachtanach chun seirbhísí cuntasáíochta agus leabharchoimeáda a sholáthar (CPC 86213, 86219, 86220).

In PT (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Tá cónaitheacht nó sainchónaí gnó ina cheanglas le haghaidh clárú sa chlár gairmiúil ag Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe (Ordem dos Contabilistas Certificados), atá riachtanach chun seirbhísí cuntasáíochta a sholáthar, ar choinníoll go gcaitear go cómhalartach le náisiúnaigh na Portaingéile.

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um an nGairm Cuntasáíochta agus Iniúcháireachta Phoiblí, BGBl. I Nr. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4; agus

Bilanzbuchhaltungsgesetz (BibuG), BGBl. I Nr. 191/2013, §§ 7, 11, 28.

FR: Ordonnance 45-2138 du 19 septembre 1945.

IT: Foraithe Reachtach 139/2005; agus Dlí 248/2006.

PT: Dlí Foraithe Uimh. 452/99, arna athrú le Dlí Uimh. 139/2015, an 7 Meán Fómhair.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Tá bunaíocht san Aontas Eorpach ina cheanglas chun seirbhísí cuntasáochta agus leabharchoimeádta a chur ar fáil (CPC 86213, 86219, 86220).

Bearta:

SI: Acht maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, Irisleabhar Oifigiúil RS Uimh. 21/10.

- (d) Seirbhísí iniúchóireachta (CPC – 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasáochta agus leabharchoimeádta)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

San Aontas: Formheas ag údaráis inniúla de chuid Ballstáit a fhéadfaidh aitheantas a thabhairt do choibhéis cáilíochtaí iniúchóra ar náisiúnach é den Nua-Shéalainn nó d'aon tríú tír eile atá faoi réir na cómhálartachta (CPC 8621), tá sé ina cheanglas chun seirbhísí um iniúchadh reachtúil a sholáthar.

Bearta:

An tAontas: Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹; agus

Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In BG: Is féidir go mbeidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach.

Bearta:

BG: An tAcht um Iniúchóireacht Airgeadais Neamhspleách.

¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

² Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO AE L 157, 9.6.2006, lch. 87).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála cuntasóirí eachtracha, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná 25 % i bhfiontar de chuid na hOstaire. Ní mór oifig nó suíochán gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE.

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúcháireachta), BGBl. I Nr. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DK: Tá formheas na Danmhairge mar iniúchóir ina cheangal i leith soláthar seirbhísí um iniúchadh reachtúil. Tá cónaitheacht i mBallstát LEE ina ceanglas chun formheas a fháil. Níor cheart gur níos mó ná 10 % de na cearta vótála iad na cearta vótála i ngnólachtaí iniúcháireachta formheasta iniúchóirí agus gnólachtaí iniúcháireachta nach bhfuil formheasta i gcomhréir leis na rialacháin lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

In FR (i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Le haghaidh iniúchtaí reachtúla: tá bunaíocht nó cónaitheacht ina ceanglas. Féadfaidh náisiúnaigh de chuid na Nua-Shéalainne seirbhísí um iniúchadh reachtúil a chur ar fáil sa Fhrainc, faoi réir na cómhalartachta. Féadfar seirbhísí a sholáthar trí aon fhoirm chuideachta ach amháin na foirmeacha sin ina meastar gur trádálaithe (commerçants) iad comhpháirtithe, amhail "société en nom collectif" (SNC) agus "société en commandite simple" (SCS).

In PL: Tá bunaíocht san Aontas Eorpach ina cheangal chun seirbhísí um iniúchadh a sholáthar.

Tá feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil.

Bearta:

DK: Revisorloven (Acht na Danmhairge um Iniúcháirí agus Gnólachtaí Iniúcháireachta Formheasta), Acht Uimh. 1287 an 20/11/2018.

FR: Code de commerce.

PL: Acht an 11 Bealtaine 2017 ar iniúcháirí reachtúla, gnólachtaí iniúcháireachta agus formhaoirseacht phoiblí – Iris Dlí 2017, mír 1089.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In CY: Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe.

In SK: Ní fhéadtar a údarú chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh i bPoblacht na Slóvaice ach fiontar ina bhfuil 60 % ar a laghad de leasanna caipitil nó cearta vótála forchoimeáda do náisiúnaigh Shlóvacacha nó do náisiúnaigh Bhallstáit.

Bearta:

CY: Dlí na nIniúcháirí 2017 (Dlí 53(I)/2017).

SK: Acht Uimh. 423/2015, ar an Iniúchadh reachtúil.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus trádáil Trasteorann i seirbhísí - Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In DE: Ní féadfaidh cuideachtaí iniúcháireachta (Wirtschaftsprüfungsgesellschaften) ach foirmeacha dlíthiúla atá incheadaithe laistigh de LEE a ghlacadh. Féadfar comhpháirtíochtaí ginearálta agus comhpháirtíochtaí tráchtála teoranta a aithint mar ‘Wirtschaftsprüfungsgesellschaften’ má tá siad liostaithe mar chomhpháirtíochtaí trádála sa chláir tráchtála ar bhonn a gcuid gníomhaíochtaí muiníneacha, Airteagal 27 (Wirtschaftsprüferordnung, WPO). Mar sin féin, féadfaidh iniúcháirí tríú tír atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 134 (Wirtschaftsprüferordnung, WPO) an t-iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar ráitis bhliantúla fhioscacha nó na ráitis airgeadais chomhdhlúite a sholáthar i gcás cuideachta ag a bhfuil a ceanncheathrú lasmuigh den Aontas Eorpach, agus a dtáirgtear a cuid urrús inaistrithe lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte.

Bearta:

DE: Handelsgesetzbuch, (HGB; Cód an Dlí Tráchtála); Gesetz über eine Berufsordnung der Wirtschaftsprüfer (Wirtschaftsprüferordnung – WPO; an tAcht um Chuntasóirí Poiblí).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In ES: Ní mór d’iniúcháirí reachtúla a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir le hiniúcháireacht ar chuideachtaí nach cuideachtaí den Aontas iad atá liostaithe i margadh arna rialáil ag an Spáinn.

Bearta:

ES: Ley 22/2015, de 20 de julio, de Auditoría de Cuentas (Dlí nua um an Iniúcháireacht: Dlí 22/2015 ar Sheirbhísí iniúcháireachta).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In EE: Tá feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil. Beidh tromlach na vótaí a léirítear le scaireanna i ngnólacht iniúchóireachta faoi úinéireacht iniúchóirí faoi bhrí mionna atá faoi mhaoirseacht údarás inniúil de chuid Ballstáit LEE, a bhfuil cáilíocht faighte acu i mBallstát LEE, nó beidh sé faoi úinéireacht gnólachtaí iniúchóireachta. Beidh a gcáilíochtaí bainte amach i mBallstát LEE ag trí cheathrú ar a laghad de na daoine a dhéanann ionadaíocht ar ghnólacht iniúchóireachta ar bhonn dlí.

Bearta:

EE: An tAcht um Ghníomhaíochtaí Iniúchóirí (Audiitortegevuse seadus) § 76-77.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Tá láithreacht thráchtálach ina ceanglas. Féadfaidh eintiteas iniúchóireachta tríú tír a bheith ina scairsealbhóir nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú i ngnólacht iniúchóireachta Slóivéanach ar choinníoll, faoi dhlí na tíre ina bhfuil an t-eintiteas iniúchóireachta tríú tíre ionchorpraithe, go bhféadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta Slóivéanacha a bheith ina scairsealbhóirí nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú i ngnólacht iniúchóireachta sa tír sin (ceanglas na cómhalartachta).

Bearta:

SI: An tAcht Iniúchta (ZRev-2), Iris Oifigiúil RS Uimh. 65/2008 (arna leasú go deireanach Uimh. 115/21); agus

Acht na gCuideachtaí (ZGD-1), Iris Oifigiúil RS Uimh. 42/2006 (arna leasú go deireanach Uimh. 18/21).

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BE: Bíonn bunaíocht sa Bheilg ina ceanglas i gcás ina ndéanfar an ghníomhaíocht ghairmiúil agus ina gcoimeádfar achtanna, doiciméid agus comhfhreagras a bhaineann léi. Ní mór riarthóir nó bainisteoir amháin ar a laghad de chuid na bunaíochta a bheith formheasta mar iniúchóir.

In FI: Tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas le haghaidh duine amháin ar a laghad d’iniúcháirí de chuid cuideachta Fionlannaí faoi Dhliteanas Teoranta agus de chuid cuideachtaí a bhfuil sé mar oibleagáid orthu iniúchadh a dhéanamh. Ní mór iniúchóir a bheith ina iniúchóir ag a bhfuil ceadúnas áitiúil nó ina ghnólacht iniúcháireachta ag a bhfuil ceadúnas áitiúil.

In HR: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla atá bunaithe sa Chróit, nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Chróit seirbhísí iniúcháireachta a sholáthar.

In IT: Tá cónaitheacht ina cheanglas ar dhaoine nádúrtha chun seirbhísí um iniúchadh a sholáthar.

In LT: Tá bunaíocht in LEE ina ceanglas chun seirbhísí um iniúchadh a sholáthar.

In SE: Ní fhéadfaidh ach iniúcháirí atá faofa sa tSualainn agus gnólachtaí iniúcháireachta atá cláraithe sa tSualainn seirbhísí um iniúchadh reachtúil a fheidhmiú. Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas. Ní fhéadfaidh ach iniúcháirí atá faofa nó údaraithe sa tSualainn na teidil ‘iniúchóir faofa’ agus ‘iniúchóir údaraithe’ a úsáid. Maidir le hiniúcháirí ar chomhlachais eacnamaíocha comhoibritheacha agus ar fhiontair áirithe eile nach cuntasóirí deimhnithe ná faofa iad, ní mór cónaí a bheith orthu in LEE, ach amháin má cheadaíonn an Rialtas, nó údarás Rialtais arna cheapadh ag an Rialtas, a mhalairt i gcás áirithe.

Bearta:

BE: Dlí an 7ú Nollaig 2016 lena n-eagraítear gairm agus maoirseacht phoiblí na n-iniúcháirí (An tAcht um Iniúcháireacht Phoiblí).

FI: Tilintarkastuslaki (Acht Iniúcháireachta) (459/2007), Dlíte eárnálacha lena gceanglaítear go n-úsáidfeair iniúcháirí arna gceadúnú go háitiúil.

HR: Acht Iniúcháireachta (OG 146/05, 139/08, 144/12), Airteagal 3.

IT: Forairhne Reachtach 58/1998, Airteagail 155, 158 agus 161; agus

Forairhne ó Uachtarán na Poblachta 99/1998; agus Forairhne Reachtach 39/2010, Airteagal 2.

LT: Dlí maidir le hIniúchadh an 15 Meitheamh 1999 Uimh. VIII -1227 (leagan nua an 3 Iúil 2008 Uimh. X1676).

SE: Revisorslagen (Acht na nIniúcháirí) (2001:883);

Revisionslag (An tAcht Iniúcháireachta) (1999:1079);

Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551);

Lag om ekonomiska föreningar (An tAcht um Chomhlachais Eacnamaíocha Chomhoibritheacha) (2018:672); agus

Eile, lena rialáiltear na ceanglais chun úsáid a bhaint as iniúcháirí formheasta.

- (e) Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863, gan comhairle dlíthiúil ná ionadaíocht dlíthiúil maidir le cúrsaí cánach, a thagann faoi sheirbhísí dlí, a áireamh)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála comhairleoirí cánachais eachtracha, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná 25 % i bhfiontar de chuid na hOstaire. Ní mór oifig nó suíochán gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE.

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúcháireachta), BGBl. I Nr. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In DE: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach.

Bearta:

DE: Steuerberatungsgesetz (An tAcht um Chomhairle Cánach, 4. Samhain 1975 (BGBl. I, lch. 2735), arna leasú go deireanach le hAirteagal 50 de dhlí an 10 Lúnasa 2021 (BGBl. I, lch. 2436): §§ 3, 34, 40 (1), 49, 50a.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FR: Tá bunáocht nó cónaitheacht ina ceanglas. Féadfar seirbhísí a sholáthar trí aon fhoirm cuideachta seachas "société en nom collectif" (SNC) agus "société en commandite simple" (SCS). Specific conditions apply to "société d'exercice liberal" (SEL), "association de gestion et comptabilité" (AGC) agus "société pluri-professionnelle d'exercice" (SPE).

Bearta:

FR: Ordonnance 45-2138 du 19 septembre 1945.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In HU: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas le haghaidh sholáthar seirbhísí comhairleacha cánachais.

In IT: Tá cónaitheacht ina ceanglas.

Bearta:

HU: Acht 150 de 2017 ar cháin; Forairhne Rialtais 2018/263 ar chlárú agus oiliúint gníomhaíochtaí comhairleacha cánachais.

IT: Forairhne Reachtach 139/2005; agus Dlí 248/2006.

- (f) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí, seirbhísí innealtóireachta agus innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In FR: Ní fhéadfaidh ailtire bunú san Fhrainc ach chun seirbhísí ailtireachta a sholáthar agus ceann de na foirmeacha dlíthiúla seo a leanas á úsáid (ar bhonn neamh-idirdhealaitheach): "société anonyme" (SA), "société à responsabilité limitée" (SARL) (sociétés anonymes, à responsabilité limitée), "entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée" (EURL), "société civile professionnelle" (SCP) (en commandite par actions), "société coopérative et participative" (SCOP), "société d'exercice libéral à responsabilité limitée" (SELARL), "société d'exercice libéral à forme anonyme" (SELAFA), "société d'exercice libéral par actions simplifiée" (SELAS) nó "société par actions simplifiée" (SAS),, nó mar phearsa aonair nó mar chomhpháirtí i ngnólacht ailtireachta (CPC 8671).

Bearta:

FR: Loi 90-1258 relative à l'exercice sous forme de société des professions libérales; Décret 95-129 du 2 février 1995 relatif à l'exercice en commun de la profession d'architecte sous forme de société en participation;

Décret 92-619 du 6 juillet 1992 relatif à l'exercice en commun de la profession d'architecte sous forme de société d'exercice libéral à responsabilité limitée SELARL, société d'exercice libéral à forme anonyme SELAFA, société d'exercice libéral en commandite par actions SELCA; agus Loi 77-2 du 3 janvier 1977.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: I gcás sainchomhairleoirí a chuireann measúnú ar chomhlíonadh na ndearaí infheistíochta i bhfeidhm nó a thugann faoi mhaoirseacht tógála, tá gá le bunaíocht sa Bhulgáir de réir Acht Tráchtála na Bulgáire nó le clárú i gclár tráchtála Ballstáit AE nó LEE.

Bearta:

BG: Airteagal 167, Mír 1, An tAcht um Fhorbairt Spásúil.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí –
Cóir náisiúnta:

In HR: Ní mór do dhuine arna údarú sa Chróit dearadh nó tionscadal a chruthaigh ailtire,
innealtóir nó pleanálaí uirbeach eachtrach a bhailíochtú maidir le comhlíonadh dhlí na Cróite
aige (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

HR: An tAcht maidir le Pleanáil Fhísiciúil agus Gníomhaíochtaí Tógála (OG118/18, 110/19);
an tAcht um Phleanáil Fhísiciúil (OG 153/13, 39/19).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag coinníollacha náisiúntachta agus cónaitheachta maidir le seirbhísí
ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí innealtóireachta agus innealtóireachta
comhtháite a sholáthar (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

CY: Dlí 41/1962 arna leasú; Dlí 224/1990 arna leasú; agus Dlí 29(i)2001 arna leasú.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas.

In HU: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo a leanas, sa mhéid go soláthraíonn duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch na hUngáire iad: seirbhísí ailtireachta, seirbhísí innealtóireachta (infheidhme maidir le hoiliúnaithe céime amháin), seirbhísí innealtóireachta comhtháite agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In IT: Tá cónaitheacht, sainchónaí gairmiúil nó seoladh gnó san Iodáil ina cheanglas chun clárú sa chlár gairmiúil, ar riachtanais é chun seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta a sholáthar (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In SK: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas chun chlárú sa chlár gairmiúil, ar riachtanas é chun seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta a sholáthar (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 360/1992, Coll. um ghairm na n-aitirí údaraithe agus na n-innealtóirí agus na dteicneoirí údaraithe atá ag obair i réimse na tógála a chleachtadh.

HU: Acht LVIII 1996 ar Chumainn Ghairmiúla na nAiltirí agus na nInnealtóirí.

IT: Foraithe Ríoga 2537/1925 Rialachán maidir le gairm an ailtire agus an innealtóra; Dlí 1395/1923; agus

Foraithe Uachtarán na Poblachta (D.P.R.) 328/2001.

SK: Acht 138/1992 um Ailtirí agus Innealtóirí, Airteagail. 3, 15, 15a, 17a agus 18a.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In BE: Cuimsítear le soláthar seirbhísí ailtireachta rialú ar chur i gcrích na n-oibreacha (CPC 8671, 8674). Ceanglaítear ar ailtirí eachtracha atá údaraithe ina dtíortha óstacha agus ar mian leo a ngairm a chleachtadh ar bhonn ócáideach sa Bheilg údarú a fháil roimh ré ó Chomhairle an Oird sa limistéar geografach ina bhfuil sé ar intinn acu a seirbhísí a sholáthar.

Bearta:

BE: Dlí an 20 Feabhra, 1939 maidir le teideal ghairm an ailtire a chosaint; agus

Dlí an 26 Meitheamh 1963, lena gcruthaítear Rialacháin Ord na nAiltirí an 16 Nollaig, 1983, ar eitic arna mbunú ag an gComhairle náisiúnta in Ord na nAiltirí (Arna fhaomhadh le hAirteagal 1 de A.R. an 18 Aibreán, 1985, M.B., an 8 Bealtaine, 1985).

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla (a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol táirgí cógaisíochta)

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí liachta (lena n-áirítear síceolaithe) agus seirbhísí fiaclóireachta; cnáimhseacha; altraí; fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine; seirbhísí tréidliachta; miondíolacháin táirgí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha; agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí
Aicmiú tionscail:	CPC 9312, 93191, 932, 63211
Oibleagáidí lena mbaineann:	Rochtain ar an margadh Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht
Leibhéal rialtais:	An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

- (a) Seirbhísí leighis, déidliachta, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus paraimhíochaine (CPC 852, 9312, 93191)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil i seirbhísí Trasteorann – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In IT: Tá náisiúntacht an Aontais ina ceangal chun seirbhísí a sholáthar ag síceolaithe. Féadfar cead a thabhairt do ghairmithe eachtracha cleachtadh a dhéanamh bunaithe ar an gcómhálartacht (cuid de CPC 9312).

Bearta:

IT: Dlí 56/1989 ar ghairm an tsíceolaí.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag coinníollacha náisiúntachta agus cónaithe na Cipire maidir le soláthar seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) déidliachta, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus paraimhíochaine.

Bearta:

CY: An Dlí um Chlárú Dochtúirí (Caibidil 250) arna leasú;

an Dlí um Chlárú Fiaclóirí (Caibidil 249) arna leasú;

Dlí 75(I)/2013 – arna leasú – Pódeolaithe;

Dlí 33(I)/2008 – arna leasú – Físic Liachta;

Dlí 34(I)/2006 – arna leasú – Teiripeoirí Saothair;

Dlí 9(I)/1996 – arna leasú – Teicneoirí Déidliachta;

Dlí 68(I)/1995 – arna leasú – Síceolaithe;

Dlí 16(I)/1992 – arna leasú – Radharceolaithe;

Dlí 23(I)/2011 – arna leasú – Raideolaithe / Radiaiteirpeoirí;

Dlí 31(I)/1996 – arna leasú – Diatéitigh / Cothaitheigh;

Dlí 140/1989 – arna leasú – Fisiteiripeoirí; agus

Dlí 214/1988 – arna leasú – Altraí.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil i seirbhísí Trasteorann – Rochtain ar an margadh, Láithreacht áitiúil:

In DE (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Féadfar srianta geografacha a fhorchur ar chlárú gairmiúil, rud a bhaineann le náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh araon.

Ní mór do dhochtúirí (lena n-áirítear síceolaithe, síciteiripeoirí, agus fiaclóirí) clárú le comhlachais réigiúnacha na ndochtúirí nó na bhfiaclóirí árachais sláinte reachtúil (kassenärztliche nó kassenzahnärztliche Vereinigungen), más mian leo cóireáil a chur ar othair atá árachaithe ag na cistí reachtúla breoiteachta. D'fhéadfadh an clárú sin a bheith faoi réir srianta cainníochtúla ag brath ar scaipeadh réigiúnach na ndochtúirí. Níl feidhm ag an tsriain sin le haghaidh fiaclóirí. Níl clárú riachtanach ach amháin le haghaidh dochtúirí atá rannpháirteach sa scéim sláinte poiblí. D'fhéadfadh srianta neamh-idirdhealaitheachta a bheith ann ar an bhfoirm dhlíthiúil bunaíochta atá ina ceangal chun na seirbhísí sin a sholáthar (§ 95 SGB V).

I dtaca le seirbhísí cnáimhseach, is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh siúd amháin, atá an rochtain srianta. I dtaca le seirbhísí leighis agus déidliachta, féadfaidh daoine nádúrtha, ionaid chúraim leighis cheadúnaithe agus comhlachtaí sainordaithe rochtain a fháil. D'fhéadfadh ceanglais maidir le bunaíocht a bheith i bhfeidhm.

I dtaca leis an teilileigheas, féadtar líon na soláthróirí seirbhíse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a bheith teoranta chun idirinoibritheacht, comhoiriúnacht agus na caighdeáin sábháilteachta riachtanacha a áirithiú. Cuirtear an teorannú sin i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach (CPC 9312, 93191).

Bearta:

DE: Bundesärzteordnung (BÄO; an Rialachán Leighis Feidearálach);

Gesetz über die Ausübung der Zahnheilkunde (ZHG);

Gesetz über den Beruf der Psychotherapeutin und des Psychotherapeuten (PsychThG; An tAcht um Sholáthar Seirbhísí Síciteiripe);

Gesetz über die berufsmäßige Ausübung der Heilkunde ohne Bestallung (Heilpraktikergesetz);

Gesetz über das Studium und den Beruf von Hebammen (HebG); agus

Bundes-Apothekerordnung.

Is féidir reachtaíocht bhreise maidir le cnáimhseacha a bheith ann ar an leibhéal réigiúnach.

Gesetz über die Pflegeberufe (PflBG);

Sozialgesetzbuch Fünftes Buch (SGB V; Cód Sóisialta, Leabhar a Cúig) – Árachas Sláinte Reachtúil.

Leibhéal réigiúnach:

Heilberufekammergesetz des Landes Baden-Württemberg;

Gesetz über die Berufsausübung, die Berufsvertretungen und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker sowie der Psychologischen Psychotherapeuten und der Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten (Heilberufe-Kammergesetz – HKaG) in Bayern;

Berliner Heilberufekammergesetz (BlHKKG);

Hamburgisches Kammergesetz für die Heilberufe (HmbKKGH); Gesetz über die Berufsgerichtsbarkeit der Heilberufe; Hamburgisches Gesetz über die Ausübung des Berufs der Hebamme und des Entbindungspfleger (Hamburgisches Hebammengesetz);

Heilberufsgesetz Brandenburg (HeilBerG);

Bremisches Gesetz über die Berufsvertretung, die Berufsausübung, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Psychotherapeuten, Tierärzte und Apotheker (Heilberufsgesetz – HeilBerG);

Heilberufsgesetz Mecklenburg-Vorpommern (Heilberufsgesetz M-V – HeilBerG);

Heilberufsgesetz (HeilBG NRW);

Heilberufsgesetz (HeilBG Rheinland-Pfalz);

Gesetz über die öffentliche Berufsvertretung, die Berufspflichten, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte/ Ärztinnen, Zahnärzte/ Zahnärztinnen, psychologischen Psychotherapeuten/ Psychotherapeutinnen und Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten/psychotherapeutinnen, Tierärzte/Tierärztinnen und Apotheker/Apothekerinnen im Saarland (Saarländisches Heilberufekammergesetz – SHKG);

Gesetz über Berufsausübung, Berufsvertretungen und Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker sowie der Psychologischen Psychotherapeuten und der Kinder und Jugendlichenpsychotherapeuten im Freistaat Sachsen (Sächsisches Heilberufekammergesetz – SächsHKaG) agus Thüringer Heilberufegesetz.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh, cóir náisiúnta agus Trádáil i seirbhísí Trasteorann – Rochtain ar an margadh, Láithreacht áitiúil:

In FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí de chuid an Aontais, ní bhíonn rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société civile professionnelle' (SCP) and "société d'exercice liberal" (SEL). Le haghaidh seirbhísí leighis, déidliachta agus cnáimhseach, tá náisiúntacht na Fraince ina ceanglas. Mar sin féin, féadfaidh eachtrannaigh rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil. Le haghaidh seirbhísí leighis, déidliachta agus cnáimhseach agus seirbhísí a sholáthraíonn altraí, soláthar trí SEL à forme anonyme, à responsabilité limitée par actions simplifiée ou en commandite par actions SCP, société coopérative (le haghaidh cleachtóirí ginearálta agus speisialaithe neamhspleácha amháin) nó société interprofessionnelle de soins ambulatoires (SISA) le haghaidh ionaid sláinte il-disciplíneacha (MSP) agus lena n-aghaidh sin amháin.

Bearta:

FR: Loi 90-1258 relative à l'exercice sous forme de société des professions libérales, Loi n°2011-940 du 10 août 2011 modifiant certaines dispositions de la loi n°2009-879 dite HPST, Loi n°47-1775 portant statut de la coopération; agus Code de la santé publique.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In AT: D'fhéadfadh feidhm a bheith ag ceanglais shonracha maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach (CPC 9312, cuid de 9319). Comhar dochtúirí chun críoch cúram sláinte poiblí siúlaí, ní féidir cleachtais ghrúpa, mar a thugtar orthu, a réachtáil ach amháin faoi fhoirm dhlíthiúil Offene Gesellschaft(OG) nó Gesellschaft mit beschränkter Haftung(GmbH). Ní fhéadfaidh ach dochtúirí a bheith ina gcomhlaigh de chleachtas grúpa den chineál sin. Ní mór dóibh a bheith i dteideal cleachtadh leighis neamhspleách a dhéanamh, a bheith cláraithe le Cumann Liachta na hOstaire agus a bheith ag dul i mbun ghairm an leighis sa chleachtas. Ní fhéadfaidh daoine eile gníomhú mar chomhlaigh den chleachtas grúpa ná leas a bhaint as a ioncam ná a bhrabús (cuid de CPC 9312).

Bearta:

AT: An tAcht Míochaine, BGBl. I Uimh. 169/1998, §§ 52a – 52c;

an tAcht Feidearálach lena Rialaítear Gairmeacha Sláinte Comhghuailithe Ardleibhéil, BGBl. Uimh. 460/1992; agus an tAcht Feidearálach lena rialaítear Suathairí Leighis íochtair agus uachtair, BGBl. Uimh. 169/2002.

(b) Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta - Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí - Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AT: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Bhallstát de chuid LEE seirbhísí tréidliachta a sholáthar. Déantar an ceanglas náisiúntachta a tharscaoileadh le haghaidh náisiúnaigh tíre nach Ballstát LEE í i gcás ina bhfuil comhaontú ag an Aontas leis an Stát sin lena bhforáiltear i ndáil le cóir náisiúnta i dtaobh infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí tréidliachta.

In ES: Tá ballraíocht i gcomhlachas gairmiúil ina ceanglas chun an ghairm a chleachtadh mar aon le náisiúntacht an Aontais. Féadfar an ceanglas sin a tharscaoileadh trí chomhaontú gairmiúil déthaobhach. Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, atá soláthar seirbhísí tréidliachta srianta.

In FR: Tá náisiúntacht LEE ina cheanglas maidir le seirbhísí tréidliachta a sholáthar ach féadfar an ceanglas maidir le náisiúntacht a tharscaoileadh faoi réir na cóimhalartachta. Tá na foirmeacha dlíthiúla atá ar fáil do chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí tréidliachta teoranta do "société civile professionnelle" (SCP) and "société d'exercice libéral" (SEL).

Féadfar a údarú, faoi choinníollacha áirithe, foirmeacha dlíthiúla cuideachta eile dá bhforáiltear le dlí baile na Fraince nó le dlí Bhallstát LEE eile agus a bhfuil a n-oifig chláráithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó ann.

Bearta:

AT: Tierärztesgesetz (Gníomh Tréidliachta), BGBl. Uimh. 16/1975, §3 (2) (3).

ES: Real Decreto 126/2013, de 22 de febrero, por el que se aprueban los Estatutos Generales de la Organización Colegial Veterinaria Española; Airteagail 62 agus 64.

FR: Code rural et de la pêche maritime.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag coinníollacha náisiúntachta agus cónaitheachta maidir le seirbhísí tréidliachta a sholáthar.

In EL: Chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar, tá cónaitheacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas.

In HR: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla agus nádúrtha arna mbunú i mBallstát chun críoch gníomhaíochtaí tréidliachta a dhéanamh seirbhísí tréidliachta Trasteorann a sholáthar i bPoblacht na Cróite. Is iad náisiúnaigh an Aontais agus iad sin amháin a fhéadann cleachtas tréidliachta a bhunú i bPoblacht na Cróite.

In HU: Tá náisiúntacht LEE ag teastáil le haghaidh ballraíocht i gCumann Tréidliachta na hUngáire, ar riachtanais í chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar. Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí an mhargadh saothair san earnáil.

Bearta:

CY: Dlí 169/1990 arna leasú.

EL: Forairhne Uachtaráin 38/2010, Cinneadh Aireachta 165261/IA/2010 (Iris Rialtais 2157/B).

HR: An tAcht Tréidliachta (OG 83/13, 148/13, 115/18, Airteagal 3 (67), Airteagail 105 agus 121.

HU: Acht CXXVII 2012 ar Chumann Tréidliachta na hUngáire agus ar na coinníollacha maidir le conas seirbhísí Tréidliachta a sholáthar.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar, tá láithreacht fhisiciúil sa chríoch ina ceanglas.

In IT agus PT: Chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar, tá cónaitheacht ina ceanglas.

In PL: Chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar, tá láithreacht fhisiciúil sa chríoch ina ceanglas. Chun dul i mbun ghairm an tréidlia ar chríoch na Polainne, ní mór do náisiúnaigh nach ón Aontas Eorpach iad pas a fháil i scrúdú sa Pholainnis a eagraíonn Cumainn Tréidliachta na Polainne.

In SI: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla agus nádúrtha arna mbunú i mBallstát chun críoch gníomhaíochtaí tréidliachta a dhéanamh seirbhísí tréidliachta Trasteorann a sholáthar i bPoblacht na Slóivéine.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil i seirbhísí Trasteorann – Rochtain ar an margadh, Láithreacht áitiúil:

In SK: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas le haghaidh chlárú sa chlár gairmiúil, rud atá riachtanach chun an ghairm a chleachtadh. Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, atá soláthar seirbhísí tréidliachta srianta.

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 166/1999 Coll. (An Gníomh Tréidliachta), §58-63, 39; agus

Acht Uimh. 381/1991 Coll. (ar Chomhlachas na dTréidlianna i bPoblacht na Seice), mír 4.

IT: Forairthne Reachtach C.P.S. 233/1946, Airteagail 7-9; agus

Forairthne Uachtarán na Poblachta (DPR) 221/1950, mír 7.

PL: Dlí an 21 Nollaig 1990 maidir le Ghairm an Tréidlia agus Comhlachais na dTréidlianna.

PT: Dlí Foraithe 368/91 (Reacht an Chumainn Ghairmiúil Tréidliachta) alterado p/ Lei 125/2015, 3 set.

SI: Pravilnik o priznavanju poklicnih kvalifikacij veterinarjev (Rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla tréidlianna), Uradni list RS, št. (Iris Oifigiúil Uimh. 71/2008, 7/2011, 59/2014 agus 21/2016, an tAcht um sheirbhísí sa mhargadh inmheánach, Iris Oifigiúil RS Uimh. 21/2010).

SK: Acht 442/2004 maidir le Dochtúirí Príobháideacha Tréidliachta agus le Cumann na dTréidlianna, Airteagal 2.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In DE (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, atá soláthar seirbhísí tréidliachta srianta. Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla ag a raibh tréidlia i láthair go fisiciúil roimhe sin.

In DK agus NL: Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, atá soláthar seirbhísí tréidliachta srianta.

In IE: Is do dhaoine nádúrtha nó do chomhpháirtíochtaí, agus dóibh sin amháin, atá soláthar seirbhísí tréidliachta srianta.

In LV: Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, atá soláthar seirbhísí tréidliachta srianta.

Bearta:

DE: Bundes-Tierärzteordnung (BTÄO; Cód Feidearálach don Ghairm Tréidliachta).

Leibhéal réigiúnach:

Achtanna ar Chomhairlí Ghairm an Leighis Länder (Heilberufs- und Kammergesetze der Länder) agus (bunaithe ar an méid sin)

Baden-Württemberg, Gesetz über das Berufsrecht und die Kammern der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte Apotheker, Psychologischen Psychotherapeuten sowie der Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten (Heilberufe-Kammergesetz – HBKG);

Bayern, Gesetz über die Berufsausübung, die Berufsvertretungen und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker sowie der Psychologischen Psychotherapeuten und der Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten (Heilberufe-Kammergesetz – HKaG);

Berlin, Berliner Heilberufekammergesetz (BlnHKG);

Brandenburg, Heilberufsgesetz (HeilBerG);

Bremen, Gesetz über die Berufsvertretung, die Berufsausübung, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Psychotherapeuten, Tierärzte und Apotheker (Heilberufsgesetz – HeilBerG);

Hamburg, Hamburgisches Kammergesetz für die Heilberufe (HmbKKGH);

Hessen, Gesetz über die Berufsvertretungen, die Berufsausübung, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker, Psychologischen Psychotherapeuten und Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten (Heilberufsgesetz);

Mecklenburg-Vorpommern, Heilberufsgesetz (HeilBerG);

Niedersachsen, Kammergesetz für die Heilberufe (HKG);

Nordrhein-Westfalen, Heilberufsgesetz NRW (HeilBerG);

Rheinland-Pfalz, Heilberufsgesetz (HeilBerG);

Saarland, Gesetz Nr. 1405 über die öffentliche Berufsvertretung, die Berufspflichten, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte/Ärztinnen, Zahnärzte/Zahnärztinnen, Tierärzte/Tierärztinnen und Apotheker/Apothekerinnen im Saarland (Saarländisches Heilberufekammergesetz – SHKG);

Sachsen, Gesetz über Berufsausübung, Berufsvertretungen und Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker sowie der Psychologischen Psychotherapeuten und der Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten im Freistaat Sachsen (Sächsisches Heilberufekammergesetz – SächsHKaG);

Sachsen-Anhalt, Gesetz über die Kammern für Heilberufe Sachsen-Anhalt (KGHB-LSA);

Schleswig-Holstein, Gesetz über die Kammern und die Berufsgerichtsbarkeit für die Heilberufe (Heilberufekammergesetz – HBKG);

Thüringen, Thüringer Heilberufegesetz (ThürHeilBG); agus

Berufsordnungen der Kammern (Cóid Iompair Ghairmiúil Chomhairlí na dTréidlianna).

DK: Lovbekendtgørelse nr. 40 af lov om dyrlæger af 15. januar 2020 (Acht comhdhlúite Uimh. 40 an 15 Eanáir, 2020, um thréidlianna).

IE: An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005.

LV: An Dlí um Leigheas Tréidliachta.

NL: Wet op de uitoefening van de diergeneeskunde 1990 (WUD).

- (c) Miondíol táirgí cógaisíochta, earraí míochaine agus earraí ortaipéideacha agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí (CPC 63211)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In AT: Ní féadfar táirgí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. Tá náisiúntacht Bhallstát LEE nó Chónaidhm na hEilvéise ina ceanglas chun cógaslann a oibriú. Tá náisiúntacht Bhallstát LEE nó Chónaidhm na hEilvéise ina ceanglas le haghaidh sealbhóirí léasa agus daoine atá i gceannas ar chógaslann a bhainistiú.

Bearta:

AT: Apothekengesetz (An Dlí Cógaisíochta), RGBL. Uimh. 5/1907 arna leasú, §§§ 3, 4, 12; Arzneimittelgesetz (An tAcht um Chógas), BGBL. Uimh. 185/1983 arna leasú, §§ 57, 59, 59a; agus Medizinproduktegesetz (An Dlí maidir le Táirgí Leighis), BGBL. Uimh. 657/1996 arna leasú, § 99.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In DE: Ní cheadaítear ach do dhaoine nádúrtha (cógaiseoirí) cógaslann a oibriú. Ní fhéadfaidh náisiúnaigh tíortha eile nó daoine nár bhain amach pas i scrúdú cógaisíochta na Gearmáine ach ceadúnas a fháil chun dul i gceannas cógaslainne a bhí ann le linn na dtrí bliana roimhe sin. Tá líon iomlán na gcógaslann in aghaidh an duine srianta d'aon chógaslann amháin agus do suas le trí chógaslann brainse.

In FR: Tá náisiúntacht LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise ina ceanglas chun cógaslann a oibriú.

Féadfar cead a thabhairt do chógaiseoirí eachtracha chun bunú laistigh de chuótaí arna mbunú go bliantúil. Ní mór oscailt cógaslainne a bheith údaraithe. Láithreach thráchtálach, lena n-áirítear táirgí míochaine a dhíol leis an bpobal ó chian trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise, ní mór í a bheith i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a cheadaítear faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: 'société d'exercice libéral' (SEL) anonyme, par actions simplifiée, à responsabilité limitée unipersonnelle nó pluripersonnelle, en commandite par actions, société en noms collectifs (SNC) nó société à responsabilité limitée (SARL) unipersonnelle nó pluripersonnelle amháin.

Bearta:

DE: Gesetz über das Apothekenwesen (ApoG; Acht Cógaisíochta na Gearmáine); Bundes-Apothekerordnung;

Gesetz über den Verkehr mit Arzneimitteln (AMG);

Gesetz über Medizinprodukte (MPG);

Verordnung zur Regelung der Abgabe von Medizinprodukten (MPAV).

FR: Code de la santé publique; agus

Loi 90-1258 du 31 décembre 1990 relative à l'exercice sous forme de société des professions libérales agus Loi 2015-990 du 6 août 2015.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In EL: Tá náisiúntacht an Aontais Eorpaigh ina ceanglas chun cógaslann a oibriú.

In HU: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas chun cógaslann a oibriú.

In LV: Chun cleachtas neamhspleách a thosú i gcógaslann, ní mór do chógaiseoir nó cúntóir cógaiseora eachtrach, ar cuireadh oideachas air i stát nach Ballstát nó Ballstát LEE é, a bheith ag obair ar feadh bliain amháin ar a laghad faoi mhaoirseacht cógaiseora i gcógaslann i mBallstát LEE.

Bearta:

EL: Dlí 5607/1932 arna leasú le Dlíthe 1963/1991 agus 3918/2011; Foraithe ón Uachtarán 64/2018 (Iris Rialtais 124/eagrán A/11-7-2018).

HU: Acht XCVIII 2006 ar na Forálacha Ginearálta a bhaineann le Soláthar Táirgí Leighis agus Cúnamh Leighis ar bhealach atá Iontaofa agus Indéanta go hEacnamaíoch agus ar Scaipeadh Táirgí Leighis.

LV: An Dlí Cógaisíochta, s. 38.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In BG: Ní mór gur cógaiseoirí cáilithe iad bainisteoirí cógaslainne agus ní fhéadfaidh siad ach chógaslann amháin a bhainistiú ina bhfuil siad féin ag obair. Tá cuóta (nach mó ná ceathair) ann maidir le líon na gcógaslanna a d'fhéadfadh a bheith faoi úinéireacht aon duine amháin i bPoblacht na Bulgáire.

In DK: Níl cead ach ag daoine nádúrtha, ar dheonaigh Údarás Sláinte agus Leighis na Danmhairge ceadúnas cógaiseora dóibh, seirbhísí miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal.

In ES, HR, HU, agus PT: Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Príomhchritéir: dálaí daonra agus dlúis sa cheantar.

In IE: Tá toirmeasc ar phostdíol táirgí cógaisíochta, seachas cógais thar an gcuntar.

In MT: Eisiúint cheadúnais Cógaslainne faoi shrianta sonracha. Ní bheidh níos mó ná aon cheadúnas amháin ag duine ar bith ina ainm féin i mbaile nó sráidbhaile ar bith (Rialachán 5(1) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07), ach amháin sa chás nach bhfuil aon iarratais eile le haghaidh an bhaile nó an tsráidbhaile sin (Rialachán 5(2) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)).

In PT: I gcuideachtaí tráchtála ina bhfuil an caipiteal léirithe ag scaireanna, ní mór go mbeadh siad siúd ainmniúil. Ní fhéadfaidh aon duine úinéireacht, oibriú nó bainistíocht níos mó ná ceithre chógaslann a shealbhú ná a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach, san am céanna.

In SI: Is é atá i líonra na gcógaslann sa tSlóivéin institiúidí poiblí cógaslainne, faoi úinéireacht bardas, agus cógaslanna príobháideacha faoi lamháltas nach mór don úinéir tromlaigh a bheith ina chógaiseoir gairmiúil. Tá toirmeasc ar phostdíol táirgí cógaisíochta a bhfuil oideas ag teastáil ina leith. Maidir le postdíol cógais thar an gcuntar, ní mór cead speisialta ón Stát a fháil.

Bearta:

BG: An Dlí maidir le Táirgí Íocshláinte i Leigheas an Duine, airteagail 222, 224, 228.

DK: Apotekerloven (Acht Cógaisíochta na Danmhairge) LBK Uimh. 1040 den 03/09/2014.

ES: Ley 16/1997, de 25 de abril, de regulación de servicios de las oficinas de farmacia (Dlí 16/1997, an 25 Aibreán, lena rialaítear seirbhísí cógaslainne), Airteagal 2 agus Airteagal 3.1; agus

Real Decreto Legislativo 1/2015, de 24 de julio por el que se aprueba el Texto refundido de la Ley de garantías y uso racional de los medicamentos y productos sanitarios (Ley 29/2006).

HR: An tAcht um Chúram Sláinte (OG 100/18, 125/19).

HU: Acht XCVIII 2006 ar na Forálacha Ginearálta a bhaineann le Soláthar Táirgí Leighis agus Cúnamh Leighis ar bhealach atá Iontaofa agus Indéanta go hEacnamaíoch agus ar Scaipeadh Táirgí Leighis.

IE: Na hAchtanna um Bhoird Leigheasra na hÉireann 1995 agus 2006 (Uimh. 29 de 1995 agus Uimh. 3 de 2006); na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Oideasú agus Rialú Soláthair) 2003, arna leasú (I.R. 540 de 2003); na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Cur ar an Margadh a Rialú) 2007, arna leasú (I.R. 540 de 2007); an tAcht Cógaisíochta 2007 (Uimh. 20 de 2007); na Rialacháin um Rialáil Gnóthaí Cógaisíochta Miondíola 2008, arna leasú, (I.R. Uimh. 488 de 2008).

MT: Rialacháin um Cheadúnas Cógaisíochta (LN279/07) arna n-eisiúint faoin Acht Leigheasra (Cap. 458).

PT: Forraithne-Dlí 307/2007, Airteagail 9, 14 agus 15 Alterado p/ Lei 26/2011, 16 jun., alterada:

– p/ Acórdão TC 612/2011, 24/01/2012;

– p/ Decreto-Lei 171/2012, 1 ago.;

– p/ Lei 16/2013, 8 fev.;

– p/ Decreto-Lei 128/2013, 5 set.;

– p/ Decreto-Lei 109/2014, 10 jul.;

– p/ Lei 51/2014, 25 ago.;

– p/ Decreto-Lei 75/2016, 8 nov.; agus Ordanás 1430/2007 revogada p/ Portaria 352/2012, 30 out.

SI: An tAcht um Sheirbhísí Cógaisíochta (Iris Oifigiúil an RS Uimh. 85/2016, 77/2017, 73/2019); agus an tAcht um Tháirgí Íocshláinte (Iris Oifigiúil an RS, Uimh. 17/2014, 66/2019).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In IT: Ní féidir ach daoine nádúrtha atá cláraithe sa chlár an ghairm a chleachtadh, chomh maith le daoine dlíthiúla i bhfoirm comhpháirtíochtaí, agus sa chás sin ní mór gach comhpháirtí sa chuideachta a bheith ina chógaiseoir cláraithe. Chun clárú i gclár gairmiúil na gcógaiseoirí tá náisiúntacht de Bhallstát AE nó cónaitheacht agus cleachtadh na gairme san Iodáil ina ceanglas. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha ag a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha clárú más saoránaigh iad de chuid tíre lena bhfuil comhaontú speisialta ag an Iodáil a údaraíonn an ghairm a chleachtadh, faoi choinníoll na cómhalartachta (D. Lgsl. CPS 233/1946 Airteagail 7-9 agus D.P.R. 221/1950 míreanna 3 agus 7). Déantar cógaslanna nua nó folmha a údarú tar éis comórtais phoiblí. Ní féidir ach náisiúnaigh de Bhallstát atá cláraithe i gClár na gcógaiseoirí (albo) páirt a ghlacadh i gcomórtas poiblí.

Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí daonra agus dlúis sa cheantar.

Bearta:

IT: Dlí 362/1991, Airteagail 1, 4, 7 agus 9;

Foraithne Reachtach CPS 233/1946, Airteagail 7-9; agus

Foraithne Uachtarán na Poblachta (D.P.R. 221/1950, míreanna 3 agus 7).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In CY: Tá feidhm ag ceanglas náisiúntachta maidir le miondíol táirgí cógaisíochta, earraí leighis agus earraí ortaipéideacha agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí (CPC 63211).

Bearta:

CY: An Dlí um Chógaisíocht agus Nimheanna (Caibidil 254) arna leasú.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In BG Ní fhéadfar táirgí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. Tá toirmeasc ar phostdíol táirgí cógaisíochta, seachas cógais thar an gcuntar.

In EE: Ní fhéadfar táirgí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. Tá cosc ar phostdíol táirgí íocshláinte agus ar sheachadadh sa phost nó trí mhearsheirbhís seachadta táirgí íocshláinte a ordaítear ar an Idirlíon. Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí dlúis sa cheantar.

In EL: Níl cead ach ag daoine nádúrtha, ar cógaiseoirí ceadúnaithe iad, agus cuideachtaí arna mbunú ag cógaiseoirí ceadúnaithe, seirbhísí miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal.

In ES: Níl cead ach ag daoine nádúrtha ar cógaiseoirí ceadúnaithe iad seirbhísí miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal. Ní fhéadann aon chógaiseoir níos mó ná aon cheadúnas amháin a fháil.

In LU: Níl cead ach ag daoine nádúrtha seirbhísí miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal.

In NL: Tá postordú táirgí íocshláinte faoi réir ceanglas.

In PL: Ní féidir ach daoine nádúrtha atá cláraithe sa chlár an ghairm a chleachtadh, chomh maith le daoine dlíthiúla i bhfoirm comhpháirtíochtaí, agus sa chás sin ní mór gach comhpháirtí sa chuideachta a bheith ina chógaiseoir cláraithe.

Bearta:

BG: An Dlí maidir le Táirgí Leighis i Leigheas an Duine, airteagail 219, 222, 228, 234(5).

EE: Ravimiseadus (An tAcht um Tháirgí Íocshláinte), RT I 2005, 2, 4; § 29 (2) agus § 41 (3); agus Tervishoiuteenuse korraldamise seadus (An tAcht um Eagrú Seirbhísí Sláinte, RT I 2001, 50, 284).

EL: Dlí 5607/1932 arna leasú le Dlíthe 1963/1991 agus 3918/2011.

ES: Ley 16/1997, de 25 de abril, de regulación de servicios de las oficinas de farmacia (Dlí 16/1997, an 25 Aibreán, lena rialaítear seirbhísí cógaslainne), Airteagail 2, 3.1; agus

Real Decreto Legislativo 1/2015, de 24 de julio por el que se aprueba el Texto refundido de la Ley de garantías y uso racional de los medicamentos y productos sanitarios (Ley 29/2006).

LU: Loi du 4 juillet 1973 concernant le régime de la pharmacie (iarscríbhinn a043);

Règlement grand-ducal du 27 mai 1997 relatif à l'octroi des allowances de pharmacie (iarscríbhinn a041); agus

Règlement grand-ducal du 11 février 2002 modifiant le règlement grand-ducal du 27 mai 1997 relatif à l'octroi des concessions de pharmacie (iarscríbhinn a017).

NL: Geneesmiddelenwet, airteagal 67.

PL: Airteagal 99. Mír 4, Acht an 6 Meán Fómhair 2001 — An Dlí Cógaisíochta an Iris Dlíthe 2021.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí –
Láithreacht áitiúil:

In BG: Tá buanchónaitheacht ina cheanglas ar chógaiseoirí.

Bearta:

BG: An Dlí maidir le Táirgí Leighis i Leigheas an Duine, airteagail 146, 161, 195, 222, 228.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DE, SK: Tá cónaitheacht ina cheanglas chun ceadúnas a fháil mar chógaiseoir nó cógaslann
a oscailt chun táirgí cógaisíochta agus earraí leighis áirithe a mhiondíol leis an bpobal.

Bearta:

DE: Gesetz über das Apothekenwesen (ApoG; Acht Cógaisíochta na Gearmáine);

Gesetz über den Verkehr mit Arzneimitteln (AMG);

Gesetz über Medizinprodukte (MPG); agus

Verordnung zur Regelung der Abgabe von Medizinprodukten (MPAV).

SK: Acht 362/2011 maidir le táirgí cógaisíochta agus feistí leighis, Airteagal 6; agus

Acht 578/2004 ar sholáthróirí cúram sláinte, fostaithe leighis, eagraíocht ghairmiúil sa chúram sláinte.

Forchoimeádas Uimh. 4 - Seirbhísí taighde agus forbartha

Earnáil – fo-earnáil: Seirbhísí taighde agus forbartha (T&F)

Aicmiú tionscail: CPC 851, 853

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

An tAontas: Maidir le seirbhísí T&F a bhaineann leas as maoiniú arna sholáthar ag an Aontas ar leibhéal an Aontais, ní fheadfar cearta nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus do dhaoine dlíthiúla an Aontais a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomhionad gnó acu san Aontas (CPC 851, 853).

Maidir le seirbhísí T&F atá maoinithe go poiblí a bhaineann leas as maoiniú arna chur ar fáil ag Ballstát, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh an Bhallstáit den Aontas Eorpach atá i gceist agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Bhallstáit lena mbaineann a bhfuil a gceanncheathrú sa Bhallstát sin (CPC 851, 853).

Bearta:

An tAontas: Gach clár réime taighde nó nuálaíochta de chuid an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear Rialacha maidir le Rannpháirtíocht Fís 2020 agus rialacháin a bhaineann le Comhthionscnaimh Teicneolaíochta (JTIanna), agus leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), chomh maith le cláir thaighde náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí eastáit réadaigh

Earnáil – fo-earnáil: Seirbhísí réadmhaoine

Aicmiú tionscail: CPC 821, 822

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Le haghaidh soláthar sheirbhísí eastáit réadaigh, tá feidhm ag coinníoll náisiúntachta agus cónaitheachta.

Bearta:

CY: Dlí do Ghníomhairí Réadmhaoine 71(1)/2010 arna léasú.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Tá cónaí do dhaoine nádúrtha agus bunú do dhaoine dlíthiúla sa tSeicia ina cheangal chun ceadúnas is gá a fháil chun seirbhísí eastáit réadaigh a sholáthar.

In HR: Tá láithreacht tráchtála sa LEE ina cheangal chun seirbhísí réadmhaoine a sholáthar.

In PT: Tá cónaí sa LEE riachtanach i gcás daoine nádúrtha. Tá ionchorprú sa LEE riachtanach i gcás daoine dlíthiúla.

Bearta:

CZ: An tAcht maidir le Ceadúnas Trádála.

HR: An tAcht maidir le Bróicéireacht Réadmhaoine (OG 107/07 agus 144/12), Airteagal 2.

PT: Dlí-Foraithne 211/2004 (Airteagail 3 agus 25), mar atá leasaithe agus athfhoilsithe ag Dlí-Foraithne 69/2011.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí –
Láithreacht áitiúil:

In DK: Le haghaidh soláthair seirbhísí réadmhaoine ó dhuine nádúrtha atá i láthair i gcríoch na Danmhairge, is gníomhairí eastáit réadaigh amháin ar daoine nádúrtha iad a ligeadh isteach i gclár ghníomhaire eastáit réadaigh Údarás Gnó na Danmhairge a fhéadfaidh úsáid a bhaint as an teideal ‘gníomhaire eastáit réadaigh’. Ceanglaítear leis an achtgo mbeadh an t-iarratasóir ina chónaitheoir Danmhargach nó ina chónaitheoir de chuid an Aontais, LEE nó Chónaidhm na hEilvéise.

Níl feidhm ag an Acht um eastát réadach a dhíol ach amháin nuair atá seirbhísí eastáit réadaigh á soláthar do thomhaltóirí. Níl feidhm ag an Acht um eastát réadach a dhíol maidir le léasú eastáit réadaigh (CPC 822).

Bearta:

DK: Lov om formidling af fast ejendom m.v. lov. Nr. 526 af 28.05.2014 (An tAcht um eastát réadach a dhíol).

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In SI: A mhéid a cheadaíonn an Nua-Shéalainn do náisiúnaigh agus d'fhiontair na Slóivéine seirbhísí gníomhaire eastáit réadaigh a sholáthar, tabharfaidh an tSlóivéin cead do náisiúnaigh agus d'fhiontair na Nua-Shéalainne seirbhísí gníomhaire eastáit réadaigh a sholáthar faoi na coinníollacha céanna, chomh maith leis na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh: teidlíocht chun gníomhú mar ghníomhaire eastáit réadaigh sa Nua-Shéalainn, an doiciméadacht ábhartha maidir le saoirse ó phionós i nósanna imeachta coiriúla a chur isteach, agus é a inscríobh ag an Aireacht inniúil sa tSlóivéin i gclárann gníomhairí eastáit réadaigh.

Bearta:

SI: Acht na nGníomhaireachtaí Réadmhaoine.

Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó

Earnáil – fo-earnáil: Seirbhísí gnó – seirbhísí fruilithe nó léasaithe gan oibreoirí; seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta; tástáil agus anailís theicniúil; seirbhísí gaolmhara saincomhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla; seirbhísí gaolmhara a bhaineann le talmhaíocht; seirbhísí slándála; seirbhísí socrúcháin; seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta agus seirbhísí eile gnó

Aicmiú tionscail: ISIC Rev. 37, cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, 831, cuid de 85990, 86602, 8675, 8676, 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209, 87901, 87902, 87909, 88, cuid de 893

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

- (a) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí (CPC 83103, CPC 831)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In SE: Chun bratach na Sualainne a chur ar foluain, ní mór cruthúnas ar thionchar oibriúcháin ceannasach na Sualainne i gcás leasanna úinéireachta eachtraí i longa. Ciallaíonn tionchar oibriúcháin ceannasach na Sualainne go bhfuil oibriú na loinge lonnaithe sa tSualainn agus go bhfuil níos mó ná leath de scaireanna na loinge freisin faoi úinéireacht na Sualainne nó faoi úinéireacht daoine i dtír eile de chuid LEE. Féadfar díolúine ón riail seo a dheonú do longa eachtracha eile faoi choinníollacha áirithe i gcás ina ligfear ar cíos nó ar léas iad do dhaoine dlíthiúla Sualannacha trí chonarthaí cairtfhostaithe loma (CPC 83103).

Bearta:

SE: Sjölagen (Dlí Muirí) (1994:1009), Caibidil 1, § 1.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreachtaí áitiúil:

In SE: Soláthróirí seirbhísí gluaisteán agus feithiclí eisbhóthair áirithe a fháil ar cíos nó ar léas (terrängmotorfordon) gan tiománaí, a fhaightear ar cíos nó ar léas ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin, tá sé d’oibleagáid orthu duine a cheapadh le bheith freagrach, i measc nithe eile, as a chinntiú go ndéantar an gnó i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme agus go gcomhlíontar na rialacha sábháilteachta tráchta ar bhóithre. Ní mór don duine atá freagrach a bheith ina chónaí in LEE (CPC 831).

Bearta:

SE: Lag om biluthyrning (Acht maidir le gluaisteán a fháil ar chíos agus a léasú) (1998: 492).

(b) Seirbhísí fruilithe nó léasaithe agus seirbhísí gnó eile a bhaineann le heitlíocht

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta - Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí - Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

An tAontas: Le haghaidh aerárthach a fháil ar cíos nó a léasú gan criú (léas tirim), tá aerárthaí atá in úsáid ag aeriompróir de chuid an Aontais faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le clárú aerárthaí. Beidh comhaontú léasa thirim a bhfuil iompróir de chuid an Aontais mar pháirtí ann faoi réir ceanglais i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta maidir le sábháilteacht eitlíochta, amhail formheas roimh ré agus coinníollacha eile is infheidhme maidir le húsáid a bhaint as aerárthaí cláraithe tríú tíortha. Chun bheith cláraithe, féadfar go mbeadh sé ina cheangal go mbeadh aerárthach faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir náisiúntachta sonracha nó ag fiontair a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húnéireacht caipitil agus rialú (CPC 83104).

Maidir le seirbhísí córas áirithinte ar ríomhairí (dá ngairtear ‘CAR’ anseo feasta), i gcás nach dtugann soláthraithe seirbhísí CAR atá ag oibriú lasmuigh den Aontas cóir d’aeriompróirí an Aontais atá coibhéiseach (i.e. neamh-idirdhealaitheach) leis an gcóir a thugann soláthraithe seirbhíse CAR de chuid an Aontais d’aeriompróirí tríú tír san Aontas, nó i gcás nach dtugann aeriompróirí nach aeriompróirí de chuid an Aontais iad cóir do sholáthraithe seirbhísí CAR an Aontais atá coibhéiseach leis an gcóir a thugann aeriompróirí san Aontas do sholáthraithe seirbhíse CAR tríú tír, féadfar bearta a ghlacadh le go dtabharfadh na soláthraithe seirbhísí CAR atá ag oibriú san Aontas cóir dhifreáilte choibhéiseach do na haeriompróirí nach aeriompróirí de chuid an Aontais iad, nó le go dtabharfadh aeriompróirí de chuid an Aontais cóir dhifreáilte choibhéiseach do na soláthraithe seirbhísí CAR nach soláthraithe seirbhíse CAR de chuid an Aontais iad faoi seach.

Bearta:

An tAontas: Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO AE L 293, 31.10.2008, lch. 3).

² Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le Cód Iompraíochta i dtaca le córais áirithinte ar ríomhairí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2299/89 ón gComhairle (IO AE L 35, 4.2.2009, lch. 47).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí –
Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta

In BE: Aerárthaí príobháideacha (sibhialta) ar le daoine nádúrtha nach náisiúnaigh de
Bhallstát ná de LEE iad, ní fhéadfar iad a chlárú ach amháin má tá cónaí nó sainchónaí orthu
sa Bheilg ar feadh bliana amháin ar a laghad gan bhriseadh. Aerárthaí príobháideacha
(sibhialta) ar le heintitis dhlíthiúla eachtracha iad nár bunaíodh i gcomhréir le dlí Bhallstát
LEE, ní fhéadfar iad a chlárú ach amháin má tá láithreán oibríochtaí, gníomhaireacht nó oifig
acu sa Bheilg ar feadh bliana amháin ar a laghad gan bhriseadh (CPC 83104).

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 15 mars 1954 réglementant la navigation aérienne (Foraithne Ríoga an
15 Márta 1954 lena rialaítear aerloingseoireacht).

- (c) Seirbhísí a bhaineann le comhairleacht bhainistíochta — seirbhísí comhréitigh agus eadrána
(CPC 86602)

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BG: Le haghaidh seirbhísí idirghabhála, tá buanchónaí nó cónaí fadtéarmach i bPoblacht na
Bulgáire ina cheangal ar shaoránaigh tíortha nach Ballstát LEE ná Cónaidhm na hEilvéise iad.

In HU: Tá fógra, le haghaidh glactha ar an gclár, le tabhairt chuig an aire atá i gceannas ar an gcóras dlíthiúil chun gníomhaíochtaí idirghabhála (amhail eadráin) a chur ar fáil.

Bearta:

BG: An tAcht um Idirghabháil, Airteagal 8.

HU: Acht LV de 2002 ar Idirghabháil.

(d) Seirbhísí tástála agus anailise teicniúla (CPC 8676)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In CY: Tá náisiúntacht Bhallstáit ina ceangal le haghaidh soláthair seirbhísí ag ceimiceoirí agus bitheolaithe.

In FR: Tá gairm an bhitheolaí forchoimeáda do dhaoine nádúrtha, agus tá náisiúntacht LEE ina cheangal.

Bearta:

CY: An Dlí maidir le Clárú Ceimiceoirí ó 1988 (Dlí 157/1988), arna leasú.

FR: Code de la santé publique.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Láithreacht áitiúil:

In BG: Tá bunú sa Bhulgáir de réir Acht Tráchtála na Bulgáire agus clárú sa Chlár Tráchtála
ina gceangal chun seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse a sholáthar.

Le haghaidh cigireacht thréimhsiúil ar chruthúnas ar riocht teicniúil feithiclí iompair bóthair,
ba cheart don duine a bheith cláraithe i gcomhréir le hAcht Tráchtála na Bulgáire nó leis an
Acht um Dhaoine Dlítheanacha Neamhbhrabúis, nó iad a bheith cláraithe i mBallstát LEE
eile.

Ní fhéadfaidh ach Aireacht Comhshaoil agus Uisce na Bulgáire, nó a gníomhaireachtaí, tástáil
agus anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus íonacht an aeir agus an uisce.

Bearta:

BG: An tAcht um Cheanglais Teicniúla i dtreo Táirgí;

An tAcht Tomhais;

An tAcht um Aer Comhthimpeallach Glan; agus

Airteagal 148, mír 2, an tAcht um Thrácht ar Bhóithre;

An tAcht Uisce; agus

Ordánas N-32 um chigireacht thréimhsiúil ar chruthúnas ar riocht teicniúil fheithiclí iompair bóthair.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In IT: Le haghaidh bitheolaithe, anailíseoirí ceimiceacha, agramamaithe agus ‘periti agrari’, tá cónaí agus clárú sa chláir gairmiúil ina cheangal. Féadfaidh náisiúnaigh tríú tíre clárú faoi choinníoll na cómhálartachta.

Bearta:

IT: Bitheolaithe, anailíseoirí ceimiceacha: Dlí 396/1967 ar ghairm na mbitheolaithe; agus Forairthne Ríoga 842/1928 maidir le gairm na n-anailíseoirí ceimiceacha.

(e) Seirbhísí gaolmhara comhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla (CPC 8675)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In IT: Teastaíonn cónaitheacht nó sainchónaí gairmiúil san Iodáil chun clárú i gclár na ngeolaithe, rud atá riachtanach chun gairmeacha an tsuirbhéara nó an gheolaí a chleachtadh le seirbhísí a sholáthar a bhaineann le taiscéalaíocht agus oibriú mianach, etc. Tá gá le náisiúntacht Ballstáit, ach féadfaidh eachtrannaigh clárú ar choinníoll cómhalartachta.

Bearta:

IT: Geolaithe: Dlí 112/1963, Airteagail 2 agus 5; D.P.R. 1403/1965, Airteagal 1.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG: Tá náisiúntacht agus cónaí i mBallstát LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise ina gceanglas do dhaoine nádúrtha chun feidhmeanna a bhaineann le geodasaíocht, cartagrafaíocht agus suirbhéireacht chadastrach a chur ar fáil. Tá clárú trádála faoi reachtaíocht Bhallstát LEE nó reachtaíocht Chónaidhm na hEilvéise ina cheanglas d'eintitis dhlítheanacha.

Bearta:

BG: Airteagail 16-17, an tAcht um Chlár Cadastar agus Réadmhaoine; agus Airteagal 24, Mír 1, an tAcht Geodasaíochta agus Cartagrafaíochta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In CY: Tá feidhm ag ceanglas náisiúntachta maidir le seirbhísí ábhartha a sholáthar.

Bearta:

CY: Dlí 224/1990 arna leasú.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In FR: Le haghaidh suirbhéireachta, rochtain "société d'exercice liberal" (SEL) (anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions“, "société civile professionnelle" (SCP), "société anonyme" (SA) agus "société à responsabilité limitée" (SARL)(sociétés anonymes, à responsabilité limitée) amháin. Le haghaidh seirbhísí taiscéalaíochta agus sirtheoireachta tá gnóthas ina cheangal. Féadfar an ceanglas sin a tharscaoileadh i gcás taighdeoirí eolaíochta, trí chinneadh ón Aire taighde eolaíochta, i gcomhaontú leis an Aire Gnóthaí Eachtracha.

Bearta:

FR: Loi 46-942 du 7 mai 1946 agus décret n°71-360 du 6 mai 1971.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In HR: Ní fhéadfar seirbhísí bunúsacha um chomhairleoireacht gheolaíoch, gheodaiteach agus mianadóireachta chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta gaolmhara a bhaineann le cosaint an chomhshaoil i gcríoch na Cróite a dhéanamh ach trí mheán daoine dlíthiúla intíre nó i gcomhpháirt leo.

Bearta:

HR: Rialú maidir leis na ceanglais chun formheasanna a eisiúint do dhaoine dlíthiúla chun gníomhaíochtaí gairmiúla i ndáil le cosaint an chomhshaoil a dhéanamh (OG Uimh.57/10),
Airteagail 32-35.

(f) Seirbhísí a bhaineann leis an talmhaíocht (cuid de CPC 88)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In IT: Le haghaidh bitheolaithe, anailíseoirí ceimiceacha, agranamaithe agus ‘periti agrari’, tá cónaí agus clárú sa chláir gairmiúil ina cheangal. Féadfaidh náisiúnaigh tríú tíortha clárú faoi choinníoll na cómhalartachta.

Bearta:

IT: Bitheolaithe, anailíseoirí ceimiceacha: Dlí 396/1967 ar ghairm na mbitheolaithe; agus Forraithne Ríoga 842/1928 maidir le gairm na n-anailíseoirí ceimiceacha.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúin barrfhabhair:

In PT: Tá na gairmeacha bitheolaí, anailíseoir ceimiceach agus agranamaí forchoimeádta do dhaoine nádúrtha. Tá córas cómhalartachta i bhfeidhm le haghaidh náisiúnaigh tríú tír i gcás innealtóirí agus innealtóirí teicniúla (agus níl ceanglas saoránachta i bhfeidhm). Níl ceanglas saoránachta ná ceanglas cómhalartachta ann do bhitheolaithe.

Bearta:

PT: Dlí Forraithne 119/92 alterado p/ Lei 123/2015, 2 set. (Ordem dos Engenheiros);

Dlí Forraithne 47/2011 alterado p/ Lei 157/2015, 17 set. (Ordem dos Engenheiros Técnicos); agus

Dlí Forraithne 183/98 alterado p/ Lei 159/2015, 18 set. (Ordem dos Biólogos).

(g) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In IT: Tá náisiúntacht Bhallstáit agus cónaitheacht ina ceangal chun an t-údarú a fháil atá
riachtanach chun seirbhísí gharda slándála a sholáthar chomh maith le hiompar nithe
luachmhara.

In PT: Níl soláthar seirbhísí slándála ag soláthraí eachtrach ar bhonn Trasteorann ceadaithe.

Tá ceanglas náisiúntachta i gceist do phearsanra speisialaithe.

Bearta:

IT: An dlí maidir leis an tslándáil phoiblí (TULPS) 773/1931, Airteagail 133-141; Forairthne
Ríoga 635/1940, Airteagal 257.

PT: Dlí 34/2013 alterada p/ Lei 46/2019, 16 maio; agus Ordanás 273/2013 alterada p/ Portaria
106/2015, 13 abril.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DK: Tá ceanglas cónaithe ann le haghaidh daoine aonair a dhéanann iarratas ar údarú chun seirbhísí slándála a sholáthar. Tá cónaí ina cheangal ar bhainisteoirí agus ar thromlach na gcomhaltaí ar bhord an eintitis dhlítheanaigh a chuireann isteach ar údarú chun seirbhísí slándála a sheoladh. Níl cónaí ina cheangal, áfach, ar lucht bainistíochta ná ar bhoird stiúrthóirí a mhéid a leanann sé as comhaontuithe nó orduithe idirnáisiúnta arna n-eisiúint ag an Aire Dlí agus Cirt.

Bearta:

DK: Lovbekendtgørelse 2016-01-11 nr. 112 om vagtvirksomhed.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In EE: Tá cónaí ina cheangal do ghardaí slándála.

Bearta:

EE: Turvaseadus (An tAcht um Shlándáil) § 21, § 22.

(h) Seirbhísí Socrúcháin (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí - Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta (feidhm aige ar leibhéal réigiúnach rialtais):

In BE: I Réigiún uile na Beilge, ní mór do chuideachta a bhfuil a cheannoifig lasmuigh de LEE a léiriú go soláthraíonn sé seirbhísí socrúcháin ina thír thionscnaimh. I Réigiún na Vallúine, ceanglaítear ar chineál sonrath eintitis dhlítheanaigh (régulièrement constituée sous la forme d'une personne morale ayant une forme commerciale, soit au sens du droit belge, soit en vertu du droit d'un Etat membre ou régie par celui-ci, quelle que soit sa forme juridique) seirbhísí socrúcháin a sholáthar. Ní mór do chuideachta a bhfuil a cheannoifig lasmuigh de LEE a léiriú go gcomhlíonann sé na coinníollacha atá leagtha amach san Fhoráithne (mar shampla maidir leis an gcineál eintitis dhlítheanach). I bPobal na Gearmáinise, ní mór do chuideachta a bhfuil a cheannoifig lasmuigh den EEA na critéir iontrála arna mbunú le Foráithne thuasluaite (CPC 87202) a chomhlíonadh.

Bearta:

BE: Réigiún Fhlóndras: Airteagal 8, § 3, Besluit van de Vlaamse Regering van 10 december 2010 tot uitvoering van het decreet betreffende de private arbeidsbemiddeling.

Réigiún na Vallúine: Décret du 3 avril 2009 relatif à l'enregistrement ou à l'agrément des agences de placement (Foraithne ón 3 Aibreán 2009 ar chláru ghníomhaireachtaí socrúcháin), Airteagal 7; agus Arrêté du Gouvernement wallon du 10 décembre 2009 portant exécution du décret du 3 avril 2009 relatif à l'enregistrement ou à l'agrément des agences de placement (Cinneadh ó Rialtas na Vallúine an 10 Nollaig 2009 lena gcuirtear Foraithne an 3 Aibreán 2009 ar chláru ghníomhaireachtaí socrúcháin chun feidhme), Airteagal 4.

Pobal labhartha na Gearmáinise: Dekret über die Zulassung der Leiharbeitsvermittler und die Überwachung der privaten Arbeitsvermittler / Décret du 11 mai 2009 relatif à l'agrément des agences de travail intérimaire et à la surveillance des agences de placement privées, Airteagal 6.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In DE: Tá náisiúntacht Bhallstát LEE nó láithreacht tráchtála san Aontas ina ceangal chun ceadúnas a fháil chun oibriú mar ghníomhaireacht fostaíochta sealadaí (de bhun Alt 3 go mír 5 den Acht seo maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (Arbeitnehmerüberlassungsgesetz). Féadfaidh an Aireacht Chónaidhme Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialachán a eisiúint maidir le pearsanra nach náisiúnaigh de LEE iad a lonnú agus a earcú do ghairmeacha sonraithe amhail gairmeacha a bhaineann le sláinte agus cúram. Diúltófar an ceadúnas nó síneadh an cheadúnais más rud é go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh bunaíochtaí, codanna de bhunaíochtaí nó bunaíochtaí coimhdeacha nach bhfuil lonnaithe in LEE an fhostaíocht shealadach a fhorghníomhú de bhun Alt 3 mír 2 den Acht maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (Arbeitnehmerüberlassungsgesetz).

In ES: Ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí socrúcháin ráiteas faoi mhionn a chur isteach a dheimhníonn gur comhlíonadh na ceanglais atá luaite sa reachtaíocht reatha (CPC 87201, 87202) roimh thús na gníomhaíochta.

Bearta:

DE: Gesetz zur Regelung der Arbeitnehmerüberlassung (AÜG);

Sozialgesetzbuch Drittes Buch (SGB III; Cód Sóisialta, Leabhar a Trí) - Cur Chun Cinn na Fostaíochta; agus

Verordnung über die Beschäftigung von Ausländerinnen und Ausländern (BeschV; Ordánas ar Fhostaíocht Eachtrannach).

ES: Real Decreto-ley 8/2014, de 4 de julio, de aprobación de medidas urgentes para el crecimiento, la competitividad y la eficiencia (tramitado como Ley 18/2014, de 15 de octubre).

(i) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In BG: Ceanglaítear ar dhaoine nádúrtha eachtracha cead cónaithe fadtéarmach, faidréiseach nó buan a bheith acu i bPoblacht na Bulgáire chun gníomhaíochtaí oifigiúla aistriúcháin a dhéanamh.

Bearta:

BG: Rialachán um dhlísteánú, dheimhniú agus aistriú doiciméad; agus

Ordú ón Aire Gnóthaí Eachtracha maidir le córas sealadach deimhniúcháin a bhunú faoi Airteagal 21 (a), mír 2 den Rialachán thuasluaite.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In HU: Ní fhéadfar aistriúcháin oifigiúla, deimhnithe oifigiúla ar aistriúcháin, agus cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid oifigiúla i dteangacha eachtracha a sholáthar ach ag Oifig Aistriúcháin agus Deimhniúcháin na hUngáire (OFFI).

In PL: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha a bheith ina n-aistritheoirí faoi bhrí mionna.

Bearta:

HU: Forairhne Chomhairle na nAirí Uimh. 24/1986 ar Aistriúchán agus ateangaireacht oifigiúil.

PL: Acht an 25 Samhain 2004 ar ghairm an aistritheora nó an ateangaire faoi bhrí mionna (Iris Dlíthe ó 2019 mír 1326).

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Tá cónaitheacht in LEE ina ceangal d'aistritheoirí deimhnithe.

Bearta:

FI: Laki auktorisoiduista kääntäjistä (Acht maidir le hAistritheoirí Údaraithe) (1231/2007), s. 2(1)).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In CY: Chun aistriúcháin oifigiúla agus aistriúcháin dheimhnithe a chur ar fáil ag aistritheoirí faoi bhrí mionna, is gá clárú agus iontráil i gClár na nAistritheoirí faoi bhrí Mionna ach cead a fháil ón gComhairle um Chlárú Aistritheoirí faoi bhrí Mionna. Tá feidhm ag ceanglais náisiúntachta agus chónaitheachta.

In HR: Tá náisiúntacht de chuid an LEE ina cheangal d'aistritheoirí deimhnithe.

Bearta:

CY: Clárú agus Rialachán an Dlí um Sheirbhísí Aistritheoirí faoi bhí Mionna 2019 (45(I)/2019) arna leasú.

HR: Ordánas ar ateangairí cúirte buana (OG 88/2008), Airteagal 2.

- (j) Seirbhísí gnó eile (cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, 87901, 87902, 88493, quid de 893, cuid de 85990, 87909, ISIC 37)

Región de Murcia: Decreto n.º 37/2011, de 8 de abril, por el que se modifican diversos decretos en materia de turismo para su adaptación a la ley 11/1997, de 12 de diciembre, de turismo de la Región de Murcia tras su modificación por la ley 12/2009, de 11 de diciembre, por la que se modifican diversas leyes para su adaptación a la directiva 2006/123/CE, del Parlamento Europeo y del Consejo de 12 de diciembre de 2006, relativa a los servicios en el mercado interior.

HR: An tAcht um Thionscal Fáilteachais agus Lónadóireachta (OG 85/15, 121/16, 99/18, 25/19, 98/19, 32/20 agus 42/20); agus an tAcht um Sholáthar Seirbhísí Turasóireachta (OG Uimh. 130/17, 25/19, 98/19 agus 42/20).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí –
Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In HU: Tá soláthar seirbhísí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turais, agus seirbhísí treoraithe turais ar bhonn trasteorann faoi réir ceadúnais arna eisiúint ag Oifig Ceadúnaithe Trádála na hUngáire. Tá ceadúnais forchoimeáda do náisiúnaigh LEE agus do dhaoine dlíthiúla a bhfuil suíochán acu i mBallstáit de chuid LEE (CPC 7471, 7472).

In IT (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): is gá do threoraithe turais ó thíortha nach tíortha den Aontas iad ceadúnas sonracha a fháil ón réigiún chun gníomhú mar threoraí turais gairmiúil. Féadfaidh treoraithe turais as Ballstáit a bheith ag obair go neamhshrianta gan an ceadúnas sin a bheith ina cheanglas orthu. Deonaítear ceadúnas do threoraithe turais a léiríonn inniúlacht agus eolas sásúil (CPC 7472).

Bearta:

HU: Acht CLXIV de 2005 ar Thrádáil, Forairhne Rialtais Uimh. 213/1996 (XII.23.) ar Ghníomhaíochtaí Eagraíochtaí agus Ghníomhaireachtaí Taistil.

IT: Dlí 135/2001 Airteagail 7.5 agus 6; agus Dlí 40/2007 (DL 7/2007).

Forchoimeádas Uimh. 15 – Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Earnáil – fo-earnáil: Seirbhísí áineasa; seirbhísí gníomhaireachta nuachta, seirbhísí spóirt eile

Aicmiú tionscail: CPC 962, cuid de 96419

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

(a) Gníomhaireachtaí nuachta agus preasa (CPC 962)

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In CY: Ní dheonaítear bunú agus oibriú gníomhaireachtaí preasa nó foghníomhaireachtaí i bPoblacht na Cipire ach do shaoránaigh Phoblacht na Cipire nó do shaoránaigh an Aontais nó d'eintitis dhlíthiúla arna rialú ag saoránaigh Phoblacht na Cipire nó ag saoránaigh an Aontais.

Bearta:

CY: An Dlí Preasa (Uimh. 145/89) arna leasú.

(b) Seirbhísí eile spóirt (CPC 96419)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá oibriú scoileanna sciála agus seirbhísí treoraí sléibhe rialaithe ag dlíthe an 'Bundesländer'. D'fhéadfadh sé go mbeadh náisiúntacht Bhallstáit de LEE ina ceangal chun na seirbhísí sin a sholáthar. D'fhéadfadh go mbeadh ceangal ar fhiontair stiúrthóir bainistíochta a cheapadh ar náisiúnach é de chuid Ballstát de LEE.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí –
Cóir náisiúnta:

In CY: Ceanglas náisiúntachta maidir le scoil rince a bhunú agus riachtanas náisiúntachta do
theagascóirí fisiceacha.

Bearta:

AT: Kärntner Schischulgesetz, LGBl. Nr. 53/97;

Kärntner Berg- und Schiführergesetz, LGBl. Nr. 25/98;

NÖ- Sportgesetz, LGBl. Nr. 5710;

OÖ- Sportgesetz, LGBl. Nr. 93/1997;

Salzburger Schischul- und Snowboardschulgesetz, LGBl. Nr. 83/89;

Salzburger Bergführergesetz, LGBl. Nr. 76/81;

Steiermärkisches Schischulgesetz, LGBl. Nr. 58/97;

Steiermärkisches Berg- und Schiführergesetz, LGBl. Nr. 53/76;

Tiroler Schischulgesetz. LGBl. Nr. 15/95;

Tiroler Bergsportführergesetz, LGBl. Nr. 7/98;

Vorarlberger Schischulgesetz, LGBl. Nr. 55/02 §4 (2)a;

Vorarlberger Bergführergesetz, LGBl. Nr. 54/02; agus

Wien: Gesetz über die Unterweisung in Wintersportarten, LGBl. Nr. 37/02.

CY: Dlí 65(I)/1997 arna leasú;

Dlí 17(I)/1995 arna leasú; agus

Rialacháin Scoileanna Príobháideacha Gleacaíochta 1995/2012, arna leasú.

Forchoimeádas Uimh. 16 - Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar

Earnáil – fo-earnáil: Seirbhísí iompair – iascaireacht agus iompar ar uisce – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long; iompar ar uisce agus seirbhísí cúnta d’iompar ar uisce; iompar d’iarnród agus seirbhísí cúnta d’iompar d’iarnród; iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta d’iompar de bhóthar; seirbhísí cúnta a ghabhann le seirbhísí aeriompair; seirbhísí iompair chomhcheangailte a sholáthar

Aicmiú tionscail: ISIC Rev. 3.1 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 711, 712, 721, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749, 7461, 7469, 83103, 86751, 86754, 8730, 882

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

An t-iompar muirí agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar muirí. Aon ghníomhaíocht tráchtála a dhéantar ó long (ISIC Rev. 3.1 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 721, Cuid de 742, 745, 74540, 74520, 74590, 882)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

San Aontas: I gcás seirbhísí calafoirt, féadfaidh comhlacht bainistíochta calafoirt, nó an t-údarás inniúil, líon na soláthróirí seirbhísí calafoirt a theorannú i gcás seirbhísí calafoirt ar leith.

Bearta:

An tAontas: Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

¹ Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhechoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (IO AE L 57, 3.3.2017, lch. 1).

In BG: An t-iompar agus aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le hinnealtóireacht hidrálach agus oibreacha teicniúla faoi uisce, le sirtheoireacht agus eastóscadh acmhainní mianra agus acmhainní neamhorgánacha eile, le píolótacht, le buncaráil, nó le dramhaíl, meascáin d'uisce agus ola, agus ábhair eile den chineál sin a fháil, ní fhéadfaidh aon soitheach an t-iompar ná na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh in uisce íntíre agus i bhfarraige theorann na Bulgáire cé is moite do shoithí a bhfuil bratach na Bulgáire ar foluain acu nó soitheá a bhfuil bratach de chuid Ballstáit eile ar foluain acu.

D'fhéadfadh sé go mbeadh teorainn le líon na soláthraithe seirbhíse sna poirt ag brath ar acmhainn oibiachtúil an phoirt, rud a chinneann coimisiún saineolaithe arna bhunú ag an Aire Iompair, Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide.

Ceanglas náisiúntachta do sheirbhísí tacaíochta. Ceanglaítear ar mháistir agus príomhinnealtóir an tsoithigh a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise (ISIC Rev. 3.1 0501, 0502, CPC 5133, 5223, 721, 74520, 74540, 74590, 882).

Bearta:

BG: Cód Loingseoireachta Ceannaíochta;

Dlí maidir le hUisce Farraige, Uiscebhealaí Intíre agus Calafóirt Phoblacht na Bulgáire;

Reacht maidir leis an gcoinníoll agus leis an ord chun iompróirí Bulgáracha a roghnú chun paisinéirí agus lastaí a iompar faoi chonarthaí idirnáisiúnta; agus

Reacht 3 chun soitheá gan foireann a sheirbhísiú.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In BG: Maidir le seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar poiblí a chuirtear ar fáil i bpoirt de chuid na Bulgáire a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, is trí chonradh lamháltais a dheonaítear an ceart chun gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh. I bpoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach leo, is trí chonradh le húinéir an phoirt a dheonaítear an ceart sin (CPC 74520, 74540, 74590).

Bearta:

BG: Cód Loingseoireachta Ceannaíochta; agus

Dlí maidir le hUisce Farráige, Uiscebhealaí Intíre agus Calafóirt Phoblacht na Bulgáire.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DK: Ní fhéadfaidh soláthraithe píolótaíochta seirbhís píolótaíochta a dhéanamh sa Danmhairg ach amháin má tá sainchónaí orthu in LEE agus má tá siad cláraithe agus formheasta ag Údaráis na Danmhairge i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Píolótú (CPC 74520).

Bearta:

DK: Acht na Danmhairge um Píolótú, §18.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta - Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí - Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In DE (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Soitheach nach de chuid náisiúnaigh de Bhallstát é, ní fhéadfar é a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí nach seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair iad in uiscebhealaí feidearálacha na Gearmáine go dtí go dtabharfar údarú sonrach dó. Ní fhéadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí nach soithí de chuid an Aontais Eorpaigh iad ach i gcás nach mbeidh aon soitheach de chuid an Aontais ar fáil nó ina mbeidh siad ar fáil faoi choinníollacha thar a bheith neamhfhabhrach, nó ar bhonn na cómhalartachta. Féadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí a bhfuil bratach na Nua-Shéalainne ar foluain acu ar bhonn cómhalartach (§ 2 mír 3 de Verordnung über die Küstenschifffahrt, KüSchV). Rialáiltear gach gníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme dhlí na bpíolótaí, agus tá an creidiúnú srianta do náisiúnaigh de LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise. Tá soláthar agus oibriú saoráidí le haghaidh píolótaíochta teoranta d'údarais phoiblí nó do chuideachtaí atá ainmnithe ag na húdarais phoiblí.

I gcás soithí farraige a ligean ar cíos nó a léasú maille le hoibreoirí nó gan iad, agus i gcás soithí nach soithí farraige iad a ligean ar cíos nó a léasú gan oibreoirí, féadfar srian a chur le tabhairt i gcrích conarthaí le haghaidh iompar lasta ag longa a bhfuil bratach eachtrannach ar foluain acu nó srian a chur le cairtfhostú na soithí sin, ag brath ar longa a bhfuil bratach na Gearmáine nó bratach de chuid Ballstáit eile ar foluain acu a bheith ar fáil.

Idirbhirt idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí laistigh den limistéar eacnamaíoch (iompar uisce, seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar uisce, longa a ligean ar cíos, seirbhísí léasaithe long gan oibreoirí (CPC 721, 745, 83103, 86751, 86754, 8730)), nuair a bhaineann idirbhirt den sórt sin leis an méid seo a leanas:

- (i) soithí iompair uiscebhealaí intíre, nach bhfuil cláraithe sa limistéar eacnamaíoch, a ligean ar cíos;
- (ii) iompar lasta le soithí iompair ar uiscebhealaí intíre den sórt sin; nó
- (iii) seirbhísí tarraingthe ag na soithí iompair uiscebhealaí intíre sin.

Bearta:

DE: Gesetz über das Flaggenrecht der Seeschiffe und die Flaggenführung der Binnenschiffe (Flaggenrechtsgesetz; an tAcht um Chosaint na Brataí);

Verordnung über die Küstenschifffahrt (KüSchV);

Gesetz ó Aufgaben des Bundes auf dem Gebiet der Binnenschifffahrt (Binnenschifffahrtsaufgabengesetz — BinSchAufgG);

Verordnung über Befähigungszeugnisse i der Binnenschifffahrt (Binnenschifferpatentverordnung – BinSchPatentV);

Gesetz über das Seelotswesen (Seelotsgesetz – SeeLG);

Gesetz über die Aufgaben des Bundes auf dem Gebiet der Seeschifffahrt (Seeaufgabengesetz - SeeAufgG); agus

Verordnung zur Eigensicherung von Seeschiffen zur Abwehr äußerer Gefahren (See-Eigensicherungsverordnung – SeeEigensichV).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In FI: Seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair a chuirtear ar fáil in uiscí mara na Fionlainne, forchoimeádtar iad d'fhléanna a oibríonn faoin mbratach náisiúnta, faoi bhratach an Aontais nó faoi bhratach na hIorua (CPC 745).

Bearta:

FI: Merilaki (an tAcht Muiri) (674/1994); agus

Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht um an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), s. 4.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In EL: Monaplacht phoiblí maidir le seirbhísí láimhseála lasta a bheith forchurtha i limistéir phoirt (CPC 741).

In IT: Cuirtear tástáil ar riachtanais eacnamaíochta i bhfeidhm maidir le seirbhísí láimhseála lasta ar muir. Príomhchritéir: líon na bunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar atá orthu; dlús daonra; raon geografach agus cruthú fostaíochta nua (CPC 741).

Bearta:

EL: Cód an Dlí Mhuirí Phoiblí (Foraithne Reachtach 187/1973).

IT: Cód Loingis;

Dlí 84/1994;

Foraithne Aire 585/1995.; agus

An t-iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar d'iarnród (CPC 711, 743).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh de Bhallstát seirbhísí iompair d'iarnród nó seirbhísí tacaíochta a ghabhann le hiompar d'iarnród a sholáthar sa Bhulgáir. Déanann an tAire Iompair ceadúnas chun paisinéirí nó lasta a iompar d'iarnród a eisiúint chuig oibreoirí iarnróid atá cláraithe mar thrádálaithe (CPC 711, 743).

Bearta:

BG: An Dlí um an Iompar Iarnróid, Airteagail. 37 agus 48.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In LT: Na cearta eisiacha um sholáthar seirbhísí iompair, deonaítear iad do ghnóthais iarnróid atá faoi úinéireacht an stáit, nó a bhfuil 100 % dá stoc faoi úinéireacht an stáit (CPC 711); agus

Bearta:

LT: Cód Iompair Iarnróid Phoblacht na Liotuáine an 22 Aibreán 2004 Uimh. IX-2152 arna leasú faoin 8 Meitheamh 2006 Uimh. X-653; agus

Iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnata a ghabhann le hiompar de bhóthar (CPC 712, 7121, 7122, 71222, 7123).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In AT: (i ndáil le Cóir an náisiúin barrfhabhair): I gcás iompair paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe a dheonú ach amháin do náisiúnaigh Pháirtithe Conarthacha LEE agus do dhaoine dlíthiúla den Aontas a bhfuil a gceanncheathrú san Ostair. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, faoi choinníoll na cómhalartachta (CPC 712).

Bearta:

AT: Güterbeförderungsgesetz (Acht um Iompar Earraí), BGBl. Uimh. 593/1995; § 5;

Güterbeförderungsgesetz (Acht um Thrácht Ócáideach), BGBl., Uimh. 112/1996; § 6; agus

Kraftfahrliniengesetz (an Dlí maidir le hIompar Sceidealta), BGBl. I Nr.. 203/1999 arna leasú, §§ 7 agus 8.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In EL: Maidir le hoibreoírí seirbhísí um iompar lasta de bhóthar: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair lasta de bhóthar tá gá le ceadúnas Heilléanach. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, faoi choinníoll na cómhalartachta (CPC 7123).

Bearta:

EL: Ceadúnú oibreoirí iompair lasta de bhóthar: Dlí na Gréige 3887/2010 (Iris Rialtais A' 174), arna leasú le hAirteagal 5 de dhlí 4038/2012 (Iris Rialtais A' 14).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In IE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na bunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar atá orthu; dlús daonra; raon geografach; tionchar ar dhálaí tráchta agus fostaíocht nua a chruthú (CPC 7121, CPC 7122).

In MT: Tacsaithe: Tá feidhm ag srianta uimhriúla ar líon na gceadúnas.

Karrozzini (cóistí capaill): Tá feidhm ag srianta uimhriúla ar líon na gceadúnas (CPC 712).

In PT: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha maidir le seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na bunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar atá orthu; dlús daonra; raon geografach; tionchar ar dhálaí tráchta agus fostaíocht nua a chruthú (CPC 71222).

Bearta:

IE: An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009.

MT: Rialacháin maidir le Seirbhísí Tacsáí (SL499.59).

PT: Dlí Foraithe 41/80, an 21 Lúnasa.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Is gá corprú sa tSeicia (gan bhrainsí).

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 111/1994 Coll. ar Iompar Iarnróid.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar tá gá le ceadúnas Sualannach. Áirítear leis na critéir chun ceadúnas tacsáí a fháil go mbeadh duine nádúrtha ceaptha ag an gcuideachta chun gníomhú mar bhainisteoir iompair (ceanglas cónaitheachta de facto – féach ar fhorchoimeádas na Sualainne faoi na cineálacha bunaíochta).

Ceanglaítear de réir na gcritéir chun ceadúnas a fháil le haghaidh oibreoirí iompair bóthair eile go mbeadh cuideachta bunaithe san Aontas, go mbeadh bunaíocht acu atá suite sa tSualainn agus go mbeadh duine nádúrtha ceaptha acu le gníomhú mar an mbainisteoir iompair, nach mór go mbeadh cónaí orthu san Aontas.

Bearta:

SE: Yrkestrafiklag (2012:210) (An tAcht um thrácht gairmiúil);

Yrkestrafikförordning (2012:237) (Rialachán Rialtais um thrácht gairmiúil);

Taxitrafiklag (2012:211) (An tAcht um Thacsaithe); agus

Yrkestrafikförordning (2012:238) (Rialachán Rialtais um thacsaithe).

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SK: Teastaíonn corprú nó cónaí i mBallstát chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar.

Bearta:

SK: Acht 56/2012 Coll. um Iompar de bhóthar, agus

Seirbhísí cúnta a ghabhann le seirbhísí aeriompair.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In PL: Le haghaidh seirbhísí stórála d'earraí reoite nó cuisnithe agus seirbhísí bulestórála do leachtanna nó gháis in aerfoirt, beidh an fhéidearthacht catagóirí áirithe seirbhíse a sholáthar ag brath ar mhéid an aerfoirt. Féadfar líon na soláthraithe i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do dhá sholáthraí ar a lú ar chúiseanna eile.

Bearta:

PL: Dlí Eitlíochta na Polainne an 3 Iúil 2002, Airteagail 174.2 agus 174.3.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta - Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí - Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

San Aontas: Maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh, d'fhéadfaí go mbeadh an ceangal ann go gcaithfí a bheith bunaithe laistigh de chríoch an Aontais. Leibhéal oscailteachta na seirbhísí láimhseála ar an talamh, braitheann sé ar mhéid an aerfoirt. Féadfar teorainn a chur le líon na soláthraithe i ngach aerfort. Le haghaidh 'aerfoirt mhóra', ní fhéadfaidh an teorainn sin a bheith níos lú ná dhá sholáthróir. Tá gá le cómhalartacht.

Bearta:

An tAontas: Treoir 96/67/CE ón gComhairle¹.

In BE (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Le haghaidh sheirbhísí láimhseála ar an talamh tá cómhalartacht ina ceangal.

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 6 novembre 2010 réglementant l'accès au marché de l'assistance en escale à l'aéroport de Bruxelles-National (Airteagal 18);

¹ Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar an margadh láimhsithe ar talamh ag aerfoirt Chomhphobail (IO AE L 272, 25.10.1996, lch. 36).

Besluit van de Vlaamse Regering betreffende de toegang tot de grondafhandelingsmarkt op de Vlaamse regionale luchthavens (Airteagal 14);

Arrêté du Gouvernement wallon réglementant l'accès au marché de l'assistance en escale aux aéroports relevant de la Région wallonne (Airteagal 14); agus

Seirbhísí tacaíochta do gach modh iompair (cuid de CPC 748).

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

An tAontas (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Ní fhéadfaidh ach daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas nó daoine dlíthiúla atá bunaithe san Aontas seirbhísí imréitigh custaim a sholáthar.

Bearta:

An tAontas: Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹; agus

Seirbhísí iompair chomhcheangailte a sholáthar (CPC 711, 712, 7212, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1).

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

An tAontas (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Cé is moite de FI: Ní fhéadfaidh ach oibreoirí iompair atá bunaithe i mBallstát a chomhlíonann na coinníollacha um rochtain ar an ngairm agus um rochtain ar an margadh le haghaidh iompair earraí idir Ballstáit, i gcomhthéacs oibríocht iompair traschórais idir Ballstáit, codanna iompair bhóthair tosaigh nó deireanacha a dhéanamh atá ina ndlúthchuid den oibríocht iompair traschórais agus a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh go gcuimseodh siad trasnú teorann. Tá feidhm ag srianta a bhfuil éifeacht acu ar aon mhodh iompair ar leith.

Is féidir bearta riachtanacha a ghlacadh lena áirithiú go ndéantar na cánacha mótarfheithicle is infheidhme d'fheithiclí bóthair arna seoladh in iompar traschórais a laghdú nó a aisíoc.

Bearta:

An tAontas: Treoir 92/106/CEE ón gComhairle¹.

¹ Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO AE L 368, 17.12.1992, lch. 38).

Forchoimeádas Uimh. 17 - Mianadóireacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh

Earnáil – fo-earnáil:	Mianadóireacht agus cairéalú - ábhair táirgthe fuinnimh; mianadóireacht agus cairéalú - mianta miotail agus mianadóireacht eile; Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh - Leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí pháblínte; agus seirbhísí a ghabhann le dáileadh fuinnimh
Aicmiú tionscail:	ISIC Rev. 3.1 10, 11, 12, 13, 14, 40, CPC 5115, 63297, 713, cuid de 742, 8675, 883, 887
Oibleagáidí lena mbaineann:	Rochtain ar an margadh Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht
Leibhéal rialtais:	An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

- a) An mhianadóireacht agus an cairéalú (ISIC Rev. 3.1 10, 11, 12, Mianadóireacht ábhar táirgthe fuinnimh; 13, 14: Mianadóireacht mianta miotail agus mianadóireacht eile; CPC 5115, 7131, 8675, 883)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In NL: San Ísiltír, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón, is nithe iad a dhéanann cuideachta phríobháideach i gcomhpháirt leis an gcuideachta phoiblí (theoranta) arna ainmniú ag an Aire Gnóthaí Eacnamaíochta i gcónaí. Sonraítear in Airteagail 81 agus 82 den Acht Mianadóireachta gur gá gach scair i gcuideachta shainithe a bheith faoi sheilbh dhíreach nó indíreach Stát na hÍsiltíre (ISIC Rev. 3.1 10, 3.1 11, 3.1 12, 3.1 13, 3.1 14).

In BE: Tá taiscéalaíocht acmhainní mianra agus acmhainní neamhbheo eile in uiscí críche agus ar an scairbh ilchríochach agus saothrú na n-acmhainní sin faoi réir lamháltais. Is gá don lamhaltóir seoladh le haghaidh seirbhíse a bheith aige sa Bheilg (ISIC Rev. 3.1:14).

In IT (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais a mhéid a bhaineann le taiscéalaíocht): Tá mianaigh ar leis an Stát iad faoi réir rialacha sonracha maidir le taiscéalaíocht agus mianadóireacht . Sula ndéantar aon ghníomhaíocht taiscéalaíochta, tá gá le cead um thaiscéalaíocht (permesso di ricerca, Airteagal 4 Forairhne Ríoga 1447/1927). Tá tréimhse i gceist leis an gcead sin agus sainítear go díreach teorainneacha an talaimh atá á thaiscéaladh. Féadfar níos mó ná cead taiscéalaíochta amháin a dheonú don limistéar céanna do dhaoine nó do chuideachtaí éagsúla (ní gá gur ceadúnas eisiach é seo). Chun mianraí a shaothrú, tá gá le húdarú (concessione, Airteagal 14) ón údarás réigiúnach (ISIC Rev. 3.1 10, 3.1 11, 3.1 12, 3.1 13, 3.1 14, CPC 8675, 883).

Bearta

BE: Arrêté Royal du 1er septembre 2004 relatif aux conditions, à la délimitation géographique et à la procédure d'octroi des concessions d'exploration et d'exploitation des ressources minérales et autres ressources non vivantes de la mer territoriale et du plateau continental.

IT: Seirbhísí taiscéalaíochta: Forairhne Ríoga 1447/1927; agus Forairhne Reachtach 112/1998, Airteagal 34.

NL: Mijnbouwwet (An tAcht Mianadóireachta).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In BG: An tsirtheoireacht agus an taiscéalaíocht maidir le hacmhainní nádúrtha faoin talamh ar chríoch Phoblacht na Bulgáire, sa tseilf ilchríochach agus sa limistéar eacnamaíoch eisiach sa Mhuir Dhubh, tá na gníomhaíochtaí sin faoi réir cead, agus is gníomhaíochtaí iad an t-eastóscadh agus an saothrú atá faoi réir lamháltais a dheonaítear faoin Acht um Acmhainní Nádúrtha faoin Talamh.

Cuideachtaí atá cláraithe i ndlínsí um chóir fhabhrach chánach (is é sin criosanna amach ón gcósta) nó atá gaolmhar, go díreach nó go hindíreach, leis na cuideachtaí sin, tá cosc orthu pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta oscailte maidir le ceadanna nó lamháltais um shirtheoireacht, thaiscéalaíocht nó eastóscadh acmhainní nádúrtha a dheonú, lena n-áirítear mianta úráiniam agus tóiriam, agus tá cosc orthu chomh maith cead nó lamháltas a deonaíodh cheana a oibriú, ó tharla go bhfuil bac ar a n-oibriú ag cuideachtaí den chineál sin, lena n-áirítear bac ar an bhféidearthacht fionnachtain gheolaíoch nó tráchtála fosaithe de thoradh taiscéalaíochta a chlárú.

Dúnadh mianadóireacht méine úráiniam le Forairne Chomhairle na n-Airí Uimh. 163 an 20.08.1992.

Maidir le mianadóireacht agus taiscéalaíocht méine tóiriam, tá feidhm ag córas ginearálta na gceadanna agus na lamháltas. Cinntí chun mianadóireacht méine tóiriam nó taiscéalaíocht chun teacht uirthi a cheadú, déantar iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach de réir an cháis.

De réir Chinneadh Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire an 18 Eanáir 2012 (ch. an 14 Meitheamh 2012) tá cosc ar aon úsáid teicneolaíochta um scoilteadh hidrálach (is é sin, fraiceáil) ar mhaithe le sirtheoireacht ola agus gáis, lena dtaiscéalaíocht, nó lena n-eastóscadh.

Tá cosc ar thaiscéalaíocht agus eastóscadh gáis scealla (ISIC Rev. 3.1 10, 3.1 11, 3.112, 3.1 13, 3.1 14).

Bearta:

BG: An tAcht um Acmhainní Nádúrtha faoin Talamh;

Acht na Lamháltas;

An Dlí um Príobháidiú agus Rialú Iarphríobháidithe;

An tAcht um Úsáid Shábháilte Fuinnimh Núicléach;

Cinneadh ó Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire an 18 Eanáir 2012;

Caidreamh Eacnamaíoch agus Airgeadais le Cuideachtaí a Cláraíodh in Dlínsí Cóireála Cánach Tosaíochta, leis na Daoine a Rialaítear ann agus lena n-Acht um Úinéirí Tairbhiúla; agus

An tAcht um Acmhainní Fodhromtha.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In CY: Sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón, is gníomhaíochtaí iad a bhféadfaidh Comhairle na nAirí cead a ndéanaimh a dhiúltú d'aon eintiteas atá faoi smacht éifeachtach na Nua-Shéalainne nó náisiúnach den Nua-Shéalainn. Tar éis údarú a dheonú, ní fhéadfaidh aon eintiteas teacht faoi rialú díreach nó indíreach na Nua-Shéalainn ná faoi rialú díreach nó indíreach náisiúnaigh den Nua-Shéalainn, gan formheas Chomhairle na nAirí a fháil roimh ré. Féadfaidh Comhairle na nAirí diúltú údarú a dheonú d'eintiteas atá faoi smacht éifeachtach na Nua-Shéalainne nó náisiúnaigh den Nua-Shéalainn mura ndeonaíonn an Nua-Shéalainn údarú d'eintitis de chuid Phoblacht na Cipire nó d'eintitis de chuid na mBallstát maidir le rochtain ar agus forfheidhmiú na ngníomhaireachtaí a bhaineann le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón, údarú atá inchomparáide leis an údarú a dheonaíonn Poblacht na Cipire nó Ballstát d'eintitis ón Nua-Shéalainn (ISIC Rev 3.1 1110).

Bearta:

CY: Dlí 2007 um Hidreacarbóin (Sirtheoireacht, Taiscéalaíocht agus Saothrú), (Dlí 4(I)/2007) arna leasú.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SK: Maidir leis an mianadóireacht, gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mianadóireacht agus gníomhaíocht gheolaíoch, is gá corprú in LEE (gan bhraintí). Gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cuardaigh a chumhdaítear le hAcht 44/1988 Phoblacht na Slóvaice um acmhainní nádúrtha a chosaint agus a shaothrú, rialaítear iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear trí bhearta beartais phoiblí lena bhféachtar le caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, ar nós teicneolaíochtaí áirithe mianadóireachta a údarú nó a thoirmeasc. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar na bearta sin toirmeasc a chur ar láisteadh ciainíde a úsáid chun mianraí a chóireáil nó a scagadh, agus an ceanglas údarú sonracha a fháil ionas gur féidir tabhairt faoin bhfraiceáil ar mhaithe le sirtheoireacht, taiscéalaíocht nó eastóscadh ola agus gáis, chomh maith le formheas a fháil roimh ré trí bhíthin reifreann áitiúil i gcás acmhainní mianracha núicléacha/raidighníomhacha. Ní chuireann sé sin gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith. (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 5115, 7131, 8675 agus 883).

Bearta

SK: Acht 51/1988 um an Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit; agus Acht 569/2007 um Ghníomhaíocht Geolaíochta, Acht 44/1988 um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Acmhainní mianra a thaiscéaladh agus a shaothrú, tá sé faoi réir ceanglas ceadúnaithe dheonaíonn an Rialtas maidir le mianadóireacht ábhair núicléach. Tá cead fuascailte ón Rialtas don limistéar mianadóireachta ina cheangal. Féadfar cead a dheonú do dhuine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó duine dlíthiúil atá bunaithe in LEE. Féadfar go mbeidh feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch (ISIC Rev. 3.1 120, CPC 5115, 883, 8675).

In IE: Ceanglaítear ar chuideachtaí taiscéalaíochta agus mianadóireachta atá ag oibriú in Éirinn láithreacht a bheith acu ansin. I gcás taiscéalaíochta i gcomhair mianraí, tá ceangal ann go bhfostódh cuideachtaí (Éireannacha agus eachtracha) seirbhísí gníomhaire nó bainisteoir taiscéalaíochta cónaitheach in Éirinn agus obair á déanamh. I gcás na mianadóireachta, tá sé ina cheanglas go mbeadh Léas nó Ceadúnas Mianadóireachta Stáit i seilbh cuideachta atá corpraithe in Éirinn. Níl aon srian ann maidir le húnéireacht cuideachta den sórt sin (ISIC Rev. 3.1 10, 3.1 13, 3.1 14, CPC 883).

In LT: Tá gach acmhainn mianraí fodhromchla (fuinneamh, miotail, mianraí tionsclaíocha agus tógála) sa Liotuáin faoi úinéireacht stáit eisiach. Féadfar ceadúnais taiscéalaíochta geolaíche nó saothraithe acmhainní mianraí a dheonú do dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air nó uirthi san Aontas agus in LEE nó do dhuine dlíthiúil atá bunaithe san Aontas agus in LEE.

Bearta

FI: Kaivoslaki (an tAcht Mianadóireachta) (621/2011); agus

Ydinenergialaki (An tAcht um Fhuinneamh Núicléach) (990/1987).

IE: Na hAchtanna um Fhorbairt Mianraí 1940 – 2017; agus Achtanna Pleanála agus Rialacháin Chomhshaoil.

LT: Bunreacht Phoblacht na Liotuáine, 1992. Leasú deireanach 21 Márta 2019 Uimh. XIII-2004 ; agus

An Dlí Faoi Thalamh Uimh. I-1034, 1995, atheagrú nua ón 10 Aibreán 2001 Uimh. IX-243, leasú deireanach 14 Aibreán 2016 Uimh. XII-2308.

I ndáil le hInfheistíocht amháin — Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí — Láithreacht áitiúil:

In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialáilte, tá siad faoi réir bunaíocht sna háiteanna a leanas nó saoránacht dá gcuid: LEE, Cónaidhm na hEilvéise, balltír de ECFE, nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta ábhartha. Déanann an Aireacht atá freagrach as an mianadóireacht comhlíonadh choinníoll na cómhalartachta a fhíorú (ISIC Rev. 3.1 10, ISIC Rev. 3.1 11, ISIC Rev. 3.1 12, ISIC Rev. 3.1 13, ISIC Rev. 3.1 14, CPC 883, CPC 8675).

Bearta:

SI: Acht Mianadóireachta 2014.

- (b) Leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí pháblínte; Seirbhísí teagmhasacha do dháileadh fuinnimh (ISIC Rev. 3.1 40, 3.1 401, CPC 63297, 713, cuid de 742, 74220, 887)

I dtaca le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In DK: Úinéir nó úsáideoir a bhfuil sé ar intinn aige bonneagar gáis nó píblíne a bhunú ar mhaithe le peitriam agus táirgí peitriam a iompar, idir amh agus scagtha, nó le gás nádúrtha a iompar, ní mór dó cead a fháil ón údarás áitiúil sula gcuirfidh sé tús le hobair. Féadfar go mbeidh teorainn leis an líon ceadanna den sórt sin a eiseofar (CPC 7131).

In CZ, MT: Tá monaplacht um sholáthar leictreachais ag Enemalta plc (ISIC Rev. 3.1 401; CPC 887).

In NL: Úinéireacht an líonra leictreachais agus an líonra píblíne gáis, deonaítear é go heisiach do rialtas na hÍsiltíre (córais tarchurtha) agus d'údaráis phoiblí eile (córais dáileacháin) (ISIC Rev. 3.1 040, CPC 71310).

Bearta:

DK: Lov om naturgasforsyning, LBK 1127 05/09/2018, lov om varmforsyning, LBK 64 21/01/2019, lov om Energinet, LBK 997 27/06/2018. Bekendtgørelse nr. 1257 af 27. november 2019 om indretning, etablering og drift af olietanke, rørsystemer og pipelines (Ordú uimh. 1257 an 27 Samhain 2019, maidir le humair ola, córais phíobánra agus píblinte a shocrú, a bhunú agus a oibriú)

MT: Acht EneMalta Cap. 272 agus Acht EneMalta (Sócmhainní, Cearta, Dliteanais agus Oibleagáidí a Aistriú) Cap. 536.

NL: Elektriciteitswet 1998; Gaswet.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le gás a iompar, ní dheonaítear údarú ach do náisiúnaigh de Bhallstát de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. Ní mór go mbeadh a suíochán in LEE ag fiontair agus comhpháirtíochtaí. Ní mór d'oibreoir líonra Stiúrthóir Bainistíochta agus Stiúrthóir Teicniúil a cheapadh atá freagrach as rialú teicniúil nó oibriú an líonra, agus ní mór go mbeadh siad beirt ina náisiúnaigh Bhallstát de chuid LEE. Maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann páirtí atá freagrach as cothromú (rannpháirtí sa mhargadh nó a ionadaí roghnaithe atá freagrach as a mhíchothromaíocht), ní thugtar údarú ach do shaoránaigh den Ostair nó saoránaigh de Bhallstát eile nó de LEE.

Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais náisiúntachta agus sainchónaithe a léirscaoileadh má mheastar go bhfuil oibriú an líonra iompair gáis chun leas an phobail.

Maidir le hearraí eile seachas gás agus uisce a iompar, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

- (i) maidir le daoine nádúrtha, ní dheonaítear údarú ach do náisiúnaigh de Bhallstát de LEE nach mór dóibh suíochán a bheith acu san Ostair; agus
- (ii) is gá gur san Ostair a bheadh a suíomh ag fiontair agus comhpháirtíochtaí. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch nó tástáil leasa i bhfeidhm. Ní mór nach geuirfeadh píblínte Trasteorann leasanna slándála na hOstaire ná a stádas mar thír neodrach i mbaol. Ní mór d'fhiontair agus do chomhpháirtíochtaí stiúrthóir bainistíochta a cheapadh nach mór go mbeadh siad ina náisiúnach Bhallstát de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais náisiúntachta agus na ceanglais maidir le suíomh a léirscaoileadh má mheastar go bhfuil oibriú na píblíne chun leas an gheilleagair náisiúnta (CPC 713).

Bearta:

AT: Rohrleitungsgesetz (Dlí maidir le hIompar Píblíne), BGBl. Uimh. 411/1975 arna leasú, §§ 5, 15; agus

Gaswirtschaftsgesetz 2011 (An tAcht Gáis), BGBl. I Uimh. 107/2011 arna leasú, §§ 43, 44, 90, 93.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil (ní bhaineann sé ach leis an leibhéal réigiúnach rialtais):

In AT: Maidir le leictreachas a tharchur agus a dháileadh, ní dheonaítear údarú ach do náisiúnaigh de Bhallstát de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. Má cheapann an t-oibreoir stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa, léirscaoiltear an ceanglas sainchónaithe.

Ní mór go mbeadh a suíochán in LEE ag daoine dlíthiúla (fiontair) agus comhpháirtíochtaí. Ní mór dóibh stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa a cheapadh, agus ní mór go mbeadh an bheirt acu ina náisiúnaigh de Bhallstát de LEE agus sainchónaí orthu in LEE.

Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais sainchónaithe agus náisiúntachta a léirscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail (ISIC Rev. 3.1 40, CPC 887).

Bearta:

AT: Burgenländisches Elektrizitätswesengesetz 2006, LGBl. Uimh. 59/2006 arna leasú;

Niederösterreichisches Elektrizitätswesengesetz, LGBl. Uimh. 7800/2005 arna leasú;

Oberösterreichisches Elektrizitätswirtschafts- und Organisationsgesetz 2006, LGBl. Uimh. 1/2006 arna leasú;

Salzburger Landeselektrizitätsgesetz 1999 (LEG), LGBl. Uimh. 75/1999 arna leasú;

Tiroler Elektrizitätsgesetz 2012 – TEG 2012, LGBl. Uimh. 134/2011 arna leasú;

Vorarlberger Elektrizitätswirtschaftsgesetz, LGBl. Uimh. 59/2003 arna leasú;

Wiener Elektrizitätswirtschaftsgesetz 2005 – WEIWG 2005, LGBl. Uimh. 46/2005 arna leasú;

Steiermärkisches Elektrizitätswirtschafts- und Organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Uimh. 70/2005 arna leasú; agus

Kärntner Elektrizitätswirtschafts- und Organisationsgesetz(ELWOG), LGBl. Uimh. 24/2006 arna leasú.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Tá gá le húdarú chun tabhairt faoi ghiniúint, tarchur, dáileadh, trádáil agus gníomhaíochtaí eile de chuid oibreoirí margaidh leictreachais, agus faoi ghiniúint, tarchur, dáileadh, stóráil agus trádáil gháis, faoi ghiniúint agus dáileadh teasa. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach do dhuine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe aige nó do dhuine dlíthiúil atá bunaithe san Aontas Eorpach. Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha leictreachais agus gáis agus le ceadúnais oibríthe margaidh (ISIC Rev. 3.1 40, CPC 7131, 63297, 742, 887).

In LT: Ceadúnais le haghaidh tarchur, dáileadh, soláthar poiblí agus eagrú trádála leictreachais, ní fhéadfar iad a eisiúint ach chuig daoine dlíthiúla atá bunaithe i bPoblacht na Liotuáine, nó chuig brainsí atá bunaithe i Poblacht na Liotuáine de chuid na nithe seo a leanas - daoine dlíthiúla eachtrannacha de chuid Ballstát eile, agus eagraíochtaí eile de chuid Ballstát eile. Ceadanna chun leictreachas a ghiniúint, acmhainní giniúna leictreachais a fhorbairt agus líne dhíreach a thógáil, féadfar iad a eisiúint chuig daoine a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na Liotuáine, chuig daoine dlíthiúla atá bunaithe i bPoblacht na Liotuáine, nó chuig brainsí atá bunaithe i Poblacht na Liotuáine de chuid na nithe seo a leanas - daoine dlíthiúla eachtrannacha de chuid Ballstát eile, agus eagraíochtaí eile de chuid Ballstát eile. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí sainchomhairleoireachta i ndáil le tarchur agus dáileadh leictreachais ar bhonn táille nó conartha (ISIC Rev. 3.1 401, CPC 887).

I gcás breoslaí, tá gá le bunaíocht. Ceadúnais le haghaidh tarchuir agus dáilte, breoslaí a stóráil agus gás nádúrtha a leachtú, ní fhéadfar iad a eisiúint ach chuig daoine dlíthiúla atá bunaithe i bPoblacht na Liotuáine, nó chuig brainsí atá bunaithe i Poblacht na Liotuáine de chuid na nithe seo a leanas - daoine dlíthiúla de chuid Ballstát eile, agus eagraíochtaí eile (fochuideachtaí) de chuid Ballstát eile.

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí comhairleachta a bhaineann le tarchur ná dáileadh breoslaí ar bhonn táille nó conartha (CPC 713, CPC 887).

In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh:

- (i) breoslaí nó fuinneamh a ghiniúint, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas: giniúint breoslaí soladacha nó gásacha; leictreachas a ghiniúint ag úsáid foinsí leictreachais nach mó ná 50 MW seachas foinsí fuinnimh in-athnuaite; comhghiniúint leictreachais agus teasa ag baint úsáide as foinsí na hacmhainne iomláine nach mó ná 5 MW seachas foinsí fuinnimh in-athnuaite; agus teas a ghiniúint ag úsáid foinsí na hacmhainne iomláine nach mó ná 5 MW;
- (ii) stóráil breoslaí gásacha i suiteálacha stórála, leachtú gáis nádúrtha agus athghású gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) i suiteálacha GNL, mar aon le stóráil breoslaí leachtacha, ach amháin sna cásanna seo a leanas: stóráil áitiúil gáis leachta i suiteálacha ina bhfuil toilleadh is lú ná 1 MJ/s agus breoslaí leachtacha a stóráil i dtrádáil mhiondíola;

- (iii) breoslaí nó fuinneamh a tharchur nó a dháileadh, ach amháin sna cásanna seo a leanas: dáileadh breoslaí gásacha in eangacha ar lú ná 1 MJ/s a dtoilleadh agus tarchur nó dáileadh teasa mura sáraíonn an toilleadh iomlán a ordaíonn custaiméirí 5 MW; agus
- (iv) trádáil i mbreoslaí nó i bhfuinneamh, ach amháin i gcás: trádáil i mbreoslaí soladacha; trádáil sa leictreachas ina n-úsáidtear suiteálacha voltais faoi bhun 1 kV atá faoi úinéireacht an chustaiméara; trádáil i mbreoslaí gásacha mura sáraíonn luach an láimhdeachais bhliantúil méid atá coibhéiseach le EUR 100 000; trádáil i ngás leachtach, mura sáraíonn luach an láimhdeachais bhliantúil EUR 10 000; agus trádáil i mbreoslaí gásacha agus leictreachas a dhéantar ar mhalartuithe tráchtearraí trí thithe bróicéireachta a sheolann an ghníomhaíocht bhróicéireachta ar thráchtearraí malartaithe ar bhonn Acht an 26 Deireadh Fómhair 2000 maidir le malartuithe tráchtearraí, chomh maith le trádáil i dteas i gcás nach mó ná 5 MW an toilleadh a ordaíonn na custaiméirí. Níl feidhm ag na teorainneacha ar láimhdeachas maidir le seirbhísí trádála mórdhíola i mbreoslaí gásacha nó i ngás leachtach ná le seirbhísí miondíola gáis bhuidéalaithe.

Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó a phríomháit chónaithe cláraithe aige ar chríoch Bhallstát LEE nó Chónaidhm na hEilvéise (ISIC Rev. 3.1 040, CPC 63297, 74220, CPC 887).

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 458/2000 Coll um dhálaí gnó agus riarachán poiblí in earnálacha an fhuinnimh (An tAcht Fuinnimh).

LT: Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Gás Nádúrtha an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII-1973, atheagrú nua ón 1 Lúnasa 2011 Uimh. XI-1564, leasú deireanach an 25 Meitheamh 2020 Uimh. XIII-3140;

An Dlí maidir le Leictreachas Phoblacht na Liotuáine an 20 Iúil 2000 Uimh. VIII-1881, atheagrú nua ón 7 Feabhra 2012, arna leasú go deireanach an 17 Deireadh Fómhair 2019 Uimh. XIII-3336;

Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Bearta Riachtanacha Cosanta i gcoinne na mBagairtí a Bhaineann le Plandaí Cumhachta Núicléiche Neamhshábháilte i dTríú Tíortha an 20 Aibreán 2017 Uimh. XIII-306, arna leasú go deireanach an 19 Nollaig 2019 Uimh. XIII-2705; agus

Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Foinsí fuinnimh in-athnuaite an 12 Bealtaine 2011 Uimh. XI-1375.

PL: An tAcht um Dhlí Fuinnimh an 10 Aibreán 1997, Airteagail 32 agus 33.

I ndáil le Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Leictreachas agus gás nádúrtha a tháirgeadh, a thrádáil, a sholáthar do chustaiméirí deiridh, a tharchur agus a dháileadh, tá sé faoi réir bunáocht san Aontas (ISIC Rev. 3.1 4010, 4020, CPC 7131, CPC 887).

Bearta:

SI: Energetski zakon (An tAcht Fuinnimh) 2014, Iris Oifigiúil RS, Uimh. 17/2014; agus

an tAcht Mianadóireachta 2014.

Forchoimeádas Uimh. 18 – An talmhaíocht, an iascaireacht agus an mhonaraíocht

Earnáil – fo-earnáil: Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; feirmeoireacht ainmhithe agus réinfhianna, iascaireacht agus do Bharshaothrú; foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta

Aicmiú tionscail: ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015, 1531, 050, 0501, 0502, 221, 222, 323, 324, CPC 881, 882, 88442

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Leibhéal rialtais: An tAontas / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Cur síos:

- a) An talmhaíocht, an fiach agus an fhoraoiseacht (ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015, 1531, CPC 881)

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Ceanglais feidhmíochta:

An tAontas: Ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí idirghabhála arna n-ainmniú ag na Ballstáit gránaigh a baineadh san Aontas a cheannach. Ní dheonófar aon aisíocaíocht onnmhairiúcháin ar rís arna hallmhairiú ó aon tríú tír agus arna hathonnmhairiú arís chuig aon tríú tír. Ní fhéadfaidh ach táirgeoirí ríse de chuid an Aontais íocaíochtaí cúitimh a éileamh.

Bearta:

An tAontas: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ (an Rialachán maidir le CEM Aonair).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In IE: Maidir le gníomhaíochtaí muilleoireachta plúir, tá bunaíocht cónaitheoirí eachtrannacha faoi réir údaraithe (ISIC Rev. 3.1 1531).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghaitear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO AE L 347, 20.12.2013, p. 671).

Bearta:

IE: An tAcht Tora Talmhaíochta (Arbhar), 1933.

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In FI: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh de Bhallstát de LEE ar a bhfuil cónaí sa limistéar tréadaíochta réinfhia bheith ina n-úinéir réinfhia agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. Féadfar cearta eisiacha a dheonú.

In FR: Is gá údarú a fháil roimh ré chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air (ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In SE: Ní fhéadfaidh ach daoine Sámacha bheith ina n-úinéirí ar réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh.

Bearta:

FI: Poronhoitolaki (An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna) (848/1990), Caibidil 1, Roinn 4, Prótacal 3 a ghabhann le Conradh Aontachais na Fionlainne.

FR: Code rural et de la pêche maritime.

SE: An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna (1971:437), roinn 1.

b) Iascaireacht agus do Bharshaothrú (ISIC Rev. 3.1 050, 0501, 0502, CPC 882)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil
Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil bratach na Bulgáire ar foluain acu acmhainní
bitheolaíoch a mairí nó beo abhann a thógáil in uisce mairí inmheánacha agus in uisce teorann
na Bulgáire. Ní fhéadfaidh long eachtrach (soitheach tríú tír) gabháil don iascaireacht
tráchtála i limistéar eacnamaíoch eisiach na Bulgáire ach amháin ar bhonn comhaontaithe idir
an Bhulgáir agus an stát brataí. Le linn dóibh a bheith ag dul tríd an limistéar eacnamaíoch
eisiach, ní fhéadfaidh longa iascaireachta eachtracha a bhfearas iascaireachta a choinneáil ar
bun i mód oibriúcháin.

In FR: Soitheach de chuid na Fraince a bhfuil bratach na Fraince ar foluain aige, ní fhéadfar
údarú iascaireachta a eisiúint chuige ná a cheadú dó iascaireacht a dhéanamh ar bhonn cuótaí
náisiúnta ach nuair a bhunaítear fionnasc eacnamaíoch le críoch na Fraince agus nuair is ó
ghnóthas buan atá lonnaithe ar chríoch na Fraince a threoraítear agus a rialaítear an soitheach
(ISIC Rev. 3.1 050, CPC 882).

Bearta:

BG: Airteagal 49, Dlí maidir le spásanna muirí, uiscebhealaí intíre agus calafoirt Phoblacht na Bulgáire.

FR: Code rural et de la pêche maritime.

- c) Monaraíocht – foilsíú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC Rev. 3.1 221, 222, 323, 324, CPC 88442)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In LV: Níl sé de cheart ach ag daoine dlíthiúla atá corpraithe sa Laitvia agus daoine nádúrtha de chuid na Laitvia meáin ollchumarsáide a bhunú agus a fhoilsíú. Ní cheadaítear brainsí (CPC 88442).

Bearta:

LV: An Dlí um an bPreas agus Meáin Ollchumarsáide eile, Roinn 8.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In DE (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Is gá ‘eagarthóir freagrach’ (ainm agus seoladh iomlán duine nádúrtha) a shonrú i ngach nuachtán, iris nó tréimhseachán a scaiptear nó a phriontáiltear go poiblí. D’fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheangal ar an eagarthóir freagrach é a bheith ina bhuanchnaitheoir de chuid na Gearmáine, an Aontais , nó Ballstáit de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil ar leibhéal réigiúnach an rialtais (ISIC Rev. 3.1 22) eisceachtaí a cheadú.

Bearta:

DE:

Leibhéal réigiúnach:

Gesetz über die Presse Baden-Württemberg (LPG BW);

Bayerisches Pressegesetz (BayPrG);

Berliner Pressegesetz (BlnPrG);

Brandenburgisches Landespressegesetz (BbgPG);

Gesetz über die Presse Bremen (BrPrG);

Hamburgisches Pressegesetz;

Hessisches Pressegesetz (HPresseG);

Landespressegesetz für das Land Mecklenburg-Vorpommern (LPrG M-V);

Niedersächsisches Pressegesetz (NPresseG);

Pressegesetz für das Land Nordrhein-Westfalen (Landespressegesetz NRW);

Landesmediengesetz (LMG) Rheinland-Pfalz;

Saarländisches Mediengesetz (SMG);

Sächsisches Gesetz über die Presse (SächsPresseG);

Pressegesetz für das Land Sachsen-Anhalt (Landespressegesetz);

Gesetz über die Presse Schleswig-Holstein (PressG SH); agus

Thüringer Pressegesetz (TPG).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In IT: A mhéid a cheadóidh an Nua-Shéalainn d’infheisteoirí de chuid na hIodáile níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid na Nua-Shéalainne a bheith ina seilbh acu, ceadóidh an Iodáil d’infheisteoirí de chuid na Nua-Shéalainne níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid na hIodáile a bheith ina seilbh acu faoi na coinníollacha céanna (ISIC Rev. 3.1 221, 222).

Bearta:

IT: Dlí 416/1981, Airteagal 1 (agus leasuithe ina dhiaidh sin).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In PL: Is gá do phríomheagarthóirí nuachtán agus irisí a bheith ina náisiúnaigh de chuid na Polainne (ISIC Rev. 3.1 221, 222).

Bearta:

PL: Acht an 26 Eanáir 1984 um Dhlí an Phreasa, an Iris Dlíthe, Uimh. 5, mír 24, le leasuithe ina dhiaidh sin.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí –
Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In SE: Ní mór go mbeadh cónaí sa tSualainn ar dhaoine nádúrtha atá ina n-úinéirí ar thréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear sa tSualainn nó mbeadh siad ina náisiúnaigh de Bhallstát de LEE. Ní mór d'úinéirí na dtréimhseachán sin ar daoine dlíthiúla iad a bheith bunaithe in LEE. Tréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear sa tSualainn agus taifid theicniúla, is gá dóibh eagarthóir freagrach a bheith acu, agus is gá don duine sin sainchónaí a bheith air sa tSualainn (ISIC Rev. 3.1 22, CPC 88442).

Bearta:

SE: An tAcht um Shaoirse an Phreasa (1949:105);

An Dlí Bunúsach um Shaoirse Cainte (1991:1469); agus

An tAcht um reachtanna le haghaidh an Achta um Shaoirse an Phreasa agus an Dlí Bhunúsaigh um Shaoirse Cainte (1991:1559).

Sceideal na Nua-Shéalainne

Nótaí míniúcháin

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar na bearta a fhéadfaidh an Nua-Shéalainn a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10.64 (Eisceacht stuamachta), ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais an Airteagail sin, na bearta lena rialaítear:

- (a) ceadúnú, clárú nó údarú mar institiúid airgeadais nó mar sholáthróir seirbhísí airgeadais Trasteorann, agus na ceanglais chomhfhreagracha;
- (b) foirm dhlítheanach, lena n-áirítear ceanglais maidir le hionchorprú dlíthiúil le haghaidh institiúidí airgeadais a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus teorainneacha ar ghníomhaíochtaí glactha taise de chuid brainsí de bhainc thar lear, agus ceanglais chomhfhreagracha; agus ceanglais a bhaineann le stiúthóirí agus bainistíocht shinsearach institiúide airgeadais nó Soláthróra seirbhísí airgeadais Trasteorann;
- (c) caipiteal, neamhchosaintí páirtí gaolmhara, leachtacht, nochtadh agus ceanglais eile maidir le bainistiú riosca;
- (d) córais íocaíochta, imréitigh agus socraíochta (lena n-áirítear córais urrús);
- (e) frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac; agus
- (f) anás nó cliseadh institiúide airgeadais nó soláthraí seirbhíse airgeadais Trasteorann.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.5)
Beart	Acht na gCuideachtaí 1993 An tAcht um Thuairisciú Airgeadais, 2013
Cur síos	<p>Infheistíocht</p> <p>1. I gcomhréir le córas tuairiscithe airgeadais na Nua-Shéalainne arna bhunú faoi Acht na gCuideachtaí 1993 agus faoin Acht um Thuairisciú Airgeadais 2013, ceanglaítear ar na cineálacha eintiteas seo a leanas ráitis airgeadais a ullmhú a chomhlíonann cleachtas cuntasáíochta a nglactar go ginearálta leis, agus na ráitis sin a iniúchadh agus a chlárú le Cláráitheoir na gCuideachtaí (mura bhfuil feidhm ag eisceachtaí ó aon cheann de na ceanglais sin):</p> <p>a) aon chomhlacht corpraithe atá corpraithe lasmuigh den Nua-Shéalainn ('cuideachta thar lear') agus a dhéanann gnó sa Nua-Shéalainn de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1993 agus ar 'mór' é¹;</p>

- 1 Tá cuideachta nó fochuideachta thar lear de chuid cuideachta thar lear 'mór' i leith thréimhse cuntasáíochta má tá feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:
- (i) amhail dáta comhardaithe gach ceann den dá thréimhse chuntasáíochta roimhe sin, is mó ná NZ\$ 20 milliún sócmhainní iomlána an eintitis agus a fhochuideachtaí (más ann dóibh); nó
- (ii) i ngach ceann den dá thréimhse chuntasáíochta roimhe sin, is mó ná NZ\$ 10 milliún ioncam iomlán an eintitis agus a fhochuideachtaí (más ann dóibh).
Tá gá le tuarascáil iniúcháireachta mura rud é nach bhfuil gnó na Nua-Shéalainne ag an gcuideachta thar lear sin 'mór' agus nach gá iniúchadh a dhéanamh ar an dlí sa dlínse ina bhfuil an chuideachta corpraithe.

- b) aon chuideachta ‘mhór’ sa Nua-Shéalainn ina sealbhaíonn ceann de na páirtithe seo a leanas scaireanna lena bhfuil, san iomlán, an ceart chun 25% nó níos mó den chumhacht vótála a fheidhmiú ag cruinniú den chuideachta ag gabháil¹:
 - (i) fochuideachta de chomhlacht corpraithe atá corpraithe lasmuigh den Nua-Shéalainn;
 - (ii) comhlacht corpraithe atá corpraithe lasmuigh den Nua-Shéalainn; nó
 - (iii) duine nach bhfuil gnáthchónaí air sa Nua-Shéalainn;
 - c) aon chuideachta ‘mór’ atá corpraithe sa Nua-Shéalainn ar fochuideachta de chuideachta thar lear í.
2. Má cheanglaítear ar chuideachta ráitis airgeadais a ullmhú agus má tá fochuideachta amháin nó níos mó aici, ní mór di, in ionad ráitis airgeadais a ullmhú ina leith féin, grúpráitis airgeadais a ullmhú a chomhlíonann cleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leis i ndáil leis an ngrúpa sin. Níl feidhm ag an oibleagáid seo sna cásanna seo a leanas:
- a) má tá an chuideachta (A) ina fochuideachta í féin de chomhlacht corpraithe (B), i gcás ina bhfuil comhlacht corpraithe (B):
 - (i) ionchorpraithe sa Nua-Shéalainn; nó
 - (ii) cláraithe nó meastar é a bheith cláraithe faoi Chuid 18 d’Acht na gCuideachtaí 1993; agus
 - b) má chuirtear i gcrích grúpráitis airgeadais maidir le grúpa ina bhfuil B, A, agus gach fochuideachta eile de chuid B a chomhlíonann cleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leis; agus

¹ Tá cuideachta de chuid na Nua-Shéalainne ‘mór’ i ndáil le thréimhse chuntasaíochta má tá feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na míreanna seo a leanas:

- (i) amhail dáta comhardaithe gach ceann den dá thréimhse chuntasaíochta roimhe sin, is mó ná NZ\$ 60 milliún sócmhainní iomlána an eintitis agus a fhochuideachtaí (más ann dóibh); nó
- (ii) i ngach ceann den dá thréimhse chuntasaíochta roimhe sin, is mó ná NZ\$ 30 milliún ioncam iomlán an eintitis agus a fhochuideachtaí (más ann dóibh).

	<p>c) má dhéantar cóip de na grúpráitis airgeadais dá dtagraítear i mír (b) agus cóip de thuarascáil an iniúcháir ar na ráitis sin a sheachadadh lena gclárú faoi Acht na gCuideachtaí 1993 nó lena taisceadh faoi Acht eile.</p> <p>2. Má cheanglaítear ar chuideachta thar lear na nithe seo a leanas a ullmhú:</p> <p>a) ráitis airgeadais faoi Acht na gCuideachtaí 1993, má chomhlíonann a gnó sa Nua-Shéalainn na tairseacha sócmhainne agus ioncaim a bhfuil feidhm acu maidir le cuideachtaí ‘móra’ thar lear, ní mór di, chomh maith le ráitis airgeadais na cuideachta móra thar lear féin, ráitis airgeadais dá gnó sa Nua-Shéalainn féin a ullmhú amhail is dá mba chuideachta a foirmíodh sa Nua-Shéalainn agus atá cláraithe sa Nua-Shéalainn a sheol an gnó sin; agus</p> <p>b) grúpráitis airgeadais faoi Acht na gCuideachtaí 1993, agus má chomhlíonann gnó an ghrúpa sa Nua-Shéalainn na tairseacha sócmhainne agus ioncaim a bhfuil feidhm acu maidir le cuideachtaí ‘móra’ thar lear, ní mór go n-áireofaí sna grúpráitis airgeadais a ullmhaítear, chomh maith le ráitis airgeadais an ghrúpa, ráitis airgeadais do ghnó an ghrúpa sa Nua-Shéalainn arna n-ullmhú ag an ngrúpa amhail is dá mba chuideachtaí a bunaíodh sa Nua-Shéalainn agus atá cláraithe sa Nua-Shéalainn iad comhaltaí an ghrúpa.</p>
--	---

Earnáil	Talmhaíocht, lena n-áirítear seirbhísí a ghabhann leis an talmhaíocht
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrtóirí (Airteagal 10.8)
Beart	An tAcht um Athstruchtúrú Tionscail Déiríochta 2001
Cur síos	<p>Trádáil Trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Déantar foráil leis an Acht um Athstruchtúrú Tionscail Déiríochta 2001 (DIRA) agus na rialacháin do bhainistiú bunachar sonraí náisiúnta le haghaidh sonraí tástála tréada.</p> <p>DIRA:</p> <p>(a) déantar foráil le DIRA do Rialtas na Nua-Shéalainne socruithe a chinneadh chun go mbeidh an bunachar sonraí á bhainistiú ag eintiteas eile de chuid an tionscail déiríochta. Agus sin á dhéanamh aige, féadfaidh Rialtas na Nua-Shéalainne an méid seo a leanas a dhéanamh:</p> <p>(i) náisiúntacht agus cónaí an eintitis, na ndaoine ar leo an t-eintiteas nó a rialaíonn an t-eintiteas, agus bhainistíocht shinsearach agus Bord Stiúrtóirí an eintitis a chur san áireamh; agus</p> <p>(ii) srian a chur leis na daoine a fhéadfaidh scaireanna a shealbhú san eintiteas, lena n-áirítear ar bhonn náisiúntachta;</p> <p>(b) a cheangal go ndéanfaidh na daoine atá i mbun tástáil tréada ar eallach déiríochta sonraí a aistriú chuig an gCorparáid Feabhsúcháin Beostoic nó chuig eintiteas comharba;</p> <p>(c) rialacha a bhunú maidir le rochtain ar an mbunachar sonraí agus féadfaidh sé an rochtain sin a dhiúltú ar an mbonn go bhféadfadh úsáid bheartaithe an bhunachair sonraí a bheith ‘díobhálach do thionscal déiríochta na Nua-Shéalainne’, diúltú lena bhféadfaí náisiúntacht nó cónaí an duine atá ag lorg rochtana a chur san áireamh.</p>

Earnáil	Seirbhísí cumarsáide Teileachumarsáid
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Beart	Bunreacht Chorus Limited
Cur síos	Infheistíocht Le bunreacht of Chorus Limited éilítear ceadú Rialtas na Nua-Shéalainne chun scairsheilbh aon eintitis thar lear a bheith níos mó ná 49.9 %. Ní mór leath de na stiúrthóirí boird ar a laghad a bheith ina saoránaigh den Nua-Shéalainn.

Earnáil	Talmhaíocht, lena n-áirítear seirbhísí a ghabhann leis an talmhaíocht
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.5) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Beart	An tAcht um Margú Táirgí Príomhúla 1953
Cur síos	Infheistíocht Faoin Acht um Margú Táirgí Príomhúla 1953, féadfaidh Rialtas na Nua-Shéalainne rialacháin a fhorchur chun go bhféadfar údaráis mhargaíochta reachtúla a bhunú ag a mbeidh cumhachtaí monaplachta margaíochta agus fála (nó cumhachtaí níos lú) le haghaidh ‘táirgí príomhúla’, ar táirgí iad a dhíorthaítear ó bheachaireacht, fás torthaí, fás leannlusanna, feirmeoireacht fianna nó fianna géim, nó gabhair, arb iad guairí fionnaidh nó snáithíní a fhásann an gabhar iad. Féadfar rialacháin a eisiúint faoin Acht um Margú Táirgí Príomhúla 1953 maidir le raon leathan feidhmeanna, cumhachtaí agus gníomhaíochtaí an údaráis mhargaíochta. Go háirithe, féadfar a cheangal le rialacháin gur náisiúnaigh den Nua-Shéalainn comhaltaí boird nó pearsanra boird nó go bhfuil cónaí orthu sa Nua-Shéalainn.

Earnáil	An t-aeriompar
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Aireagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Beart	Bunreacht Air New Zealand Limited
Cur síos	<p>Infheistíocht</p> <p>Ní fhéadfaidh aon náisiúnach eachtrach níos mó ná 10 % de scaireanna lena dtugtar cearta vótála in Air New-Zealand a shealbhú mura bhfuil cead acu ón Scairshealbhóir Kiwi.¹ Ina theannta sin:</p> <p>(a) ní mór gnáthchónaí a bheith ar thriúr comhaltaí ar a laghad den Bhord Stiúrthóirí sa Nua-Shéalainn;</p> <p>(b) ní mór níos mó ná leath den Bhord Stiúrthóirí a bheith ina saoránaigh den Nua-Shéalainn;</p> <p>(c) ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí a bheith ina shaoránach den Nua-Shéalainn; agus</p> <p>(d) is sa Nua-Shéalainn a bheidh suíomh Phríomh-Oifig Air New-Zealand agus is ann a bheidh a príomháit ghnó.</p>

¹ Is éard atá i Scair Kiwi in Aer New-Zealand NZ\$ 1 scair thosaíochta cearta speisialta inchomhshóite a eisítear chuig an gCoróin. Is é an Scairshealbhóir Kiwi a Shoilse an Rí i gCeart na Nua-Shéalainne.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Beart	An tAcht um Infheistíocht Thar Lear 2005 An tAcht Iascaigh 1996 Rialacháin um Infheistíocht thar lear 2005
Cur síos	<p>Infheistíocht</p> <p>I gcomhréir le córas infheistíochta thar lear na Nua-Shéalainne mar a leagtar amach sna forálacha ábhartha den Acht um Infheistíocht Thar Lear 2005, den Acht Iascaigh 1996 agus de na Rialacháin maidir le hInfheistíocht Thar Lear 2005, is gá formheas a fháil roimh ré ó Rialtas na Nua-Shéalainne do na gníomhaíochtaí infheistíochta seo a leanas:</p> <p>(a) éadail nó rialú 25 % nó níos mó ag foinsí neamhrialtasacha ar aon aicme scaireanna¹ nó cumhachta vótála² in eintiteas na Nua-Shéalainne i gcás inar mó ná NZ\$ 200 milliún an chomaoin don aistriú nó luach na sócmhainní;</p> <p>(b) tús a chur le hoibríochtaí gnó nó gnó atá ann cheana a fháil ag foinsí neamhrialtais, lena n-áirítear sócmhainní gnó, sa Nua-Shéalainn, i gcás inar mó ná NZ\$ 200 milliún an caiteachas iomlán atá le tabhú agus an gnó sin nó na sócmhainní sin á mbunú nó á bhfáil;</p> <p>(c) éadail nó rialú 25 % nó níos mó ag foinsí rialtasacha ar aon aicme scaireanna³ nó cumhachta vótála⁴ in eintiteas na Nua-Shéalainne i gcás inar mó ná NZ\$ 100 milliún an chomaoin don aistriú nó luach na sócmhainní;</p>

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘scaireanna’ scaireanna agus cineálacha eile urrús.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘cumhacht vótála’ an chumhacht rialú a dhéanamh ar chomhdhéanamh 25 % nó níos mó de chomhlacht rialaithe eintiteas na Nua-Shéalainne.

³ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘scaireanna’ scaireanna agus cineálacha eile urrús.

⁴ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘cumhacht vótála’ an chumhacht rialú a dhéanamh ar chomhdhéanamh 25 % nó níos mó de chomhlacht rialaithe eintiteas na Nua-Shéalainne.

	<p>(d) tús a chur le hoibríochtaí gnó nó gnó atá ann cheana a fháil ag foinsí rialtais, lena n-áirítear sócmhainní gnó, sa Nua-Shéalainn, i gcás inar mó ná NZ\$ 100 milliún an caiteachas iomlán atá le tabhú agus an gnó sin nó na sócmhainní sin á mbunú nó á bhfáil;</p> <p>(e) éadáil nó rialú, beag beann ar a luach dollar, ar chatagóirí áirithe talún a mheastar a bheith íogair nó a dteastaíonn formheas sonrath ina leith de réir reachtaíocht infheistíochta thar lear na Nua-Shéalainne; agus</p> <p>(f) aon idirbheart, beag beann ar a luach dollar, a mbeadh infheistíocht thar lear i gcuóta iascaireachta mar thoradh air.</p> <p>Ní mór d'infheisteoirí thar lear cloí leis na critéir a leagtar amach sa chóras infheistíochta thar lear agus le haon choinníollacha atá sonraithe ag an rialtóir agus ag an Aire nó na hAiri ábhartha.</p> <p>Ba cheart an iontráil seo a léamh i gcomhar le hIarscríbhinn II – An Nua-Shéalainn – 11.</p>
--	--

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9)
Beart	<p>An tAcht Cánach Ioncaim 2007</p> <p>An tAcht Cánach Earraí agus Seirbhísí 1985</p> <p>An tAcht um Dhleachtanna Eastáit agus Bronntanais 1968</p> <p>An tAcht um Dhleachtanna Stampaí agus Seiceanna 1971</p> <p>An tAcht Dleachtanna Cearnbhachais 1971</p> <p>An tAcht um Riarachán Cánach 1994</p>
Cur síos	<p>Infheistíocht</p> <p>Aon bhearta cánachais neamh-chomhréireacha atá ann cheana.</p>

Earnáil	Seirbhísí airgeadais Árachas agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Beart	An tAcht um Thobhaigh Thráchtála 1990 An tAcht um Thobhaigh Thráchtála a Leasú 1995 An tAcht um Athstruchtúrú Thionscal na gCíobhaíonna 1999 agus Rialacháin
Cur síos	Trádáil Trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Is féidir srian a chur leis an soláthar árachais barr le haghaidh cruithneachta de réir an Achta um Thobhaigh Thráchtála a Leasú 1995. Foráiltear le roinn 4 den Acht um Thobhaigh Thráchtála go n-úsáidfeadh cistí a fhaightear faoi thobhach tráchtála sainordaitheach ar fhásóirí cruithneachta chun scéim a mhaoiniú chun barra cruithneachta a árachú in aghaidh damáiste nó cailleanais. Is féidir soláthar seirbhísí idirghabhála árachais a bhaineann le honnmhairiú cíobhaíonna a shrianadh i gcomhréir leis an Acht um Athstruchtúrú Thionscal na gCíobhaíonna 1999 agus rialacháin a bhaineann le margaíocht onnmhairiúcháin cíobhaíonna.

Earnáil	Seirbhísí airgeadais Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mbaineann	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Beart	Acht KiwiSaver 2006 An tAcht um Iompar na Margaí Airgeadais, 2013
Cur síos	Infheistíocht Ní mór stiúrthóir amháin ar a laghad a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn chun críoch cánach a bheith ag bainisteoir ciste scéim KiwiSaver cláraithe agus ag iontaobhaí corparáideach scéim KiwiSaver cláraithe ar scéim shrianta í.

IARSCRÍBHINN 10-B

BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Príomhnótaí

1. Leagtar amach i sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais, faoi Airteagal 10.10 (Bearta neamh-chomhréireacha) nó Airteagal 10.18 (Bearta neamh-chomhréireacha), na hiontrálacha a rinne an Nua-Shéalainn agus an tAontas i ndáil le bearta atá ann cheana, nó bearta níos sriantaí nó bearta nua nach gcomhlíonann na hoibleagáidí arna bhforchur leis na hAirteagail seo a leanas:
 - (a) Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh) nó 10.14 (Rochtain ar an margadh);
 - (b) Airteagal 10.6 (Cóir náisiúnta) nó 10.16 (Cóir náisiúnta);
 - (c) Airteagal 10.7 (Cóir an náisiúin barrfhabhair) nó 10.17 (Cóir an náisiúin barrfhabhair);
 - (d) Airteagal 10.8 (Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí);
 - (e) Airteagal 10.9 (Ceanglais feidhmíochta); nó
 - (f) Airteagal 10.15 (Láithreacht áitiúil).

2. Tá forchoimeádais Páirtí gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi GATS.
3. I ngach iontráil leagtar amach na heilimintí seo a leanas:
 - (a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;
 - (b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;
 - (c) tagraíonn ‘aicmiú tionscail’, i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an iontráil de réir CPC, ISIC Rev. 3.1, nó mar a shonraítear go sainráite ar bhealach eile san iontráil sin;
 - (d) le ‘oibleagáidí lena mbaineann’ sonraítear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a bhfuil iontráil á déanamh ina leith;
 - (e) le ‘cur síos’ leagtar amach raon feidhme na hearnála, na fo-earnála nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an iontráil; agus
 - (f) le ‘bearta atá ann cheana’ saináithnítear, chun críoch trédhearcachta, bearta atá ann cheana a bhfuil feidhm acu maidir leis an earnáil, leis an bhfo-earnáil nó leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an iontráil.
4. Agus iontráil á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den iontráil a bhreithniú. I gcás ina dtagann neamhréireacht chun cinn maidir le léirmhíniú iontrála, beidh forlámhas ag an ngné ‘cur síos’ den iontráil.

5. Chun críocha sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais:
- (a) ciallaíonn ‘ISIC Rev. 3.1’ Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC Rev. 3.1, 2002; agus
 - (b) ciallaíonn ‘CPC’ an tAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach (Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 77, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta Idirnáisiúnta, Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, 1991).
6. Chun críocha sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais, glactar iontráil maidir le ceanglas láithreach áitiúil a bheith gcríoch an Aontais nó na Nua-Shéalainne i gcoinne Airteagal 10.15 (Láithreach áitiúil), agus ní i gcoinne Airteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh) nó 10.16 (Cóir náisiúnta). Thairis sin, ní dhéantar ceanglas den sórt sin mar fhorchoimeádas i gcoinne Airteagal 10.6 (Cóir náisiúnta).

7. Maidir le hiontráil a dhéantar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais, maidir le beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an iontráil. Maidir le hiontráil le haghaidh Ballstáit, beidh feidhm aici maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den Bhallstát sin. Chun críocha iontrálacha na Beilge, clúdaíonn an leibhéal lárnach rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla inniúla ag gach ceann acu. Chun críocha iontrálacha an Aontais agus na Ballstát, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland. Tá feidhm ag iontráil a dhéantar ar leibhéal na Nua-Shéalainne maidir le beart de chuid an rialtais láir nó an rialtais áitiúil.

8. Ní áirítear ar liosta na n-iontrálacha san Iarscríbhinn seo bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta i gcás nach ionann iad agus teorannú de réir bhrí Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh), 10.6 (Cóir náisiúnta), 10.14 (Rochtain ar an margadh), 10.15 (Láithreacht áitiúil) nó 10.16 (Cóir náisiúnta). Le bearta den sórt sin, féadfar a chur san áireamh, an gá ceadúnas a fháil, oibleagáidí seirbhíse uilíocha a chomhlíonadh, cáilíochtaí aitheanta in earnáil rialáilte a bheith gnóthaithe, pas i scrúduithe sonracha a ghnóthú, lena n-áirítear scrúduithe teanga, ceanglas ballraíochta i ngairm áirithe a chomhlíonadh, amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil, gníomhaire áitiúil a bheith ar fáil le haghaidh seirbhíse, nó seoladh áitiúil a choinneáil, nó aon cheanglais neamh-idirdhealaitheacha eile nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó limistéir chosanta. Cé nach liostaítear iad, tá feidhm fós ag na bearta sin.

9. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, don Aontas, ní bheidh ceanglas i gceist leis an oibleagáid cóir náisiúnta a dheonú maidir leis an gcóir a dheonaítear i mBallstát a leathnú chuig daoine sa Nua-Shéalainn, agus CFAE á chur i bhfeidhm, ná aon bheart arna ghlacadh de bhun CFAE, lena n-áirítear a chur chun feidhme sna Ballstáit, chuig an méid seo a leanas:

- (a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de chuid Ballstáit eile; nó
- (b) daoine dlíthiúla atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais agus a bhfuil a n-oifig chláráithe, riarachán lárnach nó a bpríomháiit ghnó acu san Aontas.

10. Maidir le cóir a dheonaítear do dhaoine dlíthiúla a bhunaíonn infheisteoirí Páirtí i gcomhréir le dlí an Pháirtí eile (lena n-áirítear, i gcás an Aontais, dlí Ballstáit) agus a bhfuil a n-oifig chláráithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháiit ghnó acu laistigh den Pháirtí eile sin, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinnioll nó oibleagáid atá i gcomhréir le Roinn B (Léirscaoileadh infheistíochta) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht), a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ar an duine dlíthiúil sin nuair a bunaíodh é sa Pháirtí eile sin, agus a leanfaidh de bheith infheidhme.

11. Níl feidhm ag sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais ach maidir le críocha na Nua-Shéalainne agus an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 1.4 (Cur i bhfeidhm críochach) agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an tAontas agus na Ballstáit agus an Nua-Shéalainn. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

12. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní hionann bearta neamh-idirdhealaitheacha agus teorannú de réir bhrí Airteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh) nó Airteagal 10.14 (Rochtain ar an margadh) d'aon bheart:

- (a) lena gceanglaítear go scarfaí úinéireacht an bhonneagair ó úinéireacht na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear tríd an mbonneagar sin chun iomaíocht chóir a áirithiú, mar shampla i réimse an fhuinnimh, i réimse an iompair agus i réimse na teileachumarsáide;
- (b) lena sriantar tiúchan na húinéireachta chun iomaíocht chóir a áirithiú;
- (c) a bhfuil mar aidhm leis caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear teorainn a chur le hinfhaighteacht, líon agus raon feidhme na lamháltas arna ndeonú, agus moratóir nó toirmeasc a fhorchur;
- (d) lena dteorannaítear an líon údaruithe a dheonófar de bharr srianta teicniúla nó fisiceacha, mar shampla speictrim agus minicíochtaí teileachumarsáide; nó
- (e) lena gceanglaítear gur daoine cáilithe a bheidh i gcéatadán áirithe de scairshealbhóirí, úinéirí, comhpháirtithe nó stiúrtóirí fiontair nó go gcleachtfaidh siad gairm áirithe, mar shampla gairm mar dhlíodóir nó mar chuntasóir.

13. I ndáil le seirbhísí ríomhaire, measfar gur seirbhísí ríomhaire agus seirbhísí gaolmhara iad na seirbhísí seo a leanas, cuma an seachadtar trí líonra iad, lena n-áirítear an t-idirlíon:

- (a) an chomhairleoireacht, an t-oiriúnú, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhairí nó córas ríomhaireachta nó bainistiú le haghaidh ríomhairí nó córais ríomhaireachta;
- (b) na cláir ríomhaireachta a shainmhínítear mar na tacair treoracha is gá chun ríomhairí a chur ag obair agus cumarsáid a dhéanamh (ina measc féin), chomh maith leis an gcomhairliúchán, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an t-oiriúnú, an chothabháil, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhchláir nó bainistiú le haghaidh ríomhchláir nó a n-úsáid;
- (c) seirbhísí próiseála sonraí, stóráil sonraí, óstáil sonraí nó bunachar sonraí;
- (d) seirbhísí cothabhála agus deisithe le haghaidh innealra agus trealamh oifige, lena n-áirítear ríomhairí; agus
- (e) seirbhísí oiliúna le haghaidh baill foirne cliant, a bhaineann le ríomhchláir, ríomhairí nó ríomhchórais, seirbhísí nach bhfuil aicmithe áit ar bith eile.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gur seirbhísí ríomhaireachta ná seirbhísí gaolmhara iontu féin iad seirbhísí arna gcumasú ag ríomhaire agus ag seirbhísí gaolmhara, seachas na seirbhísí a liostaítear i míreanna (a) go (e).

14. I ndáil le seirbhísí airgeadais, murab ionann agus fochuideachtaí eachtracha, maidir le brainsí a bhunaítear go díreach i mBallstát ag institiúidí airgeadais nach de chuid an Aontais í, níl na brainsí sin, ach i gcás eisceachtaí teoranta áirithe, faoi réir rialacháin stuamachta atá comhchuíbhithe ar leibhéal an Aontais a chuireann ar chumas na bhfochuideachtaí sin tairbhiú de shaoráidí feabhsaithe chun bunaíochtaí nua a chur ar bun agus seirbhísí trasteorann a sholáthar ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, faigheann na brainsí sin údarú oibriú i gcríoch Ballstáit faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha maidir le hinstiúidí airgeadais intíre an Bhallstáit sin, agus féadtar go mbeidh roinnt ceanglas stuamachta le comhlíonadh acu, amhail, i gcás baincéireachta agus urrús, caipitliú ar leithligh agus ceanglais eile maidir le sócmhainneacht nó ceanglais maidir le tuairisciú agus cuntais a fhoilsiú nó, i gcás árachais, ceanglais shonracha maidir le ráthaíocht agus taise, caipitliú ar leithligh, agus logánú sa Bhallstát lena mbaineann na sócmhainní arb iad na cúlchistí teicniúla agus an tríú cuid ar a laghad den chorrach sócmhainneachta.

15. daoine dlíthiúla. Maidir le hAirteagal 10.5 (Rochtain ar an margadh), daoine dlíthiúla a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais agus atá comhdhéanta faoi dhlí na Nua-Shéalainne nó faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí ceann amháin ar a laghad de na Ballstáit, tá siad faoi réir srianta neamh-idirdhealaitheacha ar fhoirm dhlíthiúil.¹

¹ Mar shampla, ní foirmeacha dlíthiúla inghlactha iad comhpháirtíochtaí ná dílseánachtaí aonair d'institiúidí airgeadais sa Nua-Shéalainn agus san Aontas. Níl sé i gceist leis an gceann-nóta sin ann féin difear a dhéanamh do rogha ag institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile idir brainsí nó fochuideachtaí, ná teorainn a chur leis an rogha sin ar shlí eile.

16. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sa liosta forchoimeádas thíos:

AE An tAontas Eorpach, lena n-áirítear na Ballstáit

AT an Ostair

BE an Bheilg

BG an Bhulgáir

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

EL an Ghréig

ES an Spáinn

FI an Fhionlainn

FR an Fhrainc

HR an Chróit

HU an Ungáir

IE Éire

IT an Iodáil

LT an Liotuáin

LU Lucsamburg

LV an Laitvia

MT Málta

NL an Ísiltír

PL an Pholainn

PT an Phortaingéil

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK Poblacht na Slóvaice

Sceideal an Aontais

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla – seachas seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol cógaisíochta

Forchoimeádas Uimh. 4 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí taighde agus forbartha

Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí réadmhaoine

Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí cíosa nó léasaithe

Forchoimeádas Uimh. 7 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa

Forchoimeádas Uimh. 8 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí socrúcháin

Forchoimeádas Uimh. 9 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí slándála agus imscrúdúcháin

Forchoimeádas Uimh. 10 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí gnó eile

Forchoimeádas Uimh. 11 – An Teileachumarsáid

Forchoimeádas Uimh. 12 – An Fhoirgníocht

Forchoimeádas Uimh. 13 – Seirbhísí dáileacháin

Forchoimeádas Uimh. 14 – Seirbhísí oideachais

Forchoimeádas Uimh. 15 – Seirbhísí comhshaoil

Forchoimeádas Uimh. 16 – Seirbhísí airgeadais

Forchoimeádas Uimh. 17 – Seirbhísí sláinte agus sóisialta

Forchoimeádas Uimh. 18 – Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal

Forchoimeádas Uimh. 19 – Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Forchoimeádas Uimh. 20 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar

Forchoimeádas Uimh. 21 – An talmhaíocht, an iascaireacht agus uisce

Forchoimeádas Uimh. 22 – Mianadóireacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh

Forchoimeádas Uimh. 23 – Seirbhísí eile nach n-áirítear in aon áit eile

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Earnáil: Gach earnáil

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ceanglais feidhmíochta

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Bunú

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

An tAontas: Seirbhísí a mheastar a bheith ina bhfóntais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta nó an leibhéal áitiúil, féadfaidh siad a bheith faoi réir monaplachtaí poiblí nó faoi réir cearta eisiacha a dheonaítear d'oibreoírí príobháideacha.

Tá fóntais phoiblí ann in earnálacha ar nós seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíoch agus teicniúla, seirbhísí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, seirbhísí tástála agus anailise teicniúla, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a gabhann le gach modh iompair. Is minic a dheonaítear cearta eisiacha i leith na seirbhísí sin d'oibreoírí príobháideacha, mar shampla oibreoírí a bhfuil lamháltais acu ó údarais phoiblí, faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le seirbhísí. Ós rud é gur minic a bhíonn fóntais phoiblí ann ar an leibhéal fo-lárnach freisin, níl sceidealú sonracha agus uileghabhálach praiticiúil. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas seo maidir le teileachumarsáid ná le seirbhísí ríomhaire agus seirbhísí gaolmhara.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In FI: Sriannta ar an gceart daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus daoine dlíthiúla, réadmhaoín a éadáil in Oileáin Åland agus seilbh a choinneáil uirthi gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. Sriannta leis an gceart do dhaoine nádúrtha, nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus do dhaoine dlíthiúla, chun réadmhaoín a fháil agus seilbh a choinneáil uirthi in Oileáin Åland gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

Bearta atá ann cheana:

FI: Ahvenanmaan maanhankintalaki (An tAcht um thalamh a éadáil in Åland) (3/1975), s. 2; agus Ahvenanmaan itsehallintolaki (An tAcht um Neamhspleáchas Åland) (1144/1991), s. 11.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta– Rochtain ar an margadh, Cóireáil náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In FR: De bhun airteagail L151-1 agus 153-1 sec den chód airgeadaíochta agus airgeadais, infheistíochtaí choigríche sa Fhrainc in earnálacha a liostaítear in Airteagail R.151-3 den chód airgeadaíochta agus airgeadais, tá siad faoi réir formheas a fháil roimh ré ón Aire Geilleagair.

Bearta atá ann cheana:

FR: Mar a leagtar amach san eilimint maidir le cur síos mar a luaitear thuas.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In FR: Rannpháirtíocht eachtrannach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe a theorannú ionas gurb éard bheidh ann méid athraitheach den chothromas a chuirtear ar fáil don phobal, méid a chinnfidh rialtas na Fraince de réir an cháis. I gcás gníomhaíochtaí áirithe tráchtála, tionscail nó ceardaíochta, tá gá le húdarú sonrach maidir le bunaíocht mura bhfuil cead buanchónaithe ag an stiúrthóir bainistíochta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In HU: Ba cheart go mbeadh láithreachtráchtála ann i bhfoirm cuideachta faoi dhliteanas teoranta, cuideachta comhstoic nó oifig ionadaíochta. Níl iontráil thosaigh mar bhrainse ceadaithe ach le haghaidh seirbhísí airgeadais.

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: Tá gníomhaíochtaí eacnamaíochá áirithe a bhaineann le saothrú nó úsáid réadmhaoine Stáit nó poiblí faoi réir lamháltas arna ndeonú faoi fhorálacha Acht na Lamháltas.

I gcorparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an Stát nó ag bardas, aon idirbheart chun sócmhainní seasta de chuid na corparáide a dhiúscairt ar mhaithe le haon chonradh a thabhairt i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, comhghníomhaíocht nó creidmheas a éadáil, sin agus infháltais a urrúsú, chomh maith le haon oibleagáid a thabhu a eascraíonn as billí malairte, tá na hidirbhearta, an t-urrúsú agus an tabhú céanna faoi réir a n-údaraithe nó a gceadaithe ag an nGníomhaireacht um Fhiontair Phoiblí agus Rialú nó ag comhlachtaí eile stáit nó bardasacha, cibé acu is údarás inniúil. Ní bhaineann an forchoimeádas sin leis an mianadóireacht ná leis an gcairéalú, atá faoi réir forchoimeádas ar leithligh i sceideal an Aontais Eorpaigh in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana).

In IT: Féadfaidh an Rialtas cumhachtaí speisialta áirithe a chleachtadh i bhfiontair a oibríonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i ngníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide. Tá feidhm aige sin maidir le gach duine dlíthiúil a dhéanann gníomhaíochtaí a meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, ní hamháin maidir le cuideachtaí príobháidithe.

I gcás ina bhfuil an baol ann go ndéanfar mórdhíobháil do leasanna bunúsacha na cosanta agus na slándála náisiúnta, tá na cumhachtaí seo a leanas ag an Rialtas:

- (a) coinníollacha sonracha a fhorchur ar cheannach scaireanna;
- (b) crosadh a dhéanamh ar rúin a ghlacadh a bhaineann le hoibríochtaí speisialta ar nós aistrithe, cumasc, deighilte agus athruithe gníomhaíochta; nó

- (c) diúltú a thabhairt maidir le scaireanna a éadáil, i gcás ina bhfuil an ceannaitheoir ag féachaint le leibhéal rannpháirtíochta a bheith aige sa chaipiteal ar dócha go ndéanfadh sé dochar do leasanna na cosanta agus na slándála náisiúnta.

Aon rún, gníomh nó idirbheart (ar nós aistrithe, cumasc, deighilte, athrú gníomhaíochta nó foirceannta) a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann fógra faoi d'oifig an Phríomh-Aire. Go háirithe, tabharfar fógra faoi éadálacha ag aon duine lasmuigh den Aontas lena dtugtar smacht ar an gcuideachta don duine sin.

Féadfaidh an Príomh-Aire na cumhachtaí speisialta seo a leanas a fheidhmiú:

- (a) maidir le slándáil agus oibriú líonraí agus soláthairtí, aon rún, gníomh nó idirbheart ar bagairt eisceachtúil é maidir le mórdhíobháil do leas an phobail, iad a chrosadh;
- (b) coinníollacha sonracha a fhorchur chun leas an phobail a ráthú; nó
- (c) éadáil a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil leasanna bunúsacha an Stáit i mbaol.

Na critéir ar a ndéantar an fhíorbhagairt nó an bhagairt eisceachtúil agus na coinníollacha agus nósanna imeachta a mheasúnú le haghaidh chleachtadh na gcumhachtaí speisialta, tá siad leagtha síos sa dlí.

Bearta atá ann cheana:

IT: Dlí 56/2012 um chumhachtaí speisialta i gcuideachtaí a oibríonn sna réimsí a leanas – an chosaint agus an tslándáil náisiúnta, an fuinneamh, an t-iompar agus an chumarsáid; agus

Foraithne an Phríomh-Aire DPCM 253 an 30.11.2012 lena sainmhínítear na gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimse na cosanta agus na slándála náisiúnta.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In LT: Fiontair, earnálacha agus saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis na tslándáil náisiúnta.

Bearta atá ann cheana:

LT: An Dlí um Nithe a Chosaint a mBaineann Tábhacht leo maidir le Slándáil Náisiúnta Phoblacht na Liotuáine a Áirithiú an 10 Deireadh Fómhair 2002 Uimh. IX-1132 (arna leasú go deireanach an 17 Meán Fómhair 2020, Uimh. XIII-3284).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In SE: Ceanglais idirdhealaitheacha le haghaidh bunaitheoirí, bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí nuair a dhéantar foirmeacha nua comhlachais dhlíthiúil a ionchorprú i ndlí na Sualainne.

(b) Éadáil eastáit réadaigh

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In HU: Maoin atá faoi úinéireacht stáit a éadáil.

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In HU: Éadáil talún arúla ag daoine dlíthiúla eachtrannacha agus daoine nádúrtha neamhchónaitheacha.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil II (Mír 6-36) agus Caibidil IV (Mír 38-59)); agus

Acht CCXII 2013 um bearta idirthréimhseacha agus forálacha áirithe a bhaineann le hAcht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil IV (Mír 8-20)).

In LV: Éadáil talún tuaithe ag náisiúnaigh den Nua-Shéalainn nó de thríú tír.

Bearta atá ann cheana:

LV: Dlí maidir le príobháidiú talún i limistéir tuaithe, alt 28, 29, 30.

In SK: Cuideachtaí eachtrannacha ná daoine nádúrtha eachtrannacha, ní fhéadfaidh siad talamh talmhaíochta ná talamh foraoise a éadáil lasmuigh de theorainneacha ceantair uirbigh bardais, agus tá roinnt tailte eile ann nach bhféadfaidh siad a éadáil (e.g. acmhainní nádúrtha, lochanna, aibhneacha, bóithre poiblí, etc.).

Bearta atá ann cheana:

SK: Acht Uimh. 44/1988 um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha;

Acht Uimh. 229/1991 um úinéireacht talún agus úinéireacht maoine talmhaíochta eile a rialáil;

Acht Uimh. 460/1992 Bunreacht Phoblacht na Slóvaice;

Acht Uimh. 180/1995 um bearta áirithe i gcomhair socruithe úinéireachta talún;

Acht Uimh. 202/1995 um Malartú Eachtrach;

Acht Uimh. 503/2003 um úinéireacht talún talmhaíochta a thabhairt ar ais;

Acht Uimh. 326/2005 um Fhoraoisí; agus

Acht Uimh. 140/2014 um éadáil úinéireachta talún talmhaíochta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí –
Láithreacht áitiúil:

In BG: Féadfaidh daoine nádúrtha nó dlíthiúla a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe sa Bhulgáir ar feadh níos mó ná 5 bliana úinéireacht ar thalamh talmhaíochta a éadáil. Féadfaidh daoine dlíthiúla atá bunaithe ar feadh níos lú ná 5 bliana úinéireacht ar thalamh talmhaíochta a éadáil freisin má chomhlíonann na comhpháirtithe sa chuideachta, comhaltaí an chomhlachais nó bunaitheoirí na cuideachta comhstoic na ceanglais chónaithe 5 bliana. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha, mar aon le daoine dlíthiúla eachtracha atá bunaithe i gcomhréir le reachtaíocht tríú stát, an ceart chun talamh a éadáil ar bhonn comhaontaithe idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire, agus trí oidhreacht faoin dlí. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha, mar aon le daoine dlíthiúla eachtracha atá bunaithe i gcomhréir le reachtaíocht tríú stát, an ceart chun críocha foraoise a éadáil ar bhonn comhaontaithe idirnáisiúnta, de réir Airteagal 22, Mír 2 de Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire, agus trí oidhreacht faoin dlí (an Dlí um Fhoroaisí, Airt. 23, mír 5).

Bearta atá ann cheana:

BG: Bunreacht Phoblacht na Bulgáire, airteagal 22, mír 2 agus Airteagal 23 mír 5; agus
an Dlí um Fhoroaisí, airteagal 10.

In EE: Daoine nach as LEE iad ná nach as balltír de ECFE iad, ní fhéadfaidh siad sócmhainn dhochorraithe a éadáil a bhfuil talamh talmhaíochta nó foraoise inti ach le húdarú an rialtóra contae agus na comhairle cathrach, agus ní mór dóibh a chruthú, faoi mar a fhorordaítear le dlí, go n-úsáidfean an tsócmhainn dhochorraithe go héifeachtúil, go hinbhuanaithe agus d'aon ghnó de réir an chuspóra atá beartaithe lena haghaidh.

Bearta atá ann cheana:

EE: Kinnisasja omandamise kitsendamise seadus (An tAcht um Shrianta ar Éadáil Sócmhainní Dochorraithe) Caibidlí 2 agus 3.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In LT: Aon bheart atá comhsheasmhach leis na gealltanais a thug an tAontas agus atá infheidhme sa Liotuáin in GATS maidir le talamh a éadáil. An nós imeachta maidir le dáileacht talún a éadáil, na téarmaí agus na coinníollacha, chomh maith le srianta, bunófar iad leis an Dlí Bunreachta, an Dlí maidir le Talamh agus an Dlí maidir le Talún Talmhaíochta a Éadáil.

Mar sin féin, rialtais áitiúla (bardais) agus eintitis náisiúnta eile de chuid balltíortha de ECFE agus d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, rialtais agus eintitis a ghabhann do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Liotuáin agus a shonraítear leis an dlí bunreachtúil i gcomhréir le critéir an Aontais agus le lánpháirtíú eile a bhfuil an Liotuáin imithe ina bhun, tá cead acu dáileachtaí talún nach talamh thalmhaíochta iad a éadáil, dáileachtaí a bhfuil gá acu leo chun na foirgnimh agus na saoráidí is gá le haghaidh a ngníomhaíochtaí díreacha a thógáil agus a oibriú.

Bearta atá ann cheana:

LT: Bunrecht Phoblacht na Liotuáine;

Dlí Bunreachta Phoblacht na Liotuáine maidir le Cur Chun Feidhme Mhír 3 d'Airteagal 47 de Bhunrecht Phoblacht na Liotuáine an 20 Meitheamh 1996, Uimh. I-1392, atheagrú nua an 20 Márta 2003 Uimh. IX-1381 arna leasú go deireanach an 12 Eanáir 2018, Uimh. XIII-981;

An dlí maidir le talamh 26 Aibreán 1994 Uimh. I-446, atheagrú nua 27 Eanáir 2004 Uimh. IX-1983, arna leasú go deireanach 26 Meitheamh 2020 Uimh. XIII-3165;

An dlí maidir le talamh talmhaíochta a éadail an 28 Eanáir 2003 Uimh. IX-1314, atheagrú nua ón 1 Eanáir 2018 Uimh. XIII-801, arna leasú go deireanach an 14 Bealtaine 2020 Uimh. XIII-2935; agus

Dlí Foraoise an 22 Samhain 1994 Uimh. I-671, atheagrú nua 10 Aibreán 2001 Uimh. IX-240, arna leasú go deireanach an 25 Meitheamh 2020 Uimh. XIII-3115.

(c) Aitheantas

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

San Aontas: Treoracha an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí agus cáilíochtaí gairmiúla eile, níl feidhm acu ach maidir le saoránaigh den Aontas. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialáilte a chleachtadh i mBallstát amháin, ní dheonaítear an ceart chun an tseirbhís ghairmiúil sin a chleachtadh i mBallstát eile.

(d) Cóir an náisiúin barrfhabhair

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

San Aontas: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun aon chonradh infheistíochta idirnáisiúnta nó aon chomhaontaithe trádála eile atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

San Aontas: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo:

- (a) a chruthaíonn margadh inmheánach i seirbhísí agus san infheistíocht;
- (b) a dheonaíonn an ceart bunaíochta; nó
- (c) a bhfuil sé de cheangal air comhfhogasú reachtaíochta a dhéanamh in earnáil eacnamaíoch amháin nó níos mó.

Margadh inmheánach i seirbhísí agus infheistíocht, ciallaíonn sé limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht seirbhísí, caipitil agus daoine.

Ciallaíonn an ceart bunaíochta oibleagáid deireadh a chur go substaintiúil trí theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe le gach bacainn maidir le bunaíocht i measc pháirtithe an chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh. Cuimseofar sa cheart bunaíochta an ceart ag náisiúnaigh de pháirtithe an chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh frontair a chur ar bun agus a oibriú faoi na coinníollacha céanna a chuirtear ar fáil do náisiúnaigh faoi dhlí an pháirtí ina mbunaítear amhlaidh.

Ciallaíonn comhfhogasú reachtaíochta:

- (a) reachtaíocht páirtí amháin nó níos mó sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach a ailíniú le reachtaíocht an Pháirtí nó na bpáirtithe eile sa chomhaontú sin; nó
- (b) reachtaíocht choiteann a ionchorprú i ndlí na bpáirtithe sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach.

Ní dhéanfar an t-ailíniú ná an t-ionchorprú sin, ná ní mheasfar go ndearnadh sé, go dtí an tráth a achtófar é i ndlí an pháirtí nó na bpáirtithe sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach.

Bearta atá ann cheana.

Bearta atá ann cheana:

An tAontas: Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

Comhaontuithe Cobhsaithe;

Comhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise; agus

Comhaontuithe Saorthrádála Doimhne agus Cuimsitheacha.

San Aontas: Cóir dhifreálach a thabhairt do náisiúnaigh nó d'fhiontair maidir leis an gceart bunáochta trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo idir na Ballstáit seo a leanas: BE, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LU, NL, PT agus aon cheann de na tíortha nó na prionsachtaí seo a leanas: Andóra, Monacó, San Mairíne agus Stát Chathair na Vatacáine.

In DK, FI, SE: Bearta arna nglacadh ag an Danmhairg, an tSualainn agus an Fhionlainn atá dírithe ar chomhar Nordach a chur chun cinn, mar seo a leanas:

- (a) tacaíocht airgeadais do thionscadail T&F (an Ciste Tionscail Nordach);
- (b) staidéir indéantachta a mhaoiniú le haghaidh thionscadail idirnáisiúnta (an Ciste Nordach le haghaidh Onnmhairí Tionscadail); agus

- (c) cúnadh airgeadais le haghaidh cuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht chomhshaoil (an Chorpáid Airgeadais Nordach le haghaidh an Chomhshaoil (NEFCO)). Is é cuspóir NEFCO infheistíochtaí a chur chun cinn a rachaidh chun leasa an chomhshaoil Nordaigh, lena leagfar béim ar Oirthear na hEorpa.

In PL: Coinníollacha fabhracha chun seirbhísí a bhunú nó a sholáthar ar bhonn trasteorann, seirbhísí ina bhféadfar srianta áirithe a chumhdaítear sa liosta d'fhorchoimeádais is infheidhme sa Pholainn a dhíbirt nó a leasú, féadfar síneadh a chur leo trí chonarthaí tráchtála agus loingseoireachta.

In PT: Ceanglais náisiúntachta a tharscaoileadh le haghaidh cleachtadh gníomhaíochtaí agus gairmeacha áirithe maidir le daoine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí le haghaidh tíortha inarb í an Phortaingéilis an teanga oifigiúil (Angóla, an Bhrasáil, Cabo Verde, Guine Bissau, an Ghuine Mheánchiorclach, Mósaimbíc, São Tomé agus Príncipe, agus Tíomór Thoir).

(e) Airm, muinisean agus ábhar cogaidh

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus bord stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

San Aontas: Airm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a dháileadh, nó trádáil iontu. Tá ábhar cogaidh teoranta d'aon táirge ar lena úsáid go míleata amháin, i ndáil le gníomhaíochtaí cogaidh nó cosanta a dhéanamh, a bheartaítear agus a dhéantar é.

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla – seachas seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte

Earnáil: Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí dlí: seirbhísí nótaireí agus báillí; seirbhísí cuntasáochta agus leabharchoimeáda; seirbhísí iniúcháireachta, seirbhísí comhairleacha cánachais; seirbhísí ailtireachta agus pleanáil uirbí; seirbhísí innealtóireachta; agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite

Aicmiú tionscail: Cuid de CPC 861, cuid de 87902, 862, 863, 8671, 8672, 8673, 8674, cuid de 879

Oibleagáidí

lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí dlí

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

San Aontas, cé is moite de SE: Soláthar seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí údaraithe dlí, seirbhísí doiciméadachta agus seirbhísí deimhnithe arna soláthar ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, ar nós nótaireí, ‘huissiers de justice’ nó ‘officiers publics et ministériels’ eile, agus i ndáil le seirbhísí a chuireann báillí ar fáil a cheaptar trí bhíthin acht oifigiúil rialtais (cuid de CPC 861, cuid de 87902).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In BG: Cóir náisiúnta iomlán i leith bunú agus oibriú cuideachtaí, agus soláthar seirbhísí chomh maith, ní féidir sin a leathnú ach chuig cuideachtaí atá bunaithe sna tíortha lenar tugadh socrúithe fabhracha i gcrích nó lena dtabharfar socrúithe fabhracha i gcrích, agus chuig saoránaigh de na tíortha sin (cuid de CPC 861).

In LT: Ní féidir le haturnaetha ó thíortha eachtrannacha a bheith rannpháirteach mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta (cuid de CPC 861), lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le hionadaíocht os comhair cúirteanna.

- (b) Seirbhísí cuntasáíochta agus leabharchoimeáda (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219, 86220)

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In HU: Gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh cuntasáíochta agus leabharchoimeáda.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht C de 2000; agus Acht LXXV de 2007.

- (c) Seirbhísí iniúcháireachta (CPC – 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasáíochta agus leabharchoimeáda)

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BG: Chun iniúchadh airgeadais neamhspleách a dhéanamh, ní mór iniúcháir (cuideachta aonair nó iniúcháireachta) a chur isteach sa chlár a riarann an Coimisiún um Fhormhaoirseacht Phoiblí na nIniúcháirí Cláraithe (CPOSA). Féadfar iniúcháir a bhfuil inniúlacht dhlíthiúil faighte aige i dtríú tír a chlárú faoi na coinníollacha seo a leanas agus faoi réir cóimhalartachta:

- (a) ní mór d’iniúcháir aonair pas a fháil i scrúduithe i ndlí tráchtála, cánach agus slándála sóisialta na Bulgáire sa Bhulgáiris (atá coibhéiseach leis na ceanglais ar shaoránaigh den Bhulgáir);
- (b) ní mór do chuideachta iniúcháireachta eachtraí atá ag iarraidh a bheith cláraithe mar iniúcháir reachtúil sa Bhulgáir a áirithiú go gcomhlíonann trí cheathrú de chomhaltaí na gcomhlachtaí bainistíochta agus na n-iniúcháirí cláraithe a dhéanann iniúcháireachtaí airgeadais reachtúla thar ceann na cuideachta ceanglais atá coibhéiseach le ceanglais iniúcháirí reachtúla ar saoránaigh den Bhulgáir iad, lena n-áirítear na scrúduithe ábhartha a ghnóthú, mar a fhoráiltear san Acht um Iniúchadh Airgeadais Neamhspleách (IFAA).

Bearta atá ann cheana:

BG: An tAcht um Iniúcháireacht Airgeadais Neamhspleách.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In CZ: Ní údaraítear chun iniúchtaí a dhéanamh sa tSeicia ach duine dlíthiúil ina bhforchoimeádtar 60 % ar a laghad de na leasanna caipitil nó de na cearta vótála do náisiúnaigh na Seicia nó de na Ballstáit.

Bearta atá ann cheana:

CZ: Leasaíodh Dlí an 14 Aibreán 2009 uimh. 93/2009 Coll., maidir le hIniúcháirí.

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In HU: Soláthar trasteorann seirbhísí iniúcháireachta.

Bearta atá ann cheana:

Acht C de 2000; agus Acht LXXV de 2007.

In PT: Soláthar trasteorann seirbhísí iniúcháireachta.

(d) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí (CPC 8674)

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In HR: Soláthar trasteorann na pleanála uirbí.

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol cógaisíochta

Earnáil: Seirbhísí gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, miondíolacháin earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí

Aicmiú tionscail: CPC 63211, 85201, 9312, 9319, 93121

Oibleagáidí

lena mbaineann:

Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil:

Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) Seirbhísí leighis agus fiacloireachta; seirbhísí arna soláthar ag mná cabhracha, altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus foireann pharaimhíochaine (CPC 63211, 85201, 9312, 9319, 932)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh agus Cóir náisiúnta:

In FI: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiacloireachta, seirbhísí a sholáthraíonn mná cabhrach, fisiteiripeoirí agus foireann pharaimhíochaine chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe, seachas seirbhísí a sholáthraíonn altraí (CPC 9312, 93191).

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki yksityisestää terveydenhuollosta (An tAcht um Chúram Sláinte Príobháideach) (152/1990).

In BG: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, mná cabhrach, fisiteiripeoirí agus foireann pharaimhíochaine chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe (CPC 9312, cuid de 9319).

Bearta atá ann cheana:

BG: Acht um Eagraíocht Ghairmiúil Altraí Leighis, Ban Cabhrach agus Cumann na Speisialtóirí Leighis Gaolmhara.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh agus Cóir náisiúnta:

In CZ, MT: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, mná cabhrach, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile (CPC 9312, cuid de 9319).

Bearta atá ann cheana:

CZ: Acht Uimh. 296/2008 Coll. um Cháilíocht agus Sábháilteacht Fíochán agus Ceall Daonna a Chosaint atá Ceaptha le hÚsáid sa Duine ('Acht um Fíocháin agus Cealla Daonna');

Acht Uimh. 378/2007 Coll. maidir le hEarraí Cógaisíochta agus maidir le Leasuithe ar Roinnt Achtanna Gaolmhara (Acht maidir le hEarraí Cógaisíochta);

Acht Uimh. 268/2014 Coll. maidir le feistí leighis agus lena leasaítear Acht Uimh. 634/2004 Coll. maidir le táillí riaracháin, arna leasú ina dhiaidh sin;

Acht Uimh. 285/2002 Coll. maidir le Deonú, Tógáil agus Trasphlandú Fíochán agus Orgán agus maidir le Leasú ar Achtanna Áirithe (an tAcht um Thrasphlandú);

Acht Uimh. 372/2011 Coll. maidir le seirbhísí sláinte agus maidir leis na coinníollacha a bhaineann lena soláthar; agus

Acht Uimh. 373/2011 Coll. maidir le seirbhísí sláinte sonracha).

I dtaca le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de NL agus SE: Tá ceanglas cónaithe ann le haghaidh soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiacloirí, mná cabhrach, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile. Ní fhéadfaidh ach daoine ag a bhfuil láithreacht fhisiceach i gcríoch an Aontais na seirbhísí sin a sholáthar. (CPC 9312, cuid de 93191).

In BE: Soláthar trasteorann gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiacloireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, mná cabhrach, fisiteiripeoirí agus foireann pharaimhíochaine chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe. (cuid de CPC 85201, 9312, cuid de 93191).

In PT (maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): I ndáil le gairmeacha fisiteiripeoirí, pearsanra paraimhíochaine agus pódiatraithe, is féidir a cheadú do ghairmithe eachtracha cleachtadh ar bhonn cómhalartacht.

(b) Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG: Féadfaidh duine nádúrtha nó dlíthiúil bunaíocht leighis tréidliachta a bhunú.

Is do náisiúnaigh de LEE agus do bhuanchnaitheoirí amháin a cheadaítear cleachtadh na tréidliachta (ní mór láithreacht fhisiciúil a bheith ag cónaitheoirí buana).

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In BE, LV: Soláthar trasteorann seirbhísí tréidliachta.

- (c) Miondíolacháin earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha, seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de EL, IE, LU, LT agus NL: Féadfar srian a chur leis an líon soláthróirí atá i dteideal seirbhís áirithe a sholáthar i gcrios nó i limistéar áitiúil ar leith ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Dá bhrí sin féadfar tástáil riachtanais eacnamaíoch I chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt ar fhachtóirí mar líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, bonneagar iompair, dlús daonra nó raon geografach.

San Aontas, cé is moite de BE, BG, EE, ES, IE agus IT: Ní féidir postdíol a dhéanamh ach ó Bhallstáit de LEE, rud a fhágann go bhfuil sé de cheangal bunaíocht a bheith ann in aon cheann de na tíortha sin le haghaidh miondíol cógaisíochta agus earraí sonracha leighis leis an bpobal i gcoitinne san Aontas.

In BE: Is ó chógaslann atá bunaithe sa Bheilg amháin is féidir earraí sonracha cógaisíochta agus earraí sonracha leighis a dhíol.

In BG, EE, ES, IT agus LT: Miondíol trasteorann cógaisíochta.

In CZ: Ní féidir díolacháin mhiondíola a dhéanamh ach ó na Ballstáit.

In IE agus LT: Miondíol trasteorann cógaisíochta lena bhfuil oideas ag teastáil.

In PL: Ní mór idirghabhálaithe i dtrádáil táirgí íocshláinte a chlárú agus áit chónaithe nó oifig chlárúithe a bheith acu ar chríoch Phoblacht na Polainne.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In FI: Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In SE: Miondíolacháin earraí cógaisíochta agus soláthar earraí cógaisíochta don phobal i gcoitinne.

Beartha atá ann cheana:

AT: Arzneimittelgesetz (An tAcht um Chógas), BGBl. Uimh. 185/1983 arna leasú, §§ 57, 59, 59a; agus

agus Medizinproduktegesetz (Dlí maidir le Táirgí Leighis), BGBl. Uimh. 657/1996 arna leasú, § 99.

BE: Arrêté royal du 21 janvier 2009 portant instructions pour les pharmaciens; agus

Arrêté royal du 10 novembre 1967 relatif à l'exercice des professions des soins de santé.

CZ: Acht Uimh. 372/2011 Coll. maidir le hearraí cógaisíochta , arna leasú; agus

Acht Uimh. 372/2011 Coll. maidir le Seirbhísí Sláinte, arna leasú.

FI: Lääkelaki (An tAcht Leighis) (395/1987).

PL: An Dlí Cógaisíochta, Airteagal 73a (Iris Dlíthe 2020, mír 944, 1493).

SE: Dlí maidir le trádáil in earraí cógaisíochta (2009:336);

Rialachán maidir le trádáil in earraí cógaisíochta (2009:659);

Acht maidir le Trádáil Táirgí Íocshláinte Áirithe Nach bhFuil ar Oideas (2009:730); agus

Tá rialacháin bhreise glactha ag Gníomhaireacht na Sualainne um Tháirgí Leighis, agus is féidir na sonraí fúthu a fháil ag (LVFS 2009:9).

Forchoimeádas Uimh. 4 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí taighde agus forbartha

Earnáil: Seirbhísí taighde agus forbartha

Aicmiú tionscail: CPC 851, 852, 853

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In RO: Soláthar trasteorann seirbhísí taighde agus forbartha.

Bearta atá ann cheana:

RO: Ordánas Rialtais Uimh. 6 / 2011; agus

Ordú ón Aire Oideachais agus Taighde Uimh. 3548 / 2006; agus Cinneadh Rialtais Uimh. 134 / 2011.

Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí réadmhaoine

Earnáil: Seirbhísí réadmhaoine

Aicmiú tionscail: CPC 821, 822

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In CZ agus HU: Soláthar trasteorann seirbhísí réadmhaoine.

Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí cíosa nó léasaithe

Earnáil: Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí

Aicmiú tionscail: CPC 832

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In BE agus FR: Soláthar trasteorann seirbhísí léasaithe nó cíosa gan oibreoir i ndáil le hearraí pearsanta agus tí.

Forchoimeádas Uimh. 7 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa

Earnáil: Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin, seirbhísí tuairiscithe creidmheasa

Aicmiú tionscail: CPC 87901, 87902

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

San Aontas, cé is moite de ES, LV agus SE, maidir le soláthar seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa.

Forchoimeádas Uimh. 8 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí socrúcháin

Earnáil: Seirbhísí Gnó – seirbhísí socrúcháin

Aicmiú tionscail: CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209

Oibleagáidí

lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de EL, IE, LU, LT agus NL: Seirbhísí soláthair do bhaill foirne tí, d'oibrithe tráchtála nó tionscail eile, foireann altranais agus eile (CPC 87204, 87205, 87206, 87209).

In BG, CY, CZ, DE, EE, FI, LT, LV, MT, PL, PT, RO, SI agus SK: Seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201).

In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, LT, LV, MT, PL, PT, RO, SI agus SK: Seirbhísí socrúcháin a bhunú le haghaidh baill foirne tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202).

In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, LT, LV, MT, PL, PT, RO, SI and SK: Seirbhísí baill foirne tacaíochta oifige a sholáthar (CPC 87203).

I dtaca le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de BE, BG, EE, ES, IE agus IT: Seirbhísí socrúcháin a bhunú le haghaidh baill foirne tacaíochta oifige agus oibríthe eile (CPC 87202).

In IE: Soláthar trasteorann seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201).

In FR, IE, IT agus NL: Soláthar trasteorann seirbhísí pearsanra oifige (CPC 87203).

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In DE: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí socrúcháin.

In ES: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí cuardaigh agus socrúcháin feidhmiúcháin (CPC 87201, 87202).

In FR: D'fhéadfadh na seirbhísí sin a bheith faoi réir CPC monaplachta stáit (CPC 87202).

In IT: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí soláthair pearsanra oifige (CPC 87203).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In DE: Féadfaidh an Aireacht Chónaidhme Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialacháin a eisiúint maidir le pearsanra nach pearsanra de chuid an Aontais agus LEE iad a lonnú agus a earcú do ghairmeacha sonraithe (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209).

Bearta atá ann cheana:

AT: §§97 agus 135 d’Acht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung), Iris Oifigiúil Dlí na Cónaidhme Uimh. 194/1994 arna leasú; agus

An tAcht um Fhostaíocht Shealadach (Arbeitskräfteüberlassungsgesetz/AÜG), Iris Oifigiúil Dlí na Cónaidhme Uimh. 196/1988 arna leasú.

BG: An tAcht um Fhostaíocht a Spreagadh, Airteagail 26, 27, 27ú agus 28.

CY: An Dlí um Ghníomhaireacht Phríobháideach Fostaíochta Uimh. 126(I)/2012 arna leasú, Dlí Uimh. 174(I)/2012.

CZ: Acht um Fhostaíocht (435/2004).

DE: Gesetz zur Regelung der Arbeitnehmerüberlassung (AÜG);

Sozialgesetzbuch Drittes Buch (SGB III; Cód Sóisialta, Leabhar a Trí) - Cur Chun Cinn na Fostaíochta; agus

Verordnung über die Beschäftigung von Ausländerinnen und Ausländern (BeschV; Ordánas ar Fhostaíocht Eachtrannach).

DK: §§ 8a – 8f i bhforaithne dlí Uimh. 73 an 17 Eanáir 2014 agus atá sonraithe i bhforaithne Uimh. 228 an 7 Márta 2013 (fostaíocht maraithe); an tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006. S1(2) agus (3).

EL: Dlí 4052/2012 (Iris Oifigiúil an Rialtais 41 A) arna leasú le roinnt dá fhoráil leis an dlí Uimh. 4093/2012 (Iris Oifigiúil an Rialtais 222 A).

ES: Real Decreto-ley 8/2014, de 4 de julio, de aprobación de medidas urgentes para el crecimiento, la competitividad y la eficiencia (tramitado como Ley 18/2014, de 15 de octubre).

FI: Laki julkisesta työvoima- ja yrityspalvelusta (An tAcht um Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta agus Fiontair) (916/2012).

HR: Acht um Mhargadh an tSaothair (OG 118/18, 32/20);

Acht Iniúcháireachta (OG 93/14, 127/17, 98/19) agus

An tAcht don Ghairm Dlí (OG 130/11m 74/13, 67/17, 46/18, 53/20)

IE: Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006. S1(2) agus (3).

IT: Forairthne Reachtach 276/2003, airteagail 4, 5.

LT: Cód Saothair Phoblacht na Liotuáine, arna fhormheas le Dlí Uimh. XII-2603 an 14 Meán Fómhair 2016 ó Phoblacht na Liotuáine, arna leasú go deireanach an 15 Deireadh Fómhair 2020 Uimh. XIII-3334; agus

An Dlí maidir le Stádas Dlíthiúil Eachtrannach i bPoblacht na Liotuáine an 29 Aibreán 2004 Uimh. IX-2206 arna leasú go deireanach an 10 Samhain 2020 Uimh. XIII-3412.

LU: Loi du 18 janvier 2012 portant création de l'Agence pour le développement de l'emploi (Dlí an 18 Eanáir 2012 maidir le gníomhaireacht a chruthú d'fhorbairt fostaíochta – ADEM).

MT: An tAcht Seirbhísí Fostaíochta agus Oiliúna, (Cap 343) (Airteagail 23 go 25); agus Rialacháin maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta (S.L. 343.24).

PL: Airteagal 18 d'Ionstraim an 20 Aibreán 2004 maidir le hinstitiúidí fostaíochta agus margaidh saothair a chur chun cinn (Dz. U. de 2015, Mír. 149, arna leasú).

PT: Forairthne Uimh. 260/2009 an 25 Meán Fómhair, arna leasú le Dlí Uimh. 5/2014 an 12 Feabhra;

Dlí Uimh. 28/2016 an 23 Lúnasa, agus

Dlí Uimh. 146/2015 an 9 Meán Fómhair (rochtain agus soláthar seirbhísí ag gníomhaireachtaí socrúcháin).

RO: Dlí Uimh. 156/2000 maidir le cosaint saoránach Rómánach atá ag obair thar lear, athfhoilsithe;

Cinneadh Rialtais Uimh. 384/2001 maidir leis na noirm mhodheolaíochta a fhorghnóthas chun Dlí Uimh. 156/2000 a chur i bhfeidhm, le leasuithe ina dhiaidh sin;

Ordánas Uimh. 277/2002 ón Rialtas, arna mhodhnú le hOrdánas Uimh. 790/2004 ón Rialtas agus le hOrdánas Uimh. 1122/2010 ón Rialtas; agus

Dlí uimh. 53/2003 – Cód Saothair, arna athfhoilsiú, le leasuithe agus forlónadh ina dhiaidh sin agus Cinneadh an Rialtais Uimh. 1256/2011 maidir leis na coinníollacha oibriúcháin agus an nós imeachta um údarú do ghníomhaireacht oibre shealadach.

SI: Acht rialaithe mhargadh an tsaothair (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 80/2010, 21/2013, 63/2013, 55/2017); agus

an tAcht um Fhostaíocht, Féinfhostaíocht agus Obair Eachtrannach – ZZSDT (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 47/2015), ZZSDT-UPB2 (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 1/2018).

SK: Acht Uimh. 5/2004 maidir le Seirbhísí Fostaíochta; agus

Acht Uimh. 455/1991 maidir le Ceadúnú Trádála.

Forchoimeádas Uimh. 9 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí slándála agus imscrúdúcháin

Earnáil: Seirbhísí gnó – seirbhísí slándála agus imscrúdaithe

Aicmiú tionscail: CPC 87301, 87302, 87303, 87304, 87305, 87309

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG, CY, CZ, EE, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Soláthar seirbhísí slándála.

In DK, HR agus HU: Soláthar na bhfo-earnálacha seo a leanas: seirbhísí garda (87305) in HR agus HU, seirbhísí comhairliúcháin slándála (87302) in HR, seirbhísí garda aerfoirt (cuid de 87305) in DK agus seirbhísí carr armúrtha (87304) in HU.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Tá ceanglas maidir le náisiúntacht i mBallstát ar bhoird stiúrthóirí daoine dlíthiúla a sholáthraíonn seirbhísí garda agus slándála (87305), chomh maith le comhairliúchán agus oiliúint a bhaineann le seirbhísí slándála (87302). Bainistíocht shinsearach na gcuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin garda agus slándála, ní mór iad a bheith ina náisiúnaigh chónaitheacha i mBallstát.

In ES: Soláthar trasteorann seirbhísí slándála. Tá ceanglais náisiúntachta ann do phearsanra slándála príobháideach.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In FI: Ní fhéadfar ceadúnais maidir le soláthar seirbhísí slándála a dheonú ach amháin do dhaoine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó daoine dlíthiúla atá bunaithe in LEE.

In FR agus PT: Tá ceanglais náisiúntachta ann do shainphearsanra in PT agus do stiúrthóirí agus stiúrthóirí bainistíochta in FR.

I dtaca le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE, FI, FR agus PT: Ní cheadaítear do sholáthróir eachtrach seirbhísí slándála a sholáthar ar bhonn trasteorann.

Bearta atá ann cheana:

BE: Loi réglementant la sécurité privée et particulière, 2 Octobre 2017.

BG: An tAcht um Ghnó Slándála Príobháidí.

CZ: An tAcht ar Cheadúnas Trádála.

DK: Rialachán maidir leis an tslándáil eitlíochta.

FI: Laki yksityisistä turvallisuuspalveluista 282/2002 (An tAcht um Sheirbhísí Príobháideacha Slándála).

LT: Dlí ar shlándáil Daoine agus Sócmhainní an 8 Iúil 2004. Uimh. IX-2327.

LV: Dlí ar Ghníomhaíochtaí Garda Slándála (Ranna 6, 7, 14).

PL: Acht an 22 Lúnasa 1997 ar chosaint daoine agus maoine (Iris Dlíthe 2016, mír 1432 arna leasú).

PT: Dlí 34/2013 alterada p/ Lei 46/2019, 16 maio; agus

Ordanáas 273/2013 alterada p/ Portaria 106/2015, 13 abril.

SI: Zakon o zasebnem varovanju (An dlí maidir le slándáil phríobháideach).

(b) Seirbhísí imscrúdaithe (CPC 87301)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de AT agus SE: Soláthar seirbhísí imscrúdaithe.

Forchoimeádas Uimh. 10 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí gnó eile

Earnáil, fo-earnáil: Seirbhísí gnó – seirbhísí gnó eile (seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, seirbhísí dúblála, seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh agus seirbhísí atá teagmhasach le monarú)

Aicmiú tionscail: CPC 87905, 87904, 884, 887

Oibleagáidí

lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ceanglais feidhmíochta

Láithreacht áitiúil

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In HR: Soláthar trasteorann aistriúcháin agus ateangaireachta ar dhoiciméid oifigiúla.

(b) Seirbhísí dúbailte (CPC 87904)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In HU: Soláthar trasteorann seirbhísí dúbailte.

- (c) Seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh agus seirbhísí atá teagmhasach le monarú (cuid de CPC 884, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In HU: Seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh, agus soláthar trasteorann seirbhísí atá teagmhasach le monarú, ach amháin seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin a bhaineann leis na hearnálacha sin.

- (d) Cothabháil agus deisiú soithí, trealamh iompair iarnróid agus aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, CPC 86769, CPC 8868)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de DE, EE agus HU: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe trealamh iompair d'iarnród.

San Aontas, cé is moite de CZ, EE, HU, LU agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe soithí iompair ar uiscebhealaí intíre.

San Aontas, cé is moite de EE, HU agus LV: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe soithí muirí.

San Aontas, cé is moite de AT, EE, HU, LV agus PL: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, CPC 86769, CPC 8868).

San Aontas: Soláthar trasteorann seirbhísí suirbhéanna reachtúla agus deimhniúchán long.

Beartha atá ann cheana:

An tAontas: Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

(e) Seirbhísí gnó eile a bhaineann le heitlíocht

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

San Aontas: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo:

(a) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO AE L 131, 28.5.2009, lch. 11).

- (b) seirbhísí chóras áirithinte ríomhaire (CAR);
- (c) aerárthaí agus páirteanna díobh a chothabháil agus a dheisiú; nó
- (d) aerárthaí a fháil ar cíos nó a léasú gan chriú.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In DE, FR: aerchomhrac dóiteáin, oiliúint eitle, spraeáil, suirbhéireacht, mapáil, grianghrafadóireacht, agus seirbhísí aerbheirthe eile talmhaíochta, tionsclaíochta agus cigireachta.

In FI, SE: Aerchomhrac dóiteáin.

Forchoimeádas Uimh. 11 – An Teileachumarsáid

Earnáil: Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádam an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun I ndáil leis na nithe seo a leanas:

In BE: Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte.

Forchoimeádas Uimh. 12 – An Fhoirgníocht

Earnáil: Seirbhísí foirgníochta

Aicmiú tionscail: CPC 51

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In LT: Ní thugtar an ceart chun cáipéisí dearaidh a ullmhú i gcomhair oibreacha foirgníochta a bhfuil tábhacht eisceachtúil leo ach d'fhiontar dearaidh atá cláraithe sa Liotuáin, nó fiontar dearaidh eachtrach atá faofa ag institiúid arna húdarú ag an Rialtas do na gníomhaíochtaí sin. Féadfar institiúid arna húdarú ag Rialtas na Liotuáine an ceart chun gníomhaíochtaí teicniúla a dhéanamh i bpríomhréimsí na foirgníochta a dheonú do dhuine nach Liotuánach é.

Forchoimeádas Uimh. 13 – Seirbhísí dáileacháin

Earnáil: Seirbhísí dáileacháin

Aicmiú tionscail: CPC 62117, 62251, 8929, cuid de 62112, 62226 agus cuid de 631

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ceanglais feidhmíochta

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Cógaisíocht a dháileadh

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Dáileadh trasteorann mórdhíola cógaisíochta (CPC 62251).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In FI: Dáileadh táirgí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929).

Bearta atá ann cheana:

BG: Dlí maidir le Táirgí Leighis sa Leigheas Daonna; Dlí maidir le Feistí Leighis.

FI: Lääkelaki (An tAcht Leighis) (395/1987).

(b) Dáileadh deochanna alcólacha

In FI: Dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929).

Bearta atá ann cheana:

FI: Alkoholilaki (An tAcht um Alcóil) (1102/2017).

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In SE: Monaplacht a fhorchur ar dhíolacháin mhiondíola deochanna meisciúla, fiona agus beorach (ach amháin beoir neamh-mheisciúil). Tá monaplacht rialtais ag Systembolaget AB ar dhíolacháin mhiondíola deochanna meisciúla, fiona agus beorach faoi láthair (ach amháin beoir neamh-mheisciúil). Is deochanna ina bhfuil an t-ábhar alcóil os cionn 2,25 % den toirt iad deochanna meisciúla. Ábhar alcóil de níos mó ná 3,5 % den toirt, sin an teorainn do bheoir (cuid de CPC 631).

Bearta atá ann cheana:

SE: An tAcht Alcóil (2010:1622).

- (c) Dáileadh eile (cuid de CPC 621, CPC 62228, CPC 62251, CPC 62271, cuid de CPC 62272, CPC 62276, CPC 63108, cuid de CPC 6329)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BG: Dáileachán mórdhíola táirgí ceimiceacha, miotal agus cloch lómhar, substaintí leighis agus táirgí agus míreanna le haghaidh úsáid leighis; tobac agus táirgí tobac agus deochanna alcólacha.

Forchoimeádann an Bhulgáir an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí a sholáthraíonn bróicéirí tráchtarraí.

Bearta atá ann cheana:

BG: Dlí maidir le Táirgí Leighis sa Leigheas Daonna;

Dlí maidir le Feistí Leighis;

Dlí maidir le Gníomhaíocht Tréidliachta;

Dlí maidir le Toirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus maidir le Rialú ar Shubstaintí Ceimiceacha Tocsaineacha agus a Réamhtheachtaithe; agus

Dlí maidir le Tobac agus Táirgí Tobac. An dlí maidir le dleachtanna máil agus stórais chánach agus an Dlí maidir le fíon agus biotáillí.

Forchoimeádas Uimh. 14 – Seirbhísí oideachais

Earnáil: Seirbhísí oideachais

Aicmiú tionscail: CPC 92

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ceanglais feidhmíochta

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas: Seirbhísí oideachais a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith. I gcás ina gceadaítear go soláthraíonn soláthróirí eachtrach seirbhísí oideachais arna maoiniú go príobháideach, is féidir go mbeidh rannpháirtíocht na n-oibreoirí príobháideacha sa chóras oideachais faoi réir lamhátais a leithdháiltear ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

In AT, BE, BG, CY, EL, ES agus SI: Maidir le soláthar seirbhísí oideachais eile a mhaoineítear go príobháideach, rud a chiallaíonn seirbhísí seachas iad sin a aicmítear mar sheirbhísí bunoidreachais, meánoideachais, ardoideachais agus oideachais aosach (CPC 929).

In CY, FI, MT agus RO: Soláthar seirbhísí bunoidreachais, meánoideachais, agus oideachais aosach a fhaigheann maoiniú príobháideach (CPC 921, 922).

In AT, BG, CY, FI, MT agus RO: Soláthar seirbhísí ardoideachais a fhaigheann maoiniú príobháideach (CPC 923).

In CY: Soláthar seirbhísí oideachais aosach (CPC 924).

In FI: Soláthar seirbhísí oideachais aosach agus seirbhísí oideachais eile, seachas seirbhísí teagaisc Béarla a mhaoinítear go príobháideach (cuid de CPC 924 agus 929).

In CZ agus SK: Ní mór náisiúnaigh de chuid na tíre sin a bheith i bhformhór na gcomhaltaí de bhord stiúthóirí bunaíochta a sholáthraíonn seirbhísí oideachais arna maoiniú go príobháideach (CPC 921, 922, 923 do SK seachas 92310, 924).

In SI: Is daoine Slóivéanacha amháin a fhéadfaidh bunscoileanna arna maoiniú go príobháideach a bhunú. Ní mór don soláthróir seirbhíse oifig chláraithe nó oifig brainse a bhunú. Ní mór formhór na mball de bhord stiúthóirí bunaíochta a sholáthraíonn seirbhísí meánoideachais nó ardoideachais atá á maoiniú go príobháideach a bheith ina náisiúnaigh de chuid na Slóivéine (CPC 922, 923).

In SE: Soláthróirí seirbhísí oideachais atá formheasta ag údaráis phoiblí chun oideachas a chur ar fáil. Baineann an forchoimeádas seo le soláthróirí seirbhísí oideachais atá á maoiniú go príobháideach agus a bhfuil leagan éigin de thacaíocht Stáit acu, lena n-áirítear soláthróirí seirbhísí oideachais arna n-aithint ag an Stát, soláthróirí seirbhísí oideachais faoi mhaoirseacht an Stáit nó oideachas a thugann teidlíocht chun tacaíocht staidéir a fháil (CPC 92).

In SK: Tá ceanglas ar sholáthróirí gach seirbhíse oideachais atá á maoiniú go príobháideacha a bheith ina gcónaí in LEE cé is moite de sheirbhísí teicniúla agus gairmoideachais iar-bhunscoile. Féadfaidh scrúdú riachtanas eacnamaíoch a bheith i gceist agus d'fhéadfadh údaráis áitiúla líon na scoileanna atá á mbunú a theorannú (CPC 921, 922, 923 seachas 92310, 924).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BG, IT agus SI: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí bunoidreachais a mhaoinítear go príobháideach (CPC 921).

In BG agus IT: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí meánoideachais a mhaoinítear go príobháideach (CPC 922).

In AT: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí oideachais aosaigh atá á maoiniú go príobháideach trí chraoltóireacht raidió nó teilifíse (CPC 924).

Bearta atá ann cheana:

BG: An tAcht um Oideachas Réamhscoile agus Scoile;

An tAcht Ardoideachais, Mír 4 de na forálacha breise; agus

Airteagal 22 den Acht Gairmoideachais agus Gairmoiliúna.

FI: Perusopetuslaki (an tAcht um Bunoidreachais) (628/1998);

Lukiolaki (Acht um Meánscoileanna Uachtaracha Ginearálta) (629/1998);

Laki ammatillisesta koulutuksesta (An tAcht um Ghairmoiliúint agus Gairmoideachas) (630/1998);

Laki ammatillisesta koulutuksesta (An tAcht um Ghairmoideachas Aosach) (631/1998); agus

Ammattikorkeakoululaki (An tAcht um Pholaiteicnicí) (351/2003); agus Yliopistolaki
(An tAcht um Ollscoileanna) (558/2009).

IT: Foraithe Ríoga 1592/1933 (Dlí maidir le meánoideachas);

Dlí 243/1991 (Ranníocaíocht phoiblí ócáideach le haghaidh ollscoileanna príobháideacha);

Rún 20/2003 ó CNVSU (Comitato nazionale per la valutazione del sistema universitario); agus

Foraithe Uachtarán na Poblachta (DPR) 25/1998.

SK: Acht 245/2008 um oideachas;

Acht 131/2002 um Ollscoileanna; agus

Acht 596/2003 um an Riarachán Stáit san Oideachas agus Féinriarachán Scoile.

Forchoimeádas Uimh. 15 – Seirbhísí comhshaoil

Earnáil: Seirbhísí comhshaoil: bainistiú dramhaíola agus ithreach

Aicmiú tionscail: CPC 9401, 9402, 9403, 94060

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In DE: Soláthar seirbhísí bainistithe dramhaíola seachas seirbhísí comhairleacha, agus i ndáil le seirbhísí a bhaineann le cosaint ithreach agus le bainistiú ithreacha éillithe, seachas seirbhísí comhairleacha.

Forchoimeádas Uimh. 16 – Seirbhísí airgeadais

Earnáil: Seirbhísí airgeadais

Aicmiú tionscail: Ní bhaineann le hábhar

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Gach seirbhís airgeadais

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

San Aontas: an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le soláthar trasteorann seirbhísí uile airgeadais seachas:

San Aontas (cé is moite de BE, CY, EE, LT, LV, MT, PL, RO agus SI):

(a) seirbhísí árachais dhírigh (comhárachas san áireamh) agus idirghabháil árachais dhírigh i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le:

(i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus

(ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) seirbhísí cúnta d'árachas;
- (d) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus
- (e) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d'Airteagal 10.63 (Sainmhínte) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In BE:

- (a) seirbhísí árachais dhíreach (comhárachas san áireamh) agus idirghabháil árachais dhíreach i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta spáis (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) seirbhísí cúnta d'árachas; agus
- (d) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais eile;

In CY:

- (a) seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) i gcomhar árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (b) idirghabháil árachais;
- (c) athárachas agus aisghéilleadh;

- (d) seirbhísí cúnta d'árachas;
- (e) urrúis in-aistrithe a thrádáil dá gcuntas féin nó do chuntais a gcustaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile;
- (f) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus
- (g) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d'Airteagal 10.63 (Sainmhínte) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In EE:

- (a) árachas díreach (comhárachas san áireamh);
- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) idirghabháil árachais;
- (d) seirbhísí cúnta d'árachas
- (e) glacadh le taiscí;

- (f) gach cineál iasachta;
- (g) léasú airgeadais;
- (h) gach seirbhís íocaíochta agus gach seirbhís tarchurtha airgid; ráthaíochtaí agus gealltanais;
- (i) trádáil dá gcuntas féin nó do chuntais a gcustaiméirí, cibé acu ar mhalartán nó i margadh thar an gcuntar;
- (j) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;
- (k) bróicéireacht airgid;
- (l) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta comh-infheistíochta, seirbhísí cumhdaigh, taisclainne agus iontaobhais;
- (m) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrús, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

- (n) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus
- (o) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d’Airteagal 10.63 (Sainmhínte) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In LT:

- (a) seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) i gcomhar árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) seirbhísí cúnata d’árachas;

- (d) glacadh le taiscí;
- (e) gach cineál iasachta;
- (f) léasú airgeadais;
- (g) gach seirbhís íocaíochta agus gach seirbhís tarchurtha airgid; ráthaíochtaí agus gealltanais;
- (h) trádáil dá gcuntas féin nó do chuntais a gcustaiméirí, cibé acu ar mhalartán nó i margadh thar an gcuntar;
- (i) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;
- (j) bróicéireacht airgid;
- (k) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta comh-infheistíochta, seirbhísí cumhdaigh, taisclainne agus iontaobhais;
- (l) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrús, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

- (m) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus
- (n) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d’Airteagal 10.63 (Sainmhínte) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In LV:

- (a) seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) i gcomhar árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) seirbhísí cúnata d’árachas;

- (d) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;
- (e) Soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais eile; agus
- (f) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d'Airteagal 10.63 (Sainmhínte) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In MT:

- (a) seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) i gcomhar árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dlíteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (b) athárachas agus aisghéilleadh;

- (c) seirbhísí cúnta d'árachas;
- (d) glacadh le taiscí;
- (e) gach cineál iasachta;
- (f) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus
- (g) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d'Airteagal 10.63 (Sainmhínithe) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In PL:

- (a) seirbhísí árachais dhíriigh (comhárachas san áireamh) i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le hearraí i dtrádáil idirnáisiúnta;
- (b) athárachas agus aisghéilleadh rioscaí a bhaineann le hearraí i dtrádáil idirnáisiúnta;

- (c) seirbhísí árachais dhírigh (comhárachas agus aisghéilleadh san áireamh) agus idirghabháil árachais dhírigh i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le:
- (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (d) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus
- (e) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d'Airteagal 10.63 (Sainmhínithe) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In RO:

- (a) seirbhísí árachais dhírigh (comhárachas san áireamh) agus idirghabháil árachais dhírigh i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) seirbhísí cúnta d'árachas;
- (d) glacadh le taiscí;
- (e) gach cineál iasachta;
- (f) ráthaíochtaí agus gealltanais;
- (g) bróicéireacht airgid;

- (h) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus
- (i) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d’Airteagal 10.63 (Sainmhínte) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.

In SI:

- (a) seirbhísí árachais dhírigh (comhárachas san áireamh) agus idirghabháil árachais dhírigh i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le:
 - (i) iompar muirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin; agus
 - (ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;
- (b) athárachas agus aisghéilleadh;
- (c) seirbhísí cúnata d’árachas;
- (d) gach cineál iasachta;

- (e) glacadh le ráthaíochtaí agus gealltanais ó institiúidí creidmheasa eachtracha ag eintitis dhlíthiúla náisiúnta agus ag dílseánaigh aonair;
 - (f) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus
 - (g) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d'Airteagal 10.63 (Sainmhínithe) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh.
- (b) Árachas agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: Ní féidir le cuideachtaí árachais eachtracha árachas iompair a fhrithghealladh go díreach, ar árachas é lena gcumhdaítear earraí, árachas feithiclí dá réir agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite sa Bhulgáir.

In DE: Má tá brainse bunaithe sa Ghearmáin ag cuideachta árachais eachtrach, ní fhéadfaidh sé conarthaí árachais a thabhairt chun críche sa Ghearmáin maidir le hiompar idirnáisiúnta ach amháin tríd an mbrainse atá bunaithe sa Ghearmáin.

Bearta atá ann cheana:

DE: Luftverkehrsgesetz (LuftVG); agus

Luftverkehrszulassungsordnung (LuftVZO).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In ES: Tá sé de cheangal cónaí a bheith ann, nó mar rogha mhalartach, dhá bhliain de thaithí i dtaca leis an ngairm achtúireach.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Tá soláthar seirbhísí bhróicéara árachais faoi réir buanáit ghnó a bheith san Aontas.

Ní fhéadfaidh ach árachóirí ag a bhfuil ceannoifig san Aontas nó ag a bhfuil brainse san Fhionlainn seirbhísí árachais dhírigh, lena n-áirítear comhárachas, a thairiscint.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki ulkomaisista vakuutusyhtiöistä (An tAcht maidir le Cuideachtaí Árachais Eachtracha) (398/1995);

Vakuutusyhtiölaki (An tAcht um Chuideachtaí Árachais) (521/2008); agus

Laki vakuutusten tarjoamisesta (An tAcht um Dháileadh Árachais) (234/2018).

In FR: Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí árachais atá bunaithe san Aontas árachas rioscaí a bhaineann le hiompar de thalamh a fhrithghealladh.

Bearta atá ann cheana:

FR: Code des assurances.

In HU: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla de chuid an Aontais agus brainsí atá cláraithe san Ungáir seirbhísí árachais dhírigh a sholáthar.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht LX de 2003.

In IT: Árachas iompair earraí, árachas feithiclí agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite san Iodáil, ní féidir ach le cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach iad a fhrithghealladh, cé is moite d'iompar idirnáisiúnta a bhaineann le hallmhairí isteach san Iodáil. Soláthar trasteorann seirbhísí achtúireacha.

Bearta atá ann cheana:

IT: Airteagal 29 de chód an árachais phríobháidigh (Foraithne Reachtach uimh. 209 an 7 Meán Fómhair 2005), Dlí 194/1942 maidir leis an ngairm achtúireach.

In PT: Ní fhéadfaidh ach le fiontair de chuid an Aontais árachas aeriompair agus muiriompair a fhrithghealladh, lena gcumhdaítear earraí, aerárthaí, cabhlacha agus dliteanas. Ní féidir ach le daoine nádúrtha de chuid an Aontais nó le cuideachtaí atá bunaithe ann gníomhú mar idirghabhálaithe do ghnó árachais den sórt sin sa Phortaingéil.

Bearta atá ann cheana:

PT: Airteagal 3 de Dhlí 147/2015, Airteagal 8 de Dhlí 7/2019.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In SK: Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha cuideachta árachais a bhunú i bhfoirm chuideachta comhstoic nó féadfaidh siad gnó árachais a stiúradh trí bhainse a bhfuil oifig chláráithe aige i bPoblacht na Slóvaice. Sa dá chás, tá an t-údarú faoi réir measúnaithe ón údarás maoirseachta.

Bearta atá ann cheana:

SK: An tAcht 39/2015 um Árachas.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In FI: Leathchuid ar a laghad de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus an bhoird maoirseachta, agus an stiúrthóir bainistíochta atá ag cuideachta árachais a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil, beidh a n-áit chónaithe acu in LEE, murab é go bhfuil díolúine deonaithe dóibh ag na húdaráis inniúla. Ní fhéadfaidh árachóirí eachtracha ceadúnas a fháil san Fhionlainn mar bhainse chun a bheith ag gabháil d'árachas pinsin reachtúil. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE.

Maidir le cuideachtaí árachais eile, tá sé de cheangal go mbeidh comhalta amháin den bhord stiúrthóirí, an bord maoirseachta agus an stiúrthóir bainistíochta ar a laghad ina gcónaí in LEE. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE. Ní mór do ghníomhaire ginearálta cuideachta árachais de chuid na Nua-Shéalainne a áit chónaithe a bheith aige san Fhionlainn, mura bhfuil ceannoifig na cuideachta san Aontas Eorpach.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki ulkomaisista vakuutusyhtiöistä (An tAcht maidir le Cuideachtaí Árachais Eachtracha) (398/1995); Vakuutusyhtiölaki (An tAcht um Chuideachtaí Árachais) (521/2008);

Laki vakuutusedustuksesta (An tAcht um Idirghabháil Árachais) (570/2005);

Laki vakuutusten tarjoamisesta (An tAcht um Dháileadh Árachais) (234/2018); agus

Laki työeläkevakuutusyhtiöistä (An tAcht um Chuideachtaí a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil) (354/1997).

(c) Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil trasteorann i Seirbhísí – Láithreach áitiúil:

San Aontas: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla ag a bhfuil a n-oifig chláráithe san Aontas gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta. Ceanglaítear ar bhunaíocht cuideachta bainistíochta speisialaithe, ag a bhfuil a ceannoifig agus a hoifig chláráithe sa Bhallstát céanna, bainistíocht comhchistí a dhéanamh, lena n-áirítear iontaobhais aonad, agus, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, cuideachtaí infheistíochta.

Beartha atá ann cheana:

An tAontas:

Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹; agus

Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais i gcomhair comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

² Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

In EE: Chun glacadh le héarlaisí, tá sé de cheangal údarú a fháil ó Údarás Maoirseachta Airgeadais na hEastóine agus clárú faoi dhlí na hEastóine mar chuideachta comhstoic, fochuideachta nó brainse.

Beara atá ann cheana:

EE: Krediidiasutuste seadus (Acht na n-Institiúidí Creidmheasa) § 206 agus §21.

In SK: Maidir le seirbhísí infheistíochta, ní fhéadfaidh ach amháin cuideachtaí bainistíochta a bhfuil foirm dhlíthiúil cuideachta comhstoic acu agus ag a bhfuil caipiteal cothromais i gcomhréir leis an dlí iad a sholáthar.

Beara atá ann cheana:

SK: Acht 566/2001 maidir le hUrrúis agus Seirbhísí Infheistíochta; agus

Acht 483/2001 maidir le Bainc.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

In FI: Duine amháin ar a laghad de na bunaitheoirí, comhaltaí an bhoird stiúrthóirí, comhaltaí an bhoird maoirseachta, an stiúrthóir bainistíochta seirbhísí baincéireachta agus an duine atá i dteideal ainm na hinstiúide creidmheasa a shíniú, beidh a mbuanáit chónaithe acu in LEE. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki liikepankeista ja muista osakeyhtiömuotoisista luottolaitoksista (An tAcht um Bainc Tráchtála agus Institiúidí Creidmheasa Eile i bhfoirm Cuideachta Teoranta) (1501/2001);

Säästöpankkilaki (1502/2001) (An tAcht um Bhanc Taisce);

Laki osuuspankeista ja muista osuuskuntamuotoisista luottolaitoksista (1504/2001) (An tAcht um Chomharbhainc agus Institiúidí Creidmheasa Eile i bhFoirm Comharbhainc);

Laki hypoteekkiyhdistyksistä (936/1978) (An tAcht um Chumainn Morgáiste);

Maksulaitoslaki (297/2010) (An tAcht um Institiúidí Íocaíochta);

Laki ulkomaisen maksulaitoksen toiminnasta Suomessa (298/2010) (An tAcht um Oibriú Institiúide Íocaíochta Eachtraí san Fhionlainn); agus

Laki luottolaitostoiminnasta (An tAcht um Institiúidí Creidmheasa) (121/2007).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In IT: Seirbhísí ‘consulenti finanziari’ (comhairleoir airgeadais). Agus an ghníomhaíocht díolta ó dhoras go doras á soláthar acu, ní mór d’idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaraithe a bhfuil cónaí orthu laistigh de chríoch Ballstáit.

Bearta atá ann cheana:

IT: Airteagail 91-111 de Rialachán Consob maidir le hIdirghabhálaithe (Uimh. 16190 an 29 Deireadh Fómhair 2007).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In LT: Ní fhéadfaidh ach bainc a bhfuil a n-oifig chláraithe nó a mbrainse sa Liotuáin acu agus atá údaraithe chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar i mBallstáit den Aontas Eorpach nó i mBallstáit LEE gníomhú mar thaisclann le haghaidh sócmhainní cistí pinsin. Ní mór Liotuáinis a bheith ag ceannaire amháin ar a laghad de riarachán bainc agus buanchónaí a bheith air sin sa Liotuáin.

Bearta atá ann cheana:

LT: Dlí maidir le Bainc i bPoblacht na Liotuáine an 30 Márta 2004 Uimh. IX-2085, arna leasú le Dlí Uimh. XIII-729 an 16 Samhain 2017;

Dlí maidir le Gnóthais Chomhinfeistíochta i bPoblacht na Liotuáine an 4 Iúil 2003 Uimh. IX-1709, arna leasú le Dlí Uimh. XIII-1872 an 20 Nollaig 2018;

Dlí maidir le Carnadh Pinsin Dheonaigh Fhorlíontaigh i bPoblacht na Liotuáine an 3 Meitheamh 1999 Uimh. VIII-1212 (arna leasú i nDlí Uimh. XII-70 an 20 Nollaig 2012);

An Dlí maidir le hÍocaíochtaí Phoblacht na Liotuáine an 5 Meitheamh 2003 Uimh. IX-1596, arna leasú go deireanach an 17 Deireadh Fómhair 2019 Nr. XIII-2488; agus

An Dlí maidir le hInstitiúidí Íocaíochta Phoblacht na Liotuáine an 10 Nollaig 2009 Uimh. XI-549 (leagan nua den Dlí: Uimh. XIII-1093 an 17 Aibreán 2018).

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In FI: Le haghaidh seirbhísí íocaíochta, is féidir go mbeidh sé de cheangal cónaí nó sainchónaí a bheith ann san Fhionlainn.

Forchoimeádas Uimh. 17 - Seirbhísí sláinte agus sóisialta

Earnáil: Seirbhísí sláinte agus sóisialta

Aicmiú tionscail: CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193,
93199

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúthóirí

Ceanglais feidhmíochta

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) Seirbhísí sláinte – seirbhísí ospidéal, otharchairr agus sláinte cónaithe (CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta– Rochtain ar an margadh, Cóireáil náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

An tAontas: Chun gach seirbhís sláinte a fhaigheann maoiniú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith a sholáthar.

An tAontas: Do gach seirbhís sláinte a fhaigheann maoiniú príobháideach, seachas seirbhísí ospidéal, otharchairr, agus saoráidí sláinte cónaithe a fhaigheann maoiniú príobháideach cé is moite de sheirbhísí ospidéal. Rannpháirtíocht oibreoirí sa líonra sláinte a mhaoinítear go príobháideach, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir lamháltais ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar atá orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.

Ní bhaineann an forchoimeádas seo le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe ar nós dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, atá cumhdaithe ag forchoimeádais eile (CPC 931 seachas 9312, cuid de 93191).

In AT, PL agus SI: Soláthar seirbhísí otharchairr a mhaoinítear go príobháideach (CPC 93192).

In BE: seirbhísí otharchairr agus saoráidí sláinte cónaithe a mhaoinítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil, a bhunú (CPC 93192, 93193).

In BG, CY, CZ, FI, MT agus SK: Soláthar seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus seirbhísí sláinte cónaithe cé is moite de sheirbhísí ospidéil a mhaoinítear go príobháideach (CPC 9311, 93192, 93193).

In FI: Seirbhísí eile sláinte daonna a sholáthar (CPC 93199).

Bearta atá ann cheana:

CZ: Acht Uimh. 372/2011 Coll. maidir le Seirbhísí Cúram Sláinte agus maidir leis na Coinníollacha a bhaineann lena Soláthar.

FI: Laki yksityisestää terveydenhuollosta (An tAcht um Chúram Sláinte Príobháideach) (152/1990).

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta:

In DE: Soláthar Chóras Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina bhféadfaidh cuideachtaí nó eintitis seirbhísí a sholáthar a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo nach seirbhísí iad dá bhrí sin atá ‘Á ndéanamh go heisiach chun údarás rialtais a fheidhmiú’. Cóir níos fearr a thabhairt i gcomhthéacs comhaontaithe dhéthaobhaigh trádála maidir le soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta (CPC 93).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In DE: Úinéireacht ospidéal atá á reáchtáil ag Fórsaí na Gearmáine.

Náisiúnú a dhéanamh ar ospidéal ríthábhachtacha eile a mhaoinítear go príobháideach (CPC 93110).

In FR: Soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a mhaoinítear go príobháideach.

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In FR: Soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a mhaoinítear go príobháideach (cuid de CPC 9311).

Beartha atá ann cheana:

FR: Code de la santé publique.

- (b) Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de HU: Soláthar trasteorann seirbhísí sláinte, seirbhísí sóisialta agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá mar chuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Ní bhaineann an forchoimeádas seo le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe ar nós dochtúirí leighis, fiacloirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, atá cumhdaithe ag forchoimeádais eile (CPC 931 seachas 9312, cuid de 93191).

In HU: Soláthar trasteorann gach seirbhís ospidéil, otharchairr, agus seirbhís sláinte cónaithe cé is moite de sheirbhísí ospidéil, a fhaigheann maoiniú poiblí (CPC 9311, 93192, 93193).

(c) Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta:

San Aontas: Soláthar na seirbhísí sóisialta uile a fhaigheann maoiniú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialaí. Féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí sa líonra sóisialta atá á mhaoiniú go príobháideach a bheith faoi réir lamháltais ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar atá orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.

In BE, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT agus PT: Seirbhísí sóisialta atá á maoiniú go príobháideach a sholáthar cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus árais seanóirí.

In CZ, FI, HU, MT, PL, RO, SK, agus SI: Seirbhísí sóisialta a mhaoinítear go príobháideach a sholáthar.

In DE: Córas Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, go mb'fhéidir nach dtiocfaidh siad faoin sainmhíniú 'Seirbhísí atá á ndéanamh go heisiach chun údarás rialtais a fheidhmiú'.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki yksityisistä sosiaalipalveluista (An tAcht um Sheirbhísí Sóisialta Príobháideacha) (922/2011).

IE: An tAcht um Shláinte 2004 (S. 39); agus

An tAcht um Shláinte 1970 (arna leasú –S.61A).

IT: Dlí 833/1978 Institiúid an chórais shláinte phoiblí; agus

Foraithne Reachtach 502/1992 Eagrú agus smacht réimse na sláinte; agus Dlí 328/2000 maidir le hAthchóiriú na seirbhísí sóisialta.

Forchoimeádas Uimh. 18 - Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal

Earnáil: Seirbhísí teoraithe do thurasóirí, seirbhísí sláinte agus sóisialta

Aicmiú tionscail: CPC 7472

Oibleagáidí

lena mbaineann: Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FR: Náisiúntacht Ballstáit a bheith ina ceangal le haghaidh soláthar seirbhísí treoraithe do thurasóirí.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In LT: A mhéid a cheadóidh an Nua-Shéalainn do náisiúnaigh den Liotuáin seirbhísí treoraithe a sholáthar do thurasóirí, ceadóidh an Liotuáin do náisiúnaigh den Nua-Shéalainn seirbhísí treoraithe a sholáthar do thurasóirí faoi na coinníollacha céanna.

Forchoimeádas Uimh. 19 - Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Earnáil: Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Aicmiú tionscail: CPC 962, 963, 9619, 964

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ceanglais feidhmíochta

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) Leabharlanna, cartlanna, músaem agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC963)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas, cé is moite de AT agus, ar mhaithe le léirscaoileadh infheistíochta, in LT: Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaem, agus seirbhísí cultúrtha eile a sholáthar.

In AT agus LT: D'fhéadfadh ceadúnas nó lamháltas a bheith de dhíth chun é a bhunú. Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492).

- (b) Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

San Aontas, cé is moite de AT agus SE: Soláthar trasteorann seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus díoscó.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI agus SK: I ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó.

In BG: Soláthar na seirbhísí siamsaíochta seo a leanas: seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí eile cosúil leo, seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóra rince agus seirbhísí siamsaíochta eile.

In EE: Soláthar seirbhísí siamsaíochta eile ach amháin i gcás seirbhísí pictiúrlainne.

In LT agus LV: Seirbhísí siamsaíochta uile a sholáthar ach amháin i gcás seirbhísí oibriúcháin pictiúrlainne.

In CY, CZ, LV, PL, RO agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí spóirt agus seirbhísí eile áineasa.

(c) Gníomhaireachtaí nuachta agus preasa (CPC 962)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In FR: An rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí atá ann faoi láthair a fhoilsíonn foilseacháin i bhFraincis, ní rachaidh sí thar 20 % de chaipiteal ná de chearta vótála na cuideachta. Is faoi réir coinníollacha arna leagan amach sa rialáil bhaile atá bunú ghníomhaireachtaí preasa de chuid na Nua-Shéalainne. Infheisteoirí eachtracha gníomhaireachtaí preasa a bhunú, tá sin faoi réir na cómhalartachta.

Beartha atá ann cheana:

FR: Ordonnance n° 45-2646 du 2 novembre 1945 portant réglementation provisoire des agences de presse; agus Loi n° 86-897 du 1 août 1986 portant réforme du régime juridique de la presse.

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In HU: Seirbhísí nuachta agus gníomhaireachtaí preasa a sholáthar

(d) Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht á itiúil:

An tAontas: Soláthar gníomhaíochtaí cearrbhachais, a bhaineann le geall a chur a bhfuil luach airgid air i gcluichí seans, lena n-áirítear i gcrannchuir áirithe, scríobcháirteá, seirbhísí cearrbhachais arna dtairiscint i gcaseáiní, in árais siamsaíochta cearrbhachais nó in áitribh cheadúnaithe, seirbhísí biongó agus cearrbhachais arna n-oibriú ag carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus lena leas.

Forchoimeádas Uimh. 20 - Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar

Earnáil: Seirbhísí iompair

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Iompar muirí – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

An tAontas: Náisiúntacht an chriú ar shoitheach farraige nó ar shoitheach nach soitheach farraige é.

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir Náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

San Aontas, ach amháin LV agus MT: Ní féidir ach le daoine nádúrtha nó dlíthiúla de chuid an Aontais soitheach a chlárú agus cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta (tá feidhm ag an méid sin maidir le gach gníomhaíocht mhuirí tráchtála a dtugtar fúithi ó long mhuirghabhála, lena n-áirítear iascaireacht, dobharshaothrú, agus seirbhísí atá teagmhasach leis an iascaireacht; iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta (CPC 721); agus seirbhísí cúntacha d'iompar muirí).

An tAontas: I gcás seirbhísí friothálacha i gcás na coda de na seirbhísí sin nach dtagann faoin eisiamh le haghaidh cabatáiste muirí náisiúnta.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In MT: Tá cearta eisiacha ann don nasc muirí idir móirthír na hEorpa agus Málta tríd an Iodáil (CPC 7213, 7214, cuid de 742, 745, cuid de 749).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In SK: Ní mór d'infheisteoirí eachtracha a bpríomhoifig a bheith acu i bPoblacht na Slóvaice chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas a fhágfaidh go mbeidh siad in ann seirbhís a sholáthar (CPC 722).

(b) Seirbhísí cúntacha d'iompar muirí

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

An tAontas: Soláthar seirbhísí píolótaíochta agus calaithe. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, gan beann ar na critéir a fhéadfaidh a bheith i bhfeidhm maidir le clárú long i mBallstát, forchoimeádann an tAontas an ceart ceangal a chur nach bhféadfaidh ach longa atá cláraithe ar chláir náisiúnta na mBallstát seirbhísí píolótaíochta agus seirbhísí calaithe a sholáthar (CPC 7452).

San Aontas, ach amháin LT agus LV: Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7214).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus trádáil trasteorann i seirbhísí - Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In LT: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla de chuid na Liotuáine nó daoine dlíthiúla de chuid Ballstáit ag a bhfuil brainsí sa Liotuáin a bhfuil Deimhniú acu arna eisiúint ag Riarachán Sábháilteachta Muirí na Liotuáine seirbhísí píolótaíochta, seirbhísí calaithe agus seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7214, 7452).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Ní fhéadfaidh ach oibrithe creidiúnaithe, atá incháilithe chun oibriú i limistéir chalafoirt arna sainiú le forairne ríoga, seirbhísí láimhseála lasta a oibriú (CPC 741).

Bearta atá ann cheana:

BE: Loi du 8 juin 1972 organisant le travail portuaire;

Arrêté royal du 12 janvier 1973 instituant une Commission paritaire des ports et fixant sa dénomination et sa compétence;

Arrêté royal du 4 septembre 1985 portant agrément d'une organisation d'employeur (Anvers);

Arrêté royal du 29 janvier 1986 portant agrément d'une organisation d'employeur (Gand);

Arrêté royal du 10 juillet 1986 portant agrément d'une organisation d'employeur (Zeebrugge);

Arrêté royal du 1er mars 1989 portant agrément d'une organisation d'employeur (Ostende);
agus

Arrêté royal du 5 juillet 2004 relatif à la reconnaissance des ouvriers portuaires dans les zones portuaires tombant dans le champ d'application de la loi du 8 juin 1972 organisant le travail portuaire, tel que modifié.

(c) Iompar d'uiscebhealaí intíre agus seirbhísí cúntacha d'iompar d'uiscebhealaí intíre

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta, Láithreacht áitiúil, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

An tAontas: Iompar paisinéirí agus lasta ar uiscebhealaí intíre (CPC 722) agus seirbhísí cúntacha d'iompar ar uiscebhealaí intíre.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cumhdaíonn an forchoimeádas seo soláthar an iompair cabatáiste ar uiscebhealaí intíre freisin (CPC 722).

(d) Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúntacha d'iompar d'iarnród

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

San Aontas: Iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta d'iarnród (CPC 711).

In LT: Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair iarnróid faoi réir monaplacht stáit (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).

In SE (maidir le Rochtain ar an margadh agus maidir léi sin amháin): Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair d'iarnróid faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair a bheartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú.

Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).

Bearta atá ann cheana:

SE: An tAcht um Pleanáil agus Tógáil (2010:900).

- (e) Iompar de bhóthar (iompar paisinéirí, iompar lasta, seirbhísí iompair trucaílí idirnáisiúnta) agus seirbhísí cúntacha d’iompar de bhóthar

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

An tAontas:

- (i) ceangal a dhéanamh den bhunaíocht agus soláthar trasteorann na seirbhísí iompair de bhóthar a theorannú (CPC 712) ;
- (ii) teorainn a chur le soláthar an chabataíste laistigh de Bhallstát ó infheisteoirí eachtracha atá bunaithe i mBallstát eile (CPC 712);
- (iii) féadfaidh tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm maidir le seirbhísí tacsáí san Aontas lena leagtar síos teorainn ar líon na soláthróirí seirbhíse. Príomhchritéir: Éileamh áitiúil de réir mar a fhoráiltear sna dlíthe is infheidhme (CPC 71221).

Bearta atá ann cheana:

An tAontas: Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;

Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² an 21 Deireadh Fómhair 2009; agus

Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In BE: Is féidir líon uasta ceadúnas a shocrú de réir dlí (CPC 71221).

In IT: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sheirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíochta nua a chruthú.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).

² Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

³ Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).

Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sheirbhísí bus idirchathrach.

Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíochta nua a chruthú.

Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí iompair lasta.

Príomhchritéir: éileamh áitiúil (CPC 712).

In PT: Maidir le hiompar paisinéirí, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm le haghaidh soláthar seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, an tionchar ar dhálaí tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG, DE: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar údaruithe nó cearta eisiacha a dheonú ach do dhaoine nádúrtha de chuid an Aontais agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas. Tá sé de cheangal corprú a dhéanamh. Coinníoll maidir le náisiúntacht Bhallstáit i ndáil le daoine nádúrtha (CPC 712).

In MT: Le haghaidh seirbhíse bus poiblí: Tá an líonra iomlán faoi réir lamháltais lena n-áirítear comhaontú maidir le hoibleagáid seirbhíse poiblí chun freastal ar earnálacha sóisialta áirithe (amhail mic léinn agus daoine scothaosta) (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In FI: Tá údarú ina cheangal chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar, agus ní chumhdaítear leis feithiclí atá cláraithe thar lear (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In FR: Soláthar seirbhísí bus idirchathrach (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In ES: Maidir le hiompar paisinéirí, tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoi CPC 7122. Príomhchritéir: éileamh áitiúil. Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíochta nua a chruthú.

In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair de bhóthair faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair a bheartaíonn infheisteoir a chuid fiontas bonneagair críochoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 6112, 6122, 86764, 86769, cuid de 8867).

In SK: Le haghaidh iompar lasta, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm. Príomhchritéir: éileamh áitiúil (CPC 712).

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In BG: An bhunaíocht a bheith ina cheangal le haghaidh seirbhísí tacaíochta d'iompar de bhóthar (CPC 744).

Bearta atá ann cheana:

An tAontas: Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009;

Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009; agus

Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009.

FI: Laki kaupallisista tavarankuljetuksista tiellä (An tAcht um Iompar Tráchtála de Bhóthar) 693/2006;

Laki liikenteen palveluista (An tAcht um Sheirbhísí Iompair) 320/2017; agus

Ajoneuvolaki (an tAcht um Feithiclí) 1090/2002.

IT: Forairthne reachtach 285/1992 (Cód Bóthair agus leasuithe dá éis sin) airteagal 85;

Forairthne Reachtach 395/2000 airteagal 8 (Iompar paisinéirí de bhóthar);

Dlí 21/1992 (Creatdlí maidir le hiompar poiblí neamhsceidealaithe paisinéirí de bhóthar);

Dlí 218/2003 airteagal 1 (Iompar paisinéirí trí bhusanna ar cíós ag a bhfuil tiománaí); agus

Dlí 151/1981 (Creatdlí maidir le hiompar poiblí áitiúil).

SE: An tAcht um Pleanáil agus Tógáil (2010:900).

(f) Spásiompar agus spásárthaí a léasú

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

An tAontas: Soláthar seirbhísí spásiompair agus soláthar seirbhísí spásárthaí a chur ar fháil ar cíos (CPC 733, cuid de 734).

(g) Díolúintí an náisiúin barrfhabhair

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

(i) Iompar (cabatáiste) seachas iompar muirí

In FI: Cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo lena ndíolmhaítear árthaí atá cláraithe faoi bhratach eachtrach tíre sonraithe eile nó feithiclí atá cláraithe i dtír eachtrach ón toirmeasc ginearálta ar iompar cabatáiste a sholáthar (lena n-áirítear iompar traschórais de bhóthar is d'iarnród) san Fhionlainn ar bhonn na cóimhalartachta (cuid de CPC 711, cuid de 712, cuid de 722).

(ii) Seirbhísí tacaíochta d'iompar mairí

In BG: A mhéid a cheadaíonn an Nua-Shéalainn do sholáthróirí seirbhíse as an mBulgáir seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí stórála agus trádstórais a sholáthar i gcuanta farraige agus aibhneacha, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le coimeádáin agus le hearraí i gcoimeádáin, ceadóidh an Bhulgáir do sholáthróirí seirbhíse as an Nua-Shéalainn seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí stórála agus trádstórais a sholáthar i gcuanta farraige agus aibhneacha, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le coimeádáin agus le hearraí i gcoimeádáin faoi na coinníollacha céanna (cuid de CPC 741, cuid de 742).

(iii) Árthaí a ligean ar cíos nó a léasú

In DE: Féadfaidh cairtfhostú árthaí eachtracha ag tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu sa Ghearmáin a bheith faoi réir coinníoll cómhálartachta (CPC 7213, 7223, 83103).

(iv) Iompar de bhóthar agus d'iarnróid

An tAontas: Cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun comhaontú déthaobhach atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le tarlú idirnáisiúnta de bhóthar (lena n-áirítear iompar traschórais - de bhóthar nó d'iarnród) agus le hiompar paisinéirí, arna thabhairt i gcrích idir an tAontas nó na Ballstáit agus tríú tír (CPC 7111, 7112, 7121, 7122, 7123). Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an gcóir sin:

(A) soláthar na seirbhísí iompair ábhartha idir na Páirtithe conarthacha nó ar fud chríoch na bPáirtithe conarthacha a fhorchoimeád nó a theorannú d'fheithiclí atá cláraithe i ngach Páirtí conarthach¹; nó

(B) foráil a dhéanamh maidir le díolúintí cánach le haghaidh na bhfeithiclí sin.

(v) Iompar de bhóthar

In BG: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar na gcineálacha sin seirbhísí iompair agus lena sonraítear téarmaí agus coinníollacha an tsoláthair sin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha, i gcríoch na Bulgáire nó thar theorainneacha na Bulgáire (CPC 7121, 7122, 7123).

¹ Maidir leis an Ostair, cumhdaíonn an chuid den díolúine i leith chóir an náisiúin barrfhabhair i dtaca le cearta tráchta na tíortha uile lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha maidir le hiompar de bhóthar nó socruithe eile i dtaca le hiompar de bhóthar ar bun faoi láthair nó a bhféadfar machnamh a dhéanamh ar chomhaontuithe nó socruithe den chineál sin leo amach anseo.

In CZ: Bearta a dhéantar faoi chomhaontú atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna idirthurais nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair isteach sa tSeicia, laistigh di, trasna uirthi agus amach uaithe do na páirtithe conarthacha lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In ES: Féadfar údarú chun láithreach trachtála a bhunú sa Spáinn a dhiúltú do sholáthróirí seirbhíse, i gcás nach dtugann a dtír thionscnaimh rochtain éifeachtach ar an margadh do soláthróirí seirbhíse de chuid na Spáinne (CPC 7123).

Bearta atá ann cheana:

ES: Ley 16/1987, de 30 de julio, de Ordenación de los Transportes Terrestres.

In HR: Bearta arna gcur i bhfeidhm faoi chomhaontú atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le hiompar de bhóthar idirnáisiúnta agus lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair isteach sa Chróit, laistigh di, trasna uirthi agus amach uaithe do na páirtithe lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In LT: Bearta a dhéantar faoi chomhaontú déthaobhach agus lena leagtar síos na forálacha maidir le seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna aistrithe déthaobhacha agus ceadanna iompair eile le haghaidh seirbhísí iompair i gcríoch na Liotuáine, isteach inti, tríthi agus amach aisti do na páirtithe conarthacha lena mbaineann, agus cánacha agus tobhaigh bhóthair (CPC 7121, 7122, 7123).

In SK: Bearta a dhéantar faoi chomhaontú atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair isteach i bPoblacht na Slóvaice, laistigh di, trasna uirthi agus amach uaithi do na páirtithe conarthacha lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

(i) Iompar d'iarnród

In BG, CZ agus SK: I dtaca le chomhaontuithe atá ann faoi láthair nó a bheidh amach anseo, agus lena rialaítear cearta tráchta agus coinníollacha oibriúcháin, agus soláthar seirbhísí iompair i geríoch na Bulgáire, an tSeicia agus na Slóvaice agus idir na tíortha lena mbaineann. (CPC 7111 agus 7112).

(ii) Aeriompar – Seirbhísí cúntacha d'aeriompar

An tAontas: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun comhaontú déthaobhach atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le seirbhísí láimhseála ar an talamh.

(iii) Iompar de bhóthar agus d'iarnróid

In EE: nuair a thugtar cóir dhifreálach do thír de bhun comhaontú déthaobhach atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hiompair idirnáisiúnta de bhóthar (lena n-áirítear iompar traschórais de bhóthar is d'iarnróid), lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair isteach san Eastóin, laistigh di, trasna uirthi agus amach aisti do na Páirtithe conarthacha d'fheithiclí atá cláraithe i ngach Páirtí conarthach, agus lena bhforáiltear do dhíolúine cánach le haghaidh na bhfeithiclí sin (cuid de CPC 711, cuid de 712, cuid de 721).

(iv) Gach seirbhís iompair paisinéara agus lasta seachas iompar muirí agus aeriompar

In PL: A mhéid a cheadóidh an Nua-Shéalainn seirbhísí iompair a sholáthar isteach i gcríoch na Nua-Shéalainne, agus trasna na críche sin, ag soláthróirí iompair paisinéirí agus lasta na Polainne, ceadóidh an Pholainn, faoi na coinníollacha céanna, soláthar seirbhísí iompair do sholáthróirí iompair paisinéirí agus lasta na Nua-Shéalainne isteach i gcríoch na Polainne agus trasna na críche sin faoi na coinníollacha céanna.

Forchoimeádas Uimh. 21 - An talmhaíocht, an iascaireacht agus an t-uisce

Earnáil: Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; iascaireacht, dobharshaothrú, seirbhísí atá teagmhasach leis an iascaireacht; bailiú, íonú agus dáileadh uisce

Aicmiú tionscail: ISIC Rev. 3.1 011, ISIC Rev. 3.1 012, ISIC Rev. 3.1 013, ISIC Rev. 3.1 014, ISIC Rev. 3.1 015, CPC 8811, 8812, 8813 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin; ISIC Rev. 3.1 0501, 0502, CPC 882

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Cóir an náisiúin barrfhabhair

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: Is eintitis tráchtála a liostaítear i gclár poiblí ag an nGníomhaireacht Fheidhmeannach Fhoraoiseachta agus ag a bhfuil deimhniú clárúcháin a dhéanfaidh gníomhaíochtaí gnó a bhaineann le maoirseacht na limistéar coillteach, le lománú, le fardail limistéar coillteach a thiomsú, le pleananna agus cláir le haghaidh bhainistíocht agus fhorbairt spásúil na limistéar coillteach a fhorbairt, agus leis na doiciméid ábhartha a eisiúint.

Bearta atá ann cheana:

BG: Airteagal 241, An Dlí um Fhoraoisí; agus

Airteagal 25, 36 agus 36(a) den Dlí um Fhiach agus um Chosaint Géim.

In HR: Gníomhaíochtaí talmhaíochta agus sealgaireachta.

In HU: Gníomhaíochtaí talmhaíochta (ISIC Rev. 3.1 011, 3.1 012, 3.1 013, 3.1 014, 3.1 015, CPC 8811, 8812, 8813 seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin).

Bearta atá ann cheana:

HR: An tAcht um Thalamh Talmhaíochta (OG 20/18, 115/18, 98/19).

- (b) Iascaireacht, dobharshaothrú agus seirbhísí atá teagmhasach leis an iascaireacht (ISIC Rev. 3.1 0501, 0502, CPC 882)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

An tAontas:

1. Go háirithe laistigh de chreat an Chomhbheartais Iascaigh, agus comhaontuithe iascaireachta le tríú tír, rochtain agus úsáid na n-acmhainní bitheolaíocha agus na meánna atá suite in uiscí muirí a thagann faoi cheannasacht nó dlínse Bhallstáit nó teidlíochtaí iascaireachta faoi cheadúnas iascaireachta de chuid Bhallstáit, lena n-áirítear:
 - (a) rialú a dhéanamh ar thabhairt i dtír gabhálacha ag soithí atá faoi bhratach na Nua-Shéalainne nó tríú tír i ndáil leis na cuótaí arna leithdháileadh orthu nó, i dtaca le soithí a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu agus leis na soithí sin amháin, ceangal a dhéanamh de go dtabharfar cion den ghabháil iomlán i dtír i gcaifóirt an Aontais;
 - (b) íosmhéid a chinneadh le haghaidh cuideachta chun soithí iascaireachta ceardaíochta agus cósta araon a chaomhnú;
 - (c) cóir dhifreálach a thabhairt de bhun comhaontú déthaobhach atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hiascach; agus
 - (d) é a dhéanamh den riachtanas gur náisiúnaigh de na Ballstáit atá i gcriú soithigh atá faoi bhratach Ballstáit.

2. Is sna cásanna seo a leanas amháin atá soitheach iascaireachta i dteideal bratach Bhallstáit a bheith ar foluain aige:
 - (a) go bhfuil sé faoi úinéireacht iomlán:
 - (i) ag cuideachta atá corpraithe san Aontas; nó
 - (ii) ag náisiúnach de chuid Bhallstáit;
 - (b) gur ó laistigh den Aontas a dhéantar a oibríochtaí ó lá go lá a threorú agus a rialú; agus
 - (c) gur cuideachta atá corpraithe san Aontas nó náisiúnach de Bhallstát é aon chairtfhostóir, bainisteoir nó oibritheoir de chuid an tsoithigh.
3. Ní fhéadfar ceadúnas iascaireachta tráchtála lena ndeonaítear an ceart iascaireachta in uiscí teorann de chuid Bhallstáit a dheonú ach d'árthaí faoi bhratach Bhallstáit.
4. Saoráidí do bharshaothraithe mara nó intíre a bhunú.

5. Pointe (a), (b), (c) (ach amháin maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair) agus (d) de mhír 1; níl feidhm ag pointe (a)(i), pointe (b) agus pointe (c) de mhír 2 agus mhír 3 ach amháin maidir le bearta is infheidhme maidir le soithí nó le fiontair beag beann ar náisiúntacht a n-úinéirí tairbhiúla.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil bratach na Bulgáire ar foluain acu acmhainní bitheolaíocha muirí nó beo abhann a thógáil in uiscí muirí inmheánacha agus in uiscí teorann na Bulgáire. Ní fhéadfaidh long eachtrach (soitheach tríú tír) gabháil don iascaireacht tráchtála i limistéar eacnamaíoch eisiach na Bulgáire ach amháin ar bhonn comhaontú idir an Bhulgáir agus an stát brataí. Le linn dóibh a bheith ag dul tríd an limistéar eacnamaíoch eisiach, ní fhéadfaidh longa iascaireachta eachtracha a bhfearas iascaireachta a choinneáil i mód oibriúcháin.

Bearta atá ann cheana:

BG: Airteagal 49, Dlí maidir le spásanna muirí, uiscebhealaí intíre agus calafoirt Phoblacht na Bulgáire.

In FR: Ní fhéadfaidh náisiúnaigh de chuid tíortha nach tíortha den Aontas iad éisc, sliogéisc ná algaí a shaothrú ar mhaoin mhuirí Stáit de chuid na Fraince.

(c) Bailiú, íonú agus dáileadh uisce

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

An tAontas: Le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bailiú, íonú agus dáileadh uisce d'úsáideoirí tí, úsáideoirí tionscail, úsáideoirí tráchtála nó eile, lena n-áirítear soláthar uisce óil, agus bainistiú uisce.

Forchoimeádas Uimh. 22 – Gníomhaíochtaí a bhaineann le mianadóireacht agus fuinneamh

Earnáil: Mianadóireacht agus cairéalú – ábhair a dtáirgtear fuinneamh astu; mianadóireacht agus cairéalú - mianta miotail agus mianadóireacht eile; Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh - Leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí phíblínte; agus seirbhísí a ghabhann le dáileadh fuinnimh

Aicmiú tionscail: ISIC Rev. 3.1 10, 1110, 12, 120, 1200, 13, 14, 232, 233, 2330, 40, 401, 4010, 402, 4020, cuid de 4030, CPC 613, 62271, 63297, 7131, 71310, 742, 7422, cuid de 88, 887.

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) Seirbhísí mianadóireachta agus fuinnimh – ginearálta (ISIC Rev. 3.1 10, 1110, 13, 14, 232, 40, 401, 402, cuid de 403, 41; CPC 613, 62271, 63297, 7131, 742, 7422, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

An tAontas: I gcás ina gceadóidh Ballstát úinéireacht eachtrach ar chóras tarchurtha gáis nó leictreachais, nó córas iompair trí phíblíne le haghaidh ola agus gáis, maidir le fiontair de chuid na Nua-Shéalainne a rialaíonn daoine tríú tír lena mbaineann breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, chun slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais ina iomláine nó Ballstáit aonair a ráthú. Ní bhaineann an forchoimeádas seo le seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin a sholáthraítear mar sheirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh.

Ní bhaineann an forchoimeádas seo le HR, HU ná LT (i dtaca le LT, CPC 7131 amháin) maidir le hiompar breoslaí trí pháipléine, ná ní bhaineanna sé le LV maidir le seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh, ná le SI maidir le seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh gáis (ISIC Rev. 3.1 401, 402, CPC 7131, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin).

In CY: Maidir le monarú táirgí peitriam scagtha a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine ó thríú tír a bhaineann le breis agus cúig faoin gcéad d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais, chomh maith le monarú gáis, dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlínte ar a gcuntas féin, táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, iompar breoslaí trí pháipléinte, seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh leictreachais agus gáis nádúrtha seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin, seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, seirbhísí miondhíolacháin breosla mótaí, leictreachas agus gás neamhbhuidéalaithe (ISIC Rev. 3.1 232, 4010, 4020, CPC 613, 62271, 63297, 7131, agus 887 ach amháin seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin).

In FI: Gréasáin agus córais tarchurtha agus dáilte fuinnimh agus gaile agus uisce te. Sriannta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh allmhairiú gáis nádúrtha agus le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the. Faoi láthair, tá monaplachtaí nádúrtha agus cearta eisiacha ann (ISIC ver. 3.1 40, CPC 7131, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin).

In FR: Na córais tharchurtha leictreachais agus gáis agus iompar páipléine ola agus gáis (CPC 7131).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Na seirbhísí dáilte fuinnimh, agus seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh (CPC 887 seachas seirbhísí comhairliúcháin).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: I gcás seirbhísí traschur fuinnimh, maidir leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus maidir le láimhseáil oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag an mBeilg dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas ina cheangal (ISIC Rev. 3.1 4010, CPC 71310).

In BG: I gcás seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh (cuid de CPC 88).

In PT: I gcás táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, monarú gáis, iompar breoslaí trí pháipléine, seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, seirbhísí miondíolacháin leictreachais agus gáis neamhbhuidéalaithe, agus seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh leictreachais agus gás nádúrtha. Ní shanntar lamhátais d'earnálacha an leictreachais agus an gháis ach do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach sa Phortaingéil (ISIC Rev. 3.1 232, 4010, 4020, CPC 7131, 7422, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin).

In SK: Tá údarú riachtanach le haghaidh táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, monarú gáis agus dáileadh breoslaí gásacha, táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, iompar breoslaí trí pháblíne, mórdhíol agus miondhíol leictreachais, gaile agus uisce the agus seirbhísí atá teagmhasach le dáileadh an fhuinnimh, lena n-áirítear seirbhísí i réimsí na héifeachtachta fuinnimh, chaomhnú an fhuinnimh agus na hiniúcháireachta fuinnimh. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta. I gcás na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach do dhuine nádúrtha a bhfuil buanchónaí air in LEE nó do dhuine dlíthiúil de chuid LEE.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Riachtanais feidhmíochta:

In BE: Cé is moite de mhianadóireacht ar mhianta miotail agus mianadóireacht agus cairéalú eile, féadfar toirmeasc a chur ar fhiontair atá faoi rialú daoine nádúrtha nó daoine dlíthiúla de chuid tríú tír lena mbaineann breis agus 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais Eorpaigh rialú a fháil ar an ngníomhaíocht. Tá ionchorprú ag teastáil (gan bhrainsí) (ISIC Rev. 3.1 10, 1110, 13, 14, 232, cuid de 4010, cuid de 4020, cuid de 4030).

Bearta atá ann cheana:

An tAontas: Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹; agus

Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

BG: An tAcht um Fhuinneamh.

CY: An Dlí maidir le Peitri Liam (píblínte), Caibidil 273 arna leasú;

An Dlí maidir le Peitri Liam, Caibidil 272 arna leasú;

Na Dlíthe maidir le Sonraíochtaí Peitri Liam agus Breosla 2003, Dlí 148(I)/2003 arna leasú;
agus

Na Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais 2004, Dlí 183(I)/2004 arna leasú.

FI: Sähkömarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Leictreachais) (386/1995); agus

Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017).

FR: Code de l'énergie.

¹ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO AE L 158, 14.6.2019, lch. 125).

² Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO AE L 211, 14.8.2009, lch. 94).

PT: Dlí Foraithe 230/2012 agus Dlí Foraithe 231/2012, an 26 Deireadh Fómhair – Gás Nádúrtha;

Dlí Foraithe 215-A/2012, agus Dlí Foraithe 215-B/2012, an 8 Deireadh Fómhair — Leictreachas; agus

Dlí Foraithe 31/2006, an 15 Feabhra – Amhola/Táirgí Peitiriam.

SK: Acht 51/1988 um an Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit;

Acht 569/2007 maidir le hOibreacha Geolaíochta;

Acht 251/2012 maidir le Fuinneamh; agus

Acht 657/2004 maidir le Fuinneamh Teirmeach.

- (b) Leictreachas (ISIC Rev. 3.1 40, 401; CPC 62271, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In CY: Giniúint, tarchur, dáileadh nó soláthar leictreachais: ní fhéadfaidh daoine iarratas a dhéanamh le hÚdarás Rialála Fuinnimh na Cipire (CERA) ar cheadúnas ach amháin (a) i gcás duine nádúrtha más náisiúnach den Aontas é agus má tá cónaí air ann, nó (b) i gcás duine dlíthiúil, má tá sé bunaithe san Aontas, bunaithe faoi dhlí Ballstáit agus má tá a oifig chláraithe, a údarás lárnach nó a phríomháiit ghnó lonnaithe laistigh den Aontas.

In FI: Allmhairiú leictreachais. Maidir le Trádáil trasteorann, mórdhíol agus miondíol leictreachais.

In FR: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíocht eile san earnáil phoiblí nó i seilbh Electricité de France (EDF), a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha leictreachais nó córas dáilte leictreachais.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In BG: I gcás leictreachas a tháirgeadh agus teas a tháirgeadh.

In LT: Seirbhísí mórdhíola agus miondíola agus trádáil leictreachais a thagann as foinsí núicléacha nach bhfuil sábháilte.

In PT: Déanfar na gníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte leictreachais trí lamháltais eisiacha na seirbhíse poiblí.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BE: Le haghaidh údarú aonair chun leictreachas de thoilleadh 25 MW nó níos mó a tháirgeadh, tá bunaíocht san Aontas riachtanach, nó i Stát eile ag a bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil leis an gcóras a fhorfheidhmítear le Treoir 96/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, agus mar a bhfuil nasc éifeachtach agus leanúnach ag an gcuideachta leis an ngeilleagar.

Tá táirgeadh leictreachais laistigh de chríoch eischósta na Beilge faoi réir oibleagáid lamháltais agus oibleagáid chomhfhiontair a fháil le duine dlíthiúil den Aontas, nó de thír ina bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil le Treoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², go háirithe maidir le coinníollacha a bhaineann leis an údarú agus leis an roghnú.

Ina theannta sin, ní mór don duine dlíthiúil riarachán lárnach nó ceannoifig I bheith aige i mBallstát nó i dtír a chomhlíonann na critéir thuas, áit a bhfuil nasc éifeachtach agus leanúnach aige leis an ngeilleagar.

¹ Treoir 96/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 1996 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas (IO AE L 27, 30.1.1997, lch. 20).

² Treoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 96/92/CE (IO AE L 176, 15.7.2003, lch. 37).

Tá údarú riachtanach chun línte cumhachta leictreachais a thógáil a nascann táirgeadh amach ón gcósta le líonra tarchurtha Elia agus ní mór don chuideachta na coinníollacha atá sonraithe cheana a chomhlíonadh, ach amháin le haghaidh an cheanglais maidir le comhfhiontair.

I dtaca le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Tá údarú riachtanach le go mbeidh idirghabhálaí in ann leictreachas a sholáthar ag a bhfuil custaiméirí atá bunaithe sa Bheilg agus atá ceangailte leis an gcóras eangaí náisiúnta nó le líne dhíreach a bhfuil a voltas ainmniúil níos airde ná 70 000 volta. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach do dhuine de LEE.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In FR: I gcás leictreachas a tháirgeadh.

Bearta atá ann cheana:

BE: Arrêté Royal du 11 octobre 2000 fixant les critères et la procédure d’octroi des autorisations individuelles préalables à la construction de lignes directes;

Arrêté Royal du 20 décembre 2000 relatif aux conditions et à la procédure d'octroi des concessions domaniales pour la construction et l'exploitation d'installations de production d'électricité à partir de l'eau, des courants ou des vents, dans les espaces marins sur lesquels la Belgique peut exercer sa juridiction conformément au droit international de la mer;

Arrêté Royal du 12 mars 2002 relatif aux modalités de pose de câbles d'énergie électrique qui pénètrent dans la mer territoriale ou dans le territoire national ou qui sont installés ou utilisés dans le cadre de l'exploration du plateau continental, de l'exploitation des ressources minérales et autres ressources non vivantes ou de l'exploitation d'îles artificielles, d'installations ou d'ouvrages relevant de la juridiction belge;

Arrêté royal relatif aux autorisations de fourniture d'électricité par des intermédiaires et aux règles de conduite applicables à ceux-ci; agus

Arrêté royal du 12 juin 2001 relatif aux conditions générales de fourniture de gaz naturel et aux conditions d'octroi des autorisations de fourniture de gaz naturel.

CY: Dlí 2021 maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais.

FI: Sähkömarkkinalak (An tAcht um an Margadh Leictreachais) '88/2013.

FR: Code de l'énergie.

LT: Dlí Poblacht na Liotuáine maidir le Bearta Riachtanacha Cosanta ar na Bagairtí a bhaineann le Plandaí Cumhachta Núicléiche Neamhshábháilte i dTríú Tíortha bagairtí leictreacha núicléacha ó thríú tíortha an 20 Aibreán 2017 Uimh. XIII-306 (leasú deireanach 19 Nollaig 2019, Uimh. XIII-2705).

PT: Dlí Foraithe 215-A/2012; agus

Dlí Foraithe 215-B/2012, 8 Deireadh Fómhair – Leictreachas.

- (c) Breoslaí, táirgí gás, amhola nó peitriam (ISIC Rev. 3.1 232, 40, 402; CPC 613, 62271, 63297, 7131, 71310, 742, 7422, cuid de 88, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In CY: Maidir le monarú táirgí peitriam scagtha a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dlíthiúil ó thríú tír ina bhfuil breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gás nádúrtha an Aontais, chomh maith le monarú gás, dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlínte as a stuaim féin, iompar breoslaí trí phíblínte, seirbhísí teagmhasach le dáileadh gás nádúrtha seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin, seirbhísí mórdhíolacháin nó seirbhísí miondhíolacháin breosla mótaí agus gás neamhbhuidéalaithe.

In FI: Chun rialú nó úinéireacht críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) ag daoine nádúrtha eachtracha nó ag daoine dlíthiúla eachtracha a chosc ar chúiseanna slándála fuinnimh (lena n-áirítear na codanna sin den chríochfort GNL a úsáidtear chun GNL a stóráil nó a athghású).

In FR: Ar chúiseanna a bhaineann le slándáil náisiúnta fuinnimh, ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíocht eile san earnáil phoiblí nó i seilbh ENGIE a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha nó dáileacháin gáis.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In BE: I gcás seirbhísí bulcstórála gáis, maidir leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus maidir leis an gcaoi a gcaitear le hoibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag an mBeilg dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas riachtanach le haghaidh seirbhísí bulcstórála gáis (cuid de CPC 742).

In BG: I gcás iompar ar pháiblíne, stóráil agus trádstóráil peitriam agus gáis nádúrtha, lena n-áirítear tarchur idirthurais (CPC 71310, cuid de CPC 742).

In PT: I gcás Soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí pháiblínte (gás nádúrtha). Freisin, maidir le lamháltais a bhaineann le tarchur agus dáileadh gáis nádúrtha agus lena stóráil faoi thalamh agus le críochfort ina ndéantar GNL a glacadh, a stóráil agus a athghású, bronnfar na lamháltais sin trí chonarthaí lamháltais, tar éis glaonna poiblí ar thairiscintí (CPC 7131, CPC 7422).

I dtaca le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BE: Tá iompar gáis nádúrtha agus breoslaí eile trí phíblíne faoi réir ceanglas údarúcháin. Ní fhéadfar údarú a dheonú ach do dhuine atá bunaithe i mBallstát (i gcomhréir le hAirteagal 3 de AR an 14 Bealtaine 2002).

I gcás ina n-iarrann cuideachta údarú:

- (a) ní mór don chuideachta a bheith bunaithe i gcomhréir le dlí na Beilge, nó le dlí Ballstáit eile, nó dlí tríú tír a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais choiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹; agus
- (b) ní mór suíomh riaracháin, príomhbhunaíocht nó ceannoifig na cuideachta a bheith i mBallstát, nó i dtríú tír a thug gealltanais creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais choiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht na bunaíochta nó na ceannoifige sin ina nasc éifeachtach agus leanúnach le geilleagar na tíre lena mbaineann (CPC 7131).

¹ Treoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha coiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha (IO AE L 204, 21.7.1998, lch. 1).

In BE: De ghnáth, an soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí atá bunaithe sa Bheilg (is custaiméirí iad na cuideachtaí dáileacháin agus tomhaltóirí freisin, a sroicheann a dtomhaltas foriomlán gáis ag eascairt ó gach ionad soláthair leibhéal íosta d'aon mhilliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana), tá an soláthar gáis sin faoi réir údarú aonair arna chur ar fáil ag an Aire, ach amháin i gcás gur cuideachta dáileacháin é an soláthróir a úsáideann a líonra dáileacháin féin. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach do dhaoine ón Aontas Eorpach.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CY: I gcás Soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte, agus miondíol ola breosla agus gáis bhuidéalaithe seachas trí phostdíol (CPC 613, CPC 62271, CPC 63297, CPC 7131, CPC 742).

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an margadh agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In HU: Tá bunaíocht riachtanach le haghaidh soláthar seirbhísí iompair trí pháblíne. Ní fhéadfar seirbhísí a sholáthar ach trí Chonradh Lamháltais arna dheonú ag an stát nó ag an údarás áitiúil. Tá soláthar na seirbhíse sin á rialú ag Dlí Lamháltais na hUngáire (CPC 7131).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In LT: I gcás iompair ar phíblíne breoslaí agus seirbhísí cúntacha d'iompar píblíne earraí seachas breosla.

Bearta atá ann cheana:

BE: Arrêté Royal du 14 mai 2002 relatif à l'autorisation de transport de produits gazeux et autres par canalisations; agus

Loi du 12 avril 1965 relative au transport de produits gazeux et autres par canalizations (airteagal 8.2).

BG: An tAcht um Fhuinneamh.

CY: Na Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais 2004, Dlí 183(I)/2004arna leasú;

An Dlí maidir le Peitriam (Píblínte), Caibidil 273;

An Dlí maidir le Peitriam, Caibidil 272 arna leasú; agus

Na Dlíthe maidir le Sonraíochtaí Peitriam agus Breosla 2003, Dlí 148(I)/2003arna leasú.

FI: Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017).

FR: Code de l'énergie.

HU: Acht XVI 1991 maidir le Lamháltais.

LT: An Dlí maidir le Gás Nádúrtha Phoblacht na Liotuáine an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII-1973.

PT: Dlí Foraithe 230/2012 agus Dlí Foraithe 231/2012, an 26 Deireadh Fómhair – Gás Nádúrtha;

Dlí Foraithe 215-A/2012, agus Dlí Foraithe 215-B/2012, an 8 Deireadh Fómhair — Leictreachas; agus

Dlí Foraithe 31/2006, an 15 Feabhra – Amhola/Táirgí Peitriam.

(d) Núicléach (ISIC Rev. 3.1 12, 3.1 23, 120, 1200, 233, 2330, 40, cuid de 4010, CPC 887))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In DE: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta:

In AT agus FI: i gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil, a dháileadh nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

In BE: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta:

In HU agus SE: I gcás breosla núicléach a phróiseáil agus leictreachas núicléach-bhunaithe a ghiniúint.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In BG: Chun ábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair as a ndíorthaítear iad a phróiseáil, chomh maith leis an trádáil iontu, maidir le cothabháil agus deisiú trealaimh agus córais i saoráidí le haghaidh táirgeadh fuinnimh núicléach, i dtaca le hiompar na n-ábhar sin agus ábhar bruscair agus dramhaíola óna bpróiseáil, i dtaca le húsáid radaíochta ianúcháin, agus i ndáil le gach seirbhís eile a bhaineann le húsáid fuinnimh núicléach le haghaidh cuspóirí síochánta (lena n-áirítear seirbhísí innealtóireachta agus comhairliúcháin agus seirbhísí a bhaineann le bogearraí, etc.).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta:

In FR: Ábhar núicléach á mhonarú, á tháirgeadh, á phróiseáil, á ghiniúint, á dháileadh nó á iompar, ní mór dóibh oibleagáidí an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a urramú.

Bearta atá ann cheana:

AT: Bundesverfassungsgesetz für ein atomfreies Österreich (an tAcht Bunreachtúil le haghaidh Ostair Neamhnúicléach), BGBl. I Uimh. 149/1999.

BG: An tAcht um Úsáid Shábháilte Fuinnimh Núicléach.

FI: Ydinenergialaki (An tAcht um Fhuinneamh Núicléach) (990/1987).

HU: Acht CXVI 1996 maidir le Fuinneamh Núicléach; agus

Foraithne an Rialtais Uimh. 72/2000 maidir le Fuinneamh Núicléach.

SE: Cód Comhshaoil na Sualainne (1998:808); agus an Dlí maidir le Gníomhaíochtaí Teicneolaíochta Núicléiche (1984:3).

Forchoimeádas Uimh. 23 – Seirbhísí eile nach n-áirítear in aon áit eile

Earnáil: Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh in áiteanna eile

Aicmiú tionscail: CPC 9703, cuid de CPC 612, cuid de CPC 621, cuid de CPC 625, cuid de 85990

Oibleagáidí lena mbaineann: Rochtain ar an margadh

Cóir náisiúnta

Ceanglais feidhmíochta

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Láithreacht áitiúil

Caibidil: Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht

Cur síos:

Forchoimeádan an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta (CPC 9703)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

In FI: Ní fhéadfaidh ach an stát, bardasachtaí, paróistí, pobail chreidimh nó fondúireachtaí nó cumainn neamhbhrabúis seirbhísí créamtha agus oibriú nó cothabháil reiligí a dhéanamh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In DE: Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla atá bunaithe faoin dlí poiblí reilig a oibriú. Reiligí a chruthú agus a oibriú agus seirbhísí a bhaineann le sochraidí.

In PT: Tá láithreacht tráchtála riachtanach chun seirbhísí sochraide agus adhlacóireachta a sholáthar. Tá náisiúntacht LEE riachtanach ag an té a bheidh ina bhainisteoir teicniúil d'eintitis a sholáthróidh seirbhísí sochraide agus adhlacóireachta.

In SE: Monaplacht Eaglais na Sualainne nó údaráis áitiúil ar sheirbhísí créamtha agus sochraide.

In CY, SI: Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta.

Bearta atá ann cheana:

FI: Hautaustoomilaki (An tAcht um Sheirbhís Adhlactha) (457/2003).

PT: Dlí Foraithe 10/2015 an 16 Eanáir arna leasú le Dlí 15/2018 an 27 Márta.

SE: Begravningslag (1990:1144) (Acht Adhlactha); agus

Begravningsförrordningen (1990:1147) (Ordanás Adhlactha).

(b) Seirbhísí eile-a bhaineann le cúrsaí gnó

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Rochtain ar an margadh:

In FI: Ceanglas a bheith ann maidir le bunaíocht san Fhionlainn nó in áit eile in LEE chun seirbhísí ríomhshainaitheantais a sholáthar.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki vahvasta sähköisestä tunnistamisesta ja sähköisistä allekirjoituksista 617/2009
(An tAcht um Ríomhshainaitheantas Láidir agus um Sheirbhísí Leictreonacha Iontaoibhe
617/2009).

(c) Seirbhísí nua

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainistíocht
shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí
– Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

An tAontas: Chun seirbhísí nua a sholáthar seachas na seirbhísí sin a aicmítear CPC, 1991.

Scéideal na Nua-Shéalainne

Nótaí míniúcháin

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar na bearta a fhéadfaidh an Nua-Shéalainn a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10.64 (Eisceacht stuamachta), ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais an Airteagail sin, na bearta lena rialaítear:

- (a) ceadúnú, clárú nó údarú mar institiúid airgeadais nó mar sholáthróir seirbhísí airgeadais trasteorann, agus na ceanglais chomhfhreagracha;
- (b) foirm dhlíthiúil, lena n-áirítear ceanglais ionchorprúcháin dhlíthiúil le haghaidh institiúidí airgeadais a bhfuil tábhacht chórasach leo, teorainneacha le gníomhaíochtaí glactha taisce de chuid brainsí de bhainc thar lear, agus ceanglais chomhfhreagracha, agus ceanglais a bhaineann le stiúrthóirí agus le bainistíocht shinsearach institiúide airgeadais nó soláthraí seirbhísí airgeadais trasteorann;
- (c) caipiteal, neamhchosaintí páirtí gaolmhara, leachtacht, nochtadh agus ceanglais eile maidir le bainistiú riosca;
- (d) córais íocaíochta, imréitigh agus socraíochta (lena n-áirítear córais urrús);
- (e) frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac; agus
- (f) anás nó cliseadh institiúide airgeadais nó soláthraí seirbhíse airgeadais trasteorann.

Earnáil	Na hearnálacha uile
Oibleagáidí lena mbaineann	<p>Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6)</p> <p>Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17)</p> <p>Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15)</p> <p>Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)</p> <p>Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9)</p> <p>Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)</p>
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <p>(a) forfheidhmiú poiblí an dlí agus seirbhísí ceartúcháin a sholáthar; agus</p> <p>(b) na nithe seo a leanas, a mhéid gur seirbhísí sóisialta iad arna mbunú chun críche poiblí:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) cúram leanaí; (ii) sláinte; (iii) cinnteacht agus árachas ioncaim; (iv) oideachas poiblí; (v) tithíocht phoiblí; (vi) oiliúint phoiblí; (vii) iompar poiblí; (viii) fónais phoiblí; (ix) diúscairt bruscair ; (x) sláintíocht; (xi) séarach; (xii) bainistiú fuíolluisce; (xiii) bainistiú dramhaíola; (xiv) slándáil agus árachas sóisialta; agus (xv) leas sóisialta.

Earnáil	Seirbhísí airgeadais
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúthóirí (Airteagal 10.8) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas a sholáthar: (a) árachas sóisialta éigeantach le haghaidh díobháil phearsanta arb é timpiste is cúis léi, galar agus ionfhabhtú próisis de réir a chéile a bhaineann leis an obair, agus gortú a chóireáil; agus (b) árachas tubaiste le haghaidh maoin chónaithe i ndáil le cumhdach athsholáthair, suas le huasmhéid reachtúil sainithe.
Bearta atá ann cheana	Accident Compensation Act 2001 [Acht 2001 um Chúiteamh Timpistí 2001] Earthquake Commission Act 1993 [Acht 1993 um an gCoimisiún maidir le Creathanna Talún]

Earnáil	Seirbhísí airgeadais
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí</p> <p>(a) Forchoimeádann an Ríocht Aontaithe an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le hárachas nó le seirbhísí a bhaineann leis an árachas, seachas:</p> <p>(i) árachas maidir le riosca a bhaineann le:</p> <p>A. loingseoireacht mhuirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar; an fheithicil atá ag iompar na n-earraí; agus aon dliteanas a dhíorthaíonn uaidh sin; agus</p> <p>B. earraí in idirthuras idirnáisiúnta;</p> <p>C. creidmheas agus urraíocht;</p> <p>D. feithiclí talún lena n-áirítear mótarfheithiclí;</p> <p>E. dóiteán agus fórsaí nádúrtha;</p> <p>F. damáiste eile do mhaoin;</p> <p>G. dliteanas ginearálta;</p> <p>H. caillteanas airgeadais ilghnéitheach; agus</p> <p>I. difríocht idir coinníollacha agus difríocht idir teorainneacha, i gcás ina dtugtar an difríocht idir coinníollacha nó an difríocht i gcumhdach teorainneacha faoi mháistirpholasaí arna eisiúint ag árachóir chun rioscaí a chumhdach ar fud dlínsí éagsúla;</p> <p>(ii) athárachas agus aisghéilleadh dá dtagraítear i bpointe (B) den sainmhíniú ar ‘seirbhís airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhínithe);</p> <p>(iii) seirbhísí atá tánaisteach i leith árachais, dá dtagraítear i bpointe (D) den sainmhíniú ar ‘sheirbhísí airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhínithe); agus</p> <p>(iv) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht, dá dtagraítear i bpointe (C) den sainmhíniú ar ‘sheirbhís airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhínithe), ar rioscaí árachais a bhaineann le seirbhísí a liostaítear i bpointe (i).</p>

- (b) Ní cheadaítear le mír (a) do sholáthróirí na seirbhísí a liostaítear i bpointí (a)(i)(C)-(I) seirbhís a sholáthar do chliant miondíola.
- (c) San iontráil seo, maidir leis an Nua-Shéalainn, ciallaíonn ‘cliant miondíola’:
 - (i) duine nádúrtha; nó
 - (ii) cliant miondíola mar a shainmhínítear é i gclásal 3 de sceideal 5 den Acht um Iompar na Margaí Airgeadais 2013.
- (d) Forchoimeádann an Ríocht Aontaithe an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas), seachas maidir le:
 - (i) faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bpointe (K) den sainmhíniú ar ‘sheirbhís airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhíniú);
 - (ii) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile, dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d’Airteagal 10.63 (Sainmhíniú) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh;
 - (iii) seirbhísí bainistíochta punainne arna ndéanamh ag soláthróir seirbhísí airgeadais de chuid an Aontais le haghaidh:
 - A. scéim chláráithe; nó
 - B. cuideachta árachais.
- (e) Chun críocha an ghealltanais a rinneadh i bpointe (d)(iii):
 - (i) ciallaíonn ‘scéim chláráithe’ scéim chláráithe mar a shainmhínítear é faoin Acht um Iompar na Margaí Airgeadais 2013;
 - (ii) ciallaíonn ‘bainistíocht phunainne’ punanna a bhainistiú i gcomhréir le sainordú arna thabhairt ag cliant ar bhonn lánroghnach cliant-ar-chliant i gcás ina n-áirítear ionstraimí airgeadais amháin nó níos mó sna phunann sin; agus
 - (iii) ní áirítear leis na seirbhísí bainistíochta punainne:
 - A. seirbhísí cumhdaigh;
 - B. seirbhísí iontaobhaithe; nó
 - C. seirbhísí forghníomhaithe.

Earnáil	Seirbhísí airgeadais Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bhearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le bunú nó oibriú aon iontaobhais aonad, margaidh nó saoráide eile a bunaíodh chun urrúis sa chomhar-chuideachta déiríochta a thrádáil nó a leithroinnt nó a bhainistiú de dhroim an chónasctha a údaraítear faoi Acht 2001 um Athstruchtúru an Tionscail Déiríochta (nó aon chomhlacht comharbais).

Earnáil	Seirbhísí airgeadais Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le bunú nó oibriú malartáin, margaidh urrús nó margaidh todhchaíochtaí. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an bhforchoimeádas seo maidir le hinstiúid airgeadais atá rannpháirteach in aon mhalartán, margadh urrús, nó margadh todhchaíochtaí den sórt sin nó atá ag iarraidh páirt a ghlacadh ann.

Earnáil	Seirbhísí airgeadais Árachas agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagail 10.14 agus 10.5)
Tuairisc	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bhearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le hárachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas le haghaidh boird mhargaíochta tionscail arna mbunú le haghaidh táirgí faoi na cóid CPC seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> a) 01, seachas 01110 agus 01340 (táirgí talmhaíochta, gairneoireachta agus garraíodóireachta margaidh, seachas cruithneacht agus cíobhaíonna); b) 02 (ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe); c) 211, seachas 21111, 21112, 21115, 21116 agus 21119 (feoil agus táirgí feola, seachas mairteoil, caoireoil, éanlaith chlóis agus scairteach); d) 213-216 (glasraí ullmhaithe agus leasaithe, súnna torthaí agus súnna glasraí, torthaí agus cnónna ullmhaithe agus leasaithe, olaí agus saille ainmhíocha agus plandúla); e) 22 (déiríocht); f) 2399 (táirgí bia eile); agus g) 261, seachas le haghaidh 2613, 2614, 2615, 02961, 02962 agus 02963 (snáithíní teicstíle nádúrtha ullmhaithe lena sníomh, gan olann a áireamh).
Bearta atá ann cheana	An tAcht um Thobhaigh Thráchtála 1990

Earnáil	Seirbhísí airgeadais Árachas agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagail 10.14 agus 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le hárachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas le haghaidh boird mhargaíochta tionscail arna mbunú le haghaidh táirgí faoi na cóid CPC seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> a) 01, seachas 01110 agus 01340 (táirgí talmhaíochta, gairneoireachta agus garraíodóireachta margaidh, seachas cruithneacht agus cíobhaíonna); b) 02 (ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe); c) 211, seachas 21111, 21112, 21115, 21116 agus 21119 (feoil agus táirgí feola, seachas mairteoil, caoireoil, éanlaith chlóis agus scairteach); d) 213-216 (glasraí ullmhaithe agus leasaithe, súnna torthaí agus súnna glasraí, torthaí agus cnónna ullmhaithe agus leasaithe, olaí agus saille ainmhíocha agus plandúla); e) 22 (déiríocht); f) 2399 (táirgí bia eile); agus g) 261, seachas le haghaidh 2613, 2614, 2615, 02961, 02962 agus 02963 (snáithíní teicstíle nádúrtha ullmhaithe lena sníomh, gan olann a áireamh).
Bearta atá ann cheana	An tAcht um Thobhaigh Thráchtála 1990

Earnáil	Seirbhísí airgeadais
Oibleagáidí lena mbaineann	Láithreachacht áitiúil (Airteagal 10.15)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <p>(a) seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas seachas:</p> <p>(i) árachas maidir le riosca a bhaineann le:</p> <p>A. loingseoireacht mhuirí agus eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach: na hearraí atá á n-iompar; an fheithicil atá ag iompar na n-earraí; agus aon dliteanas a dhíorthaíonn uaidh sin; agus</p> <p>B. earraí in idirthuras idirnáisiúnta;</p> <p>(ii) athárachas agus aisghéilleadh dá dtagraítear i bpointe (B) den sainmhíniú ar ‘seirbhís airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhínithe); agus</p> <p>(iii) seirbhísí cúnta athárachais dá dtagraítear i bpointe (D) den sainmhíniú ar ‘seirbhís airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhínithe);</p> <p>(b) seirbhísí baincéireachta agus seirbhíse airgeadais eile (seachas árachas) gan an méid seo a leanas a áireamh:</p> <p>(i) faisnéis airgeadais a sholáthar agus a aistriú, sonraí airgeadais a phróiseáil, agus bogearraí gaolmhara, dá dtagraítear i bpointe (K) den sainmhíniú ar ‘seirbhís airgeadais’ in Airteagal 10.63 (Sainmhínithe); agus</p> <p>(ii) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí cúntacha airgeadais eile, dá dtagraítear i bpointe (a)(ii)(L) d’Airteagal 10.63 (Sainmhínithe) a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, ach gan idirghabháil mar a dtugtar tuairisc uirthi san Airteagal sin a áireamh</p>

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le huisce, lena n-áirítear leithdháileadh, bailiú, cóireáil agus dáileadh uisce óil.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.15) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh agus a choinneáil ar bun mar chuid den ghníomh imrothlaithe seirbhíse a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus mar chuid den ghníomh sin amháin. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin: (a) srian a chur le líon na soláthróirí seirbhíse; (b) lígean do fhiontar, atá faoi úinéireacht iomlán nó úinéireacht tromlaigh Rialtas na Nua-Shéilainne, a bheith ina sholáthróir seirbhíse aonair nó ina fiontar amháin i measc líon teoranta soláthróirí seirbhíse; (c) srianta a fhorchur ar chomhdhéanamh bainistíochta sinsearaí agus bord stiúrthóirí; (d) a cheangal go mbeidh láithreacht áitiúil ann; agus (e) foirm dhlítheanach an tsoláthróra seirbhíse a shonrú.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht I gcás ina bhfuil fiontar faoi úinéireacht iomlán nó faoi rialú éifeachtach Rialtas na Nua-Shéilainne, ansin forchoimeádann an Nua-Shéilainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le haon scaireanna sa fhiontar sin nó aon sócmhainní de chuid an fhiontair sin a dhíol le haon duine, lena n-áirítear cóir níos fabhraí do náisiúnaigh na Nua-Shéilainne.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéilainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ina leagtar amach na critéir formheasa atá le cur i bhfeidhm maidir leis na catagóirí infheistíochta thar lear a dteastaíonn formheas ina leith faoi chóras infheistíochta thar lear na Nua-Shéilainne. Chun críoch trédhearcachta, is iad na catagóirí sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-A (Bearta atá ann cheana) — an Nua-Shéilainn — iad: (a) éadail nó rialú 25 % nó níos mó ag foinsí neamhrialtasacha ar aon aicme scaireanna ¹ nó cumhachta vótála ² in eintiteas na Nua-Shéilainne i gcás inar mó ná NZ\$ 200 milliún an chomhaoin don aistriú nó luach na sócmhainní;

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn an téarma ‘scaireanna’ scaireanna agus cineálacha eile urrús.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘cumhacht vótála’ an chumhacht rialú a dhéanamh ar chomhdhéanamh 25 % nó níos mó de chomhlacht rialaithe eintiteas na Nua-Shéilainne.

	<p>(b) tús a chur le hoibríochtaí gnó nó gnó atá ann cheana a fháil ag foinsí neamhrialtais, lena n-áirítear sócmhainní gnó, sa Nua-Shéalainn, i gcás inar mó ná NZ\$ 200 milliún an caiteachas iomlán atá le tabhú agus an gnó sin nó na sócmhainní sin á mbunú nó á bhfáil;</p> <p>(c) éadáil nó rialú 25 % nó níos mó ag foinsí rialtasacha ar aon aicme scaireanna¹ nó cumhachta vótála² in eintiteas na Nua-Shéalainne i gcás inar mó ná NZ\$ 100 milliún an chomhaid don aistriú nó luach na sócmhainní;</p> <p>(d) tús a chur le hoibríochtaí gnó nó gnó atá ann cheana a fháil ag foinsí rialtais, lena n-áirítear sócmhainní gnó, sa Nua-Shéalainn, i gcás inar mó ná NZ\$ 100 milliún an caiteachas iomlán atá le tabhú agus an gnó sin nó na sócmhainní sin á mbunú nó á bhfáil;</p> <p>(e) éadáil nó rialú, beag beann ar a luach dollar, ar chatagóirí áirithe talún a mheastar a bheith íogair nó a dteastaíonn formheas sonracha ina leith de réir reachtaíocht infheistíochta thar lear na Nua-Shéalainne; agus</p> <p>(f) aon idirbheart, beag beann ar a luach dollar, a mbeadh infheistíocht thar lear i gcuóta iascaireachta mar thoradh air.</p>
Bearta atá ann cheana	<p>An tAcht um Infheistíocht thar lear 2005</p> <p>An tAcht Iascaigh 1996</p> <p>Rialacháin um Infheistíocht thar lear 2005</p>

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn an téarma ‘scaireanna’ scaireanna agus cineálacha eile urrús.

² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an téarma ‘cumhacht vótála’ an chumhacht rialú a dhéanamh ar chomhdhéanamh 25 % nó níos mó de chomhlacht rialaithe eintiteas na Nua-Shéalainne.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifreálach do Pháirtí nó do neamh-Pháirtí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta déthaobhach nó iltaobhach atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.</p> <p>Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis sin, maidir le comhaontuithe i dtaobh léirscaoileadh trádála in earraí, i seirbhísí nó infheistíocht, aon bheart a ghlactar mar chuid de phróiseas níos leithne lánpháirtíochta eacnamaíche nó léirscaoilte trádála idir na páirtithe sna comhaontuithe sin.</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifreálach do Pháirtí nó do neamh-Pháirtí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus a bhaineann leis an méid seo a leanas:</p> <p>(a) eitlíocht;</p> <p>(b) iascaigh; agus</p> <p>(c) cúrsaí muirí.</p>

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le rialú, bainistiú nó úsáid na nithe seo a leanas: (a) limistéir faoi chosaint, ar limistéir iad arna mbunú faoi reachtaíocht agus faoi réir rialú reachtaíochta, lena n-áirítear acmhainní ar thalamh agus leasanna i dtalamh nó in uisce, a bhunaítear ar mhaithe le bainistiú oidhreachta (oidhreacht stairiúil agus nádúrtha araon), caitheamh aimsire poiblí, agus caomhnú radharcra; nó (b) speicis atá faoi úinéireacht agus faoi achtú na Corónach nó atá cosanta le hachtachán nó faoi achtachán.
Bearta atá ann cheana	An tAcht Caomhantais 1987 agus na hachtacháin atá liostaithe in: Sceideal 1 den Acht um Chaomhnú 1987 An tAcht um Bainistiú Acmhainní 1991 An tAcht um Rialtas Áitiúil 1974

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le bearta náisiúntachta nó cónaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <p>a) leas ainmhithe; agus</p> <p>b) beatha agus sláinte plandaí, ainmhithe agus daoine a chaomhnú, lena n-áirítear go háirithe:</p> <p>(i) sábháilteacht bhia maidir le bia intíre agus bia onnmhairithe;</p> <p>(ii) beatha ainmhithe;</p> <p>(iii) caighdeán bhia;</p> <p>(iv) bithshláindáil;</p> <p>(v) bithéagsúlacht; agus</p> <p>(vi) an stádas sláinte plandaí nó ainmhithe atá ag na hearraí.</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn freisin an ceart chun aon bhearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gceanglaítear seirbhísí comhlíonta, faireacháin agus seirbhísí comhchosúla a cheannach ina críoch chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais rialála a bhaineann leis na nithe seo a leanas:</p> <p>(i) leas ainmhithe;</p> <p>(ii) sábháilteacht bhia maidir le bia intíre agus bia onnmhairithe;</p> <p>(iii) beatha ainmhithe;</p> <p>(iv) caighdeán bhia;</p> <p>(v) bithshláindáil;</p> <p>(vi) bithéagsúlacht;</p>

	<p>(vii) an stádas sláinte plandaí nó ainmhithe atá ag na hearraí;</p> <p>(viii) maolú ar an athrú aeráide; agus</p> <p>(ix) inbhuanaitheacht.</p> <p>Ní fhorléireofar aon ní sa fhorchoimeádas seo mar mhaolú ar oibleagáidí Chaibidil 6 (Bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta), ná ar oibleagáidí Chomhaontú SPS nó an Chomhaontaithe Sláintíochta.</p> <p>Ní fhorléireofar aon ní sa fhorchoimeádas seo mar mhaolú ar oibleagáidí Chaibidil 9 (Bacainní teicniúla ar thrádáil), ná ar oibleagáidí Chomhaontú TBT.</p>
--	---

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	<p>Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)</p> <p>Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6)</p> <p>Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9)</p> <p>Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúthóirí (Airteagal 10.8)</p>
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arna dhéanamh le hachtachán nó faoi achtachán maidir le hurthra agus grinneall na farraige, uiscí inmheánacha mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta (lena n-áirítear na leapacha, an fho-ithir agus imeall na n-uiscí inmheánacha sin), an fharraige teorann, an Limistéar Eacnamaíoch Eisiach, agus an scairbh ilchríochach, lena n-áirítear chun lamháltais mhuirí a eisiúint sa scairbh ilchríochach.</p>
Bearta atá ann cheana	<p>An tAcht um Bainistiú Acmhainní 1991</p> <p>An tAcht um Limistéar Muirí agus Cósta (Takutai Moana), 2011</p> <p>An tAcht um an Scairbh Ilchríochach 1964</p> <p>An tAcht um Mianraí Corónach 1991</p> <p>An tAcht um Chríos Eacnamaíoch Eisiach agus Scairbh Ilchríochach (Éifeachtaí Comhshaoil), 2012</p>

Earnáil	Seirbhísí gnó Seirbhísí Dóiteáin
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagail 10.14 agus 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí coiscthe dóiteáin agus seirbhísí comhtraic dóiteáin a sholáthar, seachas aersheirbhísí comhtraic dóiteáin. An forchoimeádas i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhísí trí láithreachacht tráchtála.
Bearta atá ann cheana	An tAcht um Dhóiteán agus Éigeandáil, an Nua-Shéalainn, 2017

Earnáil	Seirbhísí gnó Taighde agus forbairt
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas: (a) seirbhísí taighde agus forbartha arna ndéanamh ag institiúidí treasacha arna maoiniú ag an Stát nó ag Institiúidí Taighde Corónach nuair is chun críche poiblí a dhéantar an taighde sin; nó (b) seirbhísí forbartha taighde agus turgnamhaí maidir leis na heolaíochtaí fisiceacha, an cheimic, an bhitheolaíocht, an innealtóireacht agus an teicneolaíocht, na heolaíochtaí talmhaíochta, na heolaíochtaí leighis, an chógaisíocht agus na heolaíochtaí nádúrtha eile, i.e. CPC 8510.

Earnáil	Seirbhísí gnó Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagail 10.14 agus 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas: (a) seirbhísí tástála agus anailíse maidir le comhdhéanamh agus íonacht (CPC 86761); (b) seirbhísí imscrúdúcháin theicniúil (CPC 86764); (c) seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla eile (CPC 86769); (d) seirbhísí geolaíocha, geofisiceacha agus seirbhísí sirtheoireachta eolaíochta eile (CPC 86751); agus (e) seirbhísí tástála drugaí.

Earnáil	Seirbhísí gnó Iascaigh agus dobharshaothrú Seirbhísí a bhaineann le hiascach agus dobharshaothrú
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Láithreachta áitiúil (Airteagal 10.15) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta coigríche, lena n-áirítear iascaireacht a thabhairt i dtír, éice a phróiseáiltear ar muir a chur i dtír den chéad uair, agus rochtain ar chalafoirt na Nua-Shéalainne (pribhléidí calafoirt) a rialú i gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.
Bearta atá ann cheana	An tAcht Iascaigh 1996 An tAcht um Athchóiriú Dobharshaothraithe 2004

Earnáil	Seirbhísí gnó Fuinneamh Monaraíocht Trádáil mhórdhíola Miondíol
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Láithreachacht áitiúil (Airteagal 10.15) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh chun táirgeadh, úsáid, dáileadh nó miondíol fuinnimh núicléach a thoirmeasc, a rialáil, a bhainistiú nó a rialú, lena n-áirítear coinníollacha a leagan síos do dhaoine é sin a dhéanamh.

Earnáil	Talmhaíocht, lena n-áirítear seirbhísí a ghabhann leis an talmhaíocht
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas: (a) scaireanna a shealbhú sa chomharchumann déiríochta a eascraíonn as an gcónascadh a údaraítear faoin Acht um Athstruchtúrú Tionscail Déiríochta 2001 (nó aon chomhlacht comharbais); agus (b) sócmhainní na cuideachta sin nó a comhlachtaí comharbais a dhiúscairt.
Bearta atá ann cheana	An tAcht um Athstruchtúrú an Tionscail Déiríochta 2001

Earnáil	Talmhaíocht, lena n-áirítear seirbhísí a ghabhann leis an talmhaíocht
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le margú onnmhairiúcháin na gcíobhaíonna úra chuig gach margadh seachas an Astráil.
Bearta atá ann cheana	An tAcht um Athstruchtúrú an Tionscail Cíobhaíonna 1999 agus Rialacháin

Earnáil	Talmhaíocht, lena n-áirítear seirbhísí a ghabhann leis an talmhaíocht
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas: (a) ina sonrú na téarmaí agus na coinníollacha maidir le bunú agus oibriú aon scéim leithdháilte arna formhuiniú ag an rialtas maidir leis na cearta chun táirgí onnmhairiúcháin a thagann faoi réim na gcatagóirí HS a chumhdaítear leis an gComhaontú maidir le Talmhaíocht a dháileadh ar mhargaí ina bhfuil taraif-chuótaí, tosaíochtaí tír-shonracha nó bearta eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu i bhfeidhm; agus (b) cearta dáilte a leithroinnt ar sholáthróirí seirbhísí trádála mórdhíola de bhun scéim leithroinnte den sórt sin a bhunú nó a oibriú. Níl sé i gceist go mbeadh sé d'éifeacht ag an iontráil seo toirmeasc a chur ar gach infheistíocht i soláthar seirbhísí trádála agus dáileacháin mórdhíola a bhaineann le hearraí sna caibidlí HS a chumhdaítear leis an gComhaontú ar Thalmhaíocht. Tá feidhm ag an iontráil maidir le hinfeistíocht a mhéid gur fothacar de tháirgí talmhaíochta iad na hearnálacha seirbhísí a shonraítear sa fhorchoimeádas seo atá faoi réir taraif-chuótaí, tosaíochtaí tír-shonracha nó bearta eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu.

Earnáil	Talmhaíocht, lena n-áirítear seirbhísí a ghabhann leis an talmhaíocht
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.5) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	<p>Infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart is gá a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun éifeacht a thabhairt do bhunú nó do chur chun feidhme pleananna margaíochta éigeantacha (dá ngairtear freisin ‘straitéisí um margú onnmhairí’) chun táirgí a fhaightear ó na nithe seo a leanas a mhargú:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) talmhaíocht; (b) beachaireacht; (c) an ghairneoireacht; (d) crannadóireacht; (e) feirmeoireacht arúil; agus (f) feirmeoireacht ainmhithe, <p>i gcás ina bhfuil tacaíocht laistigh den tionscal ábhartha gur cheart plean margaíochta comhchoiteann sainordaitheach a ghlacadh nó a ghníomhachtú.</p> <p>Chun amhras a sheachaint, ní áirítear i bpleananna margaíochta sainordaitheach, i gcomhthéacs an fhorchoimeádais seo, bearta lena dteorannaítear líon na rannpháirtithe sa mhargadh nó lena dteorannaítear méid na n-onnmhairí.</p> <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.</p>
Bearta atá ann cheana	An tAcht um Údarás Onnmhairiúcháin Gairneoireachta na Nua-Shéalainne 1987

Earnáil	Seirbhísí sláinte agus sóisialta
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le gach soláthróir agus infheisteoir le haghaidh soláthar seirbhísí uchtála. An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach trachtála.
Bearta atá ann cheana:	An tAcht Uchtála 1995 An tAcht Uchtála (Idirtíre) 1997

Earnáil	Áineas, cultúr agus spórt
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Cóir náisiúnta (Airteagal 10.16 agus Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Aireagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí cearrbhachais, gealltóireachta agus striapachais.
Bearta atá ann cheana	An tAcht Cearrbhachais 2003 agus Rialacháin An tAcht um Athchóiriú Striapachais 2003 An tAcht Rásaíochta 2003 Na Rialacháin Rásaíochta (Cosc agus Íoslaghdú Dochair) 2004 An tOrdú Rásaíochta Con (Cumann Rásaíochta Con na Nua-Shéalainne Corpraithe) 2009

Earnáil	<p>Áineas, cultúr agus spórt</p> <p>Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim agus seirbhísí cultúir eile</p>
Oibleagáidí lena mbaineann	<p>Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6)</p> <p>Rochtain ar an margadh (Airteagail 10.14 agus 10.5)</p> <p>Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7)</p> <p>Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15)</p> <p>Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9)</p>
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <p>(a) oidhreacht chultúrtha de luach náisiúnta, lena n-áirítear oidhreacht eitneolaíochta, seandálaíochta, stairiúil, liteartha, ealaíonta, eolaíoch nó theicneolaíoch, mar aon le bailiúcháin a dhéanann músaeim, gailearaithe, leabharlanna, cartlanna agus institiúidí eile a bhailíonn oidhreacht a dhoiciméadú, a chaomhnú agus a thaispeáint;</p> <p>(b) cartlanna poiblí;</p> <p>(c) seirbhísí leabharlainne agus músaeim; agus</p> <p>(d) seirbhísí chun láithreáin stairiúla nó láithreáin naofa nó foirgnimh stairiúla a chaomhnú.</p>

Earnáil	Iompar Seirbhísí muirí
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus 10.5) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas: (a) iompar paisinéirí nó lasta de mhuir idir calafort atá suite sa Nua-Shéalainn agus calafort eile atá suite sa Nua-Shéalainn agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalahfort céanna sa Nua-Shéalainn (cabatáiste muirí), cé is moite de ghluaiseacht coimeádán folamh; (b) seirbhísí friothálacha; (c) cuideachta chláraithe a bhunú chun cabhlach a oibriú faoi bhratach na Nua-Shéalainne; agus (d) áirthe a chlárú sa Nua-Shéalainn.

Earnáil	Seirbhísí dáileacháin
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí nó leis an mbeartas sóisialta i ndáil le seirbhísí trádála mórdhíola agus miondhíola táirgí tobac agus deochanna alcólacha.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagal 10.6) Ceanglais feidhmíochta (Aireagal 10.9)
Cur síos	Infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart cánachais a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le maoin chónaithe a dhíol, a cheannach nó a aistriú (lena n-áirítear leasanna a thagann chun cinn trí léasanna, socrúithe maoinithe agus comhroinnte brabúis, agus leasanna a fháil i bhfiontair ar leo maoin chónaithe). Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuimsíonn ‘maoin chónaithe’ eastát réadach neamhchónaithe tráchtála.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Lucht bainistíochta sinsearaí agus bord stiúrthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun go gceanglófar an méid seo a leanas: (a) comhalta amháin de Bhord Stiúrthóirí a bheith ina náisiúnach de chuid na Nua-Shéalainne; nó (b) mionlach de Bhord Stiúrthóirí a bheith ina náisiúnach de chuid na Nua-Shéalainne, i gcás nach ndéanfadh an ceanglas sin dochar ábhartha do chumas an infheisteora rialú a fheidhmiú ar a fhiontar, ar choinníoll gur ceanglas é chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréirleis an gComhaontú seo.
Bearta atá ann cheana	Acht na gCuideachtaí 1993 An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta 2008

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15) Ceanglais feidhmíochta (Airteagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a mheasann sí a bheith riachtanach chun cearta, leasanna, dualgais agus freagrachtaí Māori a chosaint nó a chur chun cinn maidir le trádáil arna gcumasú trí mheán leictreonach, lena n-áirítear chun a hoibleagáidí faoi te Tiriti o Waitangi / Chonradh Waitangi a chomhlíonadh, ar choinníoll nach n-úsáidtear na bearta sin mar bhealach chun idirdhealú treallach nó gan údar a dhéanamh ar dhaoine de chuid an Pháirtí eile nó mar shrian faoi cheilt ar thrádáil seirbhísí agus infheistíochta. Comhaontaíonn na Páirtithe nach mbeidh léirmhíniú Tiriti o Waitangi / Conradh Waitangi, lena n-áirítear maidir le cineál na gceart agus na n-oibleagáidí a eascraíonn as, faoi réir fhorálacha an Chomhaontaithe seo maidir le réiteach díospóidí.

Earnáil	Seirbhísí cumarsáide Seirbhísí poist agus cúireireachta
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht
	<p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena bhforchuirfí ar oibreoirí poist a ghabhann d'iompar frithiomaíoch, coinníollacha breise le haghaidh oibriú sa mhargadh nó díchlárú.</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a cheadódh di srian a chur le heisiúint stampaí poist ar a bhfuil na focail 'An Nua-Shéalainn'.¹</p> <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach trachtála.</p>

¹ Stampaí ar a mbeidh na focail 'New Zealand' a eisiúint chuig oibreoirí ainmnithe an Aontais Phoist Uilechoitinn ach amháin i gcás inar cuid d'ainm an oibreora a eisíonn na stampaí iad na focail 'New Zealand'.

Earnáil	Seirbhísí dáileacháin Seirbhísí ghníomhairí Coimisiúin
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le hearnálacha nach dtagann faoi na Cóid CPC seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) CPC 62113-62115; (b) CPC 62117-62118; (c) CPC 62111 seachas 02961-02963 (olann caorach); (d) CPC 62112 seachas CPC 21111, 21112, 21115, 21116 agus 21119 (scairteach inite de thionscnamh bó-ainmhithe agus caorach) agus 02961-02963 (olann caorach); agus (e) CPC 62116 seachas 2613-2615 (olann caorach). <p>Maidir le hearnálacha a thagann faoi na cóid CPC seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) CPC 62111 i ndáil le 02961-02963 amháin (olann caorach); (b) CPC 62112 i ndáil le CPC 21111, 21112, 21115, 21116 agus 21119 amháin (scairteach inite de thionscnamh bó-ainmhithe agus caorach) agus 02961-02963 (olann caorach); agus (c) CPC 62116 i ndáil le 2613-2615 amháin (olann caorach). <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le dáileadh onnmhairí i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) leithdháileadh ceart dáileacháin a bhaineann le honnmhairiú táirgí chuig margáí onnmhairiúcháin ina gcuirtear srian ar líon na soláthróirí seirbhísí, ar luach iomlán na n-idirbheart seirbhísí agus ar líon na n-oibríochtaí seirbhísí mar gheall ar tharaif-chuótaí, tosaíochtaí tírshonracha agus bearta eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu; agus (b) straitéisí sainordaitheacha um margú onnmhairí i gcás ina bhfuil tacaíocht laistigh den tionscal ábhartha. Ní chuimsíonn na straitéisí sin um margú onnmhairí bearta lena gcuirtear srian ar líon na rannpháirtithe sa mhargadh nó ar mhéid na n-allmhairí. <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach trachtála.</p>

Earnáil	Seirbhísí dáileacháin Seirbhísí trádála mórdhíola
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le hearnálacha nach dtagann faoi na Cóid CPC seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) CPC 6223-6226, agus 6228; (b) CPC 6221 seachas 02961-02963 (olann caorach); (c) CPC 6222 seachas CPC 21111, 21112, 21115, 21116 agus 21119 (scairteach inite de thionscnamh bó-ainmhithe agus caorach); agus (d) CPC 62277 seachas 2613-2615 (olann caorach). <p>Maidir le hearnálacha a thagann faoi na cóid CPC seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) CPC 6221 i ndáil le 02961-02963 amháin (olann caorach); (b) CPC 6222 i ndáil le CPC 21111, 21112, 21115 amháin; (c) CPC 21116 agus 21119 (scairteach inite de thionscnamh bó-ainmhithe agus caorach); agus (d) CPC 62277 i ndáil le 2613-2615 amháin (olann caorach). <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le dáileadh onnmhairí i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) leithdháileadh ceart dáileacháin a bhaineann le honnmhairiú táirgí chuig margáí onnmhairiúcháin ina gcuirtear srian ar líon na soláthróirí seirbhísí, ar luach iomlán na n-idirbheart seirbhísí agus ar líon na n-oibríochtaí seirbhísí mar gheall ar tharaif-chuótaí, tosaíochtaí tírshonracha agus bearta eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu; agus (b) straitéisí sainordaitheacha um margú onnmhairí i gcás ina bhfuil tacaíocht laistigh den tionscal ábhartha. Ní chuimsíonn na straitéisí sin um margú onnmhairí bearta lena gcuirtear srian ar líon na rannpháirtithe sa mhargadh nó ar mhéid na n-allmhairí. <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach trachtála.</p>

Earnáil	Aeríompar agus muiríompar Seirbhísí aeríompair agus muiríompair a dhíol agus a mhargú
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le táirgí a chumhdaítear faoi CPC 01, 02, 211, 213 go 216, 22, 2399 agus 261 (seachas margú agus díolacháin a bhaineann le CPC 21111, 21112, 21115, 21116 agus 21119 (scairteach inite de thionscnamh bó-ainmhithe agus caorach), CPC 2613 agus 2615 (olann caorach), agus CPC 02961 go 02963 (olann caorach)). An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.

Earnáil	Iompar muirí Iompar idirnáisiúnta
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le cuideachta chláráithe a bhunú chun cabhlach a oibriú faoi bhratach na Nua-Shéalainne. Baineann an forchoimeádas seo le seirbhísí a chumhdaítear faoi CPC 7211 (iompar paisinéirí, seachas cabatáiste) agus 7212 (iompar lasta, seachas cabatáiste). An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.

Earnáil	Seirbhísí gairmiúla
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na foranna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none">(a) seirbhísí ceantálaíochta;(b) seirbhísí dócmhainneachta agus glacadóireachta;(c) seirbhísí déanta léarscáileanna;(d) seirbhísí saincheadúnais;(e) seirbhísí gníomhairí paitinní;(f) Seirbhísí gníomhairí trádmharcanna;(g) suirbhéireacht chainníochta agus seirbhísí;(h) seirbhísí comhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla;(i) seirbhísí priontála agus foilsitheoireachta; agus(j) taighde agus forbairt ar na heolaíochtaí sóisialta agus ar na daonnachtaí. <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.</p>

Earnáil	Seirbhísí gnó
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na foranna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) seirbhísí léasaithe nó cíosa a bhaineann le coimeádáin; (b) ceadúnú maoine intleachtúla, lena n-áirítear trádmharcanna; (c) táirgí taighde agus forbartha a cheadúnú; (c) bunábhar siamsaíochta, liteartha nó ealaíonta a cheadúnú; (e) taiscéalaíocht agus meastóireacht mianraí; (f) seirbhísí córais slándála; (g) seirbhísí garda; (h) Seirbhísí imscrúdúcháin; (i) seirbhísí sain-chomhairleoireachta slándála; (j) seirbhísí gluaisteán armúrtha; agus (k) seirbhísí slándála eile. <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.</p>

Earnáil	Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) táirgí déanta as miotal, innealra agus trealamh; (b) innealra agus trealamh eile; (c) fearais leictreacha tí; (d) trealamh agus gaireas teileachumarsáide; (e) uirlisí míochaine, beachtais agus optúla; (f) leictreonaic tomhaltóra; (g) innealra tráchtála agus tionsclaíoch; (h) ardaitheoirí agus staighrí beo; agus (i) trealamh eile. <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.</p>

Earnáil	Seirbhísí sláinte
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na foranna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) seirbhísí príobháideacha sláinte agus sóisialta; agus (b) seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine. <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.</p>

Earnáil	Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí áineasa, cultúir agus spóirt. An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.

Earnáil	Seirbhísí iompair
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na foranna seo a leanas: (a) seirbhísí píolótaíochta agus calaithe; (b) soithí a ligean ar cíos le criú le haghaidh seirbhísí muiriompair; (c) seirbhísí brú agus tarraingthe (muirí); (d) seirbhísí áitiúla iompair ar uisce do phaisinéirí; (e) seirbhísí maidir le soithí uisce a ligean ar cíos le hoibreoír; (f) soláthar trasteorann seirbhísí láimhseála coimeádán ¹ muirí ó chríoch an Aontais isteach i gcríoch na Nua-Shéalainne. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas seo maidir le (i) trasloingsiú (ó bhord go bord nó tríd an gcé) ná (ii) trealamh láimhseála lastais ar bord a úsáid.

¹ Ciallaíonn an téarma “seirbhísí láimhseála lastais mhuirí” gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stíbheadóireachta, lena n-áirítear oibreoírí críochfoirt, ach nach gcuimsíonn gníomhaíochtaí díreacha dugairí má dhéantar na hoibrithe a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stíbheadóireachta nó ar na cuideachtaí oibritheora críochfoirt. Ar na seirbhísí a chumhdaítear tá eagrú agus maoirseacht na nithe seo a leanas:
(a) coimeádáin a luchtú ar shoitheach nó a dhíluchtú de shoitheach;
(b) coimeádáin a cheangal nó a dhícheangal; agus
(c) glacadh le lasta agus seachadadh lasta, agus lasta a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

- (g) soithí a chothabháil agus a dheisiú;
- (h) seirbhísí tarrthálais agus athchuir ar snámh le haghaidh soithí;
- (i) iompar ar uiscebhealaí inmheánacha;
- (j) lastiompar le haghaidh iompar ar uiscebhealaí inmheánacha;
- (k) iompar paisinéirí (uiscebhealaí inmheánacha);
- (l) seirbhísí brú agus tarraingthe le haghaidh iompar ar uiscebhealaí inmheánacha;
- (m) soithí a ligean ar cíos le criú le haghaidh iompar ar uiscebhealaí inmheánacha;
- (n) seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar uiscebhealaí inmheánacha;
- (o) rialú, cigireacht agus faireachas ar aerfoirt agus ar héileapóirt;
- (p) seirbhísí spásiompair do phaisinéirí;
- (q) seirbhísí spásiompair do lastas;
- (r) seirbhísí tacaíochta le haghaidh spásiompair;
- (s) seirbhísí tacaíochta le haghaidh seirbhísí iompair iarnróid;
- (t) seirbhísí iompair de bhóthar don phost;
- (u) trealamh iompair de bhóthar a chothabháil agus a dheisiú;
- (v) seirbhísí carrchlóis;
- (w) seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar de bhóthar;
- (x) soláthar uisce díshalannaithe do longa atá i mbeart i gcalafóirt nó in uiscí teorann; agus
- (y) tógáil agus deisiú long, agus seirbhísí innill mhuirí.

An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach trachtála.

Earnáil	Seirbhísí fónais
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na foranna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) seirbhísí fuinnimh; (b) ola agus seirbhísí hidreacarbóin eile; (c) seirbhísí a thacaíonn leis an tionscal peitrliam; (d) seirbhísí a bhaineann le hacmhainní ola agus gás; (e) seirbhísí a ghabhann le dáileadh fuinnimh; agus (f) dáileadh leictreachais, gás agus uisce (ar a gcuntas féin). <p>An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach trachtála.</p>

Earnáil	Seirbhísí eile
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5)
Cur síos	<p>Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht</p> <p>Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na foranna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) tionscail lámhcheardaíochta; (b) seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 8640); (c) seirbhísí pacáistithe (CPC 8760);

- (d) reiligí agus seirbhísí créamtha (CPC 9703);
- (e) dearadh seodra;
- (f) seirbhísí tacaíochta don dobharshaothrú;
- (g) seirbhísí a sholáthraítear d'eagraíochtaí agus do chomhlachtaí seachchríochacha (CPC 9900);
- (h) Seirbhísí tís (CPC 87204);
- (i) cóireáil chosmaideach, seirbhísí lámh-mhaisithe agus cosmhaisithe (CPC 97022);
- (j) seirbhísí gruagaire agus bearbóra (CPC 97021);
- (k) seirbhísí áilleachta agus folláine fisiciúla (CPC 97029);
- (l) seirbhísí deontais a thabhairt;
- (m) réamhaisnéis na haimsire agus seirbhísí meitéareolaíochta;
- (n) seirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí polaitiúla (CPC 95920);
- (o) seirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí ballraíochta eile (CPC 9599);
- (p) seirbhísí a sholáthraíonn ceardchumainn (CPC 9520);
- (q) seirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí um chearta an duine;
- (r) seirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí gnó, fostóirí agus gairmithe (CPC 951);
- (s) seirbhísí deartha speisialtachta (seachas seirbhísí deartha inti);
- (t) bunchóipeanna dearaidh; agus
- (u) seirbhísí riaracháin oifige comhcheangailte.

An forchoimeád i ndáil le rochtain ar an margadh (Infheistíocht), ní bhaineann sé ach le soláthar seirbhíse trí láithreach tráchtála.

Earnáil	Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh in áiteanna eile
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Láithreacht áitiúil (Airteagal 10.15) Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14 agus Airteagal 10.5) Ceanglais feidhmíochta (Aireagal 10.9) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúthóirí (Airteagal 10.8)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le soláthar seirbhísí nua seachas na seirbhísí sin atá aicmithe in CPC.

Earnáil	Gach earnáil — gluaiseacht daoine nádúrtha
Oibleagáidí lena mbaineann	Rochtain ar an margadh (Airteagal 10.14)
Tuairisc	Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhís a sholáthar trí dhaoine nádúrtha a bheith i láthair, faoi réir fhorálacha Roinn D (Iontráil agus fanacht shealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó) de Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht) nach bhfuil ar neamhréir le hoibleagáidí na Nua-Shéalainne faoi GATS.

Earnáil	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mbaineann	Cóir náisiúnta (Airteagail 10.16 agus 10.6) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Airteagal 10.17 agus Airteagal 10.7) Lucht bainistíochta sinsearaí agus boird stiúrthóirí (Airteagal 10.8) Ceanglais feidhmíochta (Aireagal 10.9)
Cur síos	Trádáil trasteorann i seirbhísí agus infheistíocht Forchoimeádann an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart is gá a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun seoda náisiúnta nó láithreáin shonracha a bhfuil luach stairiúil nó seandálaíochta ag baint leo a chosaint, nó bearta is gá chun tacú le healaíona cruthaitheacha ¹ a bhfuil luach náisiúnta acu.

¹ Cuimsíonn an téarma ‘na healaíona cruthaitheacha’ gā toi Māori (ealaíona Māori), na taibh-ealaíona — lena n-áirítear amharclannaíocht, damhsa agus ceol, haka (damhsa staidiúire traidisiúnta Māori), waiata (amhrán nó cantaireacht) — na hamharcealaíona agus ceardaíocht — amhail péintéireacht, dealbhóireacht, whakairo (snoíodóireacht), raranga (fíodóireacht), agus tā moko (tatú traidisiúnta Māori) — litríocht, ealaíona teanga, ábhar cruthaitheach ar líne, cleachtas traidisiúnta dúchasach agus léiriú cultúrtha comhaimseartha, agus meáin dhigiteacha idirghníomhacha agus saothar ealaíne hibrídeach, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann teicneolaíochtaí nua chun deighiltí ealaíon scoite a thrasnú. Cuimsíonn an téarma ‘na healaíona cruthaitheacha’ na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le cur i láthair, cur i gcrích agus léirmhíniú na n-ealaíon; agus staidéar agus forbairt theicniúil na bhfoirmeacha agus na ngníomhaíochtaí ealaíne seo.

IARSCRÍBHINN 10-C**CUAIRTEOIRÍ GNÓ CHUN CRÍOCH BUNAÍOCHTA, AISTRITHE
IDIRCHORPARÁIDEACHA AGUS CUAIRTEOIRÍ GNÓ GEARRTHÉARMACHA**

1. Ní bhaineann Airteagail 10.21 (Cuariteoirí gnó chun críoch bunaíochta, aistrithe idirchorparáideacha) agus 10.22 (Cuariteoirí gnó gearrthéarmacha) le haon beart neamh-chomhréireach a liostaítear san Iarscríbhinn seo, a mhéid is nach bhfuil siad i gcomhréir.
2. Féadfaidh Páirtí beart a liostaítear san Iarscríbhinn seo a choinneáil ar bun, leanúint ar aghaidh leis, é a athnuachan go pras nó é a leasú, ar choinníoll nach laghdóidh an modhnú nó an leasú comhréireacht an bhirt le hAirteagal 10.21 (Cuariteoirí gnó chun críoch bunaíochta, aistrithe idirchorparáideacha), mar a bhí sé díreach roimh an modhnú nó an leasú.
3. I dteannta liosta na ngealltanais san Iarscríbhinn seo, féadfaidh gach Páirtí beart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le riachtanais cháilíochtaí, nósanna imeachta cáilíochtaí, caighdeáin theicniúla, ceanglais cheadúnúcháin nó nósanna imeachta ceadúnúcháin nach teorannú é an beart sin de réir bhrí Airteagal 10.21 (Cuariteoirí gnó chun críoch bunaíochta, aistrithe idirchorparáideacha) nó 10.22 (cuariteoirí gnó gearrthéarmacha). D'fhéadfaí a áireamh i mbeart den sórt sin an gá atá le ceadúnas a fháil, aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnáil rialáilte, pas a fháil i scrúdú sonrath amhail scrúdú teanga, ceanglas ballraíochta i ngairm ar leith amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil a chomhlíonadh, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile a fhágann nach bhféadfaí gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó i limistéir chosanta. Cé nach liostaítear iad san Iarscríbhinn seo, leanann na bearta sin d'fheidhm a bheith acu.

4. Níl feidhm ag sceidil na Nua-Shéalainne agus an Aontais i míreanna 9 agus 10 ach maidir le críocha na Nua-Shéalainne agus an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 1.4 (Cur i bhfeidhm críochach) agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit agus an Nua-Shéalainn. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, don Aontas, ní bheidh ceanglas i gceist leis an oibleagáid cóir náisiúnta a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha na Nua-Shéalainne an chóir a thugtar i mBallstát, i gcur i bhfeidhm an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó i gcur i bhfeidhm aon bheart arna ghlacadh de bhun CFAE, lena n-áirítear cur chun feidhme sna Ballstáit, a leathnú chun an méid seo a leanas a chumhdach:

- (a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de chuid Ballstáit eile; nó
- (b) daoine dlíthiúla atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, riarachán lárnach nó a bpríomháiit ghnó acu san Aontas.

6. Ní bheidh feidhm ag gealltanais, do chuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta, d'aistrithe ionchorparáideacha ná do chuairteoirí gnó gearrthéarmacha i gcásanna ina bhfuil sé mar aidhm nó mar éifeacht ag a láithreach shealadach cur isteach ar thoradh aon díospóide nó idirbheartaíochta saothair nó bainistíochta, nó tionchar a imirt ar an toradh sin ar shlí eile.

7. Beidh feidhm fós ag gach ceanglas eile faoi dhlíthe agus rialacháin an Aontais agus na mBallstát maidir le bearta iontrála, fanachta, oibre agus slándála sóisialta, lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le tréimhse fanachta, pá íosta, chomh maith le comhaontuithe pá comhchoiteanna, fiú mura liostaítear iad san Iarscríbhinn seo.

8. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i liosta na ngealltanais i mír 10:

AT an Ostair

BE an Bheilg

BG an Bhulgáir

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

EL an Ghréig

ES an Spáinn

AE an tAontas, lena n-áirítear na Ballstáit

FI an Fhionlainn

FR an Fhrainc

HR an Chróit

HU an Ungáir

IE Éire

IT an Iodáil

LT an Liotuáin

LU Lucsamburg

LV an Laitvia

MT Málta

NL an Ísiltír

PL an Pholainn

PT an Phortaingéil

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK Poblacht na Slóvaice

9. Is iad gealltanais na Nua-Shéalainne¹:

Cuariteoirí gnó chun críoch bunaíochta

Gach earnáil	Tréimhse fanachta incheadaithe: suas le 90 lá in aon tréimhse 12 mhí.
--------------	---

Aistrithe ionchorparáideacha

Gach earnáil	Tréimhse fanachta incheadaithe: dul isteach ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana ar a mhéad.
--------------	--

cuariteoirí gnó gearrthéarmacha

Gach earnáil	Tréimhse fanachta incheadaithe: suas le 90 lá in aon tréimhse 12 mhí.
Na gníomhaíochtaí uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn 10-D (Liosta gníomhaíochtaí cuairteoirí gnó gearrthéarmacha)	

¹ D'ainneoin na ngealltanais atá leagtha amach sa mhír seo, forchoimeádan an Nua-Shéalainn an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le criúnna long.

10. Is iad seo a leanas gealltanais an Aontais:

Cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta

Gach earnáil	<p>AT, CZ: Is gá cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta a bheith fostaithe ag fiontar seachas ag eagraíocht neamhbhrabúis, nó murach sin: Neamhcheangailte.</p> <p>SK: Is gá cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta a bheith fostaithe ag fiontar seachas ag eagraíocht neamhbhrabúis, nó murach sin: Neamhcheangailte. Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch.</p> <p>CY: Tréimhse fanachta incheadaithe: suas le 90 lá in aon tréimhse 12 mhí. Is gá cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta a bheith fostaithe ag fiontar seachas ag eagraíocht neamhbhrabúis, nó murach sin: Neamhcheangailte.</p>
--------------	---

Aistrithe ionchorparáideacha

Gach earnáil	<p>AT, CZ, SK: Is gá aistrithe ionchorparáideacha a bheith fostaithe ag fiontar seachas ag eagraíocht neamhbhrabúis, nó murach sin: Neamhcheangailte.</p> <p>FI: Is gá pearsanra sinsearach a bheith fostaithe ag fiontar seachas ag eagraíocht neamhbhrabúis.</p> <p>HU: Ní cháilfonn daoine nádúrtha a bhí ina gcomhpháirtí i bhfiontar le haistriú mar aistrithe ionchorparáideacha.</p>
--------------	---

Cuartheoirí gnó gearrthéarmacha

<p>Na gníomhaíochtaí uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn 10-D (Liosta gníomhaíochtaí cuairteoirí gnó gearrthéarmacha)</p>	<p>CY, DK, HR: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, i gcás ina soláthraítear an cuairteoir gnó gearrthéarmach seirbhís.</p> <p>LV: Tá cead oibre riachtanach chun oibríochtaí/gníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhonn conartha.</p> <p>MT: Tá cead oibre riachtanach. Ní dhéanfar aon tástáil riachtanas eacnamaíoch.</p> <p>SI: Tá cead cónaithe agus oibre aonair ina cheanglas le haghaidh seirbhísí a sholáthar níos faide ná 14 lá sa turas agus le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe (taighde agus dearadh; seimineáir oiliúna; ceannach; idirbhearta tráchtála; aistriúchán agus ateangaireacht). Níl tástáil riachtanas eacnamaíoch riachtanach.</p> <p>SK: I gcás seirbhís a sholáthar i gcríoch na Slóvaice, tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, do thréimhse thar 7 lá i aon mhí amháin nó thar 30 lá sa bhliain féilire.</p>
<p>Taighde agus Dearadh</p>	<p>AT: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás gníomhaíochtaí taighde ag taighdeoirí eolaíochta agus staidrimh.</p>
<p>Margaíocht taighde</p>	<p>AT: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch. Déantar tástáil riachtanas eacnamaíoch a tharscaoileadh le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus anailíse suas le 7 lá i mí amháin nó suas le 30 lá i mbliain féilire. Tá céim ollscoile riachtanach.</p> <p>CY: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch.</p>
<p>Aontaí agus taispeántais trádála</p>	<p>AT, CY: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, le haghaidh gníomhaíochtaí do thréimhse níos faide ná 7 lá in aon mhí amháin nó 30 lá i mbliain féilire.</p>
<p>Seirbhís iar-dhiólacháin nó iar-léasa</p>	<p>AT: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch. Déanfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a tharscaoileadh le haghaidh daoine nádúrtha a chuireann oiliúint ar oibríthe a chuireann seirbhísí ar fáil agus a bhfuil eolas speisialaithe acu.</p> <p>CY: Tá cead oibre riachtanach do thréimhse níos faide ná 7 lá in aon mhí amháin nó 30 lá sa bhliain féilire.</p>

	<p>CZ: Tá cead oibre riachtanach má sháraíonn an tréimhse oibre 7 lá féilire as a chéile nó 30 lá san iomlán le linn aon bhliain féilire amháin.</p> <p>ES: Tá cead oibre riachtanach. Ba cheart do shuiteálaithe, do dheisitheoirí agus do dhaoine cothabhála a bheith fostaithe ag an duine dlítheanach a sholáthraíonn an t-earra nó an tseirbhís, nó ag fiontar atá ina bhall den ghrúpa céanna leis an duine dlítheanach tionscnaimh le tréimhse 3 mhí ar a laghad díreach roimh an dáta a gcuirfear isteach an t-iarratas ar dhul isteach agus ba cheart 3 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu, i gcás inarb infheidhme, ar taithí í a fuarthas tar éis lán-aois a bheith acu.</p> <p>FI: Ag brath ar an ngníomhaíocht, d'fhéadfadh sé gur ghá cead cónaithe.</p> <p>SE: Tá cead oibre riachtanach, ach amháin i gcás (i) daoine nádúrtha a bhíonn rannpháirteach in oiliúint, i dtástáil, in ullmhúchán nó i geur i gcrích seachadtaí, nó gníomhaíochtaí comhchosúla faoi chuimsiú idirbheart gnó, nó (ii) feisteoirí nó teagascóirí teicniúla maidir le suiteáil phráinneach nó deisiú práinneach innealra do thréimhse suas le 2 mhí, i gcomhthéacs éigeandála. Níl tástáil riachtanas eacnamaíoch riachtanach.</p>
Idirbhearta tráchtála	<p>AT, CY: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, le haghaidh gníomhaíochtaí do thréimhse níos faide ná 7 lá in aon mhí amháin nó 30 lá i mbliain féilire.</p> <p>FI: Ní mór don duine nádúrtha seirbhísí a sholáthar agus é ina fhostaí ag duine dlítheanach an Pháirtí eile.</p>
Pearsanra turasóireachta	<p>CY, ES, PL: Neamhcheangailte.</p> <p>FI: Ní mór don duine nádúrtha seirbhísí a sholáthar agus é ina fhostaí ag duine dlítheanach an Pháirtí eile.</p> <p>SE: Tá cead oibre riachtanach, ach amháin i gcás tiománaithe agus foireann busanna turasóireachta. Níl tástáil riachtanas eacnamaíoch riachtanach.</p>
Aistriúchán agus ateangaireacht	<p>AT: Tá cead oibre riachtanach, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch.</p> <p>CY, PL: Neamhcheangailte.</p>

IARSCRÍBHINN 10-D

LIOSTA GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA gCUAIRTEOIRÍ GNÓ GEARRTHÉARMACHA

Chun críocha Chaibidil 10 (Trádáil i seirbhísí agus infheistíocht), is iad seo a leanas gníomhaíochtaí na gcuairteoirí gnó gearrthéarmacha:

- (a) cruinnithe agus comhairliúcháin: daoine nádúrtha ag freastal ar chruinnithe nó ar chomhdhála, nó i mbun comhairliúcháin le comhpháirtithe gnó;
- (b) seimineáir oiliúna: pearsanra fiontair a théann isteach i gcríoch Páirtí chun oiliúint neamhfhoirmiúil a fháil i dteicnící agus i gcleachtais oibre atá ábhartha d'oibriú an fhiontair, ar choinníoll go bhfuil an oiliúint a fhaightear teoranta do theagasc, breathnóireacht agus taithíocht theoriciúil amháin, agus nach mbeidh dámhachtain cáilíochta foirmiúla mar thoradh uirthi;
- (c) aontaí agus taispeántais trádála: pearsanra ag freastal ar aonach trádála chun a gcuideachta nó a dtáirgí nó a seirbhísí a chur chun cinn;
- (d) díolacháin: ionadaithe ó sholáthraí seirbhísí nó earraí atá i mbun orduithe a ghlacadh nó díolachán seirbhísí nó earraí a chaibidliú nó atá ag déanamh comhaontuithe chun seirbhísí nó earraí a dhíol don soláthraí sin, ach ní chun earraí a sheachadadh nó seirbhísí a sholáthar iad féin. Ní thugann cuairteoirí gnó gearrthéarmacha faoi dhíolacháin dhíreacha a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne;

- (e) ceannach: ceannaitheoirí a cheannaíonn earraí nó seirbhísí le haghaidh fiontair, nó pearsanra bainistíochta agus maoirseachta atá ag gabháil d'idirbheart tráchtála a dhéantar i gcríoch an Pháirtí eile;
- (f) seirbhís iar-dhíolacháin nó iar-léasa: suiteálaithe, pearsanra deisiúcháin agus cothabhála, agus maoirseoirí, a bhfuil saineolas acu atá rithábhachtach d'oibleagáid chonarhach díoltóra nó léasóra de chuid Páirtí, agus do chur i gcrích seirbhísí nó d'oiliúint oibríthe chun seirbhísí a dhéanamh, de bhun barántais nó conradh seirbhíse eile atá bainteach le trealamh nó innealra tráchtála nó tionsclaíoch a dhíol nó a léasú, lena n-áirítear an ríomhaireacht agus seirbhísí a bhaineann leis an ríomhaireacht, a ceannaíodh nó a léasaíodh ó fhiontar atá suite lasmuigh de chríoch an Pháirtí eile, le linn an barántas nó an conradh seirbhíse a bheith i bhfeidhm;
- (g) idirbhearta tráchtála: pearsanra bainistíochta agus maoirseachta agus pearsanra seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear árachóirí, baincéirí agus bróicéirí infheistíochta) atá i mbun idirbheart tráchtála le haghaidh fiontar atá suite i gcríoch an Pháirtí eile; agus
- (h) pearsanra turasóireachta: gníomhairí turas agus taistil, teoraithe turas nó tionscnóirí turas a fhreastalaíonn ar choinbhinsiúin nó a bhíonn rannpháirteach iontu.
-

IARSCRÍBHINN 10-E**SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA**

1. Ceadóidh gach Páirtí soláthar seirbhísí ar a chríoch ag soláthróirí seirbhísí conarthacha nó ag gairmithe neamhspleácha an Pháirtí eile trí dhaoine nádúrtha a bheith i láthair, i gcomhréir le hAirteagal 10.23 (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha), do na hearnálacha atá liostaithe san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na dteorainneacha ábhartha.
2. Tá an liosta thíos comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:
 - (a) sa chéad cholún sonraítear an earnáil nó an fho-earnáil dá bhfuil an chatagóir de sholáthróirí seirbhísí conarthacha agus de ghairmithe neamhspleácha léirscaoilte; agus
 - (b) déantar tuairisc sa dara colún ar na teorainneacha is infheidhme.

3. I dteannta leis an liosta gealltanas san Iarscríbhinn seo, féadfaidh gach Páirtí beart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le riachtanais cháilíochtaí, nósanna imeachta cáilíochtaí, caighdeáin theicniúla, ceanglais cheadúnúcháin nó nósanna imeachta ceadúnúcháin nach teorannú é an beart sin de réir bhrí Airteagal 10.23 (Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha). D'fhéadfaí a áireamh i mbeart den sórt sin an gá atá le ceadúnas a fháil, aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnáil rialáilte, pas a fháil i scrúdú sonrach amhail scrúdú teanga, ceanglas ballraíochta i ngairm ar leith amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil a chomhlíonadh, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile nach bhféadfaí gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gciosanna nó i limistéir chosanta. Cé nach liostaítear iad san Iarscríbhinn seo, leanann na bearta sin d'fheidhm a bheith acu.
4. Ní ghabhann na Páirtithe de lámh aon ghealltanas do sholáthróirí seirbhísí conarthacha ná do ghairmithe neamhspleácha in earnálacha nach bhfuil liostaithe.
4. Mura gcinnfidh gach coiste speisialaithe a mhalairt de bhun Airteagal 24.4(5) (Coistí speisialaithe) den Chomhaontú seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo maidir leis na coistí speisialaithe faoin gComhaontú seo.

RIAIL 14

Na rialacha n3s imeachta a leas3

F3adfar na rialacha n3s imeachta seo a leas3 le cinneadh 3n gCoiste um Thr3d3il i gcomhr3ir le Rial 9.

IARSCRÍBHINN 26-A

RIALACHA NÓS IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

I. Sainmhíthe

1. Chun críoch Chaibidil 26 (Réiteach Díospóidí) agus an Iarscríbhinn seo, tá feidhm ag na sainmhíthe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘comhairleoir’ duine aonair atá coinnithe ag Páirtí chun comhairle a chur ar an bPáirtí sin nó cúnaimh a thabhairt dó i dtaca le himeachtaí an phainéil;
 - (b) ciallaíonn ‘cúntóir’ duine aonair arb amhlaidh, faoi na téarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú painéaláí, a dhéanann sé taighde nó a sholáthraíonn sé cúnaimh don phainéaláí sin;
 - (c) ciallaíonn ‘an Páirtí is gearánach’ aon Pháirtí a iarrfaidh painéal a bhunú faoi Airteagal 26.4 (Nósanna imeachta an phainéil a thionscnamh);
 - (d) ciallaíonn ‘lá’ lá féilire;

- (e) ciallaíonn ‘painéal’ painéal arna bhunú de bhun Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú);
- (f) ciallaíonn ‘painéalaí’ comhalta de phainéal;
- (g) ciallaíonn ‘an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh’ an Páirtí a líomhnaítear ina leith go bhfuil na forálacha cumhdaithe á sárú aige; agus
- (h) ciallaíonn “ionadaí Páirtí” fostaí nó aon duine aonair arna cheapadh ag roinn rialtais, gníomhaireacht nó aon eintiteas poiblí eile de chuid Páirtí, fostaí nó duine a dhéanann ionadaíocht don Pháirtí chun críoch díospóide faoin gComhaontú seo.

II. Fógra a thabhairt

- 2. Maidir le haon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile:
 - (a) a tarchuirfidh an painéal, cuirfear chuig an dá Pháirtí é an tráth céanna;
 - (b) de chuid Páirtí agus a mbeidh an painéal ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus
 - (c) de chuid Páirtí a mbeidh an Páirtí eile ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bpainéal an tráth céanna, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfar aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile dá dtagraítear i Riail 2 a sheoladh trí ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile lena ndéantar taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta seolta.
4. Seolfar iarrataí, fógraí, aighneachtaí i scríbhinn nó doiciméid eile chuig Ard-Stiúrthóireacht Trádála Choimisiún Eorpach an Aontais agus chuig Ministry of Foreign Affairs and Trade of New Zealand, faoi seach.
5. Mionearráidí de chineál cléireachais in iarraidh, i bhfógra, in aighneacht i scríbhinn nó i ndoiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh ina léireofar na hathruithe go soiléir.
6. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais nó rialtas na Nua Shéalainne an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh le tréimhse seachadta an doiciméid ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin.

III. Painéalaithe a cheapadh

7. Más rud é, de bhun Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú), go roghnófar painéalaí trí chrannchur, déanfaidh comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an Pháirtí is gearánach dáta, am agus ionad na an chrannchur a chur in iúl go pras do chomhchathaoirleach an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Féadfaidh an Páirtí a ndearnadh an gearán ina choinne a bheith i láthair le linn an roghnaithe má roghnaíonn sé amhlaidh. In aon chás, déanfar an roghnú leis an bPáirtí nó na Páirtithe a bheidh i láthair.
8. Tabharfaidh comhchathaoirleach an Pháirtí is gearánach fógra i scríbhinn faoina roghnúchán do gach duine aonair a roghnófar chun feidhmiú mar phainéalaí. Dearbhóidh gach duine don dá Pháirtí go bhfuil sé ar fáil, agus déanfaidh sé sin laistigh de na 10 lá tar éis dháta seachadta an fhógra sin.
9. Déanfaidh comhchathaoirleach Choiste um Thrádáil an Pháirtí is gearánach an painéalaí nó an cathaoirleach a roghnú, trí chrannchur, laistigh de 10 lá i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 26.5(2) (Painéal a bhunú), más rud é, i gcás aon cheann de na foliostaí dá dtagraítear in Airteagal 26.6(2) (Liosta na bpainéalaithe):
- (a) nár bunaíodh an foliosta i dtaca le liosta na ndaoine aonair a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil maidir le bunú agus cothabháil an fholiosta áirithe sin, níos más rud é nach bhfuil ar an bhfoliosta sin ach ainmneacha daoine nach bhfuil ar fáil; nó
 - (b) nach ann níos mó do thriúr ar a laghad ar an bhfoliosta, i dtaca leis na ndaoine aonair a bheidh fós ar an bhfoliosta áirithe sin.

10. Gan dochar d'Airteagal 26.4(4) (Nósanna imeachta an phainéil a thionscnamh), féachfaidh na Páirtithe lena áirithiú, faoin tráth a bheidh glactha ag na painéalaithe uile lena gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 26.5(5) (Painéal a bhunú) ar a dhéanaí, go mbeidh comhaontú déanta acu maidir le luach saothair agus aisíocaíocht speansas na bpainéal agus na gcúntóirí, agus go mbeidh na conarthaí ceapacháin is gá ullmhaithe acu d'fhonn iad a shíniú go pras. Beidh luach saothair agus speansais na bpainéalaithe bunaithe ar chaighdeán EDT. Ní mó ná 50 % de luach saothair painéalai a bheidh sa mhéid luach saothair agus speansas a íocfar le cúntóir nó cúntóirí uile an phainéalai sin.

IV. Cruinniú eagrúcháin

11. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, buailfidh siad leis an bpainéal laistigh de 7 lá tar éis a bhunaithe chun na ceistanna is iomchuí dar leis na Páirtithe nó an painéal a chinneadh, lena n-áirítear tráthchlár na n-imeachtaí. Féadfaidh painéalaithe agus ionadaithe na bPáirtithe páirt a ghlacadh sa chruinniú sin trí aon mhodh cumarsáide, lena n-áirítear guthán, físchomhdháil nó modhanna leictreonacha cumarsáide eile.

V. Teachtaireachtaí i scríbhinn

12. Cuirfidh an Páirtí is gearánach a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil. Cuirfidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta seachadta aighneachta i scríbhinn an Pháirtí is gearánach.

VI. Oibriú an phainéil

13. Is é cathaoirleach an phainéil a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh an painéal an t-údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.
14. Mura bhforáiltear a mhalairt i gCaibidil 26 (Díospóidí a Réiteach), féadfaidh an painéal a ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar aon mhodh, lena n-áirítear guthán, fischomhdháil nó modhanna leictreonacha cumarsáide eile.
15. Ní fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i bpléití an phainéil ach painéalaithe, ach féadfaidh an painéal cead a thabhairt dá gcúntóirí a bheith i láthair le linn na bpléití.
16. Leanfaidh dréachtú aon chinneadh nó tuarascáil de bheith faoi fhreagracht eisiach an phainéil agus ní dhéanfar é a tharmligean.
17. I gcás ina dtiocfaidh ceist nós imeachta aníos nach gcumhdaítear le Caibidil 26 (Díospóidí a Réiteach), féadfaidh an painéal, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht le Caibidil 26 (Díospóidí a Réiteach).

18. Má mheasann an painéal go bhfuil gá aon cheann de na tréimhsí le haghaidh na n-imeachtaí a mhodhnú seachas na tréimhsí sin a leagtar amach i gCaibidil 26 (Díospóidí a Réiteach) nó aon choigeartú a dhéanamh ar nós imeachta nó ar chúrsaí riaracháin, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn faoin tréimhse nó an coigeartú is gá agus faoi na cúiseanna a bheidh leis sin. Féadfaidh an painéal an modhnú nó an coigeartú a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe.

VII. Ionadú

19. I gcás ina measann Páirtí nach gcomhlíonann painéalaí ceanglais Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair na bpainéalaithe agus na n-idirghabhálaithe) agus ar an gcúis sin gur cheart é a ionadú, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile laistigh de 15 lá tar éis an dáta a fuair sé fianaise leordhóthanach de neamhchomhlíonadh cheanglais Iarscríbhinn 26-B (Cód Iompair na bpainéalaithe agus na n-idirghabhálaithe) atá curtha i leith an eadránaí.

20. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá i ndiaidh an dáta a bhfaighfear an fógra dá dtagraítear i Riail 19. Cuirfidh siad in iúl don phainéalaí maidir leis an mainneachtain atá curtha ina leith agus féadfaidh siad a iarraidh ar an bpainéalaí bearta a dhéanamh chun an mhainneachtain sin a fheabhsú. Féadfaidh siad, más rud é go gcomhaontaíonn siad amhlaidh, an painéalaí a bhaint amach agus painéalaí nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 26.5 (Painéal a bhunú).

21. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá painéalai seachas an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist sin faoi bhráid chathaoirleach an phainéil agus ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar chinneadh an chathaoirligh. I gcás ina gcinnfidh an cathaoirleach nach gcomhlíonann an painéalai ceanglais Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair na bpainéalaithe agus na n-idirghabhálaithe), bainfear an painéalai agus roghnófar painéalai nua i gcomhréir le hAirteagal 26.5 (Painéal a bhunú).

22. Mura n-éireoidh leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar sin a chur faoi bhráid duine de na comhaltaí eile ó fholiosta na gcathaoirleach arna bhunú de bhun Airteagal 26.6 (Liostaí na bpainéalaithe). Is é Comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí iarratach, nó toscaire an chathaoirligh, a tharraingeoidh ainm an duine trí chrannchur. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an duine roghnaithe maidir leis an ngá an cathaoirleach a ionadú. Má chinneann an duine sin nach gcomhlíonann an cathaoirleach ceanglais Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair na bpainéalaithe agus na n-idirghabhálaithe), bainfear an cathaoirleach agus roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le hAirteagal 26.5 (Painéal a bhunú).

VIII. Éisteachtaí

23. Ar bhonn na féilire a leagfar amach i gcomhréir le Riail 11 agus tar éis do chathaoirleach an phainéil dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na painéalaithe eile, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus láthair na héisteachta. Cuirfidh an Páirtí ina mbeidh an éisteacht ar siúl faisnéis den sórt sin ar fáil go poiblí, ach amháin i gcás ina mbeidh an éisteacht dúnta don phobal.

24. Mura mbeidh a mhalairt de chomhaontú déanta ag na Páirtithe, is sa Bhruiséil a bheidh an éisteacht más é an Nua-Shéalainn an Páirtí is gearánach, agus in Wellington más é an tAontas Eorpach é an Páirtí is gearánach. Is é an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a íocfaidh costais riaracháin na héisteachta. In imthosca a bhfuil údar cuí leo agus arna iarraidh sin do Pháirtí, féadfaidh an painéal a chinneadh éisteacht fhíorúil nó éisteacht hibrideach a thionól agus socrúithe iomchuí a dhéanamh, agus cearta na próise cuí agus an gá atá le trédhearcacht a áirithiú á gcur san áireamh aige, tar éis dó dul i gcomhairle leis an dá Pháirtí.

25. Féadfaidh an painéal éisteachtaí breise a thionóladh má thagann na Páirtithe ar chomhaontú faoi sin.

26. Beidh na painéalaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

27. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, bíodh an éisteacht ar oscailt don phobal nó ná bíodh:

(a) ionadaithe agus comhairleoirí Páirtí; agus

(b) cúntóirí, ateangairí agus daoine eile a n-éilíonn an painéal iad a bheith i láthair.

28. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal agus chuig an bPáirtí eile liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na n-ionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

29. Áiritheoidh an painéal go gcaithfear go cothrom leis na Páirtithe agus go dtabharfar a ndóthain ama dóibh chun a n-argóintí a chur i láthair.
30. Féadfaidh an painéal ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá Pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.
31. Déanfaidh an painéal socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn nó taifead na héisteachta a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaite is féidir tar éis na héisteachta. I gcás ina n-ullmhófar tras-scríbhinn, féadfaidh na Páirtithe barúlacha a thabhairt ar an tras-scríbhinn agus féadfaidh an painéal na barúlacha sin a mheas.
32. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.

IX. Ceisteanna i scríbhinn

33. Féadfaidh an painéal, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí. Déanfar aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.
34. Cuirfidh gach páirtí cóip dá fhreagraí ar fáil don Pháirtí eile ar na ceisteanna a chuir an painéal faoina bhráid. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagraí an Pháirtí laistigh de 7 lá tar éis cóip den sórt sin a sheachadadh.

X. Rúndacht

35. Is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh gach Páirtí agus an painéal le haon fhaisnéis a chuirfidh an Páirtí eile faoi bhráid an phainéil agus a bheidh ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bPáirtí eile. Nuair a dhéanfaidh Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda a chur faoi bhráid an phainéil, déanfaidh sé, laistigh de 15 lá, aighneacht eile a chur isteach gan an fhaisnéis rúnda inti agus nochtfar an aighneacht sin don phobal.

36. Ní chuirfidh an Iarscríbhinn seo aon bhac ar Pháirtí a bharúlacha féin a nochtadh don phobal ar choinníoll nach nochtfaidh sé, agus tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí sin, aon fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí eile ar ainmnigh an Páirtí sin gur faisnéis rúnda í.

37. Is i seisiún dúnta a thiochfaidh an painéal le chéile nuair is faisnéis rúnda a bhíonn in aighneacht agus in argóintí an Pháirtí. Más i seisiún atá dúnta don phobal a thionólfar éisteachtaí an phainéil, coinneoidh na Páirtithe rúndacht na n-éisteachtaí sin.

XI. Teagmhálaithe *ex parte*

38. Ní thiochfaidh an painéal le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le haon Pháirtí gan an Páirtí eile a bheith i láthair.

39. Ní phléifidh painéalaí aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na painéalaithe eile a bheith i láthair.

XII. Aighneachtaí *amicus curiae*

40. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil, féadfaidh an painéal aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhuine nádúrtha de chuid Páirtí nó ó dhuine dlítheanach atá bunaithe i gcríoch Pháirtí atá neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas:

- (a) go mbeidh na haighneachtaí faighte ag an bpainéal laistigh de 10 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil;
- (b) go bhfuil na haighneachtaí gonta agus nach mbeidh siad níos faide ná 15 leathanach in aon chás, lena n-áirítear aon iarscríbhinn, agus iad clóscríofa ar spás dúbailte;
- (c) go bhfuil na haighneachtaí ábhartha go díreach maidir le saincheist fhíorasach nó saincheist dhlíthiúil atá á breithniú ag an bpainéal;
- (d) go bhfuil cur síos sna haighneachtaí ar an duine a dhéanfaidh an aighneacht, lena n-áirítear, i gcás duine nádúrtha, a náisiúntacht agus, i gcás duine dhlítheanaigh, áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinse maoinithe;
- (e) go sonrófar sna haighneachtaí cad é an cineál leasa atá ag an duine sna himeachtaí painéil; agus
- (f) atá dréachtaithe sa teanga oibre a cinneadh i gcomhréir le Rialacha 44 agus 45.

41. Tabharfar fógra faoi na haighneachtaí chuig na Páirtithe ionas gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt fúthu. Féadfaidh na Páirtithe barúlacha a chur faoi bhráid an phainéil laistigh de 10 lá tar éis an tseachadta sin.

42. Liostóidh an painéal ina thuarascáil na haighneachtaí go léir a fuair sé de bhun Riail 40. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal aghaidh a thabhairt ina thuarascáil ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin; mar sin féin, má dhéanann sé amhlaidh, cuirfidh sé san áireamh freisin aon bharúil a thabharfaidh na Páirtithe de bhun Riail 41.

XIII. Cásanna práinne

43. I gcásanna práinne dá dtagraítear in Airteagal 26.10 (Cinneadh maidir le práinn), déanfaidh an painéal, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, na tréimhsí dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo a choigeartú, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh an painéal na Páirtithe ar an eolas faoi choigeartuithe den sórt sin.

XIV. Teanga oibre, aistriúchán agus ateangaireacht

44. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 26.3 (Comhairliúcháin), agus tráth nach déanaí ná an cruinniú dá dtagraítear i Riail 11, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil.

45. Mura féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann, déanfaidh gach Páirtí socrú chun na costais a bhaineann lena chuid aighneachtaí i scríbhinn a aistriú go dtí an teanga a roghnóidh an Páirtí eile agus íocfaidh sé na costais sin. Déanfaidh an painéal breithniú dearfach ar iarraidh ó Pháirtí amháin nó ón dá Pháirtí modhnú a dhéanamh ar na tréimhsí chun aighneachtaí i scríbhinn a sheachadadh má bhíonn gá le haistriúcháin. An Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, socróidh sé ateangaireacht a dhéanamh ar aighneachtaí ó bhéal go dtí na teangacha a roghnaigh na Páirtithe.

46. Eiseofar tuarascálacha agus cinntí an phainéil sa teanga nó sna teangacha a roghnaigh na Páirtithe. Murar tháinig na Páirtithe ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, eiseofar tuarascáil eatramhach agus chríochnaitheach i gceann de theangacha oibre EDT.

47. Féadfaidh aon Pháirtí barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas an aistriúcháin ar aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

48. Seasfaidh gach Páirtí costais an aistriúcháin ar a chuid aighneachtaí i scríbhinn. Aon chostas a thabhaítear as an aistriúchán ar rialú, íocfaidh na Páirtithe as go comhionann.

XV. Nósanna imeachta eile

49. Déanfar na tréimhsí a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí speisialta dá bhforáiltear maidir le glacadh tuarascála nó cinnidh ag an bpainéal sna himeachtaí faoi Airteagal 26.14 (Tréimhse réasúnta), in Airteagal 26.15 (Athbhreithniú ar chomhlíonadh), in Airteagal 26.16 (Leigheasanna sealadacha) agus in Airteagal 26.17 (Athbhreithniú ar aon bheart a dhéanfar chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis na leigheasanna sealadacha a ghlacadh).

50. Na tréimhsí chun aighneachtaí i scríbhinn a sheachadadh, déanfar iad a choigeartú freisin i gcomhréir le haon chinneadh ón bpainéal tar éis iarraidh a fháil ó Pháirtí amháin nó ón dá Pháirtí dá dtagraítear i Riail 43.

IARSCRÍBHINN 26-B

CÓD IOMPAIR LE HAGHAIDH PAINÉALAITHE AGUS IDIRGHABHÁLAITHE

I. Sainmhíithe

1. Chun críocha na hIarscríbhíne seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘foireann riaracháin’, i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, seachas cúntóirí;
 - (b) ciallaíonn ‘cúntóir’ duine aonair a dhéanann, faoi théarmaí ceapacháin painéalaí, taighde don phainéalaí sin nó a thugann cúnamh don phainéalaí sin;
 - (c) ciallaíonn ‘iarrthóir’ duine a bhfuil a ainm ar an liosta painéalaithe dá dtagraítear in Airteagal 26.6 (Liostaí na bpainéalaithe) nó duine atá á bhreithniú lena roghnú mar phainéalaí faoi Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú);
 - (d) ciallaíonn ‘idirghabhálaí’ duine aonair a roghnaíodh mar idirghabhálaí i gcomhréir le Cuid IV (An t-idirghabhálaí a roghnú) d’Iarscríbhinn 26C (Rialacha nós imeachta um idirghabháil); agus
 - (e) ciallaíonn ‘painéalaí’ comhalta de phainéal.

II. Prionsabail rialaithe

2. Chun sláine agus neamhchlaontacht na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chaomhnú, déanfaidh gach iarrthóir agus gach painéalaí an méid a leanas:

- (a) gheobhaidh sé eolas ar an gcód iompair seo;
- (b) beidh sé neamhspleách neodrach;
- (c) seachnóidh sé gach coinbhleacht leasa, idir dhíreach agus neamhdhíreach;
- (d) mí-iompar agus dealramh mí-iompair nó claontachta a sheachaint;
- (e) cloífidh sé le hardchaighdeáin iompair; agus
- (f) ní bheidh sé faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, cúiseanna polaitíochta, agóidí poiblí, dílseacht do Pháirtí ná eagla a cháinte.

III. Oibleagáidí maidir le nochtadh

3. Sula nglacfaidh sé lena cheapachán mar phainéalaí faoi Airteagal 26.5 (Painéal a bhunú), nochtfaidh iarrthóir a n-iarrfar air a bheith ina phainéalaí aon leas, aon ghaol nó aon ní ar dóigh dó difear a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh sna himeachtaí. Chun na críche sin, déanfaidh an t-iarrthóir gach iarracht réasúnta teacht ar an eolas faoi aon leas, aon chaidreamh agus aon ghnó den chineál sin, lena n-áirítear leasanna airgeadais, gairme, fostaíochta nó teaghlaigh.
4. Is oibleagáid bhuan í an oibleagáid faoi mhír 3 maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar gach painéalaí aon leas, caidreamh nó gnó den chineál sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn aon tráth le linn na n-imeachtaí a nochtadh.
5. Cuirfidh iarrthóir nó painéalaí in iúl don Choiste um Thrádáil lena mbreithniú aon ábhar a bhaineann le sárúithe iarbhír nó féideartha ar an gcód iompair sin a luaithe a thagann sé ar an eolas faoi.

IV. Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht painéalaithe

6. Ní rachaidh aon phainéalaí faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé go díreach ná go hindíreach le haon sochar a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a dhualgais, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin.

7. Ní úsáidfidh aon painéalaí a stádas mar chomhalta den phainéal chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn. Seachnóidh gach painéalaí aon ghníomhaíocht a spreagfadh an bharúil go bhfuil cumas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt air.
8. Áiritheoidh gach painéalaí nach mbeidh tionchar ar a iompar ná a bhreithiúnas ag caidreamh ná dualgais atá nó a bhí aige, de chineál airgeadais, tráchtála, gairmiúil, pearsanta ná sóisialta.
9. Seachnóidh gach painéalaí aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist.

V. Dualgais na bpainéalaithe

10. Tar éis dó glacadh lena cheapachán, beidh painéalaí in ann tosú ar a dhualgais agus cuirfidh sé i gcrích iad go cuimsitheach agus go héifeachtach ó le linn na n-imeachtaí, agus é ag léiriú cothromais agus dúthrachta.
11. Is iad na ceisteanna a tarraingíodh anuas le linn na n-imeachtaí agus ar gá iad chun cinneadh a dhéanamh, agus na ceisteanna sin amháin, a scrúdóidh an painéalaí, agus ní tharmligfidh sé an dualgas sin chuig aon duine eile.
12. Ní tharmligfidh painéalaí an dualgas chuig aon duine aonair eile.

13. Beidh feidhm ag Codanna II (Prionsabail Rialaithe), III (Oibleagáidí nochta), IV (Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht painéalaithe), mír 10 de Chuid V (Dualgais na bpainéalaithe), VI (Oibleagáidí na n-iarphainéalaithe) agus VII (Rúndacht) maidir le saineolaithe, cúntóirí agus foireann riaracháin freisin.

VI. Oibleagáidí iarphainéalaithe

14. Seachnóidh gach iar-phainéalaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cur le dealramh go raibh sé claonta agus é ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain sé buntáiste as cinneadh an phainéil.

15. Comhlíonfaidh gach iarphainéalaí na hoibleagáidí i gCuid VII (Rúndacht).

VII. Rúndacht

16. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, aon fhaisnéis a nochtadh nach faisnéis phoiblí í a bhaineann leis na himeachtaí nó a fuarthas le linn na n-imeachtaí ar ceapadh é ina leith. Ní dhéanfaidh painéalaí, in aon chás, an fhaisnéis sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta a fháil nó buntáiste a fháil do dhaoine eile ná chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile.

17. Ní nochtfaidh painéalaí cinneadh de chuid an phainéil ná codanna de sula bhfoilseofar é i gcomhréir le hAirteagal 26.23(3) (Tuarascálacha agus cinntí an phainéil).

18. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, na pléití de chuid painéil, ná aon tuairim ó phainéalaí, a nochtadh ná ní dhéanfaidh sé aon ráiteas poiblí ar na himeachtaí ar ceapadh é ina leith ná ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid sna himeachtaí.

VIII. Speansais

19. Déanfaidh gach painéalaí taifead ar an méid ama a caitheadh ar na himeachtaí, ar an gcaiteachas a rinne sé agus ar an méid ama a chaith a chúntóirí agus a fhoireann riaracháin; agus ar an gcaiteachas a rinne siad.

IX. Idirghabhálaithe

20. Bainfidh an cód iompair seo le hidirghabhálaithe, *mutatis mutandis*.

IARSCRÍBHINN 26-C

RIALACHA NÓS IMEACHTA UM IDIRGHABHÁIL

I. Cuspóir

1. De bhreis ar Airteagal 26.25 (Idirghabháil), é is cuspóir don Iarscríbhinn seo cuidiú chun gur fusa a bheidh sé teacht ar réiteach a chomhaontófar ar bhonn frithpháirteach trí nós imeachta cuimsitheach gasta le cúnaimh ó idirghabhálaí.

II. Iarraidh ar fhaisnéis

2. Tráth ar bith, roimh thionscnamh an nós imeachta idirghabhála, féadfaidh Páirtí iarraidh i scríbhinn a sholáthar ar fhaisnéis maidir le beart lena ndéantar dochar do thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe. Déanfaidh an Páirtí a ndéanfar an iarraidh sin chuige, laistigh de 20 lá tar éis sheachadadh na hiarrata, freagra i scríbhinn a sholáthar ina bhfuil a bharúlacha ar an bhfaisnéis a iarrtar.

3. I gcás ina measann an Páirtí is freagróir nach mbeidh sé in ann freagra a sholáthar laistigh de 20 lá tar éis sheachadadh na hiarrata dá dtagraítear i Riail 2, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí iarratach go pras faoi sin, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus lena soláthraítear meastachán ar an tréimhse is gairide ar lena linn a bheidh sé in ann a fhreagra a sholáthar.

4. De ghnáth, bíonn coinne leis go mbainfidh Páirtí leas as an bhféidearthacht iarraidh ar fhaisnéis a sheachadadh sula dtionscnóidh sé an nós imeachta idirghabhála

III. An nós imeachta idirghabhála a thionscnamh

5. Féadfaidh Páirtí a iarraidh tráth ar bith dul i mbun nós imeachta idirghabhála i ndáil le haon bheart a dhéanann Páirtí a líomhnaítear go ndéanann sé dochar do thrádáil nó d'infheistíocht idir na Páirtithe.

6. Féadfaidh an Páirtí is gearánach comhairliúcháin a lorg trí iarraidh i scríbhinn a sheachadfar chuig an bPáirtí is freagróir. Beidh an iarraidh mionsonraithe go leor chun ábhair inní an Pháirtí iarratach a chur in iúl go soiléir agus déanfar an méid seo a leanas inti:

- (a) sainaitheofar an beart sonrath atá i gceist;
- (b) soláthrófar ráiteas maidir leis na héifeachtaí diúltacha a mheasann an Páirtí iarratach atá, nó a bheidh, ag an mbeart ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe; agus
- (c) míneofar an gcaoi a measann an Páirtí iarratach go bhfuil na héifeachtaí díobhálacha sin nasctha leis an mbeart.

7. Ní fhéadfar an nós imeachta idirghabhála a thionscnamh ach le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe chun réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú agus aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas. Déanfaidh an Páirtí a ndéanfar an iarraidh chuige breithniú macánta báúil ar an iarraidh agus seachadfaidh sé a ghlacadh nó a dhiúltú i scríbhinn chuig an bPáirtí iarratach laistigh de 10 lá tar éis a sheachadta. Seachas sin, measfar an iarraidh a bheith diúltaithe.

IV. An t-idirghabhálaí a roghnú

8. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí laistigh de 15 lá tar éis thionscnamh an nós imeachta idirghabhála.

9. I gcás nach mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an idirghabhálaí laistigh den tréimhse a leagtar amach i Rial 8, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar chomhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí is gearánach an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur, laistigh de 5 lá tar éis na hiarrata, ó fholiosta na gcathaoirleach arna bhunú faoi Airteagal 26.6 (Liostaí na bpainéalaithe). Féadfaidh comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil ón bPáirtí gearánach an roghnú sin a tharmligeán trí chrannchur an idirghabhálaithe.

10. I gcás nach mbunófar foliosta na gcathaoirleach dá dtagraítear in Airteagal 26.6 (Liostaí painéalaithe) an tráth a dhéanfar iarraidh de bhun Rialacha 5 go 7, déanfar an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur ó na daoine aonair arna moladh go foirmiúil ag Páirtí amháin nó ag an dá Pháirtí don fholiosta sin.

11. Ní bheidh idirghabhálaí ina náisiúnach de chuid Páirtí ná ní bheidh sé fostaithe ag ceachtar Páirtí, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.
12. Comhlíonfaidh idirghabhálaí Iarscríbhinn 26-B (Cód iompair na bpainéalaithe agus na n-idirghabhálaithe).

V. Nós imeachta idirghabhála

13. Laistigh de 10 lá tar éis cheapadh an idirghabhálaí, déanfaidh an Páirtí a d'agair an nós imeachta idirghabhála tuairisc mhionsonraithe i scríbhinn ar a ábhair inní a sheachadadh chuig an idirghabhálaí agus chuig an bPáirtí eile, go háirithe ar oibriú an bhirt atá i gceist agus ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil nó ar infheistíocht. Laistigh de 20 lá tar éis an tuairisc sin a sheachadadh, féadfaidh an Páirtí eile barúlacha i scríbhinn a thabhairt maidir leis an tuairisc sin. Féadfaidh ceachtar Páirtí aon fhaisnéis a áireamh ina thuairisc nó ina bharúlacha a mheasann sé is ábhartha.
14. Tabharfaidh an t-idirghabhálaí cúnaimh do na Páirtithe ar bhealach trédhearcach chun soiléireacht a fháil maidir leis an mbeart lena mbaineann agus na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil nó ar infheistíocht. Go háirithe, féadfaidh an t-idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na Páirtithe, dul i gcomhairle leis na Páirtithe go comhpháirteach nó go haonarach, cúnaimh a lorg ó shaineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha, nó dul i gcomhairle leo, agus aon tacaíocht bhreise arna hiarraidh ag na Páirtithe a sholáthar. Rachaidh an t-idirghabhálaí i gcomhairle leis na Páirtithe roimh chúnaimh a lorg ó shaineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha, nó roimh dhul i gcomhairle leo.

15. Féadfaidh an t-idirghabhálaí comhairle a thairiscint agus réiteach a mholadh lena meas ag na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe glacadh leis an réiteach molta nó diúltú dó, nó teacht ar chomhaontú maidir le réiteach éagsúil. Ní thabharfaidh an t-idirghabhálaí comhairle maidir le comhsheasmhacht an bhirt i gceist leis an gComhaontú seo ná ní thabharfaidh sé barúlacha air sin.
16. Seolfar an nós imeachta idirghabhála i gcríoch an Pháirtí a díriodh an iarraidh chuige, nó le comhaontú frithpháirteach in aon suíomh eile nó ar aon bhealach eile.
17. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar réiteach a comhaontófar ar bhealach frithpháirteach laistigh de 60 lá tar éis cheapachán an idirghabhálaí. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú críochnaitheach, féadfaidh na Páirtithe réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, go háirithe má bhaineann an beart le hearraí meatacha, nó le hearraí nó seirbhísí séasúracha a chailleann a luach trádála go tapa.
18. Féadfar an réiteach a ghlacadh trí chinneadh ón gCoiste um Thrádáil. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a shonrú go bhfuil an réiteach faoi réir aon nós imeachta inmheánach is gá a bheith tugtha i gcrích. Cuirfear réitigh a chomhaontófar go frithpháirteach ar fáil go poiblí. Sa leagan a nochtar don phobal, ní bheidh aon fhaisnéis atá ainmnithe ag Páirtí mar fhaisnéis rúnda.
19. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an t-idirghabhálaí dréacht-tuarascáil fhíorasach a sholáthar do na Páirtithe lena soláthraítear:
- (a) achoimre ghearr ar an mbeart atá i gceist;

- (b) na nósanna imeachta a leanadh; agus
- (c) más infheidhme, aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, lena n-áirítear réitigh eatramhacha fhéideartha.

Ceadóidh an t-idirghabhálaí 15 lá do na Páirtithe chun barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil. Tar éis barúlacha na bPáirtithe a fuarthas a mheas, agus laistigh de 15 lá tar éis sheachadadh bharúlacha na bPáirtithe, seachadfaidh an t-idirghabhálaí tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach chuig na Páirtithe. Ní bheidh aon léirmhíniú ar an gComhaontú seo san áireamh sa tuarascáil fhíorasach.

20. Déanfar an nós imeachta a fhoirceannadh tríd an méid seo a leanas:

- (a) glacadh réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach ag na Páirtithe, dáta a ghlactha;
- (b) comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe ag aon chéim den nós imeachta, dáta an chomhaontaithe fhrithpháirtigh sin;
- (c) dearbhú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nach mbeadh maith ar bith in iarrachtaí breise tráth na hidirghabhála, dáta an dearbhaithe sin; nó
- (d) dearbhú i scríbhinn ó Pháirtí tar éis réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú faoin nós imeachta idirghabhála agus tar éis aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas, dáta an dearbhaithe i scríbhinn sin..

VI. Rúndacht

21. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is rúnda atá na céimeanna uile den nós imeachta idirghabhála, lena n-áirítear aon chomhairle nó réiteach molta. Féadfaidh Páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá nós imeachta idirghabhála ar bun.

VII. Gaol le nósanna imeachta um réiteach díospóidí

22. Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí gach Páirtí faoi Ranna B (Comhairliúcháin) agus C (Nósanna imeachta an Phainéil) de Chaibidil 26 (Díospóidí a Réiteach) nó faoi nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile.

23. Ní bhraithfidh Páirtí ar an méid seo a leanas, ná ní thabharfaidh sé an méid seo a leanas isteach mar fhianaise, i nósanna imeachta eile um réiteach díospóidí faoin Iarscríbhinn seo ná in aon chomhaontú eile, ná ní chuirfidh painéal an méid seo a leanas san áireamh:

- (a) seasaimh arna nglacadh ag an bPáirtí eile le linn an nós imeachta idirghabhála nó faisnéis arna bailiú go heisiach faoi Riail 14;

- (b) gurb amhlaidh a léirigh an Páirtí eile go bhfuil sé toilteanach glacadh le réiteach ar an mbeart faoi réir idirghabhála; nó
- (c) comhairle arna tabhairt nó tograí arna ndéanamh ag an idirghabhálaí.

24. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, ní fheidhmeoidh idirghabhálaí mar chomhalta de phainéal i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná faoi aon chomhaontú trádála idirnáisiúnta eile ar páirtithe ann an dá Pháirtí, ar painéal é lena mbaineann an t-ábhar céanna a raibh sé nó sí ina idirghabhálaí nó ina hidirghabhálaí ina leith.

IARSCRÍBHINN 27**DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE HAONTAIS CHUSTAIM**

1. Meabhraíonn an tAontas an oibleagáid atá ar na tíortha sin a bhunaigh aontas custaim leis an Aontas a gcóras trádála a ailíniú le córas trádála an Aontais agus, i gcás tíortha áirithe díobh, comhaontuithe fabhracha a thabhairt i gcrích le tíortha a bhfuil comhaontuithe fabhracha acu leis an Aontas.
2. Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn comhaontú déthaobhach cuimsitheach a thabhairt i gcrích lena mbunófar limistéar saorthrádála i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994, féachfaidh an Nua-Shéalainn le caibidlíocht a thosú leis na tíortha sin:
 - (a) a bhfuil aontas custaim bunaithe acu leis an Aontas; agus
 - (b) nach mbaineann a n-earraí aon tairbhe as na lamháltais taraife faoin gComhaontú seo.
3. Féachfaidh an Nua-Shéalainn le tús a chur leis an gcaibidlíocht a luaithe is féidir d'fhonn go dtiocfaidh comhaontú déthaobhach cuimsitheach i bhfeidhm a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Foscíbhinn 2-A-1

SCEIDEAL TARAIFÍ AN AONTAIS EORPAIGH

NÓTAÍ GINEARÁLTA

An gaol le hAinmníocht Chomhcheangailte (AC) an Aontais a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle¹.

Léirítear forálacha an Sceidil seo go ginearálta i dtéarmaí na hAinmníochta Comhcheangailte, agus is le Nótaí Ginearálta, Nótaí Roinne, agus Nótaí Caibidle na hAinmníochta Comhcheangailte a rialófar léiriú fhorálacha an Sceidil seo, lena n-áirítear cumhdach táirge na bhfo-cheannteideal den Sceideal seo. A mhéid atá forálacha an Sceidil seo comhionann le forálacha comhfhreagracha na hAinmníochta Comhcheangailte, beidh an chiall chéanna ag forálacha an Sceidil seo agus atá ag forálacha comhfhreagracha na hAinmníochta Comhcheangailte.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO AE L 256, 7.9.1987, lch. 1).

SCEIDEAL TARAIFÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Líne Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
01		CAIBIDIL 1 - AINMHITHÉ BEO				
0101		Capaill, asail, miúileanna agus ráinigh bheo				
		- Capaill				
0101.21.00	AGRI	-- Ainmhithé síolrúcháin foláochta	0		A	
0101.29		-- Eile				
0101.29.10	AGRI	--- a bhfuiltear lena marú	0		A	
0101.29.90	AGRI	--- Eile	11,5		A	
0101.30.00	AGRI	- Asail	7,7		A	
0101.90.00	AGRI	- Eile	10,9		A	
0102		Bó-ainmhithé beo				
		- Eallach				
0102.21		-- Ainmhithé síolrúcháin foláochta				
0102.21.10	AGRI	--- Bodóga (bó-ainmhithé baincanna nár rug lao go fóill)	0		A	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0102.21.30	AGRI	--- Ba	0		A	
0102.21.90	AGRI	--- Eile	0		A	
0102.29		-- Eile				
0102.29.05	AGRI	--- Den fho-ghéineas <i>Bibos</i> nó den fho-ghéineas <i>Poephagus</i>	0		A	
		--- Eile				
0102.29.10	AGRI	---- Ina bhfuil meáchan nach mó ná 80 kg	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
		---- ina bhfuil meáchan is mó ná 80 kg ach nach mó ná 160 kg				
0102.29.21	AGRI	----- a bhfuiltear lena marú	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
0102.29.29	AGRI	----- Eile	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
		---- ina bhfuil meáchan is mó ná 160 kg ach nach mó ná 300 kg				
0102.29.41	AGRI	----- a bhfuiltear lena marú	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
0102.29.49	AGRI	----- Eile	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
		---- ina bhfuil meáchan is mó ná 300 kg				

Líne Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
		----- Bodóga (bó-ainmhithe baineanna nár rug lao go fóill)				
0102.29.51	AGRI	----- a bhfuiltear lena marú	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
0102.29.59	AGRI	----- Eile	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
		----- Ba				
0102.29.61	AGRI	----- a bhfuiltear lena marú	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
0102.29.69	AGRI	----- Eile	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
		----- Eile				
0102.29.91	AGRI	----- a bhfuiltear lena marú	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
0102.29.99	AGRI	----- Eile	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
		- Bubhaill				
0102.31.00	AGRI	-- Ainmhithe síolrúcháin folatochta	0		A	
		-- Eile				
0102.39.10	AGRI	--- Speicis chlóis	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	

Líne Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0102.39.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		- Eile				
0102.90.20	AGRI	-- Ainmhithe síolrúcháin foliáochta	0		A	
		-- Eile				
0102.90.91	AGRI	--- Speicis chlóis	10,2 + 93,1 EUR/100 kg		A	
0102.90.99	AGRI	--- Eile	0		A	
0103		Mucra beo				
0103.10.00	AGRI	- Ainmhithe síolrúcháin foliáochta	0		A	
		- Eile				
		-- ina bhfuil meáchan is lú ná 50 kg				
0103.91.10	AGRI	--- Speicis chlóis	41,2 EUR/100 kg		A	
0103.91.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		-- ina bhfuil meáchan 50 kg nó níos mó				

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
		--- Speicis chlóis				
0103.92.11	AGRI	---- Cránacha a rug banbh uair amháin ar a laghad, ina bhfuil méachan nach lú ná 160 kg	35,1 EUR/100 kg		A	
0103.92.19	AGRI	---- Eile	41,2 EUR/100 kg		A	
0103.92.90	AGRI	--- Eile	0		A	
0104		Caoirigh agus gabhair bheo				
0104.10		- Caoirigh				
0104.10.10	AGRI	-- Ainmhithe síolrúcháin foláochta	0		A	
		-- Eile				
0104.10.30	AGRI	--- Uain (suas le haon bhliain d'aois)	80,5 EUR/100 kg		A	
0104.10.80	AGRI	--- Eile	80,5 EUR/100 kg		A	
		- Gabhair				
0104.20.10	AGRI	-- Ainmhithe síolrúcháin foláochta	3,2		A	
0104.20.90	AGRI	-- Eile	80,5 EUR/100 kg		A	

Líne Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0105		Éanlaith chlóis bheo, is é sin éanlaith den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , lachain, géanna, turcaithe agus éanlaith ghuine				
		- ina bhfuil meáchan nach mó ná 185 g				
0105.11		-- Éanlaith den speiceas <i>Gallus domesticus</i>				
		--- Sicíní síolraíochta bainneanna agus sicíní iolrúcháin bainneanna				
0105.11.11	AGRI	---- Stoic bhreithe	52 EUR/1 000 p/st		A	
0105.11.19	AGRI	---- Eile	52 EUR/1 000 p/st		A	
		--- Eile				
0105.11.91	AGRI	---- Stoic bhreithe	52 EUR/1 000 p/st		A	
0105.11.99	AGRI	---- Eile	52 EUR/1 000 p/st		A	
0105.12.00	AGRI	-- Turcaithe	152 EUR/1 000 p/st		A	
0105.13.00	AGRI	-- Lachain	52 EUR/1 000 p/st		A	
0105.14.00	AGRI	-- Géanna	152 EUR/1 000 p/st		A	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0105.15.00	AGRI	-- Éanlaith ghuine - Eile	52 EUR/1 000 p/st		A	
0105.94.00	AGRI	-- Éanlaith den speiceas <i>Gallus domesticus</i> -- Eile	20,9 EUR/100 kg		A	
0105.99.10	AGRI	--- Lachain	32,3 EUR/100 kg		A	
0105.99.20	AGRI	--- Créanna	31,6 EUR/100 kg		A	
0105.99.30	AGRI	--- Turcaithe	23,8 EUR/100 kg		A	
0105.99.50	AGRI	--- Éanlaith ghuine	34,5 EUR/100 kg		A	
0106		Ainmhithe beo eile				
		- Mamaigh				
0106.11.00	AGRI	-- Priomhaigh	0		A	
0106.12.00	AGRI	-- Míolta móra, deilfeanna agus muca mara (mamaigh den ord <i>Cetacea</i>); ba mara agus duganganna (mamaigh den ord <i>Sirenia</i>); róna, mór-róna agus rosuaill (mamaigh den flo-ord <i>Pinnipedia</i>)	0		A	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0106.13.00	AGRI	-- Camaill agus <i>Camelidae</i> eile (<i>Camelidae</i>)	0		A	
		-- Coiníní agus giorriacha				
0106.14.10	AGRI	--- Coiníní tí	3,8		A	
0106.14.90	AGRI	--- Eile	0		A	
0106.19.00	AGRI	-- Eile	0		A	
0106.20.00	AGRI	- Reiptílí (lena n-áirítear nathracha agus turtair)	0		A	
		- Éin				
0106.31.00	AGRI	-- Éin chreiche	0		A	
0106.32.00	AGRI	-- Siotacafoirmí (lena n-áirítear pearóidí, pearaicítí, macánna agus cocatúnna)	0		A	
0106.33.00	AGRI	-- Ostraisí; éamúnna (<i>Dromaius novaehollandiae</i>)	0		A	
		-- Eile				
0106.39.10	AGRI	--- Colúir	6,4		A	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0106.39.80	AGRI	--- Eile	0		A	
		- Feithidí				
0106.41.00	AGRI	-- Beacha	0		A	
0106.49.00	AGRI	-- Eile	0		A	
0106.90.00	AGRI	- Eile	0		A	
02		CAIBIDIL 2 - FEOIL AGUS SCARTEACH FEOLA INITE				
0201		Feoil ó bhó-aimhithhe, í úr nó fuaraithe				
0201.10.00	AGRI	- Conblaigh agus cliatháin	12,8 + 176,8 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
		- Gearrthacha eile ar an gcnámh				
0201.20.20	AGRI	-- Ceathrúna 'cúitithe'	12,8 + 176,8 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0201.20.30	AGRI	-- Ceathrúna tosaigh deighilte nó neamhdheighilte	12,8 + 141,4 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0201.20.50	AGRI	-- Ceathrúna deiridh deighilte nó neamhdheighilte	12,8 + 212,2 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0201.20.90	AGRI	-- Eile	12,8 + 265,2 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0201.30.00	AGRI	- í gan chnámh	12,8 + 303,4 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0202		Feoil ó bhó-aimhithhe, í reoite				
0202.10.00	AGRI	- Conblaigh agus cliatháin	12,8 + 176,8 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
		- Gearrthacha eile ar an gcnámh				
0202.20.10	AGRI	-- Ceathrúna 'cúitithe'	12,8 + 176,8 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0202.20.30	AGRI	-- Ceathrúna tosaigh deighilte nó neamhdheighilte	12,8 + 141,4 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0202.20.50	AGRI	-- Ceathrúna deiridh deighilte nó neamhdheighilte	12,8 + 221,1 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0202.20.90	AGRI	-- Eile	12,8 + 265,3 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
		- í gan chnámh				
0202.30.10	AGRI	-- Ceathrúna tosaigh, iomlán nó gearrtha i gcúig phíos ar a mhéid, agus gach ceathrú mar bhloc amháin; ceathrúna 'cúitithe' in dhá bhloc, an cheathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, é iomlán nó gearrtha i gcúig phíos ar a mhéid, agus an cheathrú chúl, gan an luan bog a áireamh, in aon phíos amháin sa bhloc eile	12,8 + 221,1 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0202.30.50	AGRI	-- Gearrthacha crop, gearrthacha gualainne agus gearrthacha briscéid	12,8 + 221,1 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0202.30.90	AGRI	-- Eile	12,8 + 304,1 EUR/100 kg		TRQ-1 Mairteoil	
0203		Feoil ó mhuca, í úr, fuaraithe nó reoite				
		- iad úr nó fuaraithe				
		-- Conablaigh agus cliatháin				
0203.11.10	AGRI	--- Ó mhuca clóis	53,6 EUR/100 kg		A	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0203.11.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		-- Liamhása, guaillí agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh				
		--- Ó mhuca clóis				
0203.12.11	AGRI	---- Liamhása agus gearrthacha díobh	77,8 EUR/100 kg		A	
0203.12.19	AGRI	---- Guaillí agus gearrthacha díobh	60,1 EUR/100 kg		A	
0203.12.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		-- Eile				
		--- Ó mhuca clóis				
0203.19.11	AGRI	---- Leatha tosaigh agus gearrthacha díobh	60,1 EUR/100 kg		A	
0203.19.13	AGRI	---- Luain agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh	86,9 EUR/100 kg		A	
0203.19.15	AGRI	---- Boilg (stríocacha) agus gearrthacha díobh	46,7 EUR/100 kg		A	
		---- Eile				
0203.19.55	AGRI	----- í gan chnámh	86,9 EUR/100 kg		A	

Line Tharaipe (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0203.19.59	AGRI	----- Eile	86,9 EUR/100 kg		A	
0203.19.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		- í reoite				
		-- Conablaigh agus cliatháin				
0203.21.10	AGRI	--- Ó mhuca clóis	53,6 EUR/100 kg		A	
0203.21.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		-- Liamhása, guaillí agus gearrthacha díobh, ar an genámh				
		--- Ó mhuca clóis				
0203.22.11	AGRI	---- Liamhása agus gearrthacha díobh	77,8 EUR/100 kg		A	
0203.22.19	AGRI	---- Guaillí agus gearrthacha díobh	60,1 EUR/100 kg		A	
0203.22.90	AGRI	--- Eile	0		A	
		-- Eile				
		--- Ó mhuca clóis				
0203.29.11	AGRI	---- Leatha tosaigh agus gearrthacha díobh	60,1 EUR/100 kg		A	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0203.29.13	AGRI	---- Luain agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh	86,9 EUR/100 kg		A	
0203.29.15	AGRI	---- Boilg (stríocacha) agus gearrthacha díobh	46,7 EUR/100 kg		A	
		---- Eile				
0203.29.55	AGRI	----- í gan chnámh	86,9 EUR/100 kg		A	
0203.29.59	AGRI	----- Eile	86,9 EUR/100 kg		A	
0203.29.90	AGRI	--- Eile	0		A	
0204		Feoil ó chaoirigh nó ó ghabhair, í úr, fuaraithe nó reoite				
0204.10.00	AGRI	- Conblaigh agus cliatháin uain, iad úr nó fuaraithe	12,8 + 171,3 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
		- Feoil eile ó chaoirigh, í úr nó fuaraithe				

Line Tharairfe (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0204.21.00	AGRI	-- Conablaigh agus cliatháin	12,8 + 171,3 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
		-- Gearrthacha eile ar an genámh				
0204.22.10	AGRI	--- Ceathrúna tosaigh gearra	12,8 + 119,9 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.22.30	AGRI	--- Dromlaigh agus/nó scoth an mhuiníl	12,8 + 188,5 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.22.50	AGRI	--- Cosa	12,8 + 222,7 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0204.22.90	AGRI	--- Eile	12,8 + 222,7 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.23.00	AGRI	-- í gan chnámh	12,8 + 311,8 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.30.00	AGRI	- Conablaigh agus cliatháin uain, iad reoite	12,8 + 128,8 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
		- Feoil eile ó chaoirigh, í reoite				
0204.41.00	AGRI	-- Conablaigh agus cliatháin	12,8 + 128,8 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
		-- Gearrthacha eile ar an gcnámh				
0204.42.10	AGRI	--- Ceathrúna tosaigh gearra	12,8 + 90,2 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0204.42.30	AGRI	--- Dromlaigh agus/nó scoth an mhuinil	12,8 + 141,7 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
0204.42.50	AGRI	--- Cosa	12,8 + 167,5 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
0204.42.90	AGRI	--- Eile	12,8 + 167,5 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
		-- í gan chnámh				
0204.43.10	AGRI	--- ó uain	12,8 + 234,5 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
0204.43.90	AGRI	--- Eile	12,8 + 234,5 EUR/100 kg		TRQ-3 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í reoite	
		- Feoil ó ghabhair				

Line Tharaife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
		-- iad úr nó fuaraithe				
0204.50.11	AGRI	--- Conablaigh agus cliatháin	12,8 + 171,3 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.50.13	AGRI	--- Ceathrúna tosaigh gearra	12,8 + 119,9 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.50.15	AGRI	--- Dromlaigh agus/nó scoth an mhuiníl	12,8 + 188,5 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.50.19	AGRI	--- Cosa	12,8 + 222,7 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
		--- Eile				

Line Tharaiife (AC 2018)	Earnáil	Tuairisc	Bonnráta (Dleacht NBF an 1 Iúil 2018)	Fonótaí	Catagóir	Nótaí
0204.50.31	AGRI	---- Gearrthacha ar an gcnámh	12,8 + 222,7 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
0204.50.39	AGRI	---- Gearrthacha gan chnámh	12,8 + 311,8 EUR/100 kg		TRQ-2 Caoireoil agus Feoil Ghabhair í úr/fuaraithe	
		-- í reoite				
